

SEANCHAS AGUS OILEAMHAIN

OISÍN MHIC FHINN

---

Nioclás Máirtín Ó Briain

# SEANCHAS AGUS OILEAMBAIN OISÍN MBIC FHIRIN

LE

NIOCLÁS MÁIRTÍN Ó BRIAIN, B.A., M.PHIL.

TRÁCHTAS ATÁ Á CHUR FAOI BHRÁID

OLLSCOIL NA hÉIREANN

I gCOMHAIR NA CÉIME PH.D.

SCOIL NA GAEILGE

DÁMH NA NDÁN

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

STIÚRTHÓIR: AN TOLLAMH MÍCHEÁL MAC CRAITH  
FEIHLÍ: AN DR PÁDRAIG Ó HÉALAI

MEÁN FÓMHAIR, 2000

## CLÁR AN TRÁCHTAIS

TULPHICTIÚR .....	iii
RÉAMHRÁ.....	iv
BUÍOCHAS.....	vii
NODA .....	viii

### CUID I

CAIBIDIL 1: OISÍN SA TRADISIÚN LUATH .....	2
CAIBIDIL 2: GINEALACH OISÍN .....	18
CAIBIDIL 3: MÁTHAIR OISÍN .....	29
CAIBIDIL 4: COIMPEART OISÍN – FOINSÍ ÉIREANNACHA I .....	50
CAIBIDIL 5: COIMPEART OISÍN – FOINSÍ ÉIREANNACHA II .....	54
CAIBIDIL 6: COIMPEART OISÍN – FOINSÍ ÉIREANNACHA III .....	62
CAIBIDIL 7: FOINSÍ ALBANACHA .....	76
CAIBIDIL 8: CRUIMLINN NA gCRAOBH – FÓD A GHINE.....	92
CAIBIDIL 9: CÚRSAÍ SEILGE .....	101
CAIBIDIL 10: ÓIGE AGUS OILIÚINT OISÍN .....	112
CAIBIDIL 11: MARÚ BHRAIN .....	125
CAIBIDIL 12: CURAIDH AGUS EILITÍ .....	146
CAIBIDIL 13: CLAOCHLÓ AGUS COLLAÍOCHT .....	156
CAIBIDIL 14: SCÉAL SCANNALACH NA COIMPEARTHA .....	172
CAIBIDIL 15: AN FIA – <i>MÍR MHURADH</i> NA FÉINNE .....	185
CAIBIDIL 16: AN FIA – AINMNEACHA .....	193
CAIBIDIL 17: FEIDHM AN FHIA .....	202
CAIBIDIL 18: OISÍN NA LAOITHE .....	211
CAIBIDIL 19: OISÍN AGUS TÍR NA hÓIGE .....	218
CAIBIDIL 20: TÍR NA nÓG .....	231
CAIBIDIL 21: BÉALOIDEAS NA SEAN I .....	245
CAIBIDIL 22: BÉALOIDEAS NA SEAN II .....	252

### CUID II

CAIBIDIL 23: 'SEILG MHÓR BHOIRINN UÍ LOCHLAINN' .....	273
NÓTA EAGARTHÓIREACHTA .....	285
MÓRLEAGAN 1 .....	286

LEAGAN AONAIR .....	326
MÓRLEAGAN 2 .....	330
MÓRLEAGAN 3.....	343
NÓTAÍ AR NA hEAGRÁIN .....	376
LEAGANACHA BÉIL .....	399
FOINSÍ BÉIL A CEADAÍODH .....	419
LEABHAIR AGUS AILT A CEADAÍODH .....	443



TELEPHOS

['Mur gaugh lee gaure yule laght' — féach Caibidil 12]

## RÉAMBHRÁ

*Nuair caithtear cloch i n-uisge corruighthear an t-uisge. Tuiteann an chloch go dtí an tóin agus luidheann sí annsin, acht a bhfad tar éis a tuitime maireann gluasacht an uisge agus chidhtear ar a bhárr an tonn do thóg an chloch. Snámhann an tonn so amach ó'n gceartlár, mar fháinne mór, go dtagann sé go dtí an bruach. (Hyde 1903, 2)*

Sin mar a chuir Dubhghlas de hÍde tús le *Abhráin atá Leagtha ar an Reachtúire* sa bhliain 1903. Titeann an file, a deir sé, ó neamh sa saol, corruair, mar chloch in uisce. Maireann an ghluaiseacht a thóg sé i ndiaidh a bháis agus tógann a chuid dán tonn bheag shéimh shíochánta ar uisce an tsaoil. Tharla a leithéid don Chraoibhín Aoibhinn: 'buaileadh orm an tonn do thóg Antoine O Reachtúire ceithre fichid míle ó n-a áit féin agus níos mó ná dá fhichid bliadhan tar éis a chorp do bheith sínte in san tsean roilig i gCillínin.' (Hyde 1903, 2) Is iomaí cloch bhua a scaoil an Craoibhín féin uaidh i dtobar an léinn ar lean maidhmeanna móra iad, agus, ach an oiread lena liachtaí duine eile, theagmhaigh cuid acu dom.

Is féidir a rá gurb éard atá sa saothar taighde seo ar 'Seanchas agus Oileamhain Oisín mhic Fhinn' (SOO) iarracht a theacht ar gheiniseas 'Sgéalta ar Oisín' [Sl 1] a d'inis Séan Ó Díomusa do Dhubhghlas de hÍde i gceartlár na bliana 1901 i gCo. Shligigh. Seo é an cuntas béil is iomláine, ar feadh m'eolais, ar bheatha Oisín dár foilsíodh. Cuireadh an scéal in eagar in *Béaloideas* 2 (1929-30). Tá grianghraf bhreá san iris den Chraoibhín ina suí 'ar shean-chairt ag éisteacht leis an sgealtóir' atá ina shuí in aice leis agus é ag cur caoi ar chúrsaí Oisín (*An Craoibhín* 1929-39, 253). Theagmhaigh an tonn a bhain leis an scéal seo a chéadair dom nuair a bhí léacht phoiblí á réiteach agam ag tús na nOchtóidí ar bhéaloideas Shligigh. D'aimsíos Sl 1 agus bhaineas leas as sa léacht údán, agus ó thráth go chéile ina dhiaidh sin i mo chuid teagaisc. Ach ba é an leagan de 'Seanchas agus Oileamhain Oisín mhic Fhinn' a casadh dom in Egerton 161 [E] roinnt blianta ina dhiaidh sin le linn dom a bheith ag déanamh taighde in The British Library, London, a ghriog chun oibre mé, arae tá trácht sa laoi seo ar na cúrsaí céanna a bhfuil insint orthu i dtús Sl 1. Is é E a sholáthair teideal an tráchtais freisin.

Tá sé beagnach leathchhead bliain anois ó foilsíodh mórshaothar Ghearóid Uí Mhurchadha, *Duanaire Finn*, 3 ach ní móide go séanfadh duine ar bith de scolaíirí an lae inniu nach é seo sméar mhullaigh an léinn agus na tráchttaireachta ar na laoithe fiannaíochta agus ar an bhfiannaíocht fré chéile ó b'ann di ar dtús anuas go dtí traidisiún béil an 20ú haois. Phléigh Ó Murchadha fás agus forbairt na Fiannaíochta agus scag sé na laoithe agus a gcúlra go mion agus is minic mé ag dul i gcleithiúnas a éirime sa saothar taighde seo. Ach an oiread le go leor eile a phléigh leis an bhFiannaíocht, shíl sé uigí an traidisiúin bhéil agus uigí an traidisiúin liteartha a bhí in aimréidh ina chéile a scaradh sa réamhrá ionnúsach a chuir sé le *Duanaire Finn*, 3. Thrácht sé ar an ábhar atá idir eatarthu: *an intermediary class ... Fionn lore which exists primarily, it would seem, by oral tradition, but is to be found also in manuscript versions.* (Murphy 1953, xxi) Luaigh sé sampla den rud a bhí i gceist aige:

To this class the tradition that Oisín's mother was a deer probably belongs, for although the tradition is also to be found in manuscripts poems, those poems seem to be either too old or too rare to account for the tradition being known both to Irish and Scottish storytellers. (Murphy 1953, xxi)

Bhí mé ar aon mhéin leis i dtús báire, ach de réir mar a thiomsigh broibh théacsúla na leaganacha liteartha beart thuigeas nach earra gann amach agus amach a bhí in SOO agus go raibh traidisiún béil na hÉireann sa chás seo, mar atá in Sl 1, go mór i dtuilleamaí an déantúis liteartha a dtugtar 'Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn' nó 'Seanchas agus Oileamhain Oisín mhic Fhinn' air (féach Caibidilí 6 agus 22). Ní féidir a bheith chomh cinnte sin faoin ábhar Albanach faoi choimpeart Oisín, ach tá bonn réasúnta maith faoin mbarúil nach bhfuil sé spleách ar fad ar dhúshraith SOO (Caibidil 7).

Is iomaí toise le scéal Oisín mar a tharraing an Díomsach anuas chuig an gCraoibhín é in Sl 1 agus fáisceadh SOO féin as traidisiún bisiúil a shín siar chomh fada agus atá siar ann. Is iomaí cor a chuir Oisín de sa traidisiún sin agus chlaochlaigh a ról faoi mar a chlaochlaigh a riocht. Is óglach dúshlánach é sa chuid is sine den traidisiún liteartha, ach is seanscamaire liath (Sl 1) é sa traidisiún béil, cé nár loic a chrógacht riamh air. Leantar scéal a bheatha sa saothar seo, ó choimpeart go bás, ón bhfianaise is sine faoi (Caibidilí 1, 2, 3, 4) go dtí fianaise na laoithe (Caibidilí 18, 19, 20) agus an traidisiúin bhéil (Caibidilí 21, 22). Luaitear trí

sheilg sna leaganacha is iomláine de SOO agus scrúdaítear cúlra agus eagar na seilgí seo (Caibidilí 8 agus 9). Bhí toradh suntasach ar gach aon cheann de na seilgí seo. Bhain giniúint agus breith Oisín leis an gcéad cheann acu. Aimsíodh ina ógánach fiáin san fhásach é mar thoradh ar an dara seilg (Caibidil 10) agus ba é an trífú ceann acu ba chionsiocair le marú Bhraín (Caibidil 11). Is é 'scéal scannalach' Fhinn agus na heilite a spreag údar SOO chun pinn agus scrúdaítear a bhfuil sna foinsí Éireannacha agus Albanacha faoin ábhar aduain seo (Caibidilí 4, 5, 6). Féachtar le meabhair éigin a bhaint, más féidir, as na cúrsaí seo i gcroílár an tsaothair seo (Caibidilí 12, 13, 14). Caithfear an tábhacht as cuimse a bhain leis an bhfia i saol na Féinne a chur san áireamh chuige sin (Caibidilí 15, 16, 17).

Tá fianaise théacsúil SOO in eagar i gCuid II den tráchtas. D'éirigh liom deich gcóip den déantús a aimsiú i lámhscríbhinní, móide leagan béil den laoi, a bhfuil cur síos agus rangú orthu i gCaibidil 23. Tá naoi gcinn de na téacsanna seo in eagar sa saothar seo. Tá roinnt leaganacha béil a bhfuil tionchar na laoi orthu curtha in eagar agam freisin.

Más é E a spreag chun tabhairt faoin taighde seo a chéadair mé, is é S a chuir ceann de na coir is cinniúnaí i mo chuid oibre. Nocht mé tuairim i bpromhadh pinn dem chuid faoi SOO roinnt blianta ó shin go raibh E agus dhá leagan eile den laoi a bhí ar eolas an tráth sin agam (H agus G 10), bearnach i gcomórtas le Sl 1. Níl in H agus G 10 ach cuntas ar dhá sheilg — seilg amháin atá in E — ach luaitear an trífú seilg in Sl 1 agus i leaganacha eile béil. Bhí barúil agam go bhféadfadh a léithéid de sheilg a bheith i leagan éigin den laoi nach raibh aimsithe go nuige sin agam (Ó Briain 1994, 479). D'éirigh liom é sin a chruthú nuair a casadh S dom i gCartlann Bhéaloideas Éireann, Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, arae tá cur síos ar an trífú seilg ann. Chuir an torchaire sin dlús faoin taighde agus spionnadh san obair. Is iomaí cor i gcúrsaí taighde agus murach gur gheall mé do sheanfhear laethúil as an Spidéal a casadh dom deich mbliana fichead ó shin in Chicago go gcaithfinn súil ar pháipéir a uncail ní móide go n-aimseoinn S go deo. Chuimhníos an an ngealltanas a thug mé d'Eoghan Aindriú nuair a chonaic mé comhad mór stáin i gCartlann Bhéaloideas Éireann a raibh a páipéir a uncail, Eoghan Ó Neachtain, i dtaisce ann roinnt blianta ó shin. Bhreathnaíof sa chomhad agus bhí a chonách sin orm.

Meán Fómhair, 2000.



## BUÍOCHAS

Táim faoi chomaoín ag an Ollamh Breandán Ó Madagáin as an ábhar taighde seo a cheadú an chéad lá riamh agus as an spreagadh mór a thug sé dom é a chur i gcrích. Táim faoi chomaoín ag a chomharba, an tOllamh Mícheál Mac Craith, as an obair a stiúradh go ceann cúrsa agus as an gcomhairle fhial a chur sé orm ó chuaigh sé i mbun Ollúnacht na Gaeilge agus roimhe. Táim an-bhuíoch d'fheighlí an tráchtais, an Dr Pádaig Ó Héalaí, as an gcúnamh ar fad a thug sé dom. Is iomaí duine eile a rinne soilíos dom agus an taighde seo ar bun agam agus táim thar a bheith buíoch mo chomhleacaithe i Scoil na Gaeilge. Roinn daoine eile a gcuid eolais go fial orm agus táim go mór faoi chomaoín go háirithe ag na scoláirí seo a leanas: an Ollamh Tomás Ó Concheanainn; an tOllamh Hildergard L. C. Tristram; an Dr Nollaig Ó Muirthile; an Dr John Shaw; an Dr Linda Gowans; an Dr Seán Ó Súilleabháin. Táim an-bhuíoch don Dr Micheál Óg Ó Briain a threoraigh i dtreo roinnt foinsí míoleolaíochta mé. Táim faoi chomaoín mhór ag foirne na n-institiúidí seo a leanas a bhfuil ábhar atá i dtaisce iontu in eagar sa tráchas seo as a gcúnamh dom: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath; Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath; An Leabharlann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; An Leabharlann, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad; An Leabharlann, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath; The British Library, London. Is é Roinn Bhéaloideas Éireann *Topur Segsa* an tsaothair seo agus táim faoi chomaoín mhór ag foireann oibleagáideach na roinne sin. Thug iarcheann roinne na roinne, an tOllamh Bo Almqvist, cead dom leas a bhaint as an ábhar atá i dtaisce ann ach ar thosaigh mé ar an taighde seo. Bhí cartlannaí Chartlann Bhéaloideas Éireann, an tOllamh Séamas Ó Catháin, i gcónaí thar a bheith gnaíuil liom lena chuid ama agus lena chuid eolais. D'aimsigh an Dr Bairbre Ní Fhloinn agus An Dr Ríonach Uí Ógáin ábhar sa chartlann dom agus chuidíodar liom i mbealaí go leor eile. Chuidigh an tOllamh Dáithí Ó hÓgáin agus an Dr Patricia Lysaght liom go mór freisin. D'oscail bailitheoirí Choimisiún Bhéaloideas Éireann doirse na cuimhne agus tá an fómhar le baint againn.

Táim faoi chomaoín mhór ag Séamas Ó Concheanainn as na pictiúir de Telephos a aistiú go ríomhaire dom.

'Is dual deireadh don díoghrais.' Murach a fhoighdí agus a bhí Máirín, Dónall agus Éinne liom, agus an obair seo ar bun agam, ní móide go dtiocfainn go ceann cúrsa. Tiomnaím dóibh é. Ba mhaith liom freisin é a bheith ina chloch i leacht Mhaidhcín an Bhrianaigh.

## NOTA SINEARÁLTA

AB	<i>Agallamh Beag</i>
ARÉ	<i>Annála Ríoghachta Éireann</i>
AS	<i>Acallamh na Senórach</i>
CBÉ	Cartlann Bhéaloideas Éireann, Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
CO	<i>Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge. An Caighdeán Oifigiúil.</i> Baile Átha Cliath 1958
CSG	Cumann na Scríbhneann Gaedhilge
DF	Duanaire Finn
DIL	<i>Dictionary of the Irish Language</i> (Royal Irish Academy Dublin, 1913-76)
FFÉ	<i>Foras Feasa ar Éirinn</i>
FGB	<i>Foclóir Gaeilge -Béarla.</i> Ó Dónaill 1977
LCC	'Laoi Cholainn gan Cheann'
LDLM	Leabhar Dhéin an Leasa Mhóir
LL	An Leabhar Laighneach nó Lebar na Nuachongbála, féach Best, Bergin agus O'Brien 1954
LMCR	Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh (Book of Lismore)
LNÉ	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
LO	'Laoidh Oisín ar Thír na nÓg'
MG	Meán-Ghaeilge
NG	Nua-Ghaeilge
r.	rann
SG	Sean-Ghaeilge
SOO	'Seanchas agus Oileamhain Oisín mhic Fhinn' agus 'Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn'

## LÁMHSCRÍBHINNÍ

(Tá sonraí faoi na foinsí seo thíos i gCaibidil 23.)

A6	Add 6
A8	Add 8
B	LNÉ G 723
C	C 16
D	CBÉ 196
E	Eg 161
F	23 O 79
H	Eg 117
M	CBÉ 192
S	Lámhscríbhinn neamhchláraithe in CBÉ

## FOINSÍ BÉIL

Tá eochair na nod in Foinsí Béil, Cuid II

CUID I

BEATHA OISÍN

## CAIBIDIL 1: OISÍN SA TRADISIÚN LUATH

*Is gur me oisin beg mhac fionn  
do hoilleamh accruibhlain  
do beirreadh is ní le luathis  
ar in eilit air leath chluas. [E 17]*

'Is gur mé Oisín beag mac Finn  
do hoileadh i gCruimlinn,  
do beireadh, is ní le luas,  
ar an eilit ar leathchluas.'

*Is mea anish Oshien dea mhachc Finn en liochh do hellú a Grimlinn  
nish ó thamh im go faunn credim á ndia Alaginn [H 73]*

'Is mé anois Oisín, dea-mhac Finn,  
an laoch do hoileadh i gCruimlinn,  
anois ó táim go fann,  
creidim i nDia, a Tháilginn.'

### OISÍN

Tugtar léargas dúinn sa dá rann thuasluaite a chuirtear i mbéal Oisín in 'Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn' (SOO) ar shaibhreas agus ar fhairsinge an ábhair faoin laoch a bhfuil gnéithe dá shaol faoi chaibidil sa saothar taighde seo. Ach an oiread le roinnt mhaith eile dá bhfuil againn faoi, seachadadh an déantús as ar baineadh ann dá rann thuasluaite chugainn sa dá mheán, meán an fhocail scríofa agus meán an fhocail bhéil. Is as lámhscríbhinn a scríobhadh áit éigin i gCúige Uladh roimh dheireadh an 18ú haois an chéad cheann acu thuas agus bailíodh an dara rann in áit éigin i gCúige Chonnacht thart ar an gcéad cheathrú den 19ú haois. Má tá lorg an traidisiúin bhéil le sonrú go soiléir ar an urlabhra sa dara rann, sceitheann friotal na laoi fré chéile gur déantús liteartha ó thús an chuid is mó di. Is toradh é SOO — agus laoithe eile nach é, ar ndóigh — ar an diansaotrú a rinneadh ar an bhFiannaíocht ag leibhéil éagsúla léinn in imeacht na gcianta, arae ní hionann aois ná bunús don ábhar uilig ann. Munarb ionann agus Fionn a bhfuil saintréithe dílse inaitheanta dá chuid greanta cheana féin ar an gcuid is sine den Fhiannaíocht, is léir gur fhás agus gur athraigh an t-ábhar faoi Oisín agus gur chlaochlaigh a ról dá réir. Seanscramaire dall liath atá in Oisín na laoithe agus an traidisiúin bhéil, ach laoch óg agus rífhéinní a bhí ann sula ndearnadh tráchttaire cianaosta

ar chúrsaí an tseanreachta de, uair éigin, is cosúil, i rith thréimhse na Meán-Ghaeilge. Is cuid de théis an tsaothair seo gur eithne bhunaidh i scéal Oisín in SOO agus i roinnt foinsí eile gur chin sé ó fhia, agus gur fás tánaistech, más dlúthchuid féin le fada an lá é, dá scéal in SOO an bhaint a bhí aige leis an Táilgeann, le Pádraig.

Is follas go raibh ról lárnach cheana féin ag Oisín san Fhiannaíocht faoin tráth ar cumadh cearn de na déantúis is sine dá bhfuil againn i Sraith na Féinne —dán faoi bhriatharchath idir é féin agus a athair (féach thíos) — agus tá a ainm fós beo ar bhéala a maireann de scéaltóirí i nGaeltachtaí na hÉireann agus na hAlban ar na saolta deireanacha seo. Ní haon áibhéil a mhaíomh, i bhfianaise na bhfoinsí béil a cheadaítear sa tráchtas seo, nach raibh cearn ar bith den tír seo san aois seo caite a raibh dé ar bith fós den Ghaeilge ann gan seanchas nó scéalta faoi Oisín. Bhí an-eolas ar Oisín sa traidisiún béil thall i nGaeltacht na hAlban freisin. Caithfear a admháil, áfach, nach bhfuil sa chiste Fiannaíochta seo uilig, dá shaibhre ilghnéithí é, ach 'cuid Pháidín den mheacan, an driobaillín caol'. De réir mar a leáigh an Ghaeilge de dhruim na hÉireann agus na hAlban, nach mór, san 19ú haois, d'imigh scoth na Fiannaíochta agus na traidisiúin eile uilig a caomhnaíodh sa teanga le fuacht agus le fán an tsaoil. Níor tháinig an oiread sin scéalta faoi Oisín anuas chugainn slán sa traidisiún béil sa Ghalltacht in Éirinn, agus tá lorg scéalta a foilsíodh san 19ú haois faoi na Fianna le brath go mór ar roinnt mhaith den bheagán dár bailíodh faoi i mBéarla san aois seo.

Is díol suntais go bhfuil i bhfad níos mó ábhair faoi bheatha Fhinn i dtraidisiún liteartha na luathré, más gann féin é roimh an 12ú haois, ná mar atá ann faoi Oisín. Mar is eol go maith, níor tháinig borradh mór faoi shaothrú na Fiannaíochta sa traidisiún scríofa go dtí go raibh ré na Meán-Ghaeilge i ndáil le bheith caite. Ní chiallaíonn sin nach raibh an Fhiannaíocht á cothú le fada roimhe sin. An té a bhainfeadh earraíocht as fianaise 'De nemthigud filed i scelaib 7 i comgrúmaib', díolaim de theidil scéalta a cuireadh le chéile ar dtús sa 10ú haois, shílfeadh sé nach raibh faoi mheas an tráth sin ach cúig scéal Fiannaíochta (Murphy 1971, 11-2), ach bréagnaíonn an fhianaise a chuir Kuno Meyer i dtoll a chéile sa réamhrá le *Fianaigeacht* (1910, xvi-xxxi), agus leasaithe Gerard Murphy ar an saothar ceannródaíochta seo (1953, lv-lxi, 441), an tuairim seo. Is léir go raibh lear mór ábhair ann faoi na Fianna ach nár chás le lucht scríofa an léinn é a bhreacadh ach go hannamh ar phár (Mac Cana 1987, 82).

Bhain an Fhiannaíocht ariamh le haicmí éagsúla sóisialta agus léinn. Tagraítear, mar shampla, don 'daescar-sluag' agus dá dtuiscint ar Fhianna Fhinn in *Fiannshruth*, téacs a cuireadh le chéile sa 11ú haois, (Stern 1897, 472; Murphy 1953, xli). Cé gur thagair Gilla in Choimded sa 12ú haois sa dán fada dar tús *A Rí Ríchid réidig dam* do 'se fichit findscél na Fiann / foclas cech fili firíal' (LL, ll. 18161-2) agus go maítear thart ar an am céanna faoi Fhionn in *Bórama Laigen* gur 'ilerda a scéla' (LL, ll. 37862), ní móide, fiú nuair a bhí borradh ag teacht faoi shaothrú na Fiannaíochta sa traidisiún scríofa, gur scríobhadh síos ach roinnt dá raibh ar eolas faoi na Fianna (Mac Cana 1980, 106).

#### MÚNLAÍ BEATHAISNÉISE

Ar chuid den ábhar Fiannaíochta a scríobhadh i ré na Meán-Ghaeilge tá cuntais thábhachtacha ar bhreith agus ar óige Fhinn. Tá suntas tugtha ag scoláirí don leanúnachas téamatúil atá le brath ag *Macgnimmartha Finn* (Meyer 1882; aistrithe go Béarla ag Nagy 1985, 209-18) agus ag *Fotha Catha Cnucha* (LU, ll. 3135-219; aistrithe go Béarla ag Nagy 1985, 218-21), le scéalta béil a bhí á n-insint faoi Fhionn in Éirinn agus in Albain le cúpla céad bliain anuas (Bruford 129, 132-3; Nagy 1985, 229-30). Munarb ionann agus a athair, is ar éigean a seachadadh aon déantús fileata nó próis anuas chugainn ón luathré faoi mhacghníomhartha Oisín. Ach an oiread le roinnt de bheathaí na naomh Éireannach a scríobhadh mar *accounts of significant events through which the special nature of the saint was revealed and not as a chronological story of his or her life* (Picard 1985, 79), ní gá go raibh tuairisc chróineolaíoch ar shaol Oisín óna choimpeart go dtína bhás ann sa traidisiún scríofa nó béil ariamh sa seanreacht. Tá sé ag luí le réasún, mar sin féin, go raibh cuntais áirithe ann faoi ghnéithe dá bheatha i dtréimhsí na Sean- agus na Meán-Ghaeilge ar fianaise ar chuid acu roinnt de na míreanna fánacha beathaisnéise faoi a tháinig anuas chugainn scaipthe thall is abhus i bhfoinsí liteartha na dtréimhsí sin. Murach ceann de na blúirí fánacha sin — dhá rann faoi mháthair Oisín a scríobhadh ar cholbha leathanaigh i Leabhar na Nuachongbhála (LL, ll. 21821-8) — ní móide go samhlófaí le mórán duine ar bith go bhféadfaí eithne scéal a choimpeartha mar atá sé in SOO a rianú siar chomh fada le ré na Meán-Ghaeilge, agus thairis sin. Pléitear na rainn seo agus a gcúlra i gCaibidil 4.

Meastar go ndeachaigh múnla na beathaisnéise laochta idirnáisiúnta i bhfeidhm ar an ábhar faoi Fhionn sa luathré agus is dóigh gur chuidigh an glacadh a bhí leis an múnla seo le buaná an ábhair

bheathaisnéise faoi sa traidisiún béil. Tá saothrú ar fónamh déanta ag roinnt scoláirí ar an mbeathaisnéis laochta idirnáisiúnta seo ón uair a chuir Alfred Nutt tús, breis agus céad bliain ó shin, le scagadh eolaíoch a dhéanamh ar na traidisiúin faoi bheatha Fhinn (1881, 12-21, agus tábla idir 42-3). Bhain Nutt gaisneas as foirmle a cheap J. G. von Hahn thart ar an mbliain 1875 le hiniúchadh a dhéanamh ar an múnla beathaisnéise laochta. Cruthaíonn taighde Nutt agus saothar Thomáis Uí Chathasaigh ar Chormac mac Airt (1977, 1-106) agus plé Kim McCone ar an mbeathaisnéis laochta idirnáisiúnta (McCone 1990, 181-5; McCone agus Ó Fiannachta 1992, 41-3) go raibh sí bisiúil go maith in Éirinn sa seanreacht. Go deimhin féin, maíonn McCone go dtéann bunchreatlach na beathaisnéise seo 'chomh fada siar leis na hInd-Eorpaigh féin thart ar thrí mhíle bliain roimh Chríost.' (McCone agus Ó Fiannachta 1992, 43; féach, áfach, breithiúnas géarchúiseach P. Sims-Williams 1996, 186 ar a leithéid chéanna de mhaíomh in McCone 1990, 218.) Admhaíonn an Cathasach agus McCone go bhfuil fadhbanna móra modheolaíochta ag baint le creatlaigh infheidhme uileghabhálacha a mholadh a fhreagrós do gach uile eiseamláir, ach roghnaigh Ó Cathasaigh an ceann a dheilbhígh Jan de Vries ina shaothar mór an litríocht an laochais (1963, 281-301) de bhrí gur facthas dó gurb é *the soundest framework for further investigation* (1977, 6).

Má fhreagraíonn taifeach seo de Vries do shaol léithéidí Chormac mhic Airt, chítear dom nach bhfuil mórán cosúlachta ag an mbeagán atá againn faoi Oisín sa seantraidisiún liteartha leis an gcreatlach a shamhlaítear leis an mbeathaisnéis laochta idirnáisiúnta ina iomláine. Níl cosúlacht ach ag roinnt bheag dá shonraí beathaisnéise le míreanna sa bheathaisnéis laochta idirnáisiúnta mar atá sé leagtha amach ag de Vries. Féach, mar shampla, míreanna IIIb 'Cothaíonn ainmhithe an páiste tréigthe' agus VIII 'Eachtra an laoch go dtí an t-alltar' (de Vries 1963, 285-288-9 faoi seach). Ach ní mar a chéile ó taobh aoise de na míreanna éagsúla seo i mbeathaisnéis Oisín. Is cuid bhunaidh de scéal Oisín go shaolaigh agus gur thóg eilit é agus cé nach bhfreagraíonn an mhír seo go baileach do mhír IIIb de Vries — ní ainmhí í máthair an laoch ag de Vries — tá cosúlacht éigin aici léi. Is féidir a áiteamh gur fás tánaisteach san Fhiannaíocht é turas nó eachtra Oisín go Tír na hÓige/Tír na nÓg, an scéal is mó a bhfuil eolas anois air faoi ach nach bhfuil aon fhianaise chinnte scríofa air roimh an 19ú haois. Baineann an scéal faoi Oisín i dTír na hÓige ó thús, is cosúil, leis an traidisiún béil agus cé go bhfuil patrún soiléir inaitheanta beathaisnéise le sonrú ar an gcuid sin de scéal Oisín a bhaineas

lena shaol tar éis dó filleadh ar Éirinn mar a nochtar sa traidisiún béil é (Caibidil 21), ní chuimsíonn creatlach de Vries an réimse seo go sásúil.

Is laoch óg gaisciúil é Oisín sa chuid is sine den Fhiannaíocht ach uair éigin i dtréimhse na Mean-Ghaeilge, is cosúil, chlaochlaigh an ról a bhí aige faoi mar a chlaochaigh a chuma agus a dhreach nuair a hiontaíodh ina idirghabhálaí aosta idir dhá ré é. Is éard atá fúm a dhéanamh sa chuid eile den chaibidil seo tátal a bhaint as an mbeagán atá ann faoi Oisín sna foinsí Fiannaíochta is sine dá bhfuil ann le féachaint cén chaoi ar fhorbair agus ar chlaochlaigh a ról.

#### NA FIR LÉITHE: FIONN AGUS OISÍN

*Do bádussa úair  
fa' folt buide chas,  
is nách fuil trem chenn  
acht finnfad gerr glas.*

(c. 1200; Murphy 1956, 168)

Is mar chéile comhraic i mbriatharchathanna le Pádraig a chuirtear Oisín i láthair go minic sna laoithe agus sna scéalta béil Fiannaíochta (féach Caibidil 18). Argóinteacht nó caismirt eatarthu atá i roinnt mhaith de SOO, ach an oiread le laoithe eile. Is cuid bhuan de thraidisiún na laoithe deireanacha agus den traidisiún béil an tsáraíocht idir an naomh agus an seanóir críon liath. Tá ginealas fada ag an iomarbhá mar *genre* san Fhiannaíocht mar is éard atá sa déantús fileata is sine dá bhfuil againn sa tsraith seo iomarbhá shuntasach idir dhá laoch. Mheas Meyer gur cumadh an dán ar thug sé 'The quarrel between Finn and Oisín' air san 8ú haois (1910, xviii dátaíocht, téacs agus aistriúchán 22-7; 9ú haois luaite aige leis, áfach, ar lch 23). Ghlac Murphy (1953, lv) agus Vernam Hull (1942, 434) leis gur cumadh san an 8ú haois é.<sup>1</sup> Tugtar 'fer líath' ar Fhind úa Baíscne sa réamhrá próis atá leis an dán agus sa dán féin, an trácht is sine ar léithe Fhinn — ceann dá thréithe bunaidh. Oiséne atá ar a mhac anseo, an fhoirm is sine dá ainm.<sup>2</sup> Tuairiscítear sa réamhrá seo go raibh Oiséne ar iarraidh

---

1 Cé go bhfuil tagairtí d'Fhionn i mblúirí filíochta de chuid an 6ú nó an 7ú haois sna ginealaigh (Meyer 1910, xvi-xviii; Murphy 1953, lv; O'Brien 1962, 23, 99; Corthals 1990, 121), is é an dán seo an dán Fiannaíochta *per se* is sine dá bhfuil ann.

2 D'fhéadfadh sé gurb é an tagairt ag Adomnán in *Vita Columbae* do *Oisseneo nomine Ernani filio* [Oiséne mac Ernán] an sampla is luaithe den ainm Oiséne/Oisín i scríbhinn (Stokes agus Strachan 1903, 273, ll. 5-6; féach freisin Anderson agus Anderson 1961, 212).



ar feadh bliana agus go raibh Find á thóraíocht. Bhí olc ar Oiséne lena athair. Ní raibh a fhios ag duine ar bith cá raibh sé. Casadh an t-athair agus an mac ar a chéile i ndíthreabh mhór, áit a raibh Oiséne ag fuineadh muice. Bhuail Find buille air agus rug Oiséne greim ar a chuid arm. Níor aithníodar a chéile. Dúirt Find nach raibh ciall ar bith ag an laoch óg comhrac leis an bhfear liath. Chuadar i muinín na filíochta ansin agus chanadar 'oblirach', téarma teicniúil a d'aistigh Meyer mar *lampoon*. Deir Find an méid seo a leanas lena mhac sa cheathrú rann ann:

Nícon messé a[s] samail frisin ngamain ong,  
fer líath ro goin rogonar, rodaim dobath co mbí toll.  
(Meyer 1910, 24)

Seo mar a d'aistrigh Meyer an rann:

I am not like the . . . stirk; the grey-head knows how to deal  
wounds and receive them . . . so that he is riddled. (25)

Níor scríobhadh aon cheann de na lámhscríbhinní a bhfuil an dán iontu roimh an 16ú haois agus is doiligh abhras a bhaint as an bhfríotal ann ina iomláine inniu.<sup>3</sup> Chinn ar Meyer an focal *ong* sa rann thuas a aistriú agus ní thugtar aon mhíniú air ach an oiread in *DIL*. Ní móide go raibh a leithéid d'fhocal ann riamh. B'fhéidir gur roghnaigh Meyer *ong* i ngeall ar an gcomhardadh a bheadh aige le *toll* sa cheathrú líne. Ach de bhrí nach bhfuil aon rialtacht i meadaracht an dáin ní hionmholta dul i

---

Bhí Adomnán i mbun oibre ar an saothar naomhseanchais seo thart ar dheireadh an 7ú haois, tuairim is céad bliain i ndiaidh bhás Cholm Cille (+597), agus d'airigh sé cuid den seanchas faoin naomh ó Oisséne mac Ernán a chuala *ab ore sancti Finteni, filii Tailchani* é. Nach díol suntais é gurb í an fheidhm chéanna a bhí ag Oiséne mac Ernán agus atá ag Oisín mac Finn? Is finnétithe iad araon ar ré atá caite. Is fianaise thábhachtach í tagairt Adomnán go raibh an t-ainm Oisséne in úsáid mar ainm baiste i measc Críostaithe sa 7ú haois.

Luaitear manach eile a raibh an t-ainm Oisín air i mbeatha Mhéan-Ghaeilge Cholm Cille, Ossíne mac Cellaig, a raibh baint aige le Cluain Mór i gCo. Lú (Herbert 1996, §41). Tagraítear don áit seo i gCaibidil 8. Bhí an t-ainm baiste Oisín ar roinnt cléireach a raibh baint acu le Ceanannas sa 11ú agus sa 12ú haois (Herbert 1996, 99).

Maidir leis an bhforás *Oiséne / Oisíne > Oisín*, féach Thurneysen 1946, §§272, 274; féach freisin Meyer 1910, xviii, n. 3.

<sup>3</sup> Is éard a dúirt Vernam Hull faoi: ... *the verses are badly transmitted and contain many corruptions*. (1942, 434) Deir sé gur mhol Thurneysen an giota doiléir 'rodaim dobath' i líne dheiridh an rainn thuas a leasú mar seo a leanas: 'ro-daim do bath' *he [Finn] can endure to death*.

muinín rialacha meadarachta amháin leis an téacs a leasú. Chítear dom gur eascair *ong* as míthuiscint faoi fhoirm uraithe na haidiachta déshiollaí *óac* 'óg' sa tuiseal cuspóireach. Is furasta a thuiscint cén chaoi a n-athródh litriú *n-óac* go *n-óg* agus má scríobhadh *n* an uraithe mar nod os cionn an ghuta *o* [  $\overline{O}S$  ] b'fhurasta *ong* a léamh in ionad *n-óg*. Tá *ógg* i gceann de na lámhscríbhinní. Molaim glacadh leis an léamh 'frisín ngamain *n-óac*'. Maidir leis an ainmfhocal *gamain*, is léir ón gcaoi ar aistrigh sé é gur ghlac Meyer leis gur chiallaigh sé 'lao bliana' sa dán seo. Ach ní móide gur chiallaigh, mar chítear dom gur imeartas cliste focal atá sa tagairt seo d'Oisín. Bhaintí úsáid sa tSean-Ghaeilge as téarmaíocht ar eallach — *ag* 'agh/bó', *dam* 'damh', *oss* 'os', *loeg* 'lao agus iad cáilithe scaití ag an aidiacht *allaid* 'allta' — le tagairt a dhéanamh freisin don fhia, idir fhireann agus bhaineann agus óg. D'fhéadfaí an focal *gamhain* a úsáid sa chaoi chéanna agus ciallaíonn *gamuin allaid* 'fia óg' (*DIL*, s.v. *gamuin*). Is ionann, mar sin, *gamhain* óg agus os óg, agus ba é a thuiscint ar shanasaíocht ainm Oisín a spreag údar an dáin is sine a bhfuil tagairt ann d'Oisín leis an tsamhail bheacht seo a chur i mbéal Fhinn. Má bhí a leithéid de shanasaíocht ar eolas aige ní móide go raibh sé dall ar an gcúlra a bhain le coimpeart Oisín.

Bhraith Meyer gur múnlaíodh an choimhlint mhaol sa dán seo ar an scéal cáiliúil Rúraíochta *Aided Oenfir Aífe/Oideadh Chonlaoich* a bhfuil cuntas ann ar an gcaoi ar mharaigh Cú Chulainn a mhac Conle/Conlaoch (1910, 22-3). Bhí Rudolf Thurneysen ar aon intinn leis faoin ngaol a shamhlaigh sé a bheith idir an dá scéal (1921, 403). D'áitigh Meyer freisin gur leagan Éireannach é *Aided Oenfir Aífe* den scéal faoi gcoimhlint mharfach idir athair agus mac atá sa *Hildebrandslied*, laoi bhearnach Ghearmánach faoin gcaoi ar mharaigh Hildebrand a mhac Hadubrand (ach go bhfuil an cuntas ar an marú ar iarraidh sa chóip aonraic den dán). Ba é a bharúil gur shroich cnámha an scéil sin an tír seo uair éigin sa 7ú nó san 8ú haois i ngeall ar chaidreamh leis na Sacsanaigh. Dhiúltaigh T. F. O'Rahilly glan do theoiric na hiasachta ó fhoinse Ghearmánach (1946, 62), diúltú a tharraing tine James Carney air ina dhiaidh sin tharla gur ghlac Carney go fonmhar leis an scéal seo mar shampla den *external element in Irish tradition* (1955, 279). Ba é an port céanna, geall leis, a bhí ag Carney agus a bhí ag Meyer beagnach leathchéad bliain roimhe faoi gcaoi a raibh an Fhiannaíocht i dtuilleamaí na Rúraíochta. Cuirtear Meyer ... *this latter cycle modelled many of its stories upon those of the older heroic cycle* (1910, 22) i gcomparáid le ráiteas Carney: *There is a tendency for the Fenian Cycle and the*

*Ulster Cycle to use the same dramatic material — hence, there is a large measure of correspondence between the heroes.* (1955, 279)

Chítear domsa, áfach, gur lag an chosúlacht atá ag an gcoimhlint gan dochar idir Fionn agus Oisín leis an gceann tragóideach sa Rúraíocht.<sup>4</sup> Is féidir a rá, áfach, gur fhág téama seo lorg ar an bhFiannaíocht mar go bhfuil cosúlacht ag 'Laoi Oloráin mhic Fhinn' le *Oideadh Chonlaoich*. Tá cóip den laoi seo in LN.G 436 ( Ní Shéaghdha 1987, 9). Níor cuireadh, ar feadh m'eolais, an téacs seo in eagar fós, ach chuir John Hawkins Simpson 'Death of Erraran son of Fionn', leagan próis de a bailíodh dó i gCo Mhaigh Eó i lár an 19ú haois i gcló agus luaigh sé an chosúlacht atá aige le *Oideadh Chonlaoich* (1857, 225-6). Ba í iníon Rí Gréag máthair Oloráin. Saolaíodh é i ndiaidh dá athair Fionn filleadh ar Éirinn. Sheol a mháthair chun troda leis na Fianna é agus parúl curtha aici air (de réir an scéil bhéil) gan a ainm a nochtadh dóibh. Rinne sé sléacht orthu ach fuair siad an ceann ab fhearr air faoi dheireadh. D'inis sé dá athair Fionn cérbh é féin agus dúirt leis go maródh sé iad uilig murach Oscar. D'éirigh Oscar a bhí sínte ar an talamh dá uillinn chlí ansin agus chaith sleá trí cliabh Oloráin agus mharaigh sé é. Ní aithris lom ar an scéal Rúraíochta atá anseo, ach an t-athmhúnlú is dual do thraidisiún bisiúil ionnúsach na Fiannaíochta.

Laoch dalba dána atá in Oisín óg de réir na hiomarbhá fileata idir é féin agus a athair a bhfuil tréithe suntasacha Fiannaíochta cheana féin ina n-orlaí tríd. Is óglach agus fiagaí é de réir fhianaise an dáin agus níor chaill sé a dhúil riamh sa tseilg, arae fiú agus é ina sheanóir dall chuaigh sé ag fiach ar an Lon Dubh, eachtra a mbeidh trácht air i gCaibidil 21. Is sainsuíomh Fiannaíochta í an díthreabh a bhfuil uaigneas agus aduantas na tairseachúlachta ag baint léi.<sup>5</sup> Deirtear i réamhrá an dáin nach raibh a fhios ag duine ar bith cá raibh Oisín nuair a bhí sé ar iarraidh ar feadh bliana. B'fhéidir go fhan sé as féin ar feadh an achair seo, nó b'fhéidir gur fuadaíodh as é agus go raibh sé buil an aosa sí i sián nó i mbruíon éigin, arae ar cheann de na téamaí so-aitheanta i mbeatha Oisín sa seanreacht tá cuibhreach nó géibheann Oisín i mbruíon.

---

<sup>4</sup> Níor ghlac T. P. Cross (1950, 178) leis gur múnlaíodh an scéal Fiannaíochta ar an Rúraíocht: *Although it has been assumed that 'The Quarrel between Finn and Oisín' is merely an adaptation of the story as told of Cú Chulainn and Conlai, the occurrence of a similar burlesque and humorous treatment in versions outside Ireland renders this hypothesis doubtful.*

<sup>5</sup> Tá an téarma tairseachúlacht (*liminality*) agus an próiséas tairseachúil sainmhínithe ag McCone in McCone agus Ó Fiannachta 1992, 36-7; féach freisin Wait 1986, 228-31.

## CUMRECH OISSÍNE

Is téama aithnidiúil Fiannaíochta é téama na bruíne (Murphy 1953, 26-7; 1971, 22-3, 53-4). Tugann Caoilte cuntas i laoi atá in *Acallam Bec* (AB), agus sa chuid sin de *Agallamh na Seanórach* (AS2) atá bunaithe ar leagan de AB,<sup>6</sup> ar an gcaoi ar chuir Dá Bhiolla suan draíochta air féin ag sián Inbhir Dhomhnann le ceol'cruite agus gur fhuadaigh sí as ina dhiaidh sin é go dtí a hoileán iontach. Cuibhríodh in uaimh dhorcha fhuar é in éineacht le seachtó laoch eile a bhí i nglasaibh aici. Tugtar Uaimh Dá Bhiolla ar an uaimh mhara seo a líontaí le lán mara. Chuaigh Oisín agus na Fianna sa tóir ar Chaoilte go sián Inbhir Dhomhnann ach chuir Dá Bhiolla faoi dhraíocht ann é. Ach an tráth seo sháinnigh na Fianna í agus b'éigean di na géibheannaigh a bhí aice a scaoileadh saor. Baineann an t-eachtra seo le imeallbhord oirthear na tíre, leis an taobh tíre in aice le Mullach Íde i bhFine Gall an lae inniu (O'Rahilly 1946, 92), ceantar a bhfuil a riar féin d'eachtraí Fiannaíochta suite ann.<sup>7</sup>

Bhain eachtra eile d'Oisín ag Tipra Sen-Gharman i gceantar Shliabh Luachra in iarthar Chúige Mumhan — ceantar eile a suítear roinnt mhaith eachtraí Fiannaíochta ann — a bhfuil cosúlacht théamatúil aige leis an gceann thuas. Mná sí oilbhéasacha atá i gceist sa dá scéal ach nach uaimh in oileán mara atá i gceist sa chás seo ach uaimh thalún faoi thobar. Deir Meyer gurb é 'Dindsenchas Tiprat Sengarmna 7 a hAided cona cethrur 7 Cumrech Ossine' (Gwynn 1913, 242-53; nótaí 521-3; LL ll. 27027-164) an laoi is sine a leagtar ar Fhergus Fínbhéil, file na Féinne, agus dar leis cumadh sa 10ú haois í (1910, xxiii). Luann Murphy dáta cumtha san 11ú

---

<sup>6</sup> Is i Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh, nó Leabhar an Leasa Mhóir mar a thugtar uirthi freisin, atá an téacs tábhachtach Fiannaíochta seo (féach Macalister 1950, 194a1-200d24). Chuir An Craoibhín cuid de AB in eagar maille le cóiríu Nua-Ghaeilge (1925, 79-107). Is cosúil gurb í Lámhscríbhinn Bhreise 180 i Leabharlann James Hardiman, Ollscoile na héireann, Gaillimh, a bhí roimhe. Is cóip í seo a rinne Seosamh Ó Longáin de Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh roimh an mbliain 1848. Bhí sí tamall i seilbh an scoláire cháiliúil, an Dr. J. H. Todd (+1869), agus i ndiaidh a bháis chaith sí tréimhse i Leabharlann Phillipps, Cheltenham, Sasana. Cheannaigh Dubhglas de hÍde sa bhliain 1914 í.

Is saothar comhaimseartha le *Acallamh na Senórach* (AS1) é AB ar bhain an té a chuir AS2 le chéile sa 14ú haois nó 15ú haois leas as leagan de le hagallamh cuimsitheach a chur le chéile, féach Ní Sheaghda 1942a, xv-xix, xxiv-xxx; Ó Briain 1989, 185-6.

<sup>7</sup> Baineann, mar shampla, an seanscéal *Uath Beinne Édair* leis an taobh seo tíre; féach Ní Sheaghda 1967, 130-7. Maidir le gnéithe eile de thraidisiún na Fiannaíochta i bhFine Gall, féach Ó Briain 1999, 71.

haois léi ach níl aon bhonn slán faoin gcúis ar easaontaigh sé le dátaíocht Mheyer (1953, lix).<sup>8</sup> Tá an déantús seo ar cheann de na dánta Fiannaíochta is sine a bhfuil trácht mór ar Oisín ann agus tugann an teideal atá air le tuiscint dúinn go mb'fhéidir go raibh scéal neamhspleách ann tráth dar theideal 'Cuimrech Oissíne'.

Insítear sa laoi go raibh Fionn sa tóir ar Shean-Gharmna agus a mac Slechtaire. Chuadar agus beirt eile a bhí leo i bhfolach uaidh i dteach faoin talamh ag tobar a bhí ag foinse na Féile. Bhí Oisín lá i Luachair agus d'éirigh leo é a ghabháil agus bhí sé i ngéibheann acu sa teach faoin talamh. Chuir duine acu faoi ndeara dó crann sleá a shnoí agus rinne sé liathróid den snoíogar adhmaid agus chuir le sruth na Féile í. D'aimsigh Fionn an liathróid agus d'aithnigh uirthi go mba é Oisín a rinne í. Chuaigh na Fianna go foinse na habhann agus d'éirigh leo Oisín a fhuascailt. Lean Fionn Slechtaire go Bérré áit ar mharaigh sé é. Tógadh Sen-Gharmna aníos as an teach faoi thalamh, baineadh an cloigeann di agus teilgeadh a corp isteach tobar. Ba í Sen-Garmna máthair Slechtaire agus i rann leathdheiridh na laoi tuairiscítear gurb é Cuirrech a athair. Luaitear marú Shlechtaire agus a ghaol le Cuirrech agus le máthair Dhiarmada uí Dhuibhne sna ginealaigh freisin (O'Brien 1962, 45), gaol a phléitear i gCaibidil 4.

#### FÍOCH BUNAI DH

Is ceann de théamaí móra na Fiannaíochta sa seanreacht é an fíoch bunaidh a bhí ag Fionn agus ag Cuirrech Life dá chéile (féach Caibidil 4), faltanas fola a bhfuil baint aige leis an aighneas mór idir Fionn agus Fothad Canainne, arae ba 'mac máthar do Fothad Canainne in Cuirrech sin' (Baumgarten 1987, 7; féach freisin, 'Inund *mathair* la Currech mac Cathair 7 la Fothad Canainne 7 la Teiti la mnaí Find meic Regamna ... LL, ll 26134-6). Rífhéinní a bhí i bhFothadh Canainne ar ar thug Proinsias Mac Cana go géarchúiseach *a figure still trailing behind him the remnants of a complex mythology* (Mac Cana 1987, 78). Duine de thriúr deartháir é, Fothad

---

<sup>8</sup> Shíl Murphy nárbh ann don fhoirceann briathartha *-ann* in *nos-lenann* agus a leithéidí eili sa tríú pearsa uatha spleách roimh an 11ú haois (1953, 69). Ba é seo teagasc Thurneyesen (1921, 414), teagasc a chuir a chuid iarrachtaí dátaí a lua le roinnt téacsanna Rúraíochta go mór as a riocht, arae scaití ba é an foirceann *-ann* an t-aon slat tomhais a bhí aige le dátaí deireannacha a lua le téacsanna a bhain le tús ré na Meán-Ghaeilge. Bhí an foirceann spleách seo bisiúil cheana féin faoin 10ú haois, Ó Briain 1977, 248-51; Breatnach 1994, 293-4.

Airgtech agus Fothad Cairptech an bheirt eile, a rugadh ar an abhras céanna. Tá cuntas orthu in LL (ll. 25010-46) agus sa réamhrá próis leis an an dán 'Reicne Fothaid Canainne' (Meyer 1910, 4-9), agus tá a gcúlra sna ginealaigh pléite ag an Rathailleach (O'Rahilly 1946, 10-1). Tuairiscítear sa scéal Sean-Ghaeilge *Bruiden Átha hí* gur shíl Fionn síocháin a dhéanamh le Fothadh Canainne tráth agus gur réitigh sé fleá faoina choinne (Meyer 1893; Hull 1941). Ba gheis d'Fhothadh coirm nó beoir a ól 'cin chinnu marba' ina fhianaise (Meyer 1893, 242), nó mar a chuirtear é i gcóip eile den scéal, chaithfeadh sé an choirm a ól in éindí le 'haighthi bana' [cloigne dícheannta] (Hull 1941, 323, 326, nóta 9; Baumgarten 1987, 9). Bheartaigh Fionn a leithéidí sin a fháil dó agus más d'aon turas é nó munarb ea, mharaigh sé Téiti iníon Mheic Niad, deirfiúr Fhothaidh, agus a fear céile nuair a bhíodar ag déanamh ar an bhfleá. Bhí Fionn agus Fothadh in árach a chéile seasta ina dhiaidh sin chúns a mhaireadar beo.

Bhí baint ag Oisín leis an gcoimhlint seo freisin a bhaineas le dúshraith bhunaidh ina bheatha. Bhí sé ina thaoiseach ar na Fianna i dhiaidh bhás Fhinn, mar a thuairiscítear in *Fiannsruth* (Stern 1897, 472), téacs ar luaigh Murphy dáta cumtha sa 11ú haois leis (1953, xli). Ní réitíonn sé seo ar ndóigh le 'Laoi Oisín ar Thír na nóg' (LO) — ná leis an traidisiún béil — a sonraítear ann gur fhág sé slán agána athair tar éis Chatha Ghabhra agus gur imigh leis in éineach le Niamh Chinn Óir go dtí Tír na nÓg. Luann Caoilte i laoi in AS ar ar thug Nessa Ní Shéaghdha 'Seanchas na Féine' (Ní Shéaghdha 1942b, 75-84; féach freisin Stokes 1900, 70-2) go raibh Oisín i gceannas ar na Fianna i ndiaidh bhás Fhinn:

Deich mbliadhain a ríge raith  
dhuit-si, a Oisín, a árd-fhlaith,  
gur ros-bhrécc Fothadh an bhFéin,  
gur thréiccsead thú, a Oiséin.

(Ní Shéaghdha 1942b, 80)

Ní léir ón rann seo cé acu de na Fothaidh a bhréig an Fhian, ach ar ndóigh b'aonad amháin go bunúsach iad baill na tríonóide págánaí seo. Maraíodh Fothadh Canainne 'isind imairiuc oc Féic' (Meyer 1910, 10) de bhrí gur fhéach sé lena bhean a mhealladh ó Oilill Flann Becc, rífhéinní Muimhneach.<sup>9</sup> Maíonn Caoilte in *Scél asa mberar co mbad hé Find mac*

<sup>9</sup> Is dóigh gurb ionann go bunúsach an scéal faoina bhás i *Reicne Fothad Canainne* agus *Aithed mná Ailella maic Eogain re Fothad Canann*, scéal a bhí ar eolas sa 10ú haois, arae luaitear i liosta de scéalta a bhí ar eolas san aois sin (Mac Cana 1980, 46, 57).

*Cumail Mongán, ocus an ní día fil aided Fothaid Airgdig* (LU, ll. 10938-10998; Meyer 1895, 46-8), scéal a scríobhadh san 8ú nó sa 9ú haois (Murphy 1953, lvi), gur mharaigh sé féin Fothad Airgtech 'for Ollorbi' [Ollarbha, Abhainn Latharna, Co. Aontroma]. Thagair údar anaithnid an dáin bholscaireachta 'Échta Laigen for Leth Cuind' don ghníomh seo (LL, ll. 7037-8) agus luaigh Flann mac Máel Máedóc (+977) é in 'Do chomramaib Laigen', saothar a cumadh le linn do Dhonnchadh mac Flainn Sionna a bheith ina ardrí (919-944). Mhaígh sé gur mharaigh Caoilte Cosluath, giolla Fhinn, Fothadh Airgtech 'hi cath Ollorba cen meth' (Meyer 1912, 117-9; 118, rann 18). Fíodh na Fothaidh isteach le linn ré na Meán-Ghaeilge sa leagan amach ar réamhstair na hÉireann atá sa i *Lebor Gabála Érenn* agus tuairiscítear go rabhadar i ríge Éireann ar feadh bliana i ndiaidh bhás Chairbre Lifeachair, gurb é Fothad Airgtech a mharaigh Fothad Cairptech agus gur maraíodh Fothad Airgtech 'i lline i cath Ollorba' (LL, ll. 2977-9). Ní haon iontas nach luaitear Caoilte leis an marú seo san fhoinsé seo, arae ní thráchtar ar Fhianna Fhinn sa *Lebor Gabála*. Áiríonn Gilla Cóemáin na Fothaidh ar ríthe hÉirenn ina dhán seanchais 'Hériu ard inis na Ríg' agus déanann sé tagairt freisin d'oidhe Fhothaid Airgtigh in Ollorbha i ndiaidh na fionaíola (LL, ll. 15221-8), ach ní dhéanann sé trácht ar bith ar Chaoilte. Luann Flann Mainistreach (+1050) an fhionaíl freisin sa dán a chum sé ar ríthe Teamhrach, ach munarb ionann agus an *senchaid* eile deir sé gur maraíodh 'in tAirgdeach ... la Cailte i crích Cruithne' (LL, ll. 15745-8). Luaitear an fhionaíl seo freisin sa laoi dar teideal *Cnuca, cnoc os linn Life* in AS agus AB:

Do-roighne Fothadh Airccteach  
 fionghal ar Fhothadh cCairptheach;  
 Fothadh Airccteach fuair iar soin  
 bás risin bhFéin bhfítamhuil.

(Ní Sheaghdha 1955, 177)

Mhair téama na coimhlinte bunaidh idir Fianna Fhinn agus na Fothaidh ar feadh i bhfad sa traidisiún liteartha. Tagraítear do Chath Ollarbha ag fíorthús AS1 nuair a luaitear scrios na Féinne: 'Ar tabhuirtt chatha Chomuir & chatha Gabra & chatha Ollurbha & ar ndíthugud na Féindi ...' (Stokes 1900, 1) agus tugtar tuairisc ar an gcaoi ar ghoill an sléacht a rinneadh ar na Fianna ann ar Fhionn i gcorp AS (Stokes 1900, 31-

2; Ní Shéaghdha 1942a, 88-92). Dá nglactaí le tuiscint an dreama a chuir ábhar na Fiannaíochta i bhfeiliúint don chroineolaíocht a chum an t-aos léinn faoi réamhstair na hÉireann go raibh Fionn beo nuair a troideadh an cath seo (Ní Shéaghdha 1945, 178) chaithfí a rá gurb é Fothadh Canainne an Fothadh úd a bhréag an Fhian, ach i ndeireadh báire ba mhar a chéile ar fad iad na Fothaidh (O'Rahilly 1946, 10-1). Ba dhlúthchuid tráth, mar sin, de sheanchas na Féinne agus de shaol Oisín, an choimhlint seo leis an triúr Fothadh, coimhlint inar scriosadh na Fianna faoi dheireadh.<sup>10</sup>

Ní hé an fíoch bunaidh seo leis na Fothaidh an ceann is iomráití i scéalaíocht na Féinne. Tá an choimhlint idir Clanna Mhorna agus Clann Bhaoiscne ina horlaí tríd an bhFiannaíocht. Freagraíonn an faltanas fada seo idir Fionn agus Goll, idir Clanna Bhaoisce agus Clanna Mhorna, ar an léibhéal laochúil don fhuíoll miotaseolaíochtúil is bun leis an gcoimhlint idir Fionn agus na Fothaidh. Fearacht a athar Fionn agus a sheanathar Cumhall, d'fhág an faltanas seo lorg mór ar shaol Oisín. Luaitear, mar shampla, in *Cath Sléphe Cain* téacs gearr i nGaeilge dhoiléir, gur chuidigh Oséne le Fionn (Fint) an ceann is fearr a fháil ar Gholl (Gold) agus ar Clann Mhorna (Morndai) (Meyer 1912, 105; Murphy 1953, 441). Is réaladh eile ar an bhfaltanas seo doicheadh Ghoill roimh Oisín in SOO (H 65-8), nuair a tugadh ina ghruagach fiáin chuig na Fianna a chéaduair é, mar a léirítear i gCaibidil 15.

#### OISÍN SAN ACALLAM

Aithnítear gurb é *Acallam na Senórach* sméar mhullaigh na Fiannaíochta. Seo mar a rinne Murphy cur síos ar thábhacht an tsaothair mhóir seo:

The *Acallam* fixed Fionn's literary background. Henceforward, without losing his old character of warrior-hunter-seer, he is consistently represented as Fionn son of Cumhall (no longer 'Umhall'), leader of Cormac mac Airt's troops about the end of the 3rd century. He is head of the House of Baoisgne, who nourish an old grudge against the House of Morna headed by Goll. Between Fionn's reconciliation with Goll at the end of his boyhood wanderings ... and the final breach, which resulted in the weakening of the Fian and their destruction at the battle of

---

10 'Doiligh earr na huaisleachta' — ní raibh i bhFothadh Canainne faoin 16ú haois ach ainm feiliúnach le tabhairt ar dhuine d'fhoireann na loinge a chuaigh in éineacht le Goll agus roinnt eile de na Fianna ag tóraíocht Shaidhbhe sa scéal próis *Tóraigheacht Shaidhbhe inghine Eoghain Óig!* (féach ua Cuain 1915, 26).



Gabhair (Duanaire Finn, poems XXII, LXIX, XXXIX, etc.) a space is left for the relating of tales of adventure (Duanaire Finn, *passim*). The names of Oisín and Caoilte, who, in accordance with Acallam tradition, are pictured as surviving after the rest of the Fian, are often used to give authority to these tales ... (1953, lxi)

Faoi mar a bhunaigh AS ionad bréagstairiúil Fhinn sa traidisiún liteartha, bhunaigh sé freisin Oisín agus Caoilte, ar idirghabhálaithe idir dhá ré iad, mar sheanóirí a raibh rús an tseanreacht go paiteanta acu agus a roinn go gnaíúil ar Phádraig agus ar 'lucht deiridh aimsire' é. Ach má bhunaigh níor bhunaigh, mar is sine ná AS an fhorbairt seo san Fhiannaíocht. Léirítear Caoilte luath go maith, faoin 8ú haois is cosúil, ina fhinné ar an seanreacht agus ina idirghabhálaí idir ré na págántachta agus na Críostaíochta in *Scél asa mberar co mbad hé Find mac Cumail Mongán, agus an ní día fil aided Fothaid Airgdig*, saothar próis atá luaite cheana againn, agus ba sheanóirí críonna é féin agus Oisín tamall maith sular cuireadh AS i dtoll a chéile. Bhí an 'gamhain óg' dána a bhí 'for topur thuli' [*in the heyday of his strength* (Meyer 1910, 27)] nuair a thug sé dúshlán a athar sa dán ón 8ú/9ú haois atá pléite thuas, bhí sé ag fuarchaoineachán gur 'scáich mo rith rabarta' [*my springtide has ended* (Murphy 1956, 166-7, §57, 3d)] i ndán a cumadh thart ar an mbliain 1100. Luann Oisín an Dúileamh sa dán seo agus thuairimigh Meyer dá bhrí sin: *The poem seems to be the oldest composition extant in which Oisín is introduced as an old man converted to Christianity, complaining of the loss of his powers, and remembering the glory of the days of old.* (1884, 185) Is é, ar feadh m'eolais, 'Bec innocht lúth mo da lua', dán i mBérla na bFile an déantús Fiannaíochta is tuisce a luaitear an Táilgeann (Tálcend) i gcomhthéacs na seanóirí ann (LL, ll. 29411-30). Luaitear dáta cumtha sa chéad leath den 12ú haois leis an déantús seo (Meyer 1904a, 72). Cuireann Caoilte an laige atá air i gcomparáid leis an spreacadh a bhí ann roimh theacht an Táilginn. Cruthaíonn an dán seo agus 'Tuilsitir mo derca súain' atá díreach roimhe in LL (ll. 29393-4130), atá leagtha ar Oisín, agus é sa stíl chéanna gona ghluaiseanna, go raibh téama na seanóirí á shaothrú ag lucht an léinn achar maith sular cuireadh an leagan is sine dá bhfuil againn de AS le chéile go luath sa 13ú haois.<sup>11</sup>

---

<sup>11</sup> Mar a deir Brian Ó Cuív i nóta dá chuid in Dillon 1970, 25: *From the evidence of the language, however, the Acallam is not to be dated earlier than c. 1200.* Féach freisin Ní Shéaghdha 1945, xiv-xv.

Ní miste a lua go bhfeidhmíonn Fionn féin mar reacaire agus mar sheanóir i ndánta de chuid na tréimhse seo freisin. Caoineann sé a chás féin i laoi faoi Mag Dá Gési (LL, ll. 25897-917; Gwynn 1924, 324-5). Meabhraíonn meacan an bhróin ann Oisín ologónach na laoithe dúinn: *Finn speaks as an old warrior recalling his youth and expecting death.* (Gwynn 1924, 462) Feidhmíonn sé mar fhinné agus mar reacaire freisin ar an ré atá thart i ndánta cosúil le 'Ligi Guill i mMaig Raigni' (LL, ll. 28620-964), déantús fada ina bpléitear gnéithe den fhaltanas le Clanna Mhorna (féach Murphy 1953, 109-12). Ach de réir a chéile, threisigh ar ról Oisín mar idirghabhálaí agus is é amháin, geall leis, a fheidhmíos mar reacaire ar chúrsaí an tseanreachta sna laoithe Fiannaíochta (féach Ní Shéaghdha 1942a, xxvii-xxx).

Léiríonn taighde scoláirí an lae inniu go bhfuil dúshraith láidir pháigánach faoin bhFiannaíocht agus maítear gurb é drogall aos léinn na heaglaise roimh ghnéithe míthaitneamhacha na díbheirge a bhain leis an bhfiannas ba chúis roinnt mhaith leis an easpa forbartha a bhí ar bhFiannaíocht sa traidisiún scríofa ar feadh i bhfad (Sharpe 1979; Mac Cana 1987, 95-9; McCone 1990, 218-27; 1996, 91). Is é AS an díolaim is mó agus is tábhachtaí d'ábhar faoi na Fianna dá bhfuil againn agus cé go bhfuil an saothar seo, agus AB, lán le tagairtí do na Tuatha Dé Danann agus le caitheamh i ndiaidh an tseanreachta pháigánaigh, is paradocsa gur geall le fáthscéal Críostaí é go leor de AS agus de AB. Múnlaíodh a gcreatlach bhunaidh ar shaothar ar nós *Bethu Phátraic* agus tá naoimh logánta agus gnéithe de theagasc na hEaglaise tarraingthe isteach i mbealaí éagsúla iontu (Ó Briain 1989, 185; 196).

Caithfear glacadh leis mar sin go ndearna údair AS agus AB scagadh comhfhiosach ar an ámhábhair Fiannaíochta á bhí ann lena linn agus tá sé seo amhlaidh i leith an ábhair faoi Oisín chomh maithe le gach uile shórt eile. Pléitear na sonraí a luaitear in AS agus AB faoi mháthair Oisín i gCaibidil 3. Is leor a lua ag an bpointe seo go raibh a fhios ag údair AS gurb í Bla inghen Déirc Dhianscothaig máthair Oisín agus go ndeachaigh sé ar cuairt chuici go Sídh Ochta Chleitigh nuair a scar sé féin agus iarsma na Féinne lena chéile ag tús AS (Stokes 1900, ll. 50-2). Bhí a fhios ag údair AS agus AB cá rugadh Oisín mar luaitear i laoi atá i AB agus in AS2 gur rugadh i gCluain Íochtair é (féach Caibidil 8). Má bhí an oiread sin eolais ag lucht cumtha AS agus AB ar chúrsaí a bheatha, tá sé ag luí le réasún go raibh a fhios acu freisin cén chaoi ar gineadh é, arae bhí an t-eolas sin i bhfoirm bhanseanchais faoin 11ú haois. B'fhéidir go raibh

drogall orthu, ar chúis éigin, 'an scéal scannalach' seo, mar a thugtar air in SOO, a tharraingt anuas, sin nó rinne siad talamh slán de go raibh sé ar eolas cheana ag an bpobal ar cuireadh AS agus AB le chéile ar a son. Ar aon bhealach, níl aon trácht ar choimpeart aduain Oisín in AS.

## CAIBIDIL 2: GINEALACH OISÍN

... it is possible to distinguish a Finn of Midland tradition, a Lagenian Finn, and a Finn associated with the Érainn of Munster (O'Rahilly 1946, 275)

### BUNÚS

Luaitear sa dá thagairt is sine a mheastar a bheith ann d'Fhionn, cinn a bhaineas leis an 6ú nó an 7ú haois, gur chin sé ó Nuada Necht (O'Brien 1962, 22, 99; dátaíocht, Murphy 1953, lv; féach freisin Corthals 1990, 121). Ní raibh na heolaigh, áfach, ar aon fhocal ar chor ar bith sa seanrecht faoina chraobha ginealaigh mar is follas ón méid seo a leanas atá sa chuid deiridh de théacs de chuid an 12ú haois ar ar thug Cathal Ó Conchubhair, san 18ú haois, an teideal *Tesmolta Corbmaic maic Cuinn et Aighed Finn mac Cumhail* (Flower 1924, 270):

Is i sin iarum aidid Finn iar firinne in sencasa amal adfiadat na heolaig. Acht cena is hécsamuil forcanait a bunadus. Air atberait foirenn ele comad do Corco Oche hua Figinti d'Find. Atberait araile 7 is fir sin, do uib Tairsigh hua Failgi do 7 at aithechtuathai iat sidhe, amal ro chan Maelmura isin cronic ...

Is ed imorro atberait Laigin comadh innúa do Nuadha Necht Finn .i. Finn mac Cumhaill mic Súghailt mic Eltaim mic Baiscne mic Nuadha Necht. (Meyer 1885, 76)

Bhuanaigh, mar atá ráite sa chaibidil roimhe seo agam, AS gnéithe de bheathaisnéis bhréagstairiúil Fhinn agus ba é freisin a bhuanaigh an leagan 'údarásach' dá ghinealach. Seo mar a d'fhreagair Caoilte ceist a chuir Rí Chonnacht air in AS faoi na cúrsaí seo:

Is annsin ro fiarfaig rí Connacht do Chailti: 'can do Find mac Cumail?' 'Do Laignib,' ar Cailte. 'Cá tuath do Laignib? ar in rí. 'A Híb Tairrsig Laigen,' ar Cailte. 'Ca baile issin tuait sin? ar in rí. 'A Glaissi Bulgain,' ar Cailte. *Ocus* adubairt Cailte: 'Find mac Cumail, meic Threuirnn, meic Trenmoir, meic Cairpri Garbsroin, meic Fiachach Fobric, a Glaissi Bulgain de Huaib Failge. (Stokes 1900, ll. 6546-52)

Bhí ar a laghad sé chraobh éagsúla ginealaigh luaite le Fionn faoin am ar chuir An Dubhaltach Mac Fírbhisigh *An Leabhar Ginealach* i dtoll a chéile i lár an 17ú haois agus ghlac an Dubhaltach leis freisin 'gurab do Uibh Tairrsigh do Uibh Failgi dho' (Mac Neill 1904, lii-liv; liv, nóta 1). Ba é an tátal a bhain an Rathaileach as an tranglam ginealach seo:

... it is possible to distinguish a Finn of Midland tradition, a Lagenian Finn, and a Finn associated with the Érainn of Munster ... Sometimes he is made to descend from Nuadu Necht, ancestor of the Lagen; at other times from Dáire, son of Ded, ancestor of the Érainn. (1946, 275-6; féach freisin Murphy 1953, lxxvii).

Tá dhá cheann de na bunúis éagsúla seo i gceist i sliocht suimiúil sa Dindsenchas faoi mhúime Oscair:

Glaissi Bulga, cidh diatá? Ní ansa. Glas ingen Deirg meic Deaghadh roalt Osgur mac Oisín meic Find. Co romarb Cairpre mac Cormaic uí Chuinn intí Ocur a cath Gabhra. Et tánic Glas aníar al-Luachair Deadhadh do cháinedh a dalta co tech a hathar. Ó 'tconnairc an tech úaithe 7 in muintear 7 na comaltadha batar im Ocur, dorochair faen tara hais, co n-abadh cen anmain, co n-ebairt cách 'Glais bolc faen sund, 7 bidh é a hainm folilfe an ferand-sa co brath.' Conidh de asbert [in file]:

Glais-ben, ingen Deadhadh Deirg . roalt Ocur, aidble uird:

robris a cridhe gan cheilg . forsin leirrc a nGlassa Builcc.

(Gwynn 1924, 288)

Is éard a deir Gwynn faoi Ghlaisse Bulga: *This is, no doubt, the same as Glaiss Bulgain (or Bolgain) in the territory of Ui Tairrsig, who were apparently a subdivision of Ui Failge, or settled in their confines ...* (1924, 451). Más ionann Glaissi Bulgain AS agus Glaissi Bulga/Glassa Builc an Dinnseanchais, agus is dóigh gurb ionann mar de réir an dinnseachais tháinig Glas aniar as Luachair go dtí an áit seo, caithfear glacadh leis go raibh teach Oisín suite in Uíbh Tairrsigh dá réir. Iarracht chliste atá sa scéilín dinnseanchais dhá theagasc éagsúla faoi bhunús Chloinne Baoiscne a tharraingt le chéile, arae tugtar aird ann ar an mbaint a bhí ag acu le Clanna Deadhaidh (Clanna Dedaid) na Mumhan. Cé nach ngéilltear don teagasc seo ann, tuairiscítear gur de shliocht Dheadhaidh í Glas, múime Oscair. Bhí baint aici seo le Luachair, áit a súítear roinnt nach beag d'eachtraí na Féinne ann,

ina measc 'Cuimrech Oissíne' a bhfuil trácht déanta cheana air sa chaibidil roimhe seo.

Cé gurb é teagasc AS gur bhain Fionn le hUíbh Tairrsigh an ceann is mó a raibh glacadh leis sa traidisiún liteartha — ceann, dála an scéil, nach bhfuil fianaise air roimh ré na Meán-Ghaeilge — d'fhág teagasc na sloinnteoirt eile a mhaígh gurb é Deadhadh ceap sinsear Chloinne Baoiscne a lorg freisin ar an bhFiannaíocht, fiú anuas go dtí traidisiún béil an 19ú haois. Mar seo a leanas a riantar gaol Fhinn le Dáire mac Deadhaidh de réir ginealais i Leabhar Leacáin:

Find mac Cumail mic Baiscne mic Fír dā roth mic Guill mic  
Irguill mic Dāiri mic Deaga mic Sin mic Rosin. (Meyer 1912,  
560-1; féach freisin Mac Neill 1904, liii)

Léiríonn an chaoi ar mhair an ginealas seo a chasta is atá traidisiún gabhlánach na Fiannaíochta. Is é an gaol seo is ábhar do DF XXXVII, laoi a ndéanann Oisín cur síos inti do Phádraig ar an mbaint a bhí ag Fionn le Clanna Deadhaidh. Shíl Murphy gur cumadh deireanach go maith i ré na Meán-Ghaeilge í, nó fiú go luath i ré na Nua-Ghaeilge, agus braitheann sé gur cuireadh rainn 6-10 isteach i gcorp na laoi uair éigin ina dhiaidh sin de bhrí nach mar a chéile an teagasc faoin ngaol a bhí ag Baoiscne le Deadhadh iontu agus atá sa chuid eile den laoi (1953, 89). Tá leagan eile den laoi seo i lámhscríbhinn a scríobh Domhnall Ó hEadrisgeoil i Lobháin thart ar an mbliain 1684 (Stern 1895, 25). Áirítear Cú Rí, Baoisgne, Fiachaidh agus Eochaidh ar chlann mhac Dháire mhic Dheadhaidh i rann 6 agus rianaítear gaol Fhinn agus Oisín le Baoiscne agus le Dáire Donn mac Deadhaidh i rainn 8-10:

Mac Baoisgne Garadh na slógh  
mac do Garadh Conn cathmór  
mac Cuinn Fear da Roth nar ffoil  
is mac d'Fior da Roth Trenmór

Mac Trenmhóir Cumholl na ccath  
mac do Cumall Fionn fathach  
mac don Fhionnsin mé *budhdhéin*  
ionnsa mo *bheith* for micheill

Ag sin *mar* deaghlaid na fir  
ó Dháire dhonn mac Deaghaidh  
gan mo spéis a cceól go lí

tar éis na cceól ad-chluintí.

(Murphy 1933, 18, rr. 8-10)

### THE BOOK OF HOWTH

Cuireadh leagan Béarla den ghinealach atá sna rainn thuas i gcló chomh fada siar leis an mbliain 1633, an chéad uair riamh, ar feadh m'eolais, a cuireadh ginealach Fhinn faoi bhráid phobal an Bhéarla i leabhar clóbhuailte. Tá an leagan seo in *Chronicle of Ireland* a scríobh Meredith Hanmer (1543-1604), cléireach Anglacánach a chuir faoi in Éirinn sa bhliain 1591 agus a scríobh cuntas ar stair na tíre idir sin agus a bhás sa bhliain 1604. Chuir Sir James Ware saothar Hanmer in eagar in éineacht le saothar Edmund Campion in *Two Histories of Ireland* a foilsíodh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1633. Cuireadh in eagar arís iad sa bhliain 1809 agus don ghinealach san eagrán sin a thagraítear anseo (Hanmer 1809, 47-8). Lochtaigh an Céitinneach saothar na beirte seo i nDíonbhrollach *Foras Feasa ar Éirinn* agus níor ghlac sé leis an nginealach a luaigh Hanmer le Fionn de bhrí gur mhaígh sé go mba Dhanair iad na Fianna a shíolraigh ó Fin Eric (Comyn 1902, 48; Cronin 1945, 246).<sup>1</sup> Níor le Hanmer ó thús, áfach, an chlaontuairim gur Dhanair iad na Fianna, arae nochtaíodh an tuairim seo in *The Book of Howth*, an fhoinse as ar bhain sé iomlán a chuid eolais, agus aineolais, geall leis faoi na Fianna.<sup>2</sup> Is éard atá sa saothar seo cuntas i mBéarla ar stair na hÉireann a cuireadh i dtoll a chéile tráth éigin

---

<sup>1</sup> Shíl Hanmer gurb ionann *Fin Eryn* (Fiann Éireann) agus ainm duine. Is d'fól spéise ó thaobh léann na Fiannafochta de an chaoi ar dhíorthaigh Hanmer an t-ainm baiste *Fin Eric* ó *Fin Eryn*:

For proffe of this historie, I finde in *Saxo Grammaticus* that wrote the historie of the Danes, that *Fin* and *Finni* were a great sept there, hardy, stalworth men, given to preying, and burning of towne and country, and happily the Irish conversing with them, did learne those parts of them) and that the name of *Eric* was of royall blood among them; so *Fin Erin* turning *c.* into *n.* was a great commander there, and conducted into Ireland many Danes. And happily, Ireland of old, because of his great command and posteritie, might after him be called *Erin*: this is but my conceit, happily others can say more therof. (1809, 48)

Nach aisteach go raibh *conceit* den chineál céanna ag Zimmer trí chéad bliain ina dhiaidh sin; dhíorthaigh sé an t-ainm Finn ó ainm an Lochlannaigh Caittil Find a maraíodh sa bhliain 856, agus mhaígh sé gur shíolraigh an t-ainm Ossín (Oisín) ón ainm Lochlannach *Āsvin* *Āsvin* (tagairtí, Murphy 1953, 211).

<sup>2</sup> B'fhéidir gur spreag earráidí Hanmer an Céitinneach le cur lena chuntas faoi na Fianna in *Foras Feasa ar Éirinn*, féach Cronin 1945, 246-7; Hudson 1950, 127.

sa 16ú haois. Is as an mbaint mhór a bhí ag muintir St. Lawrence Fhine Gall, ar lean an teideal Howth a gcinn fhine, leis an leabhar a tugadh *The Book of Howth* uirthi (Brewer agus Bullen 1871, xi-xiii). Bhí sí seal i dtaisce i gCaisleán Átha Cliath gur éirigh le Sir George Carew [1555 - 1629] greim a fháil uirthi. Thug an Carúnach leis go Sasana í agus i ndiaidh a bháis bronnadh ar an Archbishopal Library i Lambeth í. Cé nár cuireadh *The Book of Howth* i gcló ina iomláine go dtí 1871, mhúnlaigh an t-ábhar faoi na Fianna inti tuiscintí Béarlóirí faoin bhFiannaíocht sa seachtú haois déag, agus ina dhiaidh sin, de bhrí gur bhain Hanmer an-earraíocht aisti.

Cé gurb iad cúrsaí na nGall in Éirinn is mó atá faoi chaibidil in *The Book of Howth*,<sup>3</sup> tá cuntas fada ar na Fianna, ar díol mór spéise é, i gcuid tosaigh an leabhair (Brewer agus Bullen 1871, 1-11).<sup>4</sup> Is foinse ríthábhachtach é an cuntas seo mar go dtugtar léargas seachtrach dúinn inti ar ghnéithe de stair théacsúil na Fiannaíochta sa 16ú haois agus léirtear inti an t-eolas a bhí ar an bhFiannaíocht sa tréimhse sin sa Pháil. B'fhéidir gur eascair an tuairim a nochtar inti gur Danair a bhí sna Fianna ó thús as an traidisiún béil i bhFine Gall, ceantar a ainmnítear as na Gaill nó na Lochlannaigh.

Is mar seo a leanas a chuirtear tús le *The Book of Howth*:

The genealogy of Fin Herin came out of Denmark, and landed at Falis-ni-Grye Barrerove, whose names are as followeth; viz., Davith the King, ancestor and father to Devre Done; and he had four sons, Covrrye, Boyskene, Fiaghe, and Oghe. And Boyskene had a son named Garreneslo; and the same Garre had a son named Con Caghmore; and the same Con had a son named Ferraloghe; and the same Ferraloghe had a son named Trenmore; and the same Trenmore had a son named Culle Nagae; and the same Culle had a son named Fin Fa, otherwise called Fin MacCulle, who had a son named Oshen, which told the same history to Saint Patrick. All these above-written of Fin Herin, except Davith, was born in Ireland. This Osseyne was alive in the year of our Lord 432. (Brewer agus Bullen 1871, 1)

---

<sup>3</sup> Thug Seán Ó donnabháin a *repertory of Anglo-Irish traditions and legends* air, féach Drummond 1852, 83.

<sup>4</sup> Ar na scéalta agus laoihe Fiannaíochta a bhfuil athinsint nó achoimre i mBéarla orthu tá, móide blúirí fánacha eile: *Cath Gabhra* ('The field of Ard-Kaghe, otherwise called Kaghe-Cauroe'); *Cath Fionntrágha* ('The Field of Fentra in Monster'); 'Ginealach Fhinn' ('The genealogy of Fin Herin'); 'Tóiteán Tighe Finn'; 'Agallamh Oisín agus Phádraig'; 'Laoi Chruimlinn na gCath'; 'Laoi an Deirg'; 'Baisteadh Oisín'; féach Ó Briain 1999, 71. Tá cúlra 'Laoi Chruimlinn na gCath' pléite in Ó Briain 1995, 70-5.



Seo iad na hainmneach thuas ina gculaith dhúchais: is ionann *Davith* agus **Deadhadh**; *Deore Done* (*Deur Dove* ag Hanmer) agus **Dáire Donn**; *Covrrye* agus **Cú Rí**; *Boyskene* agus **Baoiscne**; *Fiaghe* agus **Fiachaidh**; *Oghe* agus **Eochaidh**; *Garreneslo* **Garadh na Slógh**; *Con Caghmore* agus **Conn Cathmór**; *Trenmore* agus **Tréanmór**; *Culle Nagae* agus **Cumhall na gCath**; *Fin Fa* agus **Fionn Fáidh**. Freagraíonn siad uilig go beacht, cés moite den cheann deiridh, do na hainmneacha atá in DF XXXVII a bhfuil sliocht aisti thuas. Ní shíolraíonn *fa* an Bhéarla go baileach ó 'fáthach' DF — is léir go bhfreagraíonn 'fáidh' na Gaeilge dó. Ní mar a chéile go barainneach *Ferraloghe* (*Ferrelough* atá ag Hanmer) agus **Fear da Roth** (**Ferdaloch** atá i leagan Giessen) na laoi, ach tá an-chosúlacht ag leagan *The Book of Howth* leis an ainm **Farlacht** a luaitear i leaganacha de dhéantús gearr Fiannaíochta a dtugtar 'Ginealach Oisín' air.

#### 'GINEALACH OISÍN'

Bhailigh Uilliam Ó Colla (William Kelly) 'Ginealach Oisín' agus ocht gcinn eile de laoi the Fiannaíochta i gCill Ridire, Co. Chill Mhantáin sa bhliain 1812 ó bhéalaithe aoire as Cúige Chonnacht ó thús. Chuir sé an cnuasach seo faoi bhráid cumann seandálaíochta a raibh baint ag Séamas Ó hArgadáin leis. Ní thugann an tArgadánach ach Archaeological Society ar an gcumann seo i nóta dá chuid in Egerton 144 – cóip de chnuasach an Chollaigh a rinne Finín Ó Scannail dó sa bhliain 1819. Bhain an tArgadánach an nóta féin as miontuairiscí an chumainn:

Archaeological Society, Nov. 10th 1813: Mr William Kelly laid before the society his MS. Irish poems taken from the mouth of the Connaught shepherd, in the winter of 1812, at Kilruddery. Mr Kelly was then proposed by Colonel Keating, and elected a member. November 10th 1814: Mr Kelly presented to the Society the copies of the poems of Oisín as taken from the mouth of the Connaught shepherd, with a literal translation; he was then presented with ten guineas. Extracted from the minutes of the Board [signed] J. H. (O'Grady 1926, 642<sup>5</sup>; féach freisin, Flower agus Dillon 1953, 25)

<sup>5</sup> Déir an Grádach i bhfonóta: *One would fain have learnt his name, his locality in Mayo, how long he had been in a country where not a soul could understand his recitations; lastly, whether he too got any little honorarium at all.*

Cé nach réitíonn an réamhrá a chuir an tArgadánach le 'Laoidh Bhin Bhoilbin' in *Irish Minstrelsy*, ceann de na laoihe a bailíodh ón sípéir seo, go baileach leis an méid thuas, tugtar breis eolais dúinn ann faoin áit arbh as an faisnéiseoir:

... a *Finian poem*, taken with several others, from the recital of a mountain shepherd, at Partry in the county of Mayo. These metrical fragments, to the number of several thousand verses, had been committed to memory by the reciter in his early youth, amidst his native hills, where they have been transmitted from sire to son, through countless generations.' (Hardiman 1831, 385)<sup>6</sup>

Tá leagan Egerton 144 de 'Ghinealach Oisín' i gcló i litriú leasaithe ag an nGrádach ina chatalóg (1916, 643). Deir an Rathailleach gurb í RIA 12 I 16 an lámhscríbhinn a scríobh Uilliam Ó Colla sa bhliain 1814 (O'Rahilly 1927, 90) agus seo mar atá an téacs san fhoinsé sin:

#### Geinealach Oisín

Mac do Bhaoisgne, Gorraigh na sluaghaidhe;  
Mac do Ghorroigh, Conn na gcath mór;  
Mac do Chonn, Farlacht ná'r ghan;  
Mac do Fharlacht ná'r ghan, Tréanmhór;  
Mac do Thréanmhór, Cúoll na bhfleith;  
Mac do Chúoll, Fionn fáidhe;  
Mac do Fhionn me féin, bocht beó na dheoi mé.  
Is fír gur me Oisín mac Fion  
Is da mbeith na Fíanaidhe beó,  
Ag éisteacht le do chrónan-chill  
Ní chaithfuin fhéin an ló;  
Tra bhíodh Caoilte's me i Mainuat  
Ní rabhmar in sin bocht  
Is a Phádrúig nac truaighe leat  
Me arsa, anbhfann air a sliocht.

Is leagan den téacs 'Ginealach Oisín' atá sa chéad téacs in *Reliques of Irish Poetry consisting of Heroic Poems, Songs, Elegies, &c. of the most approved*

---

<sup>6</sup> Níl ach 1014 líne d'fhilíocht in Eg 144. Tá an an téacs i eagar aige maille le haistriúchán go véarsaí Béarla air a rinne William Hamilton Drummond, Hardiman 1831, 386-9. Chuidigh an tArgadánach le Drummond ina chuid oibre ar an bhFiannaíocht ina dhiaidh sin (Drummond 1852). Chuir sé roinnt téacsanna ar fáil dó agus d'aistrigh sé iad go Béarla dó. Cóirigh Drummond na haistriúcháin mar véarsaí Béarla.

*ancient and modern Irish Bards collected by an Eminent Irish Scholar* a foilsíodh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1825. Ba é Tadhg Ó Coinnialláin/Thaddeus Connellan, 'ón gCorcaigh Bhig a bhfairche Chille Alluidhe', Co. Shligigh, an *Eminent Irish Scholar* a chuir an duanaire fíorshuimiúil seo le chéile (O'Sullivan 1942, 278; féach freisin O'Sullivan 1944, 152). Seo mar atá an téacs sa leabhar aige:

Geinealaë Dírín mic Fíh do réir Dírín féin.

1. Mac do Baoirgne, Goine na rvaḡ:  
 Mac do Goine, Coñ na zcaë mōr:  
 Mac do Coñ, Faplaëc nān ḡaḡ:  
 Mac d'faplaëc nān ḡaḡ, Éreanmōr.
2. Mac do Éreanmōr, Évmall na bpleas:  
 Mac do Évmall, Fioñ faid:  
 Mac d'Fioñ an aḡ mé féin:  
 Beōd boët 'na ndiaḡ a tām.
3. Ir me Dírín trvaḡ mac Fíh:  
 Ir da mbeid na Fiana beōd,  
 Aḡ éirteac̄t lé do c̄rōnan-c̄ill  
 Aḡ caic̄fíh féin an ló.
4. Épac̄ b̄id Éaoilte 'rmé 'n ar neap̄t  
 Aḡ nabaman iḡrín boët:  
 'Sa Fādriac̄, nac̄ trvaḡ leat  
 Fé arpa, anḡraḡ aḡn a rliōët.

Is ionann téacs Uí Choinnialláin agus an ceann a bhreac Eoin Ó Fionnogáin as Co. na Mí in 23079 (293).<sup>7</sup> Is cóip ceann acu den cheann eile, sin nó síolraíonn siad araon ón bhfoinse choiteann chéanna. Cé go luaitear dátaí scríofa idir 1821 agus 1824 leis an lámhscríbhinn, tá an dáta

<sup>7</sup> Is é an scríobhaí céanna a bhreac leagan F de SOO sa lámhscríbhinn seo.

1833 luaite inti freisin (Ó Concheanainn 1970, 3582 agus 3588 faoi seach). Bhí teacht ag an scríobhaí ar ábhar i gcló freisin – tá cóip chlóbhuailte de 'Críocha Deigheanach don Duine' a foilsíodh in 1818 i gcorp na lámhscríbhíne agus tharraing sé as *Reliques of Irish Poetry* Charlotte Brooke freisin. Is é an fáth a bhfuil mé, gur dóigh liom gur leis an gCoinnialánach ó thús an chóip de 'Ginealach Oisín' atá ag an bhFionnagánach, arae bhí cáil an léinn air agus teacht aige ar laoi the Fiannaíochta in Íochtar Chonnacht i bhfad sular foilsíodh an chéad duanaire dá chuid. Is mar seo a leanas a chuir Albert Blest síos air i litir chuig Edward Bunting isa bhliain 1807:

I have just met with an Irish scholar who informs me being employed to translate Ovid into Irish he has obtained through the Cos. Sligo, Mayo etc. 25 poems of Ossian and about one hundred songs of the antient Irish bards. He would have no objection, he says, at Xmas vacation, (being a country schoolmaster) to go to Belfast ... His name is Thady Conlon, care of Sir Malby Crofton, Bart., near Sligo ... I send you at foot an air I have written down from him ... (O'Sullivan 1939, 29)

Is mar a chéile go bunúsach na leaganacha seo agus ceann aoire Uí Cholla (Eg 144 agus RIA 12 I 16) thuas, ach amháin go bhfuil an téacs roinnte acu i gceithre rann; gur 'Tráth bhídh Cáoilte 'smé 'nar neart' atá acu in ionad 'Tra bhíodh Caoilte's me i Mainuat'; agus gur 'Is me Oisín truagh mac Fhinn' atá acu in ionad 'Is fír gur me Oisín mac Fion'.

Réitíonn leagan den ghinealach atá i LS 64, 275, i gcnuasach lámhscríbhinní de hÍde, Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le leagan Uí Choinnialáin agus Uí Fhionnógáin. Scríobh Martin Donnellan an lámhscríbhinn seo thart ar na blianta 1846-7. Bhain sé úsáid as litriú foghrúil bunaithe ar litriú an Bhéarla. Chuir Seoirse Mac Giolla an Chloig (George Bell) gnáthlitríú na Gaeilge ar an nginealach seo sa chóip a rinne sé de théacs an Domhnallánaigh sa bhliain 1870. Tá an chóip seo in LS 67, 88, i Leabharlann James Hardiman.

Glactar leis san aistriúchán atá i dteannta an téacs ag an gCollach in RIA 12 I 16 gurb ionann *Mainuat* agus Maynooth.<sup>8</sup> Leasaítear *Mainuat* go *maigh an fhuaithe* in Egerton 144, ach tugtar Maynooth air san aistriúchán

---

<sup>8</sup> Tá aistriúchán ar an téacs seo in Drummond 1852, 82. Seo mar atá an tagairt aige do Mhaigh Nuad: *When in Maynooth's sweet bowers / My Caoilte passed with me many the happy hours ...*

freisin.<sup>9</sup> Tá an chuma ar an leagan seo den ghinealach nach bhféadfadh sé a bheith mórán níos sine ná deireadh an 18ú haois, mar cá bhfios dúinn nach é bunú Choláiste Phádraig i Maigh Nuad sa bhliain 1794 a spreag an tagairt sa rann deiridh do na seanóirí i Maigh Nuad.<sup>10</sup>

Tugann cúlra 'Ginealach Oisín' léargas dúinn ar dhoimhneacht agus ar shaibhreas thraidisiún fada na Fiannaíochta. Síolraíonn an téacs gearr deireanach seo agus ginealach Fhinn in *The Book of Howth* de chuid an 16ú haois araon ó leagan is sine den laoi atá in DF agus Giessen. Ní raibh an té a chuir comaoin ar an laoi seo ach ag iarraidh na snáitheanna éagsúla sa traidisiún léannta faoi ghaol Fhinn le Deadhadh a fhí le chéile san uige aige. Os a choinne sin, is dóigh nach raibh d'fheidhm ag na hairmneacha uilig in 'Ginealach Oisín' faoin tráth ar cumadh é ach liodán feiliúnach a nascadh le meacan an tseanóra olagónaigh atá sa dá rann deiridh ann. Cibé cén tábhacht a bhain le gaol Fhinn le Clanna Deadhaidh nuair a bhí an traidisiún liteartha fós ina shea, bheadh sé imithe i léig go maith faoin am a raibh 'Ginealach Oisín' á reic ag seanchaithe Connachtacha san 19ú haois.

#### OISÍN AGUS CLANNA DEDAID

Bhain Clanna Deadhaidh (Clanna Dedaíd) le hÉrainn na Mumhain (O'Rahilly 1946, 156; O'Brien 1962, 17) agus ba é a gceap sinsear, Ded/Dedad mac Sin, a d'fhág a ainm ar Luachair Deadhaidh, ceantar in iarthar na Mumhain a luaitear go leanúnach san Fhiannaíocht ó thréimhse na Sean-Ghaeilge i leith agus, mar atá ráite sa chaibidil roimhe seo, ceantar a suitear eachtraí tábhachtaí i saol Fhinn agus Oisín ann. Seo é an Fionn a raibh baint aige le hÉrainn na Mumhan (... *a Finn associated with the Érainn of Munster* O'Rahilly 1946, 275) agus de réir AS ba 'a n-Aill in Bhruic a Luachair Degadh' a fuair sé bás agus (Stokes 1900, 50, ll. 1766-7; O'Rahilly 1946, 276). Suitear an scéal 'Cuimrech Oissíne' sa dúiche chéanna freisin.

---

<sup>9</sup> Thug An tOllamh Pól Ó Briain 'Ardscoil Mhagh-an fhuath' ar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad sa réamhrá a chuir sé le dán dá chuid chuig Comhthionól Chorcaí sa bhliain 1818 (RIA 23 D 19, 1); féach Ó Muirgheasa 1933, 99.

<sup>10</sup> Tagraítear do Mhaigh Nuad agus do Chill Choca mar seo a leanas in 'Laoi Cholainn gan Cheann' (féach freisin Caibidil 19):

*Agus Fawdrick naw thore Droughwas Dhoosey gillcock vee mishey Agus Keelthay Meenoude agus Shood E an tam Nauch roh mud Boucht* (LNÉ G 473, 149)  
(Agus a Phádraig, ná tabhair drochmeas dhamhsa, i gCill Choca bhí mise, agus Caoilte i Maigh Nuad, agus siúd an t-am nach raibh muid bocht.)

Ní miste, mar sin, tagairt ghearr a dhéanamh do bheirt laoch eile a bhfuil, ach an oiread le hOisín, baint acu le Clanna Deadhaidh. Déantar réaladh eile ar an mbaint a bhí ag Oisín le duine mór eile de shliocht Dheadhaidh in DF XLVI. Luaitear sa laoi ghearr seo gur clann dhá dheirfiúr iad Oisín agus Fiamhain mac Foraigh. Shíolraigh Fiamhain ó Dheadhadh agus scrúdaítear an gaol a bhí aige le hOisín i gCaibidil 3. B'iníon le Dáire mac Deadhaidh í Cingit/Cinnfhinn, máthair Oengus Ossairge. Ba é Oengus ceap sinsear na nOsraíoch, agus pléitear sanasaíocht an leasainm Ossairge, agus an bhaint atá aige leis an bhfocal 'os' i gCaibidil 12. B'fhéidir nach bhfuil ann ach comhtharlúint go roinneann beirt de shliocht Dháire mhic Dheaghadh an tréith ainmníoch agus ainmhíoch chéanna, an bhaint atá ag a n-ainmneacha leis an bhfia. Nó b'fhéidir gur iarsmaí na hainmneacha seo ar thraidisiún Fiannaíochta a caomhnaíodh i measc Érainn na Mumhan ar díobh Clanna Deadhaidh.

## CAIBIDIL 3: MÁTHAIR OISÍN

'Níor bheag liom d'fháil de shaol  
ach do chú a fheiceáil fúm ar lár,  
nó an eilit chorr a chur as baol,  
mar is dual gaol mic le máthair.'

(Oisín, SOO 87)

### FIONN AGUS NA MNÁ

Fear mór ban a bhí i bhFionn riamh anall. De réir cuntais in *Sanas Cormaic*, ar luaigh Meyer (1910, xix) agus Murphy (1953, lvii) araon dáta sa naoú haois leis, deirtear go mbíodh bean aige ins gach sliabh agus ins gach coill mhór a ngnáthaíodh sé féin agus na Fianna (Meyer, 1913, § 1018). Tagraítear do roinnt de na mná a luaitear leis ó thráth go chéile sa Bhanseanchas (Dobbs 1931, 178, 214). Is é breithiúnas meáite Nagy faoin mbaint a bhí ag Fionn le mná: ... *his relations with women in general ... are unfulfilled, temporary, and frustrating.* (1985, 52)

Bhí claonadh ag Fionn cleamhnas a shnaidhmeadh le heascairde leis [Cormac mac Airt, Fothad Canainne, Goll mac Morna] agus mná muinteartha leo, nó comhaltáí dá gcuid, a phósadh [Gráinne agus Ailbhe Ghruadhbhreac; Smirgad; Maighnis; Berrach Bhreac]. D'íoc roinnt de na mná seo téiléireacht an eascairdis. Mharaigh, mar shampla, Clanna Mhorna Maighinis iníon Gharaidh Ghlúnmhóir mhic Mhorna, 'a siúr féin', ina ndeargruathar (LL, ll. 28889-92; Gwynn 1924, 276; Murphy 1933, 148). Bhain athair na mná seo cáil bhuan amach dó féin in earr a aoise nuair a loisc sé bantracht na Féinne, agus Ailbhe Ghruadhbhreac iníon Chormaic mhic Airt, bean chéile Fhinn, ar dhuine acu, ina mbeatha (An Seabhac 1941, 184-9; féach freisin Stokes 1900, 38-41). Dhiúltaigh Berrach Bhreac iníon Chais Chuailgne, comhalta Ghoill, Fionn a thréigint de bhuíochas Chlainne Morna agus mharafodar í (Stokes 1900, 60-1).

Níor chin Oisín, áfach, ó bhean dhaonna dá leithéid. Ní raibh aon chol ag Fionn le mná neamhshaolta mar chéilí leapa agus ba le duine den chineál seo Oisín de réir na tagartha is sine dá bhfuil againn do choimpeart Oisín.

## BLAOI INÍON AN DEIRG DHIANSCOTHAIGH

Mhair an t-eolas i bhfad i measc an aosa léinn gurb í Blaoi iníon an Deirg Dhianscothaigh máthair Oisín. Tugtar Blai Derg uirthi in dhá rann de chuid an 11ú haois, na tagairtí is sine dá bhfuil againn do choimpeart Oisín (LL, ll. 21821-8). Scrúdaítear na rainn seo i gCaibidil 4. Luaitear Blaoi faoi dhó in AS1. Ar scaradh na seanfhéinnithe le chéile deirtear go ndeachaidh 'Oisín co Sídh Ochta Cleitigh, bhail a raibhe a mháthair .i. Blainghean Déirc Dhianscothaig' (Stokes1900, ll. 50-2, *Bláth* atá mar mhalairt i gcóip amháin, 272). Tagraítear di arís i rann i laoi faoi Thobar Trágha Dhá Bhan: 'Táinic ós cind in tobair / Blaói ingen Deirc Dhianscothaigh' (Stokes, l. 101). Cé nach luaitear máthair Oisín ar chor ar bith sa dán fada banseanchais a chum Gilla Mo Duta Ua Casaide sa bhliain 1147 (LL, ll. 17385-90; Ní Bhrolcháin 1982, 5), luaitear i gcóip amháin den leagan próis de *Banseanchas Éireann í*, áit a bhfuil an t-alt roimh ainm a hathar: 'Blai ingen Inderg Dianscotaig, mathair Oisín m. Fínd' (Dobbs, 214). Bhí an t-ainm seo fós bisiúil sa 15ú haois, arae beannaítear d'Oisín mar 'A mic Blaigne ingine in Deirg' in 'Laoidh Laighne Mhóir' (DF2, LIX r. 5a) a cumadh, dar le Murphy (1953, 138), san aois sin.<sup>1</sup> Léiríonn an mhalairt 'adubhart-sa, a mhic inghine an Deirg' atá in áit 'A mhic Bhlaidhe, inghean an Deirg' i leaganacha déanacha de 'Laoidh Laighne Mhóir' gur dóigh go ndeachaigh an t-ainm seo Blaoi i léig sa traidisiún deireanach.<sup>2</sup> Ní miste a mheabhrú ag an bpointe seo nach dtugtar ainm ar bith ar mháthair Oisín in SOO. Ní duine daonna í a mháthair sa laoi sin. Is éard atá inti eilid gan ainm.

Ar na ceisteanna a d'fhiafraigh Conán Cinn tSléibhe d'Fhionn mac Cumhaill in *Feis Tighe Chonáin* tá cérbh iad 'na *headha* oeisi fuilit agad fē in

---

<sup>1</sup> Tá an t-ainm seo cláraithe mar *Bladh* in san innéacs le DF (Murphy 1953, 346; féach freisin Laoide 1917, 113), ach is léir go bhfreagraíonn an litriú déshiollach in *Blaighe* do fhuaim an défhoghair [aoi] atá in *Blaoi*. Léiríonn an éagsúlacht i litriú an ainm seo sna foinsí thuas, *Blai*/*Blaoi*/*Blaighe* agus *Bla*, forás défhoghair *áe/ái* na Sean-agus na Meán-Ghaeilge ag deireadh focail aonsiollaigh go guta gearr (O'Rahilly 1946, 461-2; Breatnach 1994, 233 §3.9)Tá an éagsúlacht mhór foirmeacha a bhí ag aonsiollaigh áirithe sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach ar nós *ga/gaoi* pléite ag McManus (1987, 372 §4.13B).

<sup>2</sup> Tá an léamh 'a mhic inghine an Deirg' i leagan den laoi a cuireadh in eagar in *Irisleabhar na Gaedhilge* (Mac Tíre 1898, 164). Scriobhadh an dá lámhscríbhinn ar ar bunaíodh an t-eagrán seo i lár an 19ú haois. 'A mhic Bhloidhe ... atá ag Laoide (1917, 23).



ar nach eagal leat b̄ās d'fag[h]āil nó co ccailtear iad ...' (Joynt 1936, ll. 1381-3).<sup>3</sup> Is éard a dúirt Fionn mar chuid dá fhreagra:

Eadh e[i]le dom' edhuibh .i. fleadh doní Bl̄āthnat inghean Deirg  
Dianscot[h]aigh .i. mo leandán ban-tsīoghaidhe, uair as í  
coiphc[h]e do iarr orum-sa, dol d̄ā caitheamh gacha bliadhna.  
(ll. 1483-6)

Cé nach mar' a chéile an dá ainm Bláí agus Bláthnat measaim gur dóigh gurb ionann an leannán sí seo a luaitear in FTC agus máthair Oisín. Maidir leis an ainm seo Bláthnat/Bláthnaid, ní miste a mheabhrú go raibh sé in úsáid ó thréimhse na Sean-Ghaeilge i leith mar ainm dílis mná (Stokes agus Strachan 1903, 334; Thurneysen 1921, 436-7; Ó Corráin agus Maguire 1981, 33). Mar atá luaite thuas, tugtar Bláth mar mhalairt ar an ainm Bla i gceann d'fhoinsí AS, agus d'fhéadfadh sé gur foirm dhíspeagtha é Bláthnat ar an ainm Bláth (Thurneysen 1946, § 273).

Is féidir adhmaid a bhaint as an ainm seo Bláthnat a stiúraíos i dtreo ríocht na n-ainmhithe agus, b'fhéidir, cúrsaí claochlaithe sinn. Tharraing Carl Marstrander aird ar an ainmfhocal *bláthnaid* 'easóg bhaineann' atá ar aon deilbh leis an ainm dílis Bláthnat (1910, 388). Thagair sé don ghluais seo a leanas sa tráchtareacht ar *Amra Choluim Chille*: 'nes iarum is ainm don pést re nabarthar bláthnait' (388, fonóta 1; féach freisin *DIL*, s.v. 1 bláthnait). Níorbh eol dó ach sampla amháin den fhocal 'bláthnaid' as an teanga bheo, sin an ceann as Dún na nGall atá luaite ag Quiggin (1906, 71). Bhí dáileadh ní ba leithne ag an bhfocal seo sa teanga labhartha tráth, arae bhí sé ar eolas i Loch Garman (de Vál 1992, 102) sa 19ú haois agus tagraítear dó freisin i bhfoinsí de chuid an 17ú haois.<sup>4</sup> Dhíorthaigh Marstrander an tainmfhocal *bláthnaid* 'easóg' ó *bla* nó *bláith*, aidiachtaí a raibh an chiall *buí* acu agus a shíolraigh ón bhfréamh chéanna Ind-

<sup>3</sup> Síleann Joynt (67, nóta ar l. 1382) go mb'fhéidir gur *the periods of age (life) in which you are not afraid of death till they are spent* atá i gceist le *headha*.

<sup>4</sup> Táim faoi chomaoin mhór ag an Dr Seán Ó Súilleabháin, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, as na solaoídí seo a leanas de chuid an 17ú haois a sholáthar dom: *blathnaid* s.v. *curculio* i bhfoclóir Gaeilge-Laidine a chuir Cláiríneach a bhí in Ord San Proinsias le chéile sa 17ú haois agus atá anois i lámhscríbhinn A31 i Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige; *blathnaid mhaorga* ag Seán Ó Dubhlaoich (Lobháin 1663, 1); *bláthnoid* luaite in liosta a chuir Tomás de Bhaldraithe le chéile de théarmaí i saothar Philip Uí Shúilleabháin Bhéara (O'Donnell 1960, Aguisín A).

Eorpaise a shíolraigh *flavus* na Laidine.<sup>5</sup> Dar leis go bhféadfadh an t-ainm dílis Bláthnat síolrú ón bhfréamh chéanna nó ó fhréamh eile ar fad, an ceann a sholáthair *bláth* na Gaeilge agus *Florus* na Laidine (féach freisin, Bachellery agus Lambert 1981, 54-5). Is é an fáth a bhfuil mé go nuige seo, d'fhéadfadh sé gur chiallaigh na hainmneacha dílse Bláthnat agus Blá/Bláí agus an t-ainmfocal *bláthnat* 'duine nó ainmhí buí'. Níor ghá fiú gaol sanasaíochta a bheith ag ainm na mná le hainm an ainmhí, ba leor iad a bheith ar aondeilbh le go bhféadfaí iad a chomhshamlú le chéile ó thaobh na céille de. Luaitear san fhianaise is sine dá bhfuil againn fúithi gur tháinig Bláí i riocht eilite chuig na Fianna agus gur gineadh a mac Oisín nuair a bhí sí sa riocht ainmhíoch sin. Is minic a bhíos dath geal ar an bhfia sí neamhshaolta.<sup>6</sup> D'fheilfeadh an t-ainm Blá/Bláthnaid ('baineannach buí/ainmhí buí') go baileach dá leithéid sin de neach.

#### INÍONACHA AN DEIRG DHIANSCOTHAIGH

Tugtar Bláí Derg agus, sa tuiseal tabharthach uatha, Bláí nDeirgg ar máthair Oisín sna rainn thuasluaite as LL. Cé gur dóigh gurb í an aidiacht aitreabúideach *derg* (NG *dearg*) atá ag cáiliú an ainm sa chás seo, bheadh bonn maith faoin áiteamh gurb é ainm a hathar sa tuiseal ginideach atá ag cáiliú an ainm dílis roimhe, arae tugtar (An) Derc Dianscothach nó (An) Derg lom ar a hathair. Mar atá ráite thuas, tugtar Blá/Bláí ingen Deirc Dianscothaig uirthi in AS1 agus Blá ingen Inderg Dianscotaig uirthi sa bhanseanchas próis. I rithlearg in TTT beannaítear d'Oisín mar 'a mheic

<sup>5</sup> Bhí teir ag baint le hainm na heasóige. Tugtar an leasainm 'an bheainín uasal' uirthi in áiteanna (i gConamara, mar shampla), rud a thabharfadh le tuiscint go raibh síúlacht éigin ag baint léi. Thugtaí *flannóg* uirthi in Ó Méith (Ó Doibhlin 1997, 290), ainmfhocal atá bunaithe, is cosúil, ar an aidiacht *flann* 'dearg'. D'fhorthaítear an focal *easóg* ó *ess* na Sean-Ghaeilge ar cosúil gur seachfhoirm de *ness* é ( *DIL*, s.vv. 5 es; esóc; 1 nes(s)). Bhí barúil ag Thurneyesen go mb'fhéidir gurb ionann an focal seo *nes* agus *Nes*, ainm mháthair Chonchubhair mhic Neasa (*Vielleicht identisch mit nes 'Wiesel'*, 1921, 273). Infilltear *es* mar a-thamhan de réir *DIL*, ach is cosúil, áfach, gur u-thamhan é *Nes*. I bhfianaise a raibh le rá ag Marstrander faoi shanasaíocht an fhocail *bláthnaid* 'easóg bhaineann' agus an bhaint atá ag cúrsaí buíochta leis ní miste a mheabhrú gur Eochu Sálbuide a bhí ar athair mháthair Chonchubhair: 'Eochu Salbuide co srianaib/ sóringen dó Nes co neim' (LL, ll.16723-4). Maidir le *Nes* agus a mac Conchobhar, féach Caibidil 14.

<sup>6</sup> Munarb ionann agus an ghnáthfhia, dath geal a bhí ar an bhfia sí a dhealaigh ón bhfia ceart é. Dath donnrua, agus é níos doinne sa gheimhreadh, atá ar an bhfia rua (*Cervus elaphus*), an t-aon speiceas dúchais fia in Éirinn agus an t-aon chineál fia a bhí sa tír is cosúil nuair a cumadh rainn LL faoi ghiniúint Oisín agus, dá bhrí sin, nuair a cumadh scéal a ghiniúna an chéadair (O'Rourke 1970, 112, 131-5; Fairley 1984, 34-8). Ba i ndiaidh theacht na Normannach go hÉirinn sa 12ú haois, ach am éigin roimh 1296, a tugadh an fia buí (*Dama dama*) isteach sa tír (Fairley 1984, 54).

aobhdha aithreamhail / 7 inghine Deirg Diansgothaigh' (Ní Mhuirgheasa 1954, ll. 5717-8). Tá macalla ar an ainm Dianscothach sa chéad leathrann i laoi a chan Ilbreac Easa Ruaidh in AS2: 'Cosccrach sin, a Oisín fhéil, / a mhic inghine an Deircc Dhéin' (Ní Shéaghdha 1942a, 200). Tharlódh baint a bheith ag cúrsaí meadarachta (fhéil: Dhéin) leis an macalla seo freisin. Glaonn Caoilte 'a meic inghine in Deirg druin' ar Oisín i laoi atá in AS1 agus AS2 (Stokes 1900, l. 2491; Ní Shéaghdha 1942b, 76; i gcló freisin ag O'Kearney 1853, 11). Tugtar eolas dúinn faoin áit ar saolaíodh Oisín i laoi ar mháithreacha na Féinne, a bhfuil leaganacha di in AB, in AS2 agus in DF:

Oisín mac Find fer con nghail  
 ro genair i Cluain Ichtair,  
 inghen Deirc a mhathair mhaith  
 torrac naí mís on macfhlaith.  
 (AB, LMCR 198b 38-9; féach freisin O'Kearney 1853, 11-2;  
 Ní Shéaghdha 1942b, 57; DF XLIII 2, Murphy 1933, 100.)

Sin an t-aon tagairt ar feadh m'eolais don áit ar saolaíodh Oisín i dtéacs ar bith níos sine ná SOO. Ní heol go cinnte anois cá raibh Cluain íochtair.<sup>7</sup> Tugann an tagairt seo a leanas i laoi Leabhar Dhéan an Leasa Mhóir (LDLM), an díolaim ilghnéitheach a chuir Sior Séamas Mac Griogair le chéile in Albain idir 1512 agus 1542, d'iníon an Deirg blúire beag eile faisnéise dúinn faoi Oisín, arae tagairt atá ann don áit a bhfuil sé curtha:

Atá fán tulaigh-se thuaidh  
 mac mheic Cumhaill as cruaidh colg,  
 mac déidgheal inghine an Deirg,  
 nach tug ré fheirg bréithir mborb.  
 (Ross 1939, 2, r. 1)

Mhair an traidisiún seo gurb ionann 'Mac iníne an Deirg' agus Oisín i bhfad, arae mar atá luaite thuas ainmnítear as athair a mháthar é i leaganacha deireanacha de 'Laoi Laighne Mhóir' mar a dtugtar 'a mhic inghine an Deirg' air in ionad 'a mic Blaigne inghine in Deirg' atá in DF

<sup>7</sup> Luann Hogan *Dún Cluana Íchtair* faoin gceannfhocal *c[luain] ichtair* agus deir sé go bhfuil sé gar do Chluain Mhic Nóis (1910, 264). Mar atá ráite cheana agam (Caibidil 1), tuairiscítear i mbeatha Mhéan-Ghaeilge Cholm Cille go raibh baint ag Ossíne mac Cellaig le Cluain Mór i gCo. Lú (Herbert 1996, §41).

(nóta 5, lch. 6). Is é ainm an tseanathar an tréith is buaine in ainmníocht Oisín nuair a shloinntear ó mhuintir a mháthar é.

Deirtear i laoi in DF gurb í 'Cruithgheal ingean Deirg go mblaith / mathair Oisín iolchrothaigh' (DF XLVI, r. 2cd, Murphy 1933, 122). Cumadh an laoi ghearr seo, b'fhéidir, i dtréimhse na Meán-Ghaeilge (Murphy 1953, 106-7). D'fhéadfadh sé gur fáisceadh an t-ainm comhshuite Cruithgheal (*cruth agus geal*) as cur síos ar áilleacht mháthair Oisín nó, b'fhéidir, nach bhfuil ann ach leasainm tuairisciúil ar Bhlaoi a thagair don chuma gheal a d'fhéadfadh a bheith uirthi agus í i riocht fia. Ní féidir, mar sin féin, talamh slán a dhéanamh de gurb é an t-ainm Blaoi a bhí i gcónaí ar 'Iníon an Deirg', arae bhí mná sí eile ann a sloinneadh ó neacha a raibh baint mhór ag an dath dearg lena n-ainmneacha. Is fiú scrúdú a dhéanamh orthu seo le siúl is go dtabharfar breis eolais dúinn ar chúlra Oisín agus ar an mbaint a bhí ag a mháthair le Fionn.

#### INÍON AN DEIRG GHRÁNNA AGUS 'LAOI AN BHRUIT'

Tá 'Laoi an Bhruit' ar cheann de na laoithe fiannaíochta is mó a tharraing aird scoláirí. Seo go hachomair éirim na laoi. Tráth dá raibh seisear de na Fianna agus a gcuid ban agus ól in Almhain rinne na mná, agus iad ar meisce, gaisce as chomh geanmnaí agus a bhíodar. Tháinig bean chucu agus brat álainn uirthi. Brat draíochta a bhí sa bhrat aonsnáithe seo a raibh de bhua aige gur foilsíodh mígheanmnaíocht mhná mínáireacha na Féinne dá bhfir agus don saol mór nuair a chinn orthu uilig, cés moite de bhan Mhic Reithe, iad féin a chlúdach leis (Murphy 1933, 330-5; Ross 1939, 30-5; An Seabhac 1941, 81-92). 'Cochall na hÓighechta' a thug Eoghan Caomhánach air i réamhrá suimiúil próis a chuir sé leis an gcóip den laoi a bhreac sé síos sa bhliain 1828 (O'Grady 1926, 680). De bhrí go bhfuil gaol gar ag an mbrat seo lena a leithéid de bhrat san Artúraíocht agus go sonrath le ceann sa bailéad Béarla 'The Boy and the Mantle' (téacs agus plé ag Childe 1882, 257-73), agus le hábhar sa Bhreatnais faoi *Mantell Degau Eurfron* [Brat Tegau Órbhroinne] (Bromwich 1978, 248, 512-4, 564-5), bhí Ludwig Stern agus scoláirí eile den bharúil gur téama iasachta ón Artúraíocht, tríd an mBéarla nó tríd an mBreatnais, é téama bunaidh 'Laoi an Bhruit' (Stern 1896, 310). Ach ní raibh T. P. Cross ar aon mhéin leo. D'áitigh sé gur téama dúchais é téama seo thástáil na geanmnaíochta i dtraidisiún na tíre seo atá ag dul siar go dtí an tréimhse Cheilteach (1918-19, 649-58). Tá tuairimí éagsúla na scoláirí seo meáite ag Murphy agus tá sé claonta é féin i leith thuairim Stern faoi bhunús na laoi (1953, 154-8).

Bhraith Cross gur chruthaigh a nádúrtha agus a d'fhreagair scéal na laoi don Fhiannaíocht a dhúchasáí agus a bhí móitíf thastáil na gearmnaíochta sa Ghaeilge. Shíl sé gur réitigh an lámhseáil a rinneadh ar théama an díoltais sa laoi thar cionn le traidisiún na Fiannaíochta. Is in LDLM atá an chóip is sine den laoi seo (Ross 1939, 30-5) agus soláthraíonn rann inti, dar le Cross, *raison d'être* chuairt na mná ar na Fianna. Fonn díoltais a bhí uirthi agus bhraith Cross go raibh an mhóitíf seo in easnamh san Artúraíocht. Is fearr an normalú a rinne Murphy ina chuid nótaí leis an laoi seo ar an rann seo ná na hiarrachtaí a rinneadh roimhe sin. Mar seo a leanas atá sé aige:

Tabhraidh mo bhrat domh, a mhná:  
's mé inghean an Deirg ghránna:  
nocha dhearnas[-sa] do locht  
acht feis re Fionn faobharnocht.

(Murphy 1953, 160)<sup>8</sup>

Glacann Cross leis gurb í *Bla*, *the daughter of Derg*, or as she is also called, *Blái Derg* atá i gceist anseo (1918-1919, 654). Pléann sé an bhaint a bhí aici le Fionn agus maidir lena rún díoltais deir sé:

The inspiration of her malice is to be sought, not in such suspicious motives as are suggested in early Continental versions of the mantle story, but in an ancient and widespread folklore formula which may be stated as follows: An otherworld woman bestows her affection upon a mortal but, on finding her offer rejected or on being abandoned for a rival, hates as violently as once she loved. (657)

Agus níos faide anonn deir sé:

---

<sup>8</sup> Níltear ar aon intinn faoi normalú an dara líne sa rann seo. Is éard atá in LDLM de réir mar a léigh Cameron é: 'as me nein in derg zrane' [*is mar mhalairt ar as aige ar cholbha an leathanaigh,*] agus is é an normalú atá déanta aige ar an méid sin 'Is mi nighean an Deirg ghráin' (MacBain agus Kennedy 1892, 78-9). Is éard atá Cross ar an líne chéanna: 'is mé nighean an Deirg ghráin' (654). Ní raibh Ross cinnte faoin bhfocal deiridh agus is éard atá aige: 'is mé inghean an Deirg ráin (?)' (1939, l. 414). Cinntíonn an rinn agus an airdrinn (mhná:ghránna) sa chéad leathrann go bhfuil an ceart ag Murphy. Cé nach bhfuil an rann seo in DF, tá sé i leaganacha déanacha den laoi i lámhscríbhinní a scríobhadh in Éirinn, cuid acu atá truaillithe go maithe. Is éard atá ag an Seabhac ar an líne seo: 'is mé an inghean, is dearbh d'fh' agus 'is feasach' mar mhalairt ar 'is dearbh' aige (1941, 84). Os a choinne sin tá 'Os mé inghén an deirg dreacbháin' ag Cameron as lámhscríbhinn Éireannach atá anois i nDún Éideann (MacBain agus Kennedy 1892, 117). Tagraíonn Meek don chaoi ar cuireadh fad leis an laoi seo in Éirinn (1987, 158-9).

... the considerations just set forth leave no room for doubt that the motive which underlies Blái's actions and which occurred at once to the hearers of the ballad as the explanation of her presence in the story, is that indicated in the formula outlined above; namely, vengeance for discarded love and jealousy of a favored rival. (658)

Tá téama bean sí á heiteachtáil agus téama an díoltais a d'agair sí le sonrú go soiléir in eachtra in AS ar réaladh eile é ar an bhfoirmle atá luaite ag Cross sa sliocht thuas. Trí mhná gaisciúla na Féinne a nochtadh os comhair a gcuid fear nocht Iníon an Deirg agus a brat draíochta an fhúrinne fúthu. Ach ní hé an chéad uair a bhain a leithéid sin de bhean gaisneas as earra draíochta leis an bhfúrinne shearbh a nochtadh faoi na Fianna.

Thug Caoilte, agus é ar a chamchuart i gCúige Laighean, cuntas ar dinnseanchas Ard Fostuda na Féine. Is éard atá sa scéal seo insint ar an gcaoi ar chas Fionn gach olc agus gach ainimh agus gach léan catha arb eol dó faoi na Fianna le gach aon duine acu dá bhuíochas. Thréig na Fianna uilig é, cés moite de Chaoilte, as a los sin ach d'éirigh le Caoilte cúrsaí a chur ina gceart agus iad a fhostú arís. Nuair a bhí na Fianna in aice le hAbhainn na Sláine chonaiceadar 'inghean mhín mhong-bhuidhe' (Ní Shéaghdha 1945, 147) ina suí ar chloch chorr a bhí i gceann an átha os a gcomhair. Tá átha ar chuid de na láithreacha móra tairseachúlachta idir an saol abhus agus an saol thall (Wait 1985, 230) agus sa chás seo is léir ón gcuntas ar fheistean na mná nach bean den saol seo í, arae samhlaítear an uaine go minic leis an aos sí. Bhí 'ionar sireacdhá sróil uimpe, brat úaine aon-datha seachtair, dealcc óir ann, mionn oir im ā ceann do chomhardha ríoghna' (147). Theastaigh uaithi labhairt le Fionn:

Do-ríacht Fionn gusan áth íaromh, 7 ro fhiarfaigh dhi créd fa toiscc dhi 7 cia hainm buí fuirre, 7 can dia hathoir

'Doirionn m'ainm-si, 7 do Thuathaibh Dē Danann m'athoir, 7 Budhbh Dearg mac in Dághdha a chomhainm, 7 d'fheis riot-sa t̄anocc,' ol sí '7 d'fhaghāil tionnsgra uaid.'

'Créad in tionnsra iarrfoir?' ol Fionn.

'Gach bean do thr ē iccean duit-si oram co ceann blíadhno,' ol in inghion, '7 leath feisi o sin imach.'

'Ní thabhroim-si sin d'áon-mhnaoi ar bith, 7 ní thiobhrar dhuit-si.'

Ro fearccaigheadh in inghean ann sin,' ol Caoilte, '7 tucc a lámh fō a brat 7 ticc cúach fionn-airccid lé 7 a lán do mhiodh shéimh sho-óla ann, 7 tucc i lláimh Fhinn é.

'Créd so, a inghean?' ol sé.

'Miodh so-óla so-mblasda,' ol in inghean.

'Fa geis dó-somh fleadh do dhiúltadh,' ol Caoilte, '7 ro ibh dicch as an ccúach, 7 iarna hól dó do measg-bhuaidhreadh é fō chéadóir. Tucc a aghaidh ar an bhFéin i ccfō éadóir, 7 gach olc 7 gach lén catha 7 comhroic ro fhionn ar gach áon díobh ro chuir ris ar an úair sin é, ionnus gurbh fheárr le gach áon díobh a bhás in ās a bheatho.

Ro ēirgheadar uile ann soin 7 ro sgarsad rē roile, 7 ro ionnsoicchiadh gach aon díobh a chríoch 7 a chomhfhorba feisín, ionnus nár fhuirigh ina fochair ar an ttulaigh sin,' ol Caoilte, 'acht madh misi um aonar. Ro ēirgheas-[s]a íaromh 'na ndeaghaidh, 7 ro leanas gach drong dhíobh fō seach, 7 ro rāidheas riú gan a ttriath 7 a ttighearna d'fhácbháil tré mhilleadh mná sí rreachtaighe sí dhe fair, 7 do fhostas dá uair dēag eidir sin 7 oídhche iad.

Ciodh trá acht ō tháinig deireadh do ló 7 tosach d'oídhche ann do-chuaidh an neimh buí uirre dhá theangaidh, 7 tánoicc a chiall 7 a chuimhne dhó, 7 dob fheárr lais a bhás in ā a bheatho in tan do fhoillsigheas-[s]a dhó an crut for i mboí 7 in bhfuil tucc for a mhuintir.' (148-9; féach freisin Stokes 1900, ll. 4949-76)

Freagraíonn an chaoi ar bhain Doireann iníon Bhoidhbh Dheirg úsáid as deoch mhilis dhraíochta leis an bhfírinne shearbh faoi na féinnithe a nochtadh as béal Fhinn go baileach don chaoi ar bhain Iníon an Deirg Ghránna úsáid as an mbrat draíochta le bréag-gheanmnaíocht mhná na Féinne a nochtadh.<sup>9</sup> Náiríodh na fir agus na mná sa dá chás nuair a nochtadh an fhírinne fúthu trí 'mhilleadh mná síreachtacha sí'. Is minic a bhíodh teagmháil na Féinne agus an chine dhaonna fré chéile leis an aos luaineach sí tubaisteach. Chítear dom go raibh an eachtra seo as AS — nó athinsint éigin air — i gcúl a chinn ag údar 'Laoi an Bhruit' nuair a bhí sé i mbun cumadóireachta, go luath sa 15ú haois más fíor do Murphy (1953,

<sup>9</sup> Mheabhródh an deoch mhilis a thug Doireann d'Fhionn na deocha sin a thug bua an fheasa dó ach gur beag is ionann iad. De bhúochas an aosa sí a bhain Fionn deoch feasa dóibh a d'fhóin dó (O'Rahilly 1946, 326-9), ach cuirtear iachall air glacadh leis an deoch feasa ó Dhoireann.

153), agus gur mar a chéile go feidhmiúil Doireann iníon Bhoidhbh Dheirg agus Iníon an Deirg Ghránna.

Thug an file Ultach a chum na trí rainn agus amhrán dár tús *A iníon tsuairc an chrutha ghlé* san 18ú haois ainm eile arís ar bhean an bhrait nuair a chuir sé an chomhairle seo a leanas ar chailín álainn éigin:

An brat sin Aoife Iníon an Deirg  
A choíche ná tairg a chur ort mar scáth  
Le cēasta a theannta fán bpíb nua,  
Ler tuilleadh fuath fá thrí do mhnáibh

A iníon is a charaid, ná taithighse choíche an tseilg  
Is ná lig ar th'amharc an eala chuir daoine i bhfeirg;  
Seach ní ar an talamh seachain, a chroí gan cheilg,  
An caoinbhrat tana bhí tamall ag Iníon an Deirg.  
(Ó Dochartaigh agus Ó Baoill 1996, 78; féach freisin  
Flower 1926, 133)

Cé go mb'fhéidir gur roghnaigh an file an t-ainm Aoife le comhardadh a sholáthar le *choíche* sa dara líne thuas as an saothar deireanach seo a bhfuil dáta cumtha sa bhliain 1775 luaite leis (Ó Dochartaigh agus Ó Baoill 1996, 121), luaitear, mar a léirítear thíos, ar a laghad Aoife amháin — máthair Fhraoich mhic Fhiodhaigh — a raibh baint aici leis an Dearg Dianscothach. Beagán le cois leathchéad bliain ina dhiaidh sin a scríobh an Luimníoch Eoghan Caomhánach an réamhrá lena chóip de 'Laoi an Bhrait' a bhfuil tagairt déanta agam cheana dó. Is i dTeamhair Luachra i gCúige Mumhan a tharla eachra an scéil. Tugtar cuntas ann ar stair an bhrait agus cé nach aon iontas mór é go ndúirt an Caomhánach go mba le 'Áine Chliach bentsídhe Chnuic Áine' [i gCo. Luimnigh] an brat, is féidir a thuiscint uaidh go raibh baint ag Bodhbh Dearg leis freisin. Ba le Maighréis, leannán Ridire na Gréine, taoiseach na hInnia an brat tráth agus thaispeáin sí é 'do Bhogha shoillsech agus do thugsan do bhuadaib do an té ag á mbiadh do choimét a lán iomlán óige agus nirt choidche' (O'Grady 1926, 680). Mar sin, fiú muna raibh baint ag a iníon leis de réir chuntas an Chaomhánaigh, is cosúil gur braitheadh ag tús an 19ú haois go raibh baint ag Bodhbh Dearg leis an ball éadaigh draíochta seo.

Is féidir a áiteamh i bhfianaise a bhfuil pléite thuas gur dóichí ná a mhalairt gur mar a chéile go bunúsach béithe seo an díoltais, Doireann iníon Bhoidhbh Dheirg AS agus Iníon an Deirg Ghránna/Aoife Iníon an



Deirg an bhrait. Spreag fonn díoltais iad. Bhí Doireann ag iarraidh a bheith ina leannán ag Fionn agus dhiúltaigh sé di. Bhain sí sásamh as. Bhí Blaoi ina leannán aige go dtí gur gineadh Oisín ach ní luaitear í féin ná Fionn le chéile ina dhiaidh sin. Má tréigeadh í bhí údar díoltais aici. Léireofar sa phlé ar Bhran gurb í máthair Oisín ba chionsiocair le bás Bhrain (féach Caibidil 11). Dhá réaladh ar leith ar an gcoimhlint idir tuismitheoirí Oisín atá in 'Laoi an Bhruit' agus sna scéalta faoi bhás Bhrain. Chítear dom gurb ionann ó thaobh feidhme agus ó thaobh bunúis de Doireann iníon Bhoidhbh Dheirg / Iníon an Deirg Ghránna agus máthair Oisín. Ní miste, mar sin, ag an bpointe seo trácht a dhéanamh ar iníonacha eile le Bodhbh Dearg agus ar a n-athair.

#### BODHBH DEARG AGUS A CHUID INÍONACHA

Riantar an gaol a bhí ag na Fianna lena chéile agus leis na Tuatha Dé Danann i dtrí cinn de laoihe atá i ndiaidh a chéile in DF (XLIV-XLVI) . Deirtear sa cheann deiridh acu seo gur clann dhá dheirfiúr iad Oisín agus Fiamhain mac Foraigh, agus, faoi mar atá luaite thuas, tugtar Cruithgheal ar mháthair Oisín:

Righlinn fionn ingean in Deirg  
mathair Fiamhoin lith gan ceilg  
Cruithgheal ingean Deirg go mblaidh  
mathair Oisín iolchrothaigh.

(Murphy 1933, 122, r. 2)

Muna mbeadh ann ach fianaise lom an dáin seo bheadh cathú ar dhuine ionannú a dhéanamh idir an Dearg a bhfuil iníonacha leis luaite ann agus an Dearg Dianscothach, athair Bhlaoi. Tá blúirín eile eolais againn faoi Fhiamhain, áfach, a chuireas cuma eile ar fad ar an bhfaisnéis atá sa laoi seo. I nóta in Harl 5280 deirtear: 'Fiamain mac Forai .i. Fiamhain mac Buidb deirg meic an Daghada a sid Fer Femhin.' (Flower 1926, 318: scríobhadh an lámhscríbhinn seo sa chéad leath den 15ú haois.) D'aistrigh Thurneysen an nóta seo go Gearmáinis ina phlé ar 'Die verlorene sage von Fiamain mac Foroi' ina *Heldensagen* ach d'admhaigh sé nach raibh a fhios céard a bhí i gceist leis (1921, 446)<sup>10</sup>. Níl aon chiall leis an nóta mar atá sé, arae ní hionann Foroi, athair Fhiamhain, agus Bodhbh Dearg. Ba de na

<sup>10</sup> Luaitear tagairtí d'Fhiamhain in Ó Briain 1977, 69-70. Féach freisin, Dobbs 1953, 45-6.

Tuatha Dé Danann é Bodhbh ach bhain Foroi le Clanna Dedaid (O'Brien 1962, 188).<sup>11</sup>

Chítear dom nach deacair ciall a bhaint as nóta Harl. 5280 ach leasú beag a dhéanamh air. Má ghlactar leis gur fágadh giorrúchán (i) ar an bhfocal iníon ar lár trí bhotún idir *mac* agus *Buidb* is éard atá againn: 'Fiamain mac Foroi .i. mac *ingine* Buidb deirg meic an Daghdha a sid Fer Femhin.' Réitíonn sé seo leis an bhfaisnéis sa laoi thuasluaite gurb í Righlín iníon Deirg máthair Fhiamhain agus, más ea, is ionann Dearg DF XLVI agus Bodhbh Dearg ar iníon eile leis, dá bhrí sin, Cruithgheal, máthair Oisín. Maidir le beirt mhac na mban seo deirtear in DF XLVI go mba 'imchian eatorra', arae bhain Fiamhain le ré na Rúraíochta. Cé go bhfuil na scéalta faoi Fhiamhain (*Forbais Dúin Binne; Aithed Mugaine re Fiamain; Echtra Fiamain*) imithe ar troigh gan tuairisc anois, tagraítear dó i sceálta eile de chuid na Rúraíochtaí (Thurneysen, 446; Dobbs 1953, 45-6). Tuairiscítear, mar shampla, in *Tochmharc Emire* go raibh Fiamhain ar dhuine den 'drem de láthaib gaile na hÉirenn' a bhí 'oc foglaim cless la Scáthach' (Van Hamel 1933, 49-50). Luaitear é freisin i bhfilíocht mholta an dána dhírih. Cuirtear Brian Mag Shamhradháin i gcomórtas leis sa 13ú haois (McKenna 1947, §3, 31), agus i ndán a cumadh idir 1566 agus 1576 cuireadh Riocard óg mac Uilleag de Búrca i gcosúlacht le Naoise agus Fear Diadh agus Fiamhain i ndeich gcinn de na rainn (Carney 1945, §7, rr 8-17). Luaitear Bodhbh féin sa Rúraíocht agus san Fhiannaíocht.

Tugann scéal in AS faoi iníon eile le Bodhbh spéachadh dúinn ar thuiscintí na n-údar fadó ar an gcoibhneas idir Clanna Mhíleadh agus na Tuatha Dé Danann. Bhí Pádraig agus Caoilte in Oil Finn. Ghluais Scothniam ingen Buidb Deirg meic in Daghdha léi as Uaimh Chruachan chucu le coibhche a bhí geallta di i bhfad roimhe sin a iarraidh ar Chaoilte. Chuir na cúrsaí seo iontas ar an naomh:

'Ingnad lind mar atchiamait sibh', ar *Pátraic* .i. inn ingen as í óc ildelbach 7 tusa, a Chailti,' ar *Pátraic*, 'at senoír chrin chrotach cromliath. 'Do fuil a adhbhur sin acum,' ar *Cailte*, '7 ní lucht comaimsire sind, 7 do Tuathaib dé Danann iss í 7 nemirchrachach iat sein, 7 missi do clannaib Miled, 7 dimbuan

---

<sup>11</sup> Réaladh eile an ngaol a bhí ag Oisín le Clanna Deadhaidh atá sa laoi seo, féach Caibidil 2.

irchradach iat.' (Stokes 1900, II, 3904-9; féach Ní Shéaghdha 1942a, 158)<sup>12</sup>

Is fiú aird a thabhairt ar rún na hiníne anseo. Coibhche a bhí uaithe agus tagann cúrsaí cleamhnais agus cúrsaí pósta chun cinn sách minic san ábhar faoi Bhodhbh agus a chlann iníon, nó san ábhar faoi mhná atá faoina chúraim.<sup>13</sup> Tá *Aislige Óenguso*, a bhfuil dáta cumtha san 8ú haois luaite leis, ar cheann de na scéalta is sine a bhfuil trácht ar Bhodhbh ann (Shaw 1934). D'inis sé d'Óengus mac in Dagda go mba í Caer Iborméith an bhean a chonaic sé ina aisling agus go mba í an bhean a bhí sé a thóraíocht. Chuir an t-eolas seo ar a chumas Óengus Caer a aimsiú. Mar sin, cé nach le Bodhbh féin í, tá baint mhór aige le réiteach an chleamhnais sa scéal. Tá ról cosúil leis seo aige in *Oidheadh Chloinne Lir* (Ua Ceallaigh 1927), scéal atá sé nó seacht de chéadta bliain níos óige ná *Aislinge Óenguso* (Carney 1955, 158). Nuair a bhásaigh bean Lir thairg Bodhbh duine dá thriúr comhaltaí, clann iníon Oilealla Árann, do Lir mar bhean chéile le cairdeas a cheangal leis de bhrí go raibh olc air gur thogh na Tuatha Dé Danann Bodhbh ina rí orthu. Shantaigh Lir féin a bheith ina rí orthu. Mar sin, baintear úsáid as an mbean agus as an gcleamhnas anseo le cairdeas a nascadh idir naimhde, faoi mar a dhéantar i gcás roinnte de na mná a luaitear ag tús na caibidle seo a bhí pósta le Fionn. Thug an bhean seo ceathrar clainne ar an saol do Lir ach bhásaigh sí ar thinneas clainne agus phós sé deirfiúr léi darb Aoife ina dhiaidh sin. Chuir Aoife clann Lir i riocht ceithre eala de bhrí go raibh sí in éad leo (Ua Ceallaigh 1927, 45). Meabhraíonn iompar Aoife iompar roinnt de chlann iníon Bhoidhbh dúinn. Ach an oiread le hAoife, bhuail racht éada cuid acu agus bhaineadar úsáid as a gcuid asarlaíochta le drochbhail a chur ar dhaoine. Chuir Doireann droch-chuma ar Fhionn siocair go raibh éad uirthi agus ba é an t-éad freisin a spreag iníon eile arís le Bodhbh, de réir DF XLIV, le Uirne a chur i riocht con agus í ag iompar clainne. Ba dheirfiúr le máthair Fhinn í an Uirne seo agus rugadh a clann, Bran agus Sceolang, nuair a bhí sí i riocht ainmhí (féach Caibilil 11).

Má dhiúltaigh Fionn do Dhoireann agus dá coinníollacha pósta mar a luaitear thuas d'fhaomh sé, de réir eachtra in AS1 agus AS2,

---

<sup>12</sup> Léitear 'do Tuathaib dé Danann issi' in ionad 'do Tuathaib dé Danann iss f'.

<sup>13</sup> Maidir le 'coibhche' (SG coibche) nó 'tochra', féach Kelly 1988, 72.

snaidhmeadh le Sathbh, le deirfiúr léi (Stokes 1900, 78-81; Ní Shéaghdha 1842b, 101-8). Ní luaitear sliocht ar bith a bheith orthu, agus bhásaigh Sathbh bliain nó mar sin ina dhiaidh sin. Tugann, mar sin féin, Patrick Kennedy Saav ar mháthair Oisín ina leagansan de bhreith Oisín, agus rinne roinnt tráchtairí de chuid an chéid seo caite talamh slán de gurb ionann Saav an Chinnéidigh agus Sathbh iníon Bhoidhbh Dheirg. Pléitear leagan an Chinnéidigh i gCaibidil 5, ach is leor a rá faoi ag an bpointe seo nach n-insíonn sé cé dár díobh í, ná ní luann sé foinse ar bith lena chuntas.

Ba é an fíoch bunaidh idir Clanna Bhaoiscne agus Clanna Mhorna ba chionsiocair le bás na Saidhbhe seo. D'fhág Fionn a nuachar ina dhiaidh i Sí na mBan nuair a chuaigh sé sa tóir ar Chlanna Mhorna a bhí ag foghail agus ag díbheirg air. Bhí Feardhomhan mac Boidhbh Dheirg in éineacht leis agus dúirt Fionn leis go gcuirfeadh sé fios ar Shadhbh ar fhaitíos go mba ail agus aithis léi a bheith ina éagmais le bliain. Cuireadh ceithre chomhalta a bhí ag Feardomhan agus ceithre chéad fear in éineacht leo go Sí na mBan le Sathbh agus a bantracht a thionlacan go dtí Fionn. Ní raibh Fionn ná na Fianna rompu ach ar shroicheadar an áit a raibh coinne acu leis. Tháinig Clanna Mhorna aniar aduaidh orthu san áit sin agus maraíodh lucht tionlactha na mban. Nuair a chonaic na mná an sléacht a rinneadh ar na fir a bhí leo: ' " ... tucsat a n-aichthi re lár 7 fuaradur bás d'uathbás ann: *conid de atá Tulach an banchuire ar in tulaig-se,*" ar Caoilte' (Stokes 1900, l. 2831-3).

Marú Fhindinne, iníon eile le Bodhbh Dearg, ba shiocair le bás a dearthár, an Feardhomhan. Mharaigh Conán í agus mharaigh an Feardomhan agus Conán a chéile i ngeall ar a bás. Bhí sí pósta le Conán, nó Conán Mael 'don Mhuigh' mar a thugtar air freisin (Stokes 1900, 52, tagairtí, ll. 1830 agus 1844 faoi seach).<sup>14</sup> Tugann an tagairt don Mhaigh, arb é Maigh Maoin i gConnachta atá i gceist, le tuiscint dúinn gurb é Conán Maol mac Morna atá i gceist agus sa dara tagairt don eachtra seo in AS1 luaitear: 'múrad talman ar Conán Mael mac Morna 7 Ferdoman mac Buidb tre bithin Findinni ingine Buidb (ll. 3985-7). Spreag an faltanas seo Sathbh, Sáraid agus Uchtdhealbh, triúr iníon le Bodhbh, le díoltas a

---

<sup>14</sup> Cuirtear cor san ábhar seo in AS2 mar tugtar Conán mac an Léith Luachra in ionad Conán Mael don Mhuigh ar an té a mharaigh an Feardomhan sa leagan den laoi atá sa téacs seo (Ní Shéaghdha 1942a, 219.) Is é an t-údar leis an mearbhall seo gur tugadh Feardomhan mar ainm eile i mball eile in AS2 ar Aodh Rinn mac Rónáin, námhaid Chonáin mhic an Léith Luachta (*ibid.*, 203). Tá cúlra na coimhlinte idir Aodh agus an Conán seo pléite ag Murphy (1953, 3-6).

bhaint amach i mbás a ndearthár ar roinnt de Chlanna Mhorna in eachtra a insítear in AB agus in AS2 (LMCR 196 b 43-196c 38; Ní Shéaghdha 1942b, 31-3). Is geall le lipéad é roinnt de na hainmneacha a thugtar ar na mná seo, arae an bhean a bhfuil cuntas ar a bás in AS1, Sadhbh, tá sí beo beathach, de réir na dtéacsanna seo, le díoltas a bhaint amach achar fada ina dhiaidh sin ar roinnt d'iarsma na Féinne a mhair in éineacht le Caoilte chomh fada haimsir Phádraig. Mar ba dhual do chlann infon Bhoidhbh, bhí ar a gcumas iad féin a chlaochló agus sa chás seo dhealbhaíodar iad féin i riocht trí agh allta agus mhealladar na seanfhéinnithe agus a gcuid con ina ndiaidh. Maraíodh a raibh ann de Chlann Mhorna in éiric a ndearthár ar an bhfiach seo, ach ní dhearna na mná sí dochar ar bith do Chaoilte ná d'Fhionnchadh de brí nár shíolraíodar ó Mhorna.

#### BODHBH DEARG MAC AN DAGHDHA AGUS OISÍN

Mheabhródh an bua a bhí ag iníonacha Bhoidhbh dul i riocht fianna le mealladh a bhaint as daoine an tagairt sa dá rann in LL go dtagadh Blaf chuig na Fianna i riocht eilite. Ach is léir ón méid atá sa chaibidil seo go roinneann máthair Oisín i bhfad níos mó ná bua seo an chlaochlaithe le clann iníon Bhoidhbh. Cuireann an leasú ar nóta Harl. 5280 ar ár gcumas a áiteamh gur iníon le Bodhbh Dearg í Cruithgheal de bhí gur deirfiúr léi Righlín an Deirg a luaitear in DF XLVI agus, dá réir sin, gurb é Bodhbh seanathair a mic Oisín de réir na bhfoinsí sin ar a laghad. Ní mór a admháil nach dtugtar, go bhfios dom, mac inghine Bhoidhbh Dheirg ar Oisín i bhfoinse ar bith dár scrúdaíos, ach os a choinne sin, is féidir a rá go sloinntear Oisín go hiondúil óna athair Fionn (Oisín mac Finn) agus, chomh maith leis sin, go bhfuil gach uile chosúlacht ar chúrsaí gurb ionann Bodhbh Dearg agus an Dearg Dianscothach agus gurb ionann an bheirt acu seo agus an Dearg a bhfuil tagairtí déanta dá iníonacha thuas. Dá mb'áil le duine conair ionannais an Rathailigh a shiúl (Ó Cathasaigh 1977, 13-7), b'fhurasta a áiteamh nach bhfuil i mBodhbh Dearg ach cuid eile de chothromóid an Daghdha. Nó mar atá ráite ag M.-L. Sjoestedt:

The other gods of the Tuatha, king Nuada, the champion Ogma, and the local chieftains, each of whom reigns over a separate domain and commands his own troops, as, for example, Midir of Brí Léith in County Longford, or Bodb of Sídh ar Femen in Tipperary, all these represent merely variants, more or less individualized, of the type of the Chieftain-God (1949, 45).

Ní hé an oiread sin scagtha atá déanta go nuige seo ar ról ná ar ionad Bhodhbh Dheirg sa ghréasán gabhlánach scéalaíochta a cumadh faoin gcumarsáid a bhí ag na Tuatha Dé Danann le laochra den chine daonna. Le tábhacht an ghaoil a bhí aige le hOisín a mheas ní foláir súil a chaitheamh ar an ionramháil a rinneadh air sa traidisiún liteartha. Shíl an t-aos léinn a mhúnlaigh *Leabhar Gabála Éireann* a bhunadh a cheilt, sách místuama i ndáiríre, nuair a thugadar 'Bodb Sída ar Femen mac Echach Gairb meic Duach Temin' air (LL, l. 1185). Eochu/Eochaid Ollathair ab ainm d'fílis don Dagda féin (féach LL, l. 1106), agus tugtar Bodb Derg mac in Dagda air go rialta in AS (féach an innéacs in Stokes 1900, 350).

Bhí an cumas céanna claochlaithe ag Friuch, muicí Bhoidhbh, agus ag a chéile comhraic Rucht as Síd nOchail, nó Síd Cruachan mar a thugtaí air freisin, agus a bhí ag iníonacha Bhoidhbh. De réir *De Cophur in Da Muccida* (LL, ll. 32930-3041), chuadar in ilreachta ag comórtas lena chéile agus chin an Donn Cuailnge agus an Finnbheannach Aí uathu nuair a bhíodar i riocht dhá dhoirb agus, dá bhrí sin, murach an dá mhucí seo ní bheadh na tairbh a tharraing an t-achrann ba chúis le *Táin Bó Cuailnge* ar ann!

Cuma i bhfad níos oilbhéasaí atá ar mhucí Bhoidhbh in *Togail Bruidne Da Derga*. Dúirt Ingcél ina thuirisc ar lucht na bruíne go bhfaca sé 'fer tuadcháech co súil millethaig cend mucce lais for tenid os sí oc sírégim' sa bhruíon (LU l. 7843) agus ba éard a dúirt Fer Rogain faoi: 'Nár Túathcháech sain muccid Boidb a Síd ar Femen nach fled oca rabi riam dodórted fuil occe.' (LU l. 7846-7). Cé go meabhródh Nár Túathcháech Goll mac Morna dúinn, ar laochra caocha iad beirt, b'fhéidir nár cheart an mucí sí seo a dhealú ón gCúl Dubh a luaitear in 'Finn and the Man in the Tree' agus *Tucait Faghála in Fesa do Finn in-so ocus Marbad Cúil Duib*, dhá scéal a luaitear dáta san 8ú haois leo (Meyer 1904, 344-6 agus Hull 1941, 329-33 faoi seach; dátaíocht, Meyer 1910, xviii; Hull 1941, 323 agus Murphy 1953, 441). Bhain Cúl Dubh le Síd Fer Femen agus ghoid sé muc/muca ó na Fianna. Lean Fionn sa tóir air agus chaith sé sleá ina dhiaidh nuair a d'éalaigh sé uaidh isteach sa sí. Maraíodh Cúl Dubh ach nuair a shíl Fionn dul isteach ann ina diaidh, dúnadh an doras ina choinne agus fáisceadh a ordóg idir an ursain agus comhla an dorais.

Phléigh T. F O' Rahilly an dá scéal seo in 'The wisdom of Finn' in *Early Irish History and Mythology* (1946, 326; féach freisin 123, agus fonóta 6). Tugann sé *the lord of the síd* ar Chúl Dubh (333) agus deir sé gur leaganacha iad den scéal faoin gcaoi a bhfuair Fionn an ceann is fearr ar

Dhia an Alltair .<sup>15</sup> Dá nglactar le tuiscint an Rathailigh ar na cúrsaí seo, d'fhéadfaí cothromóid den chineál seo a leanas a chumadh: más é Cúl Dubh 'the lord of the síd' is ionann Bodhbh Dearg agus Cúl Dubh moccu Birgge (*mac hui Birgge* sa lámhscríbhinn, Meyer 1904, 344). Ach ní fhágann an léamh dénártha seo ar fhuíoll miotaseolaíochta na seanreachta slí do choimlintí le híochtaráin an tsí. Níl aon fhianaise go mba le Cúl Dubh nó le Nár nó le Friuch Sí na mBan.<sup>16</sup>

Ba áit mhór shíúil é Síd na mBan a raibh lárionad aige san Fhiannaíocht riamh anall ó ré na Sean-Ghaeilge anuas go dtí traidisiún béil an 19ú haois (Dunne 1850). Is cosúil go ndearnadh saothrú luath go maith sa litríocht scríofa ar ábhar Fiannaíochta sna bólaí sin, arae baineann cuid thábhachtach de na téacsanna Fiannaíochta is sine dá bhfuil againn, 'Finn and the Man in the Tree', *Tuait Faghbála in Fesa do Finn in-so ocus Marbad Cúil Duib agus Bruiden Átha Í* (Hull 1941, 322-9) le heachtraí a tharla i limistéar an tsí seo. Luaitear an dáta cumtha céanna leis na scéalta seo agus le *Aislinge Óengusa*. Tugtar 'ríg síde Muman' ar Bhodhbh sa téacs seo agus bhí cónaí air de réir eagrán normálaithe Shaw i Síd al Femen.<sup>17</sup>

Tá fianaise ann go luaití dlínse níos leithne ná cúige Mumhan le Bodhbh tráth agus go raibh baint aige féin agus ag a chlann le háiteanna eile in Éirinn. Bhí, mar a thuairiscítear thuas, baint ag Scothniamh, iníon leis, le hUaimh Chruachan i gCúige Chonnacht. Luaitear Bodhbh Derg mac in Daghdha le Sídh an Bhrogha sa dinnseachas in AS faoi Dhún Ard Ruidhe (Stokes 1900, 11-4; Ní Shéaghda 1942a, 31-9). Tháinig sé i modh fíorshuntasach go dtí triúr mac Luigdech Mind meic Aengusa tar éis dóibh troscadh a dhéanamh le Tuatha dé Danann 're rath críchi 7 forba 7 ferainn 7 re maithius máinech móradhbhul d'fagbáil uatha' (Stokes, ll. 377-9). Bhí 'Assa findairgit ima chois, 7 in cos tecmad re talmain dó is uimpi ro bui in t-assa, 7 ní benadh a cruindiucc don rindiuc .i. a drucht do barr an

---

<sup>15</sup> Tá sainmhíniú ag an Rathailleach ar an rud a thuigeas sé le *Otherworld-god* agus ar a choimhlint leis an laoch in O'Rahilly 1946, 328.

<sup>16</sup> Mheabhródh an t-ainm Dubh Dromán, duine d'iarsma na Féinne a chuaigh go Sídh Buidhbh de réir AB agus AS2, an t-ainm Cúl Dubh do dhuine, féach de hÍde 1925, 86, 88; Ní Shéaghda 1942a, 7, 9.

<sup>17</sup> Maidir le foirmeacha an logainm seo, féach Shaw 1934, 119.

feóir' (Stokes 1900, ll. 384-6; féach Ní Shéaghdha 1942a, 33).<sup>18</sup> Dúirt sé leo go mba as an mBrugh 'braenach breacsholus' in aice leo é.

Is inbhéartú follasach é an scéal a insítear faoi thriúr mac le Bodhbh a bhí ina gcónaí 'isin Brug brecsolus' ar an scéal thuasluaite faoi thriúr mac Luigdech Mind meic Aengusa a bheith ar iarraidh fearainn (Stokes 1900, l. 2715-36; Ní Shéaghdha 1942b, 94-5). Tharla imreasán idir Bhodhbh agus a chlann mhac agus chuir sé faoi ndeara dóibh imeacht leo as an mBrugh agus fearann a iarraidh ar Chormac mac Airt. Fuaireadar talamh uaidh agus d'fhanadar leis nó go bhfuair Cormac bás ag Ráith Spealáin i mBreaghaibh.

Is é an cur síos céanna, geall leis, atá ar an mBrugh i gcuntas ar an gcaoi ar fhuadaigh Slat agus Mumhain, dhá iníon le Bodb Derg mac in Dagda, Áed mac Echach Leithdeirg, mac rí Laighean, as 'dochum in Brogha breccs olais', áit ar chaith sé achar trí bliana go dtí gur éirigh leis éalú uathu (Stokes 1900, 4080-100; l.4093). Pléitear an grá a bhí ag iníon eile le Bodhbh, Ailleann Ilchrothach/Aillenn Fhialchorcra, d'Áed mac Muireadaig meic Fínnachta, rí Chonnacht, i scéal tábhachtach a léiríof teagasc na hEaglaise Caitlicí — trí phearsa Phádraig — faoi chúrsaí pósta (Stokes 1900, 176-8 agus 219). Tháinig Ailleann anoir chuig Áed go Dún Léoda Loingsig i gCúige Chonnach 'assin brug breccs olus' (6367). Bhí Áed pósta cheana féin le bean dhaonna agus nuair a bhásaigh sí phós sé Ailleann agus de réir AS ba é seo an chéad lánúin a phós an naomh 'amal airmid udair' (Stokes, 7833).<sup>19</sup> Tugann an buafhocal *ilchrothach* a luaitear le hAilleann cumas claochlaithe iníonacha Bhoidhbh chun cuimhne.

---

<sup>18</sup> Seo sampla den mhóitíf 'fear an aonchuaráin', féach Mac Cana 1973. Chuaigh friotal na tuairisce seo i bhfeidhm ar Aogán Ó Rathaille, féach O'Rahilly 1950.

<sup>19</sup> Baineann an scéal tábhachtach seo leis an gcuid deiridh de AS. Tugtar leide dúinn ann gur le linn do Chonnachtaigh a bheith ina n-ardríthe go bhfreasabhra, nó go gairid ina dhiaidh sin, a cuireadh AS, nó leagan de, le chéile. Chomh maith le teagasc na hEaglaise faoi chúrsaí pósta agus adhaltranais, tá tagairtí folaithe ann do chúrsa comhaimseartha na hÉireann sa 12ú hAois. Nuair a d'éiligh Beineon 'luach in posta' ar Aed gheall rí Connacht rogha baile '*cacha* tuaithe o Leic Lomenaig – rissa raiter Luimnech –, co Leic Essa Ruaid' don naomh. Is é sin le rá go raibh an rí in ann talamh i dTuamhain a bhronnadh air de bhúochas na mBrianach chomh maith le talamh in íochtar Chonnacht. Gheall Pádraig mar luach uaidh dó 'tri rig do gabail Eirenn uaithib, 7 rath Eirenn fo deired acco gan dibaid' (Stokes, 7835-9). Ba é Toirdhealbhadh Ua Conchubhair, Rí Chonnacht, an chéad duine de Shíol Muireadaigh (maidir leis an ainm seo agus ainmneacha ríthe eile in AS, féach Ó Briain 1989, 185) a bhí ina ardrí Éireann (1121-1156) agus ba é a mhac Ruaidhrí an t-ardrí deiridh (1166-1186). Níor tháinig an tuar riamh faoin tairngreacht maidir leis an tréimh rí. Ní mé nach é Cathal Croibhdhearg (+1224) an tairngearthead seo?

Maidir leis an scéilín féin, tá cosúlacht ag an gcaoi ar tháinig Aillenn i láthair Áeda leis an gcaoi ar tháinig an bhean sí chuig Condla mac Cuinn sa scéal *Echtra Condla*



Deirtear in AS gur tugadh ríge Thuath Dé Danann do Bhodhbh 'ic in brug braenach brecsolus' (Stokes, 5072-3) agus luaitear é a bheith ina rí orthu i bhfoinsí eile, in *Oidhe Chlainne Lir* agus in *Altrom Tighe Da Mheadar* (Duncan 1932, 188), mar shampla. Cé go bhfuil dlúthbhaint ag Bodhbh le Síd al Femen arb ionann é agus Síd na mBan ar Shliabh na mBan, ní miste a mheabhrú go raibh Feimen eile ann i mBreaghaibh, an ríocht a raibh Brú na Bóinne suite ann (Ó Corráin 1971, 96-9). An bhféadfadh sé nach bhfuil sa bhaint atá ag Bodhbh le Síd al Femen na Mumhan ach réaladh tánaisteach áitiúil ar an mbaint a bhí aige le Feimen i mBreagha? Níl an oiread sin tagairtí ann do Femen i mBreaghaibh agus baineadh míthuiscint as cuid acu sna hannála. Is é an fáth a bhfuilim go dtí seo, treoraíonn an fhianaise seo uilig, an bhaint a bhí aige le Sí an Bhrogha agus an ceannas a ghlac sé ar na Tuatha Dé Danann, sinn i leith na conclúide gur réaladh faoi ainm eile é Bodhbh ar An Daghdha.

Níor thug lucht múnlaíthe an tseanchais atá i *Lebor Gabála Éirenn*, ná a leithéidí, mórán airde ar Bhodhbh agus is mó go mór an cháil a bhí riamh anall ar a leathbhreac baineann Badhb, arb ionann sanasaíocht dá n-ainmneacha. Síolraíonn ainmneacha na beirte ó SG 'bodb'/'badb' a shainítear mar *scald-crow* in *DIL* (s.v. badb; féach feisin Thurneysen 1921, 63). Is ionann sanasaíocht do na hainmneacha seo agus d'ainmneacha a bhí in úsáid ag Ceiltigh na Mór-roinne mar atá léirithe ag Helmut Birkhan (1970, 487-514). Cruthaíonn fianaise na Mór-roinne gur baineadh úsáid as \*boduos (firinscneach)/\*bodua (baininscneach) mar mhíreanna in ainmneacha comhshuite fir agus mná. Glacann Birkan leis gur forás tánaisteach atá sa bhrí *Schlachtkrähe* ['badhbh chatha'] agus gur chiallaigh an focal 'bodua' *Kampf* ['cath'] i dtús báire (503, agus tagairtí i bhfonóta 1514; féach freisin Olmsted 1994, 411).

#### OISÍN, AN DEARG DIANSCOTHACH AGUS BODHBH DEARG

Má chuireann DF xlvi agus gluais leasaithe Harl. 5280 ar ár gcumas a áiteamh gurb ionann Righlín iníon an Deirg DF agus Iníon Bhoidhbh Dheirg na gluaise, fágann sin gurb ionann Cruithgheal iníon [Bhoidhbh] Dheirg DF agus Bláí Deirg/Bláí iníon an Deirg Dhianscotaigh. Má tá an scéal sin amhlaidh, is féidir a rá go mb'ionann tráth éigin an Dearg

---

*Cháim meic Cuinn Chétchathaig* (LU, 9991-10062). Ní fhaca duine ar bith ach Condla an bhean agus cé go raibh maithe a mhuintire in éineacht le hÁed ní fhaca duine ar bith acu í ar dtús ach an rí.

Dianscothach agus Bodhbh Dearg — go ndearnadh ainm neamhspléach as an aidiacht 'dearg' a cháiligh Bodhbh. Tá roinnt cosúlachtaí bunaidh acu lena chéile.

Luaitear Bodhbh Dearg, mar atá léirithe thuas, go minic le Brugh na Bóinne. Bhí baint ag an Dearg Dianscothach agus ag a iníon le Sídh Ochta Chleitigh sa taobh céanna tíre. Tuairiscítear in AS1 go ndeachaigh Oisín 'co Sídh Ochta Cleitigh, bhail a raibhe a mháthair .i. Bla inghen Déirc Dhianscothaig' (Stokes 1900, l. 50-2) agus i gcuid de AS2 nach bhfreagraíonn do AS1 insítear gur airigh Oisín 'a chomhdhalta carrthannach 7 a bráthoir bunaidhchineóil, .i. Dearcc mac Eóghain' uaidh agus go ndeachaigh sé ar cuairt chuige go Sídh Ochta Cleitigh (Ní Shéaghdha 1945, 83). Tugtar Sídh Cleitigh ar an sí seo freisin in AS2 (115-6) agus déantar an t-ionannú seo a leanas agus in AS2: 'Sídh Deirc re ráitear Cleiteach' (Ní Shéaghdha 1942b, 32; agus in AB, LMCR, 196c 22). Chuir Manannán agus é ag dáileadh síthe ar Thuatha Dé Danann 'Derg Diansgothach co Sidh Cleitidh' de réir *Altram Tige Da Medar* (Duncan 1932, 188).

Rinneadh tagairt thuas do bhás Chormaic mhic Airt i Ráth Spealáin. Tuairiscítear i bhfoinsí eile gur éag sé i gCleiteach nó i dTigh Cleitigh arb ionann é is cosúil agus Ráith Spealáin (O'Rahilly 1946, 138). Maraíodh Muirchertach mac Erca i gCleiteach freisin (Ní Dhonnchadha 1964, xv; Byrne 1973, 100) agus is fiú an cuntas seo a leanas as an Leabhar Eoghanach in *Leabhar Chloinne Aodha Buí* a lua, mar b'fhéidir go seolfadh sé ar ais sinn i dtreo an Deirg Dhianscothaigh.<sup>20</sup> Tuairiscítear faoi Mhuircheartach gur thug sé 'ar Laighnibh Teach Cleitigh do dhéanamh i nDruim Fraoich for brú Bóinne, agus a dhéanamh de dharaibh ...' (Ó Donnchadha 1931, 15; féach freisin 119, r. 117). Meabhraíonn an logainm Druim Fraoich dúinn go raibh baint ag Fraoch mac Fiodhaigh de réir na laoi dar teideal 'Carn Fraoich soitheach na saorchlann' leis an Dearg Dianscothach mar gurb í Aoife iníon an Deirg Dhianscothaigh a mháthair (Carney 1952, 159, r. 10). Agus fiú mura raibh baint ag Druim Fraoich le Fraoch mac Fiodhaigh, ní miste a tabhairt faoi deara gur chin laoch cáiliúil

---

<sup>20</sup> Bansíogaí chumhachtach as 'Síth Ochta Clithigh' a thairngir oidheadh Choinn in *Oidheadh Chuinn Chéadchathaigh* (Breatnach 1996, 94-6). Tráthúil go leor, tugtar Roithniamh inghean Umhaill Uarchoraigh uirthi, ainm atá roinnt cosúil le Scothniamh, ainm duine d'iníonacha Bhoidhbh a bhfuil tagairt déanta di thuas. Is cuid suntais go bhfuil baint de chineál éigin ag Cleiteach le bás na n-ardríthe seo.

de chuid na Rúraíochta ó iníon leis an Dearg Dianscothach faoi mar a chin laoch eile acu, Fiamhain mac Foroi, ó iníon le Bodhbh Dearg.

Más féidir glacadh leis an áiteamh thuas gurb é an neach céanna faoi chló ainmneacha éagsúla atá i gceist leis an Dearg Dianscothach agus Bodhbh Dearg, is féidir céim eile ar chosán an ionannais a shiúl agus a áiteamh gurb ionann iad beirt ó bhunús agus an Daghdha. Ach an oiread leis an ainm an Daghdha, ar léir gur teideal ó cheart ar an bpríomhdhia é, is cur síos buafhoclach é 'Dianscothach' a shainítear mar *of hasty words(?)* in *DIL* (s.v. dían). Deir an Rathailleach go gcáilíonn an buafhocal *Dian* ainm an Daghdha go minic (1946, 469). Tugann an fhianaise uilig atá meáite againn sa chaibidil seo le tuiscint dúinn gurb ionann ó bhunús an An Daghdha, Bodhbh Dearg agus an Dearg Dianscothach agus gur féidir a áiteamh, dá bhrí sin, gur chin Oisín trína mháthair ó phríomhdhia Thuatha Dé Danann. Ní hionann sin agus a mhaíomh, ar ndóigh, go mba léir go comhfhiosach dóibh siúd a bhí ag saothrú na dtéacsanna atá pléite sa chaibidil seo go raibh an snáithe gaoil seo ag Oisín leis an Daghdha, ach is snáithe é atá ag dul siar i bhfad in uige an traidisiúin as ar fhás an Fhiannaíocht. Chin Fionn freisin ó cheann de dhéithe móra na Tuaithe Dé danann, arae b'iníon le Tadhg mac Nuadhat í a mháthair (féach Caibidil 11).

Luadh ag tús na caibidle seo go raibh nós ag Fionn cleamhnas a shnaidhmeadh le heascairde leis. Ba mhínic é féin agus na Tuatha Dé Danann in árach a chéile, ach ina ainneoin sin duine acu a bhí i máthair a mhic. Is éard a dúirt Míodhair mac an Daghdha faoi phósadh den chineál seo idir fir dhaonna agus mná neamhshaolta: '...is tré mhnáibh fogheibhtheas rath 7 ro-chonāch, uaisle 7 ro-aireachos do shīor.' (Ní Shéaghdha 1942a, 35)

## CAIBIDIL 4: COIMPEART OISÍN—FOINSE ÉIREANNACHA I

*Síl Adaim is Eua ailli*

*aisneidfet a mbantrocht becht*

(Gilla Mo Dutu, LL, ll. 16437-8)

### BLÚIRE BANSEANCHAIS

Is fánach an chaoi ar tháinig sé anuas chugainn i bhfoinse aonair de chuid na Meán-Ghaeilge gur gineadh Oisín nuair a bhí a mháthair i riocht fia. Murach an blúire de bhanseanchas a bhreac duine de scríobhaithe Leabhar na Nuachongbhála (LL) ar chiumhais uachtair leathanach 164a sa lámhscríbhinn sin, ní móide go samhlófaí le roinnt mhaith de lucht an léinn le céad bliain anuas go bhféadfaí éirim na gcuntas ar choimpeart mhínádúrtha Oisín, idir chuntais as Éirinn ón 18ú haois i leith agus chuntais as Albain ón 19ú haois, a rianú siar sé nó seacht de chéadta bliain ó na cóipeanna is sine de SOO go dtí ré na Meán-Ghaeilge. Tá sé ag lúf le réasún nach bhfuil sa dá rann deibhí in LL faoi choimpeart an laoi seo againne ach achoimre fhileata ar thraidisiún atá níos sine ná iad. Ina dteannta ar cholbha an leathanaigh céanna tá dhá rann eile, ceann acu ina luaitear roinnt de dhionna Éireann agus sa cheann eile luaitear oidhe Fhinn. B'fhéidir gurb í an aiste fhileata a luaitear le Mael Mura (+887) faoi dhinnseanchais Átha Liac (LL 21764-836; Gwynn 1924, 36-9), a bhfuil cuid di ar an leathanach céanna, a spreag an scríobhaí leis na rainn bhreise seo a chaomhnú, arae is ábhar Fiannaíochta atá sa laoi dinnseanchais. Seo mar atá na rainn faoi choimpeart Oisín sa lámhscríbhinn.

Mathair Diarmata on Daíl  
ingen Churraig meic Chathair;  
is Blai Derg din Banbai braiss  
*mathair* Ossine amnaiss.

Ticed i rricht eilte  
hi comdail na díbergge;  
co ndernad Ossine de  
ri Blai nDeirgg i rricht eilte. [LL, ll. 21821-8]

[Is í iníon Churraigh mhic Chathaoir máthair Dhiarmada ón Daol, agus is í Blaoi Dhearg as an mBanbha mhór máthair Oisín amhnais.

Thagadh sí i riocht eilite i gcoinne na ndíbhheargach, gur gineadh Oisín ar gcaoi sin, le Blaoi Dheirg [agus í] i riocht eilite.]<sup>1</sup>

Luaigh Kuno Meyer (1910, xxvi) dáta cumtha sa 11ú haois leis an dá rann thuas agus leasaigh sé an chéad líne sa dara ceann acu mar seo a leanas: 'Ticed [Blai] í richt eilte' (Thagadh Blai i riocht eilite). Spreag cúinsí meadarachta Rolf Baumgarten (1987, 5) le leasú de chineál eile ar an líne seo a mholadh. Dar leis is éard ba cheart a bheith ann: 'Ticed i rricht eilte [ille]' a d'aistrigh sé mar seo a leanas: *She used to come hither in the shape of a deer*. Mar is léir ón tríú líne sa dara rann thuas, ghlac M. A. O'Brien agus R. I. Best, eagarthóirí na coda seo de LL, leis gur ainm dflis atá sa líne seo. Sin mar a ghlac Meyer leis freisin. Munarb ionann agus iad chítear do Baumgarten nach amhlaidh atá, ach gur gnáthainmfhocal atá ann agus d'aistrigh sé an líne mar seo a leanas: *so that thereof a fawn (oisin(e)) was begotten*. Is é an t-údar atá aige le caitheamh leis an líne seo ar an gcaoi sin go bhfeictear dó go léirtear feidhmiú sanasaíoch sa rann seo: ... *it explains the name of her son Oisín from the fact that, when Blai conceived in the shape of a deer, she conceived a fawn (oisín)*. Cé go bhfuil imeartas focal anseo d'aon uaim idir 'oisíne' (lao) agus an t-ainm dflis Oisíne, bhí Blai i riocht eilite nuair a coimpríodh Oisín agus caithfidh sé gur gin dhaonna a bhí ina broinn, mar ní fia a bhí in Oisín ach duine. Is fia í máthair Oisín de réir SOO agus is fia í freisin de réir foinsí as Albain (féach Caibidil 6 agus 7 faoi seach), ach is léir gur toircheas daonna é an mac a d'iompair sí.

Dá ghiorracht d'fhoirse an dá rann thuas as LL is féidir roinnt eolais a dhiúl astu faoi Oisín, agus go deimhin féin faoi Dhiarmaid freisin. Tá aontacht áirithe iontu. Ar an gcéad ásc, ní gan údar a luaigh an file Blaoi agus [Cochrann/Crochnaid] iníon Churraigh i dteannta a chéile, arae bhí baint mhór ag Oisín leis an mbeirt acu. Ba í Blaoi a mháthair agus ba í Cochrann/Crochnaid máthair a mhic Oscar.

Iníúchtar fianaise an dá rann seo faoi choimpeart Oisín i gCaibidilí 13 agus 14, agus pléitear ainmneacha agus cúlra mháthair Oisín i gCaibidil 3, ach ní miste aird a dhíriú ar na sonraí seo a leanas faoi Bhlaoi anseo

---

<sup>1</sup> Aistrithe go Béarla, O'Grady 1892, 522; Christiansen 1931, 13, nóta 5 (an dara rann acu); Cross 1919, 159; Nagy 1985, 95; Baumgarten 1987, 4-5; Ó hÓgáin 1988, 78 (an dara rann acu); Ó Briain 1993, 465-6. Níor aistrigh Meyer iad.

thíos. Ainmnítear faoi dhó í sna rainn agus deirtear go mba as Banbae í sa chéad cheann acu. Aistríodh 'Banbai braiss' mar *rushing Banba* ag O'Grady, *swift Banba* ag Cross agus *great Banba* ag Baumgarten. Cé gur ainm fileata ar Éirinn le fada an lá é Banbha sílim nach bhfuiltear ar tagairt don tír uilig sa rann seo, ach don cheantar arbh fhearr aithne sa seanreacht air mar Mhagh Breagh, ceantar a fhreagraíos do chuid mhaith de Cho. na Mí an lae inniu (O'Brien 1923, 330): Ba sa cheantar seo a bhí Sídh Ochta Cleitigh a luaitear le máthair Oisín in AS (Stokes 1900, ll. 50-1, féach thíos). Tugann an aidiacht *amnas* (*DIL*, s.v. *amnas, strong, hard, rough, cruel*) a cháilíos ainm Oisín sa chéad rann eolas dúinn faoina thréithe, comharthaí sóirt an fhéinní. Níl aon tagairt d'Fhionn iontu ach níor ghá go mbeadh, arae b'eol go maith i gcónaí gurb é athair Oisín. Ní luaitear Fianna Fhinn as a n-ainm anseo ach an oiread, ach is léir gurb iad an bhuíon díbheirgeach a bhí i gceist agan bhfile.

Ní gan chúis a luaitear máthair Dhiarmada i leathrann tosaigh an chéad rainn thuas, arae b'as an mbroinn chéanna do Dhiarmaid agus d'Oscar mac Oisín. Ba í iníon Chuirrigh/Churraigh mhic Cathaoir a máthair. Chin a hathair Cuirrech, nó Cuirrech Lifi (Líphi) mar a thugtar air freisin, ó Chathair Már, ceap sinsear na Laighneach. Tagraítear don ghaol seo agus don fhaltanas a bhí ag Fionn dá muintir mar seo a leanas sna ginealaigh: i Rawl. B 502:

*Cuirrech mac Cathair, díbad a chland ar non habuit nisi unus filius Slechtaire qui cecidit la Find & una filia id est Cochrann māthair Diarmada meic Duib m. Duibne &rl. (O'Brien 1962, 45)<sup>2</sup>*

Mar bhreis ar an méid thuas deirtear i Leabhar Leacáin gurb í Cochrann máthair 'Oscair meic Oisín' í. Réitíonn an t-eolas seo le leagan amháin den bhanseanchas próis, áit a dtuairiscítear gurb í 'Cochrand ingen Chuirrig m. Cathair m. Fheidlimig Fhirurghlais, mathair Diarmada hi

---

<sup>2</sup> Is ceann de théamaí bunaidh na Fiannafochta sa luathré an seanfhala a bhí ag Fionn agus ag Cuirrech gona chairde gaoil dá chéile. Léirítear gnéithe den fhala seo in *Bruiden Átha hí*, scéal a breacadh síos san 8ú haois (Meyer 1893, 241-9; Hull 1941, 322-33; pléite ag Baumgarten 1987, 7-17). Ba mhac máthar an Cuirrech seo do Fhothad Canainne, duine de phríomhnaimhde Fhinn (féach Caibidil 1). Mharaigh Cuirrech Dub ua/mac Duibne, fear a iníne, Crochnaid. Mharaigh sé Badamair, comhalta an Duib seo freisin. Bhí Badamair ar dhuine de na mná a bhí pósta le Fionn. Bhain Fionn a cheann de Chuirrech mar dhíoltas agus sin an t-údar atá leis an logainm Cenn Cuirrig. Freagraíonn an t-aighneas idir Cuirrech agus a chliamhain Dub don aighneas idir Tadg mac Nuadat agus a chliamhain Cumall. Maraíodh na cliamhaineacha ach mhair na hoidhrí óga, Fionn agus Diarmaid.

Duibni & Oscair m. Osain.' (Dobbs 1931, 177). Tugtar Crochnaid uirthi i bhfoinsí eile. I laoi faoi mháithreacha na Féinne in DF deirtear gurb iad 'Diarmaid uallach is Osgar' 'da mac Crochnaide caise' (XLII, 14, Murphy 1933, 104).<sup>3</sup> Bhain an té a chuir *Tóraigheacht Taise Taoibhghile* le chéile sa 16ú haois, is cosúil, úsáid as an eolas seo i laoithe sa saothar fada próis seo. Tugtar 'mac caomh Cróchnaide' agus 'a mhic Chrochnaidhe caoimh' (Ní Mhuirgheasa 1954, l. 2924 agus l. 5244 faoi seach) ar Oscar agus tugtar mac Cróchnaide ar Dhiarmaid i laoi eile sa saothar seo (l. 4436). B'eol don té a chuir *Tóraigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* le chéile go raibh gaol gar ag an mbeirt le chéile. Tugtar 'Crochnad inghean Churraigh Lifthe' ar mháthair Dhiarmada sa saothar seo agus de bhrí go raibh a fear, Donn ó Donnchadha, agus Fionn in árach a chéile ghlac Aonghas an Bhrogha cúram an leinbh Diarmaid air féin nuair a rugadh é. (Ní Shéaghdha 1967, 84). Oileadh Diarmaid i dteach Aonghusa i mBrugh na Bóinne, agus ní miste a mheabhrú gur bhain Blaoi le Sídh Ochta Cleitigh sa cheantar céanna agus gur fhill Oisín de réir AS ar a dhúchas máthartha nuair a thug sé cuairt ar an sí seo i ndiaidh dó scarúint le hiarsma na Féinne (Stokes 1900, ll. 50-1). Baineadh earraíocht mhaith as an ngaol seo idir an bheirt sa chuntas ar bhás Dhiarmada, arae agus é ag bagairt báis ar a sheanathair dodach deir Oscar: 'A Fhinn,' ar sé, 'an fhuil a fhios agad gurab goire mo ghaol féin do Dhiarmaid ó Duibhne ná duit-si, 7 nach leigfinn leat gan deoch do thabhairt dó.' (Ní Shéaghdha 1967, ll. 1653-5)

---

<sup>3</sup> I rann 10 sa laoi seo deirtear gurb í 'Lathoirt inghean Dhá Neasa' mathair Oscair. Mar atá ráite ag Murphy, is leagan méadaithe é leagan DF de laoi faoi mháithreacha na Féinne a bhfuil an leagan is sine de in AB i Leabhar Mhéig Charthaigh Riabhaigh ( Murphy 1955, 100). Síolraíonn an leagan den laoi atá in AS2 ó AB (Ní Shéaghdha 1942b, 57-9).

## CAIBIDIL 5: COIMPEART OISÍN — FOINSÍ ÉIREANNACHA II

*Toute l'histoire d'Oisín reste marquée par l'événement de sa naissance et par le fait qu'il a eu une mère transformée en biche, une mère appartenant de ce fait à l'autre-monde. (Jean Markale 1973, 135)*

PATRICK KENNEDY AGUS 'THE YOUTH OF OISIN'

Chuir Patrick Kennedy (1801-73) scéal faoi ghiniúint agus óige Oisín, PK 1, i gcló ina *Legendary Fictions of the Irish Celts*. Foilsíodh an chéad eagrán den saothar seo sa bhliain 1866, agus an dara ceann sa bhliain 1891. Is fianaise é an sliocht thuas as saothar le Jean Markale ar an tionchar mór a bhí ag leagan Kennedy ar ar scríobhadh faoin ngné seo de shaol Oisín. Seo mar atá an scéal aige:

### The Youth of Oisín

As the Fianna were one day returning from the chase, a beautiful fawn was started, which fled towards their own dun. At last all had fallen back, both men and dogs, except Fion and his two favourite hounds. Sweeping along a valley-side the animal suddenly ceased her flight, and lay down on the smooth grass. Fion was amazed at this, but much more when he saw the hounds frolic round her, and lick her face and neck and limbs. To kill so beautiful and gentle a beast under the circumstances was out of the question. She followed him home, playing with the hounds, and was housed in Almuin that night.

When Fion was left alone late on that evening, a woman of fair features and rich dress presented herself before him, and declared herself the hunted fawn of that day. 'For refusing the love of the Danaan Druid, Fear Doirche,' said she, 'I have for three years endured the nature and dangers of a wild deer's life in a far district of Erin, which dread 'Geasach' prevents me from naming. A pitying slave of the Druid at last revealed to me, that if I were once within any fortress owned by the Fians of Erin, his power over me would be at an end. I flew with untiring limbs for a day, until I came into the territory of the chief of Almuin, and ceased not my flight till Brann and Sceoluing of human intellect were the only pursuers on my track. With them my life was safe; they knew me to be of a nature like to their own.'



Some months passed away, during which Fion went forth neither to the fight nor to the chase, so lost was he to all his former amusements and pursuits, through his deep love for the rescued princess. But at last the *Loch-Leannach* (the Scandinavians) were in the bay of the Hill of Oaks (Howth). Seven days were the Fians absent, and on the eighth the chief was crossing the plain of Almuin with rapid strides, and wondering that his sweet flower was not looking towards him from the top of the mound. The dwellers of the fort rushed out in joy to greet their chief; but sadness sat on their faces. 'Where is the flower of Almuin, the beauteous, the tender Saav?' 'Blame not her nor us, O father of your people! While the white strangers were falling beneath your axe of war, your likeness and the likeness of Bran and Sceoluing appeared before the dun, and we thought we heard the sweet-sounding Dord Fionn blow from your lips the music that makes wounded men and women in travail forget their pains. Saav the good, the beautiful, came forth; she flew down the pass; she issued through the gates; she would not listen to entreaty or command. 'I must go and meet my protector, my love, the father of my unborn infant,' she cried, and in a few moments she was rushing into the arms of the phantom. Alas! we saw her start back with a scream, and the form strike her with a hazel wand. A gentle, slender doe was on the plain, where she stood a moment since, and with wild yelpings the two hounds chased her from the dun. Thrice, four times, she sprang towards the moat, but every time she was seized by the throat and pulled away. By your hand, O Fion, we were not idle. What we have told passed while ten could scarcely be counted twice, and by that time we were on the plain with glaive, lance, and javelin. *Mo chuma!* (my sorrow) neither was woman, nor hind, nor sorcerer, nor dog to be seen, but we still could hear the beating of rapid feet on the hard plain, and the howling of dogs. If you were to ask every four of us in which quarter the noise was heard, each would name a different one.'

Fion looked upwards in anguish, and repeatedly struck the mail that guarded his breast with his clenched hands. Word he spoke none, but retired to his private apartment, and did not show himself to his people for the rest of that day, nor till the sun rose over the plain of the Liffey next morning. For seven years from that time, whenever he was not called with his Fianna to make head against the white strangers, he continued to explore every remote corner of the land for the beloved Saav; and, except in the excitement of the chase or battle, an unchanging sadness had possession of him. Nor for seven years more did he forget the matchless princess who had shed such happiness, fleet as it was, on his life. He never during that time took to the chase more than his five favourite hounds — Brann, Sceoluing, Lomaire, Brod, and Lomluath — lest he should

endanger the life of Saav if his good destiny led him upon her track.

At the end of the second period, as he and some of his knights were hunting on the side of Bengulban, in Sligo, they heard a terrible clamour among the dogs, who had got before them into a defile. On coming up they found the five hounds of Fion in a sort of circle, opposing the furious efforts of their companions to seize on a stripling of noble features, but entirely naked, except for long hair which covered him from head to foot. He stood within the circle with no sign of fear on his countenance, and, forgetful of his own peril, did nothing but gaze on the stately form of the curai as they surrounded the dogs. As soon as the fight was stopped, Brann and Sceoluing came to the wild youth, and whined and fawned on him, and licked him, and seemed as if for the moment they had forgotten their master. Fion and the others approached, and laid their hands on his head and caressed him, and his wild nature began from that hour to be changed. They brought him to their hunting sheds, and he ate and drank with them, and soon became as one of themselves. Fion, considering his features, and seeing in them some reflexion of the sweet countenance of Saav, and comparing his apparent age with her disappearance, hoped that he was her child, and kept him continually at his side. The youth fully returned his affection, and Brann and Sceoluing seemed never tired of bounding round him and receiving his caresses. His long hair soon disappeared with the use of clothes, and as soon as he acquired the gift of speech he gave this account of what he remembered:—

He and a hind whom he tenderly loved, and who sheltered him and tended him, inhabited a wide park, in which were hills, deep valleys, streams, rocks, and dark woods. He lived on fruits and roots in summer, and in winter he found provisions left in a sheltered cavern. A dark-visaged man came at times, and spoke sometimes in soft and tender, sometimes in loud and threatening tones, to the hind, but she ever shrunk away, and looked at him with fear expressed in face, and limb, and attitude. He always departed in great anger. All this time there was no way of escaping from this park; where high steep cliffs were wanting, there were straight descents of such depth as could not be passed with life. The last time he beheld his mother, the Fear Doirche had been speaking in soft and harsh tones alternately for a long time; but still the hind kept aloof from him trembling. At last he struck her with a hazel wand, and she was obliged to follow him, still looking back at her son and bleating piteously. He made violent efforts to follow her. He cried out in rage and sorrow, but had not power to move. He fell on the ground insensible, just as he was listening to what he supposed the expiring cries of the deer, and when he awoke he

found himself on the side of the hill where some days after the dogs discovered him. He had searched days and days for the inclosure where he had so happily lived, but could discover no appearance of cliffs springing up or descending, such as had long been so familiar to his eyes.

This youth received the name of *Oisín*, and in time he became the sweet singer of the Fianna of Erin. (Kennedy 1866, 235-9; féach freisin, 1891, 207-11)

Mar b'iondúil leis, níor luaigh Kennedy aon fhoinsé leis an ábhar thuas (Nutt 1881, 20; Hyde 1910, xii). Tugann Murphy *a strange version, based perhaps on Irish oral tradition, perhaps on one of the published Scottish versions* ar an leagan seo (1953, xxi, nóta 1). Chinn orm aon fhianaise scríofa ar an scéal méaldrámata mar atá sé aige a aimsiú in aon fhoinsé liteartha i nGaeilge, má bhí a leithéid ann riamh. Tá, mar sin féin, gaol gar téamatúil ag ábhar PK 1 lena a bhfuil ar eolas againn faoi ghiniúint Oisín de réir SOO. Munarb ionann agus an laoi, is bean faoi dhraíocht í Saav, ach is is cosúil gur rugadh Oisín nuair a bhí a mháthair i riocht fia. Ar mhíreanna eile i gcoitinne acu tá:

**Cúrsaí seilge:** Tús PK ~ Tús, agus ceann de theidil na laoi (i. 'Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn')

**Áilleacht na heilide:** *so beautiful and gentle a beast* ~ 'cé bhfaighfí aghaidh ab áille ná í?' (H 37b)

**Beatha Oisín san iargúil:** *He lived on fruits and roots in summer* ~ 'gan beatha duine a dhol am bheul' (E 45c)

**An cur síos ar Oisín nuair a frítheadh é:** *a stripling of noble features, but entirely naked, except for long hair which covered him from head to foot* ~ 'Ba gharbh damh ó thrácht go bun, / ó mhullach mo chinn go himlinn' (C/S 43ab)

**Oisín agus coin Fhinn:** *Brann and Sceoluing came to the wild youth, and whined and fawned on him, and licked him ...* ~ 'Tháinig sí [Bran] chugam le teangaidh mhín, / agus bhuaile ag ligheadh mo ghron' (H 61ab)

**Treorú Oisín:** *His long hair soon disappeared with the use of clothes, and as soon as he acquired the gift of speech* ~ 'Gach féinnidh dhíofa agus gach file / de fáth a ndícheall agus a sainte, de mo theagasc agus de mo threorú, / nó go dtáinig mé in eolas mo chainte.' (H 71)

B'fhéidir gur bhailigh Kennedy leagan éigin béil den scéal, ach má bhailigh, cá háit? Bailíodh roinnt leaganacha béil den scéal seo faoi Oisín mar atá sé in PK1 i nGaeilge agus i mBéarla sa chéad seo caite [Ci 4; Co 19; DG 22; ME 21; 23; Mí 1], ach is léir nach bhfuil iontu seo ach athinsintí, nó fiú aistriú lom go Gaeilge [DG 22], ar an téacs a d'fhoilsigh Kennedy féin. Níor leasc leis foinsí foilsithe a athchumadh mar scéalta béil (Christiansen 1959, 22; 126). Níor leasc leis ach an oiread athmhúnlú a dhéanamh ar bhunábhar, é a cheartú de réir a thuiscintí féin ar chúlra an ábhair agus a bhraistíní féin ar chomh feiliúnach nó mífhéiliúnach agus a bheadh sé do phobal léitheoireachta a linne. *Students of Homer and Ovid, are not ignorant of the transformations their unedifying divinities spontaneously underwent, and for what purposes. Events of a similar but much less revolting character are gleaned among the dim traditions of our Celtic mythology.* (1866, 235) Luann sé giniúint Bhrain agus Sceolaing ansin mar shampla de cheann de na scéalta seo. Bhí eolas aige ar an leagan den scéal seo atá in *Feis Tighe Chonáin* (O'Kearney 1855). Tá an t-aistriú a rinne Ó Cearnaigh an scéal i gcló ina iomláine aige in aiste fhada léirmheasa dá chuid ar *Transactions of the Ossianic Society*, imleabhair I-IV (Kennedy 1859, 667-9). Fuair sé locht ar eagarthóirí na nImeachtaí seo de bhrí gur fhoilsigh siad an tsárafocht idir Oisín agus Pádraig focal ar fhocal mar atá sé sna laoithe:

Now we seriously exhort the editors of the future volumes of the Society, to reflect that there has been more than enough of these objectionable passages preserved in the volumes already published, and to abstain from reproducing sentiments and opinions neither pleasurable nor profitable to con over in silence, nor read aloud to either young or aged listeners.' (Kennedy 1859, 657-8)

Tugann an ionramháil a rinne sé ar 'Laoi Oisín ar Thír na hÓige' [LO] — agus ar an scéal atá ann — léargas ar an gclaonadh a bhí aige ina chuid scéalta ábhar a choigeartú ó thaobh a thuiscintí féin ar chúrsaí stairiúlachta de. Tá an chuid is mó d'aistriúchán Béarla Bhriain Uí Luanaigh i gcló san aiste léirmheasa aige, ach deir sé go bhfuil an laoi le lochtú as *one of the discrepancies before mentioned. Fion must have been dead at the time about fifteen years, but our bard presents him as still enjoying his hunting faculties.* (Kennedy 1859, 712-3; téacs an aistriúcháin, 713-9) Níor chaith Oisín ach céad go leith bliain in 'The Land of Youth', áit a

ndeachaigh sé leis an 'Lady Niav', de réir na hachóimre a chuir sé le 'The Old Age of Oisín' (Kennedy 1866, 240-2). Réamhrá gearr leis an scéal béil faoi Sheilg Dheireanach Oisín atá san achoimre seo ach d'fhill sé ar LO in 'Oisín in Tír na-n-Oge' (Kennedy 1871, 142-50). Athinsint dá chuid féin ar an laoi atá sa dréacht seo agus ní dhearna sé an botún céanna a chas sé le húdar na laoi ann. Murab ionann agus an laoi, níl páirt ghníomhach ag Fionn, ná ag na laochra cáiliúla eile, sa scéal mar chreid Kennedy, de réir chroineolaíocht na 'Fiannaíochta mar a bhí sé ar eolas aige féin, gur maraíodh iad sula ndeachaigh Oisín go dtí Tír na n-Óg. Bhí Oisín agus dream beag de na Fianna a tháinig slán as Cath Gabhra ag fiach thart ar Loch Léin nuair a dhúisigh siad *a beautiful fawn*. Lean siad í, ach sa deireadh ní raibh fágtha ina diaidh ach Oisín agus Bran agus Sceolang. Lean siad ar bhonn an fhia gur shroich siad cuan, áit a bhfacadar *a maiden of the most rare beauty, mounted on a white steed* (143) ag teacht ina dtreo. Ní ainmnítear í ach is léir on gcur síos uirthi gurb ionann í agus Niamh Chinn Óir na laoi. Ní raibh aon deacracht aici Oisín a mhealladh léi go *Tír na n-Oge*, agus murab ionann agus an laoi tugtar Bran agus Sceolang ann in éineacht leo.<sup>1</sup>

Má bhí Kennedy in ann 'Laoi Oisín ar Thír na n-Óg' a athchumadh de réir mar ab áil leis féin, d'fhéadfadh sé an chomaoin chéanna a chur ar cibé cén t-ábhar faoi choimpeart Oisín a casadh dó. Bhain sé ainmneacha na gcon in PK1 — Brann, Sceoluing, Lomaire, Brod, Lomluath — glan díreach as 'Seilg Locha Léin', ceann de na laoihe a luaitear ina aiste léirmheasa ar *Laoithe Fiannuigheachta* Sheáin Uí Dhálaigh (Kennedy 1859, 706; O'Daly 1859, 203) Tá sé le brath ar fhianaise na logainmneacha in 'The Youth of Oisín' go mb'fhéidir go raibh leagan Connachtach ar eolas aige. Is suntasach gur frítheadh Oisín ar Bhinn Gulban (Bengulbain), láthair mhór Fiannaíochta. Go bhfios domsa, is é ME 3, 'Oisín born of a doe in Cremlin' (Simpson 1857, 221-4), an chéad scéal faoi choimpeart Oisín a cuireadh i gcló agus b'fhéidir gur aimsigh Kennedy cnámha an scéil atá aige in aistriúchán Simpson. Tráthúil go leor, is é 'Conan's delusion in Ceash' an scéal atá roimh 'The Youth of Oisín' in *Legendary Fiction of the Irish Celts* (1866, 233-5; 1891 205-7) agus is é an scéal 'Enchantment of the giants in Ceash' atá roimh an scéal faoi bhreith Oisín i saothar Simpson (217-21). Is leaganacha de 'Laoi Chab an Dosáin' an dá cheann acu. Caithfear a admháil, áfach, nach bhfuil mórán cosúlachta ag friotal na scéalta seo lena

<sup>1</sup> Insítear in PL 10 gur fhan Bran i ndiaidh Oisín i dTír na n-Óg agus go bhfuil beo ann fós.

chéile, fiú má tá cosúlacht mhór théamatúil ag an dá scéal faoi Oisín le chéile.

Luaitear roinnt ainmneacha baiste in PK 1. Tugtar *Saav* ar an mbean a bhí faoi dhraíocht agus *Fear Doirche* ar an *Danaan Druid* a chuir faoi gheasa í (216). Ní luaitear ainm ar bith leis an mbean in ME 3 ná in SOO. Is ionann *Saav* agus *Sadhbh*, an t-ainm atá ar dhuine de na mná atá pléite againn i gCaibidil 3. Tá an t-ainm seo réasúnta feiliúnach mar tugadh i bhfad siar é i bhfoinsí scríofa ar mhná a raibh baint acu le Fionn. Thagair Gilla in Chomded húa Cormaic di in 'A Rí richid, réidig dam' ach níor luaigh sé cé dar díobh í (Meyer 1910, 46). Pléitear *Sadhbh* iníon Bhoidhbh Dheirg mhic an Daghdha agus an cuntas ar a bás in AS i gCaibidil 3. Luaitear *Sadb eile*, *Sadb ingen Cuind*, le Fionn i leagan den bhanséanchas próis (Dobbs 1931, 178), ach sa chás seo is pearsa cháiliúil ar leith an t*Sadb* seo sa stairséanchas (O'Brien 1962, 147 b 37; 153 b 45) agus is go heisceachtúil a luaitear le Fionn anseo í. Cibé cén áit ar aimsigh Kennedy an t-ainm *Saav*, tá bunús leis sa traidisiún liteartha mar ainm ar bhaineannaigh a raibh baint acu le Fionn, ach níor tugadh riamh é ar feadh m'eolais mar ainm ar mháthair Oisín sa traidisiún sin.

Glacadh go forleathan le 'The Youth of Oisín' i measc aosa léinn agus dána an Bhéarla. Tharraing na hathinsintí i mBéarla air a rinne leithéidí *Lady Gregory*, *James Stephens* (1904, 174-8; 1920, 122-37 faoi seach; féach, *Alspach* 1946, 410-2), *T. W. Rolleston* (1910, 148-53) aird léitheoirí an Bhéarla ar an scéal. Aistríodh go Fraincis é freisin (*Chauviré* 1949, 102-6; féach freisin *Markale* 1973, 134-5). Leasaíodh ainm mháthair Oisín i roinnt de na hathinsintí, nó i dtagairtí a díorthaíodh uathu. Thug *Graves the deer-goddess Sadb uirthi* (1961, 216) agus is ó *Chauviré* an fhoirm *Sadv* atá ag *Markale* (1973, 135-43). *Saba* atá ag *Rolleston* agus *Sava* ag *Green* (1992, 166). *Sadb, der Tochter des Elfenkönigs von Munster Bodb Derg* atá ag *Birkhan* (1997, 879). Sciarradh pinn —*r* na peannaireachta in ionad *v* — is bun, b'fhéidir, le *Saar* *Sjoestedt*, ach sa chás seo is féidir a chur ina leith gur chruthaigh sí leagan nua cumaisc den scéal faoi ghiniúint Oisín:

One of the wives of Finn (for Finn, in contrast to the monogamous Cú Chulainn, has a whole series of wives) is a doe named Saar. Her child will be a human, if the doe does not lick it: if she does it will be a fawn. The doe does not resist the impulse to lick the infant on the forehead, and that is why Oisín has a tuft of fur on his forehead. (1949, 85)

Bhain Sjoestedt earraíocht as ábhar a sholáthair J. F. Campbell in *Leabhar na Feinne* sa sliocht thuas (1871, 198). Ní thugtar Saar nó Sadhbh ar mháthair Oisín san ábhar seo, ná i bhfoinse ar bith eile as Albain dár cheadaíos (féach Caibidil 7). Tugtar Graidhne uirthi sa réamhrá próis le hámhrán a bhailigh Carmichael, ach tá a dhíol féin d'údar amhrais ag baint leis an ainm seo, mar a thug Campbell faoi deara (Campbell 1871, 199).

Chuaigh an ráiteas i leagan Kennedy gur chuir *the Danaan Druid, Fear Doirche* Saav faoi dhraíocht i riocht fia i bhfeidhm go mór ar roinnt mhaith acu seo a rinne plé ar an scéal seo. Is ionann Danaan, Druid, leagan a raibh luí áirithe aige leis (féach Knnedu 1891, 174), ag Kennedy agus draíodóir de chuid na Tuaithe Dé Danann ach chinn orm fianaise dá laghad faoina leithéid de dhraoi a aimsiú i dtraidisiúin liteartha agus bhéil na Fiannaíochta.<sup>2</sup> De bhrí go bhfuil stádas canónta, geall leis, ag leagan Kennedy luaitear ról an draoi seo i mórán gach uile thagairt a dhéantar do ghiniúint Oisín (Cross 1919, 160; Ross 1967, 420; Ó hÓgáin 1987, 238; Green 1992, 166; Birkhan 1997, 879). Bunaíodh teoiricí gan frapa ar bith fúthu ar ainm an draoi agus ar a fheidhm sa scéal seo, feidhm nach bhfuil fianaise ar bith air sular foilsíodh saothar Kennedy sa 19ú haois. Léiríonn, mar shampla, an tátal a bhain Markale as ainm agus ról an draoi an chontúirt mhór a bhaineas le dul i muinín na foinse aonair:

... tout se ramène à l'histoire de Sadv, la déesse aux bois de cervidé, la biche au bois, pourchassée par la colère de l'Homme Noir, le druide représentant l'ordre social et religieux, et protégée par Finn et les Fiana, derniers chevaliers de Notre-Dame de la Nuit ... Cela suffit pour donner à Sadv et à l'histoire d'Oisín une particulière importance: car la déesse-biche, ou déesse à la biche, se réfère à l'image la plus ancienne d'Artémis-Diane, la déesse solaire des peuples qui ont précédé les Indo-Européens sur le territoire de l'Europe occidentale. (1973, 143)

---

<sup>2</sup> Luaitear Fear Dorcha mac Duibh 'a Sorchaibh' in DF xxiii (28cd; MacNeill 1908, 61-75; maidir le foirm an ainm, féach Emendations, lxiv). Luaigh Murphy dáta cumtha sa tríú haois déag leis an laoi (1953, 55). Tharla gur in DF atá an laoi seo ní bheadh aon teacht ag Kennedy uirthi.

## CAIBIDIL 6: COIMPEART OISÍN — FOINSI ÉIREANNACHA III

'Ag so síos seachas agus oileamhain Oisín mhic Fhinn' ...  
*According to Irish idiom this means 'the legend concerning Ossian's  
parentage,' and a very extraordinary one it is: he makes himself out the  
progeny of a doe, whence his name oisín, or 'fawn,' dim. of os 'deer.'*  
(S. H. O'Grady [1923, 623] faoin leagan de SOO in Eg 161.)

### SOO AGUS GINIÚINT OISÍN

Agallamh agus sáraíocht idir Oisín agus Pádraig atá i roinnt mhaith den déantús Fiannaíochta a dtugtar 'Seachas agus Oileamhain Oisín mhic Fhinn' [SOO] nó 'Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochainn' air, ach is é an cuntas ann ar choimpeart Oisín agus ar lean é d'eachtraí beathaisnéise is príomhábhar don laoi. Seo é an t-aon téacs amháina tháinig anuas chugainn sa traidisiún liteartha ó théimhse na Meán-Ghaeilge i leith faoi na gnéithe seo dá shaol. Ba san 18ú haois a scríobhadh E, an eiseamláir théacsúil is sineis eola dom den laoi seo — an ceann ar thagair an Grádach dó sa sliocht thuas ag ceann na caibidle seo.

Ghiniúint mhínádúrtha Oisín — eilit a bhí ina mháthair — le linn seilge i mBoirinn Uí Lochlainn; a bhreith i gCruimlinn na gCraobh; an chaoi ar chaith sé blianta a óige i gcoill san fhásach; an chaoi ar aimsigh daoine daonna é ach a raibh bliain is fiche slánaithe aige; an chaoi ar treoraíodh agus ar oileadh é; iarracht na Féinne an fia ba mháthair dó a mharú; an chaoi ar mharaigh Oisín Bran: sin iad na míreanna móra dá bheathaisnéis atá in SOO. Pléitear le fianaise théacsúil i gCuid II den saothar seo. Dírítear sa chaibidil seo ar an gcuntas sa laoi ar choimpeart Oisín agus ar oidhrí an chuntais sin sa traidisiún béil agus iniúchtar gnéithe eile d'ábhar na laoi, mar atá, cúrsaí seilge agus ceapadh na heilite; fód breithe Oisín; oiliúint Oisín; marú Bhrain i gCaibidilí 8-11 faoi seach.

Cé go bhfuil éagsúlachtaí friotail agus malairtí téacsúla sna leaganacha de SOO a tháinig anuas chugainn, réitíonn siad lena chéile go maith sa chur síos iontu ar an gcumarsáid chollaí a bhí ag Fionn leis an bhfia ba mháthair d'Oisín. Tugtar léargas sna sleachta seo a leanas as leaganacha éagsúla den laoi ar an scéal aduain seo. Tugtar léargas iontu



freisin ar na córais éagsúla litrithe ar bhain scríobhaithe na bhfoinsí leas astu agus ar na modhanna inar seachadadh an laoi idir scríobh agus bhéalaithris.

Thairg Oisín 'Seilg mhór Bhoirinn Uí Lochlainn, / fianscaradh Oisín agus Fhinn' a aithris do Phádraig, ach sular fhéad sé dul i ngleic i gceart leis an scéal d'éirigh — mar b'iondúil leo — idir é féin agus an naomh faoi na Fianna. I ndiaidh na hiomárbhá seo, d'iarr Pádraig:

Augh *arish* duse Oshien gun errig thra bheehá á shellig nó a ngeibhlin  
gunis do bheirha augh le lúos er á nuighea *ghallibh* er lah  
*chluosh* [H 33]

*Ach aithris damhsa, a Oisín gan fheirg,  
thráth bhítheá ag seilg nó i gcoimhlint,  
conas do bheirtheá ach le luas  
ar an fhiadh allaidh ar leathchluais?*

D'fhreagair Oisín:

Doroasoan dit farick tee gor nare E le Cuir Geal na Beegh urtsey  
glun na grane fee me ginsoug dit fa mu skeal [M]

*D'aithreosainn duit, a Phádraig,  
cé gur náireach é le cur i gcéill,  
ná bíodh ortsa glonn na gráin,  
faoi mé ag inseacht duit fáth mo scéil.*

Agus seo mar a chuir sé síos don Táilgeann ar na cúrsaí seo:

Goffur lin á masg gaugh shellig ellid álinn á lub na naugh  
agus Finn na liochc ladir *mhannamnaugh* óag 7 bo gal é dhraugh  
[H 36]

*Gabhthar linn i measc gach seilg  
eilid álainn i lúb na n-each,  
agus Fionn 'na laoch láidir mheanmnach óg  
agus ba geal é a dhreach.*

*Gabhis fionn an ilít ina lamh  
budh breadhgha a ciabh 7 adluigh  
7 nior leig uirthí gortughadh no goin  
ó fhiacall cón no ó lamhe laoich. [E 38]*

Er ehun na highea er a hálah glechc alghish firr é mur bo gnaugh  
sceal scanalaugh lenn inshin go narnie Finn *ghigh* innud mna  
[H 38]

*Ar fhéachain na haghaidhe ar a háille*

*ghlac áilíos fir é mar ba gnách,  
scéal scannalach le n-insin  
go ndearna Fionn dhi ionad mná.*

Do sgaoil an eilit faof an sláibh  
ba bhreadhthadh ceimh 7 dluith  
do bhí si aig imtheacht o thóm go thóm  
go ndeacha si go Cruibhlín na ccraoibh [B 36]

Trah do rhum shee en shinn no go ttanichc á hunnu 7 á ham  
gur ruggu mishea minnúd lioh masc na griebh 7 na grann [H 40]

*Tráth do throm sí ansin  
nó go dtáinig a hionú agus a ham,  
gur rugadh mise in ionad lao  
i measc na gcraobh agus na gcrann.*

Do bhidhis fein ansin fa iomad ceanis  
mair gach laoigh ag ól a lachta  
mo luigh an gach sgairt  
go roibhis in trí fa sheacht. [E 42]

Ar nós gach lao dár dhiúl a lacht,  
Go raibh mé in aois mo sheacht mblian,  
Seal domsa mar sin gan rath gan riadaire,  
Gan smacht go raibh mé an seacht fó thrí. [G 10]

Is éard atá sa rainn thuas cuntas ar an gcaoi ar gabhadh eilit álainn nuair a bhí na Fianna ag fiach. Thug Fionn suntas dá háilleacht, chosain ar na coin í agus chuir dúil chollaí inti — baintear leas as an leagan cainte 'áilíos fir' sa laoi le tagairt a dhéanamh d'ainmhian ainmhíoch Fhinn — agus chaith léi mar a chaithfeadh sé le bean á leagan suas. Scaoil sé léi ansin agus d'imigh sí roimpi go Cruimlinn na gCraobh, áit ar rugadh Oisín nuair a bhí a ham caite. Tá inbheartú cliste i rainn H 38 agus H 40. Shaolaigh an t-ainmhí a ndearna Fionn 'ionad mná' di duine daonna in 'ionad lao'. Ba é Oisín an lao seo ach níl feidhm fhollasach shanasafóch ag an gcuntas seo ar a bhreith in SOO. Munarb ionann is an blúire Meán-Ghaeilge faoina bhreith in LL a bhfuil imeartas focal ar fónamh ann — *ossíne/Ossíne* (féach Caibidil 4) — ní luaitear an t-ainmfhocal 'os' ar dhíorthaigh an t-ainm 'Oisín' uaidh sa chuntas seo. Ní thugtar oisín nó lao ar Oisín in SOO, ach tógadh mar lao é 'ag ól a lachta'. Mheabhródh an chaoi a gcuirtear Oisín anseo i gcosúlacht le lao dúinn an tagairt don 'ghamhain óg' a luadh sa dán Sean-Ghaeilge faoin mbriatharchath idir

Fionn agus Oisín — déantús atá ar a laghad míle bliain níos sine ná SOO (féach Caibidil 1).

Ní dhéantar daonnú ar bith ar an eilit in SOO. Munarb ionann agus Blaí, eilit na Meán-Ghaeilge, agus Saav, eilit PK 1, níl ainm uirthi fiú amháin. Níl aon trácht ann ach an oiread ar an mbean a bheith faoi dhraíocht, níl ná ar Fhear Doirche, an *Danaan Druid* a chuir faoi gheasa í mar atá ag Kennedy. 'Cé gur náireach dhomhsa le cur i gcéill' [H 34c], mar a deir sé le Pádraig, 'craobhscaoileadh faoin gcaoi ar chiontaigh a athair féin le hainmhí atá sa 'scéal scannalach' a d'aithris Oisín don naomh.

#### SOO SA TRADISIÚN BÉIL

Chomh fada is léir domsa, is féidir an t-eolas i dtraidisiún béil an chéid seo caite agus an chéid roimhe sin in Éirinn gur fia a bhí i máthair Oisín a rianú siar go dtí dhá fhoinsé — PK 1 agus SOO. Tá tagairt déanta agam cheana i gCaibidil 5 don ábhar in CBÉ [Ci 4; Co 19; DG 22; ME 21; 23; Mí 1] a shíolraigh ó 'The Youth of Oisín' Kennedy. Is as Bailiúchán na Scoileanna dóibh seo uilig cés moite de Ci 4 agus níl iontu, dá fheabhas féin cuid acu, ach athfhriotail ar PK 1, leagan nach bhfuil a ghinealach slán ó amhras.

Cé gur aimsíos téacsanna de SOO as gach uile chúige [Cúige Mumhan: Co Thiobraid Árann, B; Co. Chorcaí, Add 6; Add 8; Cúige Laighean: Co. na Mí, F; Cúige Uladh, E; Cúige Chonnacht: Gaillimh: D; M; C; S; ?fochtar Chonnacht, H], níor fhág an laoi lorg buan sa traidisiún béil in áit ar bith, go bhfios dom, taobh amuigh de Chúige Chonnacht. Meath na teanga sa 19ú haois is mó is dóigh is cúis leis an staid seo. Má ghactar leis nach bhfuil sna leaganacha béil a bailíodh le céad go leith bliain anuas ach fuíoll beag áir, léiríonn a ndáileadh go raibh an t-ábhar in SOO faoi choimpeart Oisín ar eolas tráth ó cheann ceann Chúige Chonnacht. Is féidir máthair an ábhair uilig in G 10, 23; ME 3, 7, 18; agus cuid den ábhar in G 4, 12, 22; ME 5, 9; Sl 1; RC 5 a rianú siar go dtí an laoi. Chuaigh dhá chuid den déantús seo i bhfeidhm go mór ar an traidisiún béil. Is féidir linn 'Coimpeart (agus Oiliúint) Oisín', agus 'Bás Bhrain' a thabhairt ar na coda seo. Tráchtar ar choimpeart Oisín in G 10, 12, SL 1; ME 3, 18, 22. Luaitear an t-eachtra ba bhun le bás Bhrain in G 12, 22 ME 18, Sl 1 freisin. Cuntais ar mharú Bhrain amháin atá in G4; ME 5, 7; RC 5 agus iad ar fad i dtuilleamaí SOO.

'Cur síos ar Sheilg Mhóir Mhuilinn Uí Lochlainn, nó Seanchus Oisín mhic Fínn' a thug Éoghan Ó Neachtain as an Aird Mhóir, Carna, ar G 10, an leagan den laoi a bhailigh Liam Mac Coisdeala uaidh sa bhliain 1935

(féach Cuid II). Cé go bhfuil tionchar fhriotal SOO le sonrú ar phrós na leaganacha béil atá faoi chaibidil anseo againn, is é G 10 dá thruaillí aimhréidhe é an t-aon cheann acu a choinnigh culaith mheadarachta na laoi ina hiomláine agus a mhair ó cheart mar laoi sa traidisiún béil. Is díol suntais é teideal G 10, arae is cumasc é den dá theideal a thugtar astu féin ar an laoi sna foinsí scríofa. Bíodh is gur leagan giortaithe go mór de SOO é G 10, tá cuntas iomlán arin ar choimpeart Oisín agus ar an gcaoi ar aimsíodh é nuair a bhí sé 'an seacht fó thrí' (r. 8).

Tá Sl 1 ar cheann de na cuntais béil is iomláine a foilsíodh go nuige seo faoi bheatha Oisín. Bhailigh an Craoibhín an scéal seo ó Sheán Ó Díomusa sa bhliain 1901. Seo mar a chuir sé tús lena scéal:

Fuaidh Fionn amach lá, é fhéin agus an bhFéin (*sic*) ag seilg. Fuaidh siad 'un an tsléibhe agus casadh orra an eilid agus leig siad na coin 'n-a diaidh. Rug na coin ar an eilid, agus chuir Fionn na coin uathi. Bhuail sé léithi agus chaith sé an oidhche, é fhéin agus an eilid, insan aon áit amháin. Bean faoi draoidheacht a bhí insan eilid. [Sl 1]

Níor cheil Seán Ó Díomusa an beart scannalach a rinne Fionn leis an eilit. Maolaítear ar ghné na collaíochta i leaganacha eile. Deirtear iontu go ndeachaigh Fionn chuig an eilit nuair a bhí sí i riocht mná. Tá sé ag luí le réasún go bhféadfadh drogall a bheith ar roinnt scéalaithe géilleadh go raibh a leithéid de chaidreamh mínádúrtha ag Fionn leis an eilit agus d'fhéadfadh sé freisin go mba leasc le roinnt de na faisnéiseoirí tuairisc a thabhairt do bhailitheoirí béaloidis ar chúrsaí collaíochta le hainmhithe (féach Bruford 1987, 48). De réir scéalaí as ceantar Bhaile Chonaola, i gCo. na Gaillimhe:

Mac eilide a bhí in Oisín. Cuireadh bean faoi dhraíocht agus rinneadh eilid di. Bhíodh sí ina heilid seacht mbliana agus ansin bhíodh sí ina bean agus ina heilid aríst go ceann seacht mbliana eile. Tháinig Fionn mac Cumhaill salach uirthi nuair a bhí sí ina bean. Rug sí mac óg agus d'fhága sí an mac sa mbealach a dtug Fionn abhaile é. [G 22]

Réitíonn G 23 as Cill Chiaráin le G 22 sa méid go raibh 'máthair Oisín faoi dhraíocht ina heilit'. Ní trácht ar choimpeart Oisín atá sa leagan seo, arae is éard atá ann cuntas i bhfilíocht ar an bhfiach a rinneadh ar a mháthair (féach téacs G 23 i gCaibidil 11). Tá sealaíocht riochta i gceist

freisin in ME 7. Tuairicítear ann go mbíodh 'máthair Oisín leathbhliain ina fia agus leathbhliain ina bean' ach níl aon chuntas ann ar ghiniúint Oisín mar trácht ar mharú Bhraín is mó atá ann.

Luaitear scaití an té a chuir an bhean faoi dhraíocht. Seo mar cuireadh síos ar ghiniúint Oisín i gCo. Mhaigh Eo i lár an 19ú haois:

A young doe rose up in the chase: Fionn, the active white-handed hero, saw her beauty; he gave vehement chase and took her to be his wife. [ME 3, 222]

Agus i bhfonóta dá chuid deir John Hawkins Simpson:

The doe is some fair lady bound by enchantment, but able, for a short time only, to appear to her lover in her natural figure. The enchanter in this instance permits her offspring to assume the human form.

B'fhéidir gurb é tagairt seo Simpson don *fair lady bound by enchantment* a spreag Kennedy an chéad lá riamh le béim a leagan ar ról an draoi agus ar chúrsaí draíochta in 'The Youth of Oisín' (Caibidil 5). Fritéis bhaileach an *fair lady* atá in 'Fear Doirche', ainm an draoi!

Cuirtear an milleán ar Fhionn as máthair Oisín a chur i riocht fia in ME 5 agus in G 12 freisin. Is scéal fada é ME 5 a bhfuil cuid de bunaithe ar 'Laoi na Con Duibhe' (An Seabhac 1941, 170-4) agus cuid eile ar shamhlaíocht thorthúil Thomáis Uí Chathasaigh, an scéalaí a d'inis an scéal don Craoibhín (Hyde 1939, 378-9). Shíl Fionn go raibh suim ag a bhean féin sa Dearg Mór:

Nuair a d'inis Muinille d'Fhionn Mac Cumhaill nach leigfeadh a bhean do Chonán an ceann do bhaint den Dearg Mór tháinig éad air, in a intinn. Thiompúigh sé a bhean agus rinne sé heilge (fiadh) dí, nuair bhí na buachaillí imthighthe píosa ar an mbóthar mór; 'Nois,' ar seisean le n-a bhean, 'imthigh leat go Cnoc Spologadáin agus fan ansin go leigfidh mé as thú. Is mór an spéis a thug tú don Dearg Mór, agus thug seisean spéis duitse. Imthigh leat anois.' (Hyde 1939, 208)

Is cosúil gur bhain an scéalaí an t-eolas go raibh bean Fhinn ina heilit as leagan éigin de SOO, arae bhain sé earraíocht sách míchruinn as ábhar as an laoi i gcuntas aige atá bunaithe ar mharú Bhraín in SOO (Hyde 1939, 210). Níl aon chuntas ag Mac Uí Chathasaigh ar ghiniúint Oisín. Go

deimhin féin ní luaitear Oisín sa scéal, ach is léir gurb ionann an té a dtugann sé Fionn Óg air agus Oisín. Is dóigh go ndearna Seán Ó Súilleabháin achoimre ar an scéal seo i measc *some of the more common tales told in Ireland about the Fianna* ina *A Handbook of Irish Folklore* de bhrí go raibh fáil air i gcló (Ó Súilleabháin 1942, 589; achoimre, 591). Is é an trua go ndearna, arae tugadh údarás nach raibh tuillte i gceart aige do leagan corr — leagan a d'fhéadfadh taighdeoirí nach raibh fáil acu ar bhunfhoinsí an ábhair a chur amú.

Níl aon chosúlacht ag ME 5 le G 12 ó thaobh cheardaíocht an fhocail bhéil de. Leagan breá béil de 'Mhacghníomhartha Fhinn' agus é fite fuaite le scéalta faoi Oisín atá in G 12 a d'inis Seán a Búrc, scéalaí mór as Achréidh na Gaillimhe, do Liam Mac Coisdeala sa bhliain 1936 (maidir leis an mBúrcach féach Mac Coisdeala 1946, 159-61). Tugann an scéal seo léargas maith dúinn ar bheocht na Fiannaíochta sa traidisiún béil. Bhí athnuachan ar siúl de shíor taobh istigh den traidisiún an fhad is a bhí dé ar bith sa teanga agus lucht éisteachta ag na scéalaithe. Bhí claonadh láidir ann sa traidisiún deireanach ábhar na laoithe a athinsint mar scéalta próis, arae Crua-Ghaeilge a bhí i bhfríotal na filíochta sna laoithe agus iad imithe roinnt mhaith ó thuiscint na ngnáthchainteoirí. Is mar seo a chuir an Búrcach síos ar ghiniúint Oisín agus an gcaoi ar cuireadh a mháthair i riocht fia:

Bhí cailín ansin i gCruimlinn na Séad agus rinne Fionn suas léi agus bhí sí i dtrioblóid uaidh. *Well*, nuair a chonaic Fionn go raibh, chuir sé a ordóg ina bhéal agus changail sé í go smior agus bhain sé fios as an ordóg. Níor mhaith le Fionn go mbeadh sé le rá leis, mar mac suirí a bhí ann féin, go mbeadh mac suirí ag aon bhean uaidh. Fuair sé slat draíochta agus bhuaile sé buille ar an gcailín agus is éard a rinne sé dhi isteach fud na coille fia gheal. *Well*, d'fhan sí istigh ins an gcoill ina fia gur rugadh Oisín. *Well*, thóg sí Oisín ina pháiste — é ag rithe in éineacht léi — go raibh sé ina fhear, agus ar ball go raibh sé chomh mór le ceathrar de na Fiantaibh. *Well*, bhí an fia i gcónaí in éineacht leis. Ní raibh aon snáithe éadaigh air. Níor cuireadh air ariamh ... [G 12]

Tugtar léargas maith dúinn in ME 9 ar an gcaoi ar féidir le hábhar sa traidisiún béil athrú go mór, as a riocht geall leis. Scéal fada i mBéarla atá in ME 9 a bailíodh i dtríochaidí an chéid seo caite in oirthuaisceart Cho. Mhaigh Eo, ceantar nach bhfuil achar an fhada ón áit ar bailíodh Sl 1 ag tús an chéid sin. Tugtar cuntas sa chéad chuid den scéal ar an gcúis ar

thug Fionn agus Oisín cuairt ar Thír na nÓg. Nuair a bhí Fionn ar a bhealach abhaile lá

... he happened to see a hare strolling along by a ditch. He chased her for miles and miles but it failed him to catch her, so he made up his mind to continue his chase the following day as early as the sun would rise. As Fionn was drawing near home he spied the woman sitting on a rock very *brónach*. 'What are you doing there?' said Fionn. 'Why don't you go home?' Well you have chased me miles and miles and I'm not able walk another inch,' said the lady. Fionn took her by the arm and brought her home, and married her the following morning instead of chasing her. She was his own wife. In due time a son was born to Fionn and they called this son Oisín. They lived together for many years in hills and dells and then emigrated to Tír na nÓg, and every day Oisín would enquire about his relations, the other giants and about Ireland. He was getting more lonely everyday and he asked his mother to let him to Ireland. So she consented and sent Fionn home with him ... [ME 9]

Is beag cosúlacht ar an gcéad amharc atá ag an méid seo thuas le giniúint Oisín de réir mar atá sé in SOO, ach má scrúdaítear ME 9 in a iomláine is féidir gaol áirithe a tabhairt faoi deara idir an t-ábhar ann agus an t-ábhar in Sl 1, cuid de a shíolraíof ón athinsintí próis ar an laoi. Tugtar Tír na nÓg ar an áit a ndeachaigh Fionn agus Oisín, ach b'fhéidir gur forcheartú de chuid an bhailitheora é an leagan seo den ainm, arae tugtar Tír na hÓige ar an áit chéanna i mball eile sa scéal. Is in éindí lena mháthair a chuaigh Oisín go Tír na hÓige in Sl 1 agus is in éindí léi a rinne sé an chéad turas aige ann de réir ME 9. Tá cumasc san fhoinsé seo ar dhá chuntas ar 'Oisín i dTír na hÓige', an ceann atá thuas agus ceann eile a leanas ina dhiaidh sin sa scéal é. Chuir bean óg álainn a tháinig ar mhuin capaill faoi dhéin Oisín faoi ndeara dó imeacht go Tír na nÓg léi agus pósadh ann iad. Mar a deir an scéaláí:

'They were married and in Oisín's old home they feasted and danced in Tír na nÓg. Oisín's mother was there too, but he didn't recognise her, neither did she him ...

Is féidir dhá chosúlacht eile ag ME 9 le Sl 1 a lua leis an ngaol atá ag ME 9 leis an traidisiún as ar fáisceadh Sl 1 a léiriú. Nuair a thug a bhean chéile cead d'Oisín filleadh ar Éirinn thug sí srian dó agus dúirt leis

glacadh leis an gcéad chapall a thiocfadh chuige: *Oisín went out and shook the bridle three times and up comes this little puny white horse*. Thug a máthair srian dó de réir Sl 1 agus nuair a chuaigh sé amach agus an tsrian ina lámh aige tháinig 'pleibistín beag agus chuir sí a cloigeann sa tsrian'. Is mar a chéile cuma shuarach agus feidhm iontach an dá chapallín sa dá scéal. Cosúlacht eile atá acu lena chéile go bhfuil cuntas iontu ar an gcaoi ar mharaigh Pádraig tarbh fiáin a bhí ag Crom Dubh. Is furasta a shamhlú go raibh an scéalaí a d'inis scéalaí ME 9, nó mar ba chuirte a rá b'fhéidir, an dream a sheachaid ábhar an scéil chuige, más Béarla nó Gaeilge a bhí acu, ag tarraingt as an tobar céanna eolais a bhí in íochtar Chonnacht a bhfuil a lorg greanta níos soiléire ar Sl 1.

Ach cad chuige an giorria agus cé hí? Nuair a athchruthaítear scéal, nó cuid de scéal, is féidir le cúinsí seachtaracha, nó le scéalta eile nach mbaineann leis an mbunscéal ach a bhfuil cosúlacht áirithe acu ó thaobh móitífe nó cur síos de, dul i bhfeidhm ar an scéalaí. Freagraíonn *hare* an Bhéarla do *ghiorria* na Gaeilge i dtaca le ME 9 de. Níl san ainmfhocal *giorria* ó bhunús ach an comhfhocal *gearr + fia*, ceann de na leasainmneacha a tugadh ar an *lepus timidus hibernicus*.<sup>1</sup> Ní hé amháin go bhfuil dlúthbhaint ag *ag bhfia* agus an an giorria le chéile ó thaobh na sanasaíochta de, ach is féidir le daoine, mná go háirithe dul i riocht na n-ainmhithe seo. Insítear sa scéal *Leighes Coise Chéin* gur casadh a bhean ar Ó Chrónagáin an chéad uair agus í i riocht giorria (O'Grady 1892, 297; Christiansen 1959, 144-5; MacInnes 1890, 201 agus nóta Alfred Nutt faoi sa saothar céanna, 470). Bhí an scéal seo ar eolas go maith sa traidisiún béil in Albain agus bailíodh i gCúige Chonnacht freisin san chéad seo caite é (Bruford 1966, 134-5, 262). Tá an cumas claochlaithe seo luaite le fada le mná i dtraidisiún béil na hÉireann. Bhí, agus tá fós, an scéal 'An Giorria ar an mBuaile', scéal faoi ghorria nach giorria ceart í ach bean a fheictear ag diúl ar bheithigh, ar eolas ar fud na hÉireann (Mac Giollarnáth 1934, 105-110) agus na Breataine (Bruford 1967, 16-7; Smith 1978, 97). Mhaígh Antonius Bruodinus [Antaine Mac Bruaideadha], Proinsiasach as Tuamhumhain, ina *Corolla Oecodoniae* a foilsíodh i bPrág sa bhliain 1663, go bhfaca sé a leithéid de ghorria ina áit dhúchais i Magh nEo (McGrath 1943, 49)!

Bhí i bhfianaise a bhfuil scríofa thuas agam an mhóitíf go raibh bean in ann í féin a chlaochló i riocht giorria ar eolas go maith ar fud na tíre

<sup>1</sup> Tá liosta leasainmneacha a thugtar ar an ainmhithe seo i nGaeilge agus i mbéarla in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, maille le tagairtí suimiúla dó, ag Forbes (1905, 168-70).



agus cheapfaí, bh'fhéidir, nach bhfuil i *hare* ME 9 ó thús ach an giorria neamhshaolta seo. Ach ní chreidim gurb ea. Tá an dá fhocal fia agus giorria inmhálartaithe i roinnt leaganacha cainte (Ó Briain 1989, 198), agus de réir mar a chúngaigh réimse an fhia in Éirinn le cúpla céad bliain anuas b'fhurasta an giorria a chur mar ghníomhaí ina áit. Tá cuntas in *Feis Tighe Chonáin* agus i 'Laoi na Seilge' ar an gcaoi ar mheall bean i riocht eilite Fionn go Sliabh gCuilinn áit ar cuireadh faoi dhraíocht é (Joynt 1936, 34-40; An Seabhac 1941, 74-80 faoi seach). Bhí an-tóir ar 'Laoi na Seilge' agus tá sé ar cheann de na laoithe is mó a chuaigh i gcion ar lucht an traidisiúin bhéil (Ó Cadhlaigh 1947, 427-36; Ó Conaire 1982, 35-7). Thug Patrick Cody *one of the Fenian metrical romances, still orally preserved amongst the Irish-speaking people* ar leagan den laoi a bhí ar eolas i ndeisceart Chō Chill Chainnigh i lár na haoise seo caite (Cody 1852, 98-101; 98). Samhlaíodh scéal na laoi le Loch Cuilinn [Holly Lake] i bparóiste Chill an Ghoill (Gaulshill) in Uíbh Deá. Seo cuid dá achoimre:

... Fionn Mac Cumhail was one day looking out of a window in the royal palace of Cruaghan, he saw a hare pass by, one side of whose head shone with a resplendent golden hue, and the other side was a dazzling silvery white. Fionn was astonished at such an appearance, and eagerly desired to give her chase, but his favourite hound, Bran was not at hand. The next morning the Fenian general stood looking out of the same window, Bran lay at his feet; the hare passed by again, and he instantly roused the hound to chase. Away fly hare and hound over dewy lawn ...

(Cody, 98; féach freisin, Mac Neill 1982, 231)

Cuireadh drochbhail ar an Bhran sa tseilg seo agus d'fhéadfadh sé go raibh tionchar ag leagan éigin de scéal a phléitear i gCaibidil 11 faoin gcaoi ar cuireadh deireadh leis an gcú seo ar an scéil béil a chuala Cody. Ach an oiread leis an ngiorria sa scéal seo, is minic dathanna neamhghnácha ar an bhfia sí feisin. Níl i ngiorria sí Cody ach sop in áit na scuaibe in ionad fia agus ba é a fhearacht chéanna, creidim, ag giorria ME 9. Is léiriú maith é ME 9 ar an gcaoi ar féidir le hábhar scéalaíochta athrú go mór in imeacht achar réasúnta gearr ama ach mar sin féin tháinig an struchtúr domhain an bhunscéil — gur bean i riocht ainmhí sí a bhí in máthair Oisín — slán.

## MAC NA HAIGHE AGUS FEAR NA HAIGHE

Nochtar buntuisceantí ar nádúr Oisín agus ar chaidreamh colach Fhinn leis an ainmhí ba mháthair dá mhac i sáraíocht a tharla eatarthu sa chuntas in SOO ar mharú Bhrain. Chuaigh an chuid seo de SOO i bhfeidhm go mór ar phobal an traidisiúin bhéil. Níl fianaise ar an eachtra seo i dtéacsanna scríofa SOO ach in C agus S (féach Cuid II, eagrán tacair C/S, 72-89), dhá lámhscríbhinn as Iar-Chonnacht. Is cruthúnas iad na leaganach béil ó cheann ceann Chúige Chonnacht a chaomhnaigh an eachtra seo go raibh leaganacha níos iomláine de SOO sa chúige sin tráth.

Mhair focail na sáraíochta seo idir an t-athair agus an mac i gcuimhne scéalaithe go fada fairsing ar fud Chúige Chonnacht, ach ní móide gur thuig Dubhghlas de hÍde an chaint a chaith Fionn le hOisín, ná freagra an mhic ar an athair, in Sl 1:

'A mhic na Haigh Hó,' arsa Fionn, an rí, 'is tú an truagh!  
'Ar na Haigh Hó,' arsa Oisín, 'cia b'fhearr liom-sa thusa  
bheith gan cú, mar tá gaol mic le máthair.'

Níl, ar aon bhealach, aon soiléiriú aige ar an iomardú seo san achoimre Bhéarla a rinne sé ar scéal Uí Dhíomusa (An Craoibhín 1929-1930, 258-60). Iarracht ar fhuaim *na haighe hó* a léiriú i modh scríofa atá in *na Haigh Hó* An Chraoibhín. Is éard atá sna focail seo ginideach uatha baininscneach an ainmfhocail *agh* móide foirm chomhuamach an uailbhreasa i dteannta an tuisil ghairmigh (Ó Dónaill 1977, s. v. 66. 2). Ciallaíonn *agh* 'fia' sa chás seo (Ó Dónaill 1977, s. v. *agh*). Níl i dtús fhreagra Oisín *Ar na Haigh Hó*, ach iarracht an doiléire a bhain le *a fhear na haighe hó* a léiriú, arae níl in *ar* an téacs thuas ach gairmeach uatha neamhinfhillte an fhocail *fear* faoi réir ag an mhír ghairmeach *a* atá báite roimh thúsghuta an ainmfhocail. Is é Fionn fear na haighe agus is é Oisín mac na haighe. Is fiú a lua go bhfuil cuma na seandachta ar an bhfocal 'agh', cé nach bhfuil aon fhianaise air in C nó S, ná i aon leagan eile scríofa ná béil de SOO dár aimsíos. Mar seo a leanas atá téacs SOO:

'A mhic na heilite, is tú an trua  
a shlad mo chú fút ar lár!  
'A fhir na heilite go fíor,  
tuige ar lig tú í in aghaidh mo mháthar?'

(Eagrán tacair C/S, 86)

Is é an focal 'eilit' a úsáidtear sna leaganacha eile béil den iomard seo. I leagan as ceantar Bhaile an Chaisil i dtuaisceart Cho. Mhaigh Eo tá:

'A mhic na h-eilide,' arsa Fionn, 'tuige ar mharaigh tú an cú?'  
'A fhear na h-eilide,' ar seisean, 'go deas a leigfinn mo mháthair a mharú!' Má bhí Oisín 'na mhac ag an eilid bhí Fionn 'na fear aici. [ME 7]

Bhailigh Pádraig Ó Moghráin leagan breá den chaint seo i mBun an Chorraigh in Acaill:

'A mhic na heilide, tuige ar mharaigh tú mo chú?'  
'A fhear na heilide, is tú a trú.  
Tuige ar lig tú í [ar] mo mháthair?  
Is fearr liom ná fios mo shaoil,  
do chú fheiceáil síntí siar gan láthair.  
gus an eilid choslom a bheith as baol,  
mar is eanann gaol mac lé máthair.' [ME 18]

Bhí an chaint seo ar eolas chomh fada ó dheas le hOileáin Árann i gCúige Chonnacht. Is féidir lorg trí laoi a aimsiú in 'Eachtra Chonáin i dTír Uí Lochlainn' [G 4], scéal a bhailigh Maolmhuire Díolún [Myles Dillon] in Inis Meáin. Tá roinnt mhaith rann tríd an scéal seo. Feidhmíonn giotaf as an laoi 'Suirí Fhinn go Críocha Lochlann' mar réamhrá le leagan de 'Laoi na Seilge' agus baintear úsáid as blúire beag de SOO le críoch a chur ar an scéal (Ó Briain 1995, 89 áit a dtagraíonn an nod G 8 don scéal a bhailigh an Díolúnach). Tá na pearsana in aimhréidh ag an scéalaí, arae tá Caoilte aige in ionad Oisín, de bhrí, is dóigh, go bhfuil béim faoi leith ar ról Chaoilte in 'Laoi na Seilge'. Tá an chaint sách doiléir aige freisin:

'A mhic na h-eilit', ó's tú,  
Nach breá a d'fhágaibh tú mo chú gan seal gan láthair?'

'Oiread na h-eilit', ó's tú' adeir Caoilte annsin,  
'Nach breá leig tú í 'un mo mháthair?' [G 4]

Seo mar a chuir scéalaí as iarthar Chonamara caoi ar na cúrsaí seo:

Nuair a bhí na confairt ina diaidh ansin rinne sí ar a mac, rinne sí ar Oisín. D'oscail Oisín a dhá chois agus lig sé amach idir a dhá chois í.

'A mhic na heilide,' a dúirt Fionn, 'cén chiall duit,' a dúirt sé, 'an eilid a ligean amach?'

'Is mó an t-iontas,' a dúirt Oisín, 'thusa a bheith i t'fhear aici ná mise a bheith i mo mhac aici.'

Bhuail an t-athair leidhce air agus beag nár bhain sé an ceann de. [G 22]

Bailíodh an méid seo a leanas ar Acréidh na Gaillimhe:

Bhí na cúití ag teacht suas leis an bhfia. *Well*, bhí sí tuirseach agus b'éigean di seasamh agus sheas Oisín idir an fia agus na cúití agus cú ar bith a thiocfadh suas le breith ar an fia scaoileadh Oisín an cú amach idir a dhá lorga — agus bhí dhá lorga air chomh crua le dhá phíosca iarainn — ní fhágfadh sé rúinne fionnach orthu agus é ina sheasamh eatarthu go dtáinig na Fiantaí agus Fionn suas leofa.

'*Well*, is mór an fhearg a chuirfeadh sé orm,' a deir Fionn, 'an íde atá ar na coileáin.'

'*Á Well*, cogair,' a deir Oisín, 'cér fhág tú grá mac le máthair?' Sin é an chéad fhocal a chuala siad — aon duine — Oisín ag labhairt ariamh. [G 12]

Chuaigh tagairt eile sa chuid seo de SOO (C/S) do nádúr ainmhíoch Oisín i gcion ar an traidisiún béil freisin. Thug Oisín rabhadh dá mháthair go raibh faoi na Fianna í a mharú.

'A eilit chorr fág an sliabh.'

'A Mhic na gCiabh cia rachaidh mé?

Mur dté mé ins an spéir suas nó sa bhfarraige síos,

níl imeacht agam ar luas Bhrain.'

(Eagrán tacair C/S, 77)

Freagraíonn an sliocht seo a leanas as ME 7 d'ábhar an rainn thuas:

Chuaigh Oisín chuici ansin agus dúirt léi mar seo:

'A eilid [...],' ar seisean, 'fág an sliabh!'

'A mhic an ngiabh go té ngabhfadh mé as? Muna dtéim sa spéir thuas nó sa dtalamh thíos níl dul agam ó luas Bran.'<sup>2</sup>

---

<sup>2</sup> Tá bearna sa dara líne, as ucht go bhfuil focal éigin ar lár. D'fheilfeadh 'chorr' C/S. Tá 'bhaoth' sa chomhthéacs seo i leagan truaillithe den ábhar seo in RC 5:

'Eilit bhaoth fág air sliabh,' ar Fionn.

'A mhic óig,' ar sise, 'Cá rachfadh mé as?'

Má théidhim ann san bhfairrige síos

Tarraingítear aird ar fhianaise an tsleachta seo as ME 7 sa phlé ar an rann thuas as SOO sna nótaí leis an eagrán tacair i gCuid II agus moltar na focail 'a mhic an ngiabh' a thuiscint mar iarracht ar fhuaim na bhfocal 'a mhic an fhiabh' a chur in iúl. Glacaim leis gur leagan canúna é 'fiabh' den fhocal 'fia' < 'fiadh' agus gurb é Oisín 'mac an fhia'.

Mhúnláigh SOO an íomhá a bhí ag pobal an traidisiúin bhéil d'Oisín agus cibé cén bunús a bhí leis an leagan dá choimpeart sa laoi i dtús báire, tugadh léas nua dó i mbéaloideas Chonnacht. Cés moite díobh seo agus de na hinsintí tánaisteacha a shíolraigh ó leabhar an Chinnéidigh, chinn orm aon chuntas eile faoi dhúchas ainmhíoch Oisín a aimsiú sna foinsí iomadúla béil uilig dár scrúdaíos as traidisiún béil na hÉireann (féach Foinsí Béil i gCuid II). Bhí, mar sin féin, an scéal seo ar eolas go maith tráth in Albain.

---

Coidhche ní fhillfinn air m'ais,  
S má théidhim ann san aer suas  
Ní bheurfaidh mo luathas air Bhran.'

## CAIBIDIL 7: FOINISÍ ALBANACHA

*... the evidence suggests strongly that Ireland and Scotland enjoyed a complementary relationship in their ballad traditions. A shared inheritance does not mean an identical inheritance on both sides.*

(Meek 1991, 36)

### ÒRAN LUADHAIDH

'Ma's tu mo mhàthair 's gur fiadh thu!' Sin líne — an chéad líne go hiondúil — as 'Comhairli Oisein dha Mhàthair', an chéad amhrán, más fíor do na hAlbanaigh, a chum Oisín riamh. Rabhadh don fhia ba mhàthair dó atá sa déantús seo chun í a chur ar a haireachas roimh Chlanna na Féinne agus a gcuid con. Deir Iain Òg Ìle, John Francis Campbell, go raibh ceithre leagan déag de sa bhailiúchán aige féin agus chuir sé dhá cheann acu, móide sleachta as roinnt eile acu, i gcló ina mhórshaothar ar na laoithe Fiannaíochta, *Leabhar na Feinne*, faoin teideal 'The Story of Oisein: and Fourteen Versions of a Ballad' (1872, 198-200; 200). Bhailigh Alexander Carmichael sé cinn de na leaganacha seo agus bhailigh Miss Frances Tolmie ceann acu freisin. Munarb ionann agus na laoithe atá in *Leabhar na Feinne*, ní laoi é an déantús seo ach amhrán luadhaighe (òran luadhaidh), is é sin le rá amhrán saothair de chuid na mban. Tá ceol an amhráin i gcló sa Tolmie Collection (Aguisín le MacDonald 1895, 21; Broadwood 1911, 249-50). Bhí an déantús seo ar eolas go maith tráth in Inse Gall — *this appears to have been a popular woman's waulking song all over the Islands* (Campbell 1872, 200) — ach faoin am ar bailíodh an chuid is mó de na leaganacha de in *Leabhar na Feinne*, is é sin idir 1860 agus 1872, bhí meath i ndiaidh teacht ar an traidisiún mar is léir ón réamhrá a chuir an Caimbéalach leis an leagan a bhailigh Miss Tolmie:

October 6, 1871. — Copied at Dunvegan, a version lent by Miss Mac Leod of Mac Leod, written this year in North Uist, by Miss Tolmie, from the repetition of women who used to sing this song at their work, but who have been forbidden to sing any secular music, and have given up the practice as wicked ...

(Campbell 1872, 199; féach freisin Gowans 1992b, 11-2)<sup>1</sup>

Cé go bhfuil an-chosúlacht téamatúil ag an ábhar Albanach faoi choimpeart Oisín a chruinnigh an Caimbéalach — agus dornán eile taighdeoirí — leis an ábhar in SOO agus sa seanchas béil faoi thús saol Oisín ní heol dom, cés moite den *òran luadhaidh* seo, aon aiste eile i gculaith mheadarachta as Albain faoi na cúrsaí seo. Níl againn, ar an drochuair, ach achoimrí, nó athinsintí, i mBéarla go hiondúil, faoin gcuid seo dá shaol ag Campbell, agus ag roinnt scoláirí eile a luafar ar ball, mar réamhrá leis an amhrán seo.

Sula bpléitear 'Comhairli Oisein dha Mhàthair', ní miste dúinn a bhfuil eile le rá ag an gCaimbéalach faoi mháthair Oisín a thabhairt chun cruinnis. Tá roinnt tagairtí loma aige in *Leabhar na Feinne* do scéal éigin faoi iníon an Deirg a fhágas ag tnúthán sinn lena thuilleadh eolais a fháil faoi. Is éard a deir sé sa réamhrá le 'The Story of Dearg':

---

<sup>1</sup> Tá tagairt shuimiúil ag an gCaimbéalach in *Popular Tales of the West Highlands* don chléir a raibh drochmheas acu lena linn féin ar 'eachtradha dímhaoineacha buaidheartha bréagacha saoghalta', mar a thug Seón Carsuell ar scéalta ar 'Fhind mhac Cumhaill gona Fhianaibh' agus a leithéidí in *Foirm na n-Urrnuidheadh* trí chéad bliain roimhe sin (Thomson 1970, 11). Is éard a deir sé agus é ag tagairt do litir a chuir Carmichael chuige sa bhliain 1861:

In a letter dated December 9th, the writer of the above able paper gives an amusing account of a walk through rain and storm to visit an old dame, Catrina nic Mhathain, who is seventy-six, and fully confirms what has been said above. She is a capital *singer* of Ossianic lays, and praises the singing of a certain catechist, Donald Maclain ic Eoghain, of whom frequent mention is made, and who died many years ago. It was his wont to gather crowds of people by chanting these old lays. I have heard the same account of a Sutherland reciter. It seems that preachers and missionaries did not formerly condemn Gaelic poetry, and the minority who do so now are not of the best educated, so far as my experience goes. (1893, 226-7)

Tugann an sliocht seo a leanas as litir a chuir D. K. Torrie sa bhliain 1861 chuig an gCaimbéalach léargas eile dúinn ar an gcaoi a bhféadfaí leas a bhaint as laoithe Fiannaíochta le lucht éisteachta a mhealladh le héisteacht le teachtaireacht na mbíoblóirí. Thuairisc Torrie go raibh sé ag caint le *a gentleman of no mean authority* faoin gconspóid Oisíneach agus gur inis sé dó:

... he himself had a distinct recollection of hearing one Rory M'Queen, commonly called Ruairi Ruadh, who was a catechist in this parish, recite poems which can be found in MacPherson's. This M'Queen died about thirty years ago at the advanced age of eighty. He had a great many of Ossian's poems which he learned when a boy by hearsay, and with which he afterwards used to entertain his hosts when travelling from village to village on his catechetical visits. A niece of his, who now resides at Paible, North Uist, has the same hereditary talent which procured her uncle more celebrity than his catechetical acumen. (1893, 201)

We are told that Cumhall, Fionn's father, slew the father of Dearg mac an Deirg. A prose story tells that Oisein's mother was daughter of Dearg, and that she was enchanted, wooed, and won under the form of a deer. (1872, 107; liomsa an cló trom)

Ní luaitear foinse ar bith leis an scéal próis seo. Tagraítear dó arís sa réamhrá le 'Laoidh Maodh-Chabir 'us Chamagich':

The Princess of Lochlann comes to the Feinne for protection. Her dress is described. She is followed by a personage who is not easy to explain. He seems to be a Greek, and his name is Dearg, Mac na Deirga Dàsniche. This name is applied to Deer in a legend, and Dearg's sister was transformed into a Hind, according to another. (128)

Filleann an Caimbéalach ar an ábhar seo arís ina phlé ar 'The Story of Diarmaid'. Cáineann sé an chaoi ar lámhsaigh James MacPherson bás Dhiarmada in *Fragments of Ancient Poetry, Collected in the Highlands of Scotland, and Translated from the Galic or Erse Language a foilsíodh sa bhliain 1760*:

... in short, the Story of Diarmaid is traced in topography, genealogy, and Gaelic mythology throughout the regions where Gaelic is spoken. 'Against the bristles' of the national myth. Mac Pherson printed in 1760 fragment VII, at page 31. Ossian tells the Son of Alpin that Dermid and Oscar were one. They killed Dargo (Goll killed Dearg). Dargo's daughter, who was Oscar's grandmother, was loved by both (one was her grandson), but she loved Oscar. Dermid politely requests Oscar to pierce his bosom. Oscar ignorantly calls his uncle 'Son of Morny,' politely refuses, and begs him to wield his sword, and slay him. They fight by the steams of Branno, and Dermid dies. Oscar grieves, tells a big story to Dargo's daughter, and makes her shoot him by stratagem accidentally. They converse awhile, she stabs herself, and begs to be buried with Dermid. (Oscar was killed at the Battle of Gabhra.) The Deer feed on their graves. Miss Dargo was Oisein's mother, and a woman transformed into deer. The story of the ballads is all there; but, like the sun's image on a rough sea, it is broken and scattered, changed and altered, so that the real shape of it utterly disappears in the reflection of a clever but distorted mind. (152)



Ní thagraítear ar chor ar bith don scéal faoi Iníon an Deirg (Dearg's Daughter; Miss Dargo) sa réamhrá fada a chuir an Caimbéalach leis an amhrán luadhaighe 'The Story of Oisein: and Fourteen Versions of a Ballad' agus ní heol dom ach tagairt amháin eile don scéal seo. Luann Alexander Robert Forbes é ina phlé an an bhfia. Is éard a deir sé:

In the tale of 'Dearg' reference is made to Oisein's mother having being enchanted, wooed and won under form of a deer, and in regard to this the late Rev. John Forbes of Sleat, Skye, mentions in some of his notes in connection with his, as yet, unpublished translation of Ossian's poems, that he, in 1858, interviewed at Kirivig (?) Callanais, Isle of Lewis, one Murdoch McKay, aged 96, who recited to him the tale of Ossian being born of a doe; in addition to numerous pieces introducing Fionn, Oscar, Caoilte, Diarmad, etc. (Forbes 1905, 123)

Cibé céard a bhain don ábhar a bhailigh an tUrr. John Forbes ó Mhurchadh MacAoidh, is furasta a aithne gur bhain Alexander Forbes an tagairt atá aige do scéal an Deirg as saothar an Chaimbéalaigh. Is mar a chéile, focal ar fhocal geall leis, an cur síos aige (*Oisein's mother having being enchanted, wooed and won under form of a deer*) agus an cur síos uirthi sa dara sliocht thuas as *Leabhar na Feinne* (*Oisein's mother was daughter of Dearg, and that she was enchanted, wooed, and won under the form of a deer*). Bhí roinnt eolais ag an gCaimbéalach ar thraidisiún na hÉireann faoi Bhlaoi Dheirg (1872, 34), arae chuir sé cló ar ghinealach Fhinn a réitigh John Francis Shearman, Bíocáire Bhinn Éadair, dó. Cé go dtagraítear do 'Blath dr. of Derg Dianscothach' sa chraobh ghinealaigh seo, ní luaitear Oisín léi. Ba le 'Ailbhe, dau. of Cormac Mac Art' é de réir Shearman.

Tá 'The Story of Oisein: and Fourteen Versions of a Ballad' ar an bhfoinse eolais is tábhachtaí dá bhfuil i gcló faoi thús bheatha Oisín i dtraidisiún na hAlban. Ainmníonn an Caimbéalach na faisnéiseoirí a thug an t-ábhar dó i dtús an chuntais aige. Is iad William Robertson agus Hector Mac Isaig is mó a thug an t-eolas dó atá i cló aige faoi shaol Oisín.<sup>2</sup> Bailigh sé an t-ábhar seo a leanas ó Robertson sa bhliain 1871. Tagairt d'uimhir leathanaigh i lámhscríbhinn dá chuid féin atá san uimir idir

---

<sup>2</sup> Fíodóir a bhí in Robertson a raibh sé bliana agus ceithre fichid slánaithe aige faoin am ar casadh leis an gCaimbéalach é. Tá cuntas gearr air agus pictiúr den bheirt acu, Iain Óg Ìle agus Robertson, ag comhrá le chéile in Gowans 1992a, 38 agus 70 faoi seach. Tá tagairt do Hector Mac Isaig in Carmichael 1900, xxiv.

lúbíní i gcorp an chuntais. D'fhéadfadh sé go raibh drogall ar an gCaimbéalach an scéal faoi choimpeart Oisín a fhoilsiú ina iomláine, arae d'fhág sé giota de ar lár.

William Robertson questioned — 'Why was Oisean so called?'

'I will tell you that.' 'The sister of Conchullin Mac an Dualtaich laid spells (*geasan*) upon Fionn that he would marry any female creature that he might chance to meet. Fionn fell in with a deer. . . . Then the deer turned to him, and said, "Now I have two. Come here again, and you will have a son." Then Fionn put his finger under his wisdom tooth, and he knew that the deer was a woman enchanted. He came to the place at the time, and found a man child, and he had *colg an fheidh*, deer's hair, upon his temple; and that is why he was called Oisein. On the corner of the brow here,' (touching his own temple,) 'because the deer's hair was upon his temple, he was called "Corner." That was "Oisein," the son of Fionn. His mother was the daughter of the Dualtach, under spells.' From this, Oisein was Conchullin's nephew. (137.) 'When Oisein was old, amongst the Feinne, and his son was dead, Fionn took care of him. He was commander of the world. A pretty woman met Oisein, when he was out walking one day, and saluted him warmly, "Will you not go one day with your mother?" She said, "You have been long enough with the Feinne." He went away with her. She opened a door in a rock, and they went in. He staid with his mother for a week. But these days were so many hundreds of years. He wanted to go back to the Feinne. "Since you came here," said his mother, "nor Fionn, nor a man of the Feinne, lives." '

And here comes a long story, of which part only is in the Ballads and Arguments printed above. (1872, 198)

Bhailigh an Caimbéalach an cuntas eile faoi na cúrsaí seo ó Hector Mac Isaig sa bhliain 1871. Chuir *a boy, unknown, who came in while I was writing* a ladar isteach sa scéal. Léiríonn an mhalairt tuairime a bhí eatarthu faoi chúlra Oisín an tsaoirse is dual don traidisiún béil:

*Reciter.* — 'Oisein was the son of Fionn Mac Cumhail. He was born of a hind, (*sailearachd fheidh*.) His mother was a woman, under spells, (*fo gheasibh*.) She lived long in the mountains as a deer.'

*Instructed Boy* — 'Oisein was suckled by a hind; and that is the true story. His mother was a woman.'

*Scribe.* — 'You have not got the story at all.' (Boy departs, snubbed.)

*Reciter.* — 'Most of the old men say that Oisein's mother was a woman, in the form of a deer. I do not know how it came

about, or how it was, but they say that Fionn was under spells; &c., &c.

*Scribe.* — 'That must be when he fled, after he got his wisdom tooth, and slew Arc Dubh, at Eas Ruagh, in Eirinn?'

*Reciter.* — 'Yes. When Oisein was born in the mountains, it was so that if his mother licked him, as deer lick their calves, he was to be a deer, like his mother. If not, he was to be a man, like Fionn, his father. She had so much of the deer's nature in her, that she begun to lick the child, and she gave one sweep of her tongue to his temple. The deer's hair (*colg an fheidh*) grew on the corner of his brow at once. When his mother saw that, she had so much of the woman's nature left that she wished her son to be a man, she stopped licking him, and he grew up to be a man, and they called him "Oisein." (Angle, or corner.) He was the best Bard in the world.'

*Scribe.* — 'Do you know the song that he made to the deer, his mother?'

*Reciter.* — 'That is Oran Luaidhe, (a fulling song) which the women sing now, when they are fulling clothes. A great many people can sing that song. That's a woman's: my wife knows it better than I do, but she is too old and weak to come here.' After some persuasion, sings as much as he knows; and says that Carmichael, his neighbour, has got it written. (1872, 198)<sup>3</sup>

Chuir an Caimbéalach an leagan a bhailigh sé ó Mhac Isaig i gcló agus tá an nóta seo aige ina dhiaidh:

Here Mac Isaig stopped and said: 'I have no more, but that is a long story. When Oisein was out in the Hill the Hind was always coming near him, but he would not follow her. He was ashamed of his Mother, but he made that song. (198)

Leanann sliocht as leagan den amhrán a bhailigh an Caimbéalach ó tháilliúr ar bord galtáin ábhar Mhic Isaig agus ina dhiaidh sin tugann sé sliocht as an leagan a fuair sé i lámhscríbhinn Tolmie a bhfuil tagairt déanta cheana dó thuas. Deir sé i nóta faoi bhun an leagain seo:

---

<sup>3</sup> Is fiú a lua sa chomhthéacs seo gur mar amhrán saothar i measc na mban a mhair an t-aon laoi Fiannafochta a bailíodh in Oileán Mhanann (Broderick 1990). Is leagan Manannach é an déantús dar tús *Hie Fin as Ossian magh Lhaa dy Helg* [Chuaigh Fionn agus Oisín amach lá do sheilg] den scéal faoi loscadh bhantracht na Féinne a insítear in 'Tóiteán Tighe Finn' (An Seabhac 1941, 184-9) agus in laoi ghaolmhar in Albain (Campbell 1972, 175-80). D'inis an tseanbhean ar breacadh an t-amhrán síos uaithi sa bhliain 1789 gur fhoghlaim sí é *from her Mother & Grandmother & many more — that they used to sing them at their work and wheels ...* (Broderick 1990, 53).

In one verse is the line:—

'Eirich m'an eirich a ghrian.'

This council, according to the story told was given that the Deer might break the spell which bound her, since the period before Oisein's birth. The same origin for 'Oisein's' name was given. He had a mole on the side of his face or the corner of it. (199)

Bhain an Caimbéalach earraíocht as na leaganacha a chuir Alexander Carmichael ar fáil dó. Chuir sé ceann acu i gcló ina iomláine móide scéal faoina chúlra, agus thug sé sleachta agus malairtú as ceithre cinn eile acu. Ba é Domhnall Mac a' Phì (Donall Mac Phie), gabha as Barraidh, a d'inis den scéal do MhacGhilleMhìcheil sa bhliain 1866 agus is uaidh an leagan iomlán den amhrán atá i gcló ag an gCaimbéalach (téacs 6).

Tugtar Graidhne (Gráinne) ar mháthair Oisín sa scéal seo, ach ní doiligh a shamhlú gur ainm ar iasacht ó na scéalta faoi Dhiarmaid agus Grainne an t-ainm seo. Mar is léir ón agúisín a chuir an Caimbéalach leis an gcuntas seo níor ghéill sé don ainm seo.

A hind was mother to Oisein. His mother was Graidhne, Fionn's wife and Oisein's mother) was under spells. Surely it was a fairy sweetheart that put her under spells. They (the fairy sweethearts) used always to be at that kind of work. It was on a pretty little green island, which is called Eillan Sandraigh (or otherwise on a sea rock — *sgier*) in Loch-nan-Ceall, in Arasaig, that Oisein was born. His mother laid her tongue on him, to lick him, above the eyebrow, before he was taken from her. Hair grew upon the place where his other put her tongue, and because of that they called him 'Oisein' by name. Oisein knew that the Feinne wanted to kill her, and he used to warn his mother against the hounds, and tell her the gifts of every hound, and the might of every hero in the Feinne. It is said that this was the first Lay that Oisein ever made, when he was a suckling little lad (*na phroilleachan beag gille*). Graidhne was the first wife Fionn had, and mother of Oisein. Oisein was near about as big as he would be before Graidhne got free from the spells. He was given her warning to beware of the dogs. (199)

Thagair Carmichael i nóta leis faoin méid thuas do shanasaíocht ainm Oisín mar a ghlactar leis go coitianta in Éirinn. Tugann an nóta le tuiscint nach raibh a leithéid de shanasaíocht beo i dtraidisiún na hAlban:

It is curious that O'Curry in his valuable Lectures on the MSS. Materials of Ancient Irish History, page 304, says: — 'Oisin, a word which signifies the little fawn.' There is some similarity between this and the Story of Romulus and Remus, the founders of Rome, who are said to have been suckled by a she-wolf. (199)

Chuir an Caimbéalach an aguisín seo leis an scéal a d'inis Mac Phe:

A reference to the Story of Diarmaid and Graidhne will shew how this varies from the story generally told about Fionn and Cormac's daughter. Nothing is said about any transformation of Graidne anywhere else. (199)

Chuir Carmichael féin eagrán den amhrán seo ar ar thug sé 'Sanas Oisein d'a mhathair' i gcló maille le haistriúchán in *Carmina Gadelica* 2 (1928, 23-5). Tá réamhrá fada aige roimh an eagrán seo a dtugtar sainmhíniú ina thús ar an 'bhfáth-fíth' arb ionann é agus 'fé fiadha' na litríochta (féach *DIL* s.v. 1 féth) Baintear leas as an scéal faoi mháthair Oisín le feidhm an fháth-fíth a léiriú. Stíl ghalánta shaothraithe atá ina chuid próis:

'Fāth – fīth' and 'fīth – fāth' are interchangeable terms and indiscriminately used. They are applied to the occult power which rendered a person invisible to mortal eyes and which transformed one object into another. Men and women were made invisible, or men were transformed into horses, bulls, or stags, while women were transformed into cats, hares, or hinds. These transmutations were sometimes voluntary, sometimes involuntary. The 'fith-fath' was especially serviceable to hunters, warriors, and travellers, rendering them invisible or unrecognisable to enemies and to animals.

Fionn had a fairy sweetheart, a daughter of the people of the mounds, but Fionn forsook her and married a daughter of the sons of men. The fairy was angry at the slight put upon her, and she placed the wife of Fionn under the 'fith-fath' spell in the form of a hind of the hill. The wife of Fionn bore a son in the island of Sanndraigh in Loch-nan-Ceall in Arasaig. The mother possessed so much of the nature of the hind that she licked the temple of the child when he was born, but she possessed so much of the nature of the woman that she only gave one lick.

But hair like the hair of a fawn grew on the part of the temple of the child which the tongue of the hind-mother had touched. And because of this patch of fawn's hair on his temple the child was called 'Oisein,' the fawn. While still a boy Ossian followed Fionn and the Feinne to the hunting-hill to chase the mountain deer. In the midst of the chase magic mist darker than night came down upon the hunters, blinding them from one another and from their surroundings — no one knew where was another or where he was himself. Hunt-wandering came over Ossian, and he wandered wearily alone, and at last found himself in a deep green glen surrounded by high blue hills. As he walked along he saw a timid hind browsing in a green corrie before him. And Ossian thought to himself that he had never seen a creature so lovely as this timid hind, and he stood gazing upon her with joy. But the spirit of the hunt was strong upon Ossian, and the blood of the hunter was hot in his veins, and he drew his spear to throw it at the hind. The hind turned and looked at Ossian and gazed upon him with her full wistful grey eyes, more lovely and alluring than the blue eyes of love. 'Do not hurt me, Ossian,' said the hind; 'I am thy mother under the "fith-fath," in the form of a hind abroad and in the form of a woman at home. Thou art hungry and thirsty and weary. Come thou home with me, thou fawn of my heart.' And Ossian accompanied the hind step by step till they reached a rock in the base of the hill. The hind opened a leaf in a door in the rock where no door seemed to be, and she went in, and Ossian went in after her. She closed the door-leaf in the rock and there was no appearance of a door. And the graceful hind became transformed into a beautiful woman, like the lovely woman of the green kirtle and the locks of gold. There was light in the bower in the bosom of the ben like the light of 'trath-nona la leth an t-samhraidh' — noontide on midsummer day. Nor was it the light of the sun, nor was it the light of the moon, nor was it the light of the star of guidance. His mother prepared food and drink and music for Ossian. And she placed food in a place of eating for him, and she placed drink in a place of drinking for him, and she placed music in a place of hearing for him. Ossian took of the food and of the drink and of the music till he was full satisfied — his seven full satiations. After feasting, Ossian said to his mother, 'I am going, mother, to see what Fionn and the Feinne are doing in the hunting-hill.' And his mother placed her arm around his neck and kissed Ossian with the three kisses of a mother, and then she opened the door-leaf in the door of the bower and allowed him out. When she closed it there was no appearance of a door in the rock.

Ossian had been feasting on food and drink and music in the bower with his mother for the space of three days, as he thought, but he had been in the bower for the space of three

years instead. And he made a song, the first song he made, warning his mother against the men and the hounds of the Feinne. (Carmichael 1928, 22-3)

Tagraíonn Carmichael do na sé leagan a chuir sé ar fáil don Chaimbéalach, ach cés moite de thagairt cheanúil aige do Oirig Nic Iain — [she] was not tall, but she was very beautiful, intelligent, and pleasant — ní ainmníonn sé duine ar bith eile dá chuid faisnéiseoirí. Má chuirtear an t-ábhar leis in *Leabhar na Feinne* i gcomparáid leis an sliocht thuas as *Carmina Gadelica*, is furasta a aithne go bhfuil roinnt mhaith dá bhfuil thuas bunaithe ar an scéal a d'inis Mac a' Phì dó sa bhliain 1866. Is léir ó chomparáid idir an dá chuntas agus ó stíl na hinste sa réamhrá leis an bhFáth-Fíth gur leagan cumaisc de scéal Oisín, leagan a bhfuil eagarthóireacht déanta aige air, atá aige in *Carmina Gadelica*. Is léir, freisin, gur phós sé na cuntais faoi shaolú Oisín lenar léigh sé faoi shanasaíocht a ainm ag Ó Comhraidhe. Tá roinnt sonraí sa scéal a sholáthair sé don Chaimbéalach plúchta aige in *Carmina Gadelica*. Ar na nithe atá fágtha ar lár aige tá ainm mháthair Oisín agus ceann de na tagairtí don áit ar saolaíodh Oisín. Níl ach áit amháin, Sanndraigh, luaite le saolú Oisín sa chuntas thuas aige, ach luaitear dhá áit sa chuntas thuas a bhailigh sé ó Mac Phee, Sanndraigh agus oileáinín beag mara. Bhí eolas ag Carmichael freisin ar ionad ar an mórthír in Albain a luaití le saolú Oisín, arae deir sé i dtuairisc a sholáthair sé don Chaimbéalach sa bhliain 1861: *Gleann-comhan — Glencoe, that is the narrow glen — is said by tradition to be the birth-place of Ossian.* (Campbell 1893, 222) Thug Thomas Ford Hill cuairt ar anngleann cáiliúil seo ar cheann dá charrchuarta ar Ghaeltacht na hAlban ar thóir na fírinne faoi Ossian Macpherson sa bhliain 1780:

In this stage I visited Glen-Co, famous in Scotland for its romantic scenery, for the massacre which happened there soon after the Revolution, and also for being one of the habitations assigned by tradition to Ossian. (1782, 570)

Saothraí mór eile i ngort na Fiannaíochta i ndeireadh na haoise seo caite a bhí i nduine eile de na Caimbéalaigh, An tUrramach John Gregorson Campbell a bhí ina mhinistéir tráth den saol i dTír Iodha. Tá leagan den amhrán luadhaighe aige, maille le haistriúchan air, in *The Fians; or Stories, Poems, & Traditions of Fionn and his Warrior Band*. Tugann

sé blúire tábhachtach eolais faoi Oisín sa réamhrá leis an amhrán seo. Ba gheis dó fíafheoil a ithe:

The story runs in Skye, and also in the Long Island, that Ossian's mother was a deer, and the song is still to be fallen in with, of which this forms part:

'If you are my mother, and art a deer.'  
'Ma's tų mo mhathair-sa gur fiadh thu.'

And the first time this became known was when the Féinne were eating venison after Thinman (*Caoilte*), as already told, found the deer at Lynecan (*Loighneachan*), and the Féinne went thither. Ossian, on being offered a bone, said: 'When every one eats the shin-bone of his mother, I will eat the shin-bone of my own mother' (*'Dar dh'itheas na h-uile fear calpa a mhathair ithe mise calpa caol mo mhathair fhin'*). (Campbell 1891, 78)

Thug an tUrramach Campbell 'Ossian's Mother a Deer' mar theideal ar an amhrán agus is fiú aird a dhíriú ar an sliocht seo a leanas as an nóta a chuir sé leis an teideal seo. Tá an t-easaontas i measc na bhfaisnéiseoirí faoi nádúr mhathair Oisín, faoi mar atá le sonrú i gceann de na sleachta thuas as *Leabhar na Feinne* ag Iain Òg Ìle nuair a sháraigh an buachaill (*Instructed Boy*) air gur chothaigh fia é, soiléir sa sliocht thíos. Tá an tsanasaíocht Albanach le tabhairt faoi deara arís ann agus baintear leas ann freisin as an ainm *Tír na hÓige*:

'Ossian's mother a deer.' — The reciter (Skye) said Ossian's mother was a deer, and that she only got one touch on his forehead with her tongue. On that spot (*air an oisín sin*) fur like the deer's fur (*cuilg an fhéidh*) grew; hence his name. A man at Lochaweside said he heard a deer nursed Ossian, but not that it was his mother. This account tallies with the belief held that the deer were a fairy race. To keep this matter from being talked of, Ossian was sent to the Land of Youth (*Tír na h-Oige*), which the party from whom the story was heard said he supposed was some island near Skye: Holm's islet, or Fladda Chuain. (1891, 79-90)

Réitíonn an tagairt thuas do Thír na hÓige le tagairt ghonta Iain Òg Ìle don áit chéanna in *Leabhar na Feinne*: *Current tradition sends Oisein off to the Isle of Youth with his mother in the form of a deer, or with a mythical hound.* (1872, 196)



## 'SANAS OISEIN D'A MHATHAIR'

Cés moite dá bhfuil ráite ag roinnt de na scoláirí thuasluaite faoin amhrán saothair seo faoi Oisín agus a mháthair ní dearnadh, go bhfios dom, aon staidéar faoi leith air go nuige seo.<sup>4</sup> Cheal eagrán chriticiúil, is é an leagan cumaisc seo thíos a chuir Carmichael ar fáil in *Carmina Gadelica* an rud is goire d'eagrán scolártha de. Mar seo a leanas atá an téacs agus an t-aistriúchán aige:

### 'Sanas Oisein d'a mhathair

Ma's tu mo mhathair 's gur a fiadh thu, Bheir mi hoirion ho a hau, Eirich mu'n eirich grian ort. Bheir mi hoirion ho a hau, Bho hir ir i-ibhag o, Na hao hi ho a ro ha'u.	If thou be my mother and thou a deer, Arise ere the sun arises on thee.
Ma's tu mo mhathair 's gur a fiadh thu, Siubhail sliabh mu'n tig an teasach.	If thou be my mother and thou a deer, Travel the hills ere the heat of the hunt.
Ma's tu mo mhathair 's gur a fiadh thu, Faicill ort romh fhearaibh Fianna.	If thou be my mother and thou a deer, Beware thou the men of the Feinne.
Ma's tu mo mhathair 's gur a fiadh thu, Faicill ort romh chonaibh Fianna.	If thou be my mother and thou a deer, Beware thou the hounds of the Feinne.
Ma theid thu do choiribh dona, Faicill ort romh ghniamh nan conu, Conaibh conachar, conaibh confhach, Is iad air mhire-chatha romhad.	If thou shouldst go to hurtful corries, Beware thou the deeds of the hounds, Hounds of uproar and hounds of rage, And they in battle-fury before thee.
Seachainn Caoilte, seachainn Luath, Seachainn Bruchag dhubh nam bruach, Seachainn saigh an earbail dhuibh, Bran mac Buidheig, namh nam fiadh, Agus Geolaidh dian nan damh.	Avoid 'Caoilte', avoid 'Luath', Avoid black 'Brughag' of the banks, Avoid the bitch of the black tail, 'Bran' son of 'Buidheag,' foe of deer, And little 'Geolaidh' keen of stags.

<sup>4</sup> Tá roinnt ábhair a bailíodh faoi bheatha Oisín in Albain ó lár na haoise seo caite i leith i gcartlann Sgoil Eolais na hAlban (Bruford 1987, 49, nóta 69, 51, nóta 76). Níl ar feadh m'eolais aon chur síos ar an ábhar seo ar fáil go dtí seo.

Ma theid thu do ghleannaibh iosal,  
Faicill ort romh chlanna Baoisge,  
Clanna Baoisge 's an cuid con,  
Da chiad diag a dh'aireamh fhear,  
A lann fein an laimh gach laoich,  
A chu fein an deigh gach fir,  
Is aid ar eil aig Leide mac Liannain,  
Is fearan beag ri sgath creaiqe,  
Is da chu dhiag air lothain aige,  
Is eagal air nach tig thige.

Ma theid thu do bheannaibh mora,  
Faicill ort romh Chlanna Morna,  
Clanna Morna 's an cuid con,  
Da chiad diag a dh'aireamh fhear,  
A lann fein an laimh gach laoich.

Ma theid thu do bheannaibh arda,  
Faicill ort romh Chlanna Gaisge,  
Clanna Gaisge 's an cuid con,  
Da chiad diag a dh'aireamh fhear,  
A lann fein an laimh gach laoich.

Ma theid thu gu fairir frithe,  
Faicill ort romh Chlanna Frithir,  
Clanna Frithir 's an cuid con,  
Da chiad diag a dh'aireamh fhear,  
A lann fein an laimh gach laoich.

Shouldst thou go to low glens,  
Beware thou of the 'Baoisgne' Clan,  
The 'Baoisge' Clan and their hounds,  
Twelve hundred of numbered men,  
His own blade in each hero's hand,  
His own hound after each man,  
And they on the thong of 'Lide' son of  
'Liannan,'  
And a little manikin in shade of a rock,  
While twelve dogs he has on leash,  
And he fears the hunt will not come to  
him.

Shouldst thou go to the great bens,  
Beware thou of the 'Morni' Clan,  
The 'Morni' Clan and their hounds,  
Twelve hundred of numbered men,  
His own blade in each hero's hand.

Shouldst thou go to the high bens,  
Beware thou of the 'Gaisge' Clan,  
The 'Gaisge' Clan and their hounds,  
Twelve hundred of numbered men,  
His own blade in each hero's hand.

Shouldst thou go to the haze-land forest,  
Beware thou of the 'Fithir' Clan,  
The 'Fithir' Clan and their hounds,  
Twelve hundred of numbered men,  
His own blade in each hero's hand.

(Carmichael 1928, 23-4)

## OIDHREACTH CHOITEANN

Ar thacar na gcosúlachtaí atá ag an ábhar Albanach faoi Oisín leis an ábhar Éireannach faoi tá:

- Is bean faoi dhraíocht i riocht fia í máthair Oisín agus bhí baint ag Fionn léi nuair a bhí sí sa riocht sin.
- Saolaíodh Oisein nuair a bhí a mháthair i riocht fia
- Sanasaíocht an ainm Oisein.
- Rabhadh Oisín dá mháthair.
- Cur síos ar luas Oisín

- Oisín i dteannta a mháthar i dTír na hÓige.

Fiú má rinne roinnt de na faisnéiseoirí in Albain agus in Éirinn iarracht nádúr ainmhiach mháthair Oisín a cheilt — ní raibh inti dar leo ach bean faoi dhraíocht — is léir ó SOO agus ó 'Comhairli Oisein dha Mhàthair' gur fia a bhí inti. Cé go bhfuil sanasaíocht an ainm 'Ossíne' intuigthe sa dá rann in LL faoi choimpeart Oisín (Caibidil 4), níl a leithéid i gceist in SOO, ná sna scéalta béil Nua-Ghaeilge faoi Oisín in Éirinn. Is léiriú ar bhisiúlacht an traidisiúin bhéil í an tsanasaíocht thánaisteach a tháinig ar an bhfód in Albain faoin ainm Oisín/Oisein. Cé gur mar a chéile mórán ó thaobh na céille de an focal NG 'uisinn' (Ó Dónaill 1977, 1300) agus Gaeilge na hAlban 'oisinn' (*corner, angle ... na h-oisnean, the temples*, Dwelly 1973, 708), ní shamhlófaí go brách le hainm Oisín é in Éirinn i ngeall ar fhoghar an ainm abhus. B'fhurasta, os a choinne sin, *Oisein* agus *oisinn* a shamhlú le chéile in Albain.

Tá an rabhadh a thug Oisín dá mháthair in SOO ar cheann de na heachtraí sa laoi sin a chuaigh i gcion ar phobail an traidisiúin bhéil (féach tagairtí agus plé in 'Mac na hAighe agus Fear na hAighe', Caibidil 6). Níor seachadadh an t-eachtra sin, áfach, ach in dhá lámhscríbhinn a bhfuil gaol an-ghar acu dá chéile, C agus S (r. 77) agus b'fhéidir nach cuid bhunaidh den laoi a bhí sa chuid sin de SOO ó thús. Fiú munarb ea, is leor fianaise na hAlban i dteannta fhianaise C/S gur cuid dhílis de scéal Oisín é an rabhadh a thug sé dá mháthair.

Ar cheann eile de na cosúlachtaí idir Oisín agus Oisein tá an cur síos ar luas an laoi:

Is mea á nish Oshien deamhachc Finn an liochh do hellú á  
grimlinn  
bheirinn 7 nee lé lúos ar á nuighea ghallibh ar lah chluosh. [H 18]  
*Is mé anois Oisín dea-mhac Finn,  
an laoch do hoileadh i gCruimlinn,  
bheirinn agus ní le luas,  
ar an fhiadh allaidh ar leathchluais.*

Is fiú an méid sin a chur i gcomparáid le cuid den fhreagra thug Oisín agus é ina sheanfhear ar a iníon nuair a d'fhiafraigh sí de cérbh é an fear ba shlachtmhaire san Fhéinn:

Mo dheagh nighean ba mi uair  
A ghlacainn eilid ar luathas a ceum

'S bheirinn bior foghnain mach  
San oidhche dhorcha dhall  
Ged tha mi nochd  
Ann am dhíblidh sean laoch ... (Campbell 1891, 104)<sup>5</sup>

Caithfear a admháil gur dóigh go bhfuil casadh bainte as sean-  
mhóití i dtaobh Oisín in SOO mar is féidir an ráiteas sa dán Albanach a  
rianú i bhfad siar, siar chomh fada le tús thraidisiún na laoithe  
Fiannaíochta i ré na 'Meán-Ghaeilge. Mhaígh Oisín, nó Guaire Dall mar a  
tugtar air, sa laoi dar tús *Oenach indiu luid an rí* (LL, 994-1000) agus é ag  
déanamh gaisce as a chumas féin agus as cumas Chaoilte:

Cid sinni nirsar malla.  
ropsat lúatha ar lémmenna;  
fer úan da chlí fer da deis.  
ní fil fiad arna bermís  
(LL, ll. 29169-72; féach freisin Mac Neill 1908, 28, rann14;  
Ní Shéaghdha 1942a, 176)

Meabhraíonn an rann thuas teist Chaoilte ar Oisín i laoi in AS2 nár  
'imthigh móin nō magh / fiadh ar bioth ar nach mbéradh.' (Ní Shéaghdha  
1942b, 54). Ach an oiread leis na cuntais ar dhá thaobh Sruth na Maoile  
faoi choimpeart Oisín, is cuid den oidhreacht choiteann chéanna iad na  
comórtais le luas an fhia.

Luaitear i sleachta thuas as saothar an dá Chaimbeálach go  
ndeachaigh Oisín, nó gur seoladh é, go Tír na hÓige le go mbeadh sé ann i  
gcosamar a mháthar. Feidhmíonn an cuntas faoin achar a chaith sé san  
uaimh in éineacht lena mháthair san ábhar a bhailigh Carmichael go  
téamatúil freisin don eachtra seo. Is cuid dhílis de scéal Oisín sa traidisiún  
béil in Éirinn gur chaith sé tréimhse fhada i dTír na hÓige/na nÓg.  
Scrúdaítear an t-ábhar seo i gCaibidil 21.

---

<sup>5</sup> Seo mar a d'aistrigh an tUrramach John Gregorson Campbell an sliocht seo:

'My good daughter, I could once  
Catch the hind of the red deer  
At its utmost speed,  
And I could take a thistle-spike  
From its wound  
In the blinding, dark night,  
Although I am to-night  
A decrepit old man ...'

Níl aon fhianaise aimsithe agam go raibh SOO ar eolas in Albain. Is iomaí lúb ar lár inár gcuid eolais faoi sheachadadh théacsanna béil agus scríofa na Fiannaíochta abhus in Éirinn agus thall in Albain. Nuair a bhí J. F. Campbell ag saothrú leis san 19ú haois ba léir dó go raibh meath ag teacht ar thraidisiún na laoithe — tagraíonn sé do *fragments which are now crumbling fast* (1872, 34).<sup>6</sup> Níor casadh aon aon laoi faoi choimpeart Oisín air – má bhí a leithéid ann. Ní raibh ann lena linn ach an t-òran luadhaidh 'Comhairli Oisein dha Mhàthair'. D'fhéadfadh sé gur eascair an t-amhrán saothair as conablach laoi éigin cosúil le SOO. Ar aon nós, is follas gur bhunaigh an t-amhrán saothair an traidisiún thall gur fia a bhí i máthair Oisín. Ba i dteannta an amhráin a d'insítí an scéal faoin ngaol a bhí ag Oisín leis bhfia. Ba é an t-amhrán a chothaigh an scéal seo agus a choinnigh beo é.

Ach má cumadh SOO nuair a bhí an Nua-Ghaeilge Chlasaiceach fós i réim (féach Caidibil 23), cá bhfios dúinn nár éirigh le leagan de bruach thall Shruth na Maoile a aimsiú — mar a rinne 'Laoi Cholainn gan Cheann' (féach Caibidil 19) — agus péacadh in ithir thorthúil an traidisiúin bhéil in Albain.

---

<sup>6</sup> Tugann an chaoi ar mhair giota fánach de laoi eile faoi bheatha Oisín ar éigin in Albain léagras dúinn ar chinniúint roinnt de na laoithe sa traidisiún béil thall. Níor tháinig slán de 'Laoi Cholainn gan Cheann' sa traidisiún béil thall ach dhá líne is fiche a bailíodh don Chaimbéalach sa bhliain 1866 (Campbell 1872, 212). Ba san aois chéanna a breacadh síos na leaganacha scríofa is sine den laoi sin in Éirinn (féach Caibidil 19).

## CAIBIDIL 8: CRUIMINN NA SCRAOBH — FÓD A GHINE

'Acus bid a fhís agaib,' ar C[olum] c[ille], 'go bhfuilid tri foide and nach edir do aennech a sechna .i. fód a gheine 7 fód a bais 7 fód a adhnacail.'

(*Betha Coluimb Chille*, O'Kelleher, Schoepperle 1918, 102)

Luaitear i laoi Mheán-Ghaeilge a bhfuil tagairt déanta agam cheana dó (Caibidil 2) gur tháinig Oisín ar an saol in áit a dtugtar Cluain Íochtair air:

Oisín mac Find fear con ngoil  
ro gē anair i Clúain Íochtair:  
ingen Deircc a mhāthair mhaith  
torrach naoi mís ón mhór-fhlaith.

(Ní Shéaghdha 1942b, 57; féach freisin, AB, 198b 38-9; DF XLIII 2, Murphy 1933, 100.)

Ní feasach dúinn anois cá raibh an áit seo munarb ionann é agus an áit a shuíh Hogan in aice le Cluain Mhic Nóis (Hogan 1910, 265). Luaitear cluain eile le hOisín eile i mbeathaí Gaeilge Cholm Cille. Léitear in *Betha Coluim Cille*, beatha Mheán-Ghaeilge an naoimh, gur fhothaigh sé 'cella immda i mBregaib. Fábais tra sruthi 7 minda hile inntib. Facbais Ossine mac Cellaig i Cluain Mor Fher nArda.' (Herbert 1996, 233, ll. 337-9). Is é an cuntas céanna atá ag Maghnas Ó Domhnaill (O'Kelleher, Schoepperle 1918, 96). Tá Cluain Mhór (Clonmore) i gCo. Lú an lae inniu (Herbert 1996, 281). Nílím ag áiteamh go bhfuil aon bhaint ag an dá áit seo lena chéile, ach is fiú, sílim, aird a tharraing ar an bhfocal cluain seo, arae b'fhéidir go bhfuil leide ann faoin gcineál áite ar saolaíodh Oisín ann. Ciallaíonn **cluain** 'gort féaraigh' (Kelly 1997, 371), talamh a bhí taobh istigh de ghnáthlimistéar na sochaí talamhaíochta. Más ea, rugadh Oisín in áit nach raibh ar leithrigh ó ghnáthchaidreamh daonna. Níl aon ní síúil nó fiú tairseachúil ag baint leis an ainm Cluain Íochtair.

Tá sé le tuscint as PK 1, cibé céard is fiú é, gur gineadh Oisín nuair a bhí Fionn agus Saav in éindí lena chéile in Almhain, ach gur rugadh ar an iargúil é. Luaitear an ceantar ar gineadh Oisín agus an áit a rugadh é in

SOO agus munarb ionann agus Cluain Íochtair na Meán-Ghaeilge, tá diamhaireacht an fhásaigh ag baint le fód a choimpeartha agus le hionad a bhreithe. Ba le linn dó a bheith ag fiach i mBoirinn Uí Lochlainn a casadh an eilit ar Fhionn agus is í an tseilg seo a sholáthair ceann de dhá theideal na laoi, 'Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn' [C; G10; H; M; S].<sup>1</sup> Is é an Bhoirinn cháiliúil i dtuaisceart Cho. an Chláir atá i gceist sa teideal seo, arae 'do bhíodh ceannas ag Muintir Lochlainn ós cionn Bóirne, an taobh thoir de Crích Choreamruadh.' (Ó hÓgáin 1938, 87; féach feisin 'Genelach Uaithne Uí Lochlainn', 135; Hogan 1910, 118). Tá ar a laghad ceithre cinn de na logainmneacha a luaitear sa laoi suite sa cheantar seo, mar atá, Boirinn Uí Lochlainn, Cruimlinn na gCraobh, Formaoil, Ceann Boirne.<sup>2</sup>

Ainmníonn Oisín Ceann Boirne ina chur síos ar an tseilg sa Bhoirinn agus tagraíonn sé don saol breá bhí ag na Fianna nuair a bhíodar i bhFormaoil:

Gluaisios fionn le bun *shlógh*  
a cCeinn Boirne bu *theas*,  
an *bhudheann* aigíontach uaibhreach  
na ccloidheamhadh cruadh 7 na trénsleigh. [E 14]

Do *bhadhmair* na saol fa chion  
seacht ccatha na feine gan *bhaothuim*  
is ní uaim do *theasdaimh* cor  
in tra *bhi* an *fhian* a bformaol léo. [E 18]

Luaitear an logainm Formaoil nó Formaoil na bhFiann (Murphy 1953, 401; Lloyd 1916) réasúnta minic san Fhiannaíocht, ach sa chás seo is suimiúil go bhfuil a leithéid d'áit i mbarúntacht na Boirne. Síneann na bailte fearainn Formaoil Thoir (Formoyle East) agus Formaoil Thiar (Formoyle West) ar gach aon taobh d'Abhainn na Cathrach sa Bhoirinn, ó thuaidh ó Shliabh Eilbhe.<sup>3</sup> Is logainm réasúnta coitianta ar fud na hÉireann

---

<sup>1</sup> Glactar leis an leagan caighdeánach den ainm seo, 'Boirinn', sa tráchttaireacht agus i dteideal na laoi.

<sup>2</sup> B'fhéidir gur tagairt fholaithe do Loch Inse Coinn atá ó dheas ón mBoirinn atá san 'oileán caoin' a luaitear i roinnt leaganacha (E 7b; C/S 5d).

<sup>3</sup> Baineadh úsáid as logainmneacha sa cheantar seo in 'Ailbe Armus et Lágáinn Tollaire et Spluncadh. Codla an Spuncadh a mbeul traghá', scéal fada Fiannaíochta a chóipeáil Eoghan Caomhánach sa bhliain 1825. ... *a fine Romance, the stage of which is Bally Vaughan near Formaoil na bFiann at the Burrin side of Galway bay in the County of Clare* ... a thug Robin

é Cruimlinn agus tá áit is fiche a bhfuil an t-ainm seo air luaite in *General Alphabetical Index to the Townlands and Towns, Parishes and Baronies of Ireland*, ina measc, tráthúil go leor, baile fearainn a bhfuil *Crumlin* air i mbarúntacht na Boirne i gCo. an Chláir (*Alphabetical Index* 1861, 337). Tá an Chruimlinn seo agus Formaoil araon i bparóiste Chill Onchon. Tá an dá áit seo ainmnithe go soiléir — Cremlin agus Formoyle — ar léarscáil a tharraing William Petty de Cho. an Chláir agus a foilsíodh ina *Delineatio Hiberniae* sa bhliain 1683 (Gosling 1991, 133).

Tuairiscítear in SOO gur rugadh Oisín i gCruimlinn:

Leig en ellid fo en thliebh á bar ciel 7 gnee  
á gimmaught o hum go thum go ttanichc shee go crimlin na  
griebh  
Trah do rhum shee en shinn no go ttanichc á hunnu 7 á ham  
gur ruggu mishea minnúd lioh masc na griebh 7 na grann

[H 39-40]

*Leig an eilid fón tsiabh,  
ab fhearr ciall agus gnaoi,  
ag imeacht ó thom go tom  
go dtáinig sí go Cruimlinn na gCraobh.*

*Tráth do throm sí ansin  
nó go dtáinig a hionú agus a ham,  
gur rugadh mise in ionad lao  
i measc na gcraobh agus na gcrann.*

Ba ann a tógadh é freisin:

Is mea á nish Oshien deamhachc Finn an liochh do hellú á  
grimlinn

bheirin 7 nee lé lúos er á nuighea ghallibh ar lah chluosh [H 18]

*Is mé anois Oisín dea-mhac Finn,  
an laoch do hoileadh i gCruimlinn,  
bheirinn agus ní le luas  
ar an fhiadh allaidh ar leathchluais.*

Rug an eilit Oisín i gcoill 'a measg na ccraobh is na ccrann' [E 41d].  
Tugtar Cruimlinn na gCraobh ar an gcoill seo in SOO. Chaith sé féin agus  
a mháthair bliain is fiche ann gur tháinig Bodhmann 'chugainn faoin coill

---

Flower air (féach, O'Grady 1926, 705: tá leagan gearr béil de a bhailigh Séan Mac Mathúna  
in CBÉ 41: 317-8).



ag baint meas' [H 44b]. Creagán mór sceirdiúil atá i gceist leis an bhfocal 'boireann' ach bhí, agus tá fós, doirí beaga thall agus i bhfus ann (Gosling 1991, 123-4). B'fhéidir, mar sin, gur cuid bhunaidh de scéal Oisín é gur rugadh i gcoill é. Cé gur ainm feiliúnach é Cruimlinn na gCraobh ar fhód breithe Oisín ní gá gurb é Cruimlinn na Boirne a bhí i gceist ó thús leis ná i gcónaí leis an ainm. Tá Croimghleann/Cruimlinn ar cheann de logainmneacha móra na Fiannaíochta nach bhfuair mórán aitheantais ó thráchtairí riamh. Is logainm uilíoch Fiannaíochta é a fheileas do chearn ar bith d'Éirinn nó d'Albain. Luaitear Croimghleann i gcomhthéacs na Féinne chomh fada siar le AS (Stokes 1900, 5, 221; Ní Shéaghdha 1945, 151). Bhraith Nioclás Ó Cearnaigh gurb ionann Carn Cromghlinne a luaitear in *Feis Tighe Chonáin* agus *(the) Carn of Crumlin, in the county of Dublin, so celebrated in Fenian lore*. (O'Kearney 1855, 182) Ar na cuanta atá á gcosaint ag na Fianna de réir leaganacha de *Chath Fionntrágha* tá an réimse i dTuamhain ó 'Leim Chongculainn go Cruimlinn' (Meyer 1885, 60). Is dóigh gurb é seo an áit chéanna atá i gceist in SOO. Os a choinne sin, láthair i gCo. Chiarraí an lae inniu atá i gceist ag údar *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: Croimghleann na bhFian, ré a ráitear Gleann Fleisge*' (Ní Shéaghdha 1967, 52).

Luaitear Croimghleann/Cruimlinn sna laoithe freisin chomh fada siar leis an 12ú haois. Ba ann a bhíodh na Fianna ina gcónaí. In DF XXXVIII, déantús a luann Ó Murchadha dáta cumtha sa dara haois déag leis (Murphy 1953, 90), deirtear gur chuir Daolach, bean a bhí i ngrá le Fionn, eachlach chuige 'feacht dia mbádhmar a cCroimghlinn' (3b). Luaitear 'trí eachlacha tighe Finn / tan do bhittís i gCruimghlinn' in DF XII (26ab), a cumadh thart ar dheireadh na haoise céanna. Cé nach luaitear breith Oisín i gCruimlinn i ndéantús níos sine ná SOO, tá sé thar a bheith suimiúil go luaitear an áit seo i roinnt laoithe lena sheanaois. In DF LXII, a cumadh sa 15ú haois dar le Murphy (1953, 143), casann Caoilte go maslach le hOisín go mbeidh sé ina sheanáir 'a cCroimlinn' (30d) 'ag iarraidh na ndeachamhan' (36d). Tá contrárthacht bhreá intuigthe sa laoi chéanna idir an chaoi a raibh Oisín i mbarr a mhaitheasa i gCruimlinn agus an droch-chuma atá air ann in aimsir Phádraig:

Gé ataim a ndeireadh mo neirt  
a Patraic is mé a n-aimriocht  
dhamh do berrthi ceannus chloinne Finn  
an úair do suidhmís a cCruimlinn [107]

Tágraítear d'Oisín ina sheanóir freisin i gCruimhlinn i 'Laoidh an Chluig' (An Seabhach 1941, 271; féach freisin, O'Kearney 1853, 104, agus fonóta, 105). Suimiúil go leor, luaitear i leagan den laoi faoin aois a fuair Fionn agus roinnt eile de na Fianna gur bádh Caoilte féin i gCroimlinn (Cameron 1894, 304).<sup>4</sup>

Is cruthúnas é úsáid an ainm Cruimlinn i dtagairtí in dhá laoi dhéanacha go raibh tionchar ag SOO ar a n-údair. Ionramháil ar chuairt Oisín go Tír na Óige atá in 'Laoi Cholainn gan Cheann' (Caibidil 19). Baineann na cóipeanna lámhscríofa de a tháinig anuas chugainn le Co. na Gaillimhe amháin, agus is as Maigh Sheola dá mbunáite. Chuir údar na laoi sraith de cheithre rann ologónacha ag deireadh a aiste agus ina measc tá:

Is misey Esseen dea vack fin & is smea helluve a gremlein na  
shead 7 verin 7 nee lea louse a fadrick er nee oley er lagh clouse

*Is mise Oisín, dea-mhac Finn,  
agus is mé a hoileadh i gCruimlinn na séad,  
bheirinn agus ní le luas,  
a Phádraig, ar an fhia alla ar leathchluais.*

(CBÉ 196, 180<sup>5</sup>; féach freisin, Ó Briain 1999, 244)

D'fhág SOO lorg freisin ar an laoi dar teideal 'Suirghe Fhinn go Críocha Lochlann' (Ó Briain 1995). Seo mar a labhair Conán le Oisín agus é ag iarrach bealach air in éineacht leis ina long:

Go mbeannuighear duit Oisín mhic Fhinn, haileadh a ccrimlinn  
na séad,

Ní mac do Fhinn thu go deimhim, ach rodhuin a fuair me féin.

(Connellan 1829, 7; leaganacha eile in, Ó Briain 1995, 83-4)

Bhí eolas maith ar SOO, 'Laoi Cholainn gan Cheann' agus 'Suirghe Fhinn go Críocha Lochlann' i gCo. na Gaillimhe. Ghlac scéalaithe Achréidh na Gaillimhe leis gurb ionann Cruimlinn na laoithe seo agus an baile fearainn Cruimlinn (*Alphabetical Index* 1861, 337) atá in aice le Mainistir Chnoc Muaidhe agus lonnaítear, go minic, na Fianna san áit seo sna

---

<sup>4</sup> 'a Liaithruim', is é sin le rá i dTeamhair, atá i leagan eile den laoi chéanna, (Stern 1895, 26) agus réitíonn sé seo leis an tagairt dá bhás in DF LI, r.4: 'Ag sin daoip bás Caoilte ... a bathadh a tTeamhroigh.'

<sup>5</sup> Tá leagan D de SOO sa lámhscríbhinn seo a scríobh Thomas Duggan i lár an an 19ú haois.

scéalta acu. Is é an tús a chuir Seán Ó Cuinneagáin as Cor an Dola le scéal breá fada faoi Fhionn agus faoina mhac Oisín:

Ins an tseanaimsir bhí *family* mór de na Fiantaí ina gcónaí in aice le Cnoc Rua Mhainistir i gContae na Gailimhe, áit a dtugann siad Cruimlinn air. Is éard a bhí iontu lucht gaisce, lucht lúth agus léimneach... [G 11]

Bhí baint ag an áit seo le heachtraí tábhachta eile i saol Oisín:

Lá amháin ansin dá rabhadar ar fad istigh ina dtigh ag Cruimlinn ... ba mac le Fionn Oisín ... scathamh maith blianta ina dhiaidh — i ndiaidh an obair seo. Bhí sé ina phutach óg. Tháinig bean isteach chucu — Colainn gan aon Cheann. Ní raibh bean ar bith ba bhreátha ná í, ach ní raibh aon chloigeann uirthi. Bhí sé scríofaí ar a brollach an té a ghabhfadh léi go mb'aoibhinn dó. Ní raibh fear ar bith acu sásta léi nuair nach raibh aon cheann uirthi. Dúirt Oisín go mbeadh sé féin sásta léi. Bhí ceann uirthi ansin mar bheadh bean ar bith. Ní raibh bean ar bith ba bhreátha ná í ...Bhí Oisín is í féin póstaí ansin. Nuair a chaith siad tamall gearr i gCruimlinn d'iarr sí air a thócht léi go Tír na hÓige ...[G 11]

D'fhill Oisín ar Chruimlinn tar éis trí chéad bliain a chaitheamh i dTír na hÓige agus nuair a shroich sé Cruimlinn ní raibh 'teach ná cleath ann, ach neantógaí ag fás ar lorg an tí.'

Bhí Seán de Búrca [G 12], a bhfuil sliocht as a chuntas ar bhreith Oisín luaite againn i gCaibidil 6, ina chónaí sa taobh céanna tíre. Shuígh seisean na Fianna i gCruimlinn na Séad freisin. Tháinig Fionn chuig na Fianna i gCruimlinn na Séad. Is ann a bhí an bhean a ndearna sé suas léi agus a bhí i dtrioblóid uaidh. Ba chuig an áit sin a tháinig infon Rí Thír na hÓige le hOisín a mhealladh ar ais léi go Tír na hÓige. D'fhill Oisín ar Chruimlinn na Séad tar éis dó dhá chéad bliain a chaitheamh thall ach nuair a tháinig sé ann 'ní raibh teach ná cleath roimhe ansin' ach an oiread.

D'inis Mícheál Ó Coileán, Carn Mór, faoi Oisín nuair a d'fhill sé ar ais Éirinn as Tír na hÓige go raibh fonn air cuairt a thabhairt ar a chuid comrádaithe. 'Chuaigh sé go Cruimlinn, an áit a bhíodh siad agus ní raibh teach ná cleath le fáil ach iad tite anuas agus eidhneán ag fás ar an lorg.' [G 29]

Déarfainn gur múnlaíodh an t-ainm Cruimlinn na Séad in G 12 agus i bhfoinsí eile béil ar an ainm Teamhair na Séad a luaitear in 'Suirghe Fhinn go Críocha Lochlann', arae is léir gurb ionann feidhm don dá áit sin sa laoi sin. Shíl na Fianna Conán a choinneáil ann. Mar seo a leanas atá an eachtra i lámhscríbhinn a scríobhadh i gCo. Ros Comáin sa bhliain 1818:

Ansín do leabhríos Fionn na bhflaith  
agus a raibhamur an air fad dar bhFéin  
bronnthmur ortsa dorn oir a Chonnáin  
is fan sa mbaille a dTeamhair na Sead.

[RIA 23 Q 18, 45, r.18]

B'fhurasta na gcrabhbh agus na séad a mhalartú agus iad araon sa ghinideach iolra agus amas eatarthu.

Bhí, mar atá ráite agam thuas, eolas ag údar 'Suirghe Fhinn go Críocha Lochlann' ar SOO, agus cé gur uaidh a fuair sé an t-eolas gur saolaíodh Oisín i gCruimlinn, ní ó SOO a shíolraigh na tagairtí eile ina laoi do Chruimlinn. Luaitear Cruimlinn ag tús 'Suirghe Fhinn go Críocha Lochlann':

Dairreósuin duit a Phadruig ghrinn  
dreas air ghniomhfeartha Fhianaibh Eirionn,  
la dha raibh muirne a gCruimlinn  
do tharlaigh isteach an fearr mór nar thim.  
agus a bhfighnísaigh chach adubhairt leinn  
nach gcaithfeach muist ar gcuid eillic a gCruimlinn.

[RIA 23 Q 18, 42, r. 2]

Bunaíodh fráma tagartha 'Suirghe Fhinn go Críocha Lochlann' ar 'Laoidh Chruimlinn na cCath', laoi ghearr a bhí ar eolas in Éirinn agus in Albain (Ó Briain 1995, 70). Suitear na Fianna i dtús an scéil ann i gCruimlinn:

Inneosa me duitsi sin  
a fPadraig is fearr meabur  
treas ar sgealuibh Fiana Fin  
oidche bamuir a cCromlinn

Do bamur seacht ccatha na bfian ann  
as mac Cumhaill dar riar  
a ttig Croimlin na cclach  
go ttanic cugainn an tatach

Tig asteach an fear mor  
go prap a bfiagnus an tsloith  
adubairt do glóir borb nar grinn  
na ccaithfemas cuid a cCroimlinn.

[TCD H.4.10 (1351), 65, rr. 2-4]

Is féidir 'Laoídh Chruimlinn na cCath' a rianú siar chomh fada leis an séú haois déag; arae rinneadh achoimre ar scéal na laoi in *The Book of Howth* (Brewer, Bullen 1871, 9-10).<sup>6</sup> Ar cheann de na leaganacha is túisce de a breacadh síos in Albain tá leagan a d'aithris Archibald Fletcher idir 1750 agus 1760. Is é 'S an aig tigh Chrom-ghlinn nan clach' an chéad líne sa laoi aige (Ó Briain 1994, 71). Chreid Flethcher go raibh an áit so i nGleann Lìobhunn. Mhaígh Alasdair Mac an Aba, gabha a bhí in chónaí i nDail-Mháillidh (Dalmaly), i leidir a sheol sé sa bhliain 1780 chuig Thomas Ford Hill go raibh na Fianna ina gcónaí in 'Cromgleann nam Cloch' (sic) i nGleann Lìobhunn: *Glenlyon, which Mac Nab in his letter speaks of as one of the principal abodes of the Fingalians, lies in the western part of Perthshire, on the borders of Argyleshire, near Loch Tay.* (Hill 1782-3, 489)

Bhí an saineolaí mór ar logainmneacha na hAlban, William J. Watson ar aon intinn le Flethcher agus le Mac an Aba:

Is fada bho 'n chuala sinn

'Bha dà chaisteal dheug aig Fionn

An Cromghleann dubh nan clach.'

agus tha fhios gur e Gleann Lìobhunn tha air a chiallachadh leis a' Chromghleann. Tha làraichean an dà chaisteal dheug ann an an Gleann Lìobhunn fhathast. Is gann gu bheil clach air muin cloiche de na caisteil sin, ach 's e Caistealan nam Fiann a their muinntir an àite riu. Chunnaic mi fhéin seachd dhiùbh 'san t-samhradh so chaidh seachad. (Watson 1915, 39-40)

Tugann an fhianaise seo uilig faoi Chruimlinn le tuiscint dúinn go raibh an t-ainm áite seo ar cheann d'ainmneacha móra thraidisiún na Fiannaíochta. Tá an déachas is dual go minic do laochra na Féinne, iad ar scaradh gabhail idir an saol seo agus saol thall, le sonrú sa chaoi an-úsáidtear ainm na háite seo. Seo an áit a raibh tigh Fhinn agus áit chónaithe na Féinne:

Dha theith dhéag do bhídh a dteach Fhinn

<sup>6</sup> Tá tagairtí don ábhár Fiannaíochta atá in *The Book of Howth* i gCaibidil 2.

an trath shitheach muist eillic a gCruimlinn,  
dha theinnaigh dheag an sgach teach  
fearr agus cead air gach teallach.

[RIA 23 Q 18, 42, r. 3]

Chuaigh an cur síos seo i bhfeidhm ar an traidisiún béil in Éirinn (Ó hÓgáin 1988, 302) agus tá macalla de sa tagairt thuas as Albain don 'dà chaisteal dheug' a bhí ag Fionn. Ba é Cruimlinn freisin an áit a raibh sé i ndán d'Oisín deireadh a laetha ar an mbith ché a chaitheamh ann, agus é faoi chuing na hEaglaise. Tá rialtacht agus oird an tsaoil i gceist leis an gCruimlinn seo. Ach, os a choinne sin, rugadh Oisín 'i measc na gcrabh agus na gcrann' i gCruimlinn na gCrabh agus b'ann a chaith sé a shaol 'i measc na dtréad agus na gcarriacha' ar feadh bliain is fiche:

*Mair sin is ó sin amach  
gur fhás mo neart is mo bhrigh  
gan rath gan riaghail gan smacht  
go roibhis an seacht fa thri. [E, 46]*

Tá iargúltacht na coille agus diamhair na tairseachúlachta ina n-orlaí tríd an gCruimlinn seo b'fhód gine agus dúchais d'Oisín.

## CAIBIDIL 9: CÚRSAÍ SEILGE

*Fianna a uenatione .i. on t s eilg dognidís isberthi*

'*Fianna*, from the *venatio*, i.e. from the hunting, which they used to practice *fianna* was said of them' (*Cóir Anmann*, téacs agus aistriúchán in Stokes 1897, 378-9).

### NA FIANNA AGUS CÚRSAÍ SEILGE

Tá tús agus deireadh shaol Oisín fite fuaite leis an bhfiach. Tugtar cuntas in SOO ar thrí cinn de sheilgí a raibh dlúthbhaint acu lena ghiniúint agus lena bheith sna Fianna agus tá seilg eile, an ceann deiridh a rinne sé agus é ina sheanfhear dall (féach Caibidil 21), ar cheann de na héachtaí móra dá chuid a chuaigh i bfeidhm ar phobal an traidisiúin bhéil in Éirinn agus in Albain. Tá lorg théama na seilge cheana féin ar an réamhrá próis leis an déantús meadarachta is sine dá bhfuil againn faoi — an dán ón 8ú haois faoin gcoimhlint idir é féin agus a athair atá luaite againn i gCaibidil 1. Deirtear sa réamhrá seo gur aimsigh Fionn Oisín 'i ndíthreabh mhór agus é ag fuineadh muice'. Is follas ón téacs seo go raibh Oisín ina chónaí as féin ar feadh bliana agus é taobh leis an bhfiach le maireachtáil.

Má bhí luí ar leith ag Oisín leis an bhfiach óna óige ba dhual athar dó a bheith amhlaidh. Thug Gerard Murphy *warrior-hunter-seer* ar Fhionn sa scagadh domhain cumasach a rinne sé ar an ábhar ar fad faoi Fhionn agus faoina ról san Fhiannaíocht (1953, xlvi, lxi; féach freisin Murphy in Knott & Murphy 1966, 165). Seo an íomhá is treise d'Fhionn agus tá glactha ó shin le cur síos beacht Uí Mhurchadha ar an rífhéinní. Ba chuid bhunúsach de shaol an fhéinní an fiach agus is téama buan leanúnach i dtraidisiún na Fhiannaíochta é téama seo na seilge.

Léiríonn an tsolaoid sanasaíochta as *Cóir Anmann* ag ceann thuas na caibidle seo an tuiscint a bhí i dtreis i dtréimhse na Meán-Ghaeilge go raibh dlúthbhaint ag an bhfocal SG *fian* 'fian' le cúrsaí seilge. Glacadh leis gur shíolraigh an focal Gaeilge ón bhfocal Laidine ar fhiach. Thóg Kuno Meyer ar éirim na sanasaíochta seo agus d'áitigh sé, faoi mar a mhol Whitley Stokes roimhe sin, gurb ionann bunús sanasaíochta do *venare*, 'bheith ag fiach' sa Laidin, agus don fhocal *fian*. Luaigh sé *vojna* 'cogadh' na Sean-Bhulgáirise sa chomhthéacs seo freisin agus dúirt: *While Latin has confined the meaning to the chase, Irish and Old-Bulgarian agree in its*

*application to warfare*. (Meyer 1910, vi) Glacadh leis an tsanasáocht seo go dtí le gairid (féach mar shampla, Nagy 1985, 43 agus tagairtí 243; Ó hÓgáin 1988, 33), ach níl Eric Hamp, agus an fhianaise meáite aige, ar aon mhéin le Meyer faoin gceist (1992, 47; 1996, 88-9). Áitíonn sé go síolraíonn an cnuasainm *fían* ón bhfréamh chéanna Ind-Eorpaise a sholáthair SG *fid* 'crann/coill' [> NG *fíodh*] agus sainmhíníonn sé *fían* mar *a group belonging to the woods or forest*. (Hamp 1992, 47; 1996, 89). Mura nglacann sé leis gurb ionann fréamh do *venare* na Laidine agus do *fian* na Gaeilge, glacann sé leis mar sin féin ó thaobh na séimeantaice de gur fhás an chiall *band of hunters, troop of warriors* as an mbunchiall a luaigh sé leis an bhfocal *fían* (1992, 48). Mar thaca lena argóint, pléann sé roinnt seantéacsanna Fiannaíochta a léiríonn an dlúthbhaint a bhí ag na Fianna le cúrsaí seilge (1996, 89-95).

Ba é téama an fhiaigh a sholáthair ceann de na teidil atá ar SOO, *Seilg Mhór Bhoireann Uí Lochlainn*, agus níl aon amhras nár lean an té a bhaist an teideal seo air lorg an traidisúin, arae luaitear an focal *seilg* i dteideal roinnt laoiithe eile. Fearacht SOO, is minic a luaitear ainm áite ina teideal: *Seilg Locha Léin*; *Seilg Sléibhe Cuilinn* nó *Laoi na Seilge* mar is fearr aithne air; *Seilg Sléibhe Fuaid*; *Seilg na Féinne os cionn Locha Deirg*; *Seilg Sléibhe gCrot*; *Seilg Sléibhe na mBan*; *Seilg Ghleann na Smól* (féach An Seabhac 1941, v).

Tugtar léargas maith dúinn in SOO ar ghnéithe éagsúla den fhiach a chleacht na Fianna faoi mar a samhlaíodh a leithéid a bheith do lucht saothraithe na Fiannaíochta. Tá na Fianna agus an bhaint a bhí acu le cúrsaí seilge i gcoitinne pléite ag Ó Cadhlaigh (1947, 65-81) agus Ó hÓgáin (1988, 123-31). Tá mionscagadh ar fónamh déanta ag Fergus Kelly ar an bhfiach ina mórshaothar taighde ar an bhfeirmeoireacht sa seanreacht in Éirinn (Kelly 1997, 272-85). Níor mhair an oiread sin seanchas seilge in Éirinn faoi fhiach an fhia i gcomparáid le hAlbain, áit a bhfuil an fia fós fairsing.<sup>1</sup> Tá an cuntas gearr a rinne W. J. Watson (Watson 1914) ar an

---

<sup>1</sup> Ar na blúirí suimiúla Fiannaíochta a thugas léargas dúinn ar chúrsaí seilge fadó tá an cuntas in AB agus AS2 ar an gcaoi ar mhúin Fionnchadh mac Floinn, duine de mhuintir Chaoilte, *conách sealga* nó *séan sealga* d'Iorghal mac Muireadhaigh. Dúradh leis seilg a dhéanamh lena mhuintir ar an gCéadaoin dár gcionn agus an chéad fhia a mharódh sé a choscairt agus a thabhairt dá mhuintir agus dá chonairt. Bhí air fuil an fhia a chuimilt do lámha a mhuintire agus dá chuid chon agus bheadh conách seilge air (An Craoibhín 1925, 98; Ní Shéaghdha 1942b, 11-2; Ó Briain 1994, 442, fn 67). Tá cuma na híobartha ar an deasghnáth seo. Ní miste a mheabhrú sa chomhthéacs seo gur thuairisc an staraí Gréagach Arrian (c.95-180 AD) go n-íobradh Ceiltigh na Gaille ainmhithe don bhandia Artemis le cead fiaigh a fháil uaithi (Mckay 1932, 164).



fhiach thall an-fhóinteach agus tugann sé leidí dúinn faoin gcaoi a bfeadfadh cúrsaí seilge a bheith abhus sna meánaoiseanna.

Cé nach mar a chéile ar fad na heiseamláirí téacsúla de SOO ó thaobh fhad agus ábhar na laoi de (féach Cuid II), má ghlactar le fianaise SOO ina iomláine is féidir trí cinn d'eachtraí seilge a aithint ann. Tugtar léargas maith ar eagar na seilge in SOO agus freagraíonn na heachtraí ann d'ócáidí an-chinniúnacha i saol Oisín:

- AN CHÉAD SEILG — fiach na heilite agus tuismeadh Oisín
- AN DARA SEILG — óige agus oiliúint Oisín
- AN TRÍÚ SEILG — oidhe Bhrain.

#### AN CHÉAD SEILG: EAGAR NA SEILGE

Tráchtann Oisín ar chúrsaí seilge i bhfíorthosach na laoi, ach ansin, mar is iondúil i ndéantúis den chineál seo, éiríonn idir é féin agus Naomh Pádraig faoi na Fianna [E, 16-36; H, 16-32].<sup>2</sup> Leanann siad orthu ag sáraíocht ar a chéile go dtí go meallann Pádraig Oisín ar ais chuig scéal na chéad seilge agus tosaíonn an seanóir as an nua arís. Seachnaítear athrá, áfach, mar trácht ar eagar na chéad seilge atá sa chéad chuntas aige agus tuairisc ar ghabháil na heilite agus ar a choimpeart féin atá sa dara ceann.

Bhí lucht cumtha agus pobal éisteachta agus léite na Fiannaíochta faoi dhraíocht riamh anall ag logainmneacha agus thug laoithe faoi chúrsaí seilge deis dóibh solamar agus sásamh a bhaint as a ndúil sa ghné dhinnseanchasúil seo den traidisiún. Luaitear conair na sealgairí agus roinnt logainmneacha — iad sách truaillithe sna foinsí — sa chuntas ar an gcéad seilg. Ba i mBoirinn Uí Lochlainn a rinneadh an tseilg seo agus b'ann a gineadh agus a rugadh Oisín. Tagraítear do na logainmneacha i dTuamhain a luaitear sa chuid seo de SOO i gCaidibíl 8.

Cuireadh tús le himeachtaí na seilge in Almhain. Mar atá ráite thuas, luaitear tús na seilge faoi dó agus, dá bhrí sin, tagraítear d'Almhain faoi dhó freisin.<sup>3</sup> Ní mar a chéile go baileach, áfach, an dá chur síos ar thús

<sup>2</sup> Níl ach tús na seilge agus roinnt den argóinteacht eatarthu, mar atá sé in SOO, in F. Leantar leis an tsáraíocht seo in F, ach is leagan den tsáraíocht atá in *Seilg Locha Léin* atá in F ó rann 24 ar aghaidh go deireadh.

<sup>3</sup> Tagraíonn Oisín d'Almhain freisin sa tsáraíocht idir é féin agus an naomh i roinnt leaganacha:

Dá mbeinnse in Almhuin ag Fionn  
a chléirigh shlim na leabhar bán,

na seilge. Is mar seo a cuireann na Fianna chun bealaigh i dtús báire de réir E agus na leaganacha gaolmhara leis [Add 6; Add 8; B]:

Gluaistear leo as Almhain amach  
lámhdheas [leis an t]Sionainn siar,  
dá gcois agus ar eachaibh  
agus ba mheanmnach iad an chliar. [Bunaithe ar E, 6]

Níl an tagairt shuimiúil do na capaill sa rann a fhreagraíos don cheann seo sna leaganacha eile [H; D; M; S; C; F]

Gluaistear linn as Almhain amach,  
ár lámh dheas le Sionainn siar  
go Ros Dá Róshoiligh na laoch  
an t-oileán caoimh le luíonn an fia. [Bunaithe ar H, 6]

Glacaim leis gur leagan é 'Ros Dá Róshoiligh na laoch' [*ross dá róshellé na liochh* H; *rus da ro helegh in na reane* D; *rus ta roe gelegh na reene* M; *ros an dara hulla na Righ* C; *go rus an dara halla na Righ* S] den ainm Ros Dá Róshoileach, ainm a thugtar ar Luimneach in *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* (Ní Shéaghdha 1967, 147; Hogan 1910, 585).<sup>4</sup> Léiríonn éagsúlacht an bhuafhocail i ndiaidh an logainm seo an chaoi ar féidir teilgean na cainte i laoithe a athrú ach cloí leis an gcomhardadh nó leis an amas iontu i gcónaí. Tá gach aon cheann feiliúnach ó thaobh na céille de – Ros Dá Róshoiligh na laoch ... na rí ... na rian. Níl aon locht ar an rann seo ó thaobh na tíreolaíochta de ach an oiread. Chaithfeadh an té a bheadh ag gluaiseacht siar ó Almhain Laighean go Tuamhain a dheasóg a iontú leis an tSionainn agus é ag triall ar Luimneach. Nuair a thosaigh Oisín ag insint fáth a scéil in athuair ag é ag cur tús arís lena chuntas ar an tseilg, deir sé gur imigh na Fianna leo as Almhain 'ag dúiseacht groigh allta os gleannta' agus go ndeachaigh siad 'fo hescea Rieguin na ttien rea' [H, 35] / 'fa eisgur riadh na ttian ruadh' [E, 36]. Sílim gur leagan truailithe den ainm Eiscir Riada atá anseo (Hogan 1910, 395).

---

budh é siúd m'aitis is mo shó  
agus ní hé an ghlóir atá ar neamh. [C, 23; S; D; M]

<sup>4</sup> Is fiú aird a thabhairt ar na malairtí seo a leanas atá luaite ag Ní Sheaghdha as na lámhscríbhinní a cheadaigh sí agus *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* á chur in eagar aici: Ros-Dá-Rothshoileach; Ros Dara Soileach; Ros Daire Ó Soileach; Ros Dá Rosshoileach; Ros Daire O (Ní Shéaghdha 1967, 109).

*These chases may be of great length* a deir Dáithí Ó hÓgáin sa chuntas aige ar na seilgí agus na *elaborated hunting techniques* a chleacht na Fianna (Ó hÓgáin 1988, 127). Tá an chéad seilg in SOO ar aon dul lena leithéidí i dtéacsanna eile Fiannaíochta sa méid is go bhfuil limistéar fada fairsing tíre i gceist agus go bhfuil baint ag na sluaite leis. Síneann, mar shampla, an fiach a luaitear i dtús FTC ó Theamhair Éarna go Sliabh Eachtaigh (Joynt 1933, 1). Is ionann sin, geall leis, agus an ceantar ó Shliabh Luachra go Ceann Boirne atá i gceist in SOO. Ní haon iontas, mar sin, go gcáilíonn an aidiacht 'mór' an t-ainmfhocal 'seilg' i gceann de theidil SOO.

Luaitear roinnt de phearsana móra na Féinne agus roinnt logainmneacha sa cuntas ar an gcéad seilg, ach ní foláir coraíocht leis na foinsí le meabhair a bhaint as cuid acu. Tá cuid den téarmaíocht shuimiúil seilge atá ann sách doiléir freisin. Ba é Fionn a stiúraigh an tseilg. Chuir sé Goll agus Coireall in éineacht leis, nó Goll agus Oscar [H, C, Tós], nó Garadh agus Goll [D; M], go bun Shliabh leathan Luachra. Chuir sé Mac Lughach, nó Mac Fhearghais [S; C], agus caoga laoch agus a gcuid gcon acu ar iallacha agus an Fhian Laighneach, ina dteannta. Chuir sé an Fhian Mhuimhneach chuig Caoilte agus Clanna Rónáin. Chuir sé Diarmaid faoin gcoill agus Bran meidhreach agus Sceolaing ina chosamar. Luaitear duine eile de laochra na Féinne ansin ar léir go ndeachaigh a ainm in ainseal ar fad ar na scríobhaithe nó ar a bhfaisnéiseoirí. Seo mar atá in H, Fionn atá ag caint

Cuirfad Mac an Digher gafa ghonn as a gchinn á nard á chrichc  
comad caragaughie 7 spancraughie mur heid cuin althé 7 brehc  
[H 12]

*'Cuirfead Mac an Doghair Dhámhaigh Dhoinn  
os a gcionn in ard an chnoic,  
ag coimeád carraigreachaí agus speancrachai  
mar théid coin allta agus broic.'*

Mar seo a leanas atá an t-ainm seo sna foinsí eile: *mac an duir dha mhuidhuibhne* [E]; *mac in da fir afill duin* [C]; *mac an dafair afill dhuinn* [S]; *amach an dúirdháimh duaineadh* [Add 6]; *mack in davur yuin* [D]; *mock in davur yuin* [M]. Mhair an t-ainm sa traidisiún béil i gCarna mar seo: *Mag Uír Dhuir Dheyn thuas i n-árd a' chnuic* [G10, 15b]. Ní haon iontas go bfuil eagsúlacht mhór sna foirmeacha seo mar is laoch é Diorraing mac Daghair Dhámhaigh nach luaitear ach réasúnta annamh san Fhiannaíocht. In *Airem muintiri Finn*, téacs a luaigh Meyer leis an 12ú haois (1910, xxx),

deirtear gurb iad 'Dirinn ocus Mac reith' dá fháidh Fhinn mhic Cumhaill (O'Grady 1892, 93). Is léir feidhm an fháidh aige i dtagairtí fánacha dó i laoihe Fiannaíochta. Thuar Dirraing mac Doghair do na Fianna go n-ionsódh na Coincheann iad i laoi a mheastar a cumadh sa 12ú haois (Murphy 1933, 21-2 [DF XXXVIII, 6-8]; Murphy 1953, 90-1). Luaigh Garaidh mac Morna tairngreacht a rinne Diorraing Draí i laoi eile a cumadh is cosúil sa tréimhse chéanna (Mac Neill 1908, 10 [DF III, 47ac]; Murphy 1953, 10). Tugtar Direng Draí air freisin sa cheannteideal le dán gearr a fhágtar air dar tús *Teirci bidh imad ngalair* (Leabhar Ua Maine, 121 Rb 21). Fáistine faoin drochshaol atá le teacht atá sa dán. B'fhéidir gur truailliú ar an aidiacht *duanach* an fhoirm *duaineadh* a luaitear lena ainm i roinnt leaganacha de SOO.

Insítear in *Tóraigheacht Taise Taoibhghile* faoi gcaoi a bhfuair Diorraing mac Doghair Dhámhaigh agus Mac Reithe 'fios foirbhthe fír-eólach' nuair a doirteadh taoscán den 'linn ionmhais' a bhí i gcupán Ché iníon Bhig mhic Bhuain ina mbeál agus iad ag cuidiú le Fionn an ordóg a chuaigh i bhfostú idir ursain agus doras Sí Charn Choirrshléibhe a tharraingt as. Chuir Fionn an ordóg idir a dhéada agus sin an chaoi a bhfuair sé féin fios (Ní Mhuirgheasa 1954, 10-11). Insítear leagan eile den eachtra chéanna in FTC, ach an tráth seo is ar Charn Fhearadhaigh, i gCo Luimnigh an lae inniu, atá imeachtaí an scéil suite (Joynt 1936, 40; O'Rahilly 1946, 326-8). Tá cuntas eile fós in FTC faoin gcaoi a bhfuair an triúr acu bua an fheasa. Cuireadh faoi ndear do Chuilinn Cuailgne deoch íocshláinte a thabhairt d'Fhionn de bhrí gur mheall a iníon, Miodhluachair, i riocht eilite go Loch Doghra é, áit a ndearnadh seanfhear liath d'Fhionn. Chuir an deoch ar ais ina riocht féin é, ach an léithe amháin — fuíoll na hasarlaíochta. D'ól Mac Reithe agus Diorraing cuid den deoch freisin agus fuair siad fios agus fíor-eolas as a los (O'Kearney 1855, 172; ní luaitear ach Mac Reithe amháin in Joynt 1936). Diorraing mac Doghair Dhámhaigh amháin a bhí i dteannta Fhinn nuair a casadh chuig dún Chonáin Chinntsléibhe é. Tugtar 'óglach donn-dearg dáthálainn' air sa chur síos a dhéantar air san eachtra sin sa téacs seo (Joynt 1936, 3, l. 84) B'fhéidir gur macalla ar an gcur síos in FTC é an *donn* atá lena ainm in SOO, sin nó bhí údair léannta an dá shaothar seo ag tarraingt as an tobar céanna. Is fiú a lua i gcómhtéacs an logainm Ros Dá Róshoiligh/Ros Dá Ró-shoileach thuasluaite a bhaineas le SOO agus le *Tóraigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* go bhfuil ról gníomhach ag Diorraing mac Dobhuir Dhámhaigh í

Bhaoisgne sa *Tóraíocht* áit a dtugtar 'draoi agus deagh-dhuine ealadhan' air (Ní Shéaghdha 1967, 8).

#### EACHRA NA FÉINNE

Is fíorannamh a thuiriscítear na Fianna a bheith ag marcaíocht agus iad ag fiach, mar atá le tuiscint go soiléir ó SOO. Insítear in AS gur chin eachra na Féinne ó stail agus láir, 'feireach agus baineach', a baineadh dá bhuíochas d'Artúr mac Béinne Briot in éiric na gcon a ghoid sé ó na Fianna agus deirtear faoi na Fianna nár 'chleachtsat eich co sin' (Stokes 1900, ll. 164-285; ll. 257-8). Ainmnítear laochra na Féinne agus na capaill a bhí acu i laoi liodánach ag deireadh na heipeasóide seo agus tuairicítear faoi Choincheann, capall Fhinn, nár éalaigh cú ná giorria ná fia uithi riamh. Tá fianaise níos sine ná sin ann, áfach, faoi na Fianna ag marcaíocht ar chapail agus iad ag fiach.

Luaitear torc Dhroma Leithe i gceann de na tréanna in *Trecheng Breth Feni*. Chinn ar Fhionn agus ar na Fianna é a mharú:

Tri hamra Glinne Dalláin i tír Eogain: torc Dromma Leithe, is ass rochin 7 is dó-side for féimid Finn ní, co torchair imMaig Lii la aithech búí hic tírad, ut dixit Finn:

Ní mad biadsam ar cono. ni mad ríadsam ar n-echa  
tan is aithechán átha. ro marb torcc Dromma Letha.

*Three wonders of Glenn Dallan in Tirowen: the boar of Druim Leithe. It was born there, and Finn was unable to do aught against it, until it fell in Mag Li by a peasant who was kiln-drying. Whence Finn said:*

'Not well have we fed our hounds,  
Not well have we driven our horses,  
Since a little boor from a kiln  
Has killed the boar of Druim Leithe.'

(Téacs agus aistriúchán, Meyer 1906, 30-1)

Ba sa dara leath den 9ú haois a cuireadh *Trecheng Breth Feni* le chéile dar le Meyer nuair a chuir sé an téacs in eagar (Meyer 1906, xi), ach luaigh sé, ina dhiaidh sin, dáta sa 10ú haois leis an sliocht thuas ina chlár d'ábhar Fiannaíochta sa réamhrá le *Fianaigeacht* (Meyer 1910, xxiii). Ghlac Murphy leis an dátaíocht seo (1953, lix). Tacaíonn fianaise chomaimseartha ioconagrafaíochta go maith leis an gcineál seo seilge, arae léirítear marcach

ag fiach agus a chú ag breith ar fhia ar chrois a sníodh thart ar an tréimhse chéanna i mBéal Fhinn, Co na hIarmhí (Kelly 1997, 97).<sup>5</sup>

Thug Pádraig 'a Rí na bhFian agus na n-each seang' ar Oisín [H, 2] agus nuair a chuir na Fianna chun bealaigh ó Almhain ag tús SOO d'imigh siad leo 'dá gcois agus ar eachaibh' de réir E agus na leaganacha gaolmhara leis [Add 6; Add 8; B]. Cé nach bhfuil an tagairt seo sna leaganacha eile is léir gur báineadh úsáid as capaill sa tseilg in SOO, arae mar a thuairisc Oisín: *Goffur lin á masg gaugh shellig / alid álinn á lub na naugh* (Gabhtar linn i measc gach seilg / eilid álainn i lúb na n-each.) [H, 36]. Is éard atá i leaganacha eile gur gabhadh an fia i 'lúb na n-each' (lube na nagh D; M; luib ba neach E;) nó 'i measc na n-each (C; S). Glacaim leis gur dóigh gur téarma teicniúil seilge é seo ag cur síos ar an gcaoi ar sháinnigh marcaigh na Féinne an fia.<sup>6</sup>

#### EANACH SEILGE

Luaitear leaganacha de théarma teicniúil sealgaireachta in SOO a raibh, is léir, roinnt deacrachta ag seachadóirí agus ag scríbhneoirí na laoi leis. Is iad na leaganacha sin *sionnach seilge* agus *eanach sealg*. Níl an tearma i gceist in C/S agus ní furasta adhmaid a bhaint as na eiseamláirí ar fad thíos. Tá na focail chuí i gcló trom.

Is in sin dfuagair fionn caoin  
*air ghasraidh in ghrinn* na cceim calma  
gan dol anas buidheas don *chnoc*  
iona aitriughadh **sionnach sealge**. [E, 8]

Is ann sin a dfuaigir Fionn  
*air ghasradh an ghrinn gheanamnach*  
gan dul andeas ba dheas do Chnoc  
ó nach aitiogheach **sionnach seilge**

[Add 6, 7; Add 8, 7; B]

Gan a dhul níos neasa gon chroc  
Go nachtuíoch **seanach sealg**  
Go cínnte tógtar dúinn gáir shealg  
Go fiadh dár a bhforaois. [G 10, 3]

<sup>5</sup> Léirítear marcaigh agus coin fhuiaigh freisin ar chroiseanna comhaimseartha Píochtacha in Albain (Hicks 1993, 150-5; léaráidí 150, 153, 155).

<sup>6</sup> Ní féidir, áfach, a chur as an áireamh nach ainm áite é Lúb na nEach. Tugtar, scaití, Lom na nEach ar Luimneach.

En shuth ieris Finn er gasrie uobhraugh na ngeim callum  
gan á ghol nees nassá gun chruhc no go machtée diest **annaugh  
shallug** [H 8]

*Ansiúd iarrais Finn  
ar ghasraidh uaibhreach na ngéim calma  
gan a dhul níos neasa don chnoc  
nó go machtaidíst eanach sealg.*

Is an sin do fhuagras Fionn do ghuth árd  
do ghastraidh aigantach na gceimh calum  
gan theacht níos neasa na sin don cnoc  
go neachdaighaibh siad **anachta na Sealg**. [F, 8]

In shude ougreys Shea gun vile go vuntur vourye vec cole gon A  
yol dee bue naughneye in sa gruck no gue madghteed shead **Aney  
na Shelleg** [D]

En shude ougreys she gon vile go vunture vourey vec ceole gon  
yuol de bu noughtuy in so gruck no go madghteed shead **aneeye na  
shelyg** [M]

*An siúd a fhógraíos sé gan mhoill do mhuintir mhuirnigh mhic Cumhaill  
gan a dhul dí ba naughneye ins am gcnoc nó go machtaíodh siad eanaigh  
na seilg.<sup>7</sup>*

Ní léir dom cén chiall atá leis na leaganacha a bhfuil *sionnach seilge* iontu. Ní móide gurb é an sionnach nó an madra rua atá i gceist. Arbh fhéidir gurb éard a tuigeadh gur fhógair Fionn dóibh gan dul 'aneas i ngar don chnoc de bhrí nach áitreabh sionnach seilge é? Níl mórán céille lena leithéid. B'fhéidir gur truallíú é *sionnach seilge* ar *sonnach seilge*. Is ionann *sonnach* agus 'fál adhmaid' nó 'pailís'. Tá achoimre bhéil ar leagan den tríú seilge de chuid SOO in G 22 agus deir an scéalaí nuair a shíl Fionn máthair Oisín a mharú go ndearna sé 'sconsa ansin de na Fiannaí i riocht agus nach bhféadfadh an eilid imeacht uathab.' Níor éirigh liom an téarma *sonnach seilge* a aimsiú in aon fhoclóir, ach d'fhreagródh ciall na bhfocal seo do *eileirig* na hAlban. Síolraíonn *eileirig* ó SG *erelc*: *which I take* a deir Fergus

---

<sup>7</sup> Is foirm chanúna é *dí ba* do *ní ba*. Maidir le *madghteed* D agus M, féach nóta ar H 8d sna nótaí i gCuid II le H. Chinn orm meabhair a bhaint as *naughneye* D, agus *noughtuy* M. Freagraíonn siad don aidiacht bhreischéime *neasa* i leaganacha eile. Dá scríobhtaí *neasa* trí bhotún éigin mar *neaša* i bhfoinse ar baineadh úsáid as gnáthlitriú stairiúil na Gaeilge inti d'fhéadfaí é a thuiscint mar *neachta*.

Kelly, *to be from air-* 'before, in front' + *selc* 'hunting' (1997, 277). Tugann an sliocht thíos a bhain Watson as tuairisc a scríobhadh in Albain sa bhliain 1796 léargas dúinn ar *eileirig* na hAlban:

Before the use of firearms, their method of killing deer was as follows: On each side of a glen, formed by two mountains, stone dykes were begun pretty high in the mountains, and carried to the lower part of the valley, always drawing nearer, till within 3 or 4 feet of each other. From this narrow pass, a circular space was enclosed by a stone wall, of a height sufficient to confine the deer; to this place they were pursued and destroyed. The vestige of one of these enclosures is still to be seen in Rum. (Watson 1914, 162)

Cineann *annaugh shallig* [H], agus *anachta na Sealg* [F] ón téarma teicniúil *enach selgga* a bhfuil roinnt fianaise air ó tréimhse na Meán-Ghaeilge i leith. Tugtar an sainmhíniú seo a leanas in *DIL* ar an *enach* atá i gceist sa leagan seo: *a narrow way or passage; a place fit for an ambush: 'a snare, a dangerous pass'*. Is é údarás Pheadair Uí Chonaill (1755-1826), foclóirí agus scoláire as Co. an Chláir, a luaitear leis an sainmhíniú idir uaschamóga. Níl ach solaoid amháin, áfach, den leagan i gcló in *DIL* agus é sin, ceann as téacs Fianníochta, san uimhir iolra. Léitear sa scéal ar thug Meyer an teideal *The Chase of Síd na mBan Finn and the Death of Finn* air faoi na Fianna gur 'chóirgetar a n-enaighi sealg a ar fairsingib 7 ar forrétib na ferand.<sup>8</sup> D'aistrigh sé an sliocht seo mar: *and they set their traps of the chase on the expanse and level parts of the land* (1900, 64. 10 agus 65 faoi seach). Iolra na ainmfhocail atá in *Aney na Shelleg* [D]; *aneeye na shelyg* [M], 'enaigh na seilg[e]'.<sup>9</sup> Luaitear *enach selgga* i ndinnseanchas Brechmag:

Brechmag unde nominatur. Ni handsa. is ann ro sernad cetna selg Lagen riam .i. enach selgga .i. dam allaid 7 elit 7 loeg allaid 7 cú allaid. 7 in cú fo deóid ... (LL, ll. 27748-50)  
*Bréachmhagh unde nominatur: Ní deacair [a rá]. In ann a eagraíodh céad seilg na Laighneach riamh, eadhón, eanach sealga, eadhón, damh allta agus eilit agus lao allta agus cú allta. An cú allta faoi dheireadh.*

<sup>8</sup> *ēnaighi* atá ag Meyer ina eagrán, ach *enaige* atá sa ghluais aige (108) agus is é freisin atá in *DIL*, s.v. *enach*.

<sup>9</sup> Ní infhilltear an t-ainmfhocal *seilg* sa ghinideach uatha i ndiaidh an ailt sna solaoidí seo, ná i solaoidí eile den leagan *eanach seilg* in *SOO*. Luann Murphy roinnt samplaí de neamhinfhillteadh an ainmfhocail *seilg* sa ginideach uatha (1953, 136).



Luaitear 'eanach' as féin i nglac bheag eile foinsí agus chítear dom gurb ionann é ó thaobh na céille de agus 'eanach seilge'. Bhagair Conán in 'Seilg Ghlinne Diamhaire' ar na Fianna:

Annsin labhras Conán go faobhrach  
le Clanna Baoiscne breaghdha  
'Ní leigfear cú san eanach  
gan clánn m'athar i láthair.'

(An Seabhac 1941, 164.3)

Agus i 'Laoi an Amadáin Mhóir' tá:

Ins an eanach 'nar ghabh siad  
tig an fiadh beannach borb,  
agus gadhar cluais-dearg bán  
ag tafann go dána ar a lorg

(An Seabhac 1941, 290, r. 29)

Is é an chiall chéanna atá leis freisin san fhiach a chuir Raiftearaí ar Sheán Bradach de Búrca, arae i ndiaidh an dá líne seo thíos san amhrán déantar cur síos ar eagar na seilge:

Glacaigí misneach, tá an aimsir ag imeacht  
agus socraigí eanach is garda.

(Ó Coigligh 1987, 124, ll. 87-8)

Luaitear an fia agus eanach i dteannta a chéile i seanfhocal a bailíodh ar an bhFairche, Co. na Gaillimhe. Deirtí le teann doichill roimh dhuine: 'Fáilte an fhiadha 's an eanaigh romhat.' (Ó Máille 1948, 292, §1920)

Ba é an toradh ar an gcéad seilg seo in SOO gur tuismíodh Oisín mar atá léirithe i gCaibidil 6. Cé nach féidir suirí a lua le teagmháil áilíosach mhínádúrtha Fhionn leis an eilit in SOO is suimiúil gur ócáid shuirí agus chollaíochta a bhí sa tseilg freisin. Ag seilg, mar shampla, a bhí Lughach agus Dáire nuair a chuaigh siad i 'gcomhleaba' agus coimpríodh Mac Lughach de bharr a dteagmhála colúla (Mac Neill 1908, 25 [DF xi, rann 11-4]; féach freisin Murphy 1953, 206-7). Ní haon iontas gur airigh Oisín agus é ina sheanáir in Oil Finn an tsuirí agus an tseilg go mór uaidh. Ba iad, mar a mhaígh sé, 'in dā cheird le a raibhe ar súil' (Murphy 1933, 194 [DF lv, rann 4b]).

## CAIBIDIL 10: ÓIGE AGUS OILÚINT OISÍN

... *the child of destiny has to face a long period of obscurity.*

(Campbell 1968, 326)

### ÓIGE OISÍN

Más é an toradh a bhí ar an gcéad seilg in SOO gur saolaíodh Oisín san fhásach i gCruimlinn na gCraobh agus gurb ann a tógadh é 'i measc na bhfiadh mór agus na bhfearb', is é toradh an dara seilg gur fáiltíodh roimhe i measc an chine dhaonna tar éis dó bliain agus fiche a chaitheamh in éineacht leis an bhfia ba mháthair dó san fhásach.<sup>1</sup> Cé nach bhfuil an cuntas seo ar an dara seilg [H 48-71] sna leaganacha uilig de SOO – níl in E agus a chomhleaganacha [Add 6; Add 8; B] ach rann fánach amháin [E 47] faoi na cúrsaí seo – d'fhág an chuid seo den laoi lorg buan ar an seanchas béil faoi Oisín.

Tugtar cuntas ar an gcaoi ar chaith Oisín blianta a óige abail a mháthar sna rainn idir na cuntais ar an dá sheilg [E 41-6; H 40-3]. Tógadh mar ainmhí é agus mhair sé mar ainmhí. Tagraítear dó mar lao faoi dó sa chuid seo den téacs – tagairtí a léiríonn tuiscint ghrinn an údair ar bhunbhrí an ainm Oisín. Léiríonn siad freisin nach bean faoi dhraíocht a bhí ina mháthair, ach fia a thál air fearacht eilit ar bith:

Trah do rhum shee en shinn no go ttanichc á hunnu 7 á ham  
*gur ruggu mishea minnúd lioh masc na griebh 7 na grann*

[H 40]

*Tráth do throm sí ansin  
nó go dtáinig a hionú agus a ham,*

<sup>1</sup> Tá leide, b'fhéidir, faoi chúlra aduain Oisín in *Bruidhean Eochaidh Bhig Dheirg*:

Aduhairt Oisín in *tan sin* ag labhairt, 'Ní bhfuil leaba in laoih eallaidh a n-*Éirinn*,' air *sē*, 'nach raibhe mē fēin úair éigin do ló nō d'aoídhche ann um luighe nō um shuidhe, um chodhladh nō um dhūsghadh, & ní fhidir mē cía an áit si ina ttarla mē anocht ...'

(Ní Mhuirgheasa 1941, 47)

Meabhraíonn an saineolas a mhaígh Oisín sa sliocht thuas a bhí aige ar ghnáthoga an fhia an chaoi ar tógadh i dtús a shaoil é in éindí le fianna de réir SOO.

*gur rugadh mise in ionad lao  
i measc na gcraobh agus na gcrann.*

Do bhíos féin ansin fá iomad ceanais,  
mar gach lao ag ól a lachta,  
i mo luí in gach scairt,  
go rabhas an trí fá sheacht.

[Bunaithe ar E 42; liomsa an cló trom.]

Admhaíonn Oisín, i roinnt leaganacha [H; D; M; G 10], go raibh sé ag diúl ar an eilit go raibh sé 'in aois mo sheacht mbliain'. Bíonn gach uige mar a hábhar agus mhair Oisín san fhiántas mar ainmhí fiáin. Ní dheachaigh beatha dhaonna ina bhéal chúns a bhí sé ann agus chrannraigh craiceann a chos 'i measc / ó shiúl na ndos agus na ndealg' [E 43 cd; H 41 ab]. Bhí gruaig air ó mhullach a chinn go dtí trácht a chos. Baineann roinnt doiléire, áfach, leis an gcéad tagairt don Oisín gruagach sa laoi, tagairt nach bhfuil sna foinsí uilig. Deir Oisín go raibh sé:

*fa ealracht triad go slim  
o mhullach mo chinn go talamh.*

[E 44 cd; uirlíocht tréad, B 40c; Add 6 40c ]

Níl an tagairt seo in H agus seo a leanas mar atá an téacs sna foinsí eile:

*do bearriomh me o thracht go bunn  
o bhullach mo chin go himlin* [C 43 ab]

*ba garbh dam o tracht go slim o mullach mo cinn go himlinn* [S]

*Talus o hraght gue Sling 7 o vahus mue cen go hemlen* [D]

*Talus O hraght go slin 7 o vahush mu cen go hemlen* [M]

Tugann na malairtí seo léargas inspéise dúinn ar an gcaoi a n-athraíonn friotal na laoithe sa phróiséas seachadta, go háirithe nuair a bhaineas doiléire le cuid den teanga iontu. D'fhéadfaí téacs D/M thuas a normalú mar: 'An t-allas ó thrácht go slinn agus ó bhathais mo chinn go himlinn'. Ní fhreagraíonn na cheithre fhoinse seo thuas dá bhfuil in E, B, Add6, Add 8. Is léir ón gcur síos a rinne an chéad duine daonna a chonaic é air go raibh gruaig fhada ar Oisín. B'éigean é a bharradh 'ó bhathais go trácht mo bhonn' [H 69d] nuair a tugadh i ndiaidh na seilge chuig na Fianna é. Glacaim leis gur dóigh go gciallaíonn an focal *ealracht* [uirlíocht

Add, B] 'gruaig fhada' nó 'fionnadh' ach chinn orm é a aimsiú i bhfoclóir ar bith. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar ag an bhfocal *urla* 'gruaig' ar an bhfoirm seo. Luaitear na foirmeacha seo a leanas den ainmfhocal seo in *DIL* 'airla, urla, orla, earla' (*DIL* s.v. *airla*) agus luaitear aon solaoid amháin d'aidiacht bunaithe air in *DIL*, is é sin *airlach* 'hairy'. B'fhéidir, áfach, gurb éard atá ann leagan meititéise den fhocal *forthlacht*: fá **fhorth**lacht > fá **fhal**racht > fá ealracht. Luaigh Cecile O'Rahilly *forthlacht* i bplé dá cuid ar théarmaíocht a bhaineas le cúrsa gruaige (O' Rahilly 1970, 178-9). Is éard a deir sí: *Similarly forthlacht (for+tlacht, 'covering, garment') means 'outer garment', but in the only occurrence that has been noted so far it is used meaning thick hair.* (178) Tráthúil go leor, is in AS atá an tsolaoid aonraic sin agus más ionann *ealracht* ó thús agus *forthlacht* (sa chéill 'folt fada gruaige'), b'fhéidir go raibh AS léite ag údar SOO. Má bhí, is cruthúnas eile é ar a léannta is a bhí sé i réimse na Fiannaíochta.

Ní raibh in Oisín ach malrach gruagach freisin nuair a d'aimsigh na Fianna é de réir an leagain a chuir Patrick Kennedy in eagar:

On coming up they found the five hounds of Fion in a sort of circle, opposing the furious efforts of their companions to seize on a stripling of noble features, but entirely naked, except for long hair which covered him from head to foot. [PK 1]

Cé nach bhfuil gruaig ó mhullach a chinn go trácht a chos ar Oisín na hAlban tá tábhacht ar leith ag baint le cúrsaí gruaige san fhianaise a bailíodh faoi thall san aois seo caite. Ba é *colg an fheidh* sainchomhartha a nádúir aduain (Sjoestedt 1949, 85<sup>2</sup>). Mar a thuairisc faisnéiseoirí Albanacha d'Iain Óg Íle:

... He came to the place at the time, and found a man child, and he had *colg an fheidh*, deer's hair, upon his temple; and that is why he was called Oisein. ...

*Reciter.* - 'Yes. When Oisein was born in the mountains, it was so that if his mother licked him, as deer lick their calves, he was to be a deer, like his mother. If not, he was to be a man, like Fionn, his father. She had so much of the deer's nature in her, that she begun to lick the child, and she gave one sweep of her tongue to his temple. The deer's hair (*colg an fheidh*) grew on the

<sup>2</sup> Mar atá ráite agam i gCaibidil 7, chuir Sjoestedt comaoin áirithe ar fhianaise na hAlban sa mhéid is gur bhaist sí *Saar* ar mháthair Oisín.

corner of his brow at once. When his mother saw that, she had so much of the woman's nature left that she wished her son to be a man, she stopped licking him, and he grew up to be a man, and they called him "Oisein." (Angle, or corner.) (Campbell 1872, 198)

Agus chuala an tUrramach John Gregorson Campbell:

The reciter (Skye) said Ossian's mother was a deer, and that she only got one touch on his forehead with her tongue. On that spot (*air an oisin sin*) fur like the deer's fur (*cuilg an fhéidh*) grew; hence his name. (Campbell 1891, 79)

Ba í cinniúint Oisín go bhfaca Bodhmann sa choill é in éineach leis an eilit. Thug sí cuntas ar a bhfaca sí d'Fhionn. Deirtear in H 45 go bhfaca sí eilid choslom 'liom ar chluais agus mé ar mo ruaig agus mo rith'.<sup>3</sup> Thug sí 'arrachtach nó fuadrach nó gruagach uafar allta' (féach H 46 cd) ar Oisín agus freagraíonn an cur síos a rinne sí ar Oisín go maith don tuairisc a thugtar ar an ngealt nó ar an bhFear Fiáin sa litríocht (Ó Riain 1972). Ar na cosúlachtaí atá ag Oisín leis an ngealt nó leis an bhFear Fiáin tá a n-áit chónaithe ar an iargúil agus an ghruaig fhada a fholaíos iad (Ó Riain 1972, 183, B1 agus B.5 faoi seach). Deir Oisín féin go raibh sé 'gan rath gan riaghail gan smacht' go raibh sé 'an seacht fá thrí' [E 46]. Ach munarb ionann agus an gealt a thréig luachanna agus béasa an tsaoil agus a chuaigh le craobhacha dá dheoin, nó dá ainneoin, tháinig Oisín in oidhreacht na luachanna agus na mbéas céanna de bhrí gur aimsigh Bodhmann agus gur sháinnigh coin na Féinne é. Ach b'éigean dó fulaingt chun a oidhreacht a shealbhú. Ba í an dara seilg in SOO tús *rite de passage* anróch Oisín.

#### COIN NA FÉINNE AGUS OISÍN

Nuair a d'inis Bodhmann d'Fhionn faoin méid a chonaic sí, nocht sé an fhúinne faoin scéal i rann a bhfuil ceann de na línte is doiléire ar fad sna leaganacha dá bhfuil againn de SOO:

<sup>3</sup> Deir Oisín in C/S go bhfaca Bodhmann an eilit leis 'ar chluais cois Locha Léin agus mé in mo rith' (C 45cd). Is féidir logainm eile a aimsiú sa chuntas in D/M ar an eachtra chéanna má leasaítear *cosugh Laoe* [D]/ *cosugh looe* [M] iontu go *coslugh Laoe* / *coslugh looe*:

*hanick Shee in neled leam cosugh Laoe Ugum er clowsh 7 me in mow righ.* [D]

*Cuinick shee in neled lum cosugh looe Ugum er clowsh 7 me in mo righ* [M]

Chonaic sí an eilit liom cois [L]och Laoi/ agam ar chluais agus mé in mo rith.

Chuir Finn fo na dheath ordoag á mhearé én á mhauf físs  
gur arish shea go ferrimúil gun neen en thescea rioghan le narnee  
fesh [H 47]

*Chuir Fionn fóna dhéad  
ordóg a mhéire ina bhfaigheadh fios,  
gur aithris sé go foirmiúil don Fhiann,  
i nEiscir Ríoghan le ndearna feis.*

insiud cuireas fionn an ordog suas  
fo na gead le bfaghach fios  
gur fhoillsigh se go toilmheasach fiadh  
nesgri re le na ndearni fish [C 47]

insiud a cuiris Fionn an mheur sios fo na dheud le na bfaghach fios  
/ gur fhoillsidh se go toilmhaiseach shiad aneisgpe pe le na  
ndearnaidh / feis [S]

In shin A Cuir fen in nordough in na veal 7 cagal Eee gue smer  
dowsode Shea gun Nean go lear er niskey Read gue narney fish. [D]

In shin cuir fen nordogue in na veal 7 cogul Ee go smer dowsade  
shea gun Nine go lear e[r] niskey Read go narney fish. [M]

*Ansin a chuir Fionn an ordóg ina bhéal  
agus chogail í go smior,  
d'fhuasóid sé don Fhian go léir  
ar nEiscí Riad go ndearna feis.*

Níl an oiread sin deacrachta leis na trí líne thosaigh sa rann. Bhain Fionn úsáid as an mbua feasa a bhí aige. Chuir sé a ordóg faoin déad feasa, nó changail sé an ordóg go smior, agus d'fhoilsigh sé an fhírinne go foirmiúil don Fhéinn. Ach céard go baileach a d'fhoilsigh sé? Is léir go bhfuil traidisiún téacsúil na laoi truaillithe go maith tharla go bhfuil an ceathrú líne sách doiléir. Is cosúil gurb é 'feis' ['an oíche a chaitheamh le duine'] an focal deiridh agus más féidir glacadh leis gurb é an logainm Eiscir Riada a luadh cheana sa laoi [H 35d; E 36d] atá i bhfolach sa líne dheiridh, d'fhéadfaí an rann seo a léamh go faichilleach mar seo a leanas:

*Chuir Fionn fóna dhéad  
ordóg a mhéire ina bhfaigheadh fios,  
gur aithris sé go foirmiúil don Fhain  
ar an Eiscir Riada go ndearna feis.*

Ar chloisteáil an scéil sin dóibh, thionóil na Fianna anoir agus aniar as gach ceard agus cuireadh tús leis an dara seilg. Bhí gadhair agus coin na Féinne 'faobhrach' agus 'faoi cholg' agus ba bheag an saothar iad a chur chun seilge 'agus iad go feargach ar an-ingní' [H 50]. Thapaigh údar SOO an deis seo le coin na Féinne a ainmniú. Tá dhá liosta ainmneacha con sa chuid seo den laoi agus ní mar a chéile ar fad iad. Cuirtear roinnt de choin na Féinne in aithne sa chéad cheann acu [H. 51-3] agus ainmneacha na gcon a bhí i ngreim in Oisín atá sa dara ceann [H. 56-8].

Bhí tóir ag daoine ar suim leo an fiach ar liodáin den chineál seo, mar a mheabhraíonn Gerard Murphy dúinn :

... hunting of the Fenian type was a living thing for the writers of these lays ... such hunting is still a living thing both in the north and south of Ireland, and was therefore in all probability a common thing throughout the whole country at the time of the making of the Fionn-lays. The various members of the Fian are consistently described in the lays as owning, each, one or two dogs. These dogs were hunted together in packs, and their owners followed on foot ... To one who has lived where such hunting was practised, Dubh Dala's weeping for his dead dog, the leap of Oisín's heart when he heard the hound's voice on Cnoc na Ríogh, and even Bran's tears, are mingled with associations that are not merely literary. Such a one too will listen to the naming of the hounds and their owners, as in the Lay of Caoilte's Urn (XVII, 26-30) or in the Lay of the Chase of Sliabh Truim (XXIV 7-26), with a mind filled with memory of hounds more real and of some expert other than Oisín who, like Oisín, might boast that he could 'tell, without mistake or fault, some of the names of the hounds of the hosts, for that no hound was loosed from its leash whose peculiar excellence he did not know'. (Murphy 1953, ciii-civ)

Ba ghnás nádúrtha é gadhair agus na coin a ainmniú agus is minic liosta ainmneacha con sna lámhleabhair shealgaireachta a cuireadh i dtoll a chéile san Eoraip sna Meánaoiseanna (Thiébaux 1967, 268-9). Tá 'Seilg Locha Léinn' ar cheann de na laoithe a bhfuil liodán fada coin luaite ann (An Seabhac 1941, 67-9) agus mar a dúirt Seán Ó Dálaigh faoi na hainmnmeacha sa laoi seo *many of the names have something significant about them* (O'Daly 1859, 203). Ainmníodh roinnt de choin agus de gadhair na Féinne as a ndathanna nó as a dtréithe in SOO, ach i ngeall ar an mbealach ar seachadadh an laoi ní furasta i gcónaí abhras a bhaint as roinnt dá n-

ainmneacha, ná fiú ainmneacha roinnt dá n-úinéirí a chinntiú. Níl fáil ach ar chorrcheann d'ainmneacha na gcon a luaitear in SOO i laoi the eile.

Is é Sitheamh, is cosúil, ainm an chéad chú acu a luaitear (*Shieú* [H]; *Sheeve* [M]; *siomh* [C]; *Sidiom* [S]). Bhí sí seo ar lámh ag laoch nach furasta a ainm a thabhair chun cruinnis anois. B'fhéidir gurb ionann *machc ar ghroen* [H] agus Mac Fheardhraighin ach is cosúla na malairtí sna foinsí eile (*mack caravraon* [M]; *mac Curra bhroin* [C]; *mac a chora bhroin* [S]) le (Cairioll) mac Conbhróin. Luaitear dath crón na con seo agus is ainm feiliúnach tuairisciúil é Sitheamh — *rush, dash, onrush, swoop* (Ó Dónaill 1977, 1103, s.v. sitheadh) — ar chú sealga. Sracadh a bhí ar an dara cú acu agus bhí sí seo ag Lámh Dhearg (Lámh Gharbh H).<sup>4</sup> Tá Stracadh ar cheann de na coin a luaitear le Goll mac Morna i 'Seilg Locha Léin' (An Seabhac 1941, 68, r. 28c).

Bhí an tríú cú acu ag Faolán, ach is doiligh meabhair a bhaint as a hainm. B'fhéidir go bhfuil baint ag an aidiacht *aicearrach* le *ann achceraugh* [H], nó b'fhéidir go bhfreagraíonn na malairtí eile — *nanackrach* [M]; *nanucrach* [C]; *aniocrach* [S] — don aidiacht *anacrach*. Déantar cur síos breá ar luas an chéad chú eile a luaitear sa laoi:

Ail oag ebhin en cú dubh shee bo luoghea na srubh thille er traigh  
bo dhieshin cu ariesh mhachc Finn na mreeher grinn 7 na bhfochcal tlaigh [H 52]

*Áilleog aoibhinn, an cú dubh,  
is í ba luaithe ná sruth tuile ar tráigh,  
budh í sin cú Fhearghais mhac Finn  
na mbriathar grinn agus na bhfocal tláith.*

Is ionann 'áilleog' agus 'fáinleog' agus má bhí cosúlacht áirithe ag a tréithe — aoibhinn — le dea-thréithe Fhearghais, file na Féinne, bhí cosúlacht freisin ag tréithe an chéad chú eile a luaitear leis na drochtréithe a shamhlaítear lena máistir:

En cú baún dob olc thesth bhee er á dhas labh eg Cunann  
cuorth chunthim a banim gun chuinn 7 lsheebh ná lunn er á lshorraginn [H 53]

*An cú bán dob olc teist,  
bhí ar dheasláimh ag Conán,  
Cuairt Chointinne ab ainm don choin,*

<sup>4</sup> D'fhéadfadh sé gur 'i lámh Gharaidh' a bhí sa laoi i dtús. Garadh mac Morna a bheadh i gceist ansin.



*agus líomh na lon ar a lorgain.*

Tógadh gáir sheilge agus ní raibh fia ar bith dá raibh san fhoraois — nó faoi Bhoirinn [C/S] — nach ndeachaigh faoi ghleannta agus, mar a deir Oisín, ar theacht na gcon i láthair gur 'fágadh mise gan máthair' [H 55]. D'ionsaigh siad Oisín agus luaitear roinnt ainmneacha sa bhreis ar a luadh cheana sa chuid seo den laoi:

Hanichc sheebh go ruog 7 rug er gruog mo chinn  
hanichc srachcu go ladir 7 rug go sasthie er mo grim

En *ghunthaugh* enn mo hiebh clee en *chrechtachh* en mo hiebh dass  
rug *abhog* orram er *chluosh* ogus naugh *cruogh* en *gabh* á roues  
ann

En cú dubh orrum er hall en cú baun orrum er *bhlain*  
rug *filthaugh* orrum er *ghuann* 7 cú en *gurrann* er mo *ghass*  
[H 56-8]

*Tháinig Sitheamh de ruaig,  
agus rug ar ghruaig mo chinn,  
tháinig Sracadh go láidir,  
agus rug go sásta ar mo dhroim.*

*An Ghontach in mo thaobh clí,  
an Chréachtach in mo thaobh deas,  
rug Abhóg orm ar chluais,  
agus nach cruaidh an gabh a rabhas ann?*

*An cú dubh orm ar sháil,  
an cú bán orm ar bhléin,  
rug Fuilteach orm ar dhuán  
agus Cú an Gharráin ar mo ghas.*

Ní raibh Bran, 'cú an rí', ach trí ráithe d'aois an t-am sin ach tháinig sí i gcabhair ar Oisín agus dhíbir sí na coin eile uaidh agus chuir sí cóir leighis air:

Hanichc shee huggum le thangie mheen 7 *bhshuol* á ligheú mo  
*ghrun*  
slaun *fulraught* mo gá heebh 7 nar uosal cien *gniebh* na cunn  
[H 61]

*Tháinig sí chugam le teangaidh mhín,  
agus bhuaile ag ligheadh mo ghrón,  
is ghlan fulracht mo dhá thaobh,  
agus nár uasal caoin gníomh na con?*

Mar atá léirithe i gCaibidil 5, tá cosúlacht áirithe ag an gcaoi ar chaith Bran agus Sceolaing le hOisín in PK1 leis an gcaoi ar thárrtháil Bran in SOO é. Ba é gaisce Bhrain óig a réitigh an bealach d'oiliúint Oisín mar dhuine daonna, ach mar sin féin d'íocfadh sí as a dílseacht dó.

#### OILIÚINT OISÍN

I bhfianaise a n-eachtraítear sa chuid seo de SOO is furasta a thuiscint cad chuige ar tugadh 'Seilg Mhór Bhoireann Uí Lochlainn' agus 'Seanchas agus Oileamhain Oisín mhic Fhinn' ar an laoi. Murach an tseilg, ní mba ann d'Oisín ar chor ar bith. Gineadh le linn seilge é agus fritheadh de bharr seilge é. Ba é, mar atá ráite ag tús na caibidle seo, oiliúint Oisín iarmhairt an dara seilg.

Is mír bhunúsach sa teideal 'Seanchas agus Oileamhuin Oisín' an téarma *oileamhuin* (oiliúint) agus tá gaol gar ag na focail *altramas* agus *oiliúint* lena chéile ó thaobh na céille agus na sanasaíochta de, arae díoraítear iad araon ó ainmneacha briathartha an bhriathair *ailid* (> oilidh > oileann sé; féach *DIL* s.v. *ailid*). Bhí, mar is léir ón bhféineachas, antábhachtach ag baint le haltramas agus le hoilúint daoine óga sa seanrecht (Kelly 1988, 86-90) agus is cuid bhunúsach de scéal Fhinn sna macghníomhartha é an t-altromas (Nagy 1985, 99-123). Ba í Bodhmann muime altroma Fhinn agus ba í an chéad duine i riocht daonna a d'aimsigh an t-ógánach fiáin Oisín i gcoill ar an iargúil. Tá sé suntasach go bhfuil cosúlachtaí áirithe ag eachtraí i mbeatha Fhinn le heachtraí i mbeatha a mhic. Thóg baineannaigh i gcoillte iad. Ba í Bodhmann a thug aire d'Fhionn nuair a bhí sé ina leanbh óg agus a bheatha i gcontúirt (Nagy 1985, 99-123; 263-76). Tá cuntas ar ghnéithe de mhacghníomhartha Fhinn in DF XV (Mac Neill 1908, 33-4) a cumadh is cosúil ag tús an 15ú haois (dátaíocht agus plé, Murphy 1953, 31-4). Tugtar 'muime an ghaisgidh' ar Bhodhmann sa laoi seo (r. 3a) agus oileadh a dalta ar an iargúil i gcuas i gcrann. Thóg an eilit Oisín, a mac, i gcoill. Cuirtear Bodhmann í féin i gcomórtas le heilit: 'Tig Bodhmann d'fios an leinimh / mar gach eilit gan éngís' (DF, XV 8ab). Ba í Bodhmann a thug Fionn i láthair daoine eile an chéadnuair nuair a thionlaic sí go hAonach Tailtean é, áit ar bhaist a namhaid Conn ainm air i ngan fhios dó, céim mhór ina chinniúint. Is í Bodhmann freisin a chuir Fionn agus na Fianna ar an eolas in SOO faoin bhfear fiáin a chonaic sí, tuairisc a chuir cor tábhachtach i gcinniúint Oisín:

Nó go ttanichc Bómann bominn hugginn fó en geill á banth mass agus a chinnunth á bhee en mo chunn shea is dibhinn lúm gur bea mo las [H 44]

Shó go hiebh ee mur rou Finn 7 darish shee ga go chullann canthé go mhachcie shee araughtacht no fuodraugh no gruogaugh uofar althé [H 46]

*Nó go dtáinig Bodhmann, buime Fhinn,  
chugainn fón gcoill ag baint meas,  
agus an chinniúint a bhí in mo chionn,  
sea is deimhin liom gurb é mo leas.*

*Seo de shitheamh í mar a raibh Fionn  
agus d'aithris sí dhó de challán cainte,  
go bhfacaidh sí arrachtach nó fuadrach  
nó gruagach uafar allta.*

Cé go dtugtar 'Muime Fhinn' ar Bhodhmann in SOO, déantar neamhaird de chróineolaíocht inmheánach na Fiannaíochta sa laoi ina leith agus i leith Bhrain. Mar a léireofar sa chéad chaibidil eile, tagann an cuntas in SOO ar mharú Brain, agus an aois a bhí sí nuair a maraíodh í, salach ar a bhfuil ar eolas againn faoin gcú ón gcuid eile den Fhiannaíocht. I dtaca le Bodhmann de, deir Fionn in FTC gur mharaigh Clann Mhorna í nuair a bhí sé fein ina 'ógmhacaomh bhaoth éigiallaidhe' (Joynt 1936, 5). Freagraíonn Bodhmann don tseanbhean a thóg Fionn de réir leaganacha béil de mhacghníomhartha Fhinn, agus maraítear an bhean seo nuair a bhí naimhde Fhinn sa tóir orthu tar éis dóibh Fionn óg a bhaisteadh i nghan fhios dóibh (féach G 12, mar shampla). Is pearsa inspéise í Bodhmann ar bhealach eile freisin mar d'fhéadfadh baint a bheith ag a hainm (Bodball, Bodmall Bodhmann) leis an bhfocal *bodhb* (Nagy 1985, 263, 266; maidir leis an bhfocal 'badhbh'/'bodhb' féach an plé ar Bhodhbh Dearg i gCaibidil 3 thuas).

Ba é Caoilte an chéad fhéinní a raibh plé ar bith aige le hOisín.

Hanichc cieltshe huggum er dtus 7 a neen go dlú en gail huiles lesh go sasthie go dtug er labh mea buil Finn [H 62]

*Tháinig Caoilte chugam ar dtús,  
agus an Fhiann go dlúth ina dháil,  
shiúlas leis go sásta,  
go dtug ar láimh mé buil Finn.*

Is cosúil gurb é Caoilte oide altroma Oisín más féidir linn dul i gcleithiúnas an tsleachta seo a leanas as AS:

'Cia haccaibh as sine, a Oi s̄in?' ol Pádrúic.

'Do budh slán tríocha bliaghan damh-sa,' ol Caoilte, 'an tan ruccadh Oisín, 7.ro bhuí seacht mbliadhnoibh dēag iarna bhreith im iōmdhaidh 7 im árd-leabaidh-si 'gā oileamhoin 7 'gā áirdleasucchadh, 7 as as mo theagh ro ghabh fían 7 fearonn cēadus.' (Ní Shéaghdha 1942b, 74: féach freisin, Stokes 1900, 70)

Cé nach réitíonn sonraí an chuntais seo in AS ar chor ar bith lena bhfuil in SOO, freagraíonn cuid de go téamatúil do ról Caoilte sa laoi. Ní réitíonn AS le SOO sa méid is gurb í a mháthair, agus í i riocht fia, a thóg agus a d'oil Oisín. Ach ba é Caoilte an chéad duine daonna a threoraigh isteach sa saol daonna é. Nuair a thug Caoilte an t-ógánach i láthair Fhinn a chéaduaire, rug Fionn greim ar mhéaracha ar Oisín le brí a bhall a thomhas. Tástáil aitheantais a bhí san fhéachaint seo a chruthaigh gur bhain Oisín le Clanna Baoiscne. D'amhdaigh Fionn gur leis Oisín i rann a bhfuil imeartas cliste focal idir fuaim an forainm réamhfhoclaigh 'liom' agus na haidiachta 'lom':

Faigh ó cee bshadde haught is lum na bossie 7 na hingnee  
barrúil á bherrim go the lámhie samhíll chramhie chlanne  
bioscine [H 64]

*'Fathaigh ó, cé b'fhada th'ucht,  
is lom na bosa agus na hingne,  
barúil a bheirim de do lámha,  
samhail chnámha Chlainne Baoiscne.'*

Agus léiríonn litriú Liam Mhic Coisdeala, an té a bhailigh leagan béil den laoi i gCarna sa bhliain 1935, an t-imeartas céanna focal:

Fhathaigh óig, ersa Fíonn  
(is) fada t-ocht is l(i)om na bosa 7 na h-ingne  
Bheirim barúil go do lámha  
Samhail cnámha Clanna Baoisgne. [G 10, r. 28]

Ach ní raibh bealach Oisín isteach sa chomhlúadar laochúil cinnte fós. Bhuail riasradh feirge Goll agus, mar atá a léirítear i gCaibidil 15,

b'éigean d'Fhionn smior na gcnámh, mír mhuradh, nó curadhmhír, na Féinne, a thairiscint dó sula dtoileodh sé glacadh le hOisín sna Fianna.

Ní raibh Oisín inghlactha fós mar fhéinní. B'éigean dó scaradh le comharthaí sóirt an fhiántais agus ba é Caoilte, de réir fhianaise bhunáite na bhfoinsí a bhfuil lua ar an eachtra seo iontu, a réitigh an bealach don ghruagach uafar allta seo claochló ó staid fhiáin a óige sa díthreabh go dtí staid an duine shibhialta nuair a bharr sé an ghruaig ó mhullach a chinn go trácht a bhonn de (S; C; ÓN: luaitear Diarmaid leis an ngnómh seo in H). Is cruthúnas feiceálach é bearradh seo na gruaige gur scar Oisín leis an bhfiántas ba dhúchas máthar dó. Is cuid den *rite de passage* an laoch é (Nagy 1985, 287).

Ach ní raibh sa lomadh seo ach céim eile ar a bhealach dó ar thóir a oidhreachta mar fhéinní. Ní raibh aon chall d'Oisín éadaí ar bith a chaitheamh san iargúil, ach de bhrí go raibh sé i measc daoine ba den chuibheas é go bhfeistí in éadaí é. Folaíodh le brait sróil é. Bhí toise eile leis an ngléasadh seo freisin, arae bhí na brait sróil breactha le suaitheantas Fhinn. Is é an tábhacht a bhaineas le suaitheantas Fhinn go n-aithnítear Oisín go foirmeálta mar dhuine de Chlann Bhaoiscne.

Ní fhéadfadh Oisín fiú agus é gléasta glanbhearrtha an áit ba dhual dó sa chomhluadar daonna a ghlacadh fós. Bhí beart riachtanach eile le déanamh aige sula bhféadfadh sé cur faoi i measc daoine. Níor mhór dó caint agus filíocht a fhoghlaim:

Gaug finne ghiésea 7 gaugh fillé go fah nihall 7 á santhé  
go mo haggus 7 go mo rshorú no go ttanichc mea á nolis mo  
chanthe [H 71]

*Gach féinnidh dhíofa agus gach file,  
de fáth a ndícheall agus a sainte,  
de mo theagasc agus de mo threorú,  
nó go dtáinig mé in eolas mo chainte.*

Is fiú aird a dhíriú ar ról na bhfilí anseo mar, ach an oiread lena athair, bhí cáil na filíochta ar Oisín agus is féidir cosúlacht a shonrú idir an gcaoi a mbaineann an bheirt acu, an t-athair agus an mac, gaisneas as bua na filíochta a chéaduair. Baintear casadh scaití as na cosúlachtaí seo atá acu lena chéile gur geall le hinbhéartú droim ar ais iad míreanna beathaisnéise i mbeatha duine acu i mbeatha an duine eile. Téann Fionn agus Oisín i mbun na filíochta le plé le mná atá an-ghar dóibh, ach chúns a bhain duine acu úsáid as an bhfilíocht le haoir a chumadh, bhain an duine eile úsáid

aisti le rabhadh a thabhairt dá mháthair. Aoir a mhuime a bhí sa chéad rann a rinne Fionn de réir Chaoilte in AS (Ní Shéaghdha 1942b, 46). Ba é a mhalairt ag Oisín é, arae chuir sé fainic ar a mháthair sna leaganacha is faide de SOO (C/S) roimh na Fianna. Mhair leaganacha sioctha den rabhadh seo sa traidisiún béil i gConnachta i gcorrghiota próis bunaithe ar SOO, ach is é an rud is suntasaí ar fad faoi rabhadh seo Oisín go raibh, mar aléirítear i gCaibidil 7, a leithéid de rabhadh fileata sa traidisiún béil in Albain. Ní hé amháin go bhfuil gaol gar téamatúil ag an ábhar Albanach seo leis an ábhar abhus faoi ghiniúint agus faoi bhreith Oisín, ach tuairisceadh thall gurb é an rabhadh a chum sé dá mháthair an chéad déantús fileata dá chuid (Campbell 1872, 199). Baineann rabhadh Oisín dá mháthair in SOO leis an tré seilg a phléitear sa chéad chaibidil eile.

## CAIBIDIL 11: MARÚ BHRAIN

*'... cú in chétfhiadach do-rónus riam, 7 do tarngairedh damh gurob cú in t-écht deidhenach do-génaind.'*

(Cú Chulainn roimh a bhás, féach Van Hamel 1933, 111)

### IS DUAL GAOL MIC LE MÁTHAIR

Gineadh Oisín le linn na chéad seilge. Rinneadh féinní de de thoradh an dara seilg. Mharaigh sé a dhuine muintreach féin Bran sa tríú seilg in SOO — an chéad éacht a rinne sé.

Ní thráchtar ar an tríú seilg seo ach in C agus S [féach eagrán tacair, rr. 72-88] agus b'fhéidir nár chuid bhunaidh de SOO a bhí san eachtra seo i dtús báire. Munarb ea, d'fhág an cur síos sa laoi ar mharú Bhain lorg láidir ar thraidisiún béil na gConnachtach. Mar a léirítear i gCaibidil 6, d'fhan an chaint idir Fionn agus Oisín faoin marú seo beo i ngnáthchuimhne na ndaoine go fada leitheadach i gCúige Chonnacht.

Tar éis d'Oisín críochnú leis an gcur síos ar an dara seilg agus ar an gcaoi ar casadh chuig na Fianna é, d'iarr an naomh air scéal eile faoi chúrsaí seilge a insint dó. Tá roinnt doiléire agus easpa leanúnachais le sonrú ar C/S sa chur síos iontu ar an tseilg. Thóg na Fianan 'gáir shealg' (r. 73) agus b'iomaí 'glaon con agus glam gadhair do bhí fon gcoill' (r.74). Thug Oisín rabhadh dá mhathair:

'A eilit chorr, fág an sliabh.'

'A Mhic na gCiabh, cia rachaidh mé?

Mur dté mé ins an spéir suas nó sa bhfarraige síos,  
níl imeacht agam ar luas Bhrain.' (r.77)

Is í an eilit máthair Oisín agus mar, a mholtar i gCaibidil 6, is tagairt d'Oisín atá sa leagan truaillithe 'A Mhic na gCiabh' ar cosúil gurb ionann é agus 'A mhic an fhia'. In ainneoin an rabhaidh seo, is éard a thuigfí ó rann 79 go raibh sí imithe as cuimhne Oisín faoin am ar tháinig sí i dtreo na Féinne ón sliabh;

Ba gearr a hionú ar bhreathnú roimpi,  
agus í ag seachaint gleannta ar scata fia,  
is a heolas ní raibh in mo chuimhne,  
agus Bran ag tiacht ar scim ina diaidh.

Níor aithnigh sé í gur tháinig sí ina láthair agus gur lig trí mhéileach aisti:

Do bhí mé féin i measg na bhfear  
ag amharc go grinn ar an eilit luath,  
níor ghlac sí scáth roimh aoinneach  
cia go mba faonach fánach a rith siúil.

Nó go dtáinig sí i mo láthair  
agus ba scíofarach scáfarach a bhí a dhá súil,  
do lig an eilit í féin i m'fhianais,  
agus do chuir aisti trí mhéileach chrua chráite.

Ansin gheit mo chroí go haireach cuimhneach,  
i mbarúil chinnte go mba í mo mháthair,  
ansin a chuireas féin mo shleá agus mo sciath  
in aghaidh an ionaid ina raibh mo ghaol. (rr. 80-2)

D'ionsaigh Bran an fia agus ghortaigh go mór í de bhuíochas Oisín.  
Mharaigh Oisín an cú as a los sin, á fáisceadh as a craiceann:

Agus dá fheabhas tapa mo dhá láimh  
loit Bran go cnámh an eilit mhaol,  
ansiúd a theannas féin mo dhá ghlúin  
gur scól mé leathracha a dhá taobh.

Ó chluais go bun lúidín na con,  
do shín Bran siar i gcruachás,  
agus do chuir aisti trí ghlam nimhe,  
do chuir an Fhiann uile in uafás. (rr. 83-4)

Nuair a d'airigh Fionn na trí bhéic a lig an cú aisti, tháinig sé i láthair Oisín agus 'a chlaíomh líofa leis ina dhorn ar lúth' agus é réidh le díoltas a bhaint amach as marú an chú. In ansin a bhí an t-iomardú sin eatarthu a chuaigh i bhfeidhm go mór ar sheachadóirí an traidisiúin bhéil i gConnachtaibh (féach Caibidil 6):

'A mhic na heilite, is tú an trua  
a shlad mo chú fút ar lár!  
'A fhir na heilite go fíor,  
tuige ar lig tú í in aghaidh mo mháthar?' (r. 86)



Ba chuma le hOisín mura maireadh sé níos faide, ach an cú a mharú agus a mháthair a theasargan. Cuirtear an-bhéim ar a ghaol leis an bhfia sa rann seo a leanas:

'Níor bheag liom d'fháil de shaol  
ach do chú a fheiceáil fúm ar lár,  
nó an eilit chorr a chur as baol,  
mar is dual gaol mic le máthair.' (r. 87)

Chuaigh an chaint laochúil seo i bhfeidhm ar Fhionn agus mhol sé go hard gníomh a mhic Oisín.

Cé nach bhfuil fianaise ar na rainn thuas anois ach in dhá chóip ghaolmhara de SOO, is furasta a aithne ó leaganacha béil díobh a mhair sa traidisiún béil — féach Caibidil 6 — go raibh eolas sách fairsing i gCúige Chonnacht ar an tríú seilg seo agus ar an leagan de bhás Bhrain ann. Is léir, freisin, go raibh cuid de na leaganacha béil seo bunaithe ar leaganacha de SOO nach raibh spleách ar fhoinsé C/S, mar a chruthaíos, cuiream i gcás, na focail 'a mhic na haighe' agus 'a fhear na haighe' in Sl 1 in ionad 'a mhic na heilite agus 'a fhir na heilite' C/S.

Bailíodh an cuntas seo a leanas ar an rabhadh a tugadh do mháthair Oisín ó Val Ó Donnchadha, Cill Chiaráin, Iorras Aithneach, sa bhliain 1939. Cé nach bhfuil an cuntas saor ó thruailliú i gcomhthéacs an scéil a nochtar in SOO, is cosúil go bhfuil sé bunaithe ar leagan den laoi nach bhfuil i dtuilleamaí fhoinsé C/S:

Ins an am fadó a raibh máthair Oisín faoi dhraíocht ina heilit ins an tír seo, is iomú fiach a bhíodh ina diaidh ag Fionn agus ag a chuid confairt. Bhí lá áirid socraithe ansin aige agus bhí sé ag ceapadh go bhféadfadh sé í a mharú. Agus bhí deartháir léi féin faoi dhraíocht agus bhí sé le bheith sa tseilg, agus an oíche roimhe tháinig sé go dtí an eilit agus labhair sé léi.

'Is mór mo thrua dhuit,' a deir sé, 'tá mé ag ceapadh nach ngabhfaidh tú thar an lá amárach. Ach tá mé ag insean an méid seo dhuit mar tá a fhios agam féin; inseoidh mé dhuit', a deir sé, 'cén chaoi a mbeidh na confairt socraithe ag Fionn:

'Beidh cú agus gadhar,' a deir sé, 'in Achadh an Bhile  
Cú agus gadhar in Achadh an Bhaile,  
Cú agus gadhar i nGleann Loch an Óir,  
Agus cú agus gadhar i nGabhail Mhara.  
Cú agus gadhar ar an Liónán,  
Dhá choin líofar i nGaramain,  
Bran súgach ar Bhun Dúrais,

Agus más féidir leat a dhul thairti  
ní baol duit mise.'

Ach tá mé ag ceapadh nuair a tháinig an lá gur maraíodh an eilit. [G 23]

Tá a leithéid de liodán logainmneacha in ME 3, an leagan béil is sine de SOO dár cuireadh i gcló. Cé gur chuir faisnéiseoirí na Gaillimhe agus Mhaig Eo na logainmneacha seo i bhfeiliúint dá gceantair féin, tá roinnt acu i gcoitinne acu — Achadh an Bhile (Aughavilla); Achadh an Bhaile (Aughavalla) — rud a thugas le tuiscint dúinn go síolraíonn na liodáin sna scéalta acu ó leagan den laoi nach bhfuil fáil air anois. Is i gcomhtéacs an dara seilge a chastar an liodán orainn in ME 3:

To prevent my escape they placed two hounds in Aughavilla, two in Aughavalla, two in Aughaghower, two in Ogoul near the sea, two on the ridge of Linane, two on the dizzy heights of Achil, two swift hounds on the hill of Tarramud, and at the foot of Binna they placed the son of Boovil, with his two swift dogs straining the leash. The melodious voices of the hounds roused the stately stags of Barraglanna, does, badgers, and boars of the glens stole away. At evening's hour they raised the spear to stop the chase: they rested their hunting spears on their shoulders: they slept in Thauver of much people.<sup>1</sup>

Ar cheann de na cosúlachtaí móra téamatúla atá ag an ábhar Albanach faoi Oisín leis an ábhar Éireannach tá, mar a léirítear i gCaibidil 7, 'Comhairli Oisein dha mháthair'. Cuireann Oisín fainic ar a mháthair roimh laochra na Féinne agus a gcuid con atá sa tóir uirthi san amhrán saothair seo agus tagraíonn sé go sonrath do Bhran:

Seachainn saigh an earbail dhuibh,  
Bran mac Buidheig, namh nam fiadh ...

(Carmichael 1928, 24)

Dearbhaíonn fianaise na hAlban dúinn gur cuid bhunaidh de scéal Oisín an rabhadh a thug sé don mháthair, an fia. Ní heol dom aon chuntas ón taobh thall de Shruth na Maoile ar thoradh an fhiaigh seo

---

<sup>1</sup> Is cosúil gur aistriúchán ar an leagan 'Teamhair na slua' atá in *Thauver of much people* Simpson.

uirthi. Insítear in SOO gur maraíodh Bran, ach mar a léirítear thíos, tagann an insint seo salach ar chuntais eile ar mharú an chú.

#### SIÚR GHAOIL FHINN

Fiú má ba 'dhual gaol mic le máthair' mar a mhaígh Oisín i ndiaidh dó Bran a mharú, bhí an-údar ag Fionn olc a bheith air gur maraíodh Bran. Ní hé ámháin gur tháinig Bran i gcabhair ar Oisín nuair a bhí cúnna na Feinne á ionsaí le linn an dara seilge in SOO, ach bhí gaol gar ag Oisín agus ag Fionn léi (Ó Briain 1996, 180-5). Más aisteach le rá é, duine daonna i riocht con a bhí i mBran mar is léir ón dá rann thíos as 'Síothal Chaoilte':

Bran *gēarbha* *cū* *nīrsad* *cū*  
maith a *gaisceadh*, caoimh a clú,  
nīr *mħac* con, nīr chin ó choin,  
nīr chuimpirt con a *mā*thair.

Ní dheacha Bran ar choin riamh:  
*budh* maith a conn is a ciall:  
nīor chóir cú do rádha ré,  
[re] mac rígh Dhál Aruidhe.  
(Ní Shéaghdha 1955, 26; féach DF, XVII, 29-30 [Mac Neill 1908, 40]; liomsa an coigeartú i líne dheiridh rann 2)

Cumadh an laoi 'Síothal Chaoilte' deireanach go maith i ré na Meán-Ghaeilge (Murphy 1953, 36-7) agus níor thug an t-údar míniú ar bith ar an bhfeiniméin seo. Níor chall dó, arae is féidir glacadh leis go ndearna sé talamh slán de go mbeadh cúlra Bhrain agus a gaol le Fionn ar eolas go maith ar lucht a chomhaoise.

Cúrsaí cóngais is ábhar do dhá laoi atá i ndiaidh a chéile in DF arb é an gaol a bhí ag Fionn le Lugh, ceann de phríomhdhéithe Thuatha Dé Danann, is téama dóibh. Mac le hEithne iníon Bhalair a bhí i Lugh. Ba é Cian mac Cáinte a athair. Ba í Eithne máthair Mhuirne, máthair Fhinn, ach ba é Tadhg mac Nuadhad a hathair (DF XLV, 'Inis a Oisín echtaigh', Murphy 1933, 118-21). Déantar ionramháil chonláisteach ar an ngaol idir Fionn agus Bran sa laoi dar tús *Cairdius Logha re droing don Fhéin* (DF XLIV) a cumadh meastar thart ar an mbliain 1300 (Murphy 1953, 103). Ba dheirfiúr le Muirn í Uirne/Tuirne agus ba chlann le hEithne iníon Bhalair agus Tadhg mac Nuadhad iad. Bhí Uirne/Tuirne pósta faoi thrí. Mar seo a leanas a dhéantar cur síos ar an dara pósadh sa laoi:

Naisgis Fionn flaith na gcuradh  
Tuirn le deaghtríath Uladh  
ro bhoí ag in rígh go rath  
go ttarla táobhtrom torrach

Bean do bhoi roimpe ag in rígh  
inghean Buidhph ba mór a brigh  
a riocht con ba mor in sgél  
ro chuir sí Úirne aithbél

Assaighthear in rioghan réidh  
i tigh Feargusa fhinnleith  
go rug sí ba cáomh in clann  
Bran ar áon & Sgeólang

(DF XLIV, 5, 6, 7 [Murpy 1933, 114-6])

Ní ainmnítear athair Bhraín, 'deaghtríath Uladh', sa laoi seo, ach 'mac rígh Dhál Aruidhe' atá ar Bhraín sa sliocht thuas as 'Siothail Chaoilte' agus freagraíonn an tagairt sin go beacht don mhéid eolais a thugtar faoi mhuintir athair Bhraín i dtéacs gearr próis faoin gcaoi ar tháinig ann do Bhraín agus Sceolaing. Réitíonn sonraí an téacs seo lena bhfuil in DF XLIV faoi na cúrsaí seo nach mór. Cuireadh an téacs in eagar maille le haistriúchán go Béarla faoi dhó — John Reinhard agus Vernam Hull mar chuid dá n-alt 'Bran and Sceolang' (1936) agus ag Murphy sna nótaí leis an laoi (1952, 103-4).<sup>2</sup> Ainmnítear tuistí na gcon ag tús an scéilín:

Uirne Uirbel *ingen* Taidg *meic* Nuadhot *máthair* Brain 7  
Sceolaingi 7 Imcad *mac* Fergusa *meic* Féidlimthe *meic* Fiachach  
Araide *meic* Aengusa Goibnenn, rígh Dail n-Araide, a n-athair

...

(Reinhard agus Hull 1936, 47)


Munarb ionann agus údar DF XLIV a thug iníon Bhoidhbh ar an mbean a chuir Uirne faoi dhraíocht, ní ainmnítear bean an rí sa scéilín seo. Bhuaill sí Uirne le slaitín draíochta agus chuir i riocht con í. Dathchaoin a bhí mar ainm uirthi nuair a bhí sí ina cú. B'éigean í a chur ina riocht féin

---

<sup>2</sup> Clóbhuailleadh na nótaí a chuir Murphy leis na laoi the thart ar an mbliain 1934 agus thagair sé d'eagrán Reinhard agus Hull san *Addenda* a chuir sé le Duanaire Finn, III (Murphy 1953, 444).

arís ach níor féadadh an dá choileán a chur as a riocht con 'óir nach iad do buailed'.<sup>3</sup>

Léiríonn an chraobh choibhneasa seo thíos atá bunaithe ar fhaisnéis DF XLIV/XLV agus an scéilín próis an tranglam muintearais seo:



Thagair Tomás Ó Caiside, an Caisideach Bán, don ghaol a bhí ag Fionn le Bran i laoi dá chuid dar teideal 'Sealg Mhór Lios Brandóige' (Níc Philbín, 1938, 44-52; 82-9; 176-8). Bhí sé féin agus a chú beag ag leanacht scata uaisle a bhí ag fiach nuair a chonaic sé dobhrán donn ag ithe ar bhruach abhann. Chaith sé ga leis an dobhrán agus ghortaigh é. Ghoill sé seo ar an gcú beag agus shnámh anonn go dtí an t-ainmhí gortaithe. Ní dobhrán ceart a bhí sa mhadra uisce seo ach, mar a deir an file:

Ba hí seo Bran do bhí  
'na siúr ghaoil ag Fionn, an fhlaith,  
ag a raibh sriabh dubh ina druim,  
cliabhrach donn is bolg geal.  
(Níc Philibín 1938, 47)

Mhaígh an Caisideach Bán gurb í a chú féin Sceolaing, agus thug sé 'deirbhshiúr Bhraín is Fhinn na bhFiann' uirthi. Cruthaíonn na tagairtí seo gur tuigeadh go maith san 18ú haois go raibh gaol ag Fionn agus Bran le chéile. Mhair an t-eolas go raibh baint éigin acu le chéile i dtraidisún béil an chéid seo caite, freisin, mar is léir ó ME 27 (féach freisin ME 26). Thagair

<sup>3</sup> Tá leagan fada den scéal faoi Bhran agus Seolaing in *Feis Tighe Chonáin* freisin agus cloíonn eithne an scéil réasúnta gar don ábhar atá cíortha anseo thuas againn (O'Kearney 1855, 158-67; Knott 1936, 21-34; féach Ó Briain 1996, 183-5). Turrae Durbhél atá ar mháthair na gcon; rífhéinní Ultach darb ainm Oilioll mac Eathach a d'iarr ar Fhionn í mar bhean chéile agus leannán bansíogaí darb ainm Uchtdhealbh infon Collamhair a chuir i riocht con í.

John Hawkins Simpson do thuiscint eile ar an ngaol seo i bhfonóta chuir sé le leagan próis de SOO a bailíodh dó i gCo. MhaighEo i lár an 19ú haois:

Bran was the daughter of Fionn by a lady who came to him as an enchanted hound, but the enchanter threw his spell over her as well as over her mother. Oisín was half brother to Bran, who, instinctively, found out the relationship when the hounds seized Oisín. [ME 3] '

Baintear casadh suimiúil as scéal Bhraín in ó C1 16, leagan breá de mhacghníomhartha Fhinn a bailíodh ó Pheig Sayers. Rinne Umhall Mac Airt a chuid féin d'iníon Chonaill Gholb nuair bhí sí féin agus a bean choimhdeachta i ngairdín a hathar. B'oth léi go raibh rún ag an mbean choimhdeachta uirthi agus gan rún aici ar an mbean choimhdeachta. Chuir Umhall fios ar an ngadhar múinte a bhí aige. Saolaíodh leanbh breá mic d'iníon an rí, b'shin Fionn, ach saolaíodh coileán madra don bhean choimhdeachta, b'shin Bran.

#### IMEACHT BHRAIN: BÁS NÓ BEATHA

Ní móide go mbeadh an té a chuir an scéal faoi mharú Braín i bhfeiliúint do SOO dall ar an ngaol a bhí ag Fionn le Bran. Ní móide, ach an oiread, nach mbeadh a fhios aige go raibh an cuntas aige ar mharú Bhraín ag teacht salach ar leagan eile de bhás Bhraín a bhí ar eolas fós go leitheadach i ngnáthchuimhne na ndaoine ar fud Ghaeltacht an chéid seo caite in Éirinn. Cé gurb é SOO an t-aon téacs scríofa, go bhfios dom, a bhfuil cuntas iomlán ann ar mharú Bhraín, tá fianaise áirithe ann go raibh leagan gaolmhar leis an leagan béil fhorleathain seo ar eolas ag lucht cumtha na laoithe Fiannaíochta agus gur fhág sé a lorg freisin ar thraidisiún na Fiannaíochta in Albain.

Cuntas ar an gcaoi ar imigh Bran ó Fhionn atá sa laoi dar tús *Mairg fuil ar h'iarraidh a Bhraín* (DF LVI [Murphy 1933, 198-203]). Ní thráchtar ar bhás an chú sa déantús seo de chuid an 13ú haois, ach is féidir glacadh leis go mbeadh cúlra an scéil ar eolas ag lucht comhaimsire an fhile a chum é. Dhírigh an file a áird ar iniúchadh a dhéanamh sa laoi ar mhothúcháin an reacaire a d'airigh Bran uaidh go mór. Ba 'sgaradh cuirp re hanmain' (1c) scaradh Bhraín leis. Is léir gurb é Fionn an reacaire seo. Déantar cur síos breá ar an gcú:

Da taobh geala do bhi ag Bran  
earboll nua corcra gléghlan  
ceatramha corcra go roinn  
ótha earboll go hiardruim

Ceithre cosa gorma faoi  
re himteacht oidhche & laoi  
cruibh úaiṅe nár teachtsat báigh  
ingne ettrochta iucháin (rr. 4-5)<sup>4</sup>

Tharla na himeachtaí a bhfuil trácht orthu sa laoi seo le linn seilge 'os leicnibh Sléibhe Colláin', sliabh atá i dTuamhain. Luaitear Bran leis an mBoirinn agus moltar a cumas fáitill:

Da mbeith deireadh laoi gun fféin  
gan seilg gan fhíadhach do chéin  
do bheradh a gcuid a coill  
do biathfadh Bran ó Boirinn (r.9)

Cé gur dóigh sa chás áirithe seo gurb é an ceantar céanna i dTuamhain a luaitear in SOO atá i gceist sa laoi, ní miste a chuimhneamh go raibh áiteanna éile ann a raibh an t-ainm seo orthu freisin (Ó Briain 1996, 201). Bhuail Fionn Bran agus dá mbéadh breith ar a aiféala aige ní bhuailfeadh:

An lamh dar bhúaileas Bran  
dursan nach liom do sgaradh  
nach beinn a mbeathaidh abhus  
dursan nach d'eg do-chúadhus (r. 2)

Ní mhínítear go soiléir sa laoi, cad chuige ar buaileadh an cú:

Is aire do bhuaileas Bran  
is mór n-úair ba haithreach dhamh  
gáir na ccon is na sealga  
risna fiadhaibh foirdearga

Tugus buille d'eill buidhe  
dhó go ffailgibh fionndruine

---

<sup>4</sup> Níor aistrigh Murphy an tríú líne ar fad i rann 5. Is éard atá aige: *green paws that ... not battle*. I nóta leis an líne seo, deir sé: *teachtsat should mean 'possessed'* (1953, 124). Ach má dhéantar leasú beag ar an téacs agus 'teichsead' a léamh in ionad 'teachtsat' is féidir an chiall *green paws that fled not battle* a bhaint as.

do-chúaidh an idh óir 'na ceann  
mairg do-rinne in gnim róitheann (rr. 10-11)

Bhris an dúchas daonna trí shúile Bran:

Iongnadh leis a bhualadh damh  
do bhoí athaidh gom feghadh  
gur silseat frasa déra  
tar a rosgaibh rinnghéara (r. 12)

D'imigh sí de sciotán ó Fhionn — imeacht gan fhilleadh:

Tairngidh uaim a heill go tric  
gur bhris in mhuinge airgid  
dar theith go moch ar in sleibh  
gur ling sa loch a luathleim (r. 14)

Níor ghá, mar atá ráite thuas agam, don fhile a chum an laoi míniú ar bith a thabhairt ar an gcúis ar buaileadh an cú — bheadh an cúlra ar eolas cheana acu siúd a chuala nó a léigh an déantús seo. Creidim gur féidir linn léaspartí a fháil ar chineál an chúlra seo in ábhar a bailíodh in Albain.

Tá leaganacha de rainn as DF LVI i laoi Albanach dar teideal 'Mar a chaidh Bran a mharbhadh'. Ba é Thomas Ford Hill ba thúisce a chuir leagan den laoi seo i gcló sa bhliain 1783. Thug sé 'Mur mharbhadh Bran' air (Hill 1783, 398-9). Tá leaganacha eile i gcló ag Campbell i *Leabhar na Feinne* (1871, 148-50) agus ag Cameron (1894, 280-1; 340). Is é éirim na laoi seo go raibh Bran agus cú Ghoill mhic Smail ag troid. Stróic Bran an cú eile ó chéile — 'Dhealaich e naoi uilt ra dhruim' (Hill 1783, 398). Bhí Oisín agus Goll réidh le tabhairt faoina chéile ach bhuaileadair gan ainm na laoi — Fionn arís gan amhras — Bran. Is léir gaol na rann seo thíos a toghadh as eagrán Cameron le DF LVI:

Bhuail mi buille do'n èill bhuig  
'S do na balgaibh fiunndairnich,  
Dh'adhlaic mi'n t òr 'na cheann,  
'S truagh a rinn mi 'm beud r'a sheinn.

Sheall mo chuilean th'air a ghualain,  
'S b'ionadh leis mi 'g a bhuala;  
'S shrutha na frasa fala  
O rosgaibh meara glana.



An lamh leis 'n do bhuaile mi Bran  
'S truagh nach ann o'n ghualain bha i;  
Man d'rinn mi am beud a bhos,  
Gur truagh nach ann eug a chaidhs'. (Cameron 894, 281,  
rr. 7-9)

Is cosúil gur ghlac na faisnéiseoirí Albanacha leis i bhfianaise theideal na laoi seo gur cuntas ar mharú Bhrain atá sna rainn thuas. Buille d'éill 'bhuidh' (= bhuí) atá in Hill agus i bhfoinsí eile (Campbell 1871, 148, téacs F 15, r. 9; 'bhuighe', téacs M.16, r. 5) agus is éard a deir Hill faoi iarraidh seo:

Bran appears to have been slain by this blow. *The yellow thong* seems to have some peculiarly fatal power in it, by account of its effect. (Hill 1893, 398, an tríú fonóta)

Níl aon chur síos cinnte, áfach, ar mharú Bhrain in aon cheann de na leaganacha Albanacha den laoi seo dár cheadaíos agus, ach an oiread le DF LVI, ní móide go raibh sé sé sin i gceist ó thús sa déantús Albanach. D'imigh Bran léi ó na Fianna nuair a buaileadh í de réir DF LVI agus chaith sí í féin isteach i loch. Tá fianaise againn go raibh eolas ag na hAlbanaigh freisin gurb shin an chaoi ar tháinig críoch agus cinniúint a saoil, mar is léir ó scéal béil faoi bhunús an logainm Loch Bhraín.

Bhí na Fianna ag fiach i gCarn na Beiste, cnoc cruinn ard i sliabh Ach an Allt. Bhí torc nimhe ina chónaí sa charn. Chonaic na Fianna é agus shaighid Fionn Bran ann. Nuair a chonaic Bran an chuma fhiáin a bhí ar an torc dhiúltaigh sí aghaidh a thabhairt air agus 'thill e ar ais 's fheaman 'na ghobhal'. Chuir Fionn ar ais an dara huair i ach loic sí arís agus d'fhill sí go 'cul-coise a mhaighistir g'a dhion fein.' Las fearg Fhinn, chas sé ar an gcú agus bhuaile cic uirthi i ngeall ar a meatacht. Rith an cú síos le fána gur tháinig sí go sraith na habhann agus rinne sí poll di féin agus chuaigh ó amharc ann. Lean na Fianna í agus shíl siad í a mhealladh as an bpoll. Nuair a chinn orthu, thosaíodar ag tochailt:

Ach mar bu doimhne chladhaicheadh iadsan is ann bu doimhne tholladh esan, gus fo dheireadh, dh'eirich an t-uisge orra 's b'eigin dhaibh stad. Lion an toll le uisge, 's tha loch beag ann gus an latha an diugh ris an abairear Loch Brain, 's fhuair an srath uile an t-ainm Srath Bhraín o'n am sin ... (Mac Donald 1910, 133)

Freagraíonn cinniúint uisciúil Brain sa scéilín dinnseanchais thuas as Albain ar bhonn téamatúil dá cinniúint in DF LVI. Chuir sí olc ar Fhionn sa dá chás agus theich sí uaidh isteach faoi uisce an locha. Léirítear thíos go bhfuil an-tábhacht ag baint le locha sa seanchas faoi oidhe Bhraín in Éirinn.

Is féidir dhá roinn a dhéanamh den ábhar Éireannach faoi Bhrán agus locha:

- Scéal A a bhí teoranta is cosúil d'iarthar na Mumhan.
- Scéal B ar bailíodh leaganacha de ó Cho. Dhún na nGall ó dheas go Co. Chorcaí i nGaeilge agus i mBéarla.

Is i ndán le Eoghan Rua Ó Súilleabhain is cosúil is túisce a fhaightear fianaise ar Scéal A. Is éard adúirt an file le 'leanbh tabhartha do thug bean chuige':

Do gheobhair, a leinbh, dom thuigsint, níos mó  
Nár gheallas féin go léir duit fós:  
Saidhbhreas Fhinn ba líonmhar slógh,  
Is Bran dá dhíon le scím fad chomhair.

(Ó Duinnín 1907, 52; féach freisin Ó Foghludha 1937, 90)

Glacaim leis gur ag tagairt do shaibhreas na Féinne a bhí i dtaisce i Loch Léin a bhí Eoghan Rua. B'fhéidir gur ag tagairt don taisce céanna atá Oisín sa rann seo a leanas as 'Seilg Locha Léin':

Sin é an loch is áille scéimh  
dá bhfuil fán ngréin go beacht;  
is iomdha stór ón bhFéinn  
ann gan bhréag i dtaisce anocht.

(An Seabhac 1941, 66, r.7)

Thagair Edward Walsh do Bhrán mar seo a leanas i bhfonóta le Co 1, leagan breá fada de scéal béil faoi Oisín a cuireadh i gcló in *The Dublin Penny Journal* sa bhliain 1836: *Bran was a dog of great swiftness and courage. Tradition affirms that he remains yet alive, enchanted in the Lake of Killarney.* (Walsh 1835, 218). Bhain Pádraig Ua Séaghdha ('Conán Maol') leas as an traidisiún seo atá i gceist ag Walsh i ngearrscéal dá chuid dar teideal 'Bean an Leasa' (Ua Séaghdha 1899). Rugadh agus tógadh an scríbhneoir seo de chuid na hAthbheochana idir Neidín agus Cill Airne. 'I gceantar Loch

Brain ar chóngar Neidín' an chaoi ar chuir Fiachra Éilgeach síos ar a áit bhreithe in *Sunday Independent* 29 Aibreán 1928.' (Breathnach agus Ní Mhurchú, 1986, 103). Cé gur cumadóireacht liteartha atá ar bun ag 'Conán Maol' is fiú athfhriotal a dhéanamh ar chuid dá ionramháil ar an ábhar seo — 'fáith-sgéal áluinn' — as an traidisiún béil a bhain lena cheantar dúchais féin. Seaghan an Áir, duine de phríomhcharachtair an ghearrscéil, a d'inis an méid seo a leanas do Bhean an Leasa, banlaoch an scéil:

'Cad do ghlaodhaid siad ar an loch úd ins an ngleann lastoir dín? ar sí.

'Loch Brain is ainm di, agus atá cú innte chómh h-árd le bromach,' ar seisean ...

Bhí an sgéal ar bhárr a bhéil ag an mbuachaill mbán mar d'fhaisnéigh sé go minic é. 'Ó, tá an chú úd fá dhraoidheacht, tá fhios agat, Bran is ainm di. Tá an sgéal fíor. Agus tá an chiste úd i bhfolach i Loch Mhucrois; dabhach óir is ead í, trí troighthe cómhchruinn, lán d'ór go bruach, ní fhuil sí acht fiche troigh fá uisge agus measaim nach bhfuil sí acht fiche troigh ó imeall an locha.

D'innis seanchaidhe dhom é i gCromaghleann. Ní leigfeadh eagla d'aoinne' an dabhach do thóghháil, ó tá Bran is Sgeólán 'na gcodladh gach re n-oidhche uirthé. Creidim go ndeachaidh máirnéalach Sagsan síos fad ó; bhí Bran 'na lúib ar chumhdach na daibhche agus cuireadh a leithéid sin do sgannradh ar an máirnéalach gur chaill sé a chiall ...

I n-aimsir Fhinn mhic Chumhaill, bhí imreas idir an t-áirdrí Cairbre agus na Fianna. Bhí Osgar agus Cairbre ag sanntughadh a chéile mar do chíféá dhá tharbh buile ag cur púic ortha féin ar tí cómhraic. Bhí Oisín glic, agus bhí fhios aige dá dtiocfadh leo bruighean do ghabháil gurab í sin an t-ár ba mó dá bhfacathas riamh roimhe-sin 'ná do bhiadh go deo 'rís. Leis sin do bhailigh sé maoin na Féinne idir ór is seóid agus do bhuaile sé isteach i ndabhach óir í, agus do chuir i bhfolach í i Loch Mhucrois. Chuir sé fá bheartaibh cruadha Bran is Sgeólán an dabhach d'fhaire go dtagadh sé féin nó Osgar dá h-iarradh ortha. Chúm sé leath-bheann agus sid í í: —

'Ansiúd a chuireamar i bhfolach  
Mar a dtéidheann an Léin 'sa loch!'

Ba gheárr 'na dhiaidh súd gur leagadh an Fhéinn go léir i nGabhra Mhór agus gur éaluigh Oisín le Niamh Chinn Óir go Tír na n-Óg; agus níor tháinig seisean 'ná Osgar ag éileamh an chisde fós ar Bhran ...' (Ó Séaghdha 1899, 352)

Tugann an blúire gearr dinnseanchais seo a leanas faoi Charraig na bhFiann a bailíodh ar Oileán Dairbhre le tuiscint go insintí eile ar an ábhar seo in iarthar na Mumhan. Dúradh go raibh taisce na bhFiann ar chladach an oileáin sin:

### Carraig na bhFiann

Do chloisinn an Bháinseach 'á rá go raibh seacht dumhacha d'ór  
glan fúithi sin agus Bran ag tabhairt aire dho.

'Gach ar bhailigh an rí d'airgead bán,  
Tá san fút agus stór Mhac an Bháin.'

Chuala go raibh sí geall leis clúdaithe fén bhfarráige anois.

[Ci 18]

D'fhéadfaí a rá faoi Bhran sna leaganacha seo go bhfuil cosúlacht aici ina cú faire ar thaisce na Féinne le Cerberos na nGréagach nó Anubis na nÉigipteach ar bhaill iad de *a widespread class of canine guardians of the Otherworld* (Ó Cathasaigh 1977, 36). Bhí Bran faoi uisce an locha ó am ar scriosadh na Fianna i gcath Gabhra agus suimiúil go leor luaitear an cath tubaisteach seo in 'Seilg Mhór Lios Brandóige' Thomáis Uí Chaiside. Mar atá ráite thuas, chaith an Caisideach Bán urchar dá gha le dobhrán donn. Ba í Bran an dobhrán seo agus ba í Sceolán an cú a bhí i gcosamar an fhile. Labhair Bran mar seo a leanas le Sceolán:

'S i bhfochair flaith na Féinne mhóir,  
ceannphoirt slóigh na n-arm géar,  
chaitheas mar aon agus tú  
bliadhain ar chúig ar dhá chéad.

Ó mharbhaigh tráth, an tonn rabhartha,  
i gcath Gabhra na gcleas lúth  
Oscar anghlonnach na gcath,  
táim faoi gheasa agus tú.

(Níc Philbín 1938, 48)<sup>5</sup>

---

<sup>5</sup> Cé gur mhaígh Brian Ó Fearghail, scríobhaí an téacs lámhscríbhíne (RIA 23 O 35) a chuir Mairghréd Níc Philbín in eagar go raibh an laoi 'air na foirleathnuadh' aige féin (Níc Philbín 1938, 82; agus normálaithe 44), tá na rainn thuas in RIA E iv 1 a scríobhadh sa bhliain 1754. Tá an fhoinsé seo níos bunúsaí, mar adeir, Níc Philbín (167) ná téacs Uí Fhearghail. Tá siad i gcló ag Níc Philbín (179, ll. 394-99). Is féidir glacadh leo mar chuid dhilís de shaothar an Chaisidigh.

Is é an trua nár thug an Caisideach Bán níos mó sonraí faoin gcaoi ar cuireadh Bran faoi gheasa agus as a riocht. Ach fiú agus gan taisce i gceist anseo, is suntasach gur chaith sí a saol i ndiaidh na Féinne san uisce agus gur chuir Oscar agus Cath Gabhra cor mór buan ina cinniúint.<sup>6</sup>

Bailíodh leaganacha den dara scéal faoi imeacht Bhrain, Scéal B, i nGaeilge agus i mBéarla, i réimse leathan den tír [DG 23; Sl 6; ME 25; G 41, 42; Cl 9, 10, 11, 12; Co 4e].<sup>7</sup> Lonnaítear imeachtaí an scéil i dtuaisceart Cho. an Chláir sa leagan de is túisce a cuireadh i gcló — leagan a sholáthair Francis Robert Davies don iris *Notes and Queries* sa bhliain 1854.

About half a mile from the lake of Inchiquin is situated the small lake of Tiermacbran ...The following legend accounts for the awe with which the lake is regarded. — Once upon a time Fuenvicouil (Fingal) went out with his attendant chieftains to hunt upon the heath-covered sides of Mount Callaw, famous as being the burial-place of Conan, whose monument with its

---

<sup>6</sup> Chaoin Fionn Oscar agus Bran in 'Tuarasgabháil Chatha Garbhra' — laoi ar luaigh Seathrún Céitinn ranna as in *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* (féach O'Kearney 1853, 6):

Tug Fionn rinne a chúl,  
agas do shil deora go h-úr,  
acht fó Oscur is fó Bhran,  
níor chaoin fó neach ar thalmhain.

(O'Kearney 1853, 139; féach An Seabhac 1941, 211)

Mhair leagan den rann seo in Albain (Campbell 1871, 150) agus tá macalla as in Ci 16. Dúirt Peig Sayers 'nár ghoil Fionn riamh ach fé bhás Osgair agus fé bhás a aintín agus fé bhás a ghadhairín Bran.'

<sup>7</sup> Tá leide i litir a scríobh Seán Ó Donnabháin i gCo. Dhoire sa bhliain 1834 go mb'fhéidir go raibh de Scéal B ar eolas sa chontae sin an tráth úd. Luaitear *Seefin* (Suí Finn) agus tomhaidhm *Lough Bran* (Loch Brain) sa litir seo. Tá cosúlacht, freisin, ag an scéal faoi thomhaidhm an locha seo leis an scéal faoi Loch Brain na hAlban — sa mhéid is gur é Bran faoi ndear an loch a dhéanamh sa dá fhoinsé — ach tá an chaoi a raibh an cú sa tóir ar eilit sí a d'éalaigh uaithi isteach sa talamh cosúil leis an bhfiach i leaganacha de scéal B. Ní luaitear sa litir, áfach, go ndeachaigh Bran féin isteach sa loch a rinne sí agus í ar thóir na heilite.

Suidhe Finn in the Parish of Maghera within two miles of Lough Bran ... The lough beneath the hill is called Lough Bran from Fin's celebrated and invulnerable grey-hound Bran, which tore up the ground where it stands in pursuit of an enchanted doe which when nearly overtaken by Bran sank into the earth by the power of magic. Bran was in such a rage to overtake this enchanted doe that he tore the earth with his paws, just as dogs nowadays root up the ground for rats and rabbits. The lake immediately sprang up in the place thus made hollow by Bran's gigantic paws. (Luaite in MacNeill 1962, 149)

Ogham inscription is still extant; a noble hart, snow-white, whose hoofs and horns shone like gold, was soon started, and eagerly did the chieftains urge their hounds in pursuit. Hour after hour passed on, and still the deer sped on with unabated vigour, while one by one hunter and hound dropped exhausted from the chace — till none were left but Fuenvicouil and his matchless hound, the snow-white Bran; and now, as the sun was fast declining, the wondrous hart reached the cliff over the lake where the ruins of the old castle now stand. A moment's pause, and it plunged into the lake, followed almost instantaneously by the gallant hound: the moment the deer touched the water it vanished, while instead appeared a beautiful lady seated on the rippling waves, and as the noble dog rose to the surface from his plunge she laid her hand on his head and submerged him for ever! and then disappeared. Some relate in addition that she inflicted a curse on Fuenvicouil. In memory of the event the cliff from which the deer sprang is called 'Craig-a-Bran:' while the lake and castle are called by the name of 'Tiernach Bran,' — 'the lordship of Bran,' corrupted in conversation to 'Tir mac Bran.' [Cl 9]<sup>8</sup>

---

<sup>8</sup> Foilsíodh an scéal seo a chéadair in *Notes and Queries*, 10, August 1854 mar chuid de shraith scéalta as Co. an Chláir a sholáthair Davies don iris sin idir 1853 agus 1855. Athfhoilsíodh an t-ábhar seo uilig in *Choice Notes from 'Notes and Queries'* sa bhliain 1859. Thapaigh Davies an deis seo le litriú roinnt logainmneacha i dtéacs Cl 9 a cheartú agus is é téacs 1859 atá thuas. Lochtaíodh litriú na logainmneacha seo i gcomhfhreagra sa foilsíodh in eagrán 23 Meán Fómhair 1854 den iris, agus i bhfreagra leis as Llandudno ar an gcomhfhreagra seo, in eagrán 11 Samhain 1854, mhínigh Davies gur botúin chló faoi ndeara roinnt acu. Tugtar cuntas suimiúil ar an té ar bhailigh sé na scéalta uaidh sa fhreagra seo:

'The legends of the co. of Clare', which have appeared from time to time in 'N. & Q.', were related to me some years ago during a residence of some duration at the house of a friend, now no more; the scenes of them were all within a few miles, many within view of the old family mansion where I heard them. The relater of them — who, in addition to his varied professions of parish clerk, saddler, veterinary surgeon, leader of the village choir and some half dozen other occupations, possessed an inexhaustible fund of legendary lore, much of which, I fear, has died with him — has followed his much respected master the rector, to that bourne from which no traveller returns. Much however must still remain, though fast dying out: pity it is that some one, who has the opportunity, does not rescue them from oblivion. Tales of the exploits of 'Fuenvicouil' and his warriors were the constant evening's amusement,

'When young and old in circle  
Around the firebrands close,

from the farmer's cottage to the labourer's hut; the supernaturally derived wisdom of 'Ussheen', who in the Clare legends always takes the part of 'Nestor', contrasting finely with the dashing courage of his younger companions ... (Davies 1854, 390)

Is díol suntais é go luaitear Sliabh Calláin (Mount Callon) san insint seo, mar de réir DF LVI (r. 3) bhíodh rí na gcon, Bran, i láimh Fhinn 'os leicnibh Sleibhe Colláin'.<sup>9</sup> Bailíodh roinnt insintí eile ar an leagan seo de scéal Bhraín i gCo. an Chláir. Ní leagan ceart béil é Cl 10, ach athleagan a rinne George MacNamara ar théacs Davies in alt dá chuid faoi Inis Chuinn. Tugtar roinnt eolais san alt faoin gceantar agus faoin seanchaisleán atá i gceist sa scéal. *Adelphi* a tugadh ar an áit a raibh seanbhallaí an chaisleáin agus Molly Blood's Lake a bhí mar ainm ar an loch ag tús an 20ú haois (MacNamara 1902, 205-6).<sup>10</sup> Deirtear faoin bhfia neamhsholta a mheall Bran sa loch in Cl 11 gur éard a bhí ann *a fairy that was changed into a deer* agus go raibh sí ag iarraidh díoltas a bhaint as Fionn. Athraítear cineál an ainmhí in Cl 12 — Cailleach na hUisce (sic) a mheall isteach faoi uisce an locha é agus í i riocht giorria. Eilit bhán atá in G 41, ach is giorria is minicí a luaitear in insintí béil de chuid an chéid seo caite (DG 23; Sl 6; ME 25; Co 4e). Mar is léir ón bplé i gCaibidil 6, ghlac an giorria ionad an fhia i roinnt cásanna eile sa traidisiún béil.

Is é an buntéama céanna atá sna leaganacha seo uilig de Scéal B gur mheall bean sí i riocht fia (giorria) Bran isteach i loch. Roinneann Scéal A agus Scéal B an tréith chéanna uisciúil freisin: go bhfuil an cú fós beo faoi uisce.<sup>11</sup> Léim Bran isteach i loch freisin nuair a d'éalaigh sí ó na Fianna in

<sup>9</sup> Fágadh an logainm Mount Callow gan cheartú in Davies 1849. Is léir ón gcomhthéacs gurb é Slieve Callan (Sliabh Calláin) atá i gceist ag Davies. Chuir Nicholas O'Kearney Cl 9 i gcló sa réamhrá lena eagrán de *Feis Tighe Chonáin* (1855, 62-4). Ghlac sé le roinnt de na leasuithe a mhol Davies (1854, 390) agus cheartaigh sé Callow go Callan go ciúin. Maidir le Sliabh Calláin, féach MacNeill 1962, 193-201, 673. Tá tagairtí d'uaigh Chonáin agus don inscríbhinn bhréagársa oghaim os a chionn in Ó Briain 1989, 195-6.

<sup>10</sup> Luaigh Seán Ó Donnabhán fothrach an tseanchaisleáin i dTír Mac Brain i litir a scríobh sé ar 25ú Deireadh Fómhair, 1839, le linn dó a bheith gafa ar obair na suirbhéireachta ordonáis i gCo. an Chláir. Bhí an fothrach suite ag bun thoir Cheann Sléibhe. Tuigeadh don Donnabhánach go raibh baint ag ainm Tír Mac Brain le Bran agus le heachtra éigin a tharla in *Feis Tighe Chonáin*:

This Castle stands at the east side at the foot of a remarkable (conspicuous) mountain called Ceann-Sleibhe, i.e., the Head of the Mountain and they have a tradition here that this Head of the Mountain was the scene of a romantic Finian tale called Feis-Tighe-Chonain-Chinn-tSleibhe, i.e., the Feast of the House of Conan of the Head of the Mountain, in which Finn and his faithful hound Bran make a conspicuous figure, and it is believed that the local name of Tir-Mac-Brain is derived from some great actions performed on that occasion by the hound Bran. (O'Flanagan 1928, 64)

<sup>11</sup> Tugtar cuntas de chineál eile ar bhás Bhraín in Sl 7. Mharaigh Fionn Bran san éagóir de bhrí gur shíl sé gur mharaigh an cú leanbh óg leis. A mhalairt a tharla, bhí Bran tar éis

DF lvi agus rinneadh loch den pholl a chart sí de réir an scéal béil as Albain atá pléite thuas. Tá fianaise chomh fada siar leis an 13ú haois, mar seo, ar an mbaint a bhí ag loch éigin le buanscaradh Bhrain leis na Fianna. B'fhéidir gur féidir an ghné seo de scéal Bhrain a rianú siar tuilleadh.

Tugadh 'mac rígh Dhál Aruidhe' ar Bhran in 'Síothail Chaoilte', laoi Mheán-Ghaeilge a bhfuil plé déanta air thuas. Tá craobh ghinealaigh an chú agus a coibhneas le Dál nAruidhe rianta sa téacs gearr próis a pléadh thuas i gcomhthéacs na laoi. Freagraíonn an ginealach san fhoinsé seo roinnt mhaith do 'Genelach Dál Araide' mar atá sna cnuasaigh luatha ginealach. Fágann an t-eolas sna ginealaigh seo ar ár gcumas a rá go síolraíonn an laoch mór iomráiteach Mongán mac Fiachna (+625) — ar athgin Fhinn é de réir scéil Sean-Ghaeilge<sup>12</sup> — agus Bran ón gceap sinsear céanna, ó Imchadh. Léiríonn an sliocht thíos, bunaithe ar sheanghinealaigh, an gaol eatarthu. Tá cló trom ar na hainmneacha a luaitear i nginealach Bhrain sa scéilín próis thuas. Ba é Fiachna mac Baodáin [Báetán] athair Mhongáin:

... Fiachnai Lurgan m. Báetáin m. Echdach m. Condlai m. Cóelbad m. Cruind ba druí m. Echach. m. Lugdach. m. Rossa m. **Imchada** m. **Feidelmid** m. Caiss m. **Fiachach Araidi** m. **Oengusa Goibnenn** m. Fergusa Gallini m. Tipraite qui occidit Conn Cétchathach m. Bressail Bric m. Briúin qui subintrauit Loch Laíg m. Feirbb ...

(Bunaithe ar O'Brien 1976, 323-4)

Shíolraigh Comhghall Bheannchair (+ 602) ó Imchadh freisin:

Comgall Bennchair m. Setnai m. Echach m. Broen [vl. Brain; Briuin; Briain] m. Forgo m. Ernaine m. Crimthaind m. Echdach m. Lugdach m. Rosa m. **Imchada** m. **Feidlimid** m. Caiss m. **Fiachach Araide**.

(Ó Riain 1985, 16, § 97)

Cuireadh Mongán mac Fiachna sa chill cháiliúil a bhunaigh Comhghall (Ó Briain 1996, 200 agus fonóta 5). Bhí an mhainistir seo suite ar

---

madra allta a bhí ar tí an leanbh a ionsaí a mharú. Leagan den fhinscéal cailiúil faoi Gelert, cú Llewellyn, atá sa scéal seo, féach Jackson 1961, 40, 65, 90.

<sup>12</sup> Féach *Scel asa mberar combad hé Find mac Cumail Mongán 7 aní dúa fil aided Fothaid Airgdir a scél so síis* (Best agus Bergin 1929, 334-5); Meyer 1895, 45-52.



bhruach Loch Lao agus ba láthair thábhachta léinn í a raibh tionchar an-mhór aici ar shaothrú litríocht luath na Gaeilge (Flower 1947, 1-23; Mac Cana 1972, 104-6). Saothraíodh an Fhiannaíocht sa litríocht scríofa luath go maith freisin in abhantrach na mainistreach seo:

... some of the earliest references to *fianaighecht* come from the north-east, from the broad hinterland of the monastery of Bangor on Belfast Lough, which was evidently the centre of a phase of 'sustained learned and literary activity during the seventh and part of the eighth century. (Mac Cana 1987, 85)

Is fáth a bhfuil mé go dtí seo, má rinneadh saothrú liteartha ar scéalta faoi Fhionn luath go maith in oirdheisceart Chúige Uladh, b'fhéidir go ndearnadh saothrú ar ábhar faoi Bhran ag an tráth céanna sna bólaí sin freisin. Munarb ionann agus na ginealaigh a luaitear le Fionn agus Oisín (Caibidil 3), tá bonn maith stairiúil faoin nginealach a luaitear le Bran sa scéal próis faoina choimpeart — fiú má tá corr lúb ar lár ann. Tá tagairt an-suimiúil i nginealach Fhiachna mhic Bhaodáin thuas do dhuine de shinsear Mhongáin agus Bhrain a chuaigh isteach i Loch Laoi: 'm. Briúin *qui subintravit* Loch Laíg m. Feirbb'. Caithfear a admháil nach bhfuil Brion mac Feirbb luaite, áfach, ach i bhfoinse amháin sna ginealaigh a chuir M.A. O'Brien in eagar (Rawlinson 502) — is é Bressal Laíg m. Bressail atá i gceist sna foinsí eile a cheadaigh an Brianach (O'Brien 1976, 324, nóta m-m). Cé nach ionann an t-ainm Brion (O'Rahilly 1946, 232, 498) agus Bran, is díol suntais é, mar sin féin, go raibh an chríoch chéanna ar Bhrion agus ar an gcú daonna a chin uaidh, Bran!

Baineadh an sliocht gearr ag tús na caibidle seo as *Oidedh Con cColainn*, leagan Nua-Ghaeilge de *Aided Con Culainn* (Van Hamel 1933). Tugann an ráiteas seo a rinne Cú Chulainn léargas dúinn maith ar chuid de réimse céille an fhocail 'cú'. De réir 'Sealg Mhór Lios Brandóige' casadh Bran ar reacaire an scéil sa laoi sin i riocht dobhraín. Ainmeacha eile ar an dobhraín is ea dobharchú nó madra uisce. Nuair a bhí Cú Chulainn sna céadéaga, chuaigh sé go lochán in aice leis á thonach. Chuidigh Laogh mac Rianghabhra leis. Ba ghearr go raibh dath na fola ar an lochán. Tháinig dobharchú agus thosaigh ar ól na fola. Nuair a chonaic Cú Chulainn 'crú a chuirp dá chaithiomh agan choin' chaith sé urchar léi agus mharaigh í (Van Hamel 1933, 111). Shíl Laogh misneach a thábhairt do Chú Chuainn á rá leis nach raibh a sheal tugtha fós. D'fhreagair Cú Chulainn é:

'Truagh, a Láigh,' ar *Cú Chulainn*, 'ní muirbheabh duine dá éisi siúd co bráth ná ainmide. 7 cú in cétfhiadach do-rónus riam, 7 do tarngairedh damh gurob cú in t-écht deidhenach do-génaid. (Van Hamel 1933, 111)

Is é marú chú na cearda, cú Chulainn Gabha, an an chéadfhiach atá i gceist ag Cú Chulainn. Céim mhór i gcinniúint laochúil Shéadanda a bhí sa ghníomh seo ar thuill sé an t-ainm Cú Chulainn uaidh. Tugann marú an chú eile, an dobharchú, le fios dó go bhfuil a chaithréim thart. Tugann oidhe na gcúnna seo siméadracht dá bheatha: tá tús agus deireadh a shaol laochúil Cú Chulainn fite fuaite le dán an dá chú.

Is féidir a leithéid de phátrún siméadrach a aimsiú i gcuntais ar bheatha Oisín sa traidisiún béil. Is cruinne de shiméadracht í sa chéill gur dhá chú atá i gceist: Bran agus an cú sa scéal béil faoi sheilg dheireanach Oisín. Nílím ag maíomh go raibh an tsiméadracht seo ann go comhfhiosach do na seachadóirí béil uilig a raibh leaganacha de scéal Oisín acu. Baineann an chéad mharú acu le SOO agus le téacsanna béil a shíolraigh uaidh (féach Caibidil 6). Is sa traidisiún béil amháin a mhair an scéal faoin dara marú (féach Caibidil 21). Bailíodh corrscéal béil a bhfuil cuntas ann ar mharú an dá chú [Sl 1]. Cruthaíonn sé seo go raibh deis ag seachadóirí an traidisiúin bhéil an dá mharú seo a nascadh le chéile in insint chuimsitheach shiméadrach faoi bheatha Oisín. Faoi mar a chuir marú Bhraín tús le saol Oisín mar fhéinní, chuir marú an chú eile clabhsúr ar a ghaisce, geall leis.

Le fia-mháthair Oisín a chosaint is ea a maraíodh Bran de réir SOO. Ba é an fia ba chionsiocair le marú Bhraín agus céad-éacht Oisín. Fiach agus marú an loin dhuibh ba thrúig bháis don chú mire in 'Seilg Dheireanach Oisín' (Caibidil 21). Fiú mura raibh a fhios ag seachadóirí na tíre seo go bhféadfaí ó thaobh na sanasaíochta de an chiall 'fia' a bhaint as an bhfocal 'lon' (féach Caibidil 16), d'fhéadfaí a mhaíomh, má chuimhnítear ar bhunbhrí an ainm Oisín, gur mharaigh fia siombalach an cú seo. Ach an oiread leis an bhfíoch bunaidh idir Fionn agus Fothadh Canainne (féach Caibidil 1), nó naimhdeas Fhinn le Goll (féach Caibidil 15), faltanas fola de chineál eile ba bhun, b'fhéidir, le bás chú Fhinn. B'fhéidir gur eascar marú Bhraín as an teannas seanbhunaithe a bhí idir an

cú, gníomhaí suntasach na seilge, agus bantiarna na n-ainmhithe, cosantóir an fhiadhúlra, i riocht fia.<sup>13</sup>

---

<sup>13</sup> Féach an ráiteas seo a leanas le Davidson agus Chaudri faoina leithéid de theannas i seanchas Shléibhte Cugáis: *In some of the legends the birth of Amiran [fiagaí agus laoch], a wolf is said to steal the newborn hero from the goddess, which may reflect antipathy between the hunting goddess and the wolf or dog, which are closely related in hunting lore.* (Davidson agus Chaudhri 1993, 159)

## CAIBIDIL 12: CURAIDH AGUS EILTÍ

*Is fó dobertar inna anman fonna inni fordingrat, 'the names are given in accordance with the qualities they signify.'*

(Gluais Milan 37a14; féach Baumgarten 1987, 2)

### TELEPHOS AGUS AN EILIT



Tógadh Oisín 'Mur gaugh lee gaure yule laght.' ([D] 'Mar gach lao dár dhiúl lucht', féach E 42b; H 42c.) Feileann an líne sin as SOO go breá don obair atá ar siúl ag an ngasúr óg sa chóip thuas de fhrescó cáiliúil Rómhánach. Is é Telephos mac Earcail an gasúr atá i gceist agus tá an saothar mór seo i dtaisce anois sa Mhúsaem Náisiúnta Seandálaíochta (Museo Archeologica Nazionale) in Napoli (Deiss 1966, 12; 1995, 112 [cóip dhaite den phictiúr], 115; Bauchhenss-Thüriedl 1971, 35-6; Grant agus Hazel 1973, 385). Is sonra as atá i dtulphictiúr an tsaothair seo. Tháinig an

saothar ealaíne seo slán as an tubaiste mhillteanach a bhain do Herculaneum. Plúchadh an baile seo faoi 65 troighe d'ábhar bolcánach nuair a bhrúcht Vesuvius i sa bhliain 79 AD (Deiss 1995, 27-31). Tá an pictiúr ar cheann de roinnt frescónna a péinteáladh ar bhalla almóirí in Basilica (teach cúirte) Herculaneum. Tá an Basilica gan tochailt fós faoin talamh, ach tá léaráid de agus cur síos air in Deiss (1995, 114-5).

Áirítear an frescó seo 'ar cheann de na cinn is fearr d'fhianna in ealaín na Rómhánach.

Among other renderings of deer in Roman art one of the most naturalistic is that of the dainty dappled hind which suckles the infant Telephus in the famous 'Finding of Telephus' painting from Herculaneum. (Toynbee 1973, 145)

Seo a leanas cur síos air an bpictiúr:

A sun-bronzed Hercules, shown from the rear and wearing only a garland and a quiver, stands before a draped female figure representing Arcadia with an eagle at her feet. In the background are a tranquil lion (subdued by Hercules), a young satyr playing the pipes, and a winged female figure. The latter directs Hercules' attention to a naked little boy being suckled by a doe, while the doe lovingly licks his leg. (Deiss 1966, 139)

Dá fheabhas féin é an frescó seo, glactar leis nach bhfuil ann, is cosúil, ach cóip de phictiúr a rinneadh a chéaduaire sa dara haois R. Ch. in Pergamon (Pergamum) na hÁise Bige sa Dara hAois RCh (Becatti 1968, 267-8; Grant 1971, 161; Bauchhenss-Thüriedl 1971, 36).

Bhí an-ómós ag muintir Phergamon don ghaiscíoch óg atá ag diúl ar an eilit sa phictiúr, arae shíl Attalos I (241-197 R. Ch.), rí na cathrach, agus a shliocht gur shíolraíodar uaidh (Binder 1964, 131; Bauchhenss-Thüriedl 1971, 36). Ba de bhunadh Gréagach é Telephos de réir an tseanchais agus bhí sé in ainm is a bheith ina rí ar Teuthrania, Mysia in aimsir thoghail na Traoi (Kerényi 1959, 337-410). Bhí cathair mhór an chultúir agus an léinn, Pergamon, suite sa cheantar céanna san Áise Bheag san áit a bhfuil Bergama an lae inniu in iarthar na Tuirce. Bhí cuid d'Acropolis cáiliúil an bhaile sin maisithe le dealbha agus le pictiúir a

léirigh eachtraí a bhain le saol Telephos (Becatti 1968, 268; Bauchhenss-Thüriedl 1971, 40-74).<sup>1</sup>

Tá staidéar cuimsitheach ar leith déanta ag Christa Bauchhenss-Thüriedl (1971) ag an lorg mór buan a d'fhág scéal Telephos ar an tsaíocht Chlasaiceach. Bhí an-tóir ag ealaíontóirí na nGréagach agus na Rómhanach ar an téama Telephos á chothú ag an eilit: *Die Säugung des ausgesetzten Kindes durch eine Hirschkuh ist danach zum beliebten Thema der Bildkunst geworden*: (Bauchhenss-Thüriedl 1971, 34) Tháinig roinnt mhaith íomhánna den ghníomh seo, nó de Telephos abail na heilite, anuas chugainn slán ar chlocha luachmhara, ar bhoinn, ar lampaí, ar thuambaí, chomh maith le dealbha marmair agus frescónna a léirigh an téama (féach catalóg Bauchhenss-Thüriedl 1971, 78-86). Níl aon ghanntan ábhair liteartha ann faoi shaol Telephos ach an oiread mar bhain filí, drámadóirí agus miotagrafadóirí na nGréagach agus na Rómhánach an-earraíocht freisin as scéal a bheatha ó aimsir Hesiod san 8ú haois R. Ch. i leith (Graves 1960b, 186-90; Binder 1964, 130-2; Bauchhenss-Thüriedl 1971, 1-13; Ganz 1993, 428-31). Mar is iondúil i gcásanna dá leithéid, tagann roinnt de na cuntais salach ar a chéile, ach is féidir a rá go léirítear leagan amháin dá bheatha go maith sa phictiúr údán a tháinig slán as scrios Herculanum.

Mac suirí le hEarcail a bhí in Telephos. Auge a bhí ar mháthair Telephos. Ba iníon le Aleos í, rí Tegea, cathair sa Ghréig. Cé go raibh sí ina maighdean tuaradh dá hathair, lá dá raibh sé in Delphi, go maródh mac léi duine nó daoine muintreacha leis féin nó lena bhean chéile. Cuireadh faoi ndeara do Auge bheith ina bansagart i dteampall Athene in Tegea. Chaithfeadh sí a bheith ina maighdean go deo. D'éirigh le hEarcail teacht chuici dá deoin nó dá hainneoin — níl na húdair ar aon intinn faoi seo — agus gineadh Telephos. Bhí a hathair ar buile nuair a fuair sé amach go raibh a iníon curtha ó chrích ag Earcail. D'iarr sé ar Nauplius — rí de réir roinnt leaganacha, bádóir de réir leaganacha eile — í a bhá. Thug Nauplius leis í, ach ar an mbealach go dtína chathair féin Nauplia tháinig a hionú ar Shliabh Parthenion. Chuaigh sí isteach in ngarrán coille léi féin agus rugadh an leanbh. D'fhág sí i ngan fhios ansin é. Tugadh Auge chun bealaigh go cathair Nauplia agus díoladh ina sclábhaí í. De réir leagan eile rugadh an leanbh i dteampall Athene. Tháinig gorta agus plá ar an gceantar de bharr fhearg na bandé. Nuair a fuair Aleos amach cén t-údar a

---

<sup>1</sup> Bhí cuid eile den Acropolis maisithe le dealbha a léirigh bua Attalos I ar na Galataigh (Becatti 1967, 264-5; Birkhan 1997, 143).

bhí leis an anó seo fágadh an leanbh le bás a fháil ar Shliabh Parthenion agus díoladh a mháthair. Ní bhfuair an leanbh bás áfach. De réir na leaganacha seo, thug eilit aire don naíonán tréigthe, á chothú lena bainne féin go dtí gur aimsigh tréadaithe ar an sliabh é. (Achoimre bunaithe ar Binder 1964, 130-2; Ganz 1934, 29-30.) Tagann cúrsaí sanasaíochta i gceist anseo anois mar thug na tréadaithe Telephos mar ainm air de bhrí go raibh sé ag diúl ar an eilit nuair á frítheadh é: *thele* 'sine', *elaphos* 'eilit' (Graves 1960b, 409; Binder 1964, 132; Bauchhenss-Thüriedl 1971, 11).<sup>2</sup>

#### SIGURÐR AGUS AN EILIT

Tuairiscítear in eachtra sa saothar Lochlannach dar teideal *Thiðreks saga af Bern* gur chothaigh eilit an laoch mór Sigurðr nuair a bhí sé ina leanbh. Seo a leanas achoimre ar éirim na heachtra sin.

Tráth dá raibh an Rí Sigmundr as baile i mbun cogaióchta d'fhan Sisibe, a bhean, sa bhaile faoi chúram Artvin agus Hermann, cairde leis an rí, mar dhea. Bhí sí ag iompar clainne ag an am. D'fhéach an bheirt acu le cluain a chur uirthi ach dhiúltaigh sí dóibh. Ar theacht abhaile don rí, chuireadar ina leith na mná gur chiontaigh sí leo. Chreid Sigmundr iad agus d'fhág sé faoin mbeirt acu í a chur i leithrigh. Thugadar go coill í, ach d'éirigh eatarthu faoin gcaoi arbh fhearr í a mharú agus thosaíodar ag troid lena chéile. Idir an dá linn, bhuail tinneas clainne Sisibe agus saolaíodh Sigurðr i ngan fhios don saol. Chuir a mháthair i bhfolach i soitheach gloine é. Sádh an soitheadh trí thaisme le fána nuair a theagmhaigh Artvin leis agus é ag fáil bháis. Sciorr an soitheach gloine isteach in abhainn agus tugadh leis an sruth é go dtí an fharraige. Thriomaigh sé ar an gcladach áit ar briseadh é. D'airigh eilit an naíonán ag caoineachán agus thál sí air — á chothú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag lena bainne féin é. Bhí gabha darbh ainm Mimir ina chónaí sa choill agus chonaic sé an páiste agus é ag rith lá. Bhí eilit sna sála ar an bpáiste agus nuair a thug Mimir faoi deara an eilit ag líochán an pháiste thuig sé go mba í a thóg é. Thug sé an páiste abhaile chuig a bhean agus thugadar Sigurðr air. Nuair a tháinig Sigurðr in inmhe mharaigh sé dragan a raibh Regin air. Ba dheartháir le Mimir é Regin. (Achoimre bunaithe ar Binder 1964, 225-6; féach freisin Hatto 1969, 375-6).

---

<sup>2</sup> Leagan giorraithe den ainm *Telephanes* — *he who shines afar* — atá san ainm *Telephos* dar le roinnt scoláirí (Kerényi 1959, 337)

Scríobhadh an saga seo san Ioruaidh tráth éigin mar a mheastar thart ar an mbliain 1250 agus glactar leis gur bunaíodh ar fhoinsí Gearmánacha é (Orchard 1998, 159, áit a bhfuil liosta tagairtí d'obair scolártha ar an saothar). Tá marú an dragain ar cheann de na héachtaí is mó a thabhaigh clú agus cáil do Sigurðr agus ní mar a chéile go baileach an tuairisc ar an eachtra seo in *Thiðrekssaga* agus i bhfoinsí eile Lochlannacha faoi. Tugtar *Sigurðr Fáfnisbani* [marfóir Fáfnir] ar Sigurðr scaití de bhrí go dtugtar *Fáfnir* go hiondúil ar an dragan sa traidisiún Lochlannach (*Edda* Snorri Sturluson [1178/9-1241]; *Völsungasaga*; *Fáfnismál*; féach Scott 1930, 193-200)). Reginn a bhí ar dheartháir an dragain, an té a shaighdigh Sigurðr le Fáfnir a mharú, sna foinsí céanna. D'ól Reginn roinnt d'fhuil an dragain agus d'iarr sé ar Sigurðr croí an dragain a róstadh dó nuair a chodlódh sé féin néal. Dódh méar Sigurðr nuair a leag sé ar an gcroí róstathe í agus sháigh sé ina bhéal í. Nuair a theagmhaigh fuil chroí Fáfnir lena theanga thuig sé caint na n-éan agus mharraigh sé Reginn (Helgason 1962, 67-8; Dillmann 1991, 121-2).

Léirítear eachtra mharú an dragain ar chroiseanna in Oileán Mhanann a luaitear dátaí thart ar an mbliain míle AD leo (Ellis, 1942; Byock 1990, 5-8), rud a chruthaíos go raibh eolas ar an scéal ar imeall limistéar na Gaeilge an tráth údán. Chítear do roinnt mhaith scoláirí go bhfuil an-chosúlacht, agus go deimhin féin gaol éigin, ag an eachtra seo leis an scéal faoin gcaoi ar bhlais Fionn mac Cumhaill den bhradán feasa. Chíor Robert Scott na cúrsaí seo ina mhonagraf *The Thumb of Knowledge*. Bhraith sé gur bunaíodh an scéal Lochlannach ar an gceann Éireannach (1930, 256-7). Ní raibh T. F. O'Rahilly chomh cinnte faoin mbunús sin (1941, 332 nóta 3). D'áitigh Reider Th. Christiansen gur téama iasachta i dtraidisiún na hÉireann é ó scéal Sigurðr (1931, 24). Is é an tátal a bhain J. Nagy as ... *a typological study of two heroic traditions* [faoi Fhionn agus Sigurðr], *which suggests (although it does not prove) the existence of a historical link between them* (1980, 123). Braitheann Daithí Ó hÓgáin go ndeachaigh an dá thraidisiún fúthu i bhfeidhm ar a chéile (1988, 59-60). Os a choinne sin, tharraing Kenneth Jackson and Alan Bruford aird ar an gcúlra béil idirnáisiúnta atá ag dó na méire sna scéalta faoi Fhionn agus faoi Sigurðr agus an chosúlacht atá acu le AT 672 'The White Serpent's Flesh' (1961, 115-6 agus 1987, 44-7 faoi seach).

Is ar éigin ar thagair duine ar bith de na scoláirí réamhráite do chothú Oisín ná Sigurðr, ná an bhaint a bhí ag an eilit lena dtógáil. Thagair



Scott, ceart go leor, don chosúlacht atá ag ábhar faoi Oisín leis an ábhar faoi Sigurðr, mar thaca leis an teoiric faoin tionchar Éireannach:

Although these similar details in Irish and Germanic stories may have been independent developments from a widespread idea that children have been reared by animals, the fact that other features of this tales concerning Sigurd, which will be discussed later, are probably of Irish origin, raises a question as to whether this detail may not likewise be traced to an Irish source. (1930, 201-2, nóta 16)

Ní móide go nglacfaí leis an tuairim sin inniu, mar is cuid de dhlúth agus d'inneach Sigurðr é íomhára an fhia sna scéalta agus sna laoithe faoi.

Is ionann Sigurðr na Lochlannach agus Siegfried na nGearmánach ar pearsa de bhunadh ilchodach é (Turville-Petre 1964, 198-205; Byock 1990, 22-6). Tá cúlra Siegfried, agus na traidisiúin Ghearmáineacha agus Lochlannacha faoi, pléite go mion ag Otto Höfler in dhá shaothar taighde: *Siegfried, Arminius und die Symbolik* (1961) agus *Siegfried, Arminius und der Nibelungenhort* (1978). Glacann sé leis an teoiric a nochtadh ó thráth go chéile ó 1837 i leith go bhfuil bunús stairiúil le Siegfried agus gurb ionann go bunúsach Siegfried na scéalaíochta agus Arminius na staire (Höfler 1961, 13). Meastar nach bhfuil san ainm *Arminius* ach leasainm ar bhain na Rómhánaigh úsáid as agus de bhrí go bhfuil an mhír *Segi-* (= *Sigr* 'bua' sa tSean-Ioruais, féach Dillmann 1991, 202) thar a bheith fairsing in ainmneacha a dhaoine muinteartha agus a chleamhnaithe gur dóigh go raibh an mhír seo in ainm dúchais Arminius (Thurville-Petre 1964, 199; Höfler 1978, 9-11, 111). Bhí Arminius ina thaoiseach ar na *Cherusci* nuair a rinneadar sléacht i bhForaois Teutoburg ar thrí léigiún de chuid na Róimhe faoi cheannas Quintilius Varus, Gobharnóir Germania, i mbliain an Tiarna 9 (foinsí agus plé in Höfler 1961, 122-65). Bua cinniúnach ar na Rómhánaigh a bhí sa deargár seo agus thuairisc Tacitus go raibh lena linn féin laoithe fós á gcanadh faoi Arminius beagnach céad bliain ina dhiaidh sin (Thurville-Petre 1964, 199).

Glacann Höfler leis an tsanasaíocht a moladh a chéaduair sa bhliain 1893 go síolraíonn ainm na *Cherusci* ón bhfocal Gearmándaíse *\*herut* 'fia' (Sean-Bhéarla *herut*, Sean-Ghearmáinis *hiruz*) (1961, 27; 1978, 11-2, 47-51, 110; féach freisin *\*heruta-* Birkhan 1971, 448). Ba é a bharúil: *daß der Name Cherusci etwa "Hirsch-Leute" bezeichnen würde* (1978, 12; féach Birkhan 1971, 455). D'aimsigh sé dornán maith tagairtí don fhia scaipthe thall is

abhus sna traidisiún faoi Sigurðr/Siegfried (1961, 37-8, 50-9; 1978, 11, 51-2, 111) a neartaigh, dar leis, an teoiric gurb ionann ó thús Siegfried an traidisiúin agus Arminius na Cherusci 'pobal an fhia' (féach Binder 1964, 226 nóta 3). Ní móide, dar leis, gur meafair fhileata iad na tagairtí seo don fhia ach shíolraigh siad ón mbaint a mheastar a bhí Arminius/Siegfried/Sigurðr leis na Cherusci agus leis an ainmhí a shamhlaítí leo.

Mheáigh E. O. G. Thurville-Petre téis Höfler (1961 amháin) ina phlé ar Sigurðr (1964, 198-205; 199). Thug sé suntas do na cosúlachtaí atá ag scéal Sigurðr le scéal an bhradáin feasa agus Fionn (202) agus luaigh sé freisin gur fia a bhí i máthair Oisín (204). Bhraith sé, áfach, nach gá dul i muintín teoiric na hiasachta leis na cosúlachtaí seo a mhíniú:

It may not be necessary to assume borrowing on either side, especially since some of the parallels quoted are found only in Norse versions of the story of Sigurð, and others only in German. The story of Sigurð centres on the Rhine and the land of the Franks; in fact it seems to belong to eastern areas of mixed Celto-Germanic culture and to have flourished near the territories of the Belgae. This may imply that a legend or myth comparable with that of Sigurð had been formed already by the first century BC, when the Belgae invaded Britain. (204)

D'fhágfadh sin go bhféadfadh sé go raibh scéal nó miotas Sigurðr níos sine ná ré Arminius sa chéad aois AD. Cé nár tharraing Thurville-Petre, ná duine ar bith eile de na scoláirí seo a d'fhéach leis na cosúlachtaí seo a mhíniú, scéal Telephos isteach sa chothromóid, is fiú aird a thabhairt ar a bhreithiúnas ar an ábhar seo:

In short, the evidence at our disposal suggests that Sigurð was originally a god, or at least a demi-god. If so, he may have been conceived at one time as the divine ancestor of the Cherusci. If the name is correctly related to *\*herut* (hart), then the sacred beast of their divine ancestor must have been the hart, and the hart must be one of the forms which he took. Arminius, as leader of the Cherusci, could be regarded as the diviner ancestor reborn, and his career might well contribute something to the figure of myth and legend, although that figure was fundamentally older than he was. (205)

## ÓENGUS OSSAIRGE

Fáisceadh an leagan de scéal Telephos a léirítear i bhfrescó cáiliúil Herculaneum as sanasaíocht a ainm agus d'fhéadfadh sé gur eascair an traidisiún in *Thiðrekksaga* gur chothaigh eilit Sigurðr as an mbaint a mheastar anois a bhí ag na Cherusci ó thaobh na sanasaíochta de leis an bhfia. 'Is minic', a deir McCone agus é ag tagairt do sheanlitríocht na tíre seo, 'a baintear úsáid as míniú sanasaíoch ar ainm duine nó áite mar bhunchloch insinte sna seanscéalta ...' (McCone agus Ó Fiannachta 1992, 16) A leithéid sin d'fheidhm shanasaíoch atá ag na blúirí faoi bhreith Oengusa Osairge, sinsear na n-Osraíoch, a nochtar in *Cóir Anmann* agus sna ginealaigh:

*Nó Osairgi .i. os-fríthi .i. etir ossaib alltai fríth Aengus Osairge .i. sen Ósairge. Cinnfinn ingen Daire maic Degad, máthair Aengusa intan boí inn ingen fri lamhnadh roela sí isind aidhchi ón ingenraidh baí 'na farradh icá coimét. Rolean cach an inghen iar sin gusan inat a mbai. Iss ann fríth an inghen etar ossaibh alltai intan sin, 7 sí 'ar mbreith meic etar na hossu, 7 dobreth ainm dó .i. Aenghus, 7 is éissidhe Aenghus Osairge o fil ríghrad Osraidhe. (Cóir Anmann, Stokes 1897, 374)*

Seo mar atá an scéal go hachomair i nginealaigh na Laighneach, áit ar follas feidhmiú na sanasaíochta:

*... m. Oengusa Osfríthe m. Crimthaind Māir apud quem fuit Cingit ingen Dāire meic Dedaid māthair Oengusa Osfrī thi; eter ossu alta fo-frī th a quo Osrithe (Genelach Osrithe, Rawl. B 502 117 f 15 in O'Brien 1976, 16; Cennait atá ar an máthair sa leagan den ghinealach céanna in LL.)*

Ní réitíonn an dá shliocht thuas go baileach dá chéile agus is léir nach bhfuil an scéal ar fad iontu. De réir an chuntais in *Cóir Anmann* frítheadh an mháthair i measc na n-os, ach de réir *Genelach Osrithe* is é an mac a frítheadh ina measc. Cé nach luaitear gur chothaigh na fianna an naíonán, is furasta a shamhlú gurb amhlaidh a bhí an scéal tráth. Ní luaitear cén fáth ar éalaigh Cinnfhinn ó na mná a bhí in éineacht léi ach an oiread. B'fhéidir go raibh a beatha, nó beatha a páiste, i gcontúirt.

Tá próiséas na sanasaíochta sách soiléir sna sleachta thuas faoi Óengus. Faoi mar a dúirt an Rathaileach, *Irish tradition derives Osraige from*

os, 'deer' (1946, 10).<sup>3</sup> Ní móide, áfach, gur cumadóireacht *ad hoc* atá sna blúirí seo. Cé nach mar a chéile go barainneach ainm na máthar iontu, tá siad ar aon fhocal faoina hathair, Dáire mac Degad. Tugann Gilla Mo Dutu *Cindnit ingen Dari Duinnd meic Dedaid* uirthi agus *Oengus Ossairge mac Crimthainn* ar an mac ina shaothar bansheanchais (LL, ll. 16803-5). Is fiú a mheabhrú sa chomhthéacs seo gur chin Fionn (agus dá bhrí sin Oisín) ó Dháire Donn mac Deaghaidh de réir DF XXXVII, mar atá luaite cheana agam sa phlé ar ghinealach Oisín i gCaibidil 2. B'fhéidir nach bhfuil ann ach comhtharlúint go raibh baint ag an bhfia leis na cúrsaí a bhain le teacht na beirte seo de shliocht Dháire Dhoinn mhic Dheaghaidh, Oisín agus Óengus Ossairge, ar an saol. Nó b'fhéidir gur réaladh i mbealaí éagsúla ar an mbunábhar céanna atá sna traidisiúin faoi bhreith Oisín agus sna blúirí thuas faoi Óengus Ossairge.

### CÚRSAÍ SANASAÍOCHTA

Níl aon leide de chollaíocht le hainmhithe san ábhar faoi Telephos, faoi Sigurðr agus faoi Óengus Ossairge atá pléite sa chaibidil seo, má bhí a leithéid i gceist fúthu riamh. Máithreacha daonna atá acu uilig agus tuismeadh agus rugadh na laochra seo uilig i mbealach nádúrtha. Ní miste a fhiafraí cad chuige nár féachadh le hearraíocht a bhaint as scéalta sanasaíocha dá leithéid le míniú a thabhairt ar shanasaíocht ainm Oisín: is sin le rá cad chuige nár cumadh gur frítheadh amhail Óengus Osrithe é nó gur cothaíodh amhail Telephos nó Sigurðr é?

Cloíonn an méid sin de scéal Telephos agus Sigurðr atá ríofa agam go nuige seo cruinn go maith le pátrúin sho-aitheanta na beathaisnéise laochta idirnáisiúnta mar atá sé leagtha amach ag leithéidí Jan de Vries ina shaothar cáiliúil *Heldenlied und Heldensage* (1961, 281-301).<sup>4</sup> Go deimhin féin, luann de Vries an bheirt acu i measc na laochra sin a cuireadh i leithrigh ina leanaí nuabheirthe le bás a fháil agus a chaillfí marach go dtagann ainmhí fiáin éigin i gcabhair orthu (III B (a), 285). Cothaíonn an t-

---

<sup>3</sup> Chuir sé an agusín seo a léanas leis an ráiteas, áfach: *The Os in Os-raige was doubtless one of the designations of the ancestor deity, and was possibly a distinct word from os 'deer'*. Os a choinne sin, d'fhorthaíonn scoláirí eile, leithéidí Joseph Weisweiler agus Helmut Birkhan, an t-ainm ón bhfocal os 'fia' agus ciallaíonn siad é mar *Hirschvolk* nó *Hirschreich* (Weisweiler 1954, 40; Birkhan 1971, 455). Má tá an ceart acu, is í an chiall bhunaidh chéanna atá ag Cherusci na Mór-roinne agus Osairge/Osraige na tíre seo.

<sup>4</sup> Maidir leis an téarma Gaeilge 'beathaisnéis laochta idirnáisiúnta', féach, McCone agus Ó Fiannachta 1992, 41.

ainmhí fiáin an leanbh lena bainne féin. Is é scéal an chúpla Romulus agus Remus an scéal is cáiliúla den chineál seo (de Vries III B (b); féach freisin Binder 1964). Fearacht Romulus agus Remus, chothaigh mac tíre Cormac mac Airt sin againne agus é ina naíonán. D'aithnigh de Vries an chosúlacht seo (1961, 285) agus tá an mhír seo i mbeathaisnéis Chormaic mhic Airt scagtha go mion agus go barainneach ag Tomás Ó Cathasaigh in *The Heroic Biography of Cormac mac Airt* (1977, 51-6).<sup>5</sup>

Bhí, mar sin, móitíf seo an pháiste thréigthe á chothú ag ainmhí baineann (de Vries, III B) bisiúil i dtraidisiún na tíre seo. Bhí an fhéidearthacht ann i gcónaí leas a bhaint as i gcás Oisín freisin, mar is léir ón easaontas faoi in Albain ar thagair John Francis Campbell do: *Instructed Boy — Oisein was suckled by a hind; and that is the true story. His mother was a woman.* (Campbell 1872, 198). Ach is léir ón ábhar Albanach gur athrú deireanach é sin ar ar traidisiún thall agus nach bhfuil mórán údaráis ag baint leis. Cés moite den eisceacht dheireanach sin as Albain, ní cosúil go ndeachaigh móitíf an pháiste thréigthe á chothú ag ainmhí baineann i bhfeidhm ar an ábhar faoi Oisín.

Dhiúl Oisín ar an gcineál céanna bainne a táladh ar Sigurðr agus ar Telephos, ach munarb ionann agus cás Telephos, ní cúrsaí sanasaíochta atá i gceist san ábhar uilig faoi Oisín. Ní fhreagraíonn scéal a choimpeartha ach an oiread do dhála na beirte eile ar chothaigh eilití iad. Munar feidhm lom shanasaíoch atá, nó a bhí, ag an ábhar faoi choimpeart Oisín cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith aige? Féachtar le teacht ar thuiscint éigin ar bhunús sceál a choimpeartha agus ar fheidhm na heilite ann sa dá chaibidil a leanas ina dhiaidh seo.

---

<sup>5</sup> Síolraíonn an t-ainm Art ón bhfocal a bhí ag na Ind-Eorpaigh ar bhéar ach ligeadh an t-ainmfhocal i léig mar ghnáthainmfhocal sa Ghaeilge i bhfad siar (Ó Cathasaigh 1977, 33). In ainmneacha dílse amháin a mhair sé. Braitheann an Cathasach go bhféadfadh sé go mba mhac le béar a bhí i gCormac ó thús ach gur plúchadh an cúlra ainmhíoch nuair a frítheadh ionad buan do Chormac agus dá athair Art i nginealaigh Dhál Chuinn (1977, 40-1; 82 agus tagairtí in bhfonóta 283 do mhóitíf mhac an bhéir; 98; 105). B'fhéidir gur thárla a leithéid i gcás laochra eile. Léiriú é seo, b'fhéidir, ar an bpróiséas ar thagair Joseph Campbell san idirdhealú a rinne sé idir *the earlier semi-animal titan-hero (city founder, culture giver)* and *the later, fully human type* (1968, 338 fonóta 21).

## CAIBIDIL 13: CLAOCHLÓ AGUS COLLAÍOCHT

*Bé mannair ingen Aingceoil ... .i. banechlach Thuaithe dé Danann.  
Ocus issí théit a richt in spegdubain 7 in mil moir, 7 delbus a richt na  
cuile hí féin, 7 delbaid a richt cacha firchartat etir fir 7 mnai fos ...*

(Stokes 1900, ll. 5677-81)

### CÚRSAÍ CLAOCHLAITHE

Is gort nár treabhadh mórán go nuige seo é gort an chlaochlaithe chrutha i litríocht na Gaeilge (féach Reinhard & Hull 1936, 48-57; Wait 1986, 219-20). Is féidir riasradh cáiliúil Chú Chulainn a áireamh mar chineál amháin claochlaithe (féach *DIL* s.vv. ríastartha(e); ríastrad; ríastraid). Fearacht Chú Chulainn, athraítear cruth Ghoill le teann díocais laochúil i leaganacha de SOO i mbealach a mheabhródh an riasradh seo do dhuine (féach Caibidil 15). Níl i gceist agam, áfach, sa chaibidil seo ach roinnt gnéithe den ábhar casta fairsing seo a iniúchadh le súil is go gcaithfidh siad léargas éigin ar chúlra choimpeart Oisín.

Castar daoine go minic ar na Fianna a bhfuil sé de chumas acu a gcló a athrú as a stuaim féin agus claochló i riocht daoine eile nó i riocht ainmhithe. Duine den chineál seo a bhí i mBé Mhannair iníon Aingceoil, eachlach de chuid Thuaithe Dé Danann, a luaitear sa sliocht thuas as *Acallamh na Senórach*. Castar daoine eile ar na Fianna atá curtha as a riocht dá mbealach trí asarlaíocht. Duine acu siúd atá sa leannán sí a tháinig ina colainn gan cheann chuig Oisín as Tír na hÓige de réir 'Laoi Cholainn gan Cheann' (Caibidil 19). Is ceann de bhuntuiscintí na Fiannaíochta — tuiscint, ar ndóigh, nach mbaineann leis an bhFiannaíocht amháin — gur féidir cuma nó riocht duine a athrú dá dheoin nó dá ainneoin.

Mhúnlaigh claochlú nó athrú crutha a máithreacha saol Oisín agus Bhrain agus chuir an feiniméan céanna isteach ar shaol Fhinn. Cé gur daoine daonna a bí i dtuismitheoirí Bhrain agus Sceolainge, saolaíodh iad nuair a bhí a máthair i gconríocht (Ó Briain 1996, 179-98 agus Caibidil 11 thuas). Ní hé amháin go bhfuil dlúthbhaint ag cúrsaí claochlaithe le coimpeart Oisín, ach tagann siad i gceist go mór freisin i gcuntais bhéil faoin gcaoi ar mealladh go Tír na hÓige é. Banghníomhaí i riocht ainmhí — capall, fia, giorria, éan — a mheallas léi sall go minic é agus is claochlú

crutha de chineál eile í an chríne thubaisteach a tháinig de sciotán ar Oisín nuair a theagmhaigh sé le talamh an tsaoil seo dá bhuíochas nuair a shíl sé cuairt a thabhairt ar ais ar a mhuintir féin in Éirinn.

Is iomaí bealach ar baineadh feidhm as an athrú crutha ar fud na cruinne i ngach uile ré. Tá an oiread céanna tóra, nó go deimhin níos mó, air i bhficsean eolaíochta an lae inniu agus a bhí air i dtraidisiúin mhiotaseolaíochta an tseanreatha. Is mar seo a leanas atá rangú déanta ag James P. Carse ar fheidhmiú an fheiniméin seo:

The most frequent type of shape shifting involves strategic deception. Strategic shapeshifters change themselves for reasons of aggression, seduction, or, trickery. A second class of shapeshifters are those who use the device for escape from another's aggression or seduction. A third type has the simple function of punishment, and a fourth rewards or compensates the changed object, usually by immortalization ... (Carse in Eliade 1987, 226)

Bhí tionchar nach beag, mar atá ráite thuas, ag claochlú crutha ar shaol Fhinn. Tá, mar shampla, dhá chineál claochlaithe i gceist sa scéal in *Feis Tighe Chonáin* faoi léithe Fhinn agus faoin gcaoi a bhfuair sé fios (O'Kearney 1855, 167-5; Joynt 1935, 34-40). Freagraíonn siad don chéad agus don tríú ceann thuas ag Carse. Bhain Miodhluachair iníon Chuillinn Chuailgne leas as cluain nó mealladh straitéiseach (*strategic deception*) le drochbhail a chur ar Fhionn. Tháinig sí i gcuma eilite chuige d'aon uaim chun é a mhealladh go loch draíochta le dochar a dhéanamh dó (*punishment* Carse). B'éigean dó an loch a chuardach di agus chuir uisce an locha as a riocht é. Rinneadh 'seanóir cúl-liath cnáimh-ársaidh' d'Fhionn ach tháinig a chruth agus a neart féin ann arís nuair a cuireadh iallach ar athair na mná é a leigheas. Thug sé deoch leighis d'Fhionn a chuir ar ais ina riocht féin é, cés moite den léithe, fuíoll galair an chlaochlaithe. Bhí bua eile ag an íocshláinte a tugadh dó — bua an fheasa agus an fhíoreolais (O'Rahilly 1946, 327). Cé go bhfeidhmíonn an scéal seo le míniú a thabhairt ar phéire de thréithe sainiúla Fhinn — an léithe agus bua an fheasa — tá dlúthbhaint ag cúrsaí claochlaithe, idir chlaochlú Mhiodhluachra agus chlaochlú Fhinn, le cur chun cinn an scéil.

Má chuir leacht Fionn as a riocht, chuir leacht eile ar ais ina riocht féin é. Ba é an leacht seo a thug bua an fheasa dó freisin, ach is féidir a mhaíomh go mb'éigean dó claochlú crutha a fhulaingt sular fhéad sé an

bua seo a shealbhú. Bhí sé ar a chumas feasta a bheith ina fhaisnéiseoir nó ina réamhfhaisnéiseoir — ina idirghabhálaí idir an t-am atá ann anois agus an t-am atá le teacht. Idirghabhálaí idir an ré atá thart agus an t-am atá ann anois atá in Oisín agus b'éigean a chruth a athrú freisin sular fhéad sé feidhmiú mar sin. Tá an t-inbhéartú sin atá atá le brath ar eachtraí i saol Fhinn agus i saol Oisín le sonrú anseo freisin. Murach gur tháinig an aois de léim ar Oisín de réir an traidisiúin bhéil nuair a theagmhaigh sé le talamh na hÉireann ar a theacht ar ais ó Thír na hÓige dó, ní chasfaí Pádraig leis agus ní bheadh sé ina fhinné ar sheanreacht na bhFiann. Athrú crutha atá i gceist anseo — athrú ón óige go dtí an chríne.

Tucaid léithe Fhinn is ábhar do 'Laoi na Seilge' freisin (An Seabhadh 1941, 74-80). Is leagan níos óige den eachtra faoi chlaochlú Fhinn in *Feis Tighe Chonáin* (Joynt 1936, 34-40) agus is é an scéal céanna mórán atá sa laoi agus sa saothar próis ach amháin nach bhfuil trácht ar bith sa laoi ar bhronnadh bhua an fheasa ar Fhionn. Miodhluachair atá ar bhanghníomhaí na heachtra in *Feis Tighe Chonáin*, ach ní thugtar d'ainm uirthi sa laoi ach Iníon Chuilinn. Níl trácht ar bith, ach an oiread, ar a héadóchas lena deirfiúr sa laoi as siocair an bheirt acu a bheith i ngrá le Fionn. Cuireadh réamhrá próis le 'Laoi na Seilge' i roinnt lámhscríbhinní le cúlra an scéil a mhíniú. Rinne, mar shampla, Eoghan Caomhánach a leithéid. Tá 'Laoi na Seilge', agus réamhrá próis roimhe, sáite isteach i leagan fada de 'Agallamh Oisín agus Phádraig' aige, áit a dtugtar Miluachra ar an mbean a chuir Fionn as a riocht (O'Grady 1926, 675-84; 678-80).

Níorbh í Miodhluachair an t-aon leannán sí a ghabh, mar a deir an Caomhánach, 'deilb eillte' uirthi féin le mealladh straitéiseach a bhaint as na Fianna le dochar a dhéanamh dóibh. '*Seduction*' a deir Carse 'is probably as usual a reason for shape shifting as is aggression, and it certainly takes more colorful and ingenious forms.' (in Eliade 1987, 226) Thug, mar shampla, Fionn éaradh tochmhairc d'Uaine inghean Modhoirn [Uaine ingen Moduirn AS1] 'ar mhéid a draoidheachta, ór ticceadh a n-ilreachtaibh' (Ní Shéaghdha 1942, 68-72; 68; féach Stokes 1900, 68-9, 294). Tháinig sí i riocht fia sí leis na Fianna a shiabhradh agus mheall sí iad agus a gconairt isteach i loch i nGleann Rois Eanaigh [Gleann Dá Loch an lae inniu]. Rinne béist Rois Eanaigh sléacht ar dhá chéad den Fhéinn agus maraíodh an oiread céanna dá gcoin. Maidir leis an bhfia, d'fhág sí an loch 'a n-aithearrach crotha' agus níorbh fhios do na Fianna cá ndeachaigh sí.



Léiríonn na solaoidí thuas gur bhain mná sí a shantaigh agus ar chinn orthu a bheith ina leannáin ag Fionn leas as asarlaíocht le dul i riocht fia — an t-ainmhí fiáin is mó a raibh tóir ag na Fianna air — le díoltas a bhaint as Fionn. Ní léir ar an mblúire banseanchais in LL faoi Bhlaí Deirg an dá deoin nó dá hainneoin a thagadh sí 'i rricht eilte / hi comdáil na díbergge'. Thabharfadh úsáid na haimsire gnáthchaite le tuiscint gur gníomh leanúnach atá i gceist. Munarb ionann agus fia SOO nach léir nádúr daonna ar bith a bheith inti, is duine í Blaoi, fiú más duine den aos sí í. D'fhéadfadh sé go dtagadh sí i láthair na Féinne i riocht eilite as a stuaim féin le Fionn a mhealladh, faoi mar a tháinig Miodhluachair nó Uaine sna scéalta atá pléite againn thuas. Ach d'fhéadfadh sé, b'fhéidir, gur bean faoi gheasa i riocht eilite í. Bean nach slánófaí go luífeadh Fionn léi.

Déantar talamh slán de go bhfaca Fionn 'eilite óg ar léim lúth' roimhe, mar atá i bhfriotal 'Laoi na Seilge' (An Seabhadh 1841, 74, l. 4), nuair a tháinig Miodhluachair 'a riocht eilide' chuige in *Feis Tighe Chonáin*. Ach ní gá gurb shin atá i gceist sa bhanseanchais in LL faoi Bhlaoi — nó a bhí i gceist sa traidisiún ar ar bunaíodh ó thús é — arae tá an leagan cainte 'i rricht' débhríoch. Is éard a léitear faoin bhfocal 'richt' in *DIL*: '(a) *form, shape, guise*, in wider sense than *delb* of whole appearance; gen. in phrase: *i rri(u)cht in the guise (of), dis- [sic] disguised as*.' Is léir nach mar a chéile ó thaobh na céille de an chéad dá shampla a luaitear d'úsáid an leagain seo in *DIL*. Ní hionann 'oc tabairt bendachtae foir i rriucht Essu ... (Of Jacob disguised as Esau)' agus 'do luid Lucifer ... i rricht aingil gil go hEua'. D'fhéadfadh sé go dtagadh Blaoi chuig na Fianna mar fhia ó inn go bonn — ní miste dúinn a mheabhrú gur fia atá i máthair Oisín de réir SOO — nó d'fhéadfadh sé nach raibh i ceist tráth ach go raibh cosúlacht áirithe aici leis an bhfia — í feistithe mar fhia — agus nach raibh sí ina fia ceart í féin. Sílim go dtabharfaidh tuilleadh plé ar an débhríochas seo roinnt léargais dúinn ar cheann de na bealaí a bhféadfaí collaíocht a shamhlú idir duine agus duine i riocht ainmhí agus sliocht daonna a bheith ar an gcaidreamh seo.

Glactar leis, faoi mar atá ráite thuas, san Fhiannaíocht — agus i réimsí eile ar ndóigh freisin — gur féidir le daoine iad féin a dheilbheadh (*DIL* s.v. *delbaid* II) nó a dhoilbheadh (*ibid.* s.v. *dolbaid*) i riocht ainmhithe. Mar shampla, mhol Sadhbh iníon Bhuidhbh Dheirg dá deirfiúracha Sárarit agus Uchtghealbh in AS '... dealbham sinn féin a riocht theóra n-agh n-allaidh' (Ní Shéaghdha 1942b, 31) agus léitear faoi Chlann Ghlais sa

saothar céanna gur 'dholbsat íad ann sin a riocht cheithre muc n-allaidh' (Ní Shéaghdha 1942b, 40). Sna cásanna seo claochlaítear na daoine atá i gceist, déantar ainmhithe díobh. Ní foláir, scaití, leas a bhaint as slat draíochta leis an gclaochlú crutha a chur i gcrích. Is mar sin a rinneadh sadh de mháthair Bhrain agus Sceolainge de réir *Feis Thighe Chonáin* (Joynt 1933, 22). Baintear leas as an bhfleasc nó an tslat draíochta freisin le duine a chur ar ais ina riocht féin arís. Bhuail Éanán buille ar a mhac Uathach a bhí i riocht toirc lena leithéid de ghléas:

'Mar rangattar in dorus · tug iníar flesg fo chomas  
 tuc buille don torc go rath · gur macáomh óg ildhealbhadh  
 (DF XVII, rann 62; féach freisin Ní Shéaghdha 1942b, 32)

Is mar ainmhithe a chuirtear toradh na gclaochlaithe seo uilig inár láthair. Tá roinnt tagairtí suimiúla do bhealach eile le duine a chur i riocht ainmhí a thugas leide dúinn, b'fhéidir, ar cheann de na bealaí a dtiocfadh ann don ghéilleadh d'fheiniméan seo an chlaochlaithe an chéad lá riamh. D'fhéadfadh duine dul go siombalach, nó go riotuálach, i riocht ainmhí agus culaith de sheiche ainmhí, nó ceannbheart de chloigeann nó d'adharca ainmhí á gcaitheamh aige.

#### COCHALL AN CHLAOCHLAITHE

Tráchtann Gilla in Choimded húa Cormaic, file de chuid an 12ú haois, sa déantús fada dá chuid dar tús *A Rí Ríchid, réidig dam*, ar ábhar a bhaineas le saol Fhinn mhic Cumhaill (LL, ll. 17726-8170; 18015-126). Tá an chuid faoi na Fianna curtha in eagar agus aistriithe Meyer (1910, 46-51). Deir Gilla in Choimded gurb é *Cochlán Crothrainne* an tseoid is iontaí dá bhfuair Fionn. Seo mar a chuirtear síos ar an tseoid seo agus ar a saintréithe agus a buanna:

Atbert Ossín: 'In sét séim is ingantu f ū air Find féin,  
 is é cen dærmūich daille cochlān cæmdlūith Crothrainne.'

Ór a indech, airget foé, mín re cneas a chocoé,  
 ba cú, ba duine, ba dam, ra impūd, ra aitherrach

Fiū cōicait cumal cipē rognīth i Tīr Tair ñ gire  
 re trichait mblīadna i Maig Mell ri cōicait ciālla cēmend.

Ossín said: 'The most marvellous dainty jewel which Finn himself found, that is, without vaporous ignorance, the fair close-woven hood of Crothrainne.'

Gold is its woof, silver underneath it, soft to the skin is its lining; you will be hound, man, or deer as you turn it, as you change it.

It is worth fifty bond-maids whatever, it was made in the Land of Promise, for thirty years in Mag Mell, with fifty ...

(Meyer 1910, 50-51, r. 25-7)

Luaitear an cochlán iontach seo i sliocht i dtráchtas ar fhoirmli san Fhéineachas, áit a dtugtar *Cochall Clothrand* air. Tá baint ag an sliocht seo leis an ábhar i ndán Ghilla in Choimded. Is fiú aird a thabhairt ar ainm an té atá luaite leis an gcochall sa sliocht freisin, mar is cosúil go bhfuil sé níos cruinne ná an t-ainm a luaitear leis sa leagan den dán a tháinig anuas chugainn in LL. Tá an téacs curtha in eagar agus aistrithe ag Myles Dillon agus tá sé i gcló freisin ag Daniel Binchy in *Corpus Iuris Hibernici*. Ní mar a chéile go baileach an téacs atá i gcló ag an mbeirt acu. Seo mar atá sé in eagrán an Bhinsigh:

NI COCHALL CLOTHRAN .i. Nocun e in cochall robui ac clothraind, ac ingin eathach feidlig aderim du gabail a ngell, no nocun e in cochall robui ag clothraind, ag ingin ocha cerda aderim du gabail a ngell i. or a indech .i. airget fui, acht ba duine ba cu ba hech; is e in tres .s. suirghi is fearr fuair find riam he.

(Binchy 1978, 2116)

Is éard atá ag an Díolúnach:

In cochall Clothrand.

Nocun é in cochall ro baí ac Clothraind ac ingin Eathach Feidlig aderim du gabáil a ngell, nó nocun é in cochall ro baí ag Clothraind ag ingin Ocha Cerda aderim du gabháil a ngell i. ór a indech .i. airget fuí, acht ba duine ba cú ba hech. Is é in tres sét suirghi is fearr fuair Find riam hé.

The Cloak of Clothru.

It is not the cloak which Clothru, daughter of Eochu Feidlech, had that I say was taken as a pledge. Or, it is not the cloak which Clothru, daughter of Ocha the craftsman, had that I say was taken as a pledge. Its woof was gold, that is to say, there was silver underneath. But it was (?) a man, a hound, a horse.

It is one of the three best wooing treasures Find ever got.

(Dillon 1932, 42-65; 49 agus 61 faoi seach)

Thagair Dillon i bhfonóta a chuir leis an dara líne aníos ón deireadh san aistriúchán thuas do rann 26 i ndán Ghilla in Choimded *which appears to be imperfectly quoted here*. Luaitear dhá líne as an dán atá sa sliocht thuas. Freagraíonn an chéad cheann acu - 'or a indech .i. airget fui' - go maith do fhriotal an dáin ach ní mar a chéile go baileach 'acht ba duine ba cu ba hech' an tráchtas dlí agus 'ba cú, ba duine, ba dam' LL. Chítear dom, mar sin féin, gur fearr an a réitíos an leagan sa tráchtas dlí atá in ainm is a bheith truaillithe do mheadaracht an dáin ná an leagan atá i dtéacs LL. Is féidir rann 26cd thuas a leasú i bhfianaise an tráchtas mar seo a leanas:

ba cú, ba duine, ba hech  
ra impúd, ra aitherrach

Ar an gcaoi chéanna, cé go n-aistríonn Meyer *cochlán Crothrainne* mar *the ... hood of Crothrainne*, is léir ón tráchtas dlí nach é seo foirm bhunaidh an ainm. Caithfidh sé gurb é *Clothru* ainm na mná a luaitear leis an gcochlán ó thús. D'athraigh comhshamlú (l > r roimh r) agus riachtanais mheadarachta an dáin a hainm. Deibhí scaoilte atá sa mheadaracht agus déanann *daille* agus *Crothrainne* rinn agus airdrinn lena chéile. Is cosúil gur fáisceadh an ginideach nua *Crothrainne* as *Clothrand*, ginideach uatha an ainm SG *Clothru*.

B'fhéidir gurb é an file a rinne 'cochlán' de 'chochall' freisin. Má leasaigh sé ainm an chochall ar mhaithe le slánú meadarachta, d'fhéadfadh sé gur athraigh sé nath seanbhunaithe - 'ba cú, ba duine, ba dam' - faoin gcochall ar mhaithe le cúrsaí meadarachta freisin. Má chuir Gilla in Choimded comaoin ar an seanrá tríd an bhfocal 'ech' a chuir isteach ann in leaba 'dam', b'fhéidir gur 'cheartaigh' scríobhaí LL, nó scríobhaí éigin roimhe, téacs an fhile, i bhfianaise a raibh ar eolas aige féin faoin nath.<sup>1</sup> Níl sa méid seo uilig ach tuairimíocht, ach mar sin féin is díol suntas é an focal *dam* 'fia' i leagan LL. Ní móide gur thrí thaisme a tharla sin.

---

<sup>1</sup> Cé gur fearr an rinn agus an airdrinn atá idir *ech*:aitherrach ná an rinn agus airdrinn idir *dam*: aitherrach, tá samplaí eile sa dán de chonsain éadroma ag déanamh comhardadh le consain gharbha i rinn agus in airdrinn faoi mar a bhí ceadaithe i bhfilíocht na Meán-Ghaeilge (Murphy 1961, 32-3) Féach, mar shampla, luagmar: ilbuadach (ll. 17916-7) agus fossad:dergthossach (18069-70). Thuigfí ón uaim gur 'duine ... dam' a bhí sa bhundán.

Bhí sé de chumas sa chochlán seo a rinneadh i dTír Tairngire an duine a chaithfeadh é a chlaochlú ina ainmhí: ina chú nó ina fhia — nó ina chapall de réir an tráchtais dlí — agus ar ais ina dhuine arís. Mar a deir an seanfhocal: 'Is é an duine an t-éadach!' Is ainmfhocal iasachta ón Laidin *cucullus* é *cochall* a chiallaítear an focal mar (a) *cowl, hood, hooded cloak* agus (b) *husk* in *DIL* (s.v. *cochall*). Is follas ón gcéad eachtra eile a ndéantar trácht air anseo thíos go bhfuil réimse níos leithne céille ag an bhfocal seo ná mar is léir ó *DIL*.

Tugann cuntas in *AS* ar an gcaoi ar maraíodh triúr iníon Airidigh léargas maith dúinn ar úsáid an fhocail *cochall* i gcomhthéacs an chlaochlaithe chrutha (Stokes 1900, ll. 7674-7725). D'inis Bairneach mac Cairbh, reachtaire Rí Éireann, do Chaoilte go dtagadh an triúr acu i riocht trí 'sadhá con' amach as Uaimh Chruachan gach bliain agus go ndéanaidís sléacht ar a chuid caorach.<sup>2</sup> Ní thaobhóidís le dream ar bith ach le ceoltóirí. Sheol Caoilte Cas Chorach, duine den aos sí agus ceoltóir cáiliúil, go Carn Bricreann. Tháinig na coin chuige ach d'éalaigh siad uaidh arís. Chuir Caoilte comhairle air a rá leo go mb'fhearr dóibh a bheith 'ir-rechtaib dáine ic eistecht ré céol 7 re hairfited ina beith i rechtaib con' (7699-700). Mheall an ceol ar ais go Carn Bricreann iad lá arna mhárach. Labhair Cas Chorach leo:

'Damad dáine sib, ar se, 'ar m' bunudh, ro ba f'err duib eistecht in bar n' dáinib rissin céol na in bar conaib.' *Ocus atcualatur sum sin, 7 ro bensat na cochaill chiarleabra ro bóí umoib, uair ro bo maith leo in céol sírrechtach síde.* (7704-7)

Thapaigh Caoilte an deis agus mharaigh sé an triúr acu agus iad i riocht daonna. Ba iad na cochaill fhada dhorcha a chuir ar a gcumas dul i gconriocht. Ba dhaoine arís iad ach ar bhain siad na cochaill díobh.

Tá blúire fianaise againn a thugas le tuiscint dúinn gur creideadh go bhféadfadh a leithéid de chlaochlú tarlú i ndáiríre thart ar an tréimhse ar cuireadh *AS* le chéile. Tuairiscíonn Giraldus Cambrensis in *Topographia Hibernia* gur casadh mac tíre do shagart i gcoill agus gur chuir sé araoid ar

<sup>2</sup> Glacann Stokes leis gur faolchoin bhaineanna atá i gceist. Tugann sé 'The Story of the the She-wolves' ar an eachtra san aistriúchán a rinne sé air (1900, 264-6). Síleann Reinhard agus Hull gur madraí baineanna atá i gceist (Reinhard & Hull 1936, 51). Maidir le hUaimh Cruachan agus ainmhithe aisteacha ag teacht amach as, féach Ó Cathasaigh 1977, 35-6.

an sagart (O'Meara 1948-1950, 143-5; 1982, 69-72). Tharla sé seo thart ar an mbliain 1182. D'inis an mac tíre dó gur chuir naomh mallacht ar mhuintir Osraí agus dá bharr sin gurb éigean d'fhear agus do bhean de na hOsraígh a ndúiche agus a ndúchas daonna a thréigean uair gach seachtú bliain. Dhéantaí mic tíre den bheirt. Bhí céile an mhic tíre go dona tinn agus d'iarr sé ar an sagart an ola dhéanach a chur uirthi. Threoraigh sé go crann a bhí i ngar dóibh é agus chonaic an sagart madra allta baineann i gcuas an chrainn agus í ag caoineachán ar nós duine. Bhí drogall ar an sagart comaoineach a thabhairt di, ach d'impigh an mac tíre fireann air an tsacramaint a thabhairt di. Le cruthú dó gur duine ó cheart í, tharraing an mac tíre an craiceann den tsadh óna mullach go dtína himleacán, ag oibriú a lapa ar nós láimhe: ...*pede quasi pro manu fungens, pellam totam a capite lupe retrahens, usque ad umbilicum replicavit* O'Meara 1948-1950, 144.<sup>3</sup> Nochtaíodh seanbhean faoi chraiceann an mhic tíre agus tugadh comaoineadh di. Ní bhaineann an chuid eile den scéal le hábhar, ach amháin gur chreid na húdaráis eaglasta sa cheantar gur tharla a leithéid agus gur iarradh comhairle ar Giraldus féin céard ba chóir a dhéanamh leis an sagart. Mhol sé dóibh é a chur ag triall ar an bPápa le tuairisc ar an eachtra.

Bhí glacadh leis mar sin go bhféadfadh daoine cochall, nó craiceann ainmhí, a chur orthu agus, ar an gcaoi sin, dul i riocht an ainmhí sin. Mheabhródh na madraí allta daonna a bhfuil plé déanta orthu anseo na gaiscígh fhíochmhara Lochlannacha a dtugtar *berserkir* (uatha. *berserkr*) agus *úlfheðnar* (uatha: *úlfheðinn*) orthu do dhuine. Is éard a deir H. R. Ellis Davidson fúthu:

The term *berserkr* may have been based on the wearing of a bearskin (*serkr* = shirt), and this is suggested by an alternative name given to them: *úlfheðnar*, 'wolf-coats' ... We do not have any detailed descriptions of these savage fighters wearing bearskins or wolfskins, but on the other hand we find what appear to be human figures with heads of bears or wolves, dressed in the skin but with human feet; they are depicted on helmet plates or scabbards, mainly from the pre-Viking period in Sweden. (Davidson 1978, 132-3).<sup>4</sup>

<sup>3</sup> ... he pulled all the skin off the she-wolf from the head down to the navel, folding it back with his paw as if were a hand. (O'Meara 1982, 71).

<sup>4</sup> Is cosúil, dar le Kim McCone, go bhfreagraíonn *Luchthonn* (*luch* 'faolchú' + *tonn* 'craiceann') na Sean-Ghaeilge go baileach ó taobh na céille de do *ulf-heðinn* 'craiceann

Chítear dom go bhfreagraíonn an cochall do sheiche agus/nó do chloigeann an ainmhí. Feidhmíonn seiche an ainmhí le tréithe an ainmní a shamhlú leis an duine atá á caitheamh. Mar atá luaite thíos i gCaibidil 16, chaith Fionn 'beart do croicend òglaogh allaidh' (Joynt 1936, 160-1) agus é ag bualadh amach faoin saol. Faigheann sé réidh leis an bhfeisteas seo faoi mar a fhaigheas sé réidh leis na hainmneacha a bhí air, ainmneacha a óige, sular baisteadh Fionn air. I measc na n-ainmneacha seo tá, mar atá luaite thíos agam, *Demne* (fia óg) agus *Giolla na gCroiceann*. Ar an gcaoi cheanann chéanna measaim gur féidir gaol a aimsiú idir ainm an té a dtugtar Lon mac Líomhtha air agus an feisteas a bhí á chaitheamh aige. Seiche fia a bhí ar an bhfear aduain seo ar féidir, mar a léitear i gCaibidil 16, an chiall fia a bhaint as a ainm *Lon*. Sealbhaíonn siad eisint an fhia trína n-ainmneacha agus a bhfeisteas. Is geall le fia iad.

Is é an tátal a bhainim as na cúrsaí seo gur féidir le duine dul i riocht ainmhí, nó gur féidir staid an ainmhí a shamhlú le duine, agus é feistithe mar ainmhí, má bhíonn seiche agus, nó, ceannbheart ainmhí air. Feidhmíonn an cochall seo mar mhasc agus is féidir le duine dul i riocht an ainmhí a bhfuil cosúlacht aige leis an masc. Is é an sainmhíniú a thugtar ar mhasc in *The Encyclopedia of Religion*:

In the narrow and usual sense of the word, a mask is a false face behind which one hides one's own face for purpose of disguise. In ethnology *mask* also refers to headpieces that do not cover the face, as well as elements of costumes that are worn over the face (such as veils, fringes) and other full or partial adornments of the body or face. (Pernet in Eliade 1987, 260)

Is fiú aird a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas le Mircea Eliade faoi fheidhmiú an mhaisc:

There are many modern examples of magico-religious transformations brought about by wearing a mask. The Eskimos believe that the wearer is mysteriously impregnated with the spirit represented by the mask: to put on the mask representing a totem is to become that totem. (Eliade 1990, 65)

---

faolchon' na Sean-Ioruaise (McCone 1985, 175-6; 1990, 213; 1995, 15; féach freisin Henry 1978, 179).

Níl aon bhaint ag ceann ar bith de na claochlaithe trí mhéan an chochall atá pléite againn go nuige seo le cúrsaí coimpeartha ach tugann an cuntas ar choimpeart aduain Chonaire Mhóir in *Togail Bruidne Da Derga* le tuiscint dúinn go bhféadfadh a leithéid a bheith amhlaidh. Is léir gurb í an fheidhm chéanna atá ag an *énchendach* sa sliocht thíos agus atá ag an gcochall. Bhí Meas Buachalla, máthair Chonaire, faoi ghlas i dteach nach raibh doras ar bith air ach fuinneog sa bhalla agus ceann eile sa dfon.:

Intan didiu buí ann dadaig con-acca in n-én forsin forlés a ddochum, 7 fácaib a **énchendaich** for lár in tigi 7 luid chuire 7 arda-gaib co n-epertsom fria: Do-filter chucut ón rí do choscrad do thige 7 dot brith chucai ar éigin, 7 bia torrach úaimsea 7 béra mac de 7 ní marba eónu in mac sin 7 bid Conaire a ainm (ar ba Mes Búachalla a hainmsi dano). (Knott 1936, ll. 89-97; liomsa an cló trom)

Is mar seo a leanas atá an sliocht seo sa leagan Nua-Ghaeilge a sholáthair Pádraig Ó Fiannachta den scéal:

Agus istoíche ansin di, chonaic sí éan chuici ar an bhfuinneog dhín; d'fhág seisean a chochall éin ar urlár an tí, agus chuaigh sé chuici agus ghabh í agus dúirt léi: 'Táthar chugat ón rí chun do thí a scrios agus chun thú a bhreith chuige le lámh láidir, agus beidh tú torrach uaimse, agus béarfair mac, agus ná maraíodh an mac sin aon éanlaith. Conaire mac Mheas Buachalla a thabharfar mar ainm air,' mar Meas Buachalla ab ainm di. (Ó Fiannachta in McCone agus Ó Fiannachta 1992, 72)

Is suimiúil go dtugann an Fiannachtach *cochall éin* ar **enchendach** na Sean-Ghaeilge, arae réitíonn an leagan seo le sainmhíniú an fhocail seo in *Foclóir nó Sanasán Nua Mhicíl Uí Chléirigh* a foilsíodh sa bhliain 1643. Is éard atá faoi sa *Sanasán*: 'éncheannaigh .i. cochall én' (Miller 1879-1880, 412).<sup>5</sup> Is fiú aird a dhíriú ar thuairim a nochtar in *DIL* (s.v. *enchendach*)

---

<sup>5</sup> D'éirigh le hOisín iachall a chur ar Iníon Rí an Domhain Thoir é a thabhairt go Tír na nÓg nuair a sciob sé cochall uaithe, de reir scéal as an Spidéal, Co. na Gaillimhe. Tháinig sí féin agus a triúr deirfiúr i gcomharthaíocht cheithre lacha anuas ar bhruacha locha. Chaith an iníon ba shine an cochall di, agus chomh luath agus d'imigh sí amach ag snámh, sciob Oisín an cochall. Níor thug sé ar ais di é go dtí gur gheall sí é a thabhairt go Tír na nÓg. Nuair a thug sé an cochall di dúirt sí leis a dhul suas ar a droim agus d'imigh siad go Tír na nÓg. 'B'shin é an áit a rinne sí an bhean ba bhreátha a bhfaca tú ariamh'. [G 16]



faoin bhfocal seo: '... the original meaning may have been something like bird-cap, perhaps a mask worn in totemistic ceremonies.'

Glacann roinn tráchtairí leis gur éan a bhí in athair Chonaire. Dar le Anne Ross: *Mes Buachalla is seduced by a mysterious bird* (Ross 1974, 332). Is éard a deir Tomás ó Cathasaigh faoi na cúrsaí seo: *According to TBDD, Conaire was brought up as a son of Eterscéla, king of Tara, but was in reality the son of a bird.* (Ó Cathasaigh in Ahlqvist et al. 1996, 203). Deir Kim McCone gur 'éirigh le héan osnádúrtha dul thríd an bpoll sa díon agus Meas Buachall a dhéanamh torrach le mac ...' (McCone agus Ó Fiannachta 1992, 64). Chítear dom, áfach, go bhfuil sé iontuigthe ón téacs gur gineadh Conaire nuair a bhí a athair i riocht daonna. B'éigean don chuirteoir sí an *énchendach* a bhí air a bhaint de sular thuisnigh sé Conaire.

Castar an téarma seo *énchendach* orainn arís eile in *Togail Bruidne Da Derga* agus tacaíonn an chaoi a n-úsáidtear é leis an leagan amach atá agamsa ar na cúrsaí seo. Chonaic Conaire 'éin mhóra fhionnbhreaca a bhí suaithinseach i méid, i ndath, agus in áille.' Lean sé iad chun na farraige agus chuir siad chun toinne. Fuair sé an lámh in uachtar orthu agus i bhfocail an téacs:

Fo-fácbad na heóin a n-**énchendcha** 7 imda-suat fair co n gaib 7 claidbib. Aincithi fer díb hé 7 at-ngládstar, co n-epert fris:

Is mise Nemglan, rí énlaithe do athar 7 ar-garad dít díbrugud én ar ní fuil sund neach napad dír dait ó a athair nó máthair. (Knott 1936, ll.142-7; liomsa an cló trom)

Chuir na héin díobh a gaochaill éin agus d'iompaigh air le gathanna agus le claimhte. Rinne ceann díobh é a chosaint agus labhair leis agus dúirt: 'Is mise Niamhghlan, rí ar éanlaithe d'athar; tá cosc ort caitheamh le héin mar níl anseo neach nárbh ansa leat ó thaobh athar ná máthar.' Ó Fiannachta in McCone agus Ó Fiannachta 1992, 73

B'éigean do na éin sí na *hénchendcha* a bhaint díobh sular fhéad siad feidhmiú mar dhaoine agus Conaire a ionsaí le hairm. Chomh fada agus is léir domsa cruthaíonn an dara sliocht as *Togail Bruidne Da Derga* gur gineadh Conaire nuair a bhí a athair i riocht daonna. Is é an tátal a bhainim as fianaise an scéil seo gur éirigh leis an ngineadóir teacht isteach sa teach gan doras chuig Meas Buachalla i riocht éin ach go ndeachaigh sé chuici agus é i riocht daonna le Conaire a thuismeadh. Braithim an débhríochas céanna anseo freisin i leith an leagain *i riocht éin*. D'fheádfadh sé tráth i

réamhstair ábhar an scéil seo nach raibh i gceist leis an *énchendach* ach culaith de cleití éin a chuir ar chumas an té a chaith í dul go siombalach nó go riotuálach i gcosúlacht éin.<sup>6</sup>

Cuireann Peter Gelling síos ina shaothar ar ealaíon Chré-Umha na gCríoch Lochlannach ar roinnt fíoracha a bhfuil an chuma orthu go bhfuil *éncendcha* á gcaitheamh acu (Gelling & Davidson 1969, 114-6). Cé gur greanadh na fíoracha agus na siombail a ndéanann Gelling plé orthu ar chlocha idir tuairim is 1,500 agus 500 RCh, agus cé go mbaineann siad le tíortha i bhfad ó Éirinn, cá bhfios nach féidir linn leas a bhaint astu le barúil a fháil den chineál feistis a d'fhéadfadh a bheith i gceist le *hénchendach* na Gaeilge? Seo mar chuireas sé síos ar roinnt acu seo:

A group of three or more bird-men is shown in Fig. 52c [as Bohuslän, ar chósta thiar na Sualainne]. This time both the wings appear, and one of the men actually has a pair of birds' heads instead of one. His 'neck', above the line of the top of the wings, is so thick and clumsy compared with the others that there can be little doubt that the artist is consciously representing a man who wears not so much a mask as a kind of head-dress consisting of two birds' heads. (114)

Is fiú aird a dhíriú ar an tátal a bhaineas sé as fianaise na n-íomhánna cloiche seo:

From medieval times there is a hint, if no more, of something similar in the fact that one of the titles under which Wodan is known in English toponymy is 'Grim', which means 'masked one', and which may refer to the wearing of masks in rites with his cult. In a later period some of Odin's titles, such as *Arnhofði*, eagle-head, seem to be explicable in terms of bird-masks, and they may be very distantly related to Bronze Age practices such as we have been discussing. (116)

Tacaíonn fianaise íocónagrafaíocht Cheiltigh na Mór-roinne leis an áiteamh go bhféadfaí cochall nó as ceannbheart a úsáid le tréithe ainmhithe a shamhlú le neacha ósnádúrtha. Is iad na híomhánna de dhia na mbeann a dtugtar Cernunnos air is suntasaí sa chomhthéacs seo (Sjoestedt 1994, 18-9; Ross 1974, 172-220, 378-80; de Vries 1975, 112-5;

---

<sup>6</sup> Is é an focal céanna *énchendach* a úsáidtear i *Sgél in Mhínaduir* le cur síos ar na cultacha a rinne Dedail (Daedalus) dó féin agus dá mhac Iacair (Icarus) le cur ar a gcumas eilit as Inis Creit (Meyer 1903, 240 ll. 15-7).

Green 1989, 86-99; Birkhan 1970, 454-6; 1997, 694-701). Níl d'fhianaise inscríofa den ainm seo aimsithe ach inscríbhinn ar cheann d'iarsmaí séadchomhartha Nautes Parisiaca a frítheadh ar láthair Nôtre Dame i bPáras sa bhliain 1711 (Green 1987, 104).<sup>7</sup> Níl inscríbhinn Phárais slán, tá túsleitir an ainm ar iarraidh anois, ach glactar leis, ag braith ar fhianaise seanléaráidí a rinneadh den rilíf, gurb é an t-ainm 'Cernunnos' atá greanta air (Ross 1974, 180-1; ). Luaítear dáta thart ar thus ré na Críostaíochta leis an rilíf seo. Seo a leanas cur síos ar an iarsma:

On a stone of Tiberian date in Paris ... are carved the head and shoulders of an elderly man, bald and bearded, with both human and cervine ears, with antlers springing from his head, from which hang two torcs. His name, epigraphically stated, is '(C)ernunnos' the 'horned' or 'peaked one'. (Green 1989, 89 agus féach fíor 36, 90)

Spreag an rilíf seo Helmut Birkan le maíomh gur masc é an ceannbheart ar Chernunnos na híomhá seo: *Der Gedanke, daß das Hirschattribut eine Maske sei, die so aufgesetzt ist, daß die Ohren des Maskenträgers frei blieben, ist nicht ganz von der Hand to weisen.* (Birkhan 1997, 696) Tagraíonn sé freisin do bhlúire d'íomhá a frítheadh in Colchester, Sasana, a léirítear masc fia á chaitheamh ag duine a bhfuil beanna air (698).

Bhí dlúthbhaint ag tiarna seo na n-ainmhithe, Cernunnos, leis an bhfia. Ní hé amháin gurb iad beanna an fhia a shainchomhartha aithnidiúil, ach léirítear i dteannta carria freisin é ar uairibh. Is é an íomhá de ar cheann de phainéil Choire Gundestrup an ceann is cáiliúla acu seo (Bergquist & Taylor, 1987, 18 fíor 13), ach tá cinn eile ann freisin a bhfuil fia in éineacht leis iontu (Green 1989, 91). Tháinig corr-íomhá slán freisin de bhandéithe a bhfuil beanna orthu (Green 1989, 27; 1995, 167-9, grianghraf, 168).

Is fada a mhair lorg Chernunnus. Maítear go ndeachaigh a íomhá i bhfeidhm ar shamhlaíocht na gCríostaithe ar an Mór-Roinn agus gur chuidigh sé leis an tsamhail a bhí acu den diabhal a mhúnlú (Ross 1974, 213). Chítear do Anne Ross gur fhág sé lorg ar íocónagrafaíocht Chríostaí

---

<sup>7</sup> Is cosúil, áfach, gur seachfhoirm den ainm seo atá san inscríbhinn 'Iupiter Cernenus' atá in Budapest (Ross 1974, 181; Birkhan 1997, 696).

na tíre seo freisin.<sup>8</sup> Tá roinnt íomhánna ar chroiseanna arda a mheabhraíos Cernunnus di ach gur dóigh lei go bhfuil siad ag feidhmiú mar léiriú ar Shátan nó a leithéid orthu (Ross 1974, 187; 193-4). Tá ceann acu i gCeanannas (ffor 102), ceann eile i gCluain Mhic Nóis (ffor 105), agus ceann eile fós i gCarn Domhnaigh (ffor 106). Bhí tionchar mór ag dearcadh diúltach na hEaglaise ar iarsmaí an phágánachais ar thuiscintí daoine ar ar tháinig anuas chuca de ón ré réamh-Chríostaí agus ar an gcaoi ar láimhsigh siad an t-ábhar seo.

Cruthaíonn fianaise íocónagrafaíocht Cheiltigh na Breataine agus na Mór-roinne gur glacadh leis go bhféadfadh, de réir théarmaí tagartha na béascna réamh-Chríostaí, le dia, nó le bandia, tréithe ainmhíocha a shealbhú trí mhasc, nó i dtéarmaí thraidisiúin na tíre seo, trí chochall, a chaitheamh. Is léir go bhféadfadh daoine daonna aithris a dhéanamh ar na déithe seo, agus cochail — cultacha nó mascanna fia agus ainmithe eile — a chaitheamh ar ócáidí sollúnta nó ceiliúrtha. Bhí an Eaglais Chríostaí glan i gcoinne daoine ag gléasadh i gcultacha ainmhithe go siombalach. Thuig an húdaráis eaglasta gur iarsma phagánach é ach an oiread le feoil chapail a ithe agus is iomaí uair a shíl siad cosc iomlán a chur le '*cervulum facere*' (Höfler 1961, 32-4; féach freisin Henderson 1911, 131-2; Cawte 1978, 197; Birkhan 1997, 698).

Ní miste filleadh ar ais ar Bhlaoi agus í ag tarraingt ar na Fianna i riocht eilite. Is fiú a mheabhrú arís gur trí thaisme ghlan a tháinig a bhfuil d'fhianaise againn ar na cúrsaí seo anuas chugainn. B'oidhre ar thraidisiún ársa é an file a chum na rainn faoi Bhlaoi. tá sé ag luí le réasún nárbh é féin an chéad duine a chuir caoi ar scéal tuismithe Oisín, ach is é an chéad duine é ar tháinig a ionramháil faoi na cúrsaí seo anuas chugainn, más gann féin linn é. Níor ghá gur léir dó toisí diacrónacha an traidisiúin sin — ba leor dó a bheith in ann an toise sioncrónach a chur i bhfriotal.<sup>9</sup>

---

<sup>8</sup> Tá, dar léi, gaol ag Conall Cearnach le Cernunnus (1974, 195-8; Birkhan 1997, 700-1). Chítear di freisin go bhfuil cosúlacht ag Dercc Corra na Fianaíochta le Cernunnus (1974, 421-2; féach Nagy 1985, 279)

<sup>9</sup> Maidir le toise diacrónach agus toise sioncrónach an traidisiúin féach na ráitis seo a leanas:

A competent traditional literature, like a language, will have — indeed must have — both diachronic origins and synchronic functions. The former remains largely mysterious to the living practitioners of the medium. (Koch 1990, 19)

Deirtear go sonrach sa bhlúire dinnseanchas go raibh Blaoi i riocht eilite nuair a tuismeadh Oisín:

Ticed i rricht eilte  
hi comdáiil na díbergge;  
co ndernad Ossine de  
ri Blai nDeirgg i rricht eilte. [LL, ll. 21825-8]

Is furasta á cheapadh ar an gcéad léamh go gcuirtear Blaoi i láthair anseo mar fhia — í cosúil le Miodhluachair *Feis Tighe Chonáin* nó le hUaine inghean Modhoirn AS a bhfuil trácht orthu thuas. Ach d'fhéadfadh sé gur tuigeadh tráth nach raibh Blaoi ach i gcosúlacht eilite — go raibh cochall nó feisteas siombalach éigin uirthi agus bainis riotúlach de chineál éigin ar bun aici agus ag Fionn. Dá mbeadh sé sin amhlaidh, ní claochlú iarbhír crutha a bheadh i gceist ach claochlú siombalach amháin a dhéanfaí tríd an bhfeisteas cuí a chaitheamh. Ní gá gurb é an chiall chéanna a bhainfeadh údar na rann banseanchais faoi Bhlaoi as an leagan débhríoch cainte 'i riocht eilite' agus a bhainfeadh daoine eile as sna haoiseanna a tháinig roimhe agus ina dhiaidh — nó lena linn fiú. D'fhéadfaí an chiall a bhaint as an leagan seo go raibh ina bean ach í gléasta mar fia nó go raibh sí ina fia. Níl fáth ar bith ach an oiread nach bhféadfadh bailíocht chomhuaineach a bheith ag an dá chiall seo i dtuiscintí an dreama anallód a shuaitigh an t-ábhar seo.

Nó, ina dhiaidh sin uilig, is féidir a áiteamh gur ghlac file an bhlúirín bhanseanchais leis gur chiontaigh Fionn le hainmhí, le fia, nuair a theagmhaigh sé le Blaoi. Sin an tuiscint a léirítear ar na cúrsaí seo in SOO. Ba é freisin a bhí in uachtar in Albain. Iniúchtar 'scéal scannalach' na collaíochta mínádúrtha seo sa chéad chaibidil eile.

---

... as a word's meaning can change radically over a period of time, so too can the functions of a motif or institution that may nevertheless retain features originating in an earlier and different role. (McCone 1996, 91)

## CAIBIDIL 14: SCÉAL SCANNALACH NA COIMPEARTHA

*From the time of Euhemerus on, folklorist have attempted to explain, or to explain away, the striking divergencies between folklore and actual conduct. (William R. Bascom 1965, 33)*

### CIONTÚ LE FIA

Is é éirim an scéil scannalaigh a d'inis Oisín do Phádraig in SOO gur chiontaigh Fionn le hainmhí, le heilit, agus gurb é Oisín toradh an chaidrimh mhínádúrtha seo. Braithim nach móide go gcumfaí a leithéid de scéal ó thús muna raibh i gceist leis ach sanasaíocht chuí a chur ar fáil don ainm Oisín. Dá mba ea, b'fhurasta dul i muinín mhóitíf an pháiste thréigthe á chothú ag ainmhí baineann (de Vries, III B; féach Caibidil 12) an chéad lá riamh. Nochtaíodh tuairim sa chaibidil roimhe seo go bhféadfaí bainis riotuálach a shamhlú idir lánúin a raibh duine acu gléasta mar ainmhí agus sliocht daonna a bheith ar an iompar deasgnách seo, ach luadh, freisin, go bhféadfadh tuiscint eile chomhuaineach a bheith ann ag cuid eile de sheachadóirí an traidisiúin sa seanreacht go mb'ainmhí é an céile 'i riocht ainmhí'. Tá fianaise ar a leithéid de lánúnachas mínádúrtha sa bheathaisnéis laochta idirnáisiúnta agus i bhfoinsí a bhaineas le hÉirinn freisin.

Ar cheann de na fo-mhíreanna atá ag Jan de Vries ina scagadh ar choimpeart an laoich, tá gur dia i riocht ainmhí é athair an laoich. Baineann na solaidí ar fad, áfach, a sholáthraíos de Vries le miotaseolaíocht na nGréagach (de Vries 1961, IC, 283). Cé gur bhain cúinsí neamhghnácha go mion minic leis an gcaoi ar tuismíodh laochra agus naoimh na nGael, mar atá léirithe go paiteanta ag na deartháireacha Rees (1961, 213-35), is fíorchorruair a luaitear collaíocht le hainmhithe i dtraidisiún na tíre seo i measc na mbealaí mínádúrtha ar gineadh na daoine suntasacha seo. Más fíor, mar shampla, do ghluais in *Félire Oengusa*, bradán (écne) a casadh ar a mháthair nuair a bhí sí ag fothragadh i Loch Léin a bhí in athair Fhíonáin Cham (Stokes, 1905, 112; Plummer 1910, clviii). Tráthúil go leor, de réir an traidisiúin bhéil toirchíodh máthair

Chormaic mhic Airt — nó, scaití, a bhean chéile — nuair a theagmhaigh dobharchú léi nuair a bhí sí ag snámh i loch (Hilliers 1991, 94 -7).

Tá sé ag luí le réasún go mbeadh col agus an-chonsaieit ag daoine riamh anall leis an ngné seo d'iompar Fhinn leis an eilit, iompar a bhí glan i gcoinne phrionsapail mhorálta na n-eaglaiseach a mhúnlaigh agus a shaothraigh luathlitríocht scríofa na tíre seo. De bhí go gcosctar ciontú le hainmhithe sna peannadóirí (Bieler 1963, 62 §11; 68 § 7; 70 §§ 5, 11; 100, §§10, 17; [Sean-Ghaeilge] 264 §§24, 41) agus i reachtaíocht eaglasta (Salisbury 1994, 89-101), tig linn glacadh leis go raibh oiread áirithe de ar bun i gcónaí. Ach má bhí féin, agus tá tuilleadh fianaise luaite ag Joyce Salisbury (1994, 84-6), ní mar a chéile mí-iompar Fhinn agus collaíocht sheasc na bpeacach Críostaí. Saolaíodh mac as los an chaidrimh a bhí ag Fionn leis an ainmhí.

#### *HIEROS GAMOS?*

Nocht mé tuairim i bpromhadh pinn dem chuid faoi SOO go bhféadfadh sé gur leathbhreac choimpeart aduain Oisín é an deasghnáth mínádúrtha a d'fhág Giraldus Cambrensis, thart an an mbliain 1185, ar chine éigin nár ainmnigh sé i gCinéal gConaill (Ó Briain 1994, 483-5). Is mar seo a leanas a chuir sé caoi ar na cúrsaí seo ina *Topographia Hibernie — un chef-d'œuvre de diffamation* mar a thug scoláire amháin air (Le Roux 1963, 130):

De nouo et enormi regni et dominii confirmationis modo.

Sunt et quedam, que nisi materie cursus expeteret, pudor reticenda persuaderet. Verumtamen, historie seueritas nec ueritati parcere nouit nec uerecundie. Est igitur in boreali et ulteriori Vltonie parte, scilicet apud Kenelcunil, gens quedam, que barbaro nimis et abhominabili ritu sic sibi regem creare solet. Collecto in unum uniuerso terre illius populo, in medium producitur, iumentum candidum. Ad quod sullimandus ille non in principem sed in beluam, non in regem sed exlegem, coram omnibus bestialiter accedens, se quoque bestiam profitetur. Et statim iumento interfecto, et frustatim in aqua decocto, in eadem aqua balneum ei paratur. Cui insidens, de carnibus illis sibi allatis, circumstante populo suo et conuescente, comedit ise. De iure quoque quo lauatur, non uase aliquo, non manu, sed ore tantum circumquaue haurit et bibit. Quibus ita rite, non recte completis, regnum illius et dominium est confirmatum. (O'Meara 1948, 168)

D'aistrigh John O'Meara, eagarthóir an tsaothair thuas, an sliocht cáiliúil seo go Béarla mar seo a leanas:

A new and outlandish way of confirming kingship and dominion

There are some things which, if the exigencies of my account did not demand it, shame would discountenance their being described. But the austere discipline of history spares neither truth nor modesty.

There is in the northern and farther part of Ulster, namely in Kenelcunill, a certain people which is accustomed to appoint its king with a rite altogether outlandish and abominable. When the whole people of that land has been gather together in one place, a white mare is brought forward into the middle of the assembly. He who is to be inaugurated, not as a chief, but as a beast, not as a king, but as an outlaw, has bestial intercourse with her before all professing himself to be a beast also. The mare is then killed immediately, cut up into pieces, and boiled in water. A bath is prepared for the man afterwards in the same water. He sits in the bath surrounded by all his people, and all, he and they, eat of the meat of the mare which is brought to them. He quaffs and drinks of the broth in which he is bathed, not in any cup, or using his hand, but just dipping his mouth into it round about him. When this unrighteous rite has been carried out, his kingship and dominion have been conferred. (O'Meara 1982, 109-10)

Tharraing Franz Rolf Schröder, in alt tábhachtach leis dar teideal 'Ein altirischer Krönungsritus und das indogermanische Rossopfer', aird ar an gcosúlacht a bhraith sé a bhí ag an nós a chuir Cambrensis i leith cine éigin i gCinéal gConaill agus an íobairt chasta Indiach a dtugtar *âsvamedha* air (Schröder 1927). Thug sé suntas don chollaíocht a bhí in ainm a bheith ag an ábhar rí leis an láir de réir chuntas Cambrensis. Bhí an t-ábhar seo dúisithe ag Julius Pokorny achar gearr roimhe sin (Pokorney 1927), agus cé nár aontaigh Schröder lena thuairim nach deasghnách Ind-Eorpach a bhí ann, ghlac sé leis an tátal a bhain Pokorny as an na cúrsaí seo. B'éigean, dar le Schröder, agus é ag déanamh athfhriotail ar chaint Pokorny, don té a bhí le bheith ina rí ciontú leis an láir: *Das eigentliche Hauptzug des Ritus ist ... 'daß der Kandidat mit der Stute geschlechtlichen Umgang pflegen mußte.'* (311) Bainis agus íobairt a bhí ann.

Is iomaí scoláire a ghéill a bheag nó a mhór do theoiric Schröder ó shoin, ina measc Marie-Louise Sjoestedt (1994 [1949], xvii-xix; 42);



Heinrich Wagner (1970, 42-3); Anne Ross (1974 [1967], 409); Helmut Birkhan (1969, 407-9, 414-6; 1997, 537-40); Jaan Puhvel (1970b); Francis John Byrne (1973; 17-8); Wendy Doniger O'Flaherty (1980, 152-3; 338); Kim McCone (1990, 118-9). Is eisceacht í Françoise Le Roux a chuir go mór i gcoinne ghné na collaíochta i dteoiric Schröder (1963, 126-35, 253; 1967, 509-10). Ní móide, dar léi, gur chiontaigh an rí leis an ainmhí: ... *la relation sexuelle entre le roi et la jument sacrifiée était très douteuse*. (1967, 509) Ní ghlacann sí leis, an oiread, gur gá gur chiallaigh *iumentum* 'láir' i Laidin Cambrensis. D'fhéadfadh sé nach raibh i gceist, dar léi, ach téarma maslach ar chapall oibre (1963, 129; 1967, 509). Leagann sí béim ar thábhacht an fhothragtha dheasghnách sa tuairirc ag Cambrensis ar an deasghnáth seo. Dar léi *le roi d'Ulster ne devenait pas roi par un contact physique avec le cheval, mais par un bain rituel* (1963, 253).

Níl aon trácht ag an gCéitinneach ar chiontú an rí leis an gcapall sa cháineadh a rinneadh sé ar an 'meabhail' seo a chuir Cambrensis ina chroinic. Tráthúil go leor, dhírigh sé a aird ar an bhfothragadh in anraith an chapail agus tagraíonn sé freisin don chaoi ar itheadh an fheoil (Comyn 1902, 20-2; Le Roux 1963, 127-8).<sup>1</sup> Bhí teir ar fheoil chapail a ithe sna Meánaoiseanna. Toirmeasc na hEaglaise ba chionsiocair leis an teir seo i dtús báire, arae bhí baint shiombalach ag an gcineál seo beatha le págántacht (Plummer 1910, xcvi, fonóta 8; Salisbury 1994, 55-6; Kelly 1997, 100-1, 352-3). Thug H. R. Ellis Davidson suntas don chosúlacht atá ag ithe na feola sa deasghnáth a fhágtar ar Chinéal gConaill agus le heachtra a d'éirigh don Rí Hákon a ndearna Snorri Sturluson, staraí meánaoiseach íoslannach, cur síos air in *Heimskringla*. Tógadh Hákon ina Chríostaí i Sasana sa deichiú haois, ach ar fhilleadh ar ais dó ar an Ioruaidh cuireadh faoi ndeara dó capall a íobairt agus rinneadh iarracht iachall a chur air blaiseadh d'fheoil agus d'fhuil an chapail seo. Níor ghéill sé an tráth sin,

---

<sup>1</sup> Thagair Stephen White SJ don chuntas seo freisin in *Apologia pro Hibernia adversus Cambri Calumnias*, saothar a cuireadh le chéile thart ar an mbliain 1615 le scríbhinní Cambrensis a bhréagnú. Níor foilsíodh go dtí 1849 é (Kelly 1849). B'as Cluain Meala don Fhaoiteach agus chaith sé a shaol sagartóireachta ar an Mór-roinn. Ach an oiread leis an gCéitinneach, díríonn sé a aird ar an líomhain i leith ithe fheoil an chapail (97-8). D'fhiafraigh sé de Chambrensis an raibh sé as a chéill nuair a scríobh sé an cuntas seo agus cén duine a raibh unsa ar bith céille aige a d'fhéadfadh a leithéid a chreidiúint faoi chine Críostaí:

Itaque omnes cum rege nudo vescuntur carnibus equinis? sensatus et mentis compos ista scripsisti, O Camber? et qui vel micam mentis possidet, putas crediturum ista de gente christianâ. (Kelly 1849, 97)

ach b'éigean dó cuid d'aobha capaill a ithe agus roinnt den fhuil a ól in ónóir na ndéithe páganacha ag féasta eile tamall ina dhiaidh sin (Davidson in Gelling agus Davidson 1969, 168-9; Davidson 1988, 55-6).

Is fiú, sa chomhthéacs seo, aird a dhíriú ar 'Óenach indiu luid in rí', cheann de na laoithe Fiannaíochta is sine dá bhfuil againn (LL, ll. 29089-300; [DF XIII] Mac Neill 1908, 28-30; [AS] Ní Sheaghdha 1942a, 173-82; Murphy 1953, 24-9). Insítear sa déantús seo gur mharaigh aitheach capaill Fhinn, Oisín agus Chaoilte. Feannadh agus coscradh na capaill agus cuireadh a bhfeoil ar bhioranna caorthainn os cionn tine. Bhí an fheoil fós ámh nuair a síneadh chuig Fionn í. Ní chaithfeadh Fionn í:

A aithigh beir let do bhíadh,  
feoil eich nochar iothas ríamh,  
agus ní iosad fóss go bráth,  
ar son beit gan bíadh énráth.

(DF XIII, rann 34 [Mac Neill 1908, 29]; féach Murphy 1953, 28, nótaí ar DF XIII 33d agus 33d; leagan próis de, Stern 1892, 6.)

Léirítear, is dóigh, tionchar thoirmeasc na hEaglaise ar chaitheadh feoil chapail sa rann thuas — ar fianaise é ar cheann de na bealaí a ndeachaigh teagasc na Críostaíochta i bhfeidm ar 'phágántacht' na Fiannaíochta. B'fhéidir, mar sin, go bhfuil roinnt mhaith den cheart ag Le Roux sa tátal a bhain sí as cuntas Cambrensis, ach, os a choinne sin, is iomaí scoláire eile a ghlac, mar atá ráite thuas, leis an tuiscint a bhain Schröder as na cúrsaí seo.

Tá Jaan Puhvel ar dhuine de na scoláirí seo agus tá cúlra Ind-Eorpach an deasghnátha cfórtha aige in 'Aspects of Equine Functionality' (Puhvel 1970b). Díríonn sé a aird san alt seo ar an *âsvamedha* □ an íobairt réamhráite Indiach ar thagair Schröder di. Munarb ionann agus foinse aonraic Chambrensis faoi chúrsaí na hÉireann, tá neart fianaise i seanscríbhinní beannaithe na hIndia faoin íobairt cháiliúil dheasghnách seo a raibh na mílte páirteach ina comhlíonadh (185; féach freisin Doniger O'Flaherty 1980, 154-8). Chuirfí tús leis na himeachtaí san earrach. Roghnaítfí stail den scoth. Thugtaí cead a cinn don stail fánaíocht léi ar feadh bliana, chuile shórt ar a toil aici ach an rud ba dhual di. Coscadh ar eachmairt leis na láracha í. Nuair a bhí an searmanas faoi lánseol is é an chaoi a bplúchtaí an stail:

The stallion was smothered to death, whereupon the *mahisī* or chief queen symbolically cohabited with it under covers, while the entourage engaged in obscene banter. Then followed the cutting up of the victim, disposal of the parts ... (161)

Tá sé suntasach go gcomhlíonann an bhanríon san India an ról sa chothromóid ghnéasúil seo a fhágtar ar an rí i gcuntas Giraldus Cambrensis. In ainneoin a bhfuil d'fhianaise i bhfoinsí iomadúla Indiacha ina leith, ghlac Puhvel leis gur dílse a fhreagraíos solaoid aonraic Cambrensis agus na hÉireann – rí agus láir – do leagan amach na buníobartha Ind-Eorpaí ná *âsvamedha* na nIndiach – banríon agus stail. Is éard adeir sé faoin miotas a fhreagraíos don deasghnáth féin:

In brief, the basic Indo-European equine myth involves the mating of a kingship-class representative with the hippomorphous transfunctional goddess, and the creation of twin offspring belonging to the level of the third estate. (172)

Caithfidh mé a admháil go raibh mé féin meallta ag teoiricí Schröder agus Puhvel. Chonacthas dom go raibh cosúlacht ag cuntas Cambrensis faoin mbaint a bhí in ainm a bheith ag an gConallach leis an láir leis an ábhar faoi Fhionn agus máthair Oisín agus shléas go bhféadfai leas a bhaint as na teoiricí faoin *âsvamedha* le teacht ar thuiscint éigin faoi choimpeart Oisín (Ó Briain 1994, 483-5). Ach tá lúb mór ar lár san argóint seo mar atá sé ag Puhvel agus mar a bhaineas earraíocht aisti cheana. 'Tá sé chomh dóigh breac a bheith ar thulán le searrach a bheith ag gearrán' mar a dúirt an scéalaí fadó. Ní fhreagraíonn an miotas a bhfuil áchoimre déanta ag Puhvel air agus íobairtí na gcapall go baileach dá chéile. Ní fhéadfadh sliocht a bheith ar láir bhán na gConallach agus í cailte agus ite. Cé go bhfuil tagairt in AB agus in AS do shearmanas íobartha fia le *séan sealga* nó *conách sealga* a chur ar an bhfiach (féach tagairtí i bhfonóta 1, Caibidil 9), ní íobartach ar bith í máthair Oisín. Dá mba ea, ní ghinfí Oisín! Bhí Bla ingen Déirc Dhianscothaig beo beithíoch de réir AS nuair a thug Oisín cuairt uirthi i Sídh Ochta Cleitigh (Stokes 1900, 2). Scaoil Fionn an eilit chun bealaigh de réir SOO tar éis dó ciontú léi agus chinn ar na Fianna í a mharú i ndiaidh bhreith Oisín. Níl de chosúlacht ag coimpeart Oisín leis an mbanais rí i gCinéal gConaill ach go bhfuil collaíocht le hainmhí i gceist, má tá an méid sin féin ann.

Is féidir an patrún seo a leanas a aithint san ábhar a scrúdaíodh faoi choimpeart Oisín: **athair + máthair ina hainmhí > gin dhaonna**. Chítear dom go bhfuil a leithéid de phátrún le sonrú go follasach i ndornán beag eile foinsí agus go mb'fhéidir go bhfuil sé faoi cheilt i bhfoinsí eile. Bhí an patrún seo ar eolas freisin ag Ceiltigh na Mór-roinne agus ag na Gréagaigh. B'fhéidir go bhfuil a lorg le haimsiú in ábhar Nordach chomh maith.

Tá fianaise ar an bpatrún coimpeartha seo i dtraidisiún béil an chéid seo caite sa tír seo. Tá sé, mar shampla, lárnach i scéal a bailíodh i gceantar an Chlocháin, Co. na Gaillimhe, faoi bhunús Loch Coirib. Baineadh earraíocht as leagan próis de 'Laoi na Con Duibhe' sa chéad chuid den scéal leath-Fhiannaíochta seo. Mharaigh coileán Bhall Dubh coileán an ghaiscígh as an nGréig a tháinig go hÉirinn le coin na Féinne a fhéachaint agus a chloí:

... Scathamh gearr ina dhiaidh sin chuaigh Ball Dubh amach ag fiach agus d'abraíodh siad gur dream an-drúisiúil a bhí ins na Fiannaibh, mar chiontaigh Fionn leis an eilit, chiontaigh Ball Dubh leis an gcú, lena choileán. Scathamh ina dhiaidh sin chonaic sé go raibh an coileán ag fás an-bhríomhar. Tháinig faitíos agus náire air go mba uaidh féin é. Chuir sé an coileán faoi ghéibheann nós nach bhfeicfeadh aon duine í. Lá nuair a bhí sé amuigh ag fiach d'fhiafraigh duine de na Fiannaibh dhe cé raibh a choileán. Dúirt sé go raibh sórt tinnis eicínt uirthi. Bhí seanfhear i measc na bhFiannaibh agus dúirt sé go raibh tobar i measc cnoic Chonamara agus dá dtabharfadh sé chun an tobair í agus roinnt den uisce a thabhairt le n-ól di go leigheasfadh sé í. Ní raibh ag teastáil uaidh ach leithscéal imeacht leis an gcú agus d'imigh sé i lár na hoíche nó go bhfuair sé gleann uaigneach agus stop sé ansin go mbeadh cuain aici, ach is éard a thug sí ar an saol páiste iníon. Bhí an páiste chomh breá agus gur thug sé grá di agus ba crá croí leis í a mharú. Mara marbhadh sé an páiste chaithfeadh sé an cú a mharú. 'Má thiúraim an chú abhaile liom feicfidh na daoine go bhfuil bainne aici.' Mharaigh sé an chú agus chuir sé go domhain i dtalamh í ... [G 40]

Thug sé an páiste abhaile leis. Baisteadh Corabu uirthi, pósadh le Mac Rí na Spáinneach ina dhiaidh sin í, ach sceitheadh an dúchas ainmhíoch a bhí inti nuair a rug a fear uirthi ag líochán plátaí lena teanga. Dhiúltaigh sé baint a bheith aige léi feasta mar nár mhaith leis 'faice de mhianach an mhada a bheith in mo shíolrach.' Cuntas ar an gcaoi ar

bhrúcht Loch Coirib aníos as tobar ar theilg sí a fáinne isteach ann atá sa chuid deiridh den scéal.

Tá cúrsaí sanasaíochta le sonrú in G 40 sa chaoi gur dóigh gur díorthaíodh Corabu, ainm na mná, ó Loch Coirib. Má théimid i muinín na sanasaíochta, is féidir linn na scéalta agus na laoithe dinnseanchais sa tseanlitríocht faoin gcaoi ar tuismíodh Mac ind Óac a áireamh i measc an ábhair a bhfuil lorg an phatrúin choimpeartha atá faoi chaibidil againn faoi cheilt ann. Shantaigh In Dagda In Boand, bean chéile Elcmair. D'éirigh leis í a ainmsiú i ngan fhios dá fear agus gineadh Óengus/Mac in Óac de bharr na teagmhála seo (Thurneysen 1921, 509; 605-6; 608-9; O'Rahilly 1946, 516; Rees agus Rees 1961, 216). Cé go gcuirtear In Boand, daonnú ar ainm na habhann An Bhóinn, i láthair mar dhuine den aos sí san ábhar seo, is féidir a hainm a dhíorthú ó *\*Bou-vindā* (*cow-white (goddess)*, O'Rahilly 1946, 3; féach freisin Birkhan 1970, 568, nóta 1788).<sup>2</sup> Bhraith Sjoestedt go raibh cosúlacht ag an ábhar faoin Daghdha agus an Bhóinn leis an deasghnáth a chuir Cambrensis i leith cuid de na Conallaigh. Is éard a deir sí faoin teagmháil idir na déithe seo:

This sexual element which is so marked in the myth of the Dagda is illuminated by a comparison with the hierogamic rite practised by the king of an Ulster tribe, not with a river-goddess but with a mare, the incarnation of some animal-goddess, some Epona, and merely another type of mother-goddess ... (Sjoestedt 1994 [1949], 42).

Níos faide anonn sa saothar céanna is amhlaidh a mhaígh sí:

The union of the god of the tribe with the goddess of the earth, of Sucellos with Nantosuelta, of the Dagda with the *Morrígan* or with Boann, projects on the plane of mythology what the union of the king with the animal incarnation of the goddess realizes on the plane of ritual, namely the marriage of the human group

---

<sup>2</sup> Thuig aos léinn na Meán-Ghaeilge comhdhéanamh an fhocail seo, ach dhíorthaigh siad é ó ainmneacha dhá abhainn a shnígh isteach ina chéile, *Bó* agus *Finn*. Tá an méid seo a leanas i ndán dinnseanchais a cumadh do Mhaoilsheachlainn mac Domhnaill a bhásaigh sa bhliain 1022:

Mar atá *Ordan* is an,  
ó ráiter sruth Eorthanan,  
in Bóand bó agus *find*,  
do chomrac in dá ríg-lind.

(Gwynn 1913, 34, ll. 21-4; 481)

with the fertile soil, which is the necessary condition for the prosperity of the tribe and the purpose of all religious activity. (93-4)

Caithfear idirdhealú a dhéanamh arís idir réaladh fuilteach na hÍobartha a leag Cambrensis ar na Conallaigh agus na scéalta seo faoi theagmháil idir An Daghada agus bandia bóúil na Bóinne. Ní fhreagraíonn an ríotuál agus an miotas dá chéile sa méid go bhfuil sliocht daonna ar an teagmháil seo, ach má chuirtear sanasaíocht an ainm *Bóinn* [bó + fionn] san áireamh is féidir a áiteamh go bhfreagraíonn an pátrún i gcoimpeart Oengusa don phátrún atá i gcoimpeart Oisín. Ach os a choinne sin, caithfear cuimhneamh, munarb ionann agus máthair Oisín, nach gcuirtear In Boand i láthair riamh mar ainmhí, ach mar bhean chéile mhídhfílis.

Má tá glacadh leis an gcur chuige ar bhonn sanasaíochta i gcás na Bóinne is féidir an pátrún atá faoi chaibidil againn a aimsiú i scéal amháin eile ar a laghad. Is é *Coimpert Conchobuir* atá i gceist agam (Thurneysen 1921, 273-6; 524-5; Rees agus Rees 1961, 216). Ainmníodh Conchobhar mac Neasa óna mháthair: *O máthair ro hainmniged .i. Ness ingen Echach Salbudi ríg Muman a mathairseom in Chonchobuir*. (LL, ll. 12421-3). Mar atá luaite cheana agam sa phlé ar mháthair Oisín (Caibidil 3), bhraith Thurneysen go mb'fhéidir gurb ionann an t-ainm *Ness* agus an t-ainmfhocal *nes* 'easóg' agus fiú munarb ionann iad ó thaobh na sanasaíochta de ba leor, b'fhéidir, an t-ionannas fuaimne chun iad shamhlú le chéile i dtréimhse na Sean-Ghaeilge (féach fonóta 5, Caibidil 3). Má bhí a leithéid amhlaidh, b'fhéidir gur tuigeadh tráth go raibh baint éigin ag máthair Chonchobhair mhic Neasa leis an easóg — 'an bheainín uasal' — faoi mar a shamhlófaí baint a bheith ag máthair Oengusa le bó fhionn. Fágann sin go féidir an patrún coimpeartha atá faoi chaibidil againn a shamhlú go cinnte leis an bhFiannaíocht, agus b'fhéidir leis an Rúraíocht agus leis an tSraith Mhiotaseolaíoch.<sup>3</sup>

<sup>3</sup> Rinneadh tagairt cheana (Gaibidil 12, fonóta 5) don tuairim a nocht Tomás Ó Cathasaigh, bunaithe ar shanasaíocht ainm a athar, go bhféadfadh sé gur mac le béar a bhí in Cormac mac Airt i dtús báire ach go ndearnadh daonnú ar a athair ina dhiaidh sin (Ó Cathasaigh 1977, 82). Más mar sin a bhí, fágann sin agus fianaise an traidisiúin bhéil gur madra uisce a bhí in athair Chormaic gur inbhéartú ar ról na dtuistí a bheadh ina leithéid de chás agus gur pátrún coimpeartha mar seo a leanas a bheadh ann: athair ina ainmhí + máthair > gin dhaonna.

## FIANAISE ÉIDEIMHIN NORDACH

Bhraith Heinrich Wagner go raibh gaol gar ag an scéal seo faoin Daghdha agus An Bhóinn le blúirí de scéal Lochlannach faoin gcaoi ar tuismíodh an té a d'agair díoltas ar Hotherus/Höðr as marú Baldr (Wagner 1955; 1970, 25). Rinne Saxo Grammaticus, pearsa eaglasta Dhanmhargach, cur síos lom sa 12ú haois ar chnámha an scéil seo in *Gesta Danorum* agus tháinig blúirí fánacha de leagan eile den scéal anuas i seanlitríocht na níoslannach (Brandston 1970 [1955], 225-6; Davidson 1964, 182-6). Deir Saxo Grammaticus go raibh Othinus (*Oðinn* ag na híoslannaigh) ag iarraidh mac a ghiniúint a bhainfeadh díoltas as marú Baldr, mac eile leis. Bhí súil ag Othinus ar Rinda (*Rindr* ag na híoslannaigh) ach cé gur dhiúltaigh sí dó ach d'éirigh leis í a aimsiú dá buíochas le draíocht agus gineadh Bous (*Váli* ag na híoslannaigh) dá bharr (Davidson agus Fisher 1996, I, 76-9; II, 56-8). De réir *Voluspá* na níoslannach saolaíodh Váli go scioptha agus bhain sé díoltas as marú Baldr agus gan é ach aon oíche amháin d'aois (foinse agus aistriú go Gearmáinis ag Wagner 1955, 350). Chuir Wagner an fhianaise scaipthe Nordach i gcomparáid leis an ábhar faoin Daghdha agus an Bhóinn agus ba é an tátal a bhain sé as gur shíolraigh an t-ábhar Nordach ón scéal Éireannach:

Die Dagda-Boann-Geschichte ist eine *hieros gamos* Geschichte in Verbindung mit einem Wachstumsritus ('an Mac Óc'), und die nordische Odin-Rinda-Episode stammt von diese ab. (1955, 357)

Mhaígh Wagner gur aistriúchán é an t-ainm *Rinda-Rindr* ar **Boann** na Gaeilge agus go bhfreagraíonn an t-ainm Lochlannach don fhocal *rind*, *hrind* 'bó' sa tSean-Ard-Ghearmáinis. Is lúb ar lár é in argóint Wagner nach bhfuil fianaise ar bith ar an ainmfhocal *rind*, *hrind* sa tSean-Ioruais agus shíl seo éalú ón deacracht seo thrína shamhlú go bhféadfadh an t-ainm *Rinda* dul isteach sa scéal ó fhoinse Gheamáineach (1955, 357). Níor léirigh sé, áfach, cén chaoi a dtarlódh a leithéid. Bhraith sé freisin go bhféadfadh sé gur macalla ar fhuaim an ainm *Boann* atá in *Bous*.

Caithfear dul i muinín na sanasaíochta [*Rinda* = 'bó'] arís sa chás seo leis an gcosúlacht leis an bpatrún coimpeartha atá faoi chaibidil a aimsiú agus ní foláir dúinn a lua gur sanasaíocht í nach mbeadh feidhm bhisiúil iarbhír léi i measc na Lochlannach, arb iad amháin go bhfios dúinn a chaomhnaigh an scéal seo.

## Epona

Is furasta a aithne gurb é an patrún céannacoimpeartha (**athair + máthair ina hainmhí > gin dhaonna**) atá i mbeatha Oisín agus an ceann atá i gcuntas frimhagúil in *Parallela Graeca et Romana* [Scéalta Comhthreomhara na Rómhánach agus na nGréagach] faoin gcaoi ar tuismíodh Epona, ceann de bhandéithe móra na gCeilteach. Fágtar an saothar seo a dtarraingítear aird ann ar chosúlachtaí idir eachtraí i stair na nGréagach agus i stair na Rómhánach ar Phlutarch (c. 46 - c. 125). Aistríodh an t-ábhar faoi Epona go Béarla mar seo a leanas:

ARISTONYMUS of Ephesus, the son of Demonstratus, hated women and used to consort with an ass; and in due time the ass gave birth to a very beautiful maiden, Onoscelis by name. So Aristocles in the second book of his *Strange Events*.

FULVIUS STELLUS hated women and used to consort with a mare and in due time the mare gave birth to a beautiful girl and they named her Epona. She is the goddess that is concerned with the protection of horses. So Agesilaüs in the third book of his *Italian History*. (Babbitt 1936, 299, § 29)

Glactar leis anois nach móide go mba é Plutarch a scríobh *Parallela Graeca et Romana*.<sup>4</sup> B'fhéidir gur scigathris ar a shaothar ceart é, nó b'fhéidir go bhfuil an Pseudo-Plutarch i bhfad níos sine ná saothar ceart Phlutarch.<sup>5</sup> Bhraith Le Roux go mba cheart aird a thabhairt ar an téacs seo i gcomhthéacs an ghnáis a d'fhág Cambrensis ar na Conallaigh,<sup>6</sup> ach mar

---

<sup>4</sup> Thagair Babbitt sa réamhrá a chuir sé le *Parallela Graeca et Romana* in Loeb Classical Library do thuairimí scoláirí eile faoin saothar. Dúradh faoi agus faoi shaothar eile a leagtar ar Plutarch go bréagach, go gcaithfidh gurb é an duine céanna a scríobh iad:

... both works are by the same anonymous author, chiefly because it is difficult to imagine that *two* such fools as the author of each discloses himself to be could ever have lived! (1936, 254).

<sup>5</sup> Nocht Françoise Le Roux an tuairim seo a leanas faoi dhátaíocht an tsaothair seo ina plé ar chuntas Giraldus Cambrensis:

Plutarch a vécu de 46 à 125 environ après J.C., mais le Pseudo-Plutarch lui est bien antérieur et ne fait que reprendre une légende d'Agésilas, auteur dont nous ne savons rien. S[olomon] Reinach, *Epona* in *Revue Archéologique* 1895, XXVI/2, p. 317, note 1, remarque qu'on peut approximativement dater le texte du IIe siècle, datation que nous acceptons comme très vraisemblable.

(Le Roux 1963, 133-4, fonóta 38)

<sup>6</sup> Mhaígh sí gurb é seo an t-aon seanfhoinsé a bhfuil lorg bainis rí Cheiltigh na Mór-roinne le sonrú ann (*Car la seule trace antique d'une hiérogamie celtique ne nous a été transmise*



atá áitithe agam thuas ní fhreagraíonn an deasghnáth céanna go baileach don mhíotas sa méid is gur íobartach é an t-ainmhí sa rítuál, ach is tuismitheoir é sa mhíotas.

Ní heol dúinn dada faoi Agesilaüs féin, ná faoin saothar ar stair na hIodáile a luaitear leis ach an oiread.<sup>7</sup> Cé gur tuairisc fhrimagúil í an tuairisc faoi choimpeart Epona mar a chuirtear i lathair í, ní móide mar sin féin, i bhfianaise an phátrúin choimpeartha atá scrúdaithe againn sa chaibidil seo, go mba é údar na tuairisce seo a chum an scéal seo ar dtús fúithi. Tá Epona ar cheann de na déithe Ceilteacha a raibh dáileadh thar a bheith fairsing faoina cultas i gcríocha na gCeilteach ar an Mór-roinn agus sa Bhreatain, agus bhí eolas maithe uirthi freisin i measc na Rómánach agus na nGréagach (Ross 1974 [1967], 286-7, 405-6; De Vries 1975, 132-5; Green 1989, 16-24; Birkhan 1997, 526-7). Go deimhin féin, bhí féile faoi leith aici i measc na Rómhánach, an t-aon dia Ceilteach a raibh a leithéid aige (Green 1989, 23; Birkhan 1997, 527). Níl cúis ar bith, mar sin, nach mbeadh eolas ag údair Ghréagacha agus Rómhánacha ar shonraí faoina saol míotasach.

Cuireann fianaise *Parallela Graeca et Romana* ar ár gcumas an pátrún coimpeartha atá faoi chaibidil againn a rianú siar go dtí an chéad aois AD, nó roimhe fiú. Léirítear an pátrún seo agus na gníomhairí daonna agus ainmhíocha atá páirteach ann i modh tábla ar leathanach 184.

---

... Le Roux 1963, 133), tuairim ar thacaigh O'Flaherty leis ina hionramháil ghearr ar an *notably misogynist myth* seo (1980, 154). Ní miste, áfach, aird a dhíriú ar chuntas eile Gréigise de chuid an 4ú haois R. Chr. ar bhánais eile de chuid na gCeilteach ar tharraing Gearóid Ó Murchadha aird air sa léirmheas a scríobh sé ar *Fontes Historica Religionis Celticae* a chuir Ioannes Zwicker in eagar (Murphy 1937, 143-4). Cuntas faoi bhunú Marseilles atá sa sliocht seo. Bhí deis ag Petta, iníon Rí Nanos, duine amháin de na fir a bhí i lathair ag a bainis a roghnú mar chéile. Tharla go raibh ceannaf Gréagach i lathair ag an mbainis agus thug Petta deoch a réitigh sí féin dó. Pósadh an bheirt acu. Bhraith Murphy go bhfuil an-chosúlacht ag an gcuntas seo lena bhfuil againn i dtraidisún na tíre seo faoi gcaoi a ndáileann bé an fhlaithiúnais deoch ar an rí.

<sup>7</sup> Níl d'eolas in eagrán Loeb faoin Aristocles ar leis an chéad sliocht thuas ach *an historian of uncertain identity*. Tá an ghluais seo leanas ar ainm Onoscelis san eagrán seo: *The girl with ass's legs*. (Babbit 1936, 532; 299 faoi seach.)

Athair	<i>Máthair ina hainmhí</i>	SLIOCHT
FIONN	<i>Blaí/eilit</i>	Oisín
BALL DUBH	<i>Cú</i>	Corabu
IN DAGDA	<i>In Boand</i>	Óengus /Mac ind Ócc
CATHBAD MAC ROSSA	<i>Ness ingen Echach Salbudi</i>	Conchobar
OÐINN	<i>Rinda/Rindr</i>	Bous/Váli
ARISTONYMUS	<i>láir asail</i>	Onoscelis [Cailín na gcos asail]
FULVIUS STELLUS	<i>láir</i>	Epona

## CAIBIDIL 15: AN FIA — *mír mhuradh na féinne*

*Das Tier, um das alle Vorstellungen und Wünsche der Fenier kreisen, ist nicht der Stier, sondern der Hirsch. (Weisweiler 1954, 35)*

### GOLL AGUS AN MHÍR MHURADH

Is maith tráthúil go bhfuil ainmneacha iolra an fhocail *fia* agus an fhocail *fiann* ar aondeilbh sa Nua-Ghaeilge, arae bhí dlúthbhaint ag an ainmhí fiáin seo agus ag óglaigh na Féinne (*oaic Féni*) lena chéile riamh anall. '... ropat choin altai 7 ois 7 imthecht slebe 7 oaic fene adcear' a ghuítear in ortha Sean-Ghaeilge in Codex S. Pauli a chuimsíonn go feillbhinn saol na Féinne (Stokes agus Strachan 1903, 293; féach Meyer 1910, v, fonóta 2; McCone 1990, 207). Scrúdaítear roinnt gnéithe den bhaint a bhí ag an duine leis an bhfiaanseo agus i gCaibidlí 16-7 le teacht ar thuiscint éigin ar thábhacht an fhia i saol na Féinne agus, dá réir sin, le tuiscint éigin a fháil ar ról an ainmhí seo i gcoimpeart Oisín.

Dream ar leith ón ngnáthshochaí a bhí sna Fianna. Freagraíonn an chodarsnacht idir iad agus baill na sochaí sibhialta don chodarsnacht idir an fia agus bhó, idir an t-ainmhí fiáin agus an beithíoch ceansaithe (féach Weisweiler 1954, thuas). Bhí idir mhaoin agus luachanna dlí na gnáthshochaí bunaithe ar an mbó agus bhain tábhacht dá réir léi sa seanrecht in Éirinn (Kelly 1988, 113-5; 1997, 27-9). Bhí an pobal go mór i dtuilleamaí na bó — foinse saibhris agus beatha a bhí inti mar a léiríof réimse seimeantaice an fhocail 'crodh' (féach *DIL* s.v. *crodh*). Cruthaíonn torthaí tochailtí seandálaíochta ar sheanláithreacha Críostaí a thábhachtaí agus a bhí sí mar fhoinsé beatha. Meastar gur cnámha beithígh atá i mbeagnach leath na gcnámh a fritheadh sna láithreacha seo (Kelly 1997, 27). Os a choinne sin, cés moite d'eisceacht nó dhó ar nós Í Cholm Cille (McCormick in Bourke 1997, 56-8), níor fritheadh ach céatatán fíorbheag ar fad de chnámha fia i láithreacha den chineál seo (Kelly 1997, 273). Mar a deir Fergus Kelly:

In fact, in the many descriptions of feasts in the Old Irish sagas, there is remarkable little reference to venison: pork and beef were much preferred. (1997, 273)

Bhí dúil, áfach, ag na Fianna san fhiafheoil. Is éard a mhaígh Oisín i laoi a mheastar a cumadh sa 12ú haois agus é ag trácht ar ghéire a chuid fiacla tráth dá raibh:

Do cognadís colpa doimh  
go crúaidh ciocrach conamhail  
ní fhágdaoís áighe nó alt  
dhe nach dendaóis minsgamart.

(DF, v, rann 20 [Mac Neill 1908, 15]; féach Murphy 1953,  
14-5)

Tá baint mhór ag cnámha fia agus an smior a bhí iontu le bás Ghoill ar an gcarraig, ceann de théamaí móra na Fiannaíochta. Thagair Dáibhidh Ó Bruadair don scéal seo mar seo a leanas: 'Iollann na lann ba teann 's an gcarraig,/ gur chlaochlaigh íota a ghnaoi is a dhealbh' (Mac Erlean 1910, 42). Nuair a bhí Goll sáinnithe ag Clann Bhaoiscne agus é scrúdta ag an ocras chuir Caoilte bia chuige:

Fúaras colpa doimh eallaidh  
úadha 'sdob aisgidh charad  
mo secht mbeannacht ar Chaoilte  
ar chloinn Bhaoiscne mo mallacht.

(DF IX, rann 7 [Mac Neill 1908, 23])

B'fhéidir go bhfuil toise eile le bronntanas seo Chaoilte agus nach dáimh amháin le seanchomrádaí atá i gceist, ach gur bhronn sé an t-aitheantas ba dhual do sméar mhullaigh na gcuradh a fháil nuair a tug sé an colpa do Gholl, arae d'fhéadfadh sé gur mhír mhuradh a bhí sa cholpa seo.

Cíos abhí dlite do Gholl a bhí sa mhír mhuradh dlite, ach tharraing Caireall mac/ua Conbhróin achrann tubaisteach faoi (Ó hÓgáin 1988, 162). Tuairiscítear in DF XXII, an cuntas is sine dá bhfuil againn faoin eachtra seo — luaigh Murphy dáta cumtha sa 13ú haois leis an laoi neamhiomlán seo (1953, 49) — gur tháinig Caireall go hAlmhain nuair a bhí fleá ar siúl:

Ar mbeith dhúinn ag ól gan sniom  
a mbruighin romhóir in ríogh  
éirgit Clann Morna badhéin  
d'iarraidh a ccíosa coimthréin

Ag so in cíos do bhoí dháibh  
in chlann sin Morna go mbáigh

**gach cnáimh fiadha na mbídh smir**

do berthaoí riam don Goll sin.

(DF XXII, rr. 50-1 [Mac Neill 1908, 60]; liomsa an cló trom.)

Fuair Caireall caidéis don nós seo gach cnámh fia a mbíodh smior inti a thabhairt do Gholl,<sup>1</sup> agus d'fhiafraigh sé de Mhac Lughach cad chuige a dtugtaí 'na cruindchnáma' dó:

Fuasglais Mac Lughach nar thim  
in cheist sin do cuir Cairill  
mír murra Ghuill na cnama  
a tigh Fhinn na mórdhála.

(R. 53; liomsa an cló trom.)

D'éiligh sé an 'mhír mhurra' dó féin:

Adubhairt Cairioll go ttreóir  
go bráth nach íssadh in fheoil  
mun badh leis in smior ó Gholl  
do bhiadh issin cnaim comhlom.

(R. 54; liomsa an cló trom)

Tugtar roinnt eolais faoi cé chomh fada siar a bhí cearta ag Goll ar an mír mhuradh i rann eile sa laoi chéanna. Dúirt Caireall:

O tugais cath Cnucha crúaidh  
a mhic Mhorna go mórbhúaidh  
atá in cnáimh agat ó shoin  
tré easbuidh Cumhaill chedaigh (R. 60)

Is éard a deir Murphy faoin téarma seo *mír murra* sa ghluais a chuir sé le DF:

? **murra**: *mír murra* ... 'a chieftain's portion', phrase elsewhere uninstanced but clearly synonymous with *mír curadh*, examples

---

<sup>1</sup> Bhí, mar a mheabhriós Fergus Kelly dúinn, tóir ar smior na mart in Éirinn sa seanreacht:

The manner in which most cattle-bones on early Christian sites have been broken shows that the marrow (*smir*) was extracted for consumption. The sagas of the Ulster cycle also refer to a marrow-mash (*smirchomairt* or *smiramair*), apparently used as a poultice or bath to cure the wounds of warriors. It is uncertain whether this marrow-mash is a literary invention, or was actually used as a form of medical treatment. (Kelly 1997, 53)



Caireall mac Finn a thugtar ar an ngníomhaí éilitheach in *Is dubhach sin a Almhain na bhFiann* de chuid na tíre seo. D'éirigh imreasán idir Goll agus Caireall mar:

Do chuir Cuirioll a sgiath féin  
is má chuir budh crúaidh an chéim,  
os cionn sgéithe Ghoíll gan ón,  
a ttigh mhór Allamhaine. [RIA 23 O 62]

D'éiligh Caireall an mhír mhuradh freisin ach chuir Conán fainic air:

A Chuirill gidh mór do neart  
ná bristear an cnamh sin leat  
is beag an mhír bhuradh do Ghóll  
smior an cholpa cruadhlóm. [RIA 23 O 62]

Do radh Cuiriol go borb dana  
muna sgiobfa e as mo laimse  
mír mhurra na bhfaigheadh Goll  
aris le mo linn air Fhiannuibh Fáil. [4 A 46]

D'éirigh idir Goll agus Caireall faoin gcnámh ach réabadar eatarthu í. Ba í an chríoch a bhí ar an gcomhrac eatarthu go bhfuair Caireall an ceann is fearr ar Gholl agus gur fhág Goll an tír. Chaith sé an bhliain dár gcionn in Albain. Nuair a d'fhill sé fearadh Cath Sléibhe Suibhne/Duibhne 'idir Clannuibh meara Mornna / is fearuibh borba Baoisgne'.<sup>5</sup>

Tugadh *an chíos cnáimh* freisin ar ar mír mhuradh in Albain (Campbell 1971, 166) agus réitíonn an dá chur síos a rinne Duncan Kennedy, am éigin idir 1744-84, ar an nós seo go maith leis an gcur síos air sna laoithe réamhráite:

Gaul having always occupied the next seat to Fingal, and enjoyed the best and most delicious Messes, especially a Roast or Colop (called Mirmora) over and above the wont ratio of all the Great Bands created him in his declining years ill will and aversion, by the ambitious Sons of Fingal, in particular Caril. — This Mirmora, or rather Mircorra, was a favourite Mess of Fingal and Gaul, which was but a choice Colop chopped and mixed with marrow and herb seed ...

<sup>5</sup> Mhair scéalta sa traidisún béil in Éirinn agus in Albain faoin gcoimhlint seo, féach Campbell 1891, 49-51; Murphy 1953, 51-2; Ó hÓgáin 1988, 284-5. Oisín agus Goll atá in árach a chéile faoin gcnámh seo de réir G 2 as uachtar na Gaillimhe.

Goll was the foremost Hero in the Company, besides Fingal (for he was the first man that would go down in battle, and the last one that would come up). The reward he had for that, was a great Collop every day of the venison, called by them, Mirmorradh, and equal share with the rest again; likewise all the marrow of the bones ...Coirall was in enmity with Goll for having such a reward ...

(Campbell 1871, 167 agus 168 faoi seach)

Mac le Fionn a bhí i gCoireall de réir na bhfoinsí Albanacha agus ní hé amháin gur shantaigh sé an mhír mhuradh a bhí dlite do Gholl, ach thug sé a dhúshlán dó freisin nuair chroch sé a sciath féin os cionn sciath Ghoill an dá luas is a tháinig sé chuig na Fianna (Campbell 1871, 166, téacs D.23., rr. 5-6). Mharaigh Goll Caireall faoi dheireadh agus b'éigean dó teicheadh ó na Fianna as a los sin. Ba é an marú seo ba chionsiocair lena bhás féin.

#### GOLL AGUS OISÍN

Mar is dual do thraidisiún a bhí chomh bisiúil le traidisiún na Fiannaíochta tugtar míniú eile i roinnt leaganacha de SOO (H agus C amháin) ar an gcúis a raibh smior na gcnámh dlite do Gholl. Nuair a fritheadh Oisín san fhásach seoladh go dtí na Fianna é (féach Caibidil 10). D'aithnigh Fionn an gaol a bhí ag an ógánach le Clanna Bhaoiscne as a chnámha. Is léir go raibh doicheall ag Goll roimh an bhféinní nua ach gheall Fionn smior na gcnámh dó mar 'mhéadú fó sheacht' ar a onóir.

Níl téacs H, a bailíodh áit éigin i gCúige Chonnacht sa chéad trian den 19ú haois, ná téacs G 10, a bailíodh sa chéad seo caite, gan locht, ach seo mar a chuirtear síos ar an eachtra seo iontu:

Deugh Goll go grúma 7 huigh shea á huil go cuogh á chinn  
chuir as amaugh ee ariesth fadd chrann sligea na binné chrinn  
Lomhar Finn go cibhnaugh arraugh a Goll na hannaheer darrag  
a Mhichc Riogh Chruochan na sciegh narrag  
Murs lath mhem ó nugh á maugh go mheadu fo shaugh er  
hunnore  
ó aubh ó lio ó hinn 7 smer na gnabh cruó lum  
Lomher Goll go serribh sabh mo huill mhem phein á bherrim  
giebh



er á lioth go hieacie no er a mheath is more á ceam augh aill o  
Riogh [H65-8]]; liomsa an cló trom.]

*D'fhéach Goll go gruama,  
agus shúigh sé a shúil go cuach a chinn,  
chuir as amach í aríst,  
fad chrann sleighe ná buinne crainn.*

*Labhair Fionn go cuimhneach aireach,  
'A Gholl, ná haithnithíor d'fhearg,  
a Mhic Rí Chruachan na sciath ndearg ...'*

*'Mar is leat uaim ó inniu amach  
de mhéadú fá sheacht ar th'onóir,  
ó fháithibh, ó laoich, ó thoinn,  
agus smior na gcnámh crólom.'*

*Labhair Goll go soirbh sámh,  
'Mo thoil uaim féin a bheirim dhaoibh,  
ar a laghad de thíolacthaí nó ar a mhéad,  
is mór an céim ach a fháil ó rí.'*

Seo mar a bhí an sliocht céanna i dtraidisún béil Charna tuairim is  
céad bliain ina dhiaidh sin:

Sin fhéachanns Goll orm  
A' tsúil go gruama,  
Thug leis í go fuaí a chinn,  
Chuir ar a chúmhair amach  
Fad sleagh chráinne na buinne cruínn.

Sin labhrúfonns Fíonn go goineach aireach  
'Ghoill, ná feictear ort-sa goic nó goirig  
'mhic rí cruach na sgéimh dhearg  
Mar méadú fá sheacht ar t'onóir.

Ó tháfach, ó mhuir agus ó thuín  
**Agus smior na gcnámha cró-lúm**

Dar mc bhreithe ráite Goull  
Ar luighead nár mhéid na tíodhlacaí  
Gur mór a céim agus é fháilt ón rí.

[G 10, 29-32; liomsa an cló trom.]

Tá cosúlacht ag an gcur síos thuas as SOO ar na cnámha leis an  
tagairt do 'smior an cholpa cruadhlóm' in *Is dubhach sin a Almhain na*

*bhFiann* thuas agus cé nach luaitear an téarma mír mhuradh in SOO, is furasta a aithne ón bplé thuas gurb í atá á tairiscint ag Fionn mar thíocladadh do Gholl le hOisín a scaoileadh isteach san Fhéinn.<sup>6</sup> Cnámha fia atá i gceist leis an mír mhuradh – 'gach cnáimh fiadha na mbídh smir' (DF XII, r. 51c). Ní hé ámháin, mar sin, gur shíolraigh Oisín ar thaobh na máthar ó fhia de réir SOO, ach bhí dlúthbhaint ag cnámha fia agus an smior iontu le hionad buan a cheadú dó i measc a mhuintire daonna agus na Féinne.

---

<sup>6</sup> 'A Ghoill chaoich na lorgan lom' a thug Conán ar a dheartháir Goll in 'Suirí Fhinn go Críocha Lochlann'. D'fhéadfadh sé gur tagairt fhrithmhagúil don mhír mhuradh atá sa chaint faoi na loirgní loma, féach Ó Briain 1995, 82.

## CAIBIDIL 16: AN FIA — AINMNEACHA

.... *we are all familiar with the mythological assumption that the name is in a very large sense the person: der Name deckt sich mit dem Wesen und ist die Offenbarung des Wesens.* (Mac Cana 1987, 75 agus é ag tagairt do ráiteas de chuid W. Schulze [1907])

Is mar seo a leanas a labhair Fionn agus Oisín le chéile in SOO i ndiaidh d'Oisín Bran a mharú:

A mhic na heilide is tu an truadh  
hlad mo cu futh air laur  
fhir na heledi go fíor  
tuiga ur leig tu í naidh mo mhathar [C, r. 87]  
*'A mhic na heilide, is tú an trua,  
shlad mo chú fút ar lár!'*  
*'A fhir na heilide go fíor,  
tuige ar lig tú í in aghaidh mo mháthar?'*

Is é Fionn 'fear na heilite' agus is é Oisín 'mac na heilte' agus is é an ráiteas thuas as SOO faoi chúla aduain ainmhíoch Oisín an t-aon ráiteas os ard ar feadh m'eolais i ndéantús liteartha de chuid na Nua-Ghaeilge faoin ngaol fola a bhí ag Oisín leis an eilit (féach Caibidil 6). Ní ainmneacha ná cúrsaí sanasaíochta, áfach, is cás le húdar SOO, arae ní dhíorthaíonn sé ainm Oisín ón ainmfhocal 'os'. Ní cosúil gur mhair sanasaíocht bhunaidh an ainm Oisín in Albain ach an oiread, mar atá léirithe i gCaibidil 7, agus cé gur cumadh míniú as an nua ar an ainm thall, níor ligeadh an bhaint a bhí aige leis an bhfia i ndearmad.

Ní móide go mba ghá aird ar leith a tharraingt ar bhunbhrí an ainm Oisín in SOO, arae ní doiligh glacadh leis gur tuigeadh riamh don phobal a raibh spéis acu san Fhiannaíocht go raibh dlúthbhaint ag Oisín leis an bhfia. Más 'mac na heilite' a thug Fionn ar Oisín in SOO, thug sé 'gamhain óg' air san *oblirech* de chuid an 8ú haois a bhfuil plé déanta air i gCaibidil 1. Thug Oisín 'damh críon d'aithle na slúagh' air féin sa laoi 'Agallamh Oisín le Pádraig' (Murphy 1933, 208, rann 17c; An Seabhac 1941, 2, rann 18a). Thuigfeadh an té arbh eol dó bunbhrí an ainm Oisín go bhfuil an tsamhail bheacht seo thar a bheith cumasach. Ní fia óg atá ann a thuilleadh

ach seandamh uaigneach — é ina 'Oisín i ndiaidh na Féianén lorg suntasach a d'fhág an fia ar na Fianna le sonrú go follasach ar ainm Oisín agus, is cosúil, ar ainmneacha corrdhuine eile de chuid na Féinne, go háirithe i measc gaolta Oisín. Ní hé amháin go síolraíonn an t-ainm *Oisín* ó dhíspeagadh an ainmfhocail *oss* 'fia' (*DIL* s.v. oisén (-e)), ach ghlac roinnt scoláirí leis go bhfuil baint ag an bhfocal céanna le hainm a mhic Oscar. Is í Maud Joynt a thiomsaigh an fascúl sin de chuid Fhoclóir an Acadaimh a bhfuil an t-ainm seo *Oscar* luaite ann agus bhí sí idir dhá chomhairle faoi shanasaíocht an ainm (*DIL* s.v. 2 Oscar). Dúirt sí go mb'fhéidir gurb ionann é agus ainmfhocal *oscar* a shainmhínítear mar '(a) *outsider, a newcomer or stranger ...* (b) *a 'lay' or non-professional person; an unskilled or ignorant person ...* (c) *a foe, enemy* (esp. an unknown one or stranger)', nó go mb'fhéidir gur comhfhocal é bunaithe ar *os-car* 'deer-loving'. Glacann leithéidí Joseph Nagy leis an gcéad sainmhíniú (*stranger, outlaw*) thuas, ceann a fheileas go maith don ionramhail atá déanta aige ar théama na díthreibhe san Fhiannaíocht (Nagy 1985, 19; 234). Os a choinne sin, dhíorthaigh Joseph Weisweiler an t-ainm ó *oss* agus chiallaigh sé é mar *hirschliebend* (Weisweiler 1954, 36). Thacaigh an cur amach a bhí aige ar leagan den scéal faoi choimpeart Oisín [*Hirschlein*] leis an iarracht sanasaíochta seo. Dar leis: *Daß dann der Enkel der Hindin und Sohn des 'Hirschleins' den Namen 'Hirschlieb' (Os-car) erhielt, bedarf keiner weiteren Erklärung.* (Weisweiler 1954, 38; féach Birkhan 1970, 452 § 195.3). Tá sé léirithe ar bhonn fóineolaíochta, áfach, ag Jürgen Uhlich, nach féidir *Oscar* a dhíorthú ón bhfocal *oss* (Uhlich 1993, 288-9). Bhí, mar sin féin, an oiread sin ainmneacha ann i dtréimhse na Sean-Ghaeilge a raibh *oss* bisiúil mar réimír iontu — *Names in which oss, 'deer,' is the first element abound.* Meyer 1910, xviii, nóta 3 agus na samplaí a luaitear ann — go mb'fhurasta a shamhlú do na Gaeil ag tráth éigin fadó go raibh baint ag an ainm *Oscar* leis an bhfia.

Tá, mar atá luaite cheana, tréithe áirithe i gcoitinne ag Fionn agus ag a mhac Oisín. D'fhéadfaí a n-ainmneacha agus an bhaint atá acu le focail ar fhia a áireamh ar chuid acu seo. Ba é *Demne* an chéad ainm a tugadh ar Fhionn de réir na dtéacsanna Meán-Ghaeilge *Fotha Catha Cnucha* (LU, l. 3193; Nagy 1984, 99) agus *Macgnímartha Fhind* (Nagy 1984, 210). Muna bhfuil dul amú i gcúrsaí sanasaíochta ar Weisweiler, is ionann ó thaobh na céille de an t-ainm *Demne* agus *Oisín*, arae is éard a deir sé faoin gcéad ainm acu: *Trotzt lautlichen Schwierigkeiten möchten wir in diesem Wort eine Ableitung von dem 'Hirsch' mittels des Diminutivesuffixes -n(i)jo-*

*sehen*. (Weisweiler 1954, 39; maidir leis an iarmhír féach Thurneysen 1946, § 274). Is é Helmut Birkhan, ar feadh m'eolais, an scoláire is deireanaí a thagair don *Jugendname* Demne agus tacaíonn sé leis an an tátal a bhain Weisweiler as an ainm seo (Birkhan 1997, 702).

D'aistrigh Weisweiler na hainmneacha Oisín agus Demne mar *Hirschlein*. Tráthúil go leor, ní hé Demne an t-aon ainm san Fhiannaíocht a fhreagraíos ó thaobh na céille de d'ainm Oisín, mar ar dhuine de na mná a raibh baint chollaí ag Fionn leo de réir *Feis Tighe Chonáin* bhí Damhnat, inghean Raighne Réil. Luaitear í agus an choibhche a d'iarr sí ar Fhionn sa sliocht céanna sa saothar sin a bhfuil tagairt do Bhláthnat inghean Deirg Díanscothaigh, 'leandán ban-tsíoghuidhe' Fhinn (Joynt 1936, 44). Dar le Carl Marstrander ciallaíonn an t-ainm Damnat *little doe* (*DIL* s.v. Damnat). Cumasc den ainmfhocal *dam* agus an iarmhír díspeaghta *-nat* (Thurneysen 1946, § 273) atá san ainm, leathbhreac baineann an ainm *Demne*.

B'fhéidir go sceitheann ainm mná eile fós an dúil a bhí ag Fionn i mbaineannaigh a raibh blas an fhia ag roinnt leo. Ba é a leithscéal in *Feis Tighe Chonáin* nuair a casadh ar seachrán chuig bruíon Chonáin Chinn tSléibhe é gur ag éileamh a iníne ar Chonán a bhí sé. Tugtar *Findearb* nó *Findearbh Fhindchiabhach* uirthi (Joynt 1936, 4; 47). D'fhéadfadh sé gurb í an aidiacht *find* 'fionn' atá i gcéadmhír an chomhfhocail seo agus b'fhéidir gurb é an t-ainmfhocal *ferb* atá sa dara cuid de. Eilit is ciall leis an bhfocal deiridh seo de réir *DIL* (s.v. 1 *ferb*(b) 2, *a female deer, a hind*; féach freisin *DIL* s.v. *ferbóc a doe*). Ach an oiread le Bláí Deirg, máthair Oisín, agus le Muireann iníon Taidhg mhic Nuadhat, a mháthair féin, bhain Findearb leis an aos sí. B'olc leis na Tuatha Dé Danann go raibh sí ar feis leapan le Fionn tharla í a bheith geallta le duine acu féin agus bhain siad díoltas fuilteach as Fionn agus as na Fianna. Ba mhinic a bhíodh ar Fhionn an téilíreacht a íoc as an bplé guagach a bhí aige leis an aos sí (Ó hÓgáin 1988, 137) agus lena gcuid ban.

Ní miste spléachadh a chaitheamh ar roinnt ainmneacha eile a bhfuil toise an fhia ag roinnt leo. Chin Fionn ó *Eltan mac Baíscne meic Nuadat Necht* de réir leagan amháin dá ghinealach (O'Brien 1962, 118a 53)<sup>1</sup>. Is fiú a chur san áireamh go mb'fhéidir gurb é an focal *eilit* móide an iarmhír dhíspeagtha fhirinscneach *-án* atá san ainm seo. Más ea,

---

<sup>1</sup> *Eltaim* atá in Rawl. B 502, ach is é *Eltain* atá in LL, BB; tugann an Brianach tús áite don fhoirm *Eltan* ina innéacs, 611.

threiseodh a leithéid d'ainm le mianach an fhia is léir sna hainmneacha Demne, Oisín agus Oscar.

Maítear i dteideal agus i gcorp an tsaothair *Scél asa mberar co mbad hé Find mac Cumail Mongán, ocus an ní día fil aided Fothaid Airgdig*, scéal a scríobhadh mar atá ráite cheana againn san 8ú nó sa 9ú haois (Murphy 1953, lvi), gurb ionann Fionn agus Mongán mac Fiachna (LU, ll. 10938-98; Meyer 1895, 46-8). Bhí cara ag Mongán a raibh Mac an Daimh mar ainm air. Rugadh ar bheirt acu san oíche chéanna (Meyer 1895, 61). Meabhraíonn an t-ainm seo ainm eile a luaitear i 'Ligi Guill i mMaig Raigni', ceann de na laoithe Fiannaíochtaí is sine a bhfuil fianaise air (LL ll. 28620-964). Thagair Fionn d'éachtaí Ghoill agus do na laochra a mharaigh sé. Ar dhuine de na mairbh tá 'Diarmaid mac in Daim' (LL. l. 28647).

Is foinse luachmhar eolais faoi ghnéithe de bheatha Fhinn é an saothar Nua-Ghaeilge Moiche *Feis Tighe Chonáin*. mMr atá ráite thuas, lig Fionn air gur ag iarraidh cleamhnas a dhéanamh a bhí sé nuair a tháinig sé chuig teach a namhad Conán. Chuir Conán geasa air gach uile cheist a chuirfeadh sé air faoi féin agus faoi na Fianna a fhreagairt. Ba é an chéad cheist a d'fhiafraigh sé de insint dó cén chéad ainm agus dara ainm a tugadh air. Dúirt Fionn gurb é *Glas Dige* (Joynt 1936, l. 149; *Glasdioghuin*, O'Kearney 1855, 128) an chéad ainm a tugadh air agus *Giolla an Chuasáin* an dara ceann. Tugtar *Glais Díge* agus *Giolla an Chuasáin* air i laoi faoina óige in DF freisin ( DF XV, Mac Neill 1908, 33). Bhí an t-ainm *Glasdíce* ar eolas ag Gilla in Choimded sa dara haois déag (LL, l. 18019; Meyer 1910, 46; tá *Glasdíce* na lámhscríbhinne leasaithe thuas go *Glasdíce*, mar atá molta in Murphy 1933, 33). Leagann Gerard Murphy béim ar an mbaint atá ag an ainm seo le cúrsaí uisce ach is doiligh an t-ainm *Glais Díge* a dhealú ó *Glaistig* na hAlban. Tá eachtraí faoi na neacha seo i measc na scéalta béil a bhailigh an tUrr. James MacDougall sa 19ú haois (Calder 1910, 234-69; nóta fúthu, 327). Bhí baint ar leith acu le fianna mar is ríléir ó chrónán Ghlaistig na Beinne Brice 'd'a h-éildean' agus ó ráiteas MacDougall 'gur treud fhiadh a bha ann an treud na Glaistige.' (Calder 1910, 240 agus 254 faoi seach; féach freisin McKay 1932, 152-3). B'fhéidir, mar sin, gur léargas eile é an t-ainm *Glasdíce* ar an mbaint uileghabhálach atá ag Fionn leis an bhfia.

Tugtar *Giolla an Chuasáin* ar Fhionn óg in *Feis Tighe Chonáin* agus in DF XV freisin. Insítear sa laoi gur cheil Bodhmann i gcuas crainn é. Tráthúil go leor cuirtear a bhuime aireach i gcomparáid le fia sa laoi chéanna: 'Tig Bodhmann d'fios in leinimh / mar gach eilit gan éngís' (Mac

Neill 1908, 33, rann 8ab). Insítear in *Feis Tighe Chonáin* gur mharaigh Clanna Morna Bodhmann agus go ndeachaigh Fionn leis go Luachair Deaghaidh agus gan d'éadach air ach 'beart do croicend óglaogh allaidh' (Joynt 1936, ll. 160-1) nó 'ionair do chroiceannaibh fiadh agus fearbóg' (O'Kearney 1855, 130). Tugadh 'Giolla na gCroiceann' air as a los sin (O'Kearney 1855, 130; ní luaitear an t-ainm seo in eagrán Joynt).<sup>2</sup> Cé nach dtugtar Demne ar Fhionn óg sna téacsanna seo, *Feis Tighe Chonáin* agus DF XV, léiríonn na hairmneacha a bhí air agus an chulaith a bhí á caitheamh aige an dlúthcheangal a bhí aige féin leis an bhfia.

Culaith de sheichí fia atá ar Lon mac Líomhtha freisin, an neach aduain údan a bhronn *Mac an Luin* ar Fhionn de réir mar a insítear in 'Laoi na Ceártan', nó 'Duan na Ceardaiche' mar a thugtar air freisin, ceann de na laoi the Fiannaíochta a mhair sa traidisún béil in Éirinn agus in Albain anuas go dtí an céad seo caite. Baisteadh Chaoilte agus an chaoi a bhfuair na Fianna airm shéanta ó Lon mac Líomhtha, 'ollamh gabhonn ag rígh Lochlann' (DF XXXVI, rann 16), is ábhar don laoi. Bhailigh Seosamh Laoide leaganacha de i gCo. Dhún na nGall agus i gCo. Mhuineacháin agus bhí scéal na laoi ar eolas sa traidisiún béil i gCo. an Chláir sa 19ú haois (Murphy 1953, 87). Bailíodh leaganach de in Albain ó lár an 18ú haois i leith (Campbell 1871, 64-8; MacInnes 1987, 108-16). Is é DF XXXVI an leagan scríofa is sine de (Murphy 1933, 2-15). Is é an fáth a bhfuil mé, d'fhéadfadh sé go bhfreagraíonn feisteas an ghabha go maith do bhunchiall a ainm agus dá réir sin d'ainm an chlaímh a bhronn sé ar ar Fhionn.

---

<sup>2</sup> Luann David Bellamy (1986, 120) ina chur síos ar phortaigh na hÉireann sliocht as cuntas faoi chorp fir a fritheadh naoi dtroighe faoin mbarr i bportach i gCo. na Gaillimhe sa bhliain 1821. Bhí ionar de chraiceann fia ar an gcorp:

The face was that of a young man of handsome features and foreign aspect, and his hair which was long and black, hung loosely over his shoulders. He was dressed in a leather tunic which came as far as his knees, with laced thronging in front and tied at the neck by a band of twisted sally rods. The hair of the leather was turned inwards against the skin. On the feet were leather shoes.

Is éard a deir Bellamy faoin bhfrith seo:

An unusual feature of this bog body is the deer-skin tunic. Most bodies found in Irish bogs had woollen garments, and it is conceivable that in this case the body might be early, possibly prehistoric. If only it had been studied *in situ* and in detail, and preserved further for posterity!

B'aisteach go deo an chuma a bhí ar Lon mac Líomhtha nuair a casadh leis na Fianna ar Luachair Deaghaidh é. Bhí sé ar aonchois agus ní raibh ach súil amháin i gclár a éadain. Mheabhraigh míchuma seo Loin an cuntas a thugtar ar an bhfathach de ghabha — *le géant monstrueux, sorte de cyclope unijambiste* — a tháinig chuig na Fianna le cuireadh feille dóibh ó Rí Lochlann in 'Turas Fhinn do Lochlunn' (Campbell 1871, 83-8; Ó Briain 1995, 70-4) do Sjoestedt. Bhraith sí freisin gur mar a chéile ó bhunús Lon mac Líofa, an teachtaire Lochlannach agus *Roc Feis Tighe Chonáin* agus gur bhain siad uilig leis an aos sí (Sjoestedt 1931, 374-5).

Tugtar cuntas ar a fheisteas Loin mar seo a leanas sa laoi:

Léine do chíarsnaith chasda  
ionar *lacht*na is rúadhbrat  
cochall mór ciordhubh cíartha  
do sheiche fhíadha ar a *úachtar*. (DF XXXVI, r. 11)

Thug Fhionn 'a fhir go gculaidh gcroicinn' (rann 15d) air nuair a bheannaigh sé dó. Chuir Lon na Fianna faoi gheasa é a leanacht go dtí an cheárta a bhí aige in Uaimh Chorainn. Caitheadh go maith leis na Fianna ann, baisteadh ainm ar Chaoilte, agus tugadh airm shéanta dóibh. Ar na hairm seo bhí *Mac an Luin*, claíomh Fhinn mhic Cumhaill. Ach an oiread le Deimne ar ligeadh bunbhrí a ainm — damh/fia óg — i ndearmad i bhfad siar, d'fhéadfaidh sé gur tharla a leithéid freisin i gcás an ainm *Lon*.

Déantar talamh slán de gur éan (*lon dubh*, *turdus merula*) atá i gceist sna tagairtí don *lon* san Fhiannaíocht in Éirinn. Ní luaitear ach an míniú *blackbird* leis an bhfocal seo in *DIL* (s.v. 1 *lon*). Tugtar le fios san fhoclóir seo gur dóigh gurb é an focal céanna atá i gceist freisin sa leagan *lon craois* (s.v. 2 *lon*). Is leithne réimse céille an fhocail seo i nGaeilge na hAlban, area ciallaítear *lon* mar *elk*, *moose deer*, *bison*, *buffalo*, *blackbird*, *ouzel* i bhfoclóir Dwelly (1973 s.v. *lon*). Tacaíonn taighde roinnt sanasóirí leis an sainmhíniú Albanach. Dhíorthaigh Julius Pokorney *lon* ó \**el*, an fhréamh chéanna Ind-Eorpaise a sholáthair *eilit* sa Ghaeilge (1959, 304). Glacann Helmut Birkhan leis an tsanasáíocht seo agus luann an t-ainm Gallach *Dasanti Loni* leis freisin (1970, 451 agus 452 faoi seach; níltear chomh cinnte sin, áfach, faoi shanasáíocht *lon* in Malory, Adams 1997, 154).

Tá 'Lon Doire an Chairn' ar cheann de na laoithe is mó a bhfuil eolas agus cion ag pobal léitheoireachta an lae inniu air (An Seabhac 1941, 277-8). Níor chuala Fionn ceol ba bhinne ná 'do ghuth agus tú fá bhun do nid' (rann 1cd). Cé gur léir gur ag tagairt don éan atá Fionn anseo, ní gá



gur éan atá i gceist i gcónaí nuair a thagraítear don lon i dtéacsanna liteartha Fiannaíochta.

Baintear feidhm as íomháineachas an fhia sa suantraí fileata Meán-Ghaeilge a chuirtear in leith Ghráinne íné Chormaic:

Ní chodail in damh so soir  
ní sguiríonn do bhúirfedhaigh  
cía bheith um dhoiribh na lon  
ní fúil'na meannmhuin codladh.

(DF XXXIII, r. 11 [Mac Neill 1908, 84])

Seo mar a d'aistrigh Mac Neill an rann seo, liomsa an cló trom:

This stag eastwards sleepeth not, ceaseth not from bellowing:  
though he be in **the groves of the blackbirds**, it is not in his  
mind to sleep. (Mac Neill 1908, 198; *though he rove around the  
groves of the blackbirds* atá ag Murphy 1956, 165)

Luaitear an lon i logainm i gcomhthéacs an daimh arís in DF V:

Uchán fa hé in cend trúagh  
fa ndendís conart conuall  
damadh an lá ar Leitir Lon  
do geupadh mná dhá folcadh

A thuras go leitir Lon  
turas fa gnáth mór ccosccar con  
dar marbsamair doim donna  
os ur locha Líathroma

(DF V, rann 4-5 [Mac Neill 1908, 14]; técs leasaithe de  
réir Murphy 1953, 15, 431)

Glacann Mac Neill agus Murphy leis gur logainm é Leitir Lon (1908, 111 agus 1953, 403 faoi seach).

Cé go nglactar leis gur éan atá i gceist leis an ainmfhocal *lon* 'i ndoiribh na lon' agus i 'Leitir Lon' sna rainn thuas is suntasach go luaitear an lon in éindí leis an bhfia iontu. Chítear dom féin, áfach, go bhféadfadh sé gur fia atá i gceist sna tagairtí seo agus go bhféadfaí iad a chiallú mar 'dhoirí na bhfiannaí' agus 'Leitir na bhFianna'. Tá samplaí eile ann. Tugtar, mar shampla, *Lúth na Lon* ar cheann de choin na Féinne in 'Fiadhach Fhiann Éireann ar Shliabh Truim' ( DF XXIV, rann 15c; An Seabhac 1941, 124). D'fhéadfadh sé gurb é an t-éan atá i gceist san ainm seo arís — faoi

mar atá duibhe an loin i gceist san ainm *Lí na Lon* atá ar cheann de choinne Féinne in SOO — ach os a choinne sin ní móide gur samhlaíodh luas nó coisíocht éasca riamh leis an lon dubh. Dar liomsa, is é éascaíocht an fhia, tréith atá thar a bheith feiliúnach i gcú seilge, atá i gceist san ainm *Lúth na Lon*.

Soláthraítear fianaise láidir in Feis Tighe Chonáin go raibh an chiall seo 'fia' ag an bhfocal 'lon' tráth. Cíoradh ar an mbaint chasta a bhí ag Fionn le mná atá i roinnt mhaith den saothar seo. Tá Aoife iníon Neoid ar dhuine de na mná sa téacs seo ar chaith Fionn an oíche léi agus, agus ach an oiread le mná eile a rinne amhlaidh, d'iarr sí aisce mhaidine air:

... as í aiscidh do iarr orm, lon d ā raibhe 'sa doire choilleadh lamuidh don uhaile a c[h]ur as a doire amach, 7 coimhrith fris 7 a ghab[h]áil 7 a thabairt beō dī féin. Agus do ghluais misi fōn doire ann sin, 7 do dhūiscighius an lon 7 do reathus ris 7 do ghabhus é 7 tucus d'Aoife é; 7 arna thabhairt dī, as eadh adubhairt: 'Geasa nach fuilngit fīorlaoch ort, a Find,' ar sī, 'muna reathair risan lon-sa a gciond gacha bliadhna; 7 an bhliadhan rac[h]us sē dī ot gan breith air, do bhās 7 h'oigheadh [do] theacht an bhliadhain sin' (Joynt 1936, ll. 1431-41)

Tagraítear arís sa téacs seo do na geasa seo a bhí ar Fhionn i rann i laoi a fhágtar air:

Comrith re lon Leithreac[h] Nē id  
don ī m d'Aoife, d āil gan brē ig,  
nō go rom s āruighe in lon  
nō co tteagar rem' shaogul. (ll., 1513-6)

Ní móide gur coimhlint bheatha nó bháis le héinín beag dubh atá i coimhlint Fhinn leis an lon sa dá shliocht thuas. Chaillí Fionn an bhliain nach bhfaigheadh sé an ceann is fearr ar an ainmhí scioptha seo. Déarfainn, má tá bonn bailí faoin tsanasaíocht atá luaite thuas agam agus más féidir dul ina muintín, gur fia atá i gceist anseo agus faoi gur fia an chéadfhiach a rinne Fionn de réir Ghilla in Chomded (Meyer 1910, 48 rann 16), d'fhéadfaí a mhaíomh gur coimhlint le fia an gníomh deiridh a bhí i ndán dó freisin.

Ar chuid de na cosúlachtaí atá ag beatha Oisín le beatha Fhinn tá an bhaint mhór atá acu araon le fianna. Tá freisin coimhlint le lon, sa chás seo

coimhlint Oisín le lon dubh mór millteach. Pléitear 'Seilg Dheireanach Oisín', scéal na coimhlinte seo, agus eachtra a bhí ar eolas ar dhá thaobh de Shruth na Maoile, i gCaibidil 21, agus cé gur follas gur thuig seachadóirí na tíre seo gur éan mór atá i gceist san eachtra seo, glacann roinnt scoláirí Albanacha leis gur fia a bhí i lon dubh an scéil seo. D'aistrigh roinnt acu seo an t-ainm mar *black elk* (J. F. Campbell 1890, 118-20; J. G. Campbell 1891, 82-5). Tacaíonn sainmhíniú thuasluaite Dwelly agus sanasaíocht thuasluaite Pokorný lena dtuiscint ar chiall an fhocail seo.

Fágann údarás na sanasaíochta agus fianaise Ghaeilge na hAlban ar ár gcumas a áiteamh gur féidir an chiall fia a bhaint as an bhfocal 'lon'. Braithim go léiríonn fianaise na Fiannaíochta go raibh an chiall chéanna ag an bhfocal abhus tráth dá raibh agus go léiríonn sé cuid den tionchar mór a bhí ag an ainmhí seo ar shaol Fhinn agus a mhic. Ní hé amháin go dtugtar fia óg (*Demne*) ar an athair ach ainm den chineál céanna atá ar an mac (*Oisín*). Leagann feisteas an athar, an chulaith de sheiche fia, agus go fiú amháin *Mac an Luin*, an claíomh cáiliúil a bhí aige, béim ar an mbaint mhór a bhí aige, ach an oiread lena mhac, leis an bhfia. Ach ní leor a luití bhíodar le fia-ainmneacha le húdar choimpeart scannalach Oisín a mhíniú?

## CAIBIOL 17: FEIOBM AN FIA

*Glend Rois enaig bid fir dam  
bid bind guth cluic ann nach than,  
gé beth fó damaib ruada  
robsat ili a ardbuada.*

(Stokes 1900, ll. 2411-1)

Sin mar a chuir Fionn mac Cumhaill tús le tairngreacht faoi theacht Chaoimhín go Gleann Rois Eanaigh (Gleann Dá Locha) blianta fada ina dhiaidh féin (féach freisin Ní Shéaghdha 1942b, 70; agus Plummer 1922, 125; 131). Gnáthóg fianna a bhí i nGleann Rois Eanaigh nuair ba láthair iargúlta é sula bhfuair an Eaglais agus an tsibhialtacht araon an lámh in uachtar ann. Bhain an fia leis na diamhra nach raibh fós faoi chuing an chloig agus na rialtacha agus mhair an fia agus Fianna Fhinn mhic Cumhaill ar scáth a chéile sa timpeallacht chéanna.

D'inis na seanóirí in AS faoin gcaoi ar roinn Tuathal agus Fiacha, beirt mhac le Fearadhach Fionneachtnach (Feradach Findfechnach), Rí Éireann, Éire eatarthu i ndiaidh bhás a n-athar. Tugann an scéal seo léargas ar fónamh dúinn ar an idirdhealú idir an tsibhialtacht agus an fiántas atá i gceist san Fhiannaíocht. Is leis an tsibhialtacht na beithígh agus is le diamhra agus droibhéil na tíre an fia. Fuair Tuathal

'a seóid, i maoine, a hionnmhusa, a bruit, a buar, a bō-tháinte, a failcche, a fornasca, a dúinte, a diongna, 7 a deagh-fhearoinn' agus tugadh 'a halla, a hinbheara, a meas, a mur-chuirthe, a haibhne, a hēiccneadha, a tuirc, a trén-fhiadhach, a hellte, 7 a hócc-dhamhradh' d'Fhiacha (Ní Shéaghdha 1942b, 74).

Nuair a bhraith lucht éisteachta na seanóirí nach roinnt chothrom í, gur tugadh 'a fleadha, a toirthe, a tigheadhas, a maóine, 7 a maitheasa do thaobh' amháin agus 'a feadha, a fásoighe, a sealcc, 7 a sáor-fhíadhach don taobh oile' dúirt Oisín leo gurb í 'an roinn is táire libh dhíobh súd dob fharr linne do bheith accuinn' (Ní Shéaghdha 1942b, 74-5). Ní haon iontas mar sin gur siombail é an fia don limistéar sin den tír ar mhair na Fianna ann.

Ach bhí toise eile thairis sin ag an bhfia. Bhí dlúthbhaint ag an ainmhí seo leis na Tuatha Dé Dannan agus leis an aos sí. Maítear i ndán a fhágtar ar Fhionntan mac Bóchna gur thug na Tuatha Dé Danann an chéad cheann acu riamh go hÉirinn leo (O'Grady 1926, 640). Mhair tuiscint den chineál seo faoin bhfia i bhfad. 'B'ann do na síthichean a bhuineadh na féidh' a deirtí in Albain (MacDougall 1910, 202). Seachadadh i bhfad níos mó seanchais faoin bhfia in Albain ná in Éirinn ar na saolta deireannacha seo agus bhí dlúthbhaint ag an nGlaistig, baineannach síúil atá luaite cheana againn, leo (MacDougall 1910, 234-69; Ellis Davidson agus Chaudhri 1993, 151-4). Mar atá ráite sa chaibidil roimhe seo, tréad fianna a bhí i dtréad na Glaistige (MacDougall 1910, 254).

Tréad fianna dá leithéid freisin a bhí i mBuar Flidais, 'beithúgh Fhliodhais'. De réir na nginealach, ba í Flidais Foltchaín, *diambtar bée elti* ['a raibh eilití mar bha aici'] (O'Brien 192, 362), máthair Nia-Segamain na nEoghanacht. Luaitear Nia-Segamain in *Cóir Anmann* (Stokes 1897, 294) agus in *An Leabhar Muimhneach* (Ó Donnchadha 1940, 46). Deirtear sna foinsí seo go mblití *diabulbuar*, ba agus eilití, lena linn agus tuairiscítear i rann iontu 'is dó robdar eillti ba'. Is éard a deir an Céitinneach faoi go dtigidís 'na heillte allta do thabhairt lachta go ceansa amhail gach boin oile 'n-a ré i nÉirinn tré dhraoidheacht a mháthar dar bh'ainm Fliodhais' (Dinneen 1908, 178).

Phléigh Thurneysen Flidais agus a hainm ina thráchttaireacht ar *Tháin Bó Flidais*, ceann de réamhscéalta na Tána (1921, 317-8). Ghlac sé leis gur ainm fileata ar an bhfia atá sa leagan *Buar Flidais* agus chonacthas dó gurb é an focal *oss* 'fia' a bhí sa dara cuid d'ainm Fidais. Bhí baint; dar leis, ag an mbandia seo le coillte.<sup>1</sup> Thug Sjoestedt *woodland deity* uirthi ina plé uirthi (1994, 36-7) agus chuir Ross i gcomparáid le Diana í, bandia agus fiagáí i miotaseolaíocht na Róimhe (1974, 277; 295).

Tagraítear do Diana agus d'eilit bhán sa chuntas a scríobh Plutarch (c.46-c.120 AD) ar bheatha Quintus Sertorius (123-72 RCh). Saighdiúir Rómhánach a bhí in Sertorius agus bhí sé ina ghobharnóir ar cheann de chúigí na Spáinne go dtí gur éirigh sé amach i gcoinne na Róimhe sa bhliain 80 R.Ch. Dar le Plutarch thug Sertorius le tuiscint dá lucht leanúna

---

<sup>1</sup> Tráthúil go leor áirítear Bé Chuille ['Bean Choille'] ar cheann dá hiníonacha in *Lebor Gabála Éirenn* (LL, l. 1116). Is é an bunús céanna atá ag an bhfocal SG *bé* agus ag an bhfocal SG *ben* (> bean), féach McCone 1994, 100, §14.2.

sochreidte go raibh baint ag eilit bhán a bhí aige leis an mbandia Diana/Artemis.<sup>2</sup>

Spanus, a plebeian, who lived in the country, came upon a doe which had newly yeaned and was trying to escape the hunters. The mother he could not overtake, but the fawn — and he was struck with its unusual colour, for it was entirely white — he pursued and caught. And since, as it chanced, Sertorius had taken up his quarters in that region, and gladly received everything in the way of game or produce that was brought him as a gift, and made kindly returns to those who did him such favours, Spanus brought the fawn and gave it to him. Sertorius accepted it, and at the moment felt only the ordinary pleasure in a gift; but in time, after he had made the animal so tame and gentle that it obeyed his call, accompanied him on his walks, and did not mind the crowds and all the uproar of camp life, he gradually tried to give the doe a religious importance by declaring that she was a gift of Diana, and solemnly alleged that she revealed many hidden things to him, knowing that the Barbarians were naturally an easy prey to superstition. He also added such devices as these. Whenever he had secret intelligence that the enemy had made an incursion into the territory which he commanded, or were trying to bring a city to revolt from him, he would pretend that the doe had conversed with him in his dreams, bidding him hold his forces in readiness. Again, when he got tidings of some victory won by his generals, he would hide the messenger, and bring forth the doe wearing garlands for the receipt of glad tidings, exhorting his men to be of good cheer and to sacrifice to the gods, assured that they were to learn of some good fortune. (Perrin, 29-31; féach freisin, 55)

Níl d'fhianaise againn ar na cúrsaí seo ach tuairisc lom loighiciúil an Ghéagaigh Plutarch a scríobh an cuntas seo tuairim is céad bliain ina ndiaidh ré Sertorius. Fiú munar chreid Sertorius féin go raibh baint ag an eilit bhán leis an mbandia is léir gur ghlac a lucht leanúna, ar Cheiltigh go leor acu, leis gur idirghabhálaí é an t-ainmhí seo idir an duine agus an bandia Diana. Tugann dath bán an ainmhí le fios gur eilit neamhshaolta í.

---

<sup>2</sup> Mar adeir Marija Gimbutas: *As an animal sacred to Artemis and Diana, the doe continued to be sculptured in ancient Greece and Rome* (1982, 172). Freagraíonn Artemis na nGréagach do Diana na Rómhánach. Artemis atá sa téacs ag Plutarch, de bhrí gur scríobh sé i nGréigis. Mar atá luaite cheana agam i gCaibidil 9, fonóta 1, más fíor do thuairisc Arrian, d'íobríodh Ceiltigh na Gaille ainmhithe d'Artemis le cead fiaigh a fháil uaithe.

Sainíonn dath neamhghnách an fia neamhshaolta i dtraidisiúin scríofa agus bhéil na nGael freisin. Tuairiscítear, mar shampla, in *Tóruigheacht na Heilite le Cú Chuilinn agus Oillioll Fionn*, scéal Rúraíochta a mheastar a cumadh sa 17ú haois, gur dhúisigh na hUltaigh eilit mhaol agus go mba 'ghile an taoibh deas di nō an eala air na folcadh a dtonnaibh na bō chna, agus budh duibhe nō guail gobhann air n-a bhāthamh anna bhfuair-uisce an taobh ele di' (Ní Mhuirgheasa agus Ó Ceithearnaigh 1952, 3; féach freisin, 11, 26). Chinn ar na hUltaigh í a cheapadh agus insíodh dóibh gur deirfiúr í d'Fhathach an Locha. Bhí sí in ann 'a rogha crotha agus deilbh do ghlacadh' agus tharla sí leo 'a bhfí oghur eilit' (15). Is fiú dúinn a mheabhrú sa chomhthéacs seo go dtugtar *Cruithgheal ingean Deirg* ar mháthair Oisín in DF XLVI 2 cd, laoi ghearr atá pléite cheana againn i gCaibidil 3. Nochtar an tuairim sa bhall sin go mb'fhéidir gur fáisceadh an t-ainm chomhshuite *Cruithgheal* (*cruth* agus *geal*) as an gcur síos ar an gcuma gheal a d'fhéadfadh a bheith ar mháthair Oisín agus í i riocht fia.

Eilit bhán ba chionsiocair le bás Bhrain de réir roinnt leaganacha de scéal a tháinig anuas chugainn faoi sa traidisiún béil [G 41; Cl 9; ME 25 (giorria bán)]. Tugann an sliocht seo a leanas as leagan amháin den scéal seo a phéitear i gCaibidil 11 léargas dúinn ar an mbaint a bhí ag an eilit bhán lena bhás:

Ní raibh siad [ .i. na Fianna ] i bhfad ag fiach gur dhúisigh siad eilit bhán. Do lean Bran é ach ní raibh sé in ann teacht suas leis an eilit bhán. Do lean Fionn iad. Ghlaigh sé ar Bhran mar bhí a fhios aige nárbh eilit nádúrtha an eilit úd. Níor airigh Bran an glao ná a fhead agus lean sé ar a thóir. Do léim an eilit isteach ins an loch agus lean Bran é agus ar an bpointe boise a raibh Bran istigh sa loch chuaigh sí síos faoin uisce agus d'fhan sí ann ó shin. [G 41]

Bhí eilit bhán nó *agh bán* ag Glaistig na hAlban freisin (MacDougall 1910, 238). Tharraing Hilda Ellis Davidson agus Anna Chaudhri aird ar chosúlachtaí atá ag cuid den ábhar faoi Ghlaistig na hAlban agus an lucht fiaigh thall le scéalta sealgaireachta ó Shléibhte Cugáis in alt dar teideal 'The Hair and the Dog' (Chaudri agus Davidson 1993). Phléigh Chaudri tuilleadh gnéithe den seanchas sealgaireachta ó Sléibhte Cugáis freisin aisti féin in alt comhlántach (Chaudri 1996). Tugann roinnt mhaith dá ndéantar trácht air sna hailt seo leide dúinn ar an gcaoi a bhféadfaí caidreamh colúil an fhiagaí le bandia i riocht ainmhí a shamhlú agus,

b'fhéidir gur féidir leas a bhaint as na traidisiúin sealgaireachta a scrúdaítear iontu le meabhair éigin a bhaint as an gcaidreamh a bhí ag Fionn leis an bhfia ba mháthair d'Oisín, mar, ar ndóigh, de réir SOO ba ag seilg a bhí Fionn nuair a casadh an fia dó.

Bhí idir dhéithe agus bhandéithe ann a raibh cúram na n-ainmhithe fiáine leagtha orthu sna Sléibhte Cugáis (Chaudhri 1996, 169). Ba their leis an bhfiagaí ainmhí, bán fiáin ar bith a mharú, arae ba chosantóirí an tréada a leithéid d'ainmhí agus baint ar leith aige le déithe cumhdaithe na n-ainmhithe. *The Chechen deity Elta would sometimes transform himself into a white deer and protect the herd in this form*, a deir Davidson agus Chaudhri (1993, 156). B'ionann bandia an fhiaigh agus bantiarna na n-ainmhithe agus is éard a deir Davidson agus Chaudhri agus iad i muinín saothar taighde a rinne E. B. Virsaladze, eitneolaí Georgach, ar thraidisiúin sealgaireachta Shléibhte Cugais: *From Virsaladz'es work it becomes apparent that the figure of the hunting goddess, the mistress of the beasts, was one of the oldest and most powerful types of hunting deity in the Caucasus.* (1993, 156) Bean álainn a bhí inti seo a bhí in ann í féin a dhealbhú i riocht duine nó ainmhí ar bith. Ach an oiread le Fliodhais na hÉireann, bhlíodh sí eilití agus ní fhéadfaí ceann ar bith dá heallach fiáin a mharú gan cead a fháil uaithi roimh ré. Thug na Svain, pobal Svanetia, Dali ar an mbandia seo agus is éard a deir Davidson agus Chaudhri fúithi: *One of the favourite manifestations of Dali was a white hind and in this guise she would often lure a hapless hunter to his doom.* (1993, 157) Creideadh freisin go bhféadfadh caidreamh collaí a bheith ag an mbandia leis an bhfiagaí óg agus bhí parúl ar an bhfear gan smid a rá faoi na cúrsaí seo agus bhí geis air gan aon bhaint a bheith aige le bean dhaonna. Bheadh rath air ag fiach dá gcomhlíonadh sé na coinníollacha seo, ach muna ndéanfadh sé amhlaidh bheadh a chonách sin air (Chaudhri 1996, 170). Fearacht aos sí na hÉireann, a raibh dea-thoradh agus drochthoradh ar an gcumarsáid a bhí acu le Fionn agus le Fianna Éireann, bhí cumarsáid bhantiarna na n-ainmhithe leis an bhfiagaí débhríoch. Gineadh laoch cáiliúil as a n-aontú freisin:

The love of Dali for the hunter forms the background to the Svan versions of the legend of the birth of Amiran, the famous hunting hero of Georgian folktale. Virsaladze also indicates the presence of the hunting goddess in versions of this legend from other regions of Georgia, outside Svanetia. In many versions of the legend the goddess dies and the baby hero is cut from the



womb and taken away by the huntsman 'father'. According to a few other versions, however, it is the hunter who dies as a result of his encounter with the goddess and his rôle as 'father' of the baby hero is insignificant or non-existent.

(Ellis Davidson agus Chaudhri 1993, 157-8)

Fáisceadh na scéalta seo faoi bhantiarna na n-ainmhithe as cineál saoil a raibh tábhacht eacnamúil ann le sealgaireacht agus fiú nuair a chuaigh an fiach i léig mhair na scéalta:

Long after the hunt had lost its economic significance as a basic means of subsistence, beliefs and practices connected with the cult of the different hunting deities were still well preserved among the mountain-dwelling peoples of the Caucasus.

(Ellis Davidson agus Chaudhri 1993, 156)

Bhí dlúthbhaint ag cúrsaí sealgaireachta le saol na Féinne abhus in Éirinn mar is léir ón bplé ar na cúrsaí seo i gCaibidilí 9-11 thuas. Bhí dúshraith láidir pháganach faoin bhFiannaíocht, ach chuir gnéithe míthaitneamhacha na díbheirge a bhain leis an bhfiannas gráin ar aos léinn na heaglaise agus ba é seo ba chúis roinnt mhaith leis an easpa forbartha a bhí ar an bhFiannaíocht sa traidisiún scríofa ar feadh i bhfad (Sharpe 1979; Mac Cana 1987, 95-9; McCone 1990, 218-27). Is dóigh gur iarsma den phágantacht í an íobairt le *sén sealga/conách sealga* a fháil a bhfuil cur síos uirthi in AB agus AS2 (féach Caibidil 9, fonóta 1). Is féidir, sílim, coimpeart Oisín a áireamh freisin mar iarsma páganach a mhair sa seanchas nuair a bhí an bhunfheidhm agus an bhunchiall a bhain leis ligthe i ndearmad le fada.

Ní móide gur féidir linn na bearnaí ar fad inár gcuid eolais faoi bhuntuisicintí na ndaoine a chruthaigh an t-ábhar an chéad lá riamh faoi choimpeart mhínádúrtha Oisín a thógáil go brách. Dá mhaolscríobaí bhriste í ár dtuisicint ar an gcoimpeart seo, tig linn glacadh leis nach bhfuil san fhianaise is sine dá bhfuil againn faoi na cúinsí a bhaint le tuismeadh — an giota banseanchais faoina mháthair in LL — ach réaladh deireanach i gculaith bhuan mheadarachta ar ábhar a bhí fréamhaithe go domhain i ndúrabhán na Fiannaíochta agus, ar ghualainn na gcosúlachtaí atá ag coimpeart Oisín le coimpeart Epona agus leis an ábhar faoi Sigurðr agus Telephos, níos sine ná sin fiú. Ar na ceisteanna a chaithfear a chur ach nách féidir a fhreagairt, dar liom, tá cé acu is sine an t-ainm *Oisín* nó an eachtra choimpeartha is bun leis an ainm? Ar cumadh an scéal le míniú

lom infheidhme a sholáthar ar an ainm, nó ar fáisceadh an t-ainm as leagan den choimpeart mhiotasúil ar athair + máthair ina hainmhí > gin dhaonna a shainphatrúin ar leibhéal na hinsinte? Agus fiú más forbairt thánaisteach é an scéal coimpeartha san Fhiannaíocht, agus ní gá gurb é, cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith lena leithéid de scéal?

Ní móide, arís, gur féidir freagra sásúil a thabhairt ar an gceist deiridh, ach mar sin, féin is fiú a chur sa áireamh go mb'fhéidir go raibh toise flaithiúnais leis an mbaint a bhí ag Fionn leis an bhfia ó thús. B'fhéidir, sa chomhthéacs seo, gur eochair í Epona arb ionann pátrún a coimpeartha agus patrún coimpeartha Oisín. Mar a shonraítear sa phlé i gCaibidil 14 faoin tuairisc scigmhagúil [Pseudo-]Plutarch faoina coimpeart, ba í bandia an eachra í. D'fhág an bhaint seo le graí lorg ar a hainm, arae is í an fhréamh chéanna Cheiltise a sholáthair 'each' [SG ech] na Gaeilge agus \*Epo- a hainm (Birkhan 1970, 391-2). Ní haon iontas é go mbeadh mianach an chapail sa bhandia a raibh curaim an ainmhí shárluachmhair uirthi. Seo mar chuir Miranda Green síos ar thábhacht an chapail sa tsochaí Cheilteach ar an Mór-roinn:

Thus, in Gaul, the horse was important in religion, war, and the economy. Horses were essential for traction and transport and were accordingly valued by Celtic cavalry. The high status of this animal is reflected in its association with a number of high gods: we know of a Celtic equestrian warrior-god and, more especially, a Celtic sun- and sky-god who frequently rode horses (Chapter 4). Indeed, the cults of Epona and the Celtic sky-horseman may have been linked, in that the distribution of their respective images coincides in eastern Gaul and the Rhineland. Even before the Roman period, the solar character of the horse is indicated by the recurrent association of images on the Celtic coins of Gaul and Britain. (1989, 23)

Is fiú a bhfuil le rá ag Green maidir le tábhacht Epona a lua freisin. Bhain sí earraíocht as taighde le K. Linduff agus L. S. Oaks sa sliocht seo:<sup>3</sup>

Linduff and Oaks both stress the importance of the cavalry in the rise of the Epona-cult ... The mounted units of the Roman army were primarily Gauls, then Germans. Linduff would see

<sup>3</sup> Luaite aici ina bibleografaíocht (1989, 267) mar: Linduff, K., 'Epona: a Celt among the Romans', *Collection Latomus*, vol. 38, fasc. 4, 1979, pp. 817-37; Oaks, L. S., 'The Goddess Epona: concepts of sovereignty in a changing landscape', in M. Henig and A. King (eds), *Pagan Gods and Shrines of the Roman Empire*, Oxford, University Committee for Archaeology, 1986, pp. 77-84.

the horse imagery attached to the cult of Epona as crucial in attracting cavalymen to her worship ... Certainly the worship of a horse-deity is appropriate for cavalry: the power, skill, and speed of their mounts was essential to their safety, and Epona may well have acted as a protectress of Celtic cavalry and their horses. Oaks has suggested that Epona may have achieved prominence because free Celtic horsemen or *equites* were the elite of Gaulish society and because kings were traditionally chosen from this class of knights. Sovereignty involved the keeping of peace within the tribe using cavalry to ensure the stability of the tribal frontiers so that fields might be tended and yield fruitful crops. Thus Epona would have a place in the Celtic pantheon as a goddess of high status and fertility. (1989, 23-4)

Ach an oiread le Ceiltigh na Mór-roinne (Birkhan 1970, 391-2), d'fhág stádas ard an chapail lorg ar ainmneacha daoine in Éirinn (O'Brien 1973, 225; Ó Briain 1991, 110; 1994, 484). Bhain an-tábhacht leis an gcapall in Éirinn freisin sa seanreacht, mar is léir ó phlé breá Fergus Kelly uirthi in *Early Irish Farming* (1997, 88-101). Bhí sí fite fuaite le siombalachas na pagántachta agus b'ionchollú fhlaithneas agus torthúlacht na dúiche agus na tíre í dar leis na Ceiltigh (O'Rahilly 1946, 290-4). Tugann tábhacht agus ról an chapail i saol laethúil agus i ndeasghnátha na nGael sa seanreacht leide dúinn freisin faoin tábhacht agus faoin bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfia i gcoimpeart Oisín agus san Fhiannaíocht fré chéile.

Freagraíonn tábhacht an chapail i gcóras an Fhéineachais agus na n-uaisle do thábhacht an fhia i gcóras na Féinne. Bhain an capall le stádas agus le gradam shaol rialta na tuaithe. Níorbh amhlaidh don fhia. Ach an oiread leis na Fianna a roghnaigh an dúiche thairseachúil ar imeall an tsaoil seo agus an tsaoil thall mar ionad cónaithe agus seilge dóibh féin, mhair na fianna sna diamhra agus sna droibhéil chéanna ar fud na tíre. Is geall le seamsán anois é ag scoláirí shaoithiúlacht na gCeilteach bainiseacha ríoga damhnaí rí lena dtuatha agus cúrsaí flaitiúnais fré chéile (Henry 1978, 14-23; McCone 1990, 109-17). Ach má bhí ar ábhair rí réiteach a dhéanamh le bé an fhlaithiúnais le teacht in inmhe ina thuath, ní doiligh a shamhlú go mb'éigean don té ar teannach leis cead fiaigh agus fáitill a bheith aige sna coillte agus sna fásaigh plé le neach baineann éigin — bé choille nó bantiarna na n-ainmhithe i riocht bhé an fhlaithiúnais — a raibh an cumas sin aice a leithéid de chead a dheonú. B'fhéidir go bhfreagraíonn an lánúin aduain, Fionn agus Bláí/Fionn agus an fia, don lánúin flaithe agus bé an fhlaithiúnais.

Is fiú a mheabhrú freisin go raibh baint mhór ag cúrsaí claochlaithe le suirí shiombalach na lánúine i mbainis ríoga. Claochlaítear an chailleach ghránna ina spéirbhean nuair a theagmhaíos an té ar dual dó í léi. Feidhmíonn an fia ina léithéid de chomhthéacs flaithiúnais (Ó Briain 1994, 484). Ba é Lugaid Laígde sinsear Chorca Laígde agus díorthaíodh an buafhocal *Laígde* ón bhfocal *laogh allta*, a chiallaíos 'oisín'. Tá leaganacha den scéal flaithiúnais seo in *Cóir Anmann* (Stokes 1897, 316-23) agus i laoi dinnseanchais (Gwynn, 1924, 134-43; nótaí, 409-12). Feidhmíonn an lao draíochta mar réamtheachtaí bhé an fhlaithiúnais iontu. Mharaigh Lugaid Laígde an lao agus ina dhiaidh sin casadh é féin agus a dheartháireacha isteach i dteach a raibh cailleach ghránna ann (*Cóir Anmann*), sin nó casadh an chailleach isteach sa teach a raibh siad ann (*Dinnseanchas*). Dhiúltaigh na deartháireacha uilig, cés moite de Lugaid Laígde, dul sa leaba léi. Chuaigh Lugaid Laígde sa leaba léi agus chlaochlaigh a cuma agus rinneadh bean álainn di:

'Maith do *thurus*', or sí. 'Missi in *flaithius*, 7 gébthar rige nÉrenn úait.' (Stokes 1897, 320)

Ní cairdeas colúil sliasta amháin atá i gceist i dteagmháil áilfiosach Fhinn leis an eilit, nó le Bláf i riocht eilite. Braithim gur eascair an scéal faoi choimpeart Oisín as seanchuimhní ar bhainis shiombalach an ríghfhéinní le bean i riocht heilite a bhí ina hionadaí ar fhlaithéas na Féinne — an fiántas a roinn an fia agus an féinní eatarthu. Ba í seo Bantiarna na nAinmhithe faoi ghné na heilite. Thuill Fionn an ríghfhéinníocht de bharr na bainise seo agus inchollaíodh dúchas fiannach an athar agus dúchach fiaúil na máthar in Oisín, oidhre na teagmhála sin.

## CAIBIDIL 18: OISÍN NA LAOITHE

'Beir mo bheannacht, a Oisín,  
Is binn linn do scéala.'

(Laoidh Catha Gabhra', An Seabhac 1941, 200)

### OISÍN AGUS PÁDRAIG

Is oidhre é an reacaire Oisín in SOO ar an múnú a rinneadh ar a phearsa i gcointeanóid na Fiannaíochta — sna traidisiúin liteartha agus bhéil — in imeacht breis agus míle bliain. Baineann tábhacht ar leith leis na leaganacha éagsúla de *Acallam na Senórach* i bhforbairt ról Oisín, mar is iontu a poiblíodh é féin agus Caoilte mar idirghabhálaithe idir dhá ré — ré na Féinne a bhí agus ré Phádraig, an Táilgeann, atá ann. Ach mar a léirítear i gCaibidil 1, ní aireagán bunaidh de chuid AS é feidhm seo an tseanchaí a luaitear leo. Cuireadh Oisín agus Caoilte agus go deimhin, Fionn i láthair mar sheanfhinneithe cheana féin ar shaol a bhí caite i roinnt téacsanna a cumadh aga maith sular cuireadh an leagan is sine dá bhfuil againn de AS le chéile thart ar dheireadh an 12ú haois. Ní fhreagraíonn an láimhseáil a dhéantar ar na seanóirí in AS go baileach, ach an oiread, dá bhfuil ar eolas againn fúthu ó thraidisiún na laoithe.

Is ceann de shaintréithe suntasacha Oisín sna laoithe agus sa traidisiún béil go raibh sé ina dhall (mar shampla, DF V, r. 22; XX, rr. 107-8; An Seabhac 1941, 11; 21, gan ach roinnt bheag samplaí a lua). Is féidir daille seo Oisín a rianú siar sa litríocht roimh an leagan is sine de AS. Tugann reacaire na laoi dar tús *Oenach indiu luid in rí* Guaire Dall air féin faoi dhó (LL, ll. 29089-300; tagairtí do Ghuaire Dall, ll. 29092-3). Deir sé, sa chéad rann, go ndeachaigh an rí go hAonach Life (Óenach Life) agus gurb aoibhinn do gach aon a théas ann munarb ionann agus Guaire Dall. Is follas nach raibh sé féin in ann dul ann. Ní thugtaí Guair Dall air, a deir sé sa dara rann, nuair a chuardar go tigh Fhiacha (mhic Eogain) os Badammair agus leanann sé air ag insint scéil faoi eachtra a bhain do na Fianna. Is léir ó fhianaise inmheánach na laoi gurb é Oisín an reacaire agus gurb ionann é agus Guaire Dall (féach LL, l. 29155 agus Murphy 1953, 29, nóta ar 44a). Luaigh Murphy dáta cumtha ag tús an 12ú haois leis an laoi,

rud a fhágas go bhfuil sé níos sine ná AS (1953, 25).<sup>1</sup> Dealáíonn daille Oisín traidisiún na laoihe ó thraidisiún AS, arae níl sé ina dhall in AS1. Ní fhéidir glacadh leis, ach an oiread, gur cuid dá thréithe í an daille in AS2 mar nach luaitear í ach amháin sa réamhrá a cuireadh leis an leagan de 'Oenach indiu luid in rí' atá ann (Ní Shéaghdha 1942a, 172).<sup>2</sup>

Is daoine sochma laethúla iad Caoilte agus Oisín ina bplé le Pádraig in AS, ach is minic stuaic agus cantal ar Oisín na laoihe agus is é Oisín na laoihe atá in SOO. Tugtar spléachadh luath ar dhodaireacht Oisín sa chuid deiridh de DF XXIII, laoi fhada nach bhfuil mórán níos óige ná AS. Luaigh Murphy dáta cumtha thart ar 1300 leis (Murphy 1953, 55). Tar éis dó cuntas fada a thabhairt do Phádraig ar eachtraí na Féinne sa Sorcha, ba theannach leis an naomh go nglacfadh Oisín leis an gcreideamh. Spreag achainí seo Phádraig díospóireacht idir é féin agus an seanóir a bhfuil an cur síos seo a leanas déanta ag Murphy air:

The dialogue between Patrick and Oisín which concludes this poem shows the literary Ossianic legend at an interesting stage of its development. In *Acallam na Senórach*, Caoilte and Oisín are idealized representatives of pagandom, while Patrick listens with sympathy and interest to their tales. There is no conflict between the heroes and the saint, their relations being those of mutual understanding and goodwill. In this poem, on the side of Oisín there is discontent, and he already tends to conform to the semi-burlesque mould which is forced upon him in later lays. Patrick still retains the dignified and genial bearing that was his in the *Acallam* ... (Murphy 1953, 56)

---

<sup>1</sup> Bhí fonn air an dátaíocht seo a athrú roinnt bheag ina dhiaidh sin le réiteach leis an teoiric a bhí aige faoi thionchar fhás na mbailéad in Iarthar na hEorpa ar theacht chun cinn *genre* na laoihe sa Ghaeilge in Éirinn (Murphy 1971, 20).

<sup>2</sup> Shíl Meyer gurb ionann Oisín agus an Guaire Goll a luaitear i ndán dinnseanchais le Máel Muru Othna (+887) (1910, xxi), ach is cosúil go raibh Murphy idir dhá chomhairle faoin ionannú seo. Agus é an trácht ar an ainm Guaire Dall in 'Áonach so a Moigh Eala' (DF XIII — leagan de 'Oenach indiu luid in rí'), déanann sé tagairt sna nótaí don *variant form Guaire Goll*, ach is éard a deir sé faoin ionannú seo ina phlé ar an gcuid is sine den Fhiannaíocht sa réamhrá le *Duanaire Finn*, III: *A Guaire Goll is mentioned, but with little to identify him* ... (1953, 27 agus lix faoi seach). Sílim go raibh an ceart ag Murphy amhras a bheith air faoin ionannú seo, arae chítear dom nach bhfuil i nGoll Goll sa laoi dinnseanchais ach giolla de chuid na Féinne (Gwynn 1924, 38, ll. 33-6; 40, ll. 13-6, 21-4) agus tugtar Guaire Goll [mac Beobartaigh] go sonrath ar ghiolla fichille Fhinn a tharraing achrann faoi chúrsaí fichille in eachtra in AS (Stokes 1910, 39-40; Ní Shéaghdha 1942a, 113-22). Níl aon chruthúnas ann, i mo thuairim, gur sine an t-ainm Guaire Dall ná tús an 12ú haois.

Faibhríodh an díospóireacht seo idir an naomh agus an seanóir sna laoithe, agus is i laoi in *Duanaire Finn* dar tús 'A Oisín as fada do shuan' a aimsítear a buaic sa chnuasach sin (DF LVII). Bhí an-tóir ar an déantús seo ar fearr aithne air mar 'Agallamh Oisín agus Phádraig' agus chomhairigh Pádraig Ó Fiannachta 101 chóip iomlán agus 34 chóip easnamhacha de sna cláracha clóbhuailte de lámhscríbhinní Gaeilge in Éirinn, i Sasana agus sa Breatain Bheag (Ó Fiannachta 1987a, 133; 1987b, 194). Ní ghabhann ach 7 gcinn acu seo le hinsint *Dhuanaire Finn*. Níl ach 39 rann sa leagan den laoi in DF, ach tá 175 sa téacs a chuir Seán Ó Dalaigh in eagar (O'Daly 1859, 1-63). Leagan cumaisc atá in eagrán an tSeabhaic a bhfuil 270 rann ann (An Seabhaic 1941, 1-23). Sholáthair an laoi creatlach ar tarraingíodh laoithe eile isteach ann sa 18ú haois agus sa 19ú haois (Murphy 1953, 14-5; Ó Fiannachta 1987a, 139). Bhraith Murphy nár cumadh DF LVII roimh an 16ú haois (Murphy 1953, 126). Is é an briatharchath seo idir Oisín agus Pádraig is ábhar freisin do laoi in *Leabhar Dhéin an Leasa Mhóir* (LDLM) dar tús 'Innis dúinn, a Phádraig' (Ross 1939, laoi XX, 124-35).

Bhí an-dúil ag lucht éisteachta agus léite na Gaeilge sa chaismirt idir an naomh agus an seanóir agus tá sí ina headarlúidí freisin i roinnt laoithe eile, sna leaganacha déanacha de 'Laoi an Bhruit' (An Seabhaic, 1941, 85-92), cuiream i gcás. Tá iomarbhá fhada eile in 'Seilg Locha Léin' (An Seabhaic 70-3). Níl sa chóip de SOO in F ach 23 rann as an laoi sin ó cheart mar réamhrá le leagan den iomarbhá atá in 'Seilg Locha Léin'. 'Iomarbhaidh idir Pádraig (abstal) agus Oisín' a thug Eóin Ó Fionnagáin, scríobhaí F, mar theideal ar an leagan easnamhach seo de SOO.

#### NA FIANNA IN IFREANN

Nuair a d'fhiafraigh Oisín de Phádraig in BDLM XX an raibh neamh ag 'maithibh Fian Éireann', d'fhreagair an naomh é á rá nach raibh. Tá ionramháil ar an téama seo, 'Na Fianna in Ifreann', in DF LVII agus sna leaganacha a shíolraigh uaidh. Chuaigh an choimhlint a nochtar iontu i bhfeidhm go mór ar údar SOO. Dhearbhaigh Pádraig go raibh Fionn in ifreann:

Ata sé a n-ifrionn a laim  
fear fa sáimh do bhronnadh ór  
a ndíol a easurradhais ar Dhia  
ta sé a ttigh na bpían fá brón

Da mbeith clanna Morná astigh

nó chlann Bhaoisgne fir fa trén  
do-bherdaoís sin Fionn amach  
nó bhíadh in teach aca fén

(DF LVII, rr. 26- [Murphy 1933,7 210])

Is ionann, geall leis, an réiteach atá ag Oisín ar chruachás na Féinne in DF LVII agus in SOO. Nuair a d'iarr an seanóir in SOO ar an naomh teachtaire a chuir úaidh go dian ar cuairt mar a raibh Fionn, thosaigh ag tsáraíocht agus dúradh le hOisín go raibh Fionn in ifreann:

Agus á Fadrichc naugh bocht go do Dhia más go thigh na bien  
chuir shea Finn  
no go do rinnie er Dhia augh aragud 7 bie do rinn

Gun traught ar Rio abhir na scie a bhrunhu aragud go fiel er  
gabh  
der lumsa bar é na do Dhia nar has á gleer 7 nar gharrag á lann

Agus ga meibh muistnee á neen crinn á Nalabhin lshlim na  
gcuin 7 na naugh  
ghar ámuisth cribh 7 cinn no bheir á muisth Finn á maugh  
[H 25-6, 28]

*Agus, a Phádraig, nach bocht do do Dhia  
más go tigh na bpian chuir sé Fionn,  
nó cad do rinne ar Dhia  
ach airgead agus bia do roinn?*

*Gan trácht ar Rí, ábhar na scíthe,  
a bhronnadh airgead go fial ar dhámh,  
dar liomsa b'fhearr é ná do Dhia,  
nár sheas i gcliathar agus nár dhearg a lann.*

*Agus dá mbeith muistne an Fhiann cruinn  
in Almhain shlim na gcoin agus na n-each,  
ghearrfaimist croibh agus cinn  
nó bhéarfaidh muist Fionn amach.*

Is é argain Ifrinn do na Fianna réiteach Oisín ar ghéibheann na Féinne. Ach nuair a d'iarr Caoilte in *Acalllamh na Senórach* ar Phádraig a dheirfiúr a tabhairt as pianta ifrinn gheall an naomh sin dó agus: 'Do máthair 7 t'athair 7 do thigherna Find mac Cumail do thabairt a piannaib ortsu ... massa maith le Dia.' (Stokes 1900, ll. 4119-20) Is mór idir Pádraig na laoithe agus Pádraig an *Agallaimh*.



Tá roinnt éagsúlachtaí sa chaismirt seo idir Oisín agus Pádraig sna leaganacha ar leith de SOO, agus is furasta macalláí as DF LVII a aithint sa rann seo a leanas as leagan C/S :

'Tá Fionn in ifreann ar lámh  
i ngioll le riar na ndán fó leith,  
le meidhir na gcon gach am,  
agus d'fhan ann go dtí an bhreith.' [C/S 26]

Créd do-rinne Fionn re Día  
*acht* ríar na cclíar is na sgol  
is treas mór re bronnadh óir  
is treas fós re meadhair chon

'S a gheall re meadhair na ccon  
is re riar na sgol *gach* lá  
is gan smáoíthiugh ar Dhía  
ata Fionn na fFíán a lámh

(DF LVII, rr. 32-3 [Murphy 1933, 212])

I leagan H amháin atá an rann seo a leanas de chuid na hiomarbhá in SOO:

Agus da meigh Finn 7 do Dhia ar á *gchruchc* mhuddie heer  
*sparnn*  
ga mo *ghea* Finn á mheigh á niechter dearhinshea gur bea do  
dhease far á bar [H 27]

*Agus dá mbeith Fionn agus do Dhia  
ar an gcnoc údaí thiar ag spairn,  
dá mbudh é Fionn a bheadh in íochtar  
déarfainnse gurb é do Dhiasa an fear ab fhearr.*

Tá an-chosúlacht ag an rann seo leis an gceann seo a leanas as leagan den an chaismirt a cuireadh le 'Laoi an Bhruit':

Dá mbeadh mo mhac Oscar agus is Dia,  
lámh ar lámh ar an gcnoc úd thiar,  
dá bhfeicinn Oscar ar lár,  
do chreidfinn gurbh fhear láidir Dia.

(An Seabhac 1941, 85, r. 51)

Bailfodh neart leaganacha béil den dara rann seo i nGaeltachtaí na tíre sa chéad seo caite, go háirithe i gCúige Mumhan (féach Flower 1947, 102). Oscar a bhíos i gceist sna leaganacha Muimhneacha [PL 4, 5, 6; TÁ 2; Ci 2, 5, 8, 13, 14; Co 4, 5, 7, 12, 14, 17, 23 (achoimre i mBéarla); Cl 3, 5] agus

is iondúil go n-ainmnítear an cnoc atá i gceist: Cnoc na bhFiann, nó Cnoc an Fhia, nó Ardchnoc na bhFia. Níl an oiread sin fianaise ar an rann i gCúige Chonnacht. Is éard a deir Oisín le Pádraig in ME 9: *If I saw your God and my God having a wrestling match on that plain, the strongest man would be my God.* 'Mo dhia-sa agus do Dhia-sa' atá in ME 11. Goll atá i gceist sa choimhlint in G 19 agus Sl 1 agus sna leaganacha Ultacha [DG 1, 3, 8, 11,15, 17].

#### OISÍN OLAGÓNACH

Is seanfhear olagónach é Oisín na laoiithe agus ní eisceacht ar bith é SOO:

'Ach, a Phádraig, nach trua mo scéal,  
mise bheith ina ndiaidh mar táim,  
gan lúth gan láthair gan léim,  
air easbaidh léinn agus ar dhíth só.' [C/S 14]

Is minic Oisín ag furachaoineadh a cháis agus saothraíodh téama an olagóin seo i bhfad siar i dtraidisiún na laoiithe. Tá sé go mór i gceist i sraith de sheacht gcinn de dhánta gearra atá i ndiaidh a chéile in DF (XXV-XXXI; Mac Neill 1908, 80-2) ar cosúil gur cumadh iad uilig thart ar dheireadh ré na Meán-Ghaeilge (Murphy 1953, 64-7). Leanann laoi XXXII iad (Mac Neill 1908, 83). Cé go bhfuil an déantús seo níos faide ná iad agus cé go bhfuil sé níos óige ná iad ó thaobh na teanga de, tá cosúlacht théamatúil aige leis na laoiithe roimhe. Seanóirí atá ina reacairí iontu — Oisín go sonrath in XXVI, XXVII, XXIX, XXX, XXXII agus is dóigh freisin gurb é atá ina reacaire in XXV agus XXXI. Is féidir glacadh leo mar aonad agus ní móide gur trí thaisme a cuireadh as a chéile sa lámhscríbhinn iad. Tá aontacht stíle iontu:

Me Oisín mac na flatha· ní chuirenn cath ar cairde ... (DF XXVI, r. 3)

Is mé Oisín gem ársaidh· do airrcis mé mná miolla ... (DF XXIX, r. 3)

Is me Oisín grúadhchorcra· mac Finn go n-aignedh sochla (DF XXX, r. 4)

Is me Oisín mac in ríogh· is fada ó do chríon mo chruth ... (DF XXXII, r. 11)

Acht meisi féin um senóir· go deireóil deis gacha catha ... (DF XXVII, r. 3)

D'fhág an ciúta stíle seo lorg ar Oisín SOO freisin: 'Is mé anois Oisín dea-mhac Finn, / an laoch do hoileadh i gCruimlinn' (H 18ab).

Cé go bhfuil meacan olagónach Oisín ina orlaí trí roinnt mhaith laoithe agus é ag caitheamh i ndiaidh na laetha a bhí, ní thugann an reacaire Oisín mórán faisnéise faoina chúlra pearsanta féin ach in SOO agus i ndornán beag laoithe eile nach bhfuil aon fhianaise scríofa orthu roimh an 19ú haois. Tá 'Laoi Cholainn gan Cheann' agus 'Laoi Oisín ar Thír na nÓg' i measc na laoithe atá i gceist agam. Fáisceadh na déantúis dheireanacha seo as cumasc idir an traidisiún liteartha agus an traidisiún béil. Bhí údáir na laoithe seo i dtuilleamaí an traidisiúin bhéil agus shaibhrigh leaganacha dá ndéantús an traidisiúin sin ina seal. Scrúdaítear na laoithe seo sa chéad dá chaibidil eile.

## CAIBIDIL 19: OISÍN AGUS TÍR NA hÓIGE

*'Rachaidh mé im chónaí go Tír dheas na hÓige ...'*  
(*'Amhrán Doire Uí Bhriain'*, [Ó Ceallaigh 1986, 130])

### EADARLÚID IN 'AGALLAMH OISÍN AGUS PHÁDRAIG'

D'aimsigh Seán Ó Dálaigh an leagan méadaithe de 'Agallamh Oisín agus Phádraig' a chuir sé in eagar in imeachtaí an Ossianic Society i lámhscríbhinn a scríobh Laurence O'Foran, múinteoir scoile ar an gCillín gar do Phort Lách, sa bhliain 1780 (O'Daly 1859, xxxi). Ar an ábhar sa bhreis ar an leagan den laoi seo atá in Duanaire Finn (DF LVII) tá aonad, nó eadarlúid, de 16 rann a bhfuil cuntas ann ar Cholainn gan Cheann a tháinig chuig na Fianna. Chuir an Seabhac an t-eachtra seo i gcló freisin ina eagrán den laoi agus is éard a deir sé faoi: 'Tá na 16 ranna (92 go 107) i n-easnamh ar chuid mhaith de na scríbhinní. Is eachtra ar leith é a cuireadh isteach san Agallamh.' (1941, 8-9, 8, fonóta 38).

Is mar seo a chuir Oisín tús leis an eadarlúid seo:

Dá mb'é an lá do bhí Fionn,  
i gcathaibh Aille an Áir go ceart,  
tháinig an Cholainn gan Cheann,  
chugainn go Gleann Dá Dhámh.

(An Seabhac 1941, 8, r. 92)<sup>1</sup>

Bhí sí ag iarraidh aisce ar an bhFéinn. Shíl Fionn í a dhíbirt uaidh trí airgead, ór is brait a ghealladh di ach ní raibh uaithi ach Fionn a bheith aici mar chéile fir agus gan é sin a cheilt ar an bhFéinn. Dúirt Fionn dá mbeadh sé gan bean lena ré nach mbeadh baint ar bith aige léi. Labhair sí le hOisín:

'Ó thugais do bhriathair ar dtús,  
a Oisín, i gclos don Fhéinn,  
cuirim-se tusa fám gheis,  
muna ndeinir feis liom féin.'

(An Seabhac 1941, 8, r. 97)

---

<sup>1</sup> 'a gcathaibh áilne a's a n-gliadh' atá sa dara líne in eagrán Uí Dhálaigh (O'Daly 1859, 24).

Ba í a 'sháith de mhnaoi' í nuair a ghabh sí léi os ard. Thug Oisín coibhche nó tochra breá di (rr. 101-2) agus thug sise fáinne dó:

'Do-bhéar fáinne d'Oisín fhial,  
ar sí, ' is mithid dom triall dom thigh;  
do gheobhaidh tú gach aisce uaidh,  
acht gan uisce do bhuaín ris.'

(An Seabhac 1941, 9, r. 103)

Ghoid fáinleog an fáinne ó Oisín agus thug 'fán loch' é. Tháinig dhá éan eile os a gcionn ansin ag seinm ceoil — 'éan ruadh na sciathán riabhach' a bhí i gceann acu agus 'éan beag eile thuas ina bhéal' a bhí sa cheann eile. Tá tagairt do na éanacha agus don bhean a d'imigh ó Oisín i rann leathdhéanach na coda seo den laoi:

Do bhíos-sa agus Fionn féin,  
ag féachain na n-éan le seal,  
gan tuairisc cá ndeachaidh an t-éan,  
ná fios scéil cá ndeachaidh an bhean.

(An Seabhac 1941, 9, r. 106)

Críochnaítear an eadarlúid le comhairle ó Phádraig:

Is beag sin, a dheighmhic Fhinn,  
ní raibh agad innte acht seal;  
is feárr fanamhuin mar a taoi,  
ná bheith arís ina measg.

(O'Daly 1859, 28)

Baineann doiléire agus easpa leanúnachais agus feidhme leis an eadarlúid seo. Ní dhéantar, mar shampla, mórán cur síos inti ar ghránacht na mná, ná ní luaitear cén fáth ar imigh sí ó Oisín. Is é an t-údar atá leis na lochtanna seo gur dóigh liom gur baineadh na 16 rann seo in 'Agallamh Oisín agus Phádraig' as comhthéacs eile. Ba chuid de leagan éigin de 'Laoi Cholainn gan Cheann' iad, ach sula bpléitear an laoi seo ní foláir dúinn aird a thabhairt ar fhianaise as Albain.

'COLLUN GUN CHEANN'

Chuir J. F. Campbell 22 líne de bhlúire de laoi ar ar thug sé 'Collun gun Cheann' i gcló i *Leabhar na Feinne* (1871, 212). Bailíodh an t-ábhar seo dó in Oileán Leodhais sa bhliain 1866. Cé go bhfuil lorg láidir na reacaireachta

béil le sonrú ar an mblúire seo, is furasta a aithne go síolraíonn sé agus an eadarlúid in 'Agallamh Oisín agus Phádraig' ón déantús bunaidh céanna. Seo a leanas tús na laoi. Tá cló trom curtha agam ar an gcuid a fhreagraíos ó thaobh friotail nó fuaime de leis an an gcéad rann thuas as an eadarlúid:

La bha 'n Fheinn ag 'ol,  
A 'caitheamh' s ag iomairt lagha,  
Chunnaic iad colluin gun cheann,  
Direadh o ghleann an dá chlaidh. <sup>2</sup>

Cé go mb'fhíor don Chaimbeálach nuair a dúirt sé nach raibh aon bhlúire eile den laoi sa chnuasach aige, tá línte fánacha aisti i leaganacha cumaisc de 'Am Bròn Binn', a bhailigh Alexander Carmichael thart ar an am céanna ar bailíodh 'Colun gun Cheann'. Tugann Linda Gowans, a bhfuil mionstaidéar déanta aici ar an laoi artúraíochta seo a mhair sa traisisiún béil in Albain, FR1, FR2 agus FR3 ar na leaganacha di a bhfuil roinnt bheag ábhair as 'Colunn gan Cheann' iontu (Gowans 1992b, 17).<sup>3</sup> Is mar amhráin saothair a mhair na leaganacha seo. Is in FR3 atá an giota is faide as 'Colun gun Cheann'. Bailíodh é ó Mhargaid Nic Cuithein, an tOileán Sgitheanach, sa bhliain 1862. Seo mar atá an téacs FR3 i lámhscríbhinn Carmichael:

La dhomh romh n Fheinn amuigh  
Mi fhein 's mo ghille ' mo chu  
Nar triuir a dhiarraidh na Feinn  
Chunaig mi colain gun cheann  
A teumadh le Gleann nan Tri Damh  
Les a cholas a th air a bheist  
Ar an Fheinn gun' chuir é [...] stad.

Luaitear an gleann céanna in FR2:

La ga'n deachaidh Fionn an bheinn sheilg  
Chaidh e shealg gu taobh Loch nan Learg  
Chunnig coluin gun cheann  
Teumadh le Gleann nan Tri Damh.

---

<sup>2</sup> Is follas gur botún cló é *collum gum cheann* sa téacs clóbhuaile. Tá sé leasaithe agam go *collun gun cheann*, mar atá sa teideal ag an gCaimbéalach.

<sup>3</sup> Tá mé faoi chomaoin mhór aici as cóipeanna de na leaganacha seo a thabhairt dom agus as m'aird a dhíriú orthu a chéaduair.

Is gaire *Gleann nan Trì Damh* FR 2, FR3 do *Gleann Dá Dhámh* na headarlúide in Agallamh Oisín agus Phádraig ná do *Gleann an dá Chlaidh* an Chaimbéalaigh. Ní foláir nó go raibh ginealach fada ag an laoi in Albain. Tugann fianaise na hAlban le tusicint dúinn go gcaithfidh go bhfuil aois réasúnta maith ag an laoi seo faoin gColainn gan Cheann faoi gur mhair blúirí de sa traidisiún béil thall. Ní shamhlóinn gur shíolraigh na blúirí Albanacha ón éadarlúid bhearnach sa leagan deireanach de 'Agallamh Oisín agus Phádraig'. Braithim, mar atá ráite thuas, gur réaladh iad ar dheantús is sine ná iad agus tá gaol gar acu le laoi neamhfhoilsithe dar teideal 'Laoi Cholainn gan Cheann'.

#### 'LAOI CHOLAINN GAN CHEANN'

Tá an ionramháil is sine dá bhfuil againn, dar liom, i bhfilíocht na Gaeilge ar chuairt Oisín ar Tír na hÓige in 'Laoi Cholainn gan Cheann' (LCC). Seo go hachóimar éirim na laoi. Bean faoi dhraíocht atá sa Cholainn gan Cheann. Beidh sí gan cheann go gcodlóidh duine de na Fianna léi. Dhiúltaigh Fionn glan a leithéid a dhéanamh ach thoiligh Oisín. Rinneadh bean bhreá di agus d'fhan sí le hOisín an an gcoinníoll nach gcasfadh sé an chuma a dtáinig sí chuig na Fianna léi agus bhí parúl air gan í a bhualadh le hiall a chú. D'imigh sí uaidh go Tír na hÓige nuair a sháraigh sé na coinníollacha seo. Lean Oisín í anonn go Tír na hÓige agus d'fhan thall ar feadh na mblianta. Rinneadh seanfhear de nuair a d'fhill sé abhaile go hÉirinn.

Tá fianaise scríofa LCC teoranta do Cho. na Gaillimhe amháin. Rinneadh scéal béil d'ábhar na laoi freisin san Iarthar, ach bailíodh leaganacha eile de scéal béil faoin gColainn gan Cheann in Éirinn agus in Albain a bhfuil gaol gar acu le buntéama na laoi ach atá neamhspleách ar théacs na laoi mar a seachadadh í i lámhscríbhinní na Gaillimhe. Tá cosúlacht mhór ag an mbean sa laoi agus sna scéalta gaolmhara béil le Mélusine an fhinnscéil idirnáisiúnta agus pléitear na cosúlachtaí seo agus an bhaint a bhí ag an gColainn gan Cheann le hOisín a mhealladh go Tír na hÓige i gCaibidil 21. Scrúdaítear téacs agus ábhar na laoi sa chaibidil seo. Tá macallaí as laoithe eile, SOO ina measc, i LCC, agus tagraítear dóibh thíos freisin

Casadh sé théacs scríofa de LCC dom, mar atá:

[1] LNÉ 473, 'Lhe Colin gun Can', 139-50;

- [2] LNE 479, 'Lhee Cholin gun Can', 63-75;  
 [3] OÉ, Gaillimh, de hÍde 67, 'Laoi Cholann gan Cheann, 293-9;  
 [4] Coimisiún Béaloideas Éireann (CBÉ) 196, Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 'Lee Collun gan Cann', 175-80;  
 [5] CBÉ Bosca 29 [lámhscríbhinn George Brown], 'Lee Culn gon Can', 169-75;  
 [6] CBÉ Bòscà 7, mír 3 [cóip a rinne Eoghan Ó Neachtain de lámhscríbhinn a scríobh Tadhg Ó Súilleabháin<sup>4</sup>], 'Laoidh Chodlain gan Cheann, 32-8.

Níl aon cheann de na foinsí thuas níos sine ná an chéad leath den 19ú haois. Scríobhadh ceithre cinn acu ar Achréidh na Gaillimhe, [1, 2, 4, 5,]. Scríobh Liam Ó hOisín (William Hession) [1] sa bhliain 1840 agus scríobh John Cullinane [2] sa bhliain 1838. Bhain na scríobhaithe seo leas as córas litrithe foghrúil bunaithe ar litriú an Bhéarla. Tá [3], a scríobh Seoirse Mac Giolla an Chloig (George Bell) uair éigin sna 1870idí, i ngnáthlitriú traidisiúnta na Gaeilge, ach tá sé bunaithe ar leagan gaolmhar le [1] nó [2]. Scríobh Tomás Ó Dubhgáin [4] i lár an 19ú haois agus chríochnaigh George Brown [5] ar an 21 lá Nollag 1871. Is ar inn ar eatha a tháinig na téacsanna seo anuas chugainn slán ar chor ar bith. Murach gur fhan [1] agus [2] ag Seán Mac Fhlainn ní móide go mbeadh tuairisc orthu inniu.<sup>5</sup> Is uaidhsean, is cosúil, a fuair Bell [3].<sup>6</sup> Is fánach an chaoi ar tháinig [4], [5], [6] anuas chugainn freisin mar d'fhéadfaidís a bheith imithe ar troigh gan tuairisc anois murach obair Choimisiún Bhéaloideas Éireann.

Munarb ionann agus an eadarlúid faoi Cholainn gan Cheann in 'Agallamh Oisín agus Phádraig' a mbaineann an cuntas inti leis an tréimhse a raibh Oisín in éineacht leis na Fianna, tugtar míniú in LCC ar an gcaoi ar éirigh le hOisín maireachtáil chomh fada le haimsir Phádraig. Is é an míniú sin go ndeachaigh Oisín go Tír na hÓige sa tóir ar Cholainn gan Cheann agus faoin am ar fhill sé ar Éirinn nach raibh duine ar bith de na Fianna beo. Níor cuireadh an laoi seo in eagar fós, ach tabharfaidh na

<sup>4</sup>Tá leagan S de SOO sa lámhscríbhinn seo freisin.

<sup>5</sup> Maidir le Seán Mac Fhlainn/Mag Fhlainn [John Glynn], féach Breathnach agus Ní Mhurchú 1992, 53-5; Ó Briain 1995, 94 fonóta 28; Mahon 1996, 631-2.

<sup>6</sup> Maidir le Bell, féach Ó Briain 1999b, 236 fonóta 15.



sleachta seo a leanas as na cóipeanna thuasluaite léargas ar éirim agus ar ábhar na laoi (féach freisin Ó Briain 1999b). Tá tuairim is 51 rann inti, ach is léir gur cuireadh roinnt acu seo isteach sa laoi deireanach go maith ina traidisiún téacsúil.

Is é Oisín reacaire an scéil agus deir sé go raibh na Fianna ag cur caoi ar a gcuid airm i ngleann nach n-ainmnítear nuair a bhuaíl an bhean fúthu:

Law yaw roh fehn agus a Nian aleeiv a lany agus a sley, gow wackedur an Cholen gun Cann / a teegh ackuve an sow nglan fow yesh. [2]

*Lá dhá raibh Fionn agus an Fhian,  
ag líomhadh a lannaí agus a sleighe,  
go bhfacadar an Cholainn gan Cheann  
ag tíocht acubh ins an ngleann fó dheis.*

Munarb ionann agus an téacs in 'Agallamh Oisín agus Phádraig' déantar cur síos ar mhíghnaoi na mná agus ar an gcaoi ar chuir a teacht i láthair déistin ar na Fianna:

Ean tule vee er a hoaght 7 E taght rought mna, En glore vee taght as E Beul er vean lig gur Cuir grane [5]

*Aon tsúil a bhí ar a hocht,  
agus í ag teacht i riocht mná,  
an glór a bhí ag teacht as a béal,  
ar an bhFéinn uilig gur chuir sé gráin.*

In shude a loureeis Conan Meal O buh yea fean far vilty Caughtogee Eer narum gow lear, naw gow Gury Muid an feast an baush. [2]

*Ansiúd a labhraíos Conán Maol,  
ó budh é féin fear mhillte cách,  
'Tógaidh bhur n-arm go léir,  
nó go gcuiridh muid an phéist chun báis'.*

Chuir sí a coimirce ar Fhionn agus dúirt sé léi nár bhaol di rud ar bith faoin ngréin. Shíl sé í a chur uaidh:

*Airgiod agus ór agus brat  
Beir leat é an dlo cúairt  
Bí ag iomacht do raidhtios Fionn  
Agus is mithid liom do chuir uainn. [3]*

Dhiúltaigh sí imeacht agus d'inis dó ceard a bhí uaithi:

Ní glacfainnse airgiod ná ór  
iona stor ar bith dha bfuil faoi an ngrein,  
no go luighe tu liom mar fhear,  
7 gan e ceilt feasda air an bfein. [6]<sup>7</sup>

Dhiúltaigh Fionn glan baint ar bith a bheith aige léi. D'inis sí dóibh gurb í féin Iníon Rí na hÓige/Iníon Rí Thír na hÓige agus go mb'fhiú go leor í go dtí gur cuireadh faoi gheasa í:

Mise inighion Rígh Thír na hÓige,  
is mór an chómh bhí faoi mo chuineadh & an spré,  
cios trí rígh 7 trí fíochadh rígh  
gur chuir na geasaidh draoidheachta si go dhíth orm é.  
[6]<sup>8</sup>

Shlánófaí í ach a luífeadh fear de na Fianna léi:

E vey mur Sho gon Can no go Vane far lihigh lum Er Vean Ya  
nglakedeest mu fart hucken rest in mu Vraghty fean [5]  
*A bheith mar seo gan ceann,  
nó go bhfaighinn fear luífeadh liom ar an bhFéinn,  
dhá nglacfaidist mo pháirt,  
thiocfainn aríst in mo bhreáchtaí féin.*

Ghluais sí léi go dtí an áit a raibh teach Oisín agus chuir sí faoi gheasa é luí léi. Bhí geasa ar Oisín, mar a deir sé, gan impí mná a eiteacht 'seach ní ar bith dá raibh faoin ngréin'. Luigh sé léi go dlúth, cé go mba mhór an col, dar leis, a dhul sa ghníomh. Leigheasadh í:

Ligh me le na teeve no gur vuskle me as mu Neal nee ackey tu  
reeve er vree Ban er Bih Bu Vraghtey draght 7 Skave [5]  
*Luigh mé lena taobh,  
nó gur mhúscail mé as mo néal,  
ní fhaca tú riamh ar mhnaoi,  
bean ar bith ba bhreáichte dreach agus scéimh.*

---

<sup>7</sup> Is mar próis a scríobhadh an téacs seo, ach ar mhaithe le soiléireacht tá sé curtha ina línte agam.

<sup>8</sup> Chítear dom gur iarracht ar an bhfocal ársa *coibhche* ('tochra') a litriú atá in 'chómh' na lámhscríbhíne. Is éard atá in [2]: 'is Moar an Chooe a vee fow mow Cuny'. Maidir le 'coibche', féach Kelly 1988, 72.

Shantaigh roinnt eile de na Fiannaí í ach a bhfacadar a háilleacht agus tharraing Conán Maol achrann fuilteach ag iarraidh í a bhaint d'Oisín leis an láimh láidir. Maraíodh trí chéad san iarracht. Shíl Diarmaid í a mhealladh leis an mball seirce:

Ansiúd do nochtas Diarmuid an ball searc  
do bhí air a taobh deas fein,  
nach bfaca aon bhean a riabh da rosg  
nach dtiubhrfeach a gearn do acht í féin. [6]

Gheall sí fanacht le hOisín ar dhá choinníoll:

En Shude loureys Coln gon Can le Esseen Na mreeher Shave  
faney misey ugud le mu rea ough nough mowley tu orum ean  
Vuley go Eale do Cuin 7 nagh numr(d)e tu orum In cruf danick  
me. [5]

*Ansiúd labhraíos Colainn gan Cheann le hOisín na mbriathar  
séimh:*

*'Fanfaidh mise agat le mo ré,  
ach nach mbuailfidh tú orm aon bhuille de iall do chon,  
agus nach n-iomardfaidh tú orm in cruth a dtáinig mé.'*

D'fhág sí trí seoda ag na Fianna: corn ag Oscar; scian ag Fionn;  
síothal ag Caoilte. Bhí buanna ar leith ag na seoda seo, mar shampla:

Yaw mough a nian laun gow Niv 7 gul gow Ceeltue naw Mass  
baun, iad hian unlut er Sheeholl a Nihir is gow Miagh Shiad a lig  
Slawne. [2]

*Dá mbeadh an Fhian lán de nimh  
agus a dhul go Caoilte na mbas bán,  
iad fhéin a ionlait ar síothal an fhir  
is go mbíodh siad uilig slán.<sup>9</sup>*

D'fhág sí fáinne ag Oscar, nó ag Oisín [5]:

An fáine bhí ag Osgur mac Oisín éil,  
is maith is meabhair liom le mo raé,  
an tí bheith na sheanóir críon liadh,  
féachain thríd a bfáine gur an aois na hóige rachfadh sé. [6]

---

<sup>9</sup> Tá cuntas eile ar an gcaoi ar tugadh Síothal Chaoilte agus seoda eile do na Fianna in AS2 agus in DF XVII, féach Ní Shéaghdha 1955, 15-42 agus Mac Neill 1904, 38-45 leith ar leith.

D'fhan an bhean le hOisín agus rug sí triúr mac dó, ach tháinig imreas idir í féin agus Oisín faoi choileán de shliocht Bhrain. Thug Fionn an coileán seo leis i ngan fhios d'Oisín agus níor fhéad an bhean é a stopadh. 'Ba dhul idir an dair agus an craiceann damhsa', a dúirt sí le hOisín, 'dul idir t'athair agus tú féin.' Mar atá ag lú le réasún i gcás den chineál seo, choill Oisín na géasa a bhí air as teann feirge:

Vowle me Buley orhey go Eale na gun 7 Domord me orhey in  
tanm naur Vow E meal dordy lihey E throor mock 7 Dimey She  
as Bar Ro lig Er Vean. [5]

*Bhuail mé buille uirthi de iall na gcon,  
agus d'iomard uirthi an t-ainm nár mhaith i mbéal,  
d'ardaigh léi a triúr mac  
agus d'imigh sí as barr a raibh uilig ar an bhFéinn.*

Is é imeacht na mná a spreag Oisín le dul sa tír uirthi go Tír na hÓige. Munarb ionann agus an cuntas fadálach ar a thuras go Tír na nÓg in 'Laoi Oisín ar Thír na nÓg', tugtar cuntas gearr achomair i LCC ar an aistír agus ar an áit:

Ylacus fean mow ling 7 hug mea mo Cule gow Greeghy foaly 7  
neer stad m[ow] Coroughane gun tocht naw go nachy mea gow  
theeir nah howga. [G2]

*Ghlacas féin mo loing,  
agus thug mé mo chúil do Chríocha Fódla,  
agus níor stad mo churrachán gan tocht,  
nó go ndeachaigh mé go Tír na hÓige.*

Vee in nate go heeven 7 go hat gor heil me Nair cow me an ough  
Bline er lew lesh Fean ough mur Vee an nate Co Braw Shin gor  
cow me anso nate Udan Bleyne Agus cead. [5]

*Bhí an áit go haoibhinn agus go hait,  
gur shíl mé nár chaith mé ann ach bliain ar leith leis féin,  
ach mar bhí an áit chomh breá sin  
gur chaith mé ins an áit údan bliain agus céad.<sup>10</sup>*

Is fearr an míniú a thugtar in LCC ná in 'Laoi Oisín ar Thír na nÓg' ar an údar go raibh fonn ar Oisín dul abhaile go hÉirinn. Bhí dún ann, arb ainm dó Dún na Néal, agus an té a chodlódh ann, ní raibh aon rud dár

<sup>10</sup> Bliain agus seacht gcéad atá in [1], [2], [3].

éirigh dó riamh nach dtiocfadh chuige mar aisling ina néal. Chodail Oisín ann agus tháinig an aisling chuige agus dúirt leis nach raibh aon duine beo de 'Fhianna Fáil'.

Shíl an bhean é a choinneáil ann. Dúirt sí leis nach raibh san aisling ach bréag:

Na cred hisey in naslen ratus in Van Nee rurt Shee Reeve ough  
Breag ough ma hean tu torugh na Vientuy tore lat in Brot Sho 7  
Steade [5]

*'Ná creid thusa an aisling,' ráiteas an bhean,  
'níor dhúirt sí riamh ach bréag,  
ach má théann tú ag tóracht na bhFiantaí,  
tabhair leat an brat seo agus [an] stéad.'*

Thug sí fáinne agus comhairle a leasa dó freisin:

Tore lat in faney ore Sho 7 ciney Goney E Er do Veare ma  
hourlinen tu nouse er a taluve Cuir In Brat Sho Eder hu 7 Crea.

[5]

*'Tabhair leat an fáinne óir seo,  
agus coinnigh i gcónaí í ar do mhéar,  
má thuirlingeann tú anuas ar an talamh,  
cuir an brat seo idir thú agus cré.'*

Ní chaitear mórán achair le turas Oisín ar ais go hÉirinn. Níor stad a churachán go ndeachaigh sé go Críocha Fódla. Ní raibh sé i ndán dó filleadh ar a bhean ná ar Thír na hÓige. Sin, ar ndóigh, feidhm na laoi seo — mínú a thabhairt ar an gcaoi ar mhair Oisín go haimsir Naomh Pádraig. Ní foláir dó críonadh le feidhmiú mar idirghabhálaí idir a ré féin agus ré na Críostaíochta. Níor aithnigh Oisín duine ar bith in Éirinn. Thug sé cuairt ar thigh Dhiarmada na bhFeart agus b'áil leis, mar chuimhne as, lán a dhoirn de bhiolar glas.<sup>11</sup> Thurlaing sé den stéad agus níor chuimhnigh sé ar an mbrat. D'imíodar araon uaidh agus mar bharr ar an mí-ádh:

Hanick alloag as mo Cone 7 sgub Shee go mo vare an fawney 7 a  
fawdrick is shay shood an sgale trowe Dagay Creen mo Corp  
agus mo Cravay. [1]

*Tháinig áilleog os mo chionn  
agus sciob sí de mo mhéar an fáinne,*

<sup>11</sup> tagh Cormack na Vart teach Chormac na bhFeart atá in [5].

*agus, a Phádraig, is é siúd an scéal trua  
d'fhágaibh críon mo chorp agus mo chnámhaí.*

Munarb ionann agus an fáinne a thug an Cholainn gan Cheann dó san eadarlúid in 'Agallamh Oisín agus Phádraig', is léir tábhacht agus feidhm an fháinne dhraíochta — *Fáinne na hÓige* — a tugadh dó in LCC. Gan an fáinne seo ní mhairfeadh sé i mbláth na hóige abhus.

Is é Oisín olagánach na laoihe atá sna ceithre rann a leanas an rann seo. Is féidir glacadh leis an gcéad péire acu mar aonad:

Misey Esseen dea Vock fin 7 nelfin Veem tarant Clough Pearbre  
ate wile Mu yrim is in So lin ta mu yough. [5]

*Mise Oisín, dea-mhac Finn,  
agus in Oil Finn bhím ag tarraingt cloch,  
pérbrí áit a bhfuil mo ghreim,  
is ins an linn atá mo dheoch.*

Mishay Esheen Dea vack fin 7 may Nelfin tharint Clouch tha mo  
cree Da vrishave in mo cliave agus may gafurk Sheer Er Clare  
clough [1]

*Mise Oisín, dea-mhac Finn,  
agus mé in Oil Finn ag tarraingt cloch,  
tá mo chroí dá bhriseadh in mo chliabh,  
agus mé ag amharc siar ar chlár cloch.*

Meabhraíonn an tagairt iontu seo d'Oil Finn an laoi dá tús *Is fada anocht in Oil Finn* dúinn a bhfuil leaganacha de i LDLM (laoi IV, in Ross 1939, 8-11) agus in DF (laoi LV, Murphy 1933, 194-7). Luaitear Oisín a bheith ag tarraingt na gcloch 'go reilig thulcha an Táilginn' i laoi eile in LDLM dar tús *Anbhfann anocht neart mo lámh* (LDLM VIII, Ross 1939, 36-9). Thairngir a athair dó go mbeadh sé ag déanamh amhlaidh sula bhfaigheadh sé bás de bhrí gur dhiúltaigh sé a leithéid d'obair dhéanamh dó. Cé nár tháinig aon leagan de LDLM VIII anuas chugainn in Éirinn, tá tagairtí sa traidisiún béil d'Oisín ag tarraingt clocha nó adhmaid do Phádraig nuair a bhí teampall éigin á thógáil ag an naomh [clocha: G 9; 11; 15; 21; 29; 30; 31; 32; ME 10; féach freisin Murphy 1953, 122: adhmaid go hOil Finn, RC 2, 3]. Tá leagan den chéad rann thuas in 'Caoi Oisín i ndiaidh na Féinne' agus i leagan deireanach de 'Laoi na Seilge' (An Seabhac 1941, 240 agus 80 faoi seach). Bailíodh leaganacha béil den rann freisin [CC 2; G 9, 11, 29, 32; ME 10]. Is éard a deir Oisín ocrach le naomh Pádraig i leagan de as Cill Chainnigh:

'Is mise Oisín aon mhac Fhúinn,  
Agus bím fa chuing ag tarraing cloch  
Deirid siad go bh-faghaim biadh,  
Acht bíodh a fhios ag Dia ná faghaim ná deoch.' [CC 2]

Luaitear an rann i gcómthéacs thógáil Dhomhnach Phádraig in G 11  
as Achréidh na Gaillimhe:

Bhaist sé [Pádraig] é agus thug sé leis ansin é go Teampall  
Dhúna Páraic [Domhnach Pádraig], áit a raibh sé ag déanamh  
séipéal ann. Sin é an seanséipéal atá thíos i gCathair Liostráin  
anois. Tá lorg glúna Naomh Páraic ins an leac cloiche, nuair a  
bhí sé ag umhlú tar éis an teampall a bheith déanta. Is é an obair  
a bhí ag Oisín ag tarraingt clochaí le cairt, mar bheadh capall.  
Bhí sé níos láidre ná capall.

Casadh fear ansin leis lá. Chuir an fear caint air.

'Ó, mise Oisín mac Finn<sup>12</sup>, ar seisean,  
Ag tarraing chlochaí ar mo dhroim,  
Is péibí áit a bhfuil mo ghreim'  
Is ins an linn atá mo dheoch.' [G 11]

Is léir go bhfuil an tríú rann olagónach in LCC bunaithe ar SOO:

Is mesey Esseen deavack Fin 7 is smea helluve a gremlein na  
shead 7 verin 7 nee lea louse a fadrick er nee aley er lagh clouse.  
[4]

*Is mise Oisín, dea-mhac Finn,  
agus is mé a hoileadh i gCruimlinn na Séad,  
agus bheirinn agus ní le luas,  
a Phádraig, ar an fhia allaidh ar leathchluais.*

Tá gaol ag an rann ina dhiaidh sin in LCC leis an leagan béil den  
téacs 'Ginealach Oisín' a phléitear i gCaibidil 3:

Agus Fawdrick naw thore Droughvas Dhoosay gillcock vee  
mishay Agus Keelthay Meenoude agus Shood E an tam Naugh  
roh mud Bouch: [1]

*Agus, a Phádraig, ná tabhair drochmheas damhsa,  
i gCill Choca a bhí mise,  
agus Caoilte i Maigh Nuad,*

<sup>12</sup> 'mac Oisín Fionn' sa lámhscríbhinn.

*agus siúd é an t-am nach raibh muid bocht.*

Fiú má tá lorg láidir na reacaireachta béil ar na leaganacha scríofa seo de LCC as Co. na Gaillimhe agus fiú muna bhfuil aon cheann acu níos sine ná an tús an 19ú haois, nuair a chuirtear fianaise na hAlban agus na headarlúide in 'Agallamh Oisín agus Phádraig' san áireamh, chomh maith le fianaise na leaganacha gaolmhara béil a luaitear i gCaibidil 21, caithfear a rá go bhfuil an chuma ar chúrsaí gur shíolraigh na leaganacha deireanacha seo de LCC ó laoi a bhí ar fáil i gcló éigin achar maith roimh thús an 19ú haois.



## CAIBIDIL 20: TÍR NA nÓG

*A spéirbhruinneall mhaorga na rinnros  
Arbh é do thoil insint dom shórt,  
An ón gcaomhchine daonna seo phrímh tú?  
Nó as naomhFhlaitheas aoibhinn na n-ord?  
An de threabhachas tá tréimhse faoi dhraíocht thú?  
Nó an bé thú ó Thír gheal na nÓg? ...  
(Tomás Rua Ó Súilleabháin, 'Amhrán na Spride'  
[Ní Shúilleabháin 1985, 27])*

### 'LAOI OISÍN AR THÍR NA nÓG'

Tá cuma i bhfad níos liteartha ar 'Laoi Oisín ar Thír na nÓg' (LO) ná mar atá ar na leaganacha sin de LCC a breacadh síos i gCo. na Gaillimhe sa 19ú haois, ach má tá, níl an chuma ar an scéal go bhfuil LO níos sine ná an laoi eile. Luaitear le Mícheál Coimín anois é (c. 1680-1760), ach ní móide, dar liom, go bhféadfadh LO a bheith mórán níos sine ná an chéad tagairt dó i gcló (O'Kearney 1853, 20).

Ba é Nioclás Ó Cearnaigh an chéad duine go bhfios dom a rinne achoimre ar LO agus a chuir cuid de i gcló. Níor luaigh an Cearnach, má bhí a fhios aige, cé a chum an laoi. Tá naoi rann as an laoi in eagar agus aistriithe go Béarla aige sa réamhrá a chuir sé lena eagrán de *Chath Gabhra* sa chéad imleabhar d'imeachtaí an Ossianic Society (O'Kearney 1853, 23-5). Seo mar a cuireadh éirim LO faoi bhráid an phobail léitheoireachta an chéad lá riamh:

In a Fenian poem consisting of one hundred and forty-six stanzas of four verses each, St. Patrick is introduced in the act of interrogating Oisín as to how he outlived all his Fenian friends and companions during three hundred years. Oisín informs him that after the Fenians had been cut off at the Battle of Gabhra, he, together with a few who survived the carnage, had been engaged in the chase on the borders of Loch Lene (the lakes of Killarney), and that a fawn was started, but the sport was soon interrupted by the appearance of a noble white steed with a rider in the distance. On its nearer approach the rider was discovered to be no less than a golden-haired, soft, blue-eyed

lady of exquisite beauty, dressed in gold-bespangled robes of costly silk. She accosted the Fenians and informed them that she was *Niamh-cinn-oir* (Niamh of the golden hair), daughter of *Cailce* (Brilliant), king of *Tír na n-Og* (Country of Perpetual Youth), who came forward for the special purpose of offering her hand to Oisín, binding him at the same time under *geasa* (prohibitions) to proceed with her on her steed to **TÍR NA n-Og**, promising him together with great privileges, that he should never see either sickness or death. Oisín without hesitation mounted the white steed, and both travelled over the boundless ocean until they arrived at a certain great city governed by a monstrous giant who had previously carried away the daughter of the King of **TÍR NA n-ÓEO** (the Country of the Living), another of the Paradises of the pagan Irish. Oisín killed the wicked giant; and having reached the capital of **TÍR NA n-Og**, he married his lady-love. He remained here for three hundred years. In the meantime *Niamh-cinn-oir* gave birth to two sons and a fair daughter; but Oisín having felt a longing desire to revisit his friends, and take a last farewell of them, under the impression that he had been absent only a few years, so perfect was his happiness, his wife used every argument in her power to dissuade him from such a rash project, but in vain. She at length consented on his promising her not to alight from his horse, under the sever penalty of never returning. He visited all the Fenian haunts, but not one he had ever seen met his gaze. The raths and *dûns* of Fenian notoriety were all demolished, and the only answer given to his enquiries respecting the Fenians was, that such people were once in Ireland, but were dead for centuries. On his reaching *Gleann an smoil* (the valley or glen of the thrush), he saw a number of people endeavouring to raise a great block of granite: one of the stewards begged of him to assist his people, he consented, and, stooping on one side caught hold of the stone and raised it to its proper place. In doing so, however, his foot touched the ground, the white steed flew away, and Oisín became a worn, debilitated, blind old man. (O'Kearney 1853, 20-1)

Cá bhfios dúinn nár chuir an aird a tharraing Ó Cearnaigh ar LO fonn ar dhaoine eolas ceart a chur ar an laoi? Thagair Standish Hayes O'Grady do LO i liosta a chuir sé le chéile de na príomhlaioithe Fiannaíochta sa réamhrá lena eagrán de *Thóruigeacht Dhiarmada agus Ghráinne* sa tréimse himleabhar d'imeachtaí an Ossianic Society (1857, 18) agus chuir Brian Ó Luanaigh an laoi in eagar mar chuid den cheathrú himleabhar de na himeachtaí céanna (O'Looney 1859). Níor luaigh Ó

Luanaigh, áfach, Nioclás Ó Cearnaigh sa réamhrá a chuir sé le LO.<sup>1</sup> Bhí údar maith aige má bhí faoi an bhaint a bhí ag Ó Cearnaigh le poibliú na laoi a phlúchadh. Bunaíodh an Ossianic Society go hoifigiúil ar an 9ú lá de Bhealtaine, 1853, agus, fearacht an Ghrádaigh, bhí an Cearnach ar dhuine de na baill a toghadh ar chéad chomhairle an chumainn (féach Report an chumainn in O'Kearney 1853, 5, áit a bhfuil liosta de bhaill na comhairle). Chuir sé dhá cheann de na himeachtaí in eagar (O'Kearney 1853 agus 1855 faoi seach), ach tharraing an chonspóid a lean na bréagthairngreachtaí a d'fhág sé ar Cholm Cille in *The Prophecies of Columbkille* a foilsíodh sa bhliain 1856 míchlú air agus 'dhá mhí i ndiaidh teacht amach *The Prophecies* briseadh é as coiste an chumainn agus níl a ainm le fáil ó shin i leith fiú ar liosta na mball' (Ó Dufaigh in Ó Dufaigh agus Ó Doibhlin 1989, 80). Ní móide go mbeadh Ó Luanaigh ag iarraidh go mbeadh smál an amhrais ar an laoi a chuir sé féin in eagar, ná ar an réamhrá a chuir sé léi. Is díol suntais é, áfach, gur chuir comhairle an chumainn an fógra seo a leanas roimh réamhrá Uí Luanaigh:

The Council of the Ossianic Society do not hold themselves responsible for the authenticity or antiquity of the following poem; but print it as an interesting specimen of the most *recent* of the Fenian Stories ... (O'Looney 1859, 228)

B'fhéidir gurb é an bhaint a bhí ag Ó Cearnaigh le poibliú na laoi a spreag Ó Luanaigh leis an déantús seo a fhágáil ar Mhícheál Coimín sa réamhrá gearr a chuir sé lena eagrán. Ba é William Smith O'Brien, uachtarán an Ossianic Society, a spreag an Luanach leis an laoi a aistriú agus tá an réamhrá dírithe ar an mBrianach.<sup>2</sup> D'fhiosraigh an Brianach cé a chum an laoi agus is éard a scríobh Ó Luanaigh:

<sup>1</sup> Tá macalláí as cur síos Uí Chearnaigh ar Thír na nÓg le sonrú ar an réamhrá seo. Mar shampla, féach an dá shlioch seo a leanas:

It is a very curious fact that all the eastern nations believed that the Elysium, or abode of good souls after death, was located in the west, contiguous to the place where the sun set ... (O'Kearney 1853, 21-2)

... Oisín lived until he returned to relate the history of his adventures, and of this happy elysium. The inhabitants, of the eastern countries believed that in the west there was a happy final abode for the just which was called *Tír na n-Daoine Maíche* (Land of the good people). (O'Looney 1859, 230)

<sup>2</sup> Tá cuntas ar shaol Uí Luanaigh agus ar an mbaint a bhí aige le William Smith O'Brien in *Ní Mhuiríosa* 1969.

... from the testimony of many corroborating facts supported by the results of an inquiry which I instituted at your suggestion, I believe it to have been written by the learned Michael Comyn, contemporaneously with the romance *TOROLBH MAC STAIRN, 7C.* (Torolv the son of Starn), about the year 1749. By comparing *TÍR NA n-ÓG* with the occasionally interspersed verses in the romances of Torolv the son of Starn, &c. whose author is universally acknowledged to be Michael Comyn, it will be perceived that there is such a similarity and almost identity of style in them as to leave no doubt that they are both the productions of the same master mind. As further proof of this I may state that an illiterate man of my acquaintance can repeat several verses of it, but knows it under no other name but that of *LAOI AN CHOIMÍNEACH* (Comyn's Lay), and that his father had it from Comyn's manuscript. Another man states in a letter to me, that his copy of it was written in the year 1762 by a celebrated Irish scholar who lived in Ruan, County of Clare. (O'Looney 1859, 230)

Glacadh ó shin i leith le ráiteas seo Uí Luanaigh i dtaobh údaracht na laoi (Ó Briain 1984, 160-1). Chítear domsa, áfach, nach bhfuil éitir ar bith san fhianaise a chuir an Luanach faoi bhráid Smith O'Brien.

Duine ildánach a bhí sa Choimíneach a bhfágтар roinnt dánta agus dá scéal rómansaíochta air: *Eachtra Thorolbh mhic Stairn* agus *Eachtra thriúir mhac Thorolbh mhac Stairn*. Tharla imeachtaí na scéalta seo le linn do Chormac mac Airt a bheith ina ardrí (Ó Briain 1989, 182-3). Léiríonn na scéalta rómansaíochta go raibh eolas maith ag an té a scríobh iad ar an bhFiannaíocht, ach munarb ionann agus LO a bhfuil tús an scéil ann suite ar 'imeallbhordaibh Locha Léin', suitear cuid den chúlra sna scéalta rómansaíochta i gCo. an Chláir. Ní fiú dul i gcleithiúnas cúrsaí meadarachta le hiarracht a chruthú gurb é an duine céanna a chum iad agus LO, arae is furasta cosúlachtaí a aimsiú idir rannaireacht na laoithe Fiannaíochta agus rannaireacht na scéalta deireanacha rómansaíochta fré chéile (Ó Briain 1989, 181). Agus fiú is go dtagraíonn an Coimíneach mar seo d'Oisín i ndiaidh na Féinn in amhrán dá chuid,

Mo chumha, mo dhíth! mo chroidhe atá i bpian  
 Mar Oisín tréith-lag tréis na bhFiann,  
 Bas le m'éadan a féachain siar  
 S nách léir dam rí ná prionnsa!  
 (Mícheál Coimín sa bhliain 1755, [féach 'Úndóir' 1915])

is iomaí file eile a rinne amhlaidh, roimhe agus ó shin (Ó Cadhlaigh 1947, 399-402).

Níl i bhfianaise an *illiterate man of my acquaintance* — *deus ex machina* — ach dúirt-bean-liom-go-ndúirt-bean-léi. Ní ainmnítear fiú údar na litreach a raibh an lámhscríbhinn a raibh an scríobhaí cáiliúil gan ainm in ainm a scríobh sa bhliain 1762 ina sheilbh aige.

Níor mhaígh aon scríobhaí comhaimseartha leis an Luanach i gCo. an Chláir gur chum an Coimíneach LO. Idir 1844 agus 1845 a scríobhadh an lámhscríbhinn is sine go bhfios domsa a bhfuil cóip de LO inti. Seo í Additional 6559 in Ollscoil Cambridge a scríobh Mártan Ua Gríobhtha as Cill Rois, i gCo. an Chláir.<sup>3</sup> Bhí sí i seilbh Standish Hayes O'Grady tráth agus bhain Ó Luanaigh úsáid aisti in a eagrán (de Brún agus Herbert 1986,

---

<sup>3</sup> Tá fianaise shuimiúil chomhaimsearthaar leagan béil de scéal Oisín i dTír na hÓige/Tír na nÓg againn as dúthaigh an scríobhaí seo. Insíodh scéal faoi *the fairy country, in which a hundred years seem but two hours* do Johann Georg Kohl ar a bhealach go Cill Rois dó, le linn a chamchuartha in Éirinn idir 1842 agus 1843. B'fhéidir gurb é an faisnéiseoir a chuir an scéal as a riocht d'aon turas chun é a shimpliú don taistealaí gearghreamannach Gearmánach, mar cé nach bhfuil trácht ar Oisín ná ar na Fianna ann, is léir ón gcuntas a scríobh Kohl gurb í Tír na hÓige, nó Tír na nÓg, an *fairy country* atá i gceist:

The Irish, in common with all depressed nations, have their dreams of a fairy-land of wonderful beauty, and the man who drove me the last stage to Kilrush was full of them. Whilst we were rolling down the hills in the twilight, and drawing nigh the little town, he told me of a king who was carried by a fairy lady into that charming land, where he lead a splendid and delightful life, till one day he wished himself back on the earth, among men. The fairies then gave him a magic horse, at the same time warning him, as he valued his eternal youth, not to touch the ground with his foot, although he might gallop about the earth on the horse as long as he pleased. He had already spent two hundred years among the fairies, by whose enchantment his youth and strength had been preserved; but on touching the earth this spell would be instantly broken. The king rode forth on the earth, and was greatly rejoiced at again saluting this dear old mother of all mankind. Approaching his own palace, where he had once been used to command, and riding up the court-yard, he saw there another king, ordering arrangements which were not pleasing to him; whereupon he forgot himself for an instant, and, with a view to remonstrate with his successor, leapt from his horse in a rage. Remembering, while he still hovered in the air, the warning of the fairies, he uttered a shriek of despair, and as he touched the ground his youthful and vigorous form was instantly shrivelled up into that of a man two hundred years old; laden with the weight of years, he could not live a single moment, and with a sigh he gave up the ghost. The magic horse instantly vanished; and the new king, who recognised the body of his long-vanished predecessor by a golden medal which he wore round his neck, had him buried, and erected a monument to his memory. (Kohl 1844, 92-3)

79, 81; Ó Briain 1989, 194, fonóta 2). Ní luaitear ainm údair leis an laoi sa lámhscríbhinn seo.

Chuir Mícheál Ó Raghallaigh agus Séamas Mac Cruitín, beirt Chláiríneach eile a mhair i lár an 19ú haois, cuntais ghearra bheathaisnéise le chéile ar fhilí an Chláir — ina measc Mícheál Coimín. I nGaeilge atá an cuntas a scríobh an Raghallaigh sa bhliain 1852 (Ó Lochlainn 1939, 22) agus is i mBéarla atá an ceann a scríobh an Cruitíneach thart ar ocht mbliana roimhe sin' (Ó hAnluain 1977, 11). Tá cóip de chuntas Mhic Cruitín a rinne an Luanach do William Smith O'Brien in RIA 24 B 11 (Ó Briain 1989, 182). Níl smid i gceann ar bith de na cuntais seo faoin mbaint a bhí, mar dhea, ag an gCoimíneach le LO.

Ba é an Luanach an chéad duine, ar feadh m'eolais, a luaigh LO leis an gCoimíneach. Níl tagairt ag bith ag Edward O'Reilly do LO sa chuntas ar shaothar an Choimínigh ina leabhar ar fhilí agus scríbhneoirí na Gaeilge (O'Reilly 1820, ccxxxii). Beagán le cois deich mbliana fichead ina dhiaidh sin is ea a foilsíodh *Ancient Irish Minstrelsy* William Hamilton Drummond. Tiomsúchán d'aistriúcháin Bhéarla ar laoi the Fiannaíochta móide réamhrá faoin ábhar atá sa leabhar seo ar saothar sách cuimsitheach é ar an bhFiannaíocht i gcomthéacs scoláireacht na linne sin (Drummond 1852). Níor luaigh Drummond LO ná Mícheál Coimín in áit ar bith sa leabhar seo a foilsíodh bliain amháin roimh thagairtí an Chearnaigh do LO.

Is fada an lá ó ciontaíodh Nioclás Ó Cearnaigh i gcoir na brionnadóireachta liteartha, agus fág is gurb eisean is túisce a rinne plé i gcló ar LO, ní gá go raibh lámh ná páirt aige i gcumadh na laoi, más saothar nuachumtha é.<sup>4</sup> Dá mbeadh baint aige lena cumadh, d'fhéadfaí glacadh leis go réiteodh an achoimre leis thuas, agus an chóip den laoi atá ina chuid peannaireachta i lámhscríbhinn RIA 23 M 2, leis an leagan de LO a chuir an Luanach in eagar, nó leis an leagan lámhscríofa de a bhreac an Luanach do Smith O'Brien in RIA 24 C 20. Ar an gcéad dul síos, is ionann, cés moite de roinnt eisceachtaí a luaitear thíos, an friotal i gcóipeanna Uí Chearnaigh agus an friotal i gcóipeanna Uí Luanaigh, ach amháin go bhfuil litriú Uí Chearnaigh níos seanaimseartha ná litriú Uí Luanaigh. Ní athruithe orgánacha atá iontu seo, ach is éard atá iontu athruithe acadúla. Ní hionann iad, cuiream i gcás, agus na hathruithe nádúrtha friotail sna cóipeanna éagsúla de SOO, nó de LCC, ar athruithe dílse orgánacha iad a

---

<sup>4</sup> 'Ach in ainneoin a chumais agus a ghrá don Ghaeilge is buaine a mhair cuimhní ar a shaothar brionnadóireachta ...' (Ní Mhurchú agus Breathnach 1999, 85).

d'eascair as an gcaoi ar seachadadh na déantúis sin trí mheán an fhocail scríofa agus trí mheán an fhocail labhartha in imeachta na mblianta.

Ar cheann den bheagán athruithe suntasacha i dtéacsanna Uí Chearnaigh tá an t-ainm a thug sé ar athair Niamh Chinn Óir. San achoimre leis thuas tugtar *daughter of Cailce (Brilliant), king of Tir na n-Og (Country of Perpetual Youth)* ar an athair. 'S me ingean Chailc rígh Thír na n'Óg' atá aige in RIA 23 M 2 (243). Glac Ó Luanaigh leis, agus eagarthóirí eile ina dhiaidh, 'gurb é ginideach an ainmfhocal 'cailc' faoi réir ag an ainmfhocal 'inghean' atá anseo. Is éard atá aige 'is mé inghean cailce Rígh na n-Óg' *I am the fair daughter of the King of Youth* (O'Looney 1859, 238 agus 239 faoi seach). Is fiú fianaise an téacs in RIA 24 C 20 a chur san áireamh, arae scríobh an Luanach an litir *c* go hiondúil mar cheannlitir ag tús focail sa chóip den laoi atá sa lámhscríbhinn seo. Má bhí dréachtchóip den laoi i bpeannaireacht Uí Luanaigh ag an gCearnach b'fhurasta dó ainm dlí a chumadh as an gcáilitheoir 'Cailce' má scríobhadh tús an fhocail le ceannlitir.

#### CÚLRA LITEARTHATHA LO

Níl na Cláirínigh saor ó ghalar na brionnadóireachta liteartha ach an oiread (Ó Briain 1989, 195, nóta 26) agus cé nach fios cé chum LO — ní féidir gan a bheith ag amhras ar leithéidí Bhriain Uí Luanaigh, Standish Hayes O'Grady nó Mhártain Uí Ghríobhtha — is furasta a aithne go raibh cur amach ag údar na laoi ar litríocht na Gaeilge.<sup>5</sup> Ní dhearna údar LO, mar a deir Cormac Ó Cadhlaigh, 'acht an rud nár tháinig le Mac Mhuirich Alban do dhéanamh 'na dhiaidh sin, is é sin, an béaloideas do bhí ar marthain le n-a linn féin ar measc Gaedheal do scríobhadh síos i bfuirm Laoi Fiannuidheachta.' (1947, 448)<sup>6</sup> Chuir sé an t-ábhar seo i bhfeiliúint do

<sup>5</sup> Leanann cáipéis dlí an chóip de LO atá in RIA 23 C 20, an lámhscríbhinn a scríobh an Luanach do Smith O'Brien. Cóip d'uacht Ghiolla na Naomh Óig Uí Dhubhdhabhoirinn a rinneadh de réir na cáipéise sa bhliain 1675 atá sa téacs seo. Tá sé in eagar agus aistrithe ag Brian Ó Cuív (1960). Bhunaigh sé an t-eagrán ar chóip a scríobh Labhrás Ó hAinle in Inis Díomáin sa bhliain 1797 agus bhain sé leas as trí chóip eile — RIA 23 C 20 ina measc — a scríobhadh in Inis Díomáin, nó ina chomharsanacht. Ghlac an t-eagarthóir leis gur bhain an uacht leis an 17ú haois. Tá cóip eile den téacs a rinne Micheal Ó Raghallaigh i measc pháipéir Uí Chomhraidhe i gColáiste Phádraig Maigh Nuad agus tá an nóta seo a leanas scríofa ag Ó Comhraidh ar an gcáipéis: *The above is a forgery. E Curry Nov. 1854* (féach Ó Fiannachta 1968, 129).

<sup>6</sup> Tugann Cormac Ó Cadhlaigh Séamas Mac Mhuirich ar James McPherson i nGaeilge (Ó Cadhlaigh 1947, 408; 503).

chreatlach bhréagstairiúil na Fiannaíochta agus sheadaigh é trí eachtraí tánaisteacha a tharraingt isteach ann (Ó Briain 1989, 193).

Ba é an t-údar seo a bhaist an t-ainm Niamh Chinn Óir ar an leannán as Tír na nÓg, arae ní thugtar ainm sainiúil ar bith uirthi sa traidisiún béil. Cén bunús atá leis an ainm seo? Luaitear an t-ainm Niamh i dteannta ainm Oisín cúpla uair san Fhiannaíocht. Insítear in AS gur éalaigh iníon Rí Mumhan, Niam ingen Aengusa Tírigh, ó thuaidh go Cúige Uladh le hOisín ach go bhfuair sí féin agus a bantracht bás le náire sula bhfeicfeadh a hathair agus an slua a bhí leis sa tóir orthu nocht iad. Tugadh Cnoc an Áir ar an áit ar éag na mná (Stokes 1900, ll. 2974-92; Ó Briain 1989, 193). Tá Niamh eile agus Cnoc an Áir eile ann agus iad níos óige go mór na AS. Niamh Nuachruthach atá ar an mbean 'dob áille ná an ghrian' a thit as a seasamh agus a fuair bás i ngeall ar an ár a rinneadh nuair a throid na Fianna ar a son i gcoinne Thailc mhic Threoin. Tugadh Cnoc an Áir ar an áit ar bhásaigh sí agus 'Laoi Chnoic an Áir' ar an laoi cháiliúil faoin scéal fúithi (An Seabhac 1941, 25-31; féach freisin Ó Briain 1989, 199, fonóta 91). B'fhéidir go ndeachaigh ainm na mná agus roinnt den chur síos uirthi in 'Laoi Chnoic an Áir' i bhfeidm ar údar LO, ach braithim, áfach, gur dóichí ná a mhalairt gur múnlaíodh an t-ainm Niamh Chinn Óir ar ainm na mná ar tháinig Macaomh an Iolair i gcabhair uirthi sa scéal rómánsaíochta dar teideal *Eachtra Mhacaoimh an Iolair*. Tugtar Niamh Chinnfhionn ar an mbean seo (Macalister 1908, 142; de Teiltiún agus Laoide 1912, 44). B'fhéidir gur múnlaíodh ceann de na heachtraí lenar seadaíodh LO ar eachtra sa scéal freisin. Tá roinnt cosúlachta ag an gcuntas in LO ar an gcaoi ar chloígh Oisín agus é a bhealach go Tír na nÓg Fomhor Builleach Druime Lóghach leis an gcuntas faoin gcoimhlint idir Macaomh an Iolair agus Ridire an Chiuil nó Fomhor Carraige Duibhe (Macalister 1908, 168-76); féach freisin Gowans 1992, 80).<sup>7</sup>

#### TÍR NA hÓIGE AGUS TÍR NA nÓG

Ní móide go dtabharfadh Nioclás Ó Cearnaigh Tír na nÓg ar an tír a ndeachaigh Oisín ann dá mba é a chum LO. Tír na hÓige a thugtar ar an áit chéanna in LCC agus is é an t-ainm seo a bhí ar an tír seo sa traidisiún béil in Albain agus sa chuid is mó d'Éirinn (Ó Briain 1989, 191). Tugtar *Thiernah Ogieh* (Tír na hÓige) ar an áit seo in Cl 1a. Bhailigh Francis Robert

<sup>7</sup> Tá tionchar 'Laoi an Amadáin Mhóir' le sonrú ar LO freisin, féach Ó Briain 1989, 193-4.



Davies Cl 1a roinnt blianta roimh 1853,<sup>8</sup> agus d'airigh Nils Holmer *Tír na hÓige* á thabhairt ar an áit i ndeisceart an Chláir breis agus céad bliain ina dhiaidh sin (Cl 3). Bhí an t-ainm agus an coincheap ar eolas sa 18ú haois i gCo. an Chláir, arae cuireadh teach stríopachais in Inis Díomáin i gcomórtas leis: 'Is geall le Tír na hÓige é, tá gach uile ní ann mar is ceart.' (Williams, 1978, 360).

Bhain dáileadh níos cúinge leis an ainm Tír na nÓg, ach bhí sé in úsáid ag Muimhínigh aga maith sular cuireadh LO i gcló. Dréacht i mBéarla stílthe atá in CO 1 a foilsíodh in *The Dublin Penny Journal* in Eanáir na bliana 1836. Seo é an leagan is sine i gcló go bhfios dom den scéal béil faoi Oisín i dTír na nÓg: *Ossheen ... had been conveyed to Tirenan-Oge, the Elysium of the Heathen Irish ...* Suimiúil go leor, munarb ionann agus LO, fuadaíodh Oisín de réir an leagain seo dá bhuíochas go Tír na nÓg nuair a cheap sé bromach bán a bhí ag milleadh gort arbhair. Bhí sé fós i ngreim i moing an bhromaigh nuair a shroicheadar Tír na nÓg. Rinneadh bean bhreá den bhromach, ach bhí Oisín fós i ngreim ina cuacha buí (*whose yellow ringlets were yet strained in his determined grasp*). Bailíodh leaganacha eile béil atá ar aon dul le Co 1 ó Chorcaigh go Dún na nGall. Luaitear iad i gCabidil 21.

Chítear dom go raibh teacht ag Seán Ó Doinn, an té a d'fhoilsigh TÁ 1 sa bhliain 1850 sa chéad imleabhar de *Transactions of the Kilkenny Archaeological Society*, ar leagan an Bhreathnaigh, mar a léiríós na macallaí as sa tagairt seo a leanas aige d'Oisín i ndiaidh Chath Gabhra:

Ossian survived this battle, as before stated, and was subsequently conveyed by some invisible power to *Tir-na-n-og* —'the land of youth,' and the Elysium of the Pagan Irish — whence, after a long lapse of time, and many urgent entreaties, he was permitted to visit once more the favourite scenes of his mortal feats, his manly spots, and exercises whilst on earth.

[TÁ 1, 345]

Tá caibidil ag Thomas Crofton Croker dar teideal 'Legends of the Thierna na Oge' ina *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*, ach ní bhaineann ceann ar bith de na scéalta ann le hOisín i dTír na nÓg

---

<sup>8</sup> 'The legends of the co. Clare,' ... were related to me some years ago during a residence of some duration at the house of a friend, now no more ... (Davies 1854, 390; féach fonóta 9, Caibidil 11).

(Croker 1825, 318-63). Is ionann Tír na nÓg aige agus Tír fó Thoinn mar is léir ón sliocht seo a leanas as nóta leis sa tríú himleabhar den saothar seo:

The Land of Youth. — (*Thierna na oge*).

Beneath the water is a country, as well as above the earth, where the sun shines, meadows flourish, trees blossom, fields and woods alternate, cities and palaces arise, only far more magnificent and splendid, and inhabited by happy fairies ... It is called the Land of Youth, because time has no power there, no one becomes old, and persons who have passed many years there, fancied it only to be a moment ... (Croker 1828, 12)

Tráthúil go leor, freagraíonn cur síos Croker go maith don chuntas ar shuíomh Thír na nÓg sa scéal deireanach rómánsaíochta *Giolla an Fhiugha* (Hyde 1899, 1-49). Meastar nach bhfuil an scéal seo mórán níos sine ná tús an 19ú haois (Bruford 1969, 141). Bhunaigh de hÍde an t-eagrán aige ar lámhscríbhinn a scríobhadh, is cosúil, i gCo. an Chláir ag tús an 19ú haois (Hyde 1899, viii). Insítear sa scéal gur chaith Murchadh mac Briain é féin isteach i Loch Deirgeirt le coire draíochta a fáil agus gur sloigeadh go Tír fó Thuinn é. Tar éis dó éacht mór a dhéanamh agus an coire a fháil, chuaigh sé go cúirt Ghiolla an Fhiugha, Rígh fó Thuinn, áit ar fearadh an-fháilte roimhe. Bhíodar ag caitheamh fleá seal aimsire nó gur fhiafraigh Giolla an Fhiugha dó cá fhaid a bhí sé sa tír sin. Shíl Murchadh nach raibh sé ann ach le seachtain nó dhó:

'Nach bhfuil fhios agad gur ab é seó Tír na n-Óg, agus nach n-aireóchá an aimsir ag imtheacht thart. Atá tu ann so le lá agus bliadhain,' ar an Giolla. (Hyde 1899, 46)

Baintear úsáid as an ainm Tír na nóg i gcómthéacs Críostaí i leagan deireanach de *An Teanga Bithnua* a chuir ag G. Dottin in eagar (1907). Scríobhadh an lámhscríbhinn ar baineadh an téacs aisti sa bhliain 1817 (1907, 277; 306) agus tá lorg Ghaeilge na Mumhan ar an teanga sa téacs. Deirtear faoi chúrsa na gréine:

... téid ansin go tír na n-óg, agus as-íad daoine aithreabus air sin a lá dé-anaibh is aile sa domhan, agus as -iad fós is binne céol agus oirfide san domhan. (Dottin 1907, 298)<sup>9</sup>

Tá fianaise ar an ainm Tír na nÓg chomh fada siar leis an gcéad leath den 19ú haois i gCo. Chill Chainnigh. Bhreac Amhlaoibh Ó Súilleabháin cuntas ar an lurgadán ina chín lae ar an 23ú Meitheamh, 1835. Insíonn sé faoin gcaoi a n-éiríonn leis na lurgadán éalú ó dhaoine ach a mbeireann spealadóir air:

... is goile-labharthóir gach lurgadan, óir cloiseann an spealadóir glór garg allta taobh thiar de, agus an tan fhéachann créad as an glór sloigtear an lurgadán trés an talamh go Tír na nÓg.  
(de Bhaldraithe 1970, 117)

Tagraíonn sé do Thír na nÓg i ndánta dá chuid i lámhscríbhinn C 17, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad. 'Leabhar nóta beag cuntaisíochta ... a úsáideadh ina dhiaidh sin chun rannaíochta (a formhór nuachumtha (?) nó claonaistrithe; 't' cliathánach lena lán r[ann] ...' (Ó Fiannachta 1968, 41) atá sa lámhscríbhinn seo. Baineann an chuntasáíocht inti leis an tréimhse 1813-14. Deir an Súilleabhánach i gceann de na dánta gearra seo go bhfuil Fionn i dTír na nÓg:

Ar Eithne 'n-a Tir na nÓg  
mar a bhfuill Fionn na bFiann (C 17, 22)

Tá *t* (?translation) curtha aige leis an rann thuas agus leis na rainn sa dán a leanas é. Tagraítear anseo do chúrsaí ama thall sa chumasc de bhréagtheagasc na ndraoithe agus de theagasc na Críostaíochta:

Deir gach draidh, i dTir na n-Og  
bionn anam na slog sarfheil  
mar a bhfuidhed failte is pog  
a bhfad o siosma an tsaogail. 1

Am imchian is gearr sann  
Ni leo is mian oruinn fille  
Ní cuimhin leo a nderna ann

---

<sup>9</sup> Táim faoi chomaoin ag María del henaar Velasco López as m'aird a tharringt ar an téacs seo ag léacht a thug sí dar teideal 'Christian Heaven - Pagan Otherworld' ag Tionól Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 29 Samhain 1997.

tan tagann i gcorpaibh eile. 2

Mar seo doibh diad i ndiadh  
go mbidh glan mar gath greine  
tan arduigher iad le Dia  
suas air neamh i measg na Feine. 3

Act an dram bionn nemhfiail  
tighid a nAnmana corp eallaigh  
as sín 'go brog na bpian  
gan cuntas bliaghan da ngreadadh ... (C 17, 24)

#### THE CELT'S PARADISE

Ba é John Banin (1798-1842), údar comhaimseartha le hAmhlaoibh Ó Súilleabháin as Co Chill Chainnigh, is túisce, ar feadh m'eolais, a rinne ionramháil ar théama Oisín i dTír na nÓg i bhfilíocht an Bhéarla. Bhí eolas maith ag Banim ar ghnéithe de thraidisiún béil na Fiannaíochta (Ó Briain 1999a, 65). Foilsíodh *The Celt's Paradise in Four Duans* leis sa bhliain 1821. Cuireadh athcló air ina dhiaidh sin arís i Nua Eabhrac sa bhliain 1869. Is beag is ionann an déantús méaldrámata seo agus LO agus is beag aird, go bhfios dom, a tugadh air. Seo, mar shampla, cur síos a rinne Russell K. Alspach air: ... *a vague, flowery piece telling how Oisín was lured away by a lady of faery to Paradise, from which he is driven when he is unfaithful to her.* (Alspach 1943, 857). Tá tionchar thraidisiún na laoithe le sonrú ar an dán sa mhéid is gur sholáthair an iomarbhá idir Oisín agus Pádraig creatlach dó. Ní thugann Banim ainm ar bith ach *Paradise* ar an áit a ndeachaigh Oisín — níl an t-ainm Tír na nÓg luaite sa dán ar chor ar bith. Ach is furasta a aithne gur mhúnlaigh scéalta faoi Thír na nÓg an tuiscint a bhí aige ar an bparthas seo. Bhí an áit suite

Beyond the wild and wailing wave  
Of this cold world. — The summer there  
Is cloudless, calm, and ever fair. (Banim 1821, 11)

Bean de bhunadh na gcnoc, is é sin le rá, bean den aos sí, a labhair le hOisín i mbrionglóid agus a rinne an cur síos suimiúil seo ar an *Valhall* seo:

I am of the people of the hill—  
A Sidhée spirit pure and free,

From all the cares that 'cumber thee.  
I live in a land where the blushing light  
Is always constant, calm, and bright;  
Grief is not there, nor age, nor death,  
But evergreen youth, and endless breath,  
And life that tires not with the living,  
And love that loathes not with the giving.  
Stern sons of men who struggling die,  
In Virtue's cause, or Freedom's high,  
Come'there across the waste of water,  
Guided by a Sidhée's daughter;  
And live at leisure calm and free,  
To follow what their wish may be. (20-1)

I measc na marbh ann tá Comhal, sheanathair Oisín (66), agus, shílfeá, roinnt de lucht aitheantais an fhile féin, arae tá tagairtí chomhaimseartha do chúrsaí na hÉireann ag tús an 19ú haois le braith tríd síos sa dán. Tá an chuma ar chríoch an dáin nach ndeachaigh Oisín go dtí parthas seo na gCeilteach ar chor ar bith agus nach bhfuil sa dán uilig ach brionglóid a bhí aige faoin áit (96). B'fhéidir gurb é an tuiscint stairiúil a bhí ag Banim ar an bhFiannaíocht ba chionsiocair leis an gcor seo a bhaint as scéal Oisín i dTír na nÓg, arae i gceann de na nótaí a chuir sé leis an dán deir sé:

The author is aware of the gross anachronism committed by making St. Patrick, who came to Ireland toward the end of the fourth century, a cotemporary with Ossian, who fought in the battle of Gabhra in 296. (Banim 1821, Notes, xxiii)

#### TIONCHAR LO

Níor fhág dán Banim lorg ar bith, go bhfios dom, ar an ábhar faoi Oisín sa traidisiún béil in Éirinn. Os a choinne sin, baineann tábhacht ar leith le LO, arae cuireadh eachtra mór i mbeatha Oisín faoi bhráid phobail léitheoireachta na Gaeilge agus an Bhéarla ann sa chaoi go ndeachaigh leagan na laoi faoi Oisín i dTír na nÓg i bhfeidhm chomh mór sin ar an saol mór gur tugadh stádas canónda dó. Bhí an oiread sin tionchair ag leaganacha foilsithe den laoi (Ó Briain 1999, 233), nó ach achoimrí próis i mBéarla agus i nGaeilge ar an scéal inti, go bhfuil an lorg láidir a d'fhág LO ar thraidisiún béil an 20ú haois le sonrú ar an mbéaloideas a bailíodh faoi Oisín, go háirithe i measc bhailiúchán na scoileanna a rinneadh faoi stiúir Choimisiún Bhéaloideas Éireann idir na blianta 1937 agus 1937. Tá

tionchar LO le sonrú go láidir freisin ar roinnt leaganacha béil as Co. Chiarraí agus as Co. Dhún na nGall. Athinsintí i nGaeilge, nó achoimrí loma i mBéarla, ar éirim an scéil in LO atá sna leaganacha béil seo a leanas: BÁC 1; CM 1; IM 1; CC 3, 6; PL 9; CO 18, 20, 21, 22; Lu 3, 4; Cl 6, 7, 8; G 35; 36; 37; 38; ME 21; 24; Sl 3, 4, 5; DG 19; Mu 2.

Cumasc de 'Laoi na Seilge agus LO atá in Ao 1 agus tá friotal agus cuma mheadarachat LO réasúnta slán in dhá leagan Corca Dhuibhne, Ci 2 agus Ci 5.<sup>10</sup> Thagair Tadhg Ó Murchadha, ón gCoirreán, Uíbh Ráthach, do dhá chuntas in Ci 3 ar imeacht Oisín go Tír na nÓg — LO, 'an gnáthscéal' a léitear sna leabhair agus leagan eile faoin mbromach a bhí ag milleadh páirc arbhair (féach Caibidil 21). Tá rann as LO in TÁ 2 agus an chuid eile den scéal i bprós. Rinne roinnt scéalaithe as Co. Dhún na nGall a gcuid féin de LO freisin, go minic á shníomh le scéalta eile béil faoi Oisín [DG 7, 11, 12, 14, 16]. Tugtar Tír na hÓige ar Thír na nÓg sna leaganacha seo. Tagraítear do roinnt de na hiontais chéanna a chonaic Oisín de réir LO nuair a bhí sé ar an tslí go Tír na hÓige in DG 7, 12. Luaitear an fathach a mharaigh sé de réir LO in DG 16. Luaitear an t-ainm Niamh Chinn Óir in DG 7, 12, 19 agus in Ao 1; Co 10; PL 7. Tugtar Niamh ar an mbean in G 39 agus Eva uirthi in G 38! Léiríonn 'na cuacha buí' a luaitear leis an mbean as Tír na nÓg in Co 4a tionchar LO freisin.

Déantar ionramháil sna laoithe a bhfuil plé déanta orthu i gCaibidil 19 agus 20 ar cheann de na heachtraí is cáiliúla agus is tábhachtaí i mbeatha Oisín. Tharraing na húdair a chum iad agus SOO as saibhreas an traidisiúin bhéil agus shaibhrigh torthaí a saothar an traidisiúin céanna — traidisiúin a raibh cuntas cuimsitheach ar bheatha Oisín ann. Scrúdaítear gnéithe den traidisiúin sin sa chéad chaibidil eile.

---

<sup>10</sup> Cé gur dóigh go síolraíonn na leaganacha seo ó cheann éigin de na heagrán fhoilsithe de LO — Ó Flannghaile (1896), b'fhéidir — bhain an Seabhac earraíocht as lámhscríbhinn 'a rinne fear dárbh ainm Tomás Ó Muircheartaigh i bParóiste an Fhirtéaraigh tuairim 1860-61' agus LO á chur in eagar aige in *Laoithe na Féinne* (1941, 314 agus 317 faoi seach). Tá an lámhscríbhinn seo i dtáisce anois i gCartlann Roinn Bhéalóideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is ionann an leagan de LO ann agus an ceann a chuir an Luanach in eagar.

## CAIBIDIL 21: BÉALOIDEAS NA SEAN, I

*... the late Colonel Shaw, Secretary to the Marquess Wellesley, told him [Lord George Hill] that when a boy he had gone to London, and while staying with a friend, an old lady read to him some of Macpherson's Ossian, which was then much in vogue; and he astonished her much by saying — 'I have heard all those stories before from my nurse in Ireland, who related them in the original Irish.'* (Connellan 1860, 193)

### CÚRSAÍ AIMSIRE

Tugann comhrá gearr a bhí idir Oisín agus Naomh Pádraig faoi chúrsaí aimsire spléachadh suimiúil dúinn ar dhearcadh na ndaoine a shealbhaigh béaloideas na Fiannaíochta ar Oisín agus na Fianna:

D'fhiostraig Pádraig d'Oisín go dé an seort aimsire a bhí acu tá fad' ó shoin. Bhí Oisín 'na sheandúine aosda. Dubhairt se le Pádraig go rabh

Geimhreadh ceodhach acú  
Earrach reodhach  
Samhradh riabhach  
Foghmhar grianach

Dubhairt Pádraig go rabh Dia ar a gcomhairle fhéin acú. 'Char bh'iongantas sin,' arsa Oisín, 'bhí muid fhéin ar chomhairle a chéile go maith.' [Mu 1]

'Conas a bhíodh na séasúir agaibh?' arsa Naomh Pádraig le hOisín. Bhí an bheirt acu ag caint, lá.  
'Do bhíodh,' arsa Oisín, 'samhradh grianmhar agus fómhar biamhar, geimhreadh ceoch agus earrach reoch.'  
'Do bhí Dia baoch díbh,' arsa Naomh Pádraig.  
'Ba chuma linn a bhaochas nó a neamhbhaochas,' arsa Oisín, 'ach fáin sinn féin a bhí baoch dá chéile.' [Co 15]

Is dlúthchuid de scéal Oisín sa traidisiún béil é an scéilín gearr seo, faoi mar a chruthaíos a dháileadh fairsing ar fud na tíre [DG 2; Mu 1; TE 1; CI 2; 4; 5; Co 15; PL 5]. Tá dhá chuid sa chomhrá gearr seo, ceist faoin aimsir agus ráiteas faoi na Fianna. Is éard a deir Dáithí Ó hÓgáin faoin

gcéad chuid den chomhrá seo: *This refers to an agricultural rather than an heroic life style and shows the folk inserting their own perspective into the lore.* (Ó hÓgáin 1988, 299) Seo, ar ndóigh, ceann de shaintréithe bhisiúlacht na Fiannaíochta, d'fhuineadh gach aicme agus gach glúin an t-ábhar de réir a gcúlra agus a dtusicintí ar shaol a linne féin, ag cur leis agus ag baint uaidh. Faoi mar a bhí aos léinn na mainistreacha sna meánaoiseanna in ann comaoin a chur ar an bhFiannaíocht agus Oisín agus Chaoilte a tharraingt isteach i gcrioslach na Críostaíochta, chuir aicmí eile, lucht na talamhaíochta ina measc, Oisín agus na Fianna i bhfeiliúint dá dtimpeallacht féin.

Is sampla iad an dá scéilín thuas den chaoi a ndeachaigh íomhá Oisín, fuíoll áir na Féinne, i bhfeidhm go láidir ar shamhlaíocht lucht labhartha na Gaeilge. Is cruthúnas é an nath cáiliúil 'Oisín i ndiaidh na Féinne' (Ó Máille 1952, 342, §4828; 441), 'Oisín in éis/d'éis na Féinne' (O'Rahilly 1922, 142), nó thall in Albain, 'Oisean an déidh na Féinne' (Bruford 1987, 48), ar an eolas a bhí ar scéal Oisín ar an dá thaobh de Shruth na Maoile i measc na nGael — an mionlach cruthaitheach orthu ar lucht saothraithe na litríochta scríofa agus na litríochta béil iad agus an tromlach acu, fearacht an Colonel Shaw a luaitear ag tús na caibidle seo, a chuir eolas ar na Fianna ó bheith ag éisteacht le scéalta fúthu. Bhain filí an dá thír earraíocht as an nath céanna, nó as samhail fuinte as a eisint, ón seachtú haois déag ar a laghad ar aghaidh (Ó Cadhlaigh 1947, 399-402). Nuair a chastar solaoidí linn ar nós 'anois cráidhte mar táim id dhéidh-se / ní raibh Oisín d'éis na Féinne' (MacErlean 1910, 11) ag Dáibhí Ó Bruadair agus comhscoláire leis á chaoineadh aige, nó a leithéid seo a leanas ag Alasdair Mac Mhurchaidh a mhaigh go brónach gur 'Thug mo chridhe troigh ar ais / Mar Oisín an déidh nam Fiann' i ngeall ar na 'caraid do chaidh' uaidh (Watson 1931, 230, 232), ní miste a fhiafraí an as an traidisiún béil a bhí na filí ag tarraingt agus an nath seo in úsáid acu, nó arb é tionchar thraidisiúin na laoihe ba chúis leis. Ní móide gur féidir freagra baileach a thabhairt ar an gceist seo, arae bhí an Fhiannaíocht beo bríomhar sa dá mheán. Mhair focal béil agus focal scríofa na Fiannaíochta buil a chéile ar feadh na gcianta ó b'ann don fhocal scríofa mar is léir, mar shampla amháin, ón bplé sa tráchtas seo ar SOO agus ar bheatha Oisín. Bhain, cuiream i gcás, Dáibhidh Ó Bruadair earraíocht as traidisiún béil a linne nuair a thagair sé do bhaisteach Oisín mar seo a leanas sa déantús cáiliúil dar tús *Créacht do dháil me im ártach galair*:



An té le bhfríth ón gcoimhdhe ceatha,  
nach céasadh cill nach tuilleadh talluinn,  
an féinnidh fíor tréar ling an bhachall  
's nár éaguin í le suim 'san mbaiste.

(MacErlean 1910, 42; féach Ó Briain 1999a, 60-2)

Tá ráiteas tábhachtach faoi nádúr na Féinne sa dara cuid den chomhrá thuas idir an naomh agus an seanóir. Ní raibh beann ar bith acu ar Dhia. Págánaigh a'bhí iontu. Cé go bhfuil sé fágtha ar an bhFiannaíocht ag scoláirí an lae inniu go bhfuil sí ar an gcuid is dúchasaí den scéalaíocht liteartha a saothraíodh ó ré na Sean-Ghaeilge i leith — gur fhás a fréamha as dúrabhán na sochaí réamhchríostaí in Éirinn — ní haon oidhre ar pháigántacht réamhchríostaí atá sa chomhrá thuas, ach réaladh ar leibhéal an traidisiúin bhéil ar an aighneas síoraí idir an an naomh agus an seanóir faoi chúrsaí creidimh a bhfuil a bhuaic sna laoithe Fiannaíochta (féach Caibidil 18 thuas). Síolraíonn páigántacht Oisín agus na Féinne go nádúrtha ón traidisiún saorga a leag amach gur mhair an seanóir go haimsir Phódraig. Cruthaíodh cúlra páigánach d'Oisín sna laoithe a raibh sé féin agus Pádraig in árach a chéile iontu faoi shlánú na Féinne agus faoi fheabhas an tsaoil a chaitheadar (Caibidil 18). Ní cuid bhunaidh de scéal Oisín ó thús é an cúlra páigánach, mar atá ráite cheana i gCaibidil 1. Níor ghá aon sonrú a dhéanamh ar pháigántacht na Féinne sna téacsanna liteartha is sine fúthu sa tSean-Ghaeilge, arae suitear himeachtaí iontu sa ré réamhchríostaí. Ní haon idirghabhalaí idir ré na páigántachta agus na Críostaíochta é Oisín sa chuid is sine den Fhiannaíocht.

#### OISÍN INA IDIRGHABHÁLAÍ

Is cumadóireacht léannta liteartha, mar sin, a mhúnlaigh an tuiscint faoi pháigántacht na Féinne ar dtús. Dhá mhéan ar leith iad gona rialacha féin, ar ndóigh, a bhí agus atá i modh na cumadóireachta cruthaí trí mhéan an fhocail scríofa agus trí mheán an fhocail labhartha. Má bhain lucht saothraithe na Fiannaíochta sa traidisiún liteartha earraíocht as ábhar a fuairadar rompu sa traidisiún béil, chuadar i mbun na cumadóireachta i ré na Meán-Ghaeilge le fráma tagartha a cheapadh don Fhiannaíocht ó thaobh na bréagstaire de. Ligeadar orthu féin gur inis na seanóirí a ndála féin agus dála na Féinne do Phódraig. Cuirtear i láthair mar scéalaithe iad, ach tugtar an t-aitheantas atá dlite don fhocal scríofa i mbuanú an traidisiúin sin sa chomhairle cháiliúil a chuir a aingil choimhdeachta ar Phódraig in AS1 agus AS2. Tharla gurb é an leagan in AS1 (Stokes 1900, 9),

arb é Caoilte an seanfhaisnéiseoir atá i gceist ann, a luaitear de ghnáth (Nagy 1997, 324-5 an duine is deireanaí a thráchtas ar an sliocht), is fiú aird a dhíriú ar an leagan atá in AS2, ní hé amháin as ucht gurb é Oisín an scéalaí atá i gceist, ach de bhrí go bhfuil sonra tábhachtach ann atá ar iarraidh sa leagan eile. Ní luaitear an tábhacht a bhain le baisteadh na seanfhondúirí sa leagan is sine den AS. Seo a leanas an chomhairle a cuireadh ar Phádraig:

'Maith sin, a *Phā draig*,' ol íad-somh, 'ní mó in ā trían a n-árd-sgéal accus a n-imtheachta fhoillsigheas an rí-fhēinnidh dheit orra, ōir at ā dearmad 7 díth cuimhne orra aicce féin 7 acc an ochtar oile fil ina choimhideacht. Agus beannoighthear a mbe ōil lat-sa, 7 tabharthor tonn baitsi Chrī ost tharsa, 7 for ālitear orra slē achtuin do sheascce l na Trín ōide 7 creideamh Chrī ost 7 na hEagloisi Caitoileachdha do leanmhain go lán-dhíochra, 7 budh feasach as a haithle íad ar gach sgéul d ā n-iarrfoir-si orra. Agus sgrī obhtar lat-sa íad a bhfir-bhríathruibh fothaightheacha fileadh 7 a saor-litribh solas-leabhor snasda saor-ollamhan ionnus go bhfoillsighthear íad d'uaislīb 7 d'árd-mhaithīb re deireadh an domhain si, do ghairrdiughadh meanman 7 mór-aigeanta dhóiph.' (Ní Shéaghdha 1942a, 27)

Cuirtear béim anseo ar thábhacht phróiseas na scríbhneoireachta le taifead buanmharthanach a dhéanamh ar scéalta na seanóirí agus leagtar a leithéid de bhéim ar an bpróiseas céanna sa traidisiún béil freisin. Tugtar aitheantas d'údarás an fhocail scríofa i gcaomhnú na Fiannaíochta i scéal béil a bhí ar eolas in Éirinn agus in Albain. Seo mar rinne Iain Óg Íle achoimre air:

The following fragments ... tell in various ways part of a story which is very commonly told all over the Highlands now. It accounts for the presence of Oisein in St. Patrick's house, and for the imperfect state of 'The History of the Feinne.' When 'Peter Mac Alpin, would not believe Oisein, the old Hero threw all the history which Saint Peter had written from his dictation into the fire. Saint Peter's wife, Oisein's daughter, snatched the papers out of the fire, and saved all that remains of the history.' This has been gravely told to me as true, over and over again, in Scotland. (Campbell 1872, 38)

D'éirigh idir an seanóir agus an naomh mar gur mhaígh Oisín go bhfaca sé ceathrú loin duibh a bhí níos mó na ceathrú fia nó ceathrú mairt.

Mar is léir ón scagadh a rinne Alan Bruford ar leaganacha Albanacha an scéil seo, is féidir dó na leabhar a fhágáil ar dhuine ar bith den triúr — Oisín, Pádraig, iníon Oisín — a luaitear ann (Bruford 1987, 52-3). Bhí éagsúlacht dá leithéid san insint bhéil in Éirinn freisin, ach go hiondúil is é Pádraig a chaitheas na leabhair ar an tine [CC 2; DG 17; G 11; 21].<sup>1</sup>

Baintear úsáid as an scéal seo le míniú a thabhairt ar thuiscint na scéaltóirí go raibh cuid mhór d'ábhar na Fiannaíochta ar iarraidh:

Sin anois an fáth nach bhfuarthas amach deireadh scéal na bhFiannaibh ariamh ó shoin. Nuair a dhóigh Pádraic an t-eolas a fuair sé ó Oisín, agus ní inseochadh Oisín níos mó, agus ní raibh duine ar bith eile le n-inse, agus ní bhfaighfear amach deireadh a scéil go brách anois. [DG 17]

Ba é an toradh an an gcomhairle ósnádurtha a tugadh do Phádraig in AS go ndearnadh taifead buan d'ábhar na Fiannaíochta i bhfoirm scríofa. Faoi mar a chuir aingil choimhdeachta an naoimh a ladar isteach sa scéal in AS, chuir Dia, is cosúil, a ladar isteach sna cúrsaí seo freisin, más fíor don seanchas béil. Insítear go raibh meas bréige ag an naomh ar Oisín agus, dá bhrí sin, gur cailleadh an chuid is mó d'ábhar na Fiannaíochta ach cuid bheag de a scríobhadh síos. B'éigean do Dhia Pádraig a cheartú, ach bhí an dochar déanta:

'Ó, a Pháraic,' a deir sé, ' dá mbeadh sin agat peannaibh de chleite na n-éan agus dúch an fharraige mhór agus ní mó ná Dia féin a scríobhfadh an méid a bhí na Fiantaí in ann a dhéanamh. Chaith muid seacht seachtainí nó dhá mhí ann,' a deir sé, 'le troid, gan blas bia ná deoch.'

'Sin bréag!' a deir Naomh Páraic ag breith ar na leabhraí, an méid a bhí scríofaí aige, agus chaith sé isteach ins an tinidh é agus dhóigh sé é. Tháinig an guth os a chionn agus dúirt sé le Páraic:

'Ó, a Pháraic,' a deir sé, 'is mór a pheacas tú. Bhí sé ag inseacht na fírinne dhuit.'

'Gabhaim pardún!' arsa Páraic le Oisín. 'Tosaigh aríst é.'

'Ní thosóidh mé aríst é,' a deir Oisín. 'An méid a d'inis mé cheanaí ní inseoidh mé ar ais é, ach an méid atá gan inseacht inseoidh mé dhuit é.'

---

<sup>1</sup> Féach freisin CBÉ 158: 222, réamhrá le leagan den laoi 'Suirí Fhinn' as Carna, Co. na Gaillimhe.

D'inis sé an méid a bhí gan inseacht dó faoi ghaisce na bhFiantaí. Níl aon fhios ón lá sin go dtí an lá seo ar an méid a bhí instí aige nuair a dhóigh sé na leabhraí. [G 11]

Ní luaitear iníon Oisín sna leaganach Éireannacha, ach feidhmíonn cailín aimsire an naoimh i ról na hiníne sin i leaganacha na tíre seo. D'insíodh Oisín scéal nua do Phádraig gach uile oíche de réir G 21, ach chuir an cailín aimsire ina leith go raibh sé ag déanamh na mbréag nuair a thosaigh sé ag casaoid leis an naomh nach raibh sé ag fáil a sháithe le n-ithe. Chaith an naomh na scéalta a bhí scríofa aige ar an tine, ach nuair a thuig Pádraig ina dhiaidh sin go mb'fhíor a chuid ráiteachais d'iarr sé air a chuid scéalta a insint arís. Tá an tríúlacht chréúil chéanna i bhfreagra an tseanóra agus atá san fhreagra aige sna scéilíní thuas faoin aimsir lena linn:

'Ní inseod', deir Oisín. 'Ní bhíonn an t-athrómhar slachtmhar!' Agus níor insigh. Dá n-insíodh bheadh a dhá oiread scéalta in Éirinn. [G 21]

Tá sé le brath ar an ábhar faoi bheatha Oisín sa traidisiún béil nach scéalaíocht lom atá ann ach seanchas — seanchas a raibh bonn na fírinne faoi dar le lucht a inste.<sup>2</sup> D'fhéadfaí an dearbhú a rinneadh leis an gCaimbéaladh faoi dhó na leabhar — *This has been gravely told to me as true, over and over again, in Scotland* — a leathadh do scéalta eile faoi Oisín. Má bhí Padraig beo fadó — agus bhí údarás na hEaglaise ann lena chruthú go raibh — bhí sé chomh dóigh lena mhalairt gur mhair Oisín freisin. Tugtar le tuiscint sa sliocht thuas as AS, agus sna scéalta béil a bhfuil trácht iontu ar dhó na leabhar, go bhfuil seanchas na Féinne mar a tháinig sé anuas chugainn go mór i dtuilleamaí an fhocail scríofa. Tá séala na stairiúlachta, dar lena lán a raibh bua an léimh ceilte orthu, ar an bhfocal scríofa.

D'fhág an fheidhm atá ag Oisín sa traidisiún liteartha mar idirghabhálaí aosta idir dhá ré — go háirithe i dtraidisiún na laoithe Fiannaíochta — lorg domhain ar Oisín an traidisiúin bhéil. Feidhmíonn sé mar idirghabhálaí sa traidisiún béil freisin ach, mar sin féin, is féidir linn idirdhealú mór a tharraingt idir a ról sa dá thraidisiún. Cuireann sé

---

<sup>2</sup> Bhí seanchaithe an traidisiúin bhéil ar aon mhéin leis an aos léinn faoi na cúrsaí seo, arae chreid Seathrún Céitinn, agus a leithéidí, sa seachtú haois déag go raibh 'béaloideas na sean' ar cheann de 'thrí neithe le ndearbhthar fírinne gach staire' agus go raibh sé 'da chlos ó bhéal go béal go raibhe Fionn agus an Fhian ann' (Dinneen 1908, 324). Maidir le scoláirí sa 19ú haois a chreid i stairiúlacht Fhinn, féach O'Rahilly 1946, 272.

eachtraí na Féinne san am atá caite in iúl do Phádraig sna laoithe agus is é an fheidhm chéanna mórán atá aige, agus ag Caoilte, in AS1 agus AS2. Bhí an fheidhm seo ag Caoilte i bhfad siar, arae cuireadh Caoilte i láthair luath go maith sa traidisiún liteartha in *Scél asa mberar co mbad hé Find mac Cumail Mongán, ocus an ní día fil aided Fothaid Airgdig*, saothar próis a cumadh thart 8ú haois, mar fhinné ar an seanreacht agus mar idirghábhálaí idir an t-am atá caite agus an t-am atá ann (féach Caibidil 1).

Ní ar an linn atá thart, áfach, is mó atá aird Oisín an traidisiúin bhéil dírithe. Cé nach annamh Oisín an traidisiúin sin ag caitheamh i ndiaidh Fhinn agus na Féinne ina chaismirtí le Pádraig, is mó go mór an tsuim a bhí ag seachadóirí an traidisiúin sin agus ag a gcuid éisteoirí in Oisín féin, agus sna heachtraí a bhain dó ón uair a scar sé leis na Fianna. Is é scéal an tseanóra dhíblí seo — a bheatha óna ghiniúint go dtína bhás — is mó is cás le pobal an traidisiúin bhéil.

Níor tháinig cuntas cuimsitheach faoi bheatha Oisín anuas sa traidisiún scríofa. Má bhí a leithéid ann, níor fhág sé mórán loirg ar an traidisiún luath liteartha arb éard atá ann míreanna fánacha beathaisnéise nach féidir a chóiriú mar bheatha iomlán (féach Caibidil 1). Ach bhí a leithéid ar fáil i mbéaloideas na sean. Nílím ag maíomh go bhfaightear bunáite na sonraí beathaisnéise faoi Oisín a bhí beo sa traidisiún béil i dteannta a chéile go minic in aon insint amháin. Go minic, ní fhaightear ach mír amháin acu, sin nó cúpla ceann acu as a chéile, sna scéalta béil faoi Oisín ach, mar sin féin, bhí an tobar domhain seo ann i gcónaí le tarraingt as faoi mar a rinne Seán Ó Díomusa, an té a d'aithris Sl 1 don Chraoibhín céad bliain ó shin. Scrúdaítear roinnt den ábhar beathaisnéise faoi Oisín a gabhadh in eangach an traidisiúin bheo sa chéad chaibidil eile.

## CAIBIDIL 22: BÉALOIDEAS NA SEAN, II

*But in the pattern of the universe, towards which all study is directed, origins, though they account for something, are not everything. Often indeed, one may even say that it is the normal rule, origins are of less importance than that of which they are the origin ... (Gerard Murphy 1938, 213)*

### TÍR NA hÓIGE

Leagan béil de chuntas ar choimpeart agus bhreith Oisín, mar atá in SOO, atá i dtús Sl 1, ach is annamh a thráchtar ar an gcuid seo de bheatha Oisín sna foinsí béil a bailíodh le céad go leith bliain anuas. Mar atá léirithe i gCaibidil 6, níl ach dornán leaganacha béil ann a bhfuil cuntas iontu ar na cúrsaí seo agus síolraíonn siad seo ar fad ó SOO, nó ó PK 1. D'fhéadfaí a rá nár thosaigh saol Oisín an traidisiúin bhéil gur scar sé lena athair agus lena mhuintir. B'éigean dó scaradh leo nuair a thug sé a aghaidh ar Thír na hÓige.

Is in LO agus in LCC is túisce atá fianaise ar ionramháil liteartha ar cheann de na téamaí is mó cáil i mbeatha Oisín, a thuras go dtí an t-alltar, ach, mar a léirítear i gCaibidil 19 agus 20, níl fianaise dhearfa ar na déantúis seo roimh thús an 19ú haois. Níl leide ar bith faoin ngné thábhachtach seo de shaol Oisín sa litríocht scríofa roimhe sin. Is iomaí leagan den scéal faoi Oisín i dTír na hÓige, nó i dTír na nÓg, a bailíodh ar fud na hÉireann sa 19ú agus sa 20ú haois. Síolraíonn roinnt acu seo — go háirithe cinn i mBéarla — ó athinsintí ar éirim an scéil in LO agus síolraíonn glac bheag eile acu ó LCC, ach níl neart de na foinsí a ceadaíodh sa saothar taighde seo i dtuilleamaí na laoithe seo. Mura bhfuil sna foinsí béil seo, áfach, dá líonmhaire iad ach, mar a deirtear i gCaibidil 1, 'cuid Pháidín den mheacan, an driobaillín caol', léiríonn an éagsúlacht mhór atá iontu chomh neadaithe agus a bhí scéal Oisín i dTír na hÓige i samhlaíocht phobal an traidisiúin bhéil.

Feidhmíonn an seal fada a chaith Oisín i dTír na hÓige mar mhíniú ar an gcaoi ar mhair sé i ndiaidh na Féinne go haimsir Phádraig. Munarb ionann agus AS, a bhfuil trácht ann ar Caoilte agus ar bhuíon bheag eile d'iarsma na Féinne a bheith beo in aimsir an naoimh i dteannta Oisín, níl i

gceist sa traidisiún béil ach seanfhondúir amháin, Oisín. Níor féachadh le míniú ar bith a thabhairt ar fhadsaolaí Oisín nó a chomhleacaithe in AS (Ó Briain 1989, 184-7).<sup>1</sup> Go deimhin féin, níor fhéad gach uile dhuine léannta géilleadh gur mhair Oisín go haimsir an naoimh. Seo mar léirigh Séamas Mag Oireachtaigh, scríobhaí a bhí i mbun pinn i Co. Ros Comáin sa bhliain 1782, a dhearcadh faoi na cúrsaí seo sa réamhrá le leagan den agallamh fileata idir an seanóir agus an naomh:

Ummurbhaidh no crussantacht Uissín agus Padruic, ni fior, acht tabhair fó dearadh a leightheoir nior lucht comhaimsire da ceile ar aenmhodh iad. (Flower 1926, 156-7)

Níor chuir cúrsaí bréagstaire laincis ar shamhlaíocht na scéalaithe a ghaibhnigh scéal Oisín i gcearta na healaíne béil. Iolraíodh na dálaí a bhain lena dhul go Tír na hÓige. De réir LO thug Niamh Chinn Óir cuireadh anonn dó agus de réir LCC lean sé an bhean, Iníon Rí na hÓige, a thréig é go Tír na hÓige. Sa dá chás seo, is iad na mná faoi ndeara a imeacht anonn agus mná is mó atá i gceist sna scéalta béil freisin. Suiríoch mná, nó i gcás na leaganacha a bhfuil gaol acu le LCC, a bhean chéile, is iondúla a luaitear, ach i corrchás is í a mháthair [SI 1 agus Campbell 1871, 196] an bhean atá i gceist. Cuireadh ó bhean is cúis lena thuras in G 12, 23, 26, CI 3, Me 10, gan ach roinnt samplaí a lua. Tugtar Niamh Chinn Óir ar an mbean a thugas cuireadh go Tír na hÓige dó i roinnt leaganacha a bhfuil tionchar LO le sonrú orthu (féach caibidil 20), ach nuair a ainmnítear i leaganacha eile í is ainm aicmeach mar Iníon Rí Thíre na hÓige [ME 10] nó Banríon Thír na hÓige [CI 3] a thugtar uirthi.

Faoi mar atá dlúthbhaint ag cúrsaí claochlaithe le bheith ann d'Oisín sa leagan is sine dá choimpeart (féach Caibidilí 4 agus 14), ní hannamh baint mhór a bheith ag cúrsaí claochlaithe leis an gcaoi ar mealladh go Tír na hÓige é. Is minic é ag fiach nó sa tóir i ngan fhios dó féin ar bhean i riocht ainmhí. Insítear in G 21 (deisceart na Gaillimhe) go raibh Oisín ag fiach agus gur éirigh eilit amach roimhe. Lean sé í go raibh an ghrian ag dul faoi. Chas an eilit isteach i dteach agus lean sé isteach í. D'éirigh an eilit suas ina bean bhreá agus thit Oisín i ngrá léi agus d'fhan sé ar feadh

---

<sup>1</sup> Ní shin le rá go raibh úda(i)r AS dall ar an gcoincheap go bhféadfadh daoine fanacht i mbláth na hóige go deo. Mhínigh ceann d'iníonacha Bhoidhbh Dheirg do Phádraig gur choinnigh Fled Goibnenn faoi bhláth gan tinneas iad (Stokes 1900, 6400-3; féach freisin 6803-7; O'Rahilly 1946, 525-6).

seacht mbliana léi, mar a shíl sé, ach bhí seacht gcéad bliain caite aige in éineacht léi. Lean sé fia freisin in Co 23, leagan breá de scéal Oisín as ceantar Mhainistir Fhear Maí (Bailiúchán na Scoileanna): *and in a lonely glen he closed in on the deer which to his great surprise turned into a lovely young girl*. Mheall sí Oisín léi go Tír na nÓg.

Tá roinnt cosúlachta ag na leaganacha seo leis an réamhrá a chuir Carmichael le 'Sanas Oisein d'a mhathair' (féach Caibidil 7), ach gurb í a mháthair i riocht fia a casadh dó agus a mheall isteach san aill é. Ní thugtar Tír na hÓige ar an áit seo agus cé nár chaith Oisein ach trí bliana léi de réir Carmichael, braithim, nuair a chuirtear fianaise eile as Albain sa mheá, go mb'fhéidir gur bhain Carmichel casadh as an traidisiún béil thall sa chás seo. Deir, mar shampla, J. F. Campbell: *Current tradition sends Oisein off to the Isle of Youth with his mother in the form of a deer, or with a mythical hound*. (1872, 196)

Mar atá ráite cheana i gCaibidil 6, is furasta leis an ngiorria feidhm an fhia a ghlacadh sa traidisiún béil. Bhí na Fianna ag seilg ag Carn na Seilge i Reachrainn de réir Ao 1, nuair a dhúisigh siad giorria. Lean siad í go ndeachaigh sí síos i gcruinntobar 'a rabh uachtar fola is íochtar meala' ann. Lean Oisín is a chuid madadh síos ina diaidh. Thiontaigh an cruinntobar ina uachtar fola agus íochtar meala. B'shin comhartha a dúirt Diarmaid go raibh an tobar faoi dhraíocht. 'Fuair Oisín é féin ar bhruach na mara, agus chonaic é caoin-bhean ar each geal'. Ba í seo Niamh Chinn Óir agus, mar atá ráite i gCaibidil 20, lean an scéalaí air le leagan de LO sa chuid seo den scéal. 'Seilg Dheireanach Oisín' atá sa chuid deiridh den scéal seo, ach gur cóngaraí an insint ann do na leaganacha Albanacha ná do na cinn Éireannacha.

Tá cosúlacht ag G 2 as ceantar an Chlocháin i gConamara le AO 1. Bhí na Fianna ag fiach agus ag fianscaradh nuair a casadh giorria orthu a raibh taobh óir agus taobh airgid uirthi. Lean Oisín agus a chú féin í gur tháinig sí go tom luachra agus léim an cú uirthi. Bhain sé greim as a ceathrú ach d'imigh sí uaidh agus isteach léi faoin tom. D'ísligh Oisín dá chapall, rug sé ar an tom agus tharraing sé aníos é. Chonaic sé doras breá agus staighre síos ón doras faoi talamh. Lean sé dó nó gur tháinig sé go dtí pálás breá agus bean bhreá ina suí ar chathaoir airgid agus cathaoir óir lena taobh. Chuir sí fáilte romh Oisín agus dúirt leis suí ar an gcathaoir óir. Chonaic Oisín an fhuil ag titim síos le taobh chathaoir na mná óige agus d'fhiafraigh sé di cad chuige a raibh an fhuil ag titim ón gcathaoir. D'inis í



dó gurb í féin an giorria. Nuair a bhuail fonn Oisín filleadh ar a ghaolta dúirt sí leis go raibh seacht gcéad bliain caite aige in éineacht léi.

Is é an buntéama céanna atá in ME 8 freisin. Bhí Oisín ag fiach ach níor chuir sé tada ina shuí. Chuaigh sé abhaile agus cheangail sé an cú. Tháinig giorria isteach sa teach agus léim sí suas ar an diallait a bhí in íochtar an tí. Lean Oisín agus an cú í. Thug sí a haghaidh ar an bhfarraige. Bhí an fharraige ag oscailt roimpi agus ag dúnadh ina diaidh. Tháinig siad isteach ar oileán agus d'éalaigh an giorria léi isteach i dteach. Nuair a bhí sí ag dul isteach an doras bhain an cú an tom den ghiorria. Nuair a tháinig Oisín isteach chonaic sé bean liath ina suí sa choirneál. D'fhiafraigh sé di cá raibh an giorria. Dúirt sí leis nár tháinig aon ghiorria isteach. Chuartaigh sé an teach agus níorbh fhéidir leis an giorria a fháil. Chuir sé an bhean ina suí agus fuair lochán fola fúithi:

'Ba mise an giorria', ar sise, 'agus bhí mé faoi gheasaí agus ní raibh siad le himeacht díom go leanfadh ceann de Fiannaí na hÉireann mé. Fanfaidh tú anseo,' ar sise le Oisín, 'le do shaol agus ní éireoidh tú lá níos sine agus mairfidh tú le mo shaol.'  
[ME 8]

Baintear casadh breá ag móitíf seo an ghiorria in Ci 11 — insint ar fónamh i mBéarla ar scéal Oisín. Tá cosúlacht ag cuid den scéal seo leis an scéal Sean-Ghaeilge faoi Mhacha agus Crunchu (féach Henry 1976, 29-30) agus le leaganacha den fhinscéal idirnáisiúnta faoi Mélusine (Mac Cana 1999; Almqvist 1999). Nuair a fuair Micheáilín Dubh amach go raibh giorria bán ag diúl ar a bhó d'iarr sé a chú ar iasacht ar Fhinn. Chinn ar Bhran faoi thrí an giorria a mharú. D'impigh an giorria faoi thrí ar Mhicheáilín Dubh í a scaoileadh isteach sa teach ó Bhran. Scaoil sé isteach faoi dheireadh í. Bhí sé féin agus Bran taobh amuigh agus droch-chuma ar an gcú. Dúirt an giorria leis go raibh sé ceart go leor an cú a ligean isteach sa teach. Nuair a chuaigh sé isteach bhí bean bhreá istigh roimhe agus ní raibh an giorria le feiceáil in áit ar bith. Bhí an boirdín beag leagtha agus éadach criostail aici air agus gach uile chineál beatha air. Leigheas sí Bran agus d'fhan sí le Micheáilín agus rathaigh sé léi. Dúirt sé léi lá go raibh fonn air cuireadh a thabhairt chun an tí d'Fhionn agus chuir sí fainic air gan a leithéid a dhéanamh. Cé gur gheall sí di nach ndéanfadh, casadh Fionn ina dhiaidh sin air agus thosaigh sé ag maíomh as an éadach bord criostail a bhí aige. Thug sé cuireadh abhaile dó. Nuair a chonaic Oisín an

bhean bhreá thit sé i ngrá léi agus d'éalaigh sé féin agus í féin leo go Tír na nÓg.

Mar atá léirithe sa saothar seo bhí dlúthbhaint ag an bhfia le saol Oisín agus d'fhéadfadh sé go síolraíonn an bhean i riocht giorria i roinnt de na scéalta thuas [Ao 1; G 2; ME 8; Ci 11] ó bhean a bhí i riocht fhia ag stáid éigin sa traidisiún as ar fáisceadh iad. Luaitear fia in G 1 a bhí ag baint fiach as na Fianna. D'íonsaigh sí an fharraige arís agus arís eile nuair a bhí an ghrian ag dul faoi, ag dul amach ar chloch a bhí san fharraige. Ceapadh Oisín le dul ar an gcloch roimpi. Rug sé ar chois uirthi agus chuaigh sí de léim san fharraige agus thug sí Oisín léi. Bhíodar ag imeacht leo go ndeachadar go Tír na hÓige. Níl a thuilleadh faoin bhfia sa scéal seo ach i bhfianaise G 21 as an taobh céanna tíre, tá sé intuigthe gur bean i riocht fia atá san ainmhí a d'fhuadaigh Oisín as go Tír na hÓige.

D'fhuadaigh capall as é de réir leaganacha de scéal a bhfuil fianaise mhaith air ó Cho. Chorcaí go Co. Dhún na nGall [Co 1; Ci 3, 7, 9; G 29; ME 12, 17; DG 6]. Bean i riocht capaill atá sa chapall atá i gceist in Co 1, ME 17, agus cé nach bhfuil sé sin ráite go soiléir in Ci 3, 7, 9; G 29; ME 12; DG 6, tá a leithéid intuigthe ó chomthéacs an scéil.

Cuireadh 'Legend of Ossheen the Son of Fionn' a sholáthair Edward Walsh (1805-1850) do *The Dublin Penny Journal* i gcló sa bhliain 1836 (Co 1). Seo é an leagan béil is sine dár aimsíos de scéal Oisín i dTír na nÓg. Tá an cuntas ann ar an gcaoi ar fuadaíodh Oisín as go Tír na nÓg roinnt cosúil le G 1, ach gur bean i riocht capaill a rinne an fuadach. Insíodh do na Fianna faoi ghort arbhair a bhí á mhilleadh ag rud éigin. D'fhaireadar ar an ngort ach chinn orthu a fháil amach cé a bhí a mhilleadh. Chuaigh Oisín á fhaire:

In the stillness of the night he heard a rustling in the corn, and by the light of the moon he discovered a beautiful white colt, without a spot. The hero advanced, and the colt slowly retreated; but as they approached the ditch, he bounded forward and seized the animal by the mane, which floated in the midnight breeze. The alarmed colt fled with an eagle's speed, and the pursuer perseveringly followed. The chase had not continued long when the earth suddenly opened — he held by the floating mane, and shortly after their descent, he found himself in a fair, extensive country, and the white colt, the object of his pursuit, metamorphosed into a beautiful lady, whose yellow ringlets were yet strained in his determined grasp, with an ineffable smile, whose magic completely took away the intention of returning, she welcomed him to Tire-nan-Oge; and

the pleasures of the chase, and the society of his brothers in war,  
were things forgotten as if they had never been. [Co 1]

Is ionann an *beautiful white colt* thuas agus 'an greidhire bromaigh' a luaitear i véarsa a leag Tadhg Ó Murchadha ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748-1784) sa réamhrá a chuir sé le leagan den scéal seo as Co. Chiarraí [Ci 3]:

Geobhair, a leinbh a chumainn a's a stóir  
geobhair a thuille ná dubhairt mé fós,  
**geobhair an gradhaire bramaigh do shladadh**  
**an foghmhar a's do sciub Oisín go Tír na nÓg**  
's seo leóthoil agus ná goil go fóil.

Níl an véarsa seo sna heagráin fhoilsithe den amhrán dar tús *A éigse an aitís ó Chaiseal go Doinn* a chum Eoghan Rua (Ua Duinnín 1907, 49-53; Ó Foghludha 1937, 8791), ach tá an dá líne a bhfuil cló trom orthu thuas i leagan d'amhrán gaolmhar leis, nó ceann atá bunaithe air, a leagtar ar Dhiarmaid na Bolgaí Ó Sé (c. 1800-1850), file comhaimseartha le Edward Walsh (féach Ó Súilleabháin 1937, 39). Insítear in Ci 3 gur rug Oisín ar eireaball ar cheann de scata bromach a bhí ag déanamh an mhillteanais agus gur imigh na bromaigh i dtreo na farraige. Choinnigh Oisín an ghreim a bhí aige 'agus níor scar sé leis chun gur sciobadh síos fén bhfarraige é isteach go Tír na nÓg. D'fhan sé ansin ar feadh na ciantaibh.' Ní sé ráite sa leagan seo gur bean i riocht ainmhí a bhí sa bhromach ach, mar atá ráite thuas agam, bheadh a leithéid intuigthe don scéalaí agus dá lucht éisteachta.

Ní mar a chéile suíomh Thír na hÓige sna leaganacha seo uilig: faoin talamh [Co 1]; faoin bhfarraige [Ci 3]; áit éiginnte [Ci 4, 7; ME 12, 17; DG 6]; trasna na farraige [ME 13]. Fuadaíodh Oisín isteach i loch de réir G 23 as Achréidh na Gaillimhe agus tá sé intuigthe gurb ionann an capall sa leagan seo agus Banríon Thír na hÓige:

Nuair a bhí na Fiantaí ar fad fadó fré chéile bhí píosa talún acu i ndáil le loch agus féibí cén féar a bheadh san oíche air ní bheadh greim ar maidín ann nach mbeadh ite síos gon chréafóg. Well, dúirt siad lena chéile an uair seo go bhfairfeadh siad an turlach — an píosa riascaigh de thurlach seo a bhí anocht acu, go bhfeicfeadh siad céard a bhíodh ag ithe an fhéir dhó. Agus tháinig siad ann le titim na hoíche agus chuir siad síos tine chois claí agus bhí siad thart uirthi go raibh sé tuairim a dó dhéag san

oíche. Agus nuair a bhí, céard a d'eireodh aníos as an loch ach *lot* bromaigh, mar bheadh tuairim deich gcinn fhichead acu, agus *scatteráil* siad amach ar an talamh agus thoisigh siad ag ithe. Chuir siad a gcomhairle le chéile, na Fiantaí, go mba cheart daíofa iad a leanúint, go bhféadfadh siad breith ar chuid acu. Agus lean siad iad agus níor fhéad aon cheann de na Fiantaí breith ar aon cheann go na bromaigh ach aon fhear amháin agus ba shin é Oisín. Agus nuair a rug sé ar ruball uirthí chuir sé cupla cor dá ruball ar a lámh agus bhí sí á thabhairt ar bhruach an uisce, agus shíl sé na corannaí a bhaint dá lámh agus níor fhéad sé, gur fhuadaigh sí amach san uisce é — sa loch. Agus cé thiúrfadh sí é ach go Tír na hÓige. Agus bhí sé cupla lá ansin ag Banríon Thír na hÓige, dar leis féin, nuair a dúirt sé leis féin go raibh sé in am aige dhul abhaile ... [G 29]

Bean i riocht éin a mheall Oisín go Tír na hÓige de réir G 20 as deisceart na Gaillimhe. Tá roinnt cosúlachta ag an leagan amach seo le Sl 1. Nuair a mharaigh Oisín Bran de réir Sl 1, d'imigh an draíocht dá mháthair. Thug sí fáinne dó sular imigh sí go Tír na hÓige. Dúirt sí leis am ar bith a mbeadh sé i ngéibheann agus ocras air dearcadh tríd an bhfáinne agus go mbeadh sé chomh líonta agus dá mbeadh a bhéile ite aige. Chuir sí éan as Tír na hÓige agus bhuail an t-éan gob ar an bhfáinne nuair a bhí Oisín á níosán féin agus rug léi é. Lean Oisín an t-éan agus níor chónaigh an t-éan gur thug sí Oisín go Tír na hÓige.

Tá éan agus fáinne i gceist in G 20 freisin, ach an tráth seo ní hí a mháthair a mheall go Tír na hÓige é, ach bean as an áit sin a bhí ag iarraidh Oisín a mhealladh ann le fathach a mharú. Nuair a leag Oisín fáinne ar leac an tobair a raibh sé á níosán féin ann rug an t-éan ar an bhfáinne ina ghob agus d'imigh léi. Lean Oisín í

ó thor go tor agus ó bhraínse go brainse go ndeaghaigh sé go bruach na farraige. D'oscail an uamhain seo fén bhfarraige agus is é an áit a ndeaghaigh sí isteach fén bhfarraige ar theorainn Chill Rois. Lean Oisín isteach í. Ní raibh aon tsolas aige ach an solas a bhí ag teacht as an bhfáinne. *Landáil* sí taobh istig dhon fharraige, dhon chaolfharraige agus d'imigh sí le taobh na farraige thall agus ní raibh a fhios aige cá raghadh sé. Bhí sé ag lámhacántacht leis.

Nuair a *landáil* sí siúd thall dhéan bean ansin di — an bhean ba bhreátha dár las grian na gaoth ariamh uirthí, agus fuaidh sí anonn treasna an Chaolfharraige agus fuaidh sí isteach ins an gcaisleán a bhí taobh thall agus bhí sí ag 'spáint an fháinne dhó anall ón gcaisleán. Bhí Oisín ag féachaint anonn uirthí. Chonaic sé thall í.

[Bailitheoir: 'Ar shnámh sé anonn?' Scéalaí: 'Níor shnámh.']  
D'imigh soir agus siar.

'Bhí mé tamall,' dúirt sé leis féin, 'nuair a bhí mé in Éirinn agus *by gor* chaithfinn an méad sin farraige de léim tamall dá raibh mé.'

Bhí seacht léig go leith de leithead sa bhfarraige. Fuaidh sé ar n-ais trí mhíle ar a chúl agus rith sé agus fuaidh sé isteach anonn treasna den ligean reatha sin. Fuaidh sé isteach sa gcaisleán ... [G 20]

Leaganacha den fhinscéal idirnáisiúnta faoin mbean a bhí in ann claochlú ina heala (*The Swan Maiden Legend*, féach Almqvist 199, 17 agus tagairtí ansin), agus iad curtha i bhfeiliúint do chúrsaí Oisín, atá in G 16 as ceantar an Spidéil, agus in G 22 as Baile Chonaola, iarthar Chonamara. Tá tagairt déanta cheana agam (Caibidil 16, fonóta 5) don leas a baineadh in G 16 as an gcochall a sciob Oisín ó dhuine de na mná a tháinig i riocht lachan go loch le dul ag snámh ann. Rinne sé margadh léi agus nuair a thug sé an cochall ar ais di tugadh ar dhruim na lachan go Tír na nÓg é. Eala atá i gceist in G 22 ar leagan próis de SOO atá ina thús. Bhí stuaic ar Oisín lena athair nuair a d'éirigh eatarthu de bhrí gur thug Oisín cead sléibhe dá mháthair nuair a bhí Fionn agus na Fianna sa tóir uirthi agus í i riocht eilite. Chuir seanfhear glic an chomhairle seo a leanas air:

'Téirigh chuig a leithide seo de loch,' a dúirt an seanfhear glic, 'agus beidh trí eala ann as Tír na hÓige,' adúirt sé, 'amuigh ag snámh ar an loch. Faigh greim ar a gcuid éadaigh,' a dúirt sé, 'agus nuair a thioctas siad isteach as an loch, tabhair a gcuid éadaigh don bheirt eile,' adúirt sé, 'agus abair leis an gceann is óige nach dtiúrfaidh tú an t-éadach di go dtuga sí go Tír na hÓige thú.'

*Well*, d'imíodar uilig ach an ceann is óige. Bhain sé gealladh di nach dtiúrfadh sé an t-éadach di go dtugadh sí go Tír na hÓige é. Agus thug sí léi é. *Well*, nuair a bhí sé trí chéad bliain i dTír na hÓige dúirt sé go dtiocfadh sé ar ais go hÉirinn.

[G 22]

Claochlú reachta atá i gceist freisin sna na leaganacha sin den scéal béil a bhfuil gaol aige le LCC (Caibidil 20) [G 3, 11, 14, 33; DG 5, 8, 18; AM 3; JC 1]. Bailíodh leaganacha den scéal seo in Albain freisin (féach Ó Briain 1999b, 250; Shaw 1999, 299-303). Ní nach ionadh, tá lorg LCC, mar atá sé i bhfoinsí scríofa na Gaillimhe de chuid an 19ú haois, le sonrú go láidir ar leaganacha an chontae sin. B'fhéidir gur shíolraigh na leaganacha eile béil

ó leagan ba shine den laoi, nó ó scéal béil a bhí gaolmhar leis. Colainn gan cheann, mar atá in LCC, atá sa bhean seo a tháinig chuig na Fianna de réir bhunáite na leaganacha [G 3, 11 33; DG 8, 18]. Súil amháin i gclár a héadain agus gan bean le fáil ba ghráinne ná í an cur síos atá uirthi in G 14. Bhean an-ghrána í freisin de réir G 14, DG 5. Tá sí an-ghrána in Albain freisin agus tugtar 'feannag' (feannóg) uirthi in 'Stòiridh Oisein', leagan breá de scéal Oisín, a bailíodh ó Alasdair Stewart, duine de lucht siúil na hAlban (Stewart 1978). Tá sí leath ina hiasc agus leath ina bean i leagan as Ceap Breatainn (Shaw 1999, 303). Luaitear máchailí de chineál eile léi freisin: cloigeann bó [AM]; cloigeann muice [JC]. Claochlaítear an Cholainn gan Cheann ina bean álainn nuair a chuireas Oisín i gcrích í.

D'imigh an bhean ó Oisín ar ais go Tír na hÓige nuair a sháraigh sé na coinníollacha a leag sí air — go hiondúil gan buille a bhualadh uirthi d'iall na gcon. Bhain sí leas, scaití, as cúrsaí claochlaithe de chineál eile le hOisín a mhealladh ina diaidh go Tír na hÓige. Chuir sí a deartháir féin i riocht giorria le fiach a bhaint as na Fianna [G 3; 14]. Rinneadh fear breá den ghiorria ach ar mharaigh Oisín é, agus tugadh Oisín go Tír na hÓige nuair a chaith sé féin trasna na cónra sí a tháinig faoi choinne an mharbháin. Rinne an bhean giorria de féin de réir DG 5, 18. D'éirigh le hOisín an giorria a leonadh agus lean sé síos sa talamh íochtair í, áit ar leigheas sí í.

Má thig linn dul i muinín fhianaise AM 3, d'fhéadfaí an tátal a bhaint as na hinsintí seo go bhfuil lorg an fhia faoi cheilt sa ghiorria iontu. Nuair a mhaslaigh Oisín an bhean in AM 3, d'imigh sí ar ais chuig a muintir agus d'inis dóibh faoi mar a caitheadh léi. Rinne a deartháir fia de féin agus bhain sé díoltas amach ar na Fianna nuair a chuir sé a ndinnéar ó mhaith orthu ach ar mheall sé ar seachrán iad.

Tugann an éagsúlacht mhór sna scéalta seo léargas dúinn ar chomh fréamhaithe agus atá scéal Oisín i ngnáthchuimhne na nGael. Ní cúrsaí claochlaithe reachta uilig atá i gceist sna scéalta faoi i dTír na hÓige/na nÓg ach an oiread. Ar bhealaí eile a bhí ag na scéalaithe le hOisín a sheoladh ann, tá na cinn seo a leanas. Insítear in PL 1 go raibh Oisín ag gabháil thar loch a raibh triúr ban uasal as snámh ann. Thit ceann acu i ngrá leis agus thug sí lé go Tír na nÓg é. Ceol a chuala sé i lios a mheall go Tír na nÓg é de réir Co 5. Fothrom istigh i lios ar nós bean ag caint a mheall é de réir PL 3. Chonaic sé bean ag níochnán i sruth a bhí ag rith cois an leasa. Dúirt sí leis teacht trasna chuici. 'Nuair a bhí sé thall, do mhéadaigh ar leithead an tsrutha agus bhí sé ina abhainn mhóir agus ní

bhfaigheadh sé dul thar n-ais agus chaith sé fuireach thall i bhfochair na mná, agus chaith sé trí chéad bliain ins an lios i bhfochair na bhfairies' [PL 3]. Sruthán atá i gceist freisin in Lu 2a/2b agus in Co 2, mar chuaigh Oisín anonn thar sruthán in Uaimh na Caorach Glaise (Kilbehenny Caves, Lu 2) go Tír na nÓg (féach freisin Lu 1).

#### OISÍN AGUS PÁDRAIG

Is cuma cé chomh taithneamhach agus atá Tír na hÓige, agus is cuma cé chomh fada agus a d'fhan sé ann, is é dán Oisín filladh ar a dhúchas ar thóir a mhuintire. Filleann sé abhaile ar chapall agus parúl air gan teagmháil le talamh na hÉireann. Is minic a thugtar brat dó le cur faoina chosa má bhíonn air ísliú den chapall, agus tugtar fáinne draíochta dó scaití. Is aistir in aisce é turas Oisín ar thóir a mhuintire agus d'éirigh timpiste dó a d'fhág ina sheanchúilín cnámh é. Is féidir cúinsí na timpiste a rangú ina dhá bpríomhaicme. In aicme amháin acu, iarradh air cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhí ag féachaint le cloch mhór a chrochadh, ar nós mar atá in LO. Rinne sé faillí sa chomhairle a cuireadh air agus níor chuir sé an brat faoi, sin nó sciorr sé anuas den chapall de mhíthapa, agus rinneadh seanfhear de ach ar leag sé cos ar talamh. San aicme eile, casadh duine dó a raibh mála arbhair, nó mála gainimh, ar iompar ar chapall nó asal aige. Nuair a thit an mála anuas ar an talamh, d'iarr sé cúnamh ar Oisín é a chrochadh ar ais ar an ainmhí, agus sa chaoi seo baineadh an bhrí as Oisín nuair a theagmhaigh sé leis an talamh. Faoi mar gur *rite de passage* é an dara seilg in SOO i saol Oisín (Caibidil 10), is geall le *rite de passage* eile é a fhilleadh tubaisteach ar a fhód dúchais. Bealach isteach sna Fianna atá sa chéad cheann acu agus é i mbláth a óige, ach caithfidh sé an dara ceann a fhulaingt agus an óige a chailliúint go brách le go mbeidh sé in ann bualadh le Pádraig.

Cé go raibh Oisín sean de bharr na timpiste seo, bhí spreacadh fós ann agus bhí sé níos láidre ná an dream a bhí suas in Éirinn in aimsir Phádraig, mar a chruthaíod na leaganacha de dhá scéal faoi dhá éacht mhóra a rinne sé. Is féidir 'Faire an Teampaill' a thabhairt ar cheann acu agus 'Seilg Dheireanach Oisín' ar an gceann eile. Bhí 'Faire an Teampaill' ar eolas ar fud na tíre [AM1; TE 1; Ci 10; TÁ 1; G 11, 15,17, 24, 03, 31; ME 14; DG 5, 13, 18; JC]. Bhí Pádraig ag tógáil teampaill agus bhí na ballaí á leagan anuas air san oíche. Luaitear áiteanna stairiúla le suíomh an scéil i roinnt leaganacha (féach MacNeill 1961, 396-7): Caiseal, [TÁ 1; Ci 10]; Domhnach an Eich, Co. Tír Eoghain [TE 1 (féach MacNeill 1961, 256-7);

Ard Mhacha Bréige [Brague], Co. Ard Mhacha [AM 1 (féach MacNeill 1961, 159-60); agus na háiteanna seo a leanas i gCo. na Gaillimhe, Achadh na nIúr [G 31], Domhnach Phádraig [G 11, 17], 'in aice Áth Cinn' [G 15]. Cé go bhfágtar scrios na mballaí ar neach in DG 13 nó ar sprid in G 24, is iondúil go luaitear ainmhí éigin saolta nó neamhshaoilta leis an obair seo: tarbh [AM 1; TE 1; DG 5; JC], ollphéist [G 15, 17], 'ainmhí mór ... ar chuma eascoin ... bhí rón (*mane*) ar a muinéal mar bheadh ar mhuinéal capaill' [G 31]. Faigheann Oisín an ceann is fearr ar an scriostóir, ach baineann Pádraig an bhrí as amantaí, mar a léirítear sa sliocht seo a leanas as insint Sheáin de Búrca as Achréidh na Gaillimhe:

Bhí go leor saorthaibh ar siúl ag Naomh Páraic agus an méid a bhíodh déantaí de shiúl an lae bhí sé leagthaí de shiúl oíche. Ní raibh siad ag féachtáil a dhul ar a n-aghaidh leis an obair.

'Ó!' a deir Oisín, 'a Pháraic,' ar seiseasn, 'iarr ar do Dhia neart a chuir ionamsa mar a bhí mé nuair a bhí mé im fhear óg agus más é an diabhal as Ifreann atá ag tíocht dá leagan, má thugann tú claidheamh dhamhsa bainfidh mé ceart dó.'

D'iarr Páraic impí ar Dhia neart a chuir ann mar a bhí nuair a bhí sé ina fhear óg. Thug siad claidheamh dhó agus d'fhág siad ag fairiú an teampaill é nó go dtagadh siad ar ais ar maidin. I lár an mheán oíche tháinig ollphéist agus thoisigh sí ag leagan an obair a bhí déantaí ag na Fiannaibh. Thoisigh Oisín leis an gclaidheamh ag gabháilt uirthi agus thoisigh sise ag gabháilt air. Ach bhí siad ag gabháilt dá chéile go dtí breacadh an lae ar maidin. Bhuail sé buille den chclaidheamh uirthi. Rinne sé dhá leith dhi. Chuaigh leath go Loch Mhac Aicéad,<sup>2</sup> chuaigh an leath eile go Loch Dearg agus rinne sí an loch dearg le fuil. Sin é an fáth a bhfuil Loch Dearg uirthi ó shoin. Níor leagadh aon cheo den teampall an oíche sin. Shín Oisín siar agus thit sé ina chodladh; bhí an-tuirse air de bharr na hoíche, de bharr an troid idir é féin agus an ollphéist. Thoisigh sé ag srannadh. Nuair a bhí Páraic agus na saorthaibh ag tíocht ar maidin ní fhéadfadh siad a thíocht i bhfoisceacht seacht n-acra dhó. Chuireadh sé amach de shrann iad agus thugadh sé isteach de shrann eile iad. Tháinig faitíos ar Naomh Páraic agus ar na saorthaibh. Ar ndóigh, shíl sé go maródh sé ar fad iad, mar bhí sé ag fáil drochthabhairt suas roimhe sin.

'Iarr ar do Dhia,' arsa na saorthaibh, 'an neart a bhaint as, nó maróidh sé ar fad muid!'

Chuaigh Páraic ar a ghlúnaí agus d'iarr sé ar Dhia an spreacadh a bhaint as. Agus níos measa ná sin, bhain siad na

<sup>2</sup> Nóta ag an mbailitheoir: 'I bparáiste Chathair Loistreáin, Co. na Gaillimhe.'



súilí as Oisín le faitíos go ndéanfadh sé díobháil. Nuair a bhí sin déantaí dhúisigh siad é. D'éirigh sé de léim.

'Ó, a Pháraic,' ar seisean, 'bhain do Dhia an neart asam arís!' [G 11]

Ní haon iontas go mbeadh fáitíos ar Phádraig agus ar a chuid fear roimh Oisín mar cuirtear an seanfhear i láthair mar fhathach sna scéalta béil faoi.

Nuair a chainic na firibh a bhí in éindí le Naomh Pádhraic, nuair a chainiceadar ag tíocht Oisín reathadar lena n-anam. Is é an méad a bhí ann acub dáréag agus céad.

'Céard d'éirigh dhaoibh?' deir Pádhraic.

'Tá fathach ag tíocht,' deir siad, 'agus d'fhéadfá an saol ar fad fheiceáil idir a dhá chois agus tá sé chomh hard sin is nach bhféadfá rud ar bith fheiceáilt thar a mhullach.' [G21]

Bhain Pádraig leabhar as a phóca agus thosaigh sé ag léitheoireacht. Chuir sé trí shéideog as leis an ngaoth agus dhall sé Oisín.

Mar seo a leanas a chuir John Dunne síos ar thuiscintí phobal an traidisiúin bhéil ar na cúrsaí seo i lár an 19ú haois:

The traditions relate that men, animals, plants and fruit, were of far larger proportions in the days of the Fenian heroes, than those which met Ossian's eyes on his return from *Tír-na-n-og*; and whenever a huge skeleton of the *Cervus Megaceros Hibernicus*, or great Irish fossil deer, turns up in one of our bogs, it is triumphantly referred to by the peasantry as a proof of their favourite theory, that all animals have been gradually degenerating in size from the beginning of the world. The following proverbial saying is one in general use:—

*'Gach líne thioctas ag dul a mine sa m-bréagaighe,  
'S gach sín a thioctas ag dul a bh-fliche 'sa n-déanuighe.'*

Smaller each succeeding race, and more to falsehood prone—  
And wetter each season, while later its fruits are grown.

(Dunne 1850, 348; féach freisin 361.)<sup>3</sup>

<sup>3</sup> Tá iarsmaí den chineál céanna i gceist sa scéal dinnseanchais in AS faoi Loch Daimh Dheirg i nDál Araidhe (Stokes 1900, ll. 2886-948; □Ní Shéaghda 1942b, 12-6). Lean na Fianna an damh dearg ar ainmníodh an loch as ó Theamhair Luachra go Dál nAraidhe. Maraíodh an fia sa loch. Tugadh ceann de na beanna ó dheas go dtí Fionn i dTeamhair Luachra agus 'tuc Find bun in chongna ar a traig, 7 do bóí in benn uachtarach de ara bhathus, 7 iss é nech ba mó don Feind hé ...' (Stokes 1900, 2917-9.) Nuair a bhí Caoilte in éineacht le Colmán Eala agus Eoghanán i gCúige Uladh d'aimsigh sé an leathbheann eile sa loch san áit ar chuir sé i bhfolach na cianta roimhe sin é. Thug na naoimh an congna leo lena thaispeáint do rí Uladh agus do na hUltaigh. Bhí dhá chéad fear thart timpeall ar an

Tá coibhneas freisin idir toirt Oisín agus Chaoilte in AS agus a ngoile mar luaitear proinn chéad, nó fiú proinn deich gcéad, leo (Stokes 1900, 2065; 2450; Ní Shéaghdha 1955, 157), agus ba mhínic Oisín ag ceasacht ar a chuid le Pádraig sna laoiithe (féach, mar shampla, DF XXX agus nótaí Uí Mhurchadha 1953, 66; XXXI; An Seabhac 1941, 10; 13-20; 39; 41; 64; 71). Ní haon iontas, mar sin, ocras mór a bheith ar Oisín an traidisiúin bhéil. Thagair Edward Walsh do ghoile mór Oisín mar seo a leanas: *It appears that Ossheen appetite corresponded with his stature, and that the saint's housekeeper dealt his portion with a niggard hand.* [Co 1] Ba é goile seo Oisín ba chionsiocair le 'Seilg Dheireanach Oisín', ceann de na heachtraí béil faoi Oisín is mó a chuaigh i gcion ar shamhlaíocht na nGael ar gach aon taobh de Shruth na Maoile le roinnt céadta bliain anuas. Is éard a deir Alan Bruford faoi aois an scéil agus faoi na leaganacha Éireannacha agus Albanacha de:

But there is enough in common to create a strong presumption that the story was known, in some form, whether 'folk', or literary or even written, before the links between the two countries were broken in the seventeenth century. It has the character of a folktale, but it manages to incorporate a good deal of magic and mystery beside the burlesque, and it would have no meaning without the literary cycle to which it supplies the final chapter. (Bruford 1987, 55-6; féach freisin, Ó hÓgáin 1988, 250-3)

Ocras Oisín agus comparáid idir chomh mór agus bhí roinnt rudaí beaga suaracha sa seanreacht, agus chomh suarach agus tá rudaí móra in aimsir Phádraig, a spreag an t-aighneas ba bhun le 'Seilg Dheireanach Oisín', agus bhain údar 'Seilg Locha Léin' earraíocht as maíomh a rinne Oisín sa scéal béil sa chaismirt idir an naomh agus an seanóir sa déantús deireanach seo:

---

rí agus 'ro thuillfidis uile in lin sin ré doinind 7 re derdan fói.' (Stokes 1900, 2944-5.) Is díol suime gur aimsigh Caoilte na beanna ollmhóra i loch, mar is cosúil gurb é meáchan mór na mbeann ba thruíg bháite do go leor de na fianna móra seo nuair a thiteadar i leith a dtaobh ag ól dí dóibh (Bellamy 1986, 87).

Tá léargas ealaíonta sa scéal seo freisin ar ainmhéid Fhinn, arae ní raibh an bheann a bhféadfadh deich bhfichid fear dul ar a foscadh baileach chomh hard leis. Faoi mar a chuaigh na beanna móra i bhfeidhm ar shamhlaíocht chosmhuintir an 19ú haois — agus na n-aoiseanna roimhe sin — is léir gur threisigh fríotha den chineál sin sna Meánaoiseanna leis an tuiscint gur bhain ainmhéid le daoine agus le hainmhithe a mhair sa chianaois roimhe sin (féach Campbell 1890, 118).

P.: Ní bhíonn agat leaba gan biadh  
gheibheann tú seacht mbairrghin aráin  
agus meascán mór den im  
is ceathramha mhairt gach aon lá.

O.: Do chonnaic mé caor caorthainn  
ba mhó fá dhó ná do mheascán;  
's do chonnaic mé duilleog eidhneáin  
ba mhó 's ba leithe ná do bhairrghin aráin.

Do chonaic mé ceathramha luin  
ba mó na do cheathrú mhartáin;  
is é do líon mo chroidhe le tuirse  
bheith id thigh-se , a bhochtáin.

(An Seabhac 1941, 71, rr. 60-3; féach freisin O'Daly 1859,  
216-7 agus na tagairtí aige sna nótaí bun leathanaigh.)

Scaití sa traidisiún béil is idir Pádraig agus Oisín a bhíos an tsáraíocht faoi na cúrsaí seo, ach is iondúla gurb í cailín aimsire nó bean tí an naoimh a chuireas olc ar an seanfhondúir. Is éard a dúirt Seán Ó Doinn fúithi agus é ag é ag trácht ar an leagan den scéal seo i bhí i gceantar Shliabh na mBan i lár an 19ú haois:

... it is not to be wondered at that the meal of an ordinary man should appear as a trifling repast in the eyes of the Fenian hero, and thus St. Patrick's kitchen had been daily the scene of loud and angry quarrels between Ossian and the saint's housekeeper, who, like many of her class, was rather pert and conceited, besides being of a niggardly disposition, never dispensing with a *flaitheamhlach* (open, generous) hand, the alms for the beggar, or refreshments for the stranger, which had been entrusted to her in her master's absence ... (Dunne 1850, 348-9)

Go minic is ionann na nithe a ndéanann Oisín maíomh astu agus na nithe atá luaite sa tré sna rainn thuas as 'Seilg Locha Léin' ach, ar ndóigh, is furasta míreanna a athrú sa tré freisin. Ar na malairtí atá sa traidisiún béil, tá mar shampla: 'ceathrú fiolair níos mó ná an cheathrú mhairt' [C 14]; 'faocha seilmide níos mó ná do chuinneog mhaistre' [G 13; ME 14]; 'das

biolra níos mó ná do bhuilín aráin' [G 29]; 'duilleog eidhinn chomh mór lena srubhán aráin' [DG 2, 4].

Nuair a casadh le hOisín gur thug sé a éitheach, bheartaigh sé a chruthú go raibh sé ag insint na fírinne agus an lon dubh a mharú agus na rudaí eile a luaitear sa tré a aimsiú. Theastaigh cú uaidh agus is cuid lárnach den scéal toghadh agus togáil an choileáin a dhéanfadh an gníomh dó. Nuair a bhí an choileán roghnaithe aige dúirt sé le Naomh Pádraig:

Abair le do bhean tí,' a deir sé, 'gan aon deor uisce a chuir thrí bhainne an choileáin: ní fheileann sé di.' D'fhuagair Páraic ar an mbean tí gan aon uisce a chuir thríd an mbainne don choileán cú. Bhí bean an tí gortach; bhí sí ag cuir an t-uisce thríd an mbainne i ngan fhios do Naomh Páraic. [G 11]

Ní féidir le hOisín imeacht leis féin ag fiach de bhrí go bhfuil sé dall agus caithfidh Pádraig, nó níos minicí, buachaill aimsire Phádraig, an seanóir a ghiollaíocht. Thug siad an cú leo agus ar an mbealach dóibh d'aimsigh Oisín na baill acra a bheadh uaidh leis an tseilg a dhéanamh — liathróid agus feadóg a bhí i dtaisce ar feadh na gcianta. Tugtar an 'Barr Bua', nó foirm éigin den ainm seo, ar an bhfeadóg go hiondúil i leaganacha Muimhneacha den scéal seo [féach mar shampla, C1 1, 6, 14; C1 5; Co 3, 5, 8, 16; TÁ 1; PL 5]. D'aimsigh sé an caor caorthainn agus an duilleog eidhinn gan stró agus bhain sé leas as an ngléas ceoil le fios a chur ar an ainmhí atá le marú. Tugtar 'lon dubh' de gnáth ar an ainmhí seo, agus mar atá ráite i gCaibidil 16, ghlac scoláirí Albanacha leis gur *black elk* a bhí i gceist leis an ainmhí seo. Mharaigh an cú an lon dubh ach de bhrí go raibh cuthach uirthi — chuir an cailín aimsire, nó bean tí Phádraig, uisce trína cuid bainne de réir roinnt leaganacha — thug sí aghaidh ar Oisín agus a chomrádaí, ach d'éirigh le hOisín í a mharú. Tá éacht an tseandail inchomórtais le héacht Shéadanta i 'Macghníomhartha Con Culainn' (féach Caibidil 11).

Bhain siad an bheilt óna muinéal agus scaoil siad amach an cú. Agus d'aimsigh sí iad agus is gearr a bhí nach raibh cloigeann ar cholainn aici, nach raibh siad maraithe aici — na héanacha agus an t-éan mór.

'An bhfuil sí ag fiach fós,' a deir Oisín.

'Tá a ndeireadh maraithe aici anois,' arsa an giolla, 'agus tá sí ag tarraingt orainn.'

'An bhfuil a béal foscailtí?' a deir Oisín, 'ag teacht.'

'Well, tá' a deir an giolla, a deir sé, 'is beag nach bhfeicim an teanga bheag atá thiar ina cloigeann.'

'Á!, tá mise agus tusa anois,' a deir sé, 'maraithe aici — níl leath a sá fiach aici. Mura mbéara tú ar an úll seo anois,' a deir sé, 'agus é a chur isteach ina béal agus amach taobh thiar duithe,' a deir sé, 'tá mise agus tusa maraithe.'

Rug an giolla ar an úll agus chuir sé a lámh ar aghaidh a béil agus thoisigh an lámh ag creathadh.

'Ó, tá creathadh in do lámh,' a deir Oisín, 'tá mé féin is tú féin maraithe aici! Ach cuir an t-úll,' a deir sé, 'in mo lámhsa agus cuir mo lámh,' a deir sé, 'ar aghaidh a béil agus caithfidh mise an t-úll.'

Chuir an giolla an t-úll i láimh Oisín agus thug sé aghaidh lámh Oisín ar bhéal an chú. Agus chaith Oisín an t-úll agus chuir sé isteach ina béal é agus amach taobh thiar duithe agus thit sí anuas ina glae ghlas. [G 29]

Bhain sé ceathrú den lon dubh agus thug ar ais mar fhianaise í chuig an té a chas leis go raibh bréag déanta aige. I roinnt leaganacha, maraíodh an bhean nuair a chaith Oisín an cheathrú seo d'urchar léi. marú. Tugtar Abhall ar an mbean, nó corruair an gcú ['Aidhleann', Co 3, 4, 16], agus cumadh seanfhocal faoin mbeart seo: 'Urchar an Daill faoi Abhall', nó in Albain 'Urchar an Doill mu'n Damhaich' (Campbell 1871, 38; O'Rahilly 1922, 138, §401, 174; féach freisin Ó Máille 1948, 15 §86).

Ach an oiread leis an gcaismirt sna laoithe, chuaigh an chonspóid idir Oisín agus Pádaig faoi chúrsaí creidimh i bhfeidhm ar phobal an traidisiúin bhéil. Dúradh go raibh na Fianna uilig, cés moite d'Oisín, in ifreann — 'Beatha 'Chonain a measg nan deamhan, ma's olc dhamh cha 'n fhearr dhaibh', seanrá a bhí ag na hAlbanaigh (Campbell 1893, 233). Agus é ag iarraidh a chur ina luí ar Oisín glacadh leis an gcreideamh, thug Pádraig radharc don seanóir ar na Fianna in ifreann. D'fhéadfadh Oisín iad a shlánú ach an aisce cheart a iarraidh ar an ar an naomh, ach d'iarr sé iall a chur i súiste Oscair (Cúige Mumhan agus chorrleagan as Co. na Gaillimhe), nó i súiste Ghoill (Leath Choinn). Cuireadh, agus d'fhan na Fianna in ifreann chúns a bhí Goll nó Oscar ag liúradh na ndiabhal leis an súiste.

D'éirigh le Pádraig Oisín a thiontú chun an chreidimh agus baisteadh an seanóir. Baisteadh Aonghusa mhic Nadfhraoich, rí Mumhan, a spreag an scéal faoi bhaisteadh Oisín a chéadair agus bhí an-tóir ar an scéal béil 'Baisteadh Oisín' ar fud na tíre (Ó Briain 1999a). Tá leagan de in *The Book of Howth* (Brewer agus Bullen 1871, 9; Ó Briain 1999a, 71-2) a

chruthaíos go raibh an scéal béil ar eolas chean féin faoin 16ú haois. Cé gur thagair Dáibhidh Ó Bruadair d'éirim an scéil i lár an 17ú haois (Ó Briain 1999a, 60), níor tháinig aon leagan scríofa den scéal seo anuas sa traidisiún liteartha..

Cumadh laoi faoi ábhar an scéil seo. Tugtar 'Baisteadh Oisín' nó 'Argóinteacht Oisín agus Phádraig' ar an laoi dheireanach seo arb é 'A Phádraig na salm sámh' a céadlíne. Caismirt idir an naomh agus an seanóir faoi chúrsaí creidimh atá i roinnt mhaith den déantús seo, agus tá gaol gar téamatúil ag an tsáraíocht seo eatarthu leis an iomarbhá in 'Agallamh Oisín agus Phádraig' (DF LVII). Tá cuntas sa laoi ar an gcaoi ar baisteadh Oisín mar thoradh ar thaispeánadh a fuair sé nuair a chuaigh sé féin agus Pádraig go Loch Deirg. Bhí an t-údar a chum 'Baisteadh Oisín' i gcleithiúnas an traidisiúin bhéil agus athmhúnláíodh an insint sa laoi ar bhaisteadh Oisín mar scéal próis sa reacaireacht bhéil ina dhiaidh sin, féach, mar shampla, ME 2 agus RC 1. Bailíodh cuntais eile ar bhaisteadh Oisín ar fud na tíre, agus san Iarthar freisin, atá neamhspleách ar fad ar an leagan atá sa laoi. Is léir go mb'ann don scéal béil i bhfad sular cumadh an laoi (Ó Briain 1999a, 66-9).

Is é an bás is toradh ar baisteadh Oisín i roinnt leaganacha den scéal:

*Well*, bhí sleá ag Naomh Páraic ina láimh agus chuir sé an tsleá ina sheasamh sa talamh agus tharraing sé amach leabhar go mbaistfeadh sé Oisín. Agus cé gcuirfeadh sé an tsleá ach síos thrí through coise Oisín agus nuair a d'fhéach sé thart bhí an talamh dearg le fuil.

'Cá bhfuil an fhuil ag tíocht as?' a deir Naomh Páraic.

'Tá an fhuil ag tíocht as mo chos,' a deir Oisín.

'*Well*, tuige?' a deir sé.

'Chuir tú an tsleá thrí through mo choise,' a deir Oisín.

'*Well*, tuige nár fhuasaigh tú é?' a deir Naomh Páraic.

'*Well*, bhí leisce orm labhairt,' a deir Oisín, 'shíl mé gur cuide den baisteadh é.'

Bhaist Naomh Páraic Oisín agus thug sé leis é ins an teampall — teach pobail — ba goire dhó. Agus cailleadh Oisín. Chuaigh sé ina cholm gheal go dtí na Flathais agus d'fhág Naomh Páraic ansin i dteach an phobail gur cuireadh cónra ar Oisín agus gur cuireadh é. Agus sin é ariamh ar baisteadh - aon fhear amháin a dtugaidís Oisín air i ndiaidh na Féinne. [G 12]

Faoi mar a ghéill lucht an tseanchais go raibh a leithéid de dhuine agus Oisín ann, bhí an áit ar cuireadh é ar eolas acu freisin. Má chreid

muintir Achréidh na Gaillimhe go raibh sé ag fanacht leis an aiséirí i dTeampall Dhomhnaigh Phádraig [G 12], chreid scéalaithe eile gur fearr a bhí a fhios acu féin cá raibh sé curtha. I measc na n-áiteanna eile in Éirinn a luaitear tá: Ard Mhacha [Ci 7], Cill Airne [Ci 11], Sliabh gCuilinn [AM 1]. Tuairiscíodh i gCo. Aontoma gur cuireadh i nGlinne Aontroma é: *He is buried in the slope of Srone in the vale of Glenarm, a few irregular stones mark his last resting place* (Ao 4; féach Mac Giolla Dhomhnaigh agus Stockmann 1991, 29 áit a bhfuil grianghraf d'Uaigh Oisín).<sup>4</sup>

Ba leis na hAlbanaigh Oisín freisin agus chreideadar gur cuireadh faoi Chloch Oisín in Albain é. Rinne Albanicus [Sir James Foulis of Collinton, Baronet] cur síos ar uaigh an laoi in *The Caledonian Mercury*, 7 Bealtaine, 1784. Athchlódh an tuairisc seo in *The Gentleman's Magazine and Historical Chronicle* an bhliain chéanna. Tugann na sleachta seo thíos as an gcuntas ar an uaigh seo léargas breá dúinn ar an ómós a bhí ag Gaeil na hAlban d'Oisín:

In the parish of Monivaird, there is in Glen-Almon a stone seven feet high, and five in breadth, known by the name of *Cloch Ossian*, in English *Ossian's Stone*, about twelve miles north-west of Perth. As, at the making of what is called *Wade's Road*, it stood in the way of the workmen, it was overturned by machines, and now lies on the east side of the road. Hard-by it stand, yet unmoved, four such grey stones as are frequently mentioned in *Ossian's Poems*, and these are around the spot where lie the ashes that once composed the body of that hero. Round these stones there is a wall (except where interrupted by the road) of three feet high, and a hundred feet in circumference, the whole inclosure being known by the name of *Carn Ossian* ... Within a few miles of *Carn Ossian* is a rivulet, on one side of which English is spoken, and Gaelic on the other. The people on this last side are full of endless stories of Finn Maccoul, *Ossian*, and the heroes that were contemporaries of those ... The few remnants that we have of his poems have been translated into several languages, and admired in them all; though only they who understand the originals can be thoroughly sensible of their excellence. And shall the country that produced him appear insensible or ungrateful to his memory? It is therefore proposed

<sup>4</sup> Is iomaí áit a luaitear sna scéalta béil faoi Oisín agus ainmníodh roinnt logainmneacha as, ina measc: Bealach Oisín agus Gleann Oisín, Co. Luimnigh (féach Ó Cadhlaigh 1947, 469); Cathair Oisín, Co. an Chláir (*close to Corofin*, Westropp 1913, 103); Bá Oisín 'taobh thiar de Roinn Cathrach', Co. Chiarraí [Ci 15]. Is fada siar a thosaigh daoine ag ainmniú áiteanna as Oisín, arae luaitear Dún Oisín' a n-imeal Dál Ríada' in AS (féach N Shéaghda 1942b, 60).

that the *Cloch Ossian*, which ignorance or malice overturned, shall be restored to its former place, and a further monument erected, with a suitable inscription ... The proposer of this scheme is ready to contribute to the expense, not in proportion to his inclinations, but to his abilities ... (Albanicus 1784, 404-5)

Ní mé ar cuireadh an chloch ina suí arís, nó ar cuireadh an fheartlaoi a chum Iarla Buchan ar leacht cuimhneacháin Albanicus, má d'éirigh leis an obair a chur i gcrích riamh?<sup>5</sup> Thrácht Alexander Carmichael ar an uaigh chéanna i litir a sheol sé chuig John Francis Campbell sa bhliain 1861, agus cé nár luaigh sé leacht cuimhneacháin ar bith, tugtar an-léargas, mar sin féin, ar an meas as cuimse a bhí ag na Gaeil ar Oisín sa chur síos a rinne sé inti ar athadhlacadh Oisín:

'Carn Chumhail,' Cuval's cairn, was opened some years ago and found to contain an immense stone coffin; near this was 'Ossian's tomb.' In 1746, when General Wade formed the road through the country, it came across this spot. A deputation waited on the General, asking if he would take the road to a side

---

<sup>5</sup> Seo a leanas téacs na feartlaoi:

*"To my learned and much-esteemed friend, Sir JAMES FOULIS, of Collinton, Baronet, I inscribe this EPITAPH, for the Grave of OSSIAN, in Glen-Almon.*

"Roll on, ye dark brown years! Let ages roll;  
And, like the waves of ever-moving ocean,  
Or leaves of trees, let sons of men arise.  
Nor dark brown years, nor ages rolling on,  
The voice of CONA e'er shall cease to hear.  
Lift up your heads, ye hills of Alpin green!  
Lift up your dewy heads the clouds above;  
And in the vales let your blue streams rejoice,  
Of other times the joy of grief to raise:  
'The song and soul of Ossian yet remain!  
"O sons of ALPIN! of the strong in arms!  
Here fail'd the Hero's strength; and here the tomb  
All that could die of CONA'S chief receiv'd.  
Here, on his staff the tuneful Hero leant,  
On his grey hairs the glittering sun-beam shining:  
Down to the narrow house, with four grey stones,  
Here did he sink, by MORA'S stone, to sleep.

BUCHAN."



so as not to disturb the last repose of 'the first bard of antiquity.' The General, however, did not find it convenient to comply with this very reasonable desire. Perhaps the engineering would not admit of it; and perhaps he had a secret desire to put the merit of the tradition to the test. Certain it is that the inhabitants of the surrounding country collected; they opened the grave, and there, sure enough, found the mortal remains of their loved Ossian. The coffin was composed of four large flag stones set on edge, covered over by another large massy stone. They lifted all with religious care and veneration, and with pipers playing the wail of the coranich they marched in solemn silence to the top of a neighbouring hill. There, on the top of that green heathery hill, they dug a grave, and there laid the last mortal remains of Ossian ... (Campbell 1893, 220-1)

Is buaine ná leacht ar bith cloiche na laoiithe agus na scéalta a d'fhág na glúinte Gael mar chlocha i leacht Oisín. Fágadh againn san ábhar a leagtar ar Oisín — Oisín, dea-mhac Finn, an laoch do hoileadh i gCruimlinn [SOO, H 73] — *monumentum ære perennius*.

CUIO II

ΤÉΑCSΑΝΝΑ

AΣΥS

FOINSÍ

## CAIBIDIL 23: 'SEILG MhÓR bHOIRINN UÍ LOCHLAINN'

*Cethardai condagar da cech elathain .i. locc 7 aimser 7 persa 7 fáth airicc.*

Four things are required by every work of art, to wit, a Place and a Time, an Author and a Cause of invention.

(As an *rémfhocal le Féilire Óengusso Céli Dé* [Stokes 1905, 2-3])

### FOINSÍ

Tá téacs SOO ar fáil i ndeich gcinn de lámhscríbhinní go bhfios dom. De bhrí nach bhfuil roinnt de na foinsí seo cláraithe fós agus nach léir i gcónaí ón gclárú a rinneadh ar chuid acu atá cláraithe cén t-ábhar baileach atá iontu, bhí sciorta den ádh orm an oiread sin cóipeanna den laoi a aimsiú. 'Is fánach an áit a bhfaighfeá gliomach' agus cé gur chuartaigh mé go fada fairsing, tá sé ag luí le réasún nach bhfuil ach cuid dá raibh ann d'fhianaise théacsúil na laoi aimsithe agam.

Seo a leanas liosta na bhfoinsí a bhfuil cóip iontu den laoi .

**Add 6:** Additional Manuscripts, Library, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; 45 rann (46 rann, má áirítear an teideal mar rann). Scríobhaí: John Kirby. Níl an lámhscríbhinn seo cláraithe. Tá sí caite go maith agus tá an ceangal scaoilte. Scríobhadh an leagan de SOO inti ar 8 Feabhra 1830. Tugtar eolas faoin scríobhaí sa cholafan seo a leanas atá ag críoch na laoi:

Guidh orm a léithoir mhúinntadh

Mise Seaghain Uí Chierbhic ó Parca  
an náoidh ant8mhala don maof  
februardh 7 aois an Tíaghairna 1830 The (...)  
John Kerby of Deerpark

Mar seo eo a leanas atá teideal na laoi in Add 6:

Aig seo fios seannachuis air geannamhacht 7 air Oilleamhuint  
Oisinn mhic Fhinn sheilg Mhóir Muirriann Uí Lochlainn  
seanchuis Oisinn Inosin dhuit a chléirig da ma thoill leat  
Easteacht liom.

Bhí cónaí ar an scríobhaí in aice le Mainistir na gCorann i gCo. Chorcaí. Tá cuntas air in Ó Conchúir 1982, 41. De bhrí gurb ionann Add 6 agus B, níl sé in eagar sa saothar seo.

**Add 8:** Additional Manuscripts, Library, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; 45 rann (46 rann, má áirítear an teideal mar rann). Scríobhaí: Séamas Céitinn. Níl an lámhscríbhinn seo cláraithe. Tá sí caite go maith agus an ceangal scabilte. Is cóip dhilís, focal ar fhocal, í de Add 6. Tugtar eolas faoin scríobhaí sa cholafan seo a leanas atá ag críoch na laoi:

Guidh orm a léithoir mhúinntadh

Seamus Ceatin an t8mhala don maoi August agus aois an Tiaghairna 1840

Is ionann an teideal in Add 8 agus an ceann atá in Add 6. De bhrí gurb ionann Add 8 agus B, níl sé in eagar sa saothar seo.

**B:** LNÉ G 723, 115-26; 45 rann (46 rann, má áirítear an teideal mar rann). Cur síos, Ó Macháin agus Ní Sheaghdha 1997, 46-8. Scríobhaí: Michael Bishop, Baile an Ghronntaigh, Co. Thiobraid Árann. Dáta: 1821. Tugtar eolas faoin scríobhaí sa cholafan seo a leanas atá ag críoch na laoi:

Críoch le Michéal Bishop ó bhaile an Ghronntaigh an fithchídh ó lá don maof Septem<sup>br</sup> 1821 *Michael Bishop of Grantstown July the 12th 1830 Written by Michael Bishop the younger*

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in B:

Aig seo fios seannachuis air geannamhacht 7 air Oilleamhuint Oisinn mic Fhinn Sheilig Mhóir Muirriann Uí Lochlainn seanchuis Oisinn Inosin dhuit a chléirig da ma thoill leat Easteacht liom.

**C:** C 16, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 45-63; 89 rann. Cur síos, Ó Fiannachta 1968, 40-1. Cé gur mheas an cláraitheoir gur 'dóigh go mbaineann sí le hiarthar Mumhan', is léir dom ó anailís ar an teanga sa leagan de SOO inti, agus ó fhianaise roinnt sloinnta a luaitear ar dhuilleoga ceangail na lámhscríbhíne [Kelly; Mc Donagh; Connor; Walsh; Sullivan; Flaherty; Lawler; Welby], gur earra Connachtach í. De

bhrí go bhfuil gaol chomh gar sin ag an téacs inti le téacs S (féach thíos), measaim gur cóipeanna iad C agus S den eiseamláir chéanna agus gur dóigh gur scríobhadh sa taobh céanna tíre in iarthar na Gaillimhe iad. 'Litríú an-aineolach, agus peannaireacht mhúshlachtmhar' a deir an Fiannachtach faoi na téacsanna in C.

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in C: 'Selig Bhruin ni Lochlain'

D: CBÉ 196, 93-100; 66 rann, scríofa go leanúnach mar línt próis, agus cuid acu bearnach. Scríobhaí: Thomas Duggan [Tomás Bacach Ó Dúgáin]. Níl an lámhscríbhinn seo cláraithe. Cheannaigh Séamus Ó Duilearga í agus ceann eile ar 10/- sa bhliain 1932 ó Mrs Ellen Ní Dhubhgáin, Móinteach, Baile Chláir na Gaillimhe. Cnuasach de laoithe Fiannaíochta agus d'amhráin agus de dhánta eile, iad ar fad i bhfogharlitriú bunaithe ar litriú an Bhéarla, atá sa lámhscríbhinn. Tá leagan de 'Laoi Cholainn gan Cheann' inti (féach, Caibidil 19). Níl dáta luaite le téacs SOO, ach bhí an scríobhaí i mbun pinn idir 1848 agus 1859. Maidir leis an Dúgánach, féach, Mahon 1996, 636-7.

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in D: Shelleg Vore Vuirey nee Loughlen

E: Egerton 161, British Library, London, 99-103; 49 rann. Cur síos, O'Grady 1926, 601 (an lámhscríbhinn), 623 (an laoi). Scríobhaí: Labhrás Ó Tarann [Labhrás Ó hAráin] agus *several hands, of various demerit*, idir 1782 agus 1788 de réir Uí Ghrádaigh. Bhí Labhrás Mac Elernaidh ar dhuine acu (O'Grady 1926, 627). Scríobhadh an lámhscríbhinn i gCúige Uladh agus, roinnt di, b'fhéidir de bhrí go raibh baint ag Mac Eilearnaigh léi, i gCo. na mí. Níl ainm scríobhaí luaite leis an leagan de SOO atá inti. Bhí an lámhscríbhinn i measc na lámhscríbhinní a cheannaigh The British Museum ó Shéamas Ó hArgadáin sa bhliain 1832.

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in E: Ag seo síos Seanchuis agus oileamhuin Oisinn mhic Fionn

F: RIA 23 O 79 [1388], 209-12; 23 rann as SOO, agus tuairim is 37 rann as 'Seilg Locha Léin' ina ndiaidh. Cur síos, Ó Coincheanainn 1970, 3582 (an lámhscríbhinn), 3585 (an laoi). Scríobhaí: Eóin Ó Fionnogáin, Cúlmaóillín, Domhnach Seachnaill, Co. na Mí. Dáta: 1821-4. Tá leagan de 'Ghinealach Oisín' inti freisin (féach Caibidil2). Is é F an eiseamláir is cruinne ó thaobh litrithe de.

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in F: *Iomarbháidh* idir Pádraig (abstal) agus Oisín.

H: Egerton 117, British Library, London, 158-67 [seanuimhriú 389-407]; 73 rann. Cur síos, Flower 1926, 237 (lámhscríbhinn), 247 (laoi). Dáta: am éigin idir na blianta 1814 agus 1832. Deir Criostóir Túinléigh gur scríobhadh an lámhscríbhinn sa bhliain 1822 (Túinléigh 1956, 51). Cnuasach d'amhráin bhéil agus ceithre laoi Fiannaíochta a bailíodh do Shéamas Ó hArgadáin *in several counties of Connaught* atá sa lámhscríbhinn. Scríobh beirt scríobhaí an lámhscríbhinn agus bhain siad úsáid as *two different systems, that of the second being (like his script) in some particulars eccentric* (Flower 1926, 237). Bhí Philip Gibbons ar dhuine acu seo, ach ní mheastar gurb ionann an Giobúnach agus an dara scríobhaí a scríobh na laoithe Fiannaíochta agus roinnt bheag de na hamhráin. Ní heol dom cé hé, nó cár bh as don scríobhaí anaithnid seo, arae chinn orm lorg a láimhe a aimsiú in aon áit eile. Ní luann sé a chuid faisnéiseoirí — munarb é féin b'fhaisnéiseoir dó féin. Tá trí cinn de laoithe eile Fiannaíochta sa chnuasach seo aige, mar atá, 'Lioh na shallug' ['Laoi na Seilge'], 'Lio na cuin duibh' ['Laoi na Con Duibhe'], 'Lioh an derring' ['Laoi an Deirg']. Leanann caoineadh ina chuid peannaireachta ar Liam de Búrca na laoithe seo, agus is i ndiaidh an chaointe atá SOO, an mhír dheireanach sa lámhscríbhinn. Bhí an Búrcach i gceannas ar chaisleán na Gráinsí (Grange) i gCo. Shligigh agus maraíodh é nuair a séideadh an caisleán in aer d'aon turas sa bhliain 1690 le nach ngabh fadh naimhde Rí Séamas seilbh air. Baineann roinnt de na hámhráin le Co. Mhaigh agus le Co. Shligigh ó thaobh ábhair de. Táim ag ceapadh, dá bhrí sin, gur cnuasaíodh an t-ábhar in íochtar Chonnacht.

Is dfól mór spéise na téacsanna in Eg 117 agus is mór an trua nach fios cén áit go baileach ar bailíodh an t-ábhar inti, arae d'éirigh leis an scríobhaí canúint an fhaisnéiseora/na bhfaisnéiseoirí a thabhairt leis go paiteanta ina chuid ortagrafaíochta. Is léir go raibh eolas maith aige ar an gcóras traidisiúnta ortagrafaíochta, arae bhain sé an-úsáid as noda traidisiúnta lámhscríbhneoireachta ina shaothar. Bhí eolas aige ar litriú stairiúil na Gaeilge freisin, ach tríd ís tríd, iarracht eolaíoch ar chaint na ndaoine ar bailíodh an t-ábhar uathu atá san iarracht aige. Tagraítear do roinnt pointí canúineolaíochta sna nótaí le H.

Tá cuma ghlan scolártha ar Eg 117 agus is léir go raibh an dá scríobhaí ag athscríobh ó bhailiúcháin a bhí déanta cheana acu. Cheartaigh scríobhaí SOO an téacs roinnt uaireanta agus sciorr a pheann babhta nó dó

freisin i ngan fhios dó. Tugtar léargas sa sliocht thíos as tús SOO— teideal agus rann 1 — ar stíl a pheannaireachta agus ar chineál a ortagrafaíochta.

Shellig mhore mherrein nee Loughlinn  
Shellig bhore mherrin nee Loughlinn  
Shellig mhore mherrein nee Loughlinn  
Shanach Oshien 7 Inn  
darosin duith é á chleir ga mail lathse estaught lum

Shellig mhore Mherrein nee Loughlinn

Shellig bhore mherrin nee loughlin

Shellig mhore mherrein nee Loughlinn. shanachus Oshien 7 Inn  
darosin duith é á chleir ga mail lathse estaught lum

M: CBÉ 192, 58-62 [seanuimhriú 52-6]; 66 rann, scríofa go leanúnach mar línte próis, agus cuid acu bearnach. Scríobhaí: Thomas Meehan [Tomás Ó Míodhcháin]. Níl an lámhscríbhinn seo cláraithe. Tuairiscítear i nóta i láimh Shéamuis Uí Dhuilearga ar leathanach 4 inti gur bhronn Brendan Meehan, O.S., Cor an Dola [Co. na Gaillimhe], an lámhscríbhinn seo a scríobh a athair, thart ar an mbliain 1880, ar Shéamus Ó Duilearga, 28 Meán Fómhair, 1935 agus gur bhronn an Duileargach ar Choimisiún Bhéaloideas Éireann í, 7 Deireadh Fómhair, 1935. Ach an oiread le D, cnuasach de laoihe Fiannaíochta agus d'amhráin agus de dhánta eile, iad ar fad i bhfogharlitríú bunaithe ar litriú an Bhéarla, atá sa lámhscríbhinn. Tá cuntas ar an scríobhaí in Breathnach agus Ní Mhurchú 1997, 206-8. Tá an colafan seo a leanas ag críoch na laoi:

Ended this 30th day of June 1880  
by Thomas Meehan...

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in M: Shelleg Vor Vuirey nee Loughnen wrote 26th day of June 1880. Mar is léir ón gcolafan thuas agus ó theideal na laoi, chaith sé ceithre lá á scríobh.

S: CBÉ, Bosca 7 [Eón Ó Neachtain], Mír 3, 'Piosaidhe Eugsamhla Gaedhilge', 142-51; 89 rann, scríofa go leanúnach mar phrós. Níl an lámhscríbhinn seo cláraithe. Is éard atá inti cóipleabhar línithe scoile a bhfuil clúdach dubhghorm cairtchláir uirthi. Tá 184 leathanach inti, iad uimhrithe go dtí 175.

Is cóip í an chuid is mó den cóipleabhar seo de lámhscríbhinn a scríobh 'Taidhg O Sulleban' (féach leathanach 123 inti). Luaitear na dátaí seo a leanas inti: *16th day of September 1892 (75)*; '20 lá de'n Deichmí 1834' (84); agus críochnaíodh SOO, '1840. An cheud lá de chromdubh. *Ist December. 1840*'. Ní luaitear aon log sa lámhscríbhinn, ach canúint Chúige Chonnacht atá sna téacsanna atá scrúdaithe agam. Tá gaol ag an lámhscríbhinn le C 16 (Maigh Nuad) ó thaobh ábhair agus canúna de.<sup>1</sup> Bhain Patt Glynn, scríobhaí RIA 23 O 82 (1391) úsáid as lámhscríbhinn a scríobh 'Taidhg Oe Suallibhan' (Tim Sullivan), Poll na Cloiche, Maigh Cuilinn, in 1827 (Ó Concheanainn 1970, 3590-2).<sup>2</sup>

Níl aon dáta luaite ag an athscríobhaí. Tá an cóipleabhar i measc pháipéir Eoghain Uí Neachtain (1867-1957) in CBÉ, agus is cosúil gur é Ó Neachtain a rinne an t-athscríobh. (Maidir leis an Neachtanach féach, *Breathnach agus Ní Mhuiríosa 1992*, 130-1.) Rinne an t-athscríobhaí iarracht cloí le cló na heiseamláire a bhí roimhe. D'athscríobh sé cuid den téacs faoi dhó agus sciorr a pheann scaití eile.

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in S: Seilig Mor Muiris ní Lochlann.

Chomh maith leis na foinsí thuas i lámhscríbhinní, caithfear an leagan béil seo a leanas a chur san áireamh in aon trácht ar an laoi.

---

<sup>1</sup> Ábhar lámhscríbhinn Uí Neachtain mar atá i gclár an chóipleabhair, 1-2. Ní móide gur bhain an chéad mhír sa chlár le lámhscríbhinn an tSúilleabhánaigh:

Deuntusa an tSuibhnigh; Laoidh Bhrait an Sgéil; Laoidh an Deirg Mhóir; Laoidh Chodhlain gan Cheann; Laoidh na g-Con Duibhe; Laoidh na Mná Móire; Laoidh na Mná Móire (cóip eile); Laoidh an Doirn; Laoidh Chnoc an Airr; Baisdeamh Oisín; Bruigean Eocha Bhig Dheirg; An Caoineadh Fionualadh no An Siogaidh Romanach; Laoidh Cabadusan ó'n gCeis; Laoidh Choin Mhic an Deirg; Fouir na Teamhair; Dearmad Fleigh; Tuitim Mhaccaimh Mhóir; Seilig Mhór Mhuiris ní Lochlann; Ceasacht *inghine* Ghuile; Mídhaire Borb; Seanachus Chrice Chuinn; Fiadhach Sheaghain Fox; Soirride Fhinn go Crich Lochlann.

<sup>2</sup> Táim faoi chomaoin ag an Ollamh Ó Concheanainn as eolas a thabhairt dom faoi Thaidhg Ó Súilleabháin.



**G 10:** CBÉ 155: 7-14, 35 rann, cuid acu bearnach. Bhailigh Liam Mac Coisdealbha an leagan seo den laoi ó Eoghan Ó Neachtain, *Aird Mhór, Carna*, 1935 (féach Ní Fhlathartaigh 1976, 270-1).

Mar seo a leanas atá teideal na laoi in G 10: Cur síos ar Sheilg Mhóir Mhuilinn Uí Lochlainn, nó Seanchus Oisín mhic Fínn.

#### AICMIÚ NA LEAGANACHA

Is féidir na foinsí thuas a rangú i roinnt aicmí cinnte i bhfianaise na gcosúlachtaí móra atá ag roinnt acu le chéile:

- I — Add 6; Add 8; B; E.
- II — C; S.
- III — M; D.
- IV — H, G 10

Aicme I: Is cóip dhílis í Add 8 de Add 6 agus is ionann iad agus B. Síolraíonn na trí cinn seo agus E ón eiseamláir chéanna, ach ní cóip í E de cheann ar bith de na foinsí Muimhneacha, arae tá sí tuairim is ceathracha bliain níos sine ná iad. Tá roinnt bheag éagsúlachta sa fhriotal eatarthu, mar shampla: ag fanmhaid (E 34c) ~ ag conáid (Add 6; Add 8; B, 32c). Tá rainn E 14, 15 in easnamh ar Add 6, Add 8, B agus tá cumasc de rainn E 36 agus 37 in Add 6, Add 8, B, rann 33. Is dílse E don eiseamláir chaillte a scríobhadh, dá bhrí sin, i gCúige Uladh. Bhí lámhscríbhinn amháin ar a laghad a scríobh Labhrás Ó hÁráin, duine de scríobhaithe Eg 161 a bhfuil E inti, i gCúige Mumhan thart ar an tréimhse ar scríobhadh Add 6. Rinne Pól Ó Longáin cóip de 'Ghinealaghe Fearmanach' sa bhliain 1842 as lámhscríbhinn a scríobh Ó hÁráin sa bhliain 1809 (Ó Cadhlaigh 1931, 62). Seo í lámhscríbhinn 6, i gColáiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí (Ó Conchúir 1982, 143). Bhí aithne ag Seán Ó Ciairbhic, scríobhaí Add 6, ar an Longánach ón mbliain 1818 ar a laghad (Ó Conchúir 1982, 41).

Aicme II: Is mar a chéile go bunúsach an téacs, idir fhriotal agus líon na rann, in C agus S. Ní cóip chruinn í S den eiseamláir a bhí roimh an scríobhaí — scríobhadh roinnt den téacs faoi dhó agus sciorr peann an scríobhaí cupla uair— mar sin ní léir arb í C eiseamláir S. Munarb í, níl siad i bhfad ón eiseamláir choitinn. Is iad C agus S an t-aon dá fhinné théacsúla a d'aimsíos den leagan is faide de SOO a mhair mar laoi, ach mar a léirítear i gCaibidil 6, d'fhág an leagan seo lorg ar an traidisiún béil i

gCúige Chonnacht ó Inis Meáin, i gCo. na Gaillimhe [G 4], chomh fada ó thuaidh le Coill Ghlas, i gCo. Shligigh [Sl 1].

Aicme III: Is ionann an leagan de SOO atá in D agus M. Léiríonn an litriú iontu go bhfuil siad, nó a n-eiseamláir, bunaithe ar reacaireacht bhéil, ach is téacsanna scríofa iad freisin. Tugann colafan M le tuiscint nach deachtú a bhí ar bun aige, ach léiríonn cuntas suimiúil a bailigh Ciarán Bairéad faoi na seanlámhscríbhinní a bhí ar an Móinteach, Baile Chalir na Gaillimhe — an áit arb as Tomásín Bacach, scríobhaí D — go raibh baint mhór ag deachtú le cóipeáil na lámhscríbhinní seo as Achréidh na Gaillimhe ar baineadh leas as fogharlitriú bunaithe ar litriú an Bhéarla iontu:

Bhí ceann de na sean-leabhraí a scríobh Tomásín Bacach ag Beairtlí Óg a bhí ar an mbaile seo ...

Bhí sé ar scoil ag Tomásín Bacach, agus is uaidh a fuair sé péibí foghlaim a bhí air. Scríobh sé héin agus Peadar Phatch Pheadair, chópáil siad leabhar mhór fhada; bhí sé ina leabhar mór go maith. Chaith siad Geimhreadh no cúpla Geimhreadh dhá scríobh. Is iomaí oíche a chaith mé ag éisteacht leofa, Peadar ag léamh dhó agus é féin ag scríobh — agus nár dheas an caitheamh aimsire é freisin! Agus nuair a bheadh an t-amhrán scríofaí acu, agus iad ag goil ag eirí as, scríobhadh sé i ndeire an amhráin: 'Tá an t-amhrán scríofaí agus an choinneal as!' Á muise, go ndéana Dia trócaire ar mo dhuine bocht ... (Bairéad 1964,134)

Is ionann an téacs in D agus M, geall leis. Tá an t-athrá céanna iontu — rann 9 agus 11 faoi dhó. Tá an focal *action* iontu faoi dhó (rann 45, 50) agus an leagan doiléir *Bu can Kimsey* (rann 41a) iontu i gcoitinne. Cé go bhfuil D thart ar tríocha bliain níos sine ná M, tá corrléagan in M atá níos sine ná a leathbhreac in D. Is sine, mar shampla, *doyeus* ('d'iadhais') M ná *leagus* ('leagas') D i rann 4a (féach nótaí le héagrán D).

Aicme IV: Is díol suntais gur fearr a réitíos G 10, dá aimhréití bhriste é, le H ná le foinse ar bith eile. Tá ábhar sa dá théacs seo nach bhfuil in aon téacs eile, agus is cosúla roinnt leaganacha iontu le chéile ná le leaganacha i dtéacsanna eile. Níl lua ar thairiscint smior na gcnámh do Gholl ach in G 10 (30-1) agus H (66-8) (féach Caibidil 15). Ar na hionannais eile friotail eatarthu tá:

— G 10 11d agus H 47c: ag réiteach le chéile i gcoinne C/S 47c agus D/M 49c.

— G 10 26 agus H 60 ag réiteach le chéile i gcoinne C/S 60. Is giorra D/M do G 10/H sa chás seo.

— G 10 27b agus H 62c ag réiteach le chéile i gcoinne C/S.

Ní furasta F a phósadh le haon cheann de na haicmí seo, ach is cosúla an friotal fré chéile ann le friotal na leaganacha Connachtacha. Bhí fáil ag an bhFionnagánach, scríobhaí F, ar ábhar as Cúige Chonnacht, mar shampla, tá leagan de 'Ghinealach Oisín' aige (féach Caibidil 2).

Tá bearna de bhreis agus céad bliain idir H agus G 10, agus tugann an creimeadh téacsúil a tháinig ar SOO i gcaitheamh na mblianta sin léargas dúinn ar athrú faisin i leith na laoithe Fiannaíochta a tharla san 19ú haois. Cé go raibh bonn maith láidir fós faoi sheachadadh na laoithe i bhfoinsí scríofa sa chéad leath den 19ú haois, go háirithe gCúige Mumhan, is fianaise é H — gan trácht ar D agus M — go raibh pobal éisteachta agus seachadóirí gníomhacha ag na laoithe sa traidisiún béil an tráth údán freisin. Bhí margadh ann dóibh agus éileamh orthu agus bhí Gaeltacht thús an 19ú haois fós in ann iad a iompar. Tacaíonn fianaise sheachtarach go maith leis seo. Chuir, mar shampla, an tUrr Alexander Ross, reachtaire Pharóiste Dhúin Gheimhin i gCo. Dhoire, síos ar *Ossian's poems* mar a thug sé orthu i dtuairisc a scríobh sé do William Shaw Mason, am éigin roimh an mbliain 1814. Tá an tuairisc seo thar a bheith tábhachtach agus tugtar léargas luachmhar dúinn inti ar ghnéithe de thraidisiún Gaelach Dhoire ag tús na haoise seo caite. Is éard a deir an tUrr Ross faoi na laoithe:

#### Ossian's Poems.

The poems attributed to Ossian, and other bardic remains, are still repeated here by the old Seanachies, (as they are called) with visible exultation. Eight of these have been written down, at my request, by a young mountaineer, named Bernard Mac-Loskie, from whose acquaintance with the native traditions, customs and language, the writer derived much assistance in this survey: he is himself a good Latin scholar, and possesses by every account, a critical knowledge of the ancient Irish. These poetic records have been handed down, from time immemorial, by tradition alone, nor is it apparent, whether they ever existed here in manuscript.

A curious evidence of the accuracy of tradition, in preserving these remains, may be noticed: two of the poems transcribed, namely Deirdri (the Darthula of Macpherson) and Tailc, had been already published from southern manuscripts, in a volume entitled — Transactions of the Gaelic Society: this book, which was accidentally in the writer's possession,

afforded an opportunity of comparing the poems taken from *viva voce* recitation, with the printed copy; and strange as it may seem, they were found to agree together word for word, with the exception however, of a few lines in Deirdri, and four entire stanzas in Tailc, which the written record has evidently lost, and tradition preserved. And old man, named Mulholland, who is now the most accurate depository of these poems to be met with, continues at an advanced age to sing them with enthusiasm and delight. As there is a separate air for each poem, in which the melody is suited to the subject, it is probable that the original music is also preserved.

#### Seanachies.

The manner of preserving the accuracy of tradition is singular, and worthy of notice. In the winter evenings, a number of Seanachies frequently meet together, and recite alternately their traditional stories. If any one repeats a passage, which appears to another to be incorrect, he is immediately stopped, when each gives a reason for his way of reciting the passage, the dispute is then referred to a vote of the meeting, and the decision of the majority becomes imperative on the subject for the future. This plan, aided by the measure of the poetry, and also that of the music, may account for the accurate preservation of these ancient poems. (Mason 1814, 317-8)

Ach is léir go raibh friotal liteartha na laoithe Fiannaíochta ag dul ó aithne ó roinnt mhaith de lucht labhartha na Gaeilge de réir a chéile sa 19ú haois. Dúirt faisnéiseoir amháin le Lady Gregory gur bhrúigh filíocht Raiftearaí na laoithe i leataobh agus gur ligeadh i ndearmad iad dá bharr (Ó Coigligh 1987, 35). Scríobh Patrick Knight in *Erris in the Irish Highlands*, leabhar a foilsíodh sa bhliain 1836, faoi chúrsaí i gCo. Mhaigh Eo fiche éigin bliain sular bailíodh ME 3, an leagan próis is sine de SOO, do John Hawkins Simpson sa chontae sin.

Many a winter's night have I heard the old chronicler, lying on his back quietly, in the bed beyond the fire, repeat the 'deed of old' to delighted listening ears, but in a language so ancient as to be now almost unintelligible to most Irish speakers of the modern school. (Sliocht as O'Rahilly 1946, 325).

Is í an ghlúin Gaeilgeoirí a bhí suas roimh aimsir an Drochshaoil atá i gceist ag Knight le *most Irish speakers of the modern school*. Agus é ag trácht ar chúrsaí sa chuid deiridh den 19ú haois, scríobh an Craoibhín:

Most of the Fenian poems contain words not in general use. I remember an old woman reciting me two lines of one of these old poems, and having to explain in current Irish the meaning of no less than five words in the two lines ... (Hyde 1910, 177)

#### LOC AGUS AIMSER SOO

Cé nach hionann Aicme III agus Aicme IV is é an leagan amach céanna atá ar an ábhar iontu, agus is féidir a áiteamh go síolraíonn siad ón aircitíph chéanna. Cuireann fianaise na leaganacha atá scrúdaithe sa saothar seo ar ár gcumas trí staid a aithint i bhforbairt théacsúil SOO.

- Mórleagan 1: H; G 10; D; M.
- Mórleagan 2: Add 6; Add 8; B; E.
- Mórleagan 3: C; S.

Tugaim mórleagan ar gach staid acu seo, ach ní chiallaíonn forbairt sa chás seo fás téacsúil, arae má glactar leis gur cóngaraí Mórleagan 1 don bhunlaoi, cibé cén chuma a bhí uirthi, tá ciorrú téacsúil i gceist le mórleagan 2. Is amhlaidh a cuireadh ábhar breise, an cuntas ar an tríú seilg agus bás Bhrain, le Mórleagan 1 chun Mórleagan 3 a chruthú.

Luaitear Boirinn Uí Lochlainn i gceann de dhá theideal na laoi, agus luaitear Cruimlinn [na gCraobh] agus roinnt logainmneacha eile as Tuamhain inti (féach Caibidil 8), agus thioctadh go bhfuil cuid den cheart ag Daithí Ó hÓgáin nuair a mhaígh sé gur cumadh i gCo. an Chláir í (Ó hÓgáin 1988, 79). Ach ní raibh ach téacs E ar eolas, áfach, ag an Ógánach, agus bhí dul amú air nuair a thug sé *An Irish poem, written in Co. Clare in 1778* ar an saothar seo. Cé gur ag rith ar thanaí dom a bheith ag tuairimíocht faoi áit chumtha na bunlaoi, braithim féin go mb'fhéidir gur cumadh i gCúige Chonnacht í. Scríobhadh, nó bailíodh, téacsanna Mhórleagan 1 sa chúige sin amháin. Cé go bhfuil an chuma ar fhianaise théacsúil Mhórleagan 2 go bhfuil dáileadh níos forleithne ar na téacsanna de a mhair, má ghlactar leis nach bhfuil san fhianaise théacsúil Mhuimhneach ach fianaise thánaisteach bunaithe ar E, is féidir Mórleagan 2 a chungú go leagan aonair as Cúige Uladh. Is leagan giortaithe den laoi atá in E agus a mhacasamhala. Is i gCúige Chonnacht a cuireadh an chomaoin deiridh ar SOO, arae níl fianaise ar Mhórleagan 3 taobh amuigh

den chúige sin agus mhair an t-ábhar breise sa mhórleagan seo faoi mharú Bhrain sa traidisiún béil ó cheann ceann an chúige.<sup>3</sup>

Ní heol dúinn cén uair a cumadh an bhunlaoi, ach tá sé ag luí le réasún go gcaithfidh sé gur cumadh í roinnt mhaith blianta sular breacadh E, arb í an eiseamláir théacsúil is sine dá bhfuil eolas againn uirthi, ar phár am éigin idir na blianta 1782 agus 1788. Ní fiú dul i muintín cúrsaí meadarachta le haois an déantúis a mheas, arae níl aon rialtacht mheadarachta in SOO. Tá meadaracht na laoi bunaithe ar Rannaíocht Mhór (féach, mar shampla, C/S 2; 18; 27) agus beagán den Rannaíocht Bheag (féach, mar shampla C/S 4; 8;) agus corr-rann Deibhí (C/S 13) tríd (féach Ó Donnchadha 1925, 45-8; [1933] 163-72).

Bhí an oiread sin deacrachtaí ag na seachadóirí le roinnt leaganacha cainte sa laoi — *d'uidhe lae* C/S 18b; *ealracht* E 44c (?'forthlacht', féach Caibidil 10) gan ach péire a lua — a ghinfeadh an bharúil gur cumadh an bhunlaoi nuair a bhí an Nua-Ghaeilge Chlasaiceach fós i réim.

---

<sup>3</sup> Ní miste a mheabhrú, fiú muna bhfuil ann ach comhtharlúint, go mba láthair mhór léinn é Leacán Mhic Fhir Bhisigh ar an gCoill Glas i gCo. Shligigh anuas go dtí an 17ú haois (féach Ó Concheanainn 1987). Ba sa pharóiste céanna a bailíodh SI 1, ceann de na leaganacha béil ar shíolraigh cuid den ábhar ann ó Mhórleagan 3.

## NÓTA EAGARTHÓIREACHTA

Tá eagráin dhioplómaitiúla de na téacsanna seo a leanas i gcló san ord seo a leanas: H; D; M; G 10; F; E; B; C; S. Cloítear le rangú na dtéacsanna ina mórleaganacha, mar atá i gCaibidil 23, san ord seo cés moite d'ionad F. Leanann F G 10, de ghrá na héascaíochta, mar cé nach mbaineann sé le haon mhórleagan faoi leith is cóngaraí do na leaganacha Connachtacha é.. Scaoiltear noda uilig na lámhscríbhinní i gcló iodálach sna téacsanna dioplómaitiúla. Fágтар litriú G 10 gan athrú.

Leanann eagrán de H agus D i ngnáthlitriú na Gaeilge téacsanna H agus M faoi seach. Cloítear san eagrán seo le litriú CO agus FGB a fhad agus is féidir; glactar le malairtí atá san fhoclóir agus baintear úsáid as litriú stairiúil de réir mar is gá. Ní athraítear deilbhíocht ná canúnachas na bhfoinsí. Pléitear deacrachtaí téacsúla in Nótaí ar na hEagráin. Ní eagráin chriticiúla iad seo, arae níl d'aidhm leo ach téacsanna soléite a sholáthar i litriú sothuigthe. Ní léir ciall na cainte iontu i gcónaí, go háirithe i gcás D (agus M) — fiú más féidir an fhuaim a litriú i gculaith ghlan CO. Baineadh leas as corrléagan as M in eagrán D ar mhaithe le soiléire, agus tugadh a leithéid le fios sna nótaí nuair a rinneadh amhlaidh.

Rinneadh eagrán tacair as fianaise théacsúil S agus C, na téacsanna is iomláine dár aimsíos de SOO. Leanann an t-eagrán seo téacs S. Níorbh fhurasta leaganacha sásúla a sholáthar i gcónaí, arae baineann roinnt doiléireachta leis an bhfriotal sna foinsí seo. Tá normalú déanta ar an litriú faoi threoir CO agus FGB, ach úsáidtear litriú stairiúil nuair is gá. Cloítear le leaganacha canúna sna briathra agus i leaganacha ar nós 'leofa' [5a] in áit 'leo', ach athraítear na réamhfhocail a scríobhtar mar 'go' nó 'do' go 'de' nó 'do' de réir mar is gá. Pléitear fadhbanna téacsúla in Nótaí ar na hEagráin.

Tá roinnt téacsanna béil in eagar freisin mar léargas ar an gcaoi ar caitheadh le SOO sa traidisiún béil nuair a chaill sé a chulaith mheadarachta. Is iad na téacsanna seo a leanas atá in eagar: Sl 1; ME 3; 7; 18; G 12; 22; 23. Tá normalú déanta ar an litriú na dtéacsanna as CBÉ faoi threoir CO agus FGB, ach fágтар an deilbhíocht agus an chomhréir mar atá sna foinsí. Baintear úsáid as eallóga cearnacha [...] nuair atá bearna san fhoinsé nár éirigh leis an mbailitheoir a thabhairt leis.

Fágтар Sl 1 mar atá sé i gcló, ach amháin go bhfuil cló trom curtha ar an bhfriotal ann a shíolraigh ó SOO.

# mÓRleAGAN 1

[H, D, M, G 10]



## Shellig mhore Mherrein nee Loughlinn

*Shellig bhore mherrin nee loughlin*

- 1 Shellig mhore mherrein nee Loughlinn. shanachus Oshien 7 Inn darosin duith é á chleir ga mail lathse estaught lum
- 2 Estie mishea shin n mheth Oshien ghlicc naugh ganen bang murs binn lum bree the sceil a Rio na mhien 7 na naugh shaung
- 3 Iegh fasthe the lobhar baunn a chleirié aund na sallim ghrin no go neistá thú le sceal beag saibh ó is aggum á thamh er Iénibh Finn
- 4 Á nish ó ghriddis mo lomhar baun airish duse parth go the sceal ar chodroman no er chullan coggie. ga rou eg shaught gchaha na Feineá
- 5 La guinn 7 sloigh feinea á shellig ense ló ghill ghreana shaugh gchaha na mhienn 7 Finn fio mhorrein neé Loughlinn
- 6 Gluosther linn ás Alamhin n amaugh ur labh dhas le shanin sheer gó ross dá róshellé na liochh en thillan ciébhé le lieun an fiegh
- 7 Larnamharaugh gluosthir linn go meen afaugh na ttorron ur diacht ó ruscie Finn 7 ur ttriell er mhorre nee loughlin
- 8 En shuth ieris Finn er gasrie uobhraugh na ngeim callum gan á ghol nees nassá gun chruchc no go machtée diest annaugh shallug
- 9 Cuirhad Uscar 7 Goll mur is maigh na ghill gheath lé cep cháhá go bunn shleibhé lahann lúochhre 7 go boggaugh fúor finnn lahann

---

6d lieun nó b'fhéidir lieú (= luíodh).

- 10 Cuirfad ciégud elle liochh ládir 7 a gchuid conn aláh leo air Iielaughie Machc Liochh lufar na lhann na ttanthé shinn 7 á nien Lienaugh
- 11 Cuirfad en nien mheenaugh go cibhnaugh 7 a ngier sceelthie leo o mhuc<sup>hc</sup> á sheadú funnann ag clanne Ronann le Ceeltshe
- 12 Cuirfad Mac an Digher gafa ghonn as a gchinn á nard á chric<sup>hc</sup> comad caragàughie 7 spancraughie mur heid cuin althé 7 brech<sup>c</sup>
- 13 Theif Dieramuid fio en gcheil machc en goill lesh 7 geoulunn á nemudigh cuin er gluosaught 7 gire cluosagh á chóel bhinn
- 14 Theif Finn ar chann á tshloee go can born bó hash gasree aginthaugh uobhraugh na gallum chruogh 7 na ngeim dress
- 15 Os sheeth á heaf gan mhéill er mhinther bhebhré bhic<sup>hc</sup> cúill locht na ngrad 7 na ninnir nrass mion mhornaugh na lu chlass
- 16 Agus a fadric<sup>hc</sup> naugh bocht mo sceal mishé á bpein anish na niegh gun lú gan lathair gun leam air asmhie lean 7 dio soigh
- 17 Do bhee go mornaugh shall fo chinn eg shaught gahee Iriel gun dócul fli oál fadde do bhiaf tra bhee muist nee á fiechh a mhoromeel
- 18 Is mea á nish Oshien deamhachc Finn an liochh do hellú á grimlinn bheirin 7 nee lé lúos er á nuighea ghallibh ar lah chluosh
- 19 Agus shea mo chraugh 7 mo chead nuid á Fadric<sup>hc</sup> uosill na sallim grinn naugh gchuirrin tshu tacht<sup>ere</sup> lum uoth go ttein er chcuorth bhuil Finn
- 20 Cáid mhém no ce ham no en mein aun go shuil le bar lum na mahis Rio na rann go mehin hall fio na scea

---

18a Oshien 'Ishien' athraithe go 'Oshien' sa lámhscríbhinn.

- 21 Oshien leig go the *chanth* is cam en tlee *ghuith* é  
*fachc* the *gluin* 7 *buol* the *ocht* 7 na deen sought augh á mollú Déa
- 22 A chleraugh crafir na mang ce heanu go mo *chan* a *bheigh* lioghgh  
 agus *nar mhore* an *tshabhur* bristhee go mo *chree* á *mheigh* asheer  
*gibhbhe* agus á mollu Déa
- 23 Shea Dia a *chruffie* ear 7 *iesc.* duol na greané le ttig thass  
 gaugh finheen finnn glass fear 7 gaugh *binnan* sheabh le mhasinn  
 massibh
- 24 Nee le gallie na le grean na le cru hú fear á hulu finn  
 augh i crieughnú corpie *liochh* a cossanth *criochh* go cáúlm *chuin*
- 25 Agus á Fadrichc naugh bocht go do *Dhia* más go thigh na bien *chuir*  
 shea Finn  
 no go do rinnie er *Dhia* augh aragud 7 bie do rinn
- 26 Gun traught ar Rio *abhir* na scie a *bhrunhu* aragud go fiel er gabh  
 der lumsa *bar* é na do *Dhia nar* has á gleer 7 *nar gharrag* á lann
- 27 Agus da meigh Finn 7 do *Dhia* ar á *gchruchc* mhuddie heer *sparnn*  
 ga mo *ghea* Finn á *mheigh* á *niechter* dearhinshea *gur* bea do dhease  
*far* á *bar*
- 28 Agus ga meibh muistnee á neen crinn á *Nalabhin* *lshlim* na *gcuin* 7 na  
 naugh  
*gharámuisth* *cribh* 7 *cinn* no bheir á muisth Finn á maugh
- 29 Is furrusth *annhea* *gur* hoo mo *chheel* 7 *mea* fescinth dieclie slann  
 naugh *mrishim* ludraughie do *gheal* 7 á *bhfuil* o the *bheal* go laggud  
*lamh*
- 30 *Mur* bo *bhinne* lumse fuem na moss no *gar* na scelle dol fio an nglan  
 ná *bheigh* er *naubh* eg Dia an spiorad *naobh* 7 á *bhfuil* shieth aun

- 31 Finn 7 a mhachcie thu a rieb*h* 7 a bheicher chieghea le the rea  
bar ghuitshe frappie the hool fehú gnush 7 glor Dea
- 32 Agus goúim do chimree á chree gun mharrig cosc diem darrag 7 dien  
seeh  
nee roues fos augh á cunnad 7 glachc mo lab*h* á mhichc en Rio
- 33 Augh arish dúsé Oshien gun errig thra bheehá á shellig nó a ngeibhlin  
gunis do bheirha augh le lúos er á nuighea ghallib*h* er lah chluosh
- 34 Lah ghúin a Nalamhin er dúss cee gur náraugh guse é le chuir á geil  
na bief orthse glunn na gráin fio mishea inshen fam*h* mo sceil
- 35 Gluosther linn as Alamhin amaugh go meen chaffaraugh bodthan  
beath  
a dúsaught grigh altha as glanthee fo hescea Rieguin na ttrien rea
- 36 Goffur lin á masg gaugh shellig ellid álin*n* á lub na naugh  
agus Finn na liochc ladir mhannamnaugh óag 7 bo gal é dhraugh
- 37 Ghob*h* a nellid er á lab*h* 7 cé mheehee ieghea á baillea na ée  
neer leig orhee gorthu na grun ó dheacill cuin na ó lab*h* lhee
- 38 Er ehun na highea er a hálah glechc alghish firr é mur bo gnaugh  
sceal scanalaugh lenn*n* inshin go narnie Finn ghigh innud mna
- 39 Leig en ellid fo en thlieb*h* á bar ciel 7 gnee  
á gimmaught o hum go thum go ttanichc shee go crimlin na grieb*h*
- 40 Tra*h* do rhum shee en shin*n* no go ttanichc á hunnu 7 á ham  
gur ruggu mishea minnú*d* lioh masc na grieb*h* 7 na grann
- 41 Gur chranree crachcen mo choss ó shuill na noss 7 na nthallug  
gun duoll ghiénee gar gothre á masc na bhieugh more 7 na mharrag

---

14c gothre 'gore' agus t séimhithe scríofa os cionn an 'o' in 'gore'.

- 42 Gunn fiss eg ean naugh sé *rshann* go roués aun cee baddeen veen  
*mur* gaugh lioh goal mo laught go roues an iesz mo *shaught* mlien
- 43 Shallud dusé na *dhiegh* shin go *ttanichc* mo *narth* 7 mo *bhree*  
 gun rah gun rieguill gun *smaught* no go roues en *shaught* fó rhee
- 44 Nó go *ttanichc* *Bómann* bominn hugginn fó en geill á banth mass  
 agus a *chinnunth* á *bhee* en mo chunn shea is *dibhinn* lúm *gur* bea mo  
 lass
- 45 Shullu beig ellie gá ttug shee mheigh daffirc go fuosraugh fó en meah  
 agus *chuinnichc* shee ellid *choslum* lum er *chlúosh* 7 mea er mó ruog  
 7 er mo righ
- 46 Shó go hiebh ee *mur* rou Finn 7 darish shee ga go *chullann* canthé  
 go mhachcie shee *araughtacht* no fuodraugh no *gruogaugh* uofar  
 althé
- 47 Chuir Finn fo na *dheath* ordoag á *mhearé* én á *mhauf* fiss  
*gur* arish shea go ferrimúil gun neen en *thescea* rioghan le *narnee* fesh
- 48 Chrinnie á *dur* á ner 7 á neer thunnoll na *bheen* as gaugh *card*  
 á thogal darafu 7 bree en sceil ó *bheal* go beal go naughie gós ard
- 49 Gaugh ghire binn *baruil* brash do hochcú fio hass gaugh lorrag  
*tiacht* go hacashaug fiebhraugh fio *ghreechh* 7 fio *chollug*
- 50 Gaug cú ga rou ense *bheinn* dó hassá ceam á nam *gniebh*  
 bo *bheg* án *siohar* á *guir* en shallug 7 ieth go *faragaugh* er á ningnigh
- 51 Shieú á bannim gun *chuin* *chroen* do *bhee* er eal eg *machc ar ghroen*  
*Srachcu* eg lamh *garrabh* gunn graun agus an ann *achceraugh* *bhee* ag  
 Fiolann

---

46b ga 'goa', agus an 'o' scriosta.

- 52 Ail oag *ebhin* en cú *dubh* shee bo *luoghea* na *srubh* thille er *traigh*  
bo *dhieshin* cu *ariesh mhachc* Finn na *mreeher* grinn 7 na *bhfochcal*  
*tlaigh*
- 53 En cú baún dob olc thesth *bhee* er á *dhas* *labh* eg *Cunann*  
cuorth *chunthim* a *banim* gun *chuinn* 7 *lsheebh* ná lunn er á  
*lshorraginn*
- 54 Sheathur *funnann* *fio cheiltshie* *sthopfar* go *cinthee* *gaur* *hallug*  
*gaugh* *fee* gá *rou* gun *foreesh* *chhuogh* gun *forros* *ur* *bigh* á *nglanthee*
- 55 Er *hiacht* na *guinnibh* á *lahir* *fagú* *mishea* gun *mahir*  
*agus* da mo *cielbhur* *bamhar* *deeré* en *fah* *feerea* le mo *guinse*
- 56 *Hanichc* *sheebh* go *ruog* 7 *rug* er *gruog* mo *chin*  
*hanichc* *srachcu* go *ladir* 7 *rug* go *sasthie* er mo *grim* ---
- 57 En *ghunthaugh* *enn* mo *hiebh* *cle* en *chreachtach* en mo *hiebh* *dass*  
*rug* *abhog* *orram* er *chluosh* *ogus* *naugh* *cruogh* en *gabh* á *roues* *ann*
- 58 En cú *dubh* *orrum* er *hall* en cú *baun* *orrum* er *bhlain*  
*rug* *filthaugh* *orrum* er *ghuann* 7 cú en *gurrann* er mo *ghass*
- 59 Go *ttanichc* *brann* *buogaugh* *slaunn* *cillan* *naugh* *rou* *aun* á *nam*  
*fiegill*  
*neer* *mhisthe* *mishea* é 7 *dob* *arde* *cee* *gur* *hasthie* *raighea* ga *blieghinn*
- 60 *Gaugh* cú ga *rou* *fio* *chinn* *sceel* *gó* *glann* *ieth* as á *ngrim*  
le *lann* *bhfuille* *more* ga *liesh* *shee* cú en *Riogh* do *rinnie* *shinn*
- 61 *Hanichc* *shee* *huggum* le *thangie* *mheen* 7 *bhshuol* á *ligheú* mo *ghrun*  
*slaun* *fulraught* mo gá *heebh* 7 *nar* *uosal* *cien* *gniebh* na *cunn*
- 62 *Hanichc* *cieltshe* *huggum* er *dtus* 7 a *neen* go *dlú* en *gail*  
*huiles* *lesh* go *sasthie* go *dtug* er *labh* *mea* *buil* Finn

---

54d á 'sá' a bhí sa lámhscríbhinn ach scriosadh an 's' ann.

- 63 Feugheú mea fo mharr**ibh** crib**h** sol ma goscer guff na canthe  
go meach**in**th go donn dioch**hb**hur tham**h**is bree mo mallsea
- 64 Faigh ó cee bshadde haught is lum na bossie 7 na hingnee  
barrúil á bherrim go the lamhie samh**ill** chramhie chlanne bioscine
- 65 Deugh Goll go grúma 7 huigh shea á huil go cuogh á ch**inn**  
chuir as amaugh ee ariesth fadd chrann sligea na binné ch**rinn**
- 66 Lomhar Finn go cib**h**naugh arraugh a Goll na hannaheer darrag  
a Mh**ic**h Riogh Chruochan na sciegh narrag
- 67 Murs lath mhem ó nugh á maugh go mheadu fo shaugh er hunnore  
ó aub**h** ó lio ó hinn 7 smer na gnab**h** cruó lum
- 68 Lomher Goll go serr**ib**h sab**h** mo huill mhem phe**in** á bherrim giebh  
er á lioth go hielecie no er a mheath is more á ceam augh aill o Riogh
- 69 Han**ic**h Deeremuid huggum mo bhrahir 7 bh**ar** shea go sasthié mo  
chann  
le dib**hb**his agus le scen**h**ar hee ó mhahish go traught mo mhonn
- 70 Fallief mea le brattie srolea go nummedé coel en mhire bh**inn**  
gun dalrú bh**ra** ebh**inn** úon 7 é brach**ic**ie le suonthis Inn
- 71 Gaug finne gh**i**ésea 7 gaugh fillé go fah nihall 7 á santhé  
go mo haggus 7 go mo rshorú no go ttan**ic**h mea á nolis mo chanthe
- 72 Agus á chleirie m**he**es a mollú déa acshin go meer mo hur**riss**  
go crimlin**n** na grieb**h** 7 molis o an neagh go shanchus
- 73 Is mea anish Oshien dea mh**ac**h Finn en lioch**h** do hellú a Grimlin**n**  
nish ó tham**h** im go faun**n** credim á ndia Alagin**n**

## CRIOCH

---

67d cruó cruóg**h** a bhí sa lámhscríbhinn ach scriosadh an 'gh' ann.

[H normálaithe]

Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn

*Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn*

- 1 [Oisín] Seilg mhór Bhoirinn Uí Lochlainn,  
seanchas Oisín agus Fhinn,  
d'aithreosainn duit é a chléirigh,  
dá mb'áil leatsa éisteacht liom.
  
- 2 [Pádraig] Éistfidh mise sin uait,  
a Oisín ghlic nach gcanann bang,  
mar is binn liom brí do scéil.  
a Rí na bhFiann agus na n-each seang.
  
- 3 [Oisín] Iaigh feasta do leabhar bán,  
a chléirigh fhann na sailm ghrinn,  
nó go n-éiste tú le scéal beag sámh  
ós agam atá ar Fhiannaibh Finn.
  
- 4 [Pádraig] Anois ó dhruideas mo leabhar bán,  
aithris domhsa páirt de do scéal,  
ar chodromán nó ar challán cogaidh  
dá raibh ag seacht gcatha na Féinne.
  
- 5 [Oisín] Lá dhúinn agus slógh Féinne  
ag seilg ins an ló gheilghréine,  
seacht gcatha na bhFiann agus Fionn,  
faoi Bhoirinn Uí Lochlainn.
  
- 6 Gluaistear linn as Almhain amach,  
ár lámh dheas le Sionainn siar  
go Ros Dá Roshoiligh na laoch  
an t-oileán caomh le luíonn an fia.



- 7           Lá arna mhárach gluaistear linn  
go mbuín ábhach na dtorann  
ar dtíocht ó roscaí Finn  
agus ár dtriall ar Bhoirinn Uí Lochlainn.
- 8           Ansiúd iarrais Finn  
ar ghasraidh uaibhreach na ngéim calma  
gan a dhul níos neasa don chnoc  
nó go machtaidíst eanach sealg.
- 9 [Fionn]   'Cuirfead Oscar agus Goll,  
mar is maith na Gaeil iad le ceap catha,  
go bun Shléibhe leathan Luachra  
agus go bogach fuar fionn leathan.'
- 10          'Cuirfead caogad eile laoch láidir  
agus a gcuid con áille leo ar iallachaí,  
Mac Luighdheach lúfar na lann  
'na dteannta sin agus an Fhiann Laighneach.'
- 11          'Cuirfead an Fhiann Mhuimhneach go cuimhneach  
agus a ngadhair scaoilte leo,  
ó mhoch ag séideadh fonnán,  
ag Clanna Rónáin le Caoilte.'
- 12          'Cuirfead Mac an Doghair Dhámhaigh Dhoinn  
os a gcionn in ard an chnoic,  
ag coimeád carraigreachaí agus speancrachaí  
mar théid coin allta agus broic.'
- 13          'Téadh Diarmaid faoin gcoill,  
Mac an Ghoill leis agus Sceolang,  
an iomadaí coin ar gluaiseacht  
agus gadhair chluasacha cheoilbhinn.'

- 14 [Oisín] Téadh Fionn ar cheann an tslóighe  
go Ceann Boirne ó dheas  
gasraidh aigeantach uaibhreach  
na gcalm chruach agus na ngéim dreas.
- 15 Ós iad a théadh gan mhoill  
ar mhuintir uaibhrigh mhic Cumhaill,  
lucht na ngrád agus na n-inneal bhfras  
mion mhuirneach na lúthchleas.
- 16 Agus a Phádraig nach bocht mo scéal,  
mise i bpéin anois ina ndiaidh,  
gan lúth, gan láthair, gan léim,  
ar easpaí léinn agus díth sóigh!
- 17 Do bhí go muirneach seal fó chion  
ag seacht gcatha i riail gan dócúl,  
fleá-ól fada do bhíodh  
tráth bhíomuistne ag fiach i bhFormaoil.
- 18 Is mé anois Oisín dea-mhac Finn,  
an laoch do hoileadh i gCruimlinn,  
bheirinn agus ní le luas  
ar an fhiadh allaidh ar leathchluais.
- 19 Agus is é mo chrádh agus mo chéad nuid,  
a Phádraig uasail na sailm ghrinn,  
nach gcuireann tú teachtaire liom uait  
go tinn ar cuairt a bhfuil Fionn.
- 20 Cáid uaim nó cé ham  
nó an mbeinn ann de shiúl lae?;  
b'fhearr liom na maitheas Rí na rann  
go mbeinn thall faoina scéith.

- 21 [Pádraig] A Oisín leig de do chaint  
is cam an tslí dhuit é,  
feac do ghlúin agus buail do ucht  
agus ná déan socht ach ag moladh Dé.
- 22 [Oisín] A chléireach chráifir na meang,  
cé hionadh do mo cheann a bheith liath,  
agus nár mhór an t-ábhar briste do mo chroí  
a bheith ag síorghuibhe agus ag moladh Dé?
- 23 [Pádraig] Is é Dia a chruthaigh aer agus iasc,  
dúil na gréine le dtig teas,  
gach fionnán fionn glas féir  
agus gach buinneán séimh le bhfásann measaibh.
- 24 [Oisín] Ní le gealaigh ná le grian  
ná le cruthú féir a hoileadh Fionn  
ach ag créachtú corpaí laoch  
ag cosaint críoch go calmchaoin.
- 25 Agus, a Phádraig, nach bocht do do Dhia  
más go tigh na bpian chuir sé Fionn,  
nó cad do rinne ar Dhia  
ach airgead agus bia do roinn?
- 26 Gan trácht ar Rí, ábhar na scíthe,  
a bhronnadh airgead go fial ar dhámh,  
dar liomsa b'fhearr é ná do Dhia,  
nár sheas i gcliathar agus nár dhearg a lann.
- 27 Agus dá mbeith Fionn agus do Dhia  
ar an gcnoc údaí thiar ag spairn,  
dá mbudh é Fionn a bheadh in íochtar  
déarfainnse gurb é do Dhiasa an fear ab fhearr.

- 28 Agus dá mbeith muistne an Fhiann cruinn  
in Almhain shlim na gcoin agus na n-each,  
ghearrfaimist croibh agus cinn  
nó bhéarfaidh muist Fionn amach.
- 29 Is furast a aithne gur shaobh mo chiall  
agus mé ag feiscint d'fhiacraí slán,  
nach mbrisim lúdrachaí do ghéill  
agus a bhfuil ó do bhéal go lag do lámh
- 30 Mar ba bhinne liomsa fuaim na mbos,  
nó gáir na scoile dul faoin ngleann,  
ná bheith ar neamh ag Dia  
an Spiorad Naomh agus a bhfuil siad ann.
- 31 [Pádraig] Fionn agus a bhfacaidh tú ariamh  
agus a bhfeicfir choíche le do ré,  
b'fhearr dhuitse frapaí do shúl,  
feitheamh gnúise agus glóir Dé.
- 32 Agus gabhaim do chuimrí a chroí gan mhairg,  
cosc díom d'fhearg agus déan síth,  
ní rabhas fós ach ag conáid  
agus glac mo lámh, a mhic an rí.
- 33 Ach aithris damhsa, a Oisín gan fheirg,  
thráth bhítheá ag seilg nó i gcoimhlint,  
conas do bheirtheá ach le luas  
ar an fhiadh allaidh ar leathchluais?
- 34 [Oisín] Lá dhúinn in Almhain ar dtús,  
cé gur nárach dhomhsa é le cur i gcéill,  
ná bíodh ort glonn ná gráin,  
faoi mise insin fáth mo scéil.

- 35            Gluaistear linn as Almhain amach  
              go mbuín chafarrach, ba é an béad,  
              ag dúsacht groigh allta as gleanntaí,  
              faoi Eiscir Riagain na dtrian réidh.
- 36            Gabhtar linn i measc gach seilg  
              eilid álainn i lúb na n-each,  
              agus Fionn 'na laoch láidir mheanmnach óg  
              agus ba geal é a dhreach.
- 37            Ghabh an eilid ar a lámh  
              agus cé bhfaighfí aghaidh ab áille ná í?  
              Níor lig uirthi gortú ná gron  
              ó fhiacail con ná ó lámh laoich.
- 38            Ar fhéachain na haghaidhe ar a háille  
              ghlac áilíos fir é mar ba gnách,  
              scéal scannalach le n-insin  
              go ndearna Fionn dhi ionad mná.
- 39            Leig an eilid fón tsiabh,  
              ab fhearr ciall agus gnaoi,  
              ag imeacht ó thom go tom  
              go dtáinig sí go Cruimlinn na gCraobh.
- 40            Tráth do throm sí ansin  
              nó go dtáinig a hionú agus a ham,  
              gur rugadh mise in ionad lao  
              i measc na gCraobh agus na gCrann.
- 41            Gur chranraigh craiceann mo chos  
              ó shiúl na ndos agus na ndealg,  
              gan dúil dhaonna dhár gcóir  
              i measc na bhfiadh mór agus na bhfearb.

- 42 Gan fios ag aon neach sa rann  
go rabhas ann, cé budh í an mhian,  
mar gach lao ag ól mo lucht,  
go rabhas in aois mo sheacht mblian.
- 43 Sealad damhsa ina dhiaidh sin,  
go dtáinig mo neart agus mo bhrí,  
gan rath, gan riagail, gan smacht,  
nó go rabhas an seacht fó thrí.
- 44 Nó go dtáinig Bodhmann, buime Fhinn,  
chugainn fón gcoill ag baint meas,  
agus an chinniúint a bhí in mo chionn,  
sea is deimhin liom gurb é mo leas.
- 45 Siolla beag eile dhá dtug sí uaithi  
d'amharc go fiosrach fón mbeatha,  
agus chonaic sí eilid choslom,  
liom ar chluais agus mé ar mo ruaig agus ar mo rith.
- 46 Seo de shitheamh í mar a raibh Fionn  
agus d'aithris sí dhó de challán cainte,  
go bhfacaidh sí arrachtach nó fuadrach  
nó gruagach uafar allta.
- 47 Chuir Fionn fóna dhéad  
ordóg a mhéire ina bhfaigheadh fios,  
gur aithris sé go foirmiúil don Fhiann,  
i nEiscir Ríoghan le ndearna feis.
- 48 Chruinníodar anoir agus aniar  
tionól na bhFiann as gach ceard,  
ag togáil dearbhú agus brí an scéil  
ó bhéal go béal go ndeachaigh gos ard.

- 49 Gach gadhar binn barrúil bras  
do thiocfadh faoi theas gach lorg,  
ag tiacht go haiciseach faobhrach,  
faoi ghréach agus faoi cholg.
- 50 Gach cú dhá raibh ins an bhFéinn,  
do sheasadh céim in am gnímh,  
ba bheag an saothar a gcur chun sealg,  
agus iad go feargach ar a n-ingní.
- 51 Sitheamh ab ainm don choin chróin,  
do bhí ar iall ag Mac FhearDhraighin,  
Sracadh ag Lámh Gharbh gan ghráin,  
agus an Anaichearrach bhí ag Faolán.
- 52 Áilleog aoibhinn, an cú dubh,  
is í ba luaithe ná sruth tuile ar tráigh,  
budh í sin cú Fhearghais mhac Finn  
na mbriathar grinn agus na bhfocal tláith.
- 53 An cú bán dob olc teist,  
bhí ar dheasláimh ag Conán,  
Cuairt Chointinne ab ainm don choin,  
agus líomh na lon ar a lorgain.
- 54 Séidtear fonnán faoi choillte,  
stopfar go cinnte gáir shealg,  
gach fia dá raibh gan foraois  
chuaigh gan foras ar bith i ngleannta.
- 55 Ar thiacht na gcoinibh i láthair  
fágadh mise gan máthair,  
agus dá mba ciallmhar, b'ábhar daoire,  
an fáth fíre le mo ghoinse.

- 56 Tháinig Sitheamh de ruaig,  
agus rug ar ghruaig mo chinn,  
tháinig Sracadh go láidir,  
agus rug go sásta ar mo dhroim.
- 57 An Ghontach in mo thaobh clí,  
an Chréachtach in mo thaobh deas,  
rug Abhóg orm ar chluais,  
agus nach cruaidh an gábh a rabhas ann?
- 58 An cú dubh orm ar sháil,  
an cú bán orm ar bhléin,  
rug Fuilteach orm ar dhuán  
agus Cú an Gharráin ar mo ghas.
- 59 Go dtáinig Bran buacach slán,  
coileán nach raibh in am fiagaill,  
níor mhiste mise é, agus dob fhearrde,  
cé gur theastaigh ráithe dá bliadhain.
- 60 Gach cú dá raibh faoi chion,  
scaoil go glan iad as a ngreim,  
le lánbhuille mór dá lí,  
is í cú an Rí do rinne sin.
- 61 Tháinig sí chugam le teangaidh mhín,  
agus bhuail ag ligheadh mo ghron,  
is ghlan fulracht mo dhá thaobh,  
agus nár uasal caoin gníomh na con?
- 62 Tháinig Caoilte chugam ar dtús,  
agus an Fhiann go dlúth ina dháil,  
shiúlas leis go sásta,  
go dtug ar láimh mé buil Finn.



- 63 Féachadh mé fó bharruibh croibh,  
sul má gcosctar guth na cainte,  
dom fhéachaint go domhain díochmhar,  
ag tomhais brí mo bhallsa.
- 64 'Fathaigh ó, cé b'fhada th'ucht,  
is lom na bosa agus na hingne,  
barúil a bheirim de do lámha,  
samhail chnámha Chlainne Baoiscne.'
- 65 D'fhéach Goll go gruama,  
agus shúigh sé a shúil go cuach a chinn,  
chuir as amach í aríst,  
fad chrann sleighe ná buinne crainn.
- 66 Labhair Fionn go cuimhneach aireach,  
'A Gholl, ná haithnithíor d'fhearg,  
a Mhic Rí Chruachan na sciath ndearg ...'
- 67 'Mar is leat uaim ó inniu amach  
de mhéadú fó sheacht ar th'onóir,  
ó fháithibh, ó laoich, ó thoinn,  
agus smior na gcnámh crólom.'
- 68 Labhair Goll go soirbh sámh,  
'Mo thoil uaim féin a bheirim dhaoibh,  
ar a laghad de thíolacthaí nó ar a mhéad,  
is mór an céim ach a fháil ó rí.'
- 69 Tháinig Diarmaid chugam, mo bhráthair,  
agus bharr sé go sásta mo cheann,  
le deimheas agus le scian bhearrtha,  
ó bhathais go trácht mo bhonn.

- 70 Folaíodh mé le brata sróill  
go n-íomada ceoil, an mheidhir bhinn,  
den dealramh bhreá aoibhinn uaithne  
agus é breactha le suaitheantas Fhinn.
- 71 Gach féinnidh dhíofa agus gach file,  
de fáth a ndícheall agus a sainte,  
de mo theagasc agus de mo threorú,  
nó go dtáinig mé in eolas mo chainte.
- 72 Agus a chléirigh bhíos ag moladh Dé,  
ag sin go mb'fhíor mo thuras  
go Cruimlinn na gCraobh,  
agus m'eolas ó eanach go seanchas.
- 73 Is mé anois Oisín, dea-mhac Finn,  
an laoch do hoileadh i gCruimlinn,  
anois ó táim go fann,  
creidim i nDia, a Tháilginn.

Críoch

[D]

Shelleg Vore Vuirey nee Loughlen

Shelleg Vore Vuirey nee Loughlin Shanushus Esseem eg fen darasin dit E  
cleary ya mur tel lat Eastagh lum

Eastey misey latsey Anish Esseem Glick na ngriev garag mur is bein lum  
cruve da skeal A Reè na feany 7 naw naugh shang 2

Leig fastuy gue do laurane Bane A clearey yare naw Solum grin gu  
naristite dit skeal beg save O is hugum Ata shea er Eanty fin 3

Nish O leagus mu laurane ban Wem arish dom part gue de skeal er  
Cudramane na er cullane cogey ya meigh ig shaught gahey na feany 4

La yofen Sloe feany 7 Ead A shelleg in sa la yile yreny [ ]eegh Shaght  
gahey na feany 7 fen fee vun vuirey nee loughlin

Glouster lowfa as alune Amagh er lave les in tinin Shear gogh rus da ro  
helegh in na reane as gaugh fudane keene lea naw lein fean

Glouster loufa larney na varagh gue mee morny na buireyney 7 o lought  
insee Cuin 7 treal gu Vuirey nee loughlen

In shude A cries mack in davur yuin as ir [ ]nard in crick comade korighee  
in Ree 7 [ ] (94) mur veegh conaltuy 7 Brick

Cuiramurney deremud fae in nglan mock hee [yile] skulun numuduy Bun  
er glousogh na ngire clowsaghee coleveen

Cuiramurny garey 7 gawel tee gou mou vagh Ea gal Ead a gip cahey gue  
Bun sleavey in na cahe loughmur na gue bogugh oure Ea in Laghein

Cuiridur dearimud fee in gile mock Eee Yile 7 Skawlein numeduy Bun er  
gloasaght na ngire clawsaghesey coleven

Glouster fen lea Bun E tlo gue naughey gou can Borny fae has Buil gaskee  
agantuy ouvugh na glavee crough 7 naw drean tass

In shude ougreys Shea gun vile go vuntur vourye vec cole gon A yol dee  
bue naughneye in sa gruck no gue madghteed shead Aney na Shelleg 7 a  
farick nagh traw ma skeal tee gue vuil em pean Anesh [ ] nowyeye gun  
lude gon laher gon leam aspey lean er yish oure

Thee go rous murnagh Shall foe cin gun deesh fo hlad fo veen Eg Shaght  
gahey naw nareel tra vee musney nean a verim

Mue cragh 7 mue veeley noure A clerey ousel na solem grin nogh guirin  
tue toghtery lum vot go dine [er] quort meen fen

(95) Neeles ugum ke meagh an noa mine an go Eehaw lea [ ] go mar lum  
na mue ree na ran go mine hale fae da skea

Esseen is solk do cant Anish O is cam Atlee yut E fack do yloon 7 Bawel  
tought 7 na deen tadey agh moley dea

A Clearye airue na Ban tea heaney gue mue can vey l[ie] gon tust agh  
moleye do yea 7 gon traght er Inn ree airye naw skea Vrunagh in tarigid er  
E yave shea der lum Bar na daw yie naur nought A reeve 7 nower yarag  
lann

Ta Fin 7 a vacky tue reeve 7 a veckey tu cheen le do rea Bare yutsey fa  
lagan do hule A gavark er ylore Yil dea

Ya minesey nalune Eg fin A clerey helm na loure lave Bue yea suide matus  
7 mue haw 7 nee hea in glore ta er nave

Nee er cawluy tue E reeve gue narnuy Eaghtuy ree na greaghtuy tee gor  
mor anim nee hanun 7 fenn ree na veane veegh gue Bowen A glore arim  
Shea ma Yeasey cruffy Eask 7 Eare 7 gagh dowle greaney ga diggin tass  
gagh feenine feair glass nee glorey na lea grean na lea cruffue feare hule  
fin agh creaghtuy corp naw leegh casant cree alune Chuin

Tha Shea nifren er lave ngile lea rine na nave fa lue lea mire naw Nguin in  
sa Nglan 7 dan Shea [an] gue digguy in vree

Gaw meagh musney in nean cren nalune Slen[n na guin] 7 na naugh  
yaragh must crive 7 Ken [no] (96) [ve]ragh must fen A magh

Nee veeragh Shiv fen Amagh tee gue mue trum shaght gahey na feaney  
[yo]none gaugh Calane cuntay ya meegh uguve in so yile yreaney

Vermaghmustny fen Amagh 7 nee yoffagh mustney cad Eg do yea Shea  
vrunagh in tarigid 7 in tore 7 nagh vakagh Bork Avod gon Bea

East A honore Es feere gur imey da keel fin cuir a heel lea Blaw naw saval  
ceehey lea naw Gimree

Borastanny ir sa Esseen gur Imey mue keel 7 gur Elen mea teachkley vey  
slane na er vrish mea ludraghee daw yeal 7 o vuil o daw veal gue lakan  
lave

Clearye crostuy na can ya 7 na deen dee smue go hum yarrave er Inn no  
cleary is Beg A tavor lea gue mrisin Crawyey daw cen

Goem da cimree cree gon varagh taught tarag 7 deen shee nee rae misey  
latsey augh A canade 7 soe yit mue lave E vick a ree

Mur is Bin lum na chole grud tee ta mea nought E traght er Inn agh a ree  
glan crafagh gon lought naught thought 7 leig in noure shoe lum

Arish doone Esseen gun Erig mur veegh A Shelleg in D Clush Claush nore  
veegh faw house I Grimlin

[Dara]sein dit a farick tee gor naragh E lea Cuir (97) A sgeal na Beegh  
urtsey glun na grane fee me ginshagh dit faw mue skeal nesh

Gowfa lowfey inea mur gagh shelleg noy alune na lube [na] nagh vee fen  
na leegh leenvur ogue van Anim nogh vore 7 Bue Gal E yragh

Gowy[us] Eee nie er la[ve] is tea vawfa ie da Baley na Eee neer leige shee  
gortue naw gun o Eakle Cuin na o lave leegh

Er vranue yoe er halave ylack argus fer E mur bue naragh Skeal  
Skanalugh yut le ninsught gue narney fen digh inneadey mraw

En Suide A Sceeltur A neled fae in sleeve Bue vooe aley skelley 7 gree  
gimaght o hum gue tum gue naghy shee gue crimlin naw Ngrive

Bue can Kimsey go neled voy shin sous gue danick o hunue 7 E ham  
Astagh gue rug Shee missey num[ud] lee mask na grieve 7 na dum Yunus

do Enagh ya ro sa ran cahus an tee go modey in ceel mur gaugh lee gaure  
yule laght gue rae mea neese mue haght mleany mur shin Amagh gue  
danick mue nart 7 mue vree gun ree gan reagol gon smaght gur Cagh me  
mue haght fae hree

Gue cranrey mue Kraken 7 mue cows Shule na nawse 7 na nalag gun dull  
A yeeney gue mue core agh maske na veagh more 7 naw narag

Talus o hraght gue Sling 7 o vahus mue cen go hemlen Action darafey yut  
7 bree ma skeal gur heluve me [fean] A Grimlin

(98) La ya ro Beaman Bunee fo in Gile Bant vas cuinunt [ude]n vee in mue  
can der lum gur Bea mow lass Er hooley ya dug shee vowheye gourk go  
hoskragh fo in vagush hanick Shee in neled leam cosugh Laoe Ugum er  
clowsh 7 me in mow righ

In shin A foe She er a hash mur Buil fen 7 daris shee yoe humlane cantey  
gue vockey a Bratagh no foode na mur veagh growgugh ovur alth

In shin A Cuir fen in nordough in na veal 7 cagal Eee gue smer dowsode  
Shea gun Nean go lear er niskey Read gue narney fish

In shude A crenidur Aner 7 near togale naw vean aus gaugh ard action  
darafey yut 7 Bree ma skeal o veal gue Beal fae goes arde

Glowsture lowfa as alune Amagh vine calamey Bue tan Bea dusagh  
Crialtuy as glantuy go naughey gue hisked read naw reane rea

gagh gire Bin Barule Brash vee fo hash gagh lorog nee er heeher Ead A  
Cuir in Sheleg mur vee Shead gue faragach er ningnive

Sheeve da Banim dun Cuin Croan a vee er lave Eg mack caravraon  
Srakarey Eg feelane Vee curt crund rum er cuin 7 line lon er a loragane

Cooe Bane do Bolk A test o Shee vee er lave eg Conane [Bu yea] nalogue  
Even Eee in cooe duve shee Bue (99) deany na sruff in teley er traw Shee

shin coo arish Eg fen na mrehur Ben 7 na vockle faye

In shude A Shentur funane fa coletuy gur hogadur gaure haluve nagh ro  
ya ro voreese nagh naghey gon foru[s] fae ylantuy

In shude A hanick Sheeve ugum no go rug er yrouge mo Cen hanick  
Srokorey gue ladar no gur rug gue Sastey er mue yrim rug creaghtugh er  
mue heeve clee 7 guntugh Er mue heeve das rug Ananackragh er mue  
yuvane 7 rug cooe in verane er ma yause rug cooe duve er mue hale 7 rug  
cooe Bane er mue ylean rug gavogue er mue cloush 7 nagh crowyey in  
doose Shin a rae mea fean ane

Hanick Bran ugum Booe gaugh Slane Cullane nee er vistuy missey 7 do  
Bardey tee gur hastuy rahey ya Blen gaugh cooe uguve Shin ga ra fo cen  
gur skeel go gip as a greim lea lane leasey yaw lusey Shee cooe in ree do  
rinny shin

In Shude A yloushture ceeltuy ugum er loes 7 a nean gue dloe in na yale  
hulus lowfa gue sevree save gue naughey er lave mur Buil fen

Yovus fen mea er varuve Cruff gun dee gon doley gon deemur fosglue  
Bree mu vawl She der shea Bod[uy] En toose lum na Bosey 7 na higniv  
verim Barule fae do lavay savul croveye Claney Beese

(100) [I]n shude A glousture ceeltaugh ugum le cogus gur vare gue sastuy  
mue can lea divish 7 le skean o vare mue vulugh gue traght vun

Faleeve mea le Brataghee Sroley 7 umeadey [C]ole gun vire vin dalreye  
Braw Even awny yaw vrockey lea sourkish ig tee fenn 7 A fardrick Aveese  
Amoley dea Shin Eea mue skeal ugud gue save mue horis gue Kremlin na  
Ngrive

[M]

Shelleg Vor Vuirey nee Loughnen wrote 26th day of June 1880

Shelleg Vor Vuirey nee Loughnen Shaghenus Esseen ig fin daroasioian dit E clearey ya mu tel lat eastagh lum. Eastuy misey lat nish Esseen Glick na Ngrive Gorag mur is ben lum creeve nu skeal Ree na feaney 7 na neagh shang. Leig fastuy do loure Bane clearey yave na Solim grin go naoraisiti dit skeal beg save O sugum ta she er eanty fin. Nish O deyeus mu loure bawn arish dom part do de skeal er Cudramane na er cule[] coguy ya meigh ig shaght gahey na feaney.

La yofen slo feaney 7 Ead sheleg in so lo yill yreney meegh Shaght gahy na feany fee vun vuirey nee loughnen. Glousture loufey as alune magh er lave yas le in tunun shere gough rus ta roe geleggh na reene as gough feedane keen lena leen fee Glouster lowfey larney varagh go mee marey na buireney 7 o lught insee Cuin 7 tree go muirey nee loughnen. In shude Ories mock in davur yuin as ir nard in Crick Comade korighee Ree 7 bank mur veegh conaltuy 7 Brick.

Cuirimur diarimud fo in Gell mock Ee yile 7 skeelun numuduy bun er glousought na ngire clousaghee cuirimur coleven garey 7 Goul tee go mu [eoo] Gal Ead gip cahey go bun sleavuy in lahen lougher no go bogugh Oure Ein Lahen. Cuirimur diarimud fo in gille mock Ee Gile 7 skolun numeduy Bun er glousough na ngire clousoughesey coleven. Glousture fen le bun E tlo go naughey go can borney fo has buill gasree agantuy ouvrogh na glavee Crough 7 na drean tass. En shude ougreys she gon vile go vunture vourey vec ceole gon yuol de bu noughtuy in so gruck no go madghteed shead aneeye na shelyg farick nough trow mu skeal tee go vuill Emi pean nish na nowyey Gun lude gon laher gon leam aspuy lean er yish Oure. Tee go rous mornagh shall fo cen gon deegh fo hlad fo veen Eg shagh gahey na nareel tra vee musney nine virem.

Mu cragh 7 mu veeley noure clerey ousel na salem grin nagh guirin tu taghtery lum vot go dine er quort mur Buil fin. Neeles ugum ke megh an no mine an go Eehey lea go mar lum na mu ree na ran go mine hale la da skea. Esseen is solk do cant nish ois cam tlee yut E fack do yloon 7 boule thought na deen thought ough moley dea. (60) Cleary airue na ban tea heaney go mu can veh lie gon tust ough moley do yea 7 gon traght er Inn Ree airey na skey. Shey vrunugh in tarigud Er E yave shey der lum Bar na do yie naur nought reeve 7 na er farag lann. Finn 7 vocky tu reeve 7

veckey tu chee le do rea Baur yutsey fa lagan do hule govark er ylore Yil dea. Ya miensey nalune ig fen Clerey hlim na loure lauve Bu yea shude matus 7 mo how 7 nee hea in Glore ta er nave. Neer couluse E reive go narney Eaghtuy Ree na Greaghtuy tee gor kee go mor anim nee hanun 7 fenn Ree na vine veegh go booen Glore arim. Shey mu Yiesey crufey Eask 7 Eare 7 gough dowle Greaney ga digin tass gough feeneen lum Glass fear 7 gough buney trean le na vasun mass.

Nee le Galey na le grean na le crufue feare hule fin ough Creaghtu curp na leegh Cosant Cree Alune Cuin. Ta fin nifren er lave ngile le rine na nave fo lew le mire na ngun in so nglan 7 dan Shead an go digeey in vreive. Gaw meemusney in nine Cren nalune slenn na guin 7 na nagh yaramust crive 7 ken no veremust fen magh. Nee veredst shivsey fen magh tee go mu trum shaght gahey na feaney yonane gough Calane cauntuy ya meegh ugive in so lo yill yreaney. Vermusney fen magh 7 nee ylakagh musney cad ig do yie Oshey vrunagh in tarigid 7 tore 7 nagh vokagh Bork vod gon Bie. East honore Es feer gur imey du ceal fin cuir a heel le blaiv na savul ceehey le ree na Gine. Borastanney gur Imey mu ceel 7 gur Ellen me teackley vey slane na ir vrish me ludrighee do yeale vuil o do veal go lokan lave. Cleary crostuy na can go 7 na deen dee smow go hum yarave Inn no cleary is beg tavur Le gu mrisin crawyey do cen. Gowyeym do cimree Cree gon varag toght tarag 7 deen shee nee ro misey lat ough conade 7 shov gut mo lave E vick a ree. Mur is Biney lum na cole Grud tee ta me nought e traght er Enn Ough ree Glan crafaght gon lought nought toug[] leig in Noure sho lum.

(61) Arish doone Esseen gon ereg mur veegh E sheleg no Kivlent tra veegh nie lat er cloush. Noure veegh fa house E Grimlin. Doroasoan dit farick tee gor nare E le Cuir Geal na Beegh urtsey glun na grane fee me ginsoug dit fa mu skeal Gow lowfey nie mur gugh sheleg noy alune na lube na nagh vee fen na leegh leenvur Ogue van mnagh vore 7 bu Gal E yragh. Gowyeyse Eee nie Er lave is te vowfa le do Baley na ee nee ir leig she gortu na Guin O Eakle cuin na o lave leegh. Er branue yo er halave ylack argus fer E mur Bu Gnagh skeal skonolugh yut le ninsigh go narney fen digh unud mna. En shude sceelture neled foin sleeve Bu voove aley skillee 7 Gree gimeght O hum go tum go naughey shee go crimlen na Grive. Bu can Kimsey go neled voy shin sows go danick hanue 7 ham go rug shee missey nonod lee mask na grive 7 na doom. Yonus do Enagh go ro in so ran cahes an tee go modeey in ceel mur gogh lee Gaur yule laght go me neese mu haght mlyne. Mur shin dom voy shin magh go danick mu nart 7



mu vree gon ree Gun reagal gon smaght Gur cow me mu hacht fo hree. Gur Cranrey Kraken ma cows shule na nows 7 na nalag gun dull yene y go ma core ough mask na vigh more 7 na narag. Talus O hraght go slin 7 o vahush mu cen go hemlen Action darafa yut 7 bree mu skeal gur heluve me fean E Grimlin. La ya ro Boman Bumuy En fo in Gile Bont vas ciununt uden vee in mu can der lum gur bea mu lass. Er hooley ya dug she vowhey Govart go hoskragh fo in vaguh Cuinick shee in neled lum cosugh looe Ugum er clowsh 7 me in mo righ. En shin foo shee Er hash mur Buil fin 7 daoras she go go holane cantuy go vockey alrotagh no foode no mur vegh grougugh ovur altuy. In shin cuir fen nordogue in na veal 7 cogul Ee go smer dowsade shea gun Nine go lear e[r] niskey Read go narney fish. En shude crinidure nere 7 neere tonale na vine as gough ard action darafey yut 7 Bree mu skeal O veal go Beal foo go sard.

(62) Glousture lowfey as alune magh vine colomuy bu tan Bea dusagh Creialtuy as glantuy go naughey go hiskad read reene rea. Gough gire bin Barule Brash vee fo hasgough lorog nee er heeher ed cuir in sheleg mur vee shead go forragach er ningnive. do banm don cuin croon vee er lave garav gon yrane nanackrach ig feelane vee curt cundum Er cuin 7 line lon er ya lorogan. Coe Bane do Bolk test oshee vee er lave ig Conan Bu yea nalogue Even Iee in coo duve shee Bu deanuy na sruff teley er traw Shee shin coo arish ig fenn na mreeher ben 7 na vockle foy. En shude shenture funane celtuy gur hogadur Gaure haluve naugh ro fee ya ro voruse nough naughuy Gon foruse fo ylantuy. En shude hanick sheeve ugum go roog no go rug er yroug mu Cenn hanick srokuy go ladere go rug gu sastuy er mu yrim rug creaghtugh er mu heeve clee 7 guntugh Er mu heeve yas, rug nanackragh er mu yuvarne 7 rug cooe in verane er mu yawse. Rug coo duve er mo haul 7 rug coo bane er mu Vleaun rug Gavogue er mu clowsh 7 nough crowyey doose shin ro me fean.

Hanick Bran ugim Booe gough slane nee er vidsey missey 7 do barduy tee gur hastuy rahy ya Bline gough coo Uckeyve shin ga ro fo cin gur skeel go gip as E grime le lane leasey ya lusey shee coo inree do rinney shin. In Shude Glousture Ceeltagh ugum er doose 7 nine go dloo en na yale hulus lowfey go serev save go naughes er lave mur buil fen. yowse [fenmie] er varuve Cruff gun dee [gon] doley gon demur fosglue Bree mu vaule she der she Boduy En toose lum na Bosey 7 na hignive verim barule go do lavuy savul crauvuy Claney Beese. En shude glousture ceeltagh ugumm le cogus gur vare go saustuy mu can le divish 7 le skeen varey o volugh go traght mu vune foluve me le brouthoghee sroley 7 umueduy Cole gon

vire vin dalrey Braw Even Owney ya vrackey le sourkish ig tee fin. Farick  
veese moley dea Shen E mu skeal ugud go save mu horush go crimlin na  
grive 7 molush O neaveght go shaghanush.

+

Ended this 30th day of June 1880

by Thomas Meehan...

[D normálaithe]

Seilg Mhór Bhoirí Ní Lochlainn

- 1 'Seilg mhór Bhoirí Ní Lochlainn,  
seanchas Oisín mhic Fhinn,  
d'aithrisfinn duit é a chléirigh,  
dhá mur toil leat éisteacht liom.'
- 2 'Éistfidh misí leatsaí anois,  
a Oisín ghlic na ngníomh garg,  
mar is binn liom cruth do scéil,  
a Rí na Féinne agus na n-each seang.'
- 3 'Leig feasta do do leabharán bán,  
a chléirigh gháir na salm grinn,  
go n-aithristíod duit scéal beag sámh  
ós agam atá sé ar Fhiantaibh Finn.'
- 4 'Anois ó leagas mo leabharán bán uaim,  
aithris dom páirt de do scéal,  
ar chodromán nó ar challán cogaidh  
dhá mbíodh ag seacht gcathaí na Féinne.'
- 5 'Lá dhá raibh Fionn agus slógh Féinne  
agus iad ag seilg ins an lá gheilghréine,  
a mbíodh seacht gcatha na Féinne agus Fionn,  
faoi bhun Bhoirí Ní Lochlainn.'
- 6 'Gluaistear linn as Almhain amach,  
ár lámh leis an tSionainn siar,  
go Ros Dá Roshoiligh ina rian  
as gach feadán caoin lena luíonn fia ann.'
- 7 'Gluaistear leofa lá arna mhárach  
go mí muirní na buiríní,  
ó Loch Inse Cuinn  
agus triall go Bhoirí Ní Lochlainn.'
- 8 'Ansiúd a éiríos Mac an Dobhair Dhoinn  
as ár n-ard an chnoic,  
ag coimeád carraigí in rí,  
agus mar a bhíodh coin altaí agus broic.'

- 9 'Chuireamurne Diarmaid faoin ngleann,  
Mac uí Ghoill, Sceolan  
an iomadaí bun ar gluaiseacht  
na ngadhar cluasachaí ceolbhinn.
- 10 Chuireamurne Garaidh agus Goll  
té go mba maith an geall iad i gcip catha,  
go bun Sléibhe ina catha luachmar,  
nó go bogach fhuar fhinn Laighean.'
- 11 'Chuireadar Diarmaid faoin gcoill,  
Mac uí Ghoill agus Sceolain,  
an iomadaí bun ar gluaiseacht  
na ngadhar cluasachaí ceolbhinn.'
- 12 'Gluaistear Fionn le bun an tslóigh,  
go ndeachaigh Ceann Boirne faoi theas,  
buil gaiscí aigeantaí uaibhreach  
na gclaimhí cruach agus na dtréan teas.'
- 13 'Ansiúd a fhógraíos sé gan mhoill,  
do mhuintir mhuirí Mhic Cumhaill,  
gan a dhul dí ba neachaí ins an gcnoc,  
nó go machtaíodh siad eanaigh na seilig.'
- 14 'Agus a Phádraig nach trua mo scéal,  
té go bhfuilim i bpéin anois ina ndiaidh,  
gan lúd, gan láthair, gan léim,  
easpaí léin ar dhís fhuar.
- 15 Cé go rabhas muirneach seal fó chion,  
gan díth is fó shlad fón bhFiann,  
ag seacht gcathaí na naraíol  
tráth bhí muisní an Fhiann i bhfoirm.'
- 16 'Mo chrá agus mo mhíle nuar,  
a chléirigh uasail na salm grinn,  
nach gcuireann tú teachtaire liom uait  
go dian ar cuairt mar a bhfuil Fionn.'
- 17 'Níl a fhios agam cé mbeadh,  
nó an mbeinn ann de oíche lae?  
go mb'fhearr liom na maith Rí na Rann  
go mbeinn thall faoi do scéith.'

- 18 'A Oisín is olc do chaint anois,  
ós cam an tslí dhuit é,  
feac do ghlúin agus buail t'ocht  
agus ná déan tadaí ach ag moladh Dé.'
- 19 'A chléirigh aithrígh na bpeann,  
té hionadh do mo cheann a bheith liath,  
gan tost ach ag moladh do Dhé,  
gan trácht ar Fhionn rí airí na scéith.'
- 20 'Bhronnadh an t-airgead ar a dháimh,  
is é dar liom, b'fhearr ná do Dhia,  
nár nocht ariamh ...  
agus nár dhearg lann.'
- 21 'Tá Fionn agus a bhfacaidh tú ariamh,  
agus a bhfeicfidh tú choíchin le do ré,  
b'fhearr dhuitse fá leagan do shúl  
ag amharc ar ghlóire ghil Dé.'
- 22 'Dá mbeinnse in Almhain ag Fionn,  
a chléirigh shlim na leabhar lámh,  
ba é siúd m'aiteas agus mo sháith,  
agus ní hé an ghlóire tá ar neamh.
- 23 'Níor chualaidh tú ariamh go ndearna éachtaí  
Rí na gCréachtaí té gur mór a ainm,  
ní hionann agus Fionn, rí na bhFiann,  
go buan ag glóire airm.'
- 24 'Is é mo Dhia-sa a chruthaigh iasc agus aer,  
agus gach dúil gréine gá dtigeann teas,  
gach foithnín lom féir glas,  
agus gach buinne tréan lena bhfásann meas.'
- 25 'Ní le gealaigh ná le gréin,  
ná le cruthú féir a hoileadh Fionn,  
ach ag créachtaí corp na laoch  
ag cosaint Chríoch álainn Choinn.'
- 26 'Tá sé in Ifreann ar láimh,  
i ngeall le roinn na ndámh fá leith,  
le meidhir na nguín ins an ngleann  
agus d'fhan sé ann go dtige an bhreith.'

- 27 'Dá mbeadh muisní an Fhiann cruinn  
in Almhain shlim na gcoin agus na n-each  
ghearrfadh muist croibh agus cinn  
nó bhéaradh muist Fionn amach.'
- 28 'Ní bhéaradh sibh Fionn amach,  
té go mba trom seacht gcathaí na Féinne,  
dh'ainneoin gach callán cainte  
dá mbíodh agaibh ins an ló ghilhréine.'
- 29 'Bhéaradh muistní Fionn amach  
agus ní gheobhadh muistní cead ag do Dhia,  
is é a bhronnadh an t-airgead agus an t-ór,  
nach bhfágfadh bord i bhfad gan bia.'
- 30 'Éist, a sheanóir, is fíor gur imigh do chiall,  
Fionn a chuir a shaol le bláth,  
ná samhail choíche le Rí na Gine.'
- 31 'B'fhurasta a aithne,' arsa Oisín, 'gur imigh mo  
chiall,  
agus gur fhuiling mé t'fhiacraí a bheith slán,  
nár bhris mé lúdrachaí do ghéill  
agus a bhfuil ó do bhéal go lacán láimhe.'
- 32 'A chléirigh chrosta ná can a dhath,  
agus ná déan díos mó de himdheargadh ar  
Fhionn,  
nó a chléirigh, is beag an t-ábhar  
le go mbrisinn cnámhaí do chinn.'
- 33 'Gabhaim do chuimrí, a chroí gan mharach,  
tocht t'fhearg agus déan síth,  
ní raibh misí leatsaí ach ag conáid  
agus seo dhuit mo lámh, a mhic an rí.'
- 34 'Mar is binne liom ná ceol grod,  
té tá me anocht ag trácht ar Fhionn,  
ach a rí glan cráifeach gan locht,  
nocht t'ocht agus lig an uair seo liom.'
- 35 'Aithris dúinn, a Oisín gan fheirg,  
mar a bhíodh an seilg nó coimhlint  
tráth a bhíodh an fhia leat ar cluais,  
nuair bhíofá thuas i gCrimlinn?

- 36 'D'aithrisfínn duit, a Phádraig,  
té gur náireach é le cur i scéal,  
ná bíodh ortsa glonn na gráin,  
faoi mé ag inseacht duit fáth ma scéil anois.'
- 37 'Gofa leofaí an fhia mar gach seilg  
an aghaidh álainn ina lúb na n-each,  
bhí Fíonn ina laoch líonmhar óg mheanmnach  
mhór agus ba geal é a dhreach.'
- 38 'Gabhas an fhia ar láimh,  
agus té bhfaighfeá aghaidh dob áillí ná í?  
Níor lig sé gortú ná guin  
ó fhiacra coin ná ó lámh laoiach.'
- 39 'Ar bhreathnú dhó ar a háilleamh,  
ghlac argas fir é mar ba nárach,  
scéal scannalach dhuit le n-inseacht,  
go ndearna Fíonn di ionadaí mná.'
- 40 'An siúd a scaoiltear an eilid faoin sliabh,  
ba mhó áillí is céillí agus gnaoi,  
ag imeacht ó thom go tom  
go ndeachaigh sí go Crimlinn na nGraobh.'
- 41 'Ba ceann cimsí don eilit uaidh sin suas  
nó go dtáinig a hionú agus a ham isteach,  
gur rug sí misí in ionad lao,  
i measc na gcraobh agus na dtom.'
- 42 'Gan fios do aoinneach dá raibh sa rann,  
chaitheas ann té go mb'fhada an chiall,  
mar gach lao dár dhiúl lacht  
go raibh mé in aois mo sheacht mblianaí.'
- 43 'Mar sin dom uaidh sin amach,  
go dtáinig mo neart agus mo bhrí,  
gan rí, gan riaghail, gan smacht,  
gur chaith mé mo sheacht faoi thrí.'
- 44 'Gur chranraigh mo chraiceann agus mo chos  
ag siúl na ndos agus na ndealg,  
gan dúil dhaonna do mo chóir  
ach i measc na bhfiadh mór agus na ndearg.'

- 45 'An t-allas ó thrácht go slinn,  
agus ó bhathais mo chinn go himlinn,  
*action* dearfa dhuit agus brí mo scéil,  
gur hoileadh mé féin i gCrimlinn.'
- 46 'Lá dhá raibh Bodhmann, buime Fhinn,  
fón gcoill ag baint mheas,  
an chiniúint údan a bhí in mo chionn,  
dar liom gurb é mo leas.'
- 47 'Ar shúilí dhá dtug sí uaithi,  
ag amharc go hoscathach fón bhfogas,  
chonaic sí an eilid liom, cosach lao,  
agam ar cluais agus mé in mo rith.'
- 48 'Ansin a fuaidh síar a hais mar a bhfuil Fionn  
agus d'aithris sí de hiomlán cainte,  
go bhfacaidh an bratach nó fuad,  
ná mar bheadh gruagach uafar allta.'
- 49 'Ansin a chuir Fionn an ordóg ina bhéal  
agus chagail í go smior,  
d'fhuasóid sé don Fhiann go léir  
ar an Eiscí Riad go ndearnaidh feis.'
- 50 'Ansiúd a chruinnfodar anoir agus aniar,  
tionól na bhFiann as gach aird,  
*action* dearfa dhuit agus brí mo scéil,  
ó bhéal go béal fuaidh gos ard.'
- 51 'Gluaistear leofa as Almhain amach,  
an bhfuon chalma ba teann béim,  
ag dúsacht croidh allta as gleanntaí,  
go ndeachaigh go hEiscead Riad na rian réidh'.
- 52 'Gach gadhar binn barrúil bras,  
bhí faoi theas gach lorg,  
níor shaothar iad a chuir chun seilg,  
mar bhí siad go feargach ar a n-ingnibh.'
- 53 'Sitheamh dob ainm don choin chrón,  
do bhí ar láim ag Mac Curra Bhraoin,  
Sracaraí ag Faolán, bhí Cuairt Cruind Rom  
ar coin agus lí na lon ar a lorgain.'



- 54 'An cú bán dob olc a teist,  
ós í a bhí ar láimh ag Conán,  
ba í an Alóg, aoibhinn í, an cú dubh,  
ba déine ná sruth tuilí ar trá,  
is í sin cú Fhearghais mhic Finn,  
na mbriathar binn agus na bhfocla fáidh.'
- 55 'Ansiúd a seinntear fonnán faoi choillte,  
gur thógadar gáir thalaimh,  
nach raibh fia dhá raibh i bhforaois,  
nach ndeachaigh gan foras faoi ghleanntaí.'
- 56 'Ansiúd a tháinig Sitheamh chugam,  
nó go rug ar ghruaig mo chinn,  
tháinig Sracaraí go láidir,  
nó go rug go sástaí ar mo dhroim.'
- 57 'Rug Créachtach ar mo thaobh clí,  
agus Guntach ar mo thaobh deas,  
rug Anachrach ar mo dhubhán.  
agus rug cú an Bhearáin ar mo ghas.'
- 58 'Rug cú dubh ar mo sháil,  
agus rug cú bán ar mo bhléin,  
rug Gabhóg ar mo chluais,  
agus nach cruaidh an duais sin a raibh mé féin  
ann?'
- 59 'Tháinig Bran chugam buacach slán,  
coileán ...  
níor mhistí mise é agus dob fhearrde,  
té gur theastaigh ráithí dá bliain.'
- 60 'Gach cú acubh-san dá raibh faoi chionn,  
scaoil go gip as a greim,  
le lán leigheasaí dá lusaí,  
is í cú an Rí do rinnidh sin.'
- 61 'Ansiúd a ghluaistear Caoilte chugam ar luas,  
agus an Fhiann go dlúth ina dháil,  
shiúlas leofa go soirbhí sáimh,  
go ndeachaigh ar láimh mar a bhfuil Finn.
- 62 'Gabhas Fionn méar ar bharruibh cruth,  
gan díth, gan dolaí, gan díomar  
ag fosclú brí mo bhall.'

- 63 'Is é deir sé: 'B'fhada é an tús,  
liom na bosáí agus na hingnibh,  
bheirim barúil faoi do lámhaí  
samhail crámhaí Clainne Baois." '
- 64 'Ansiúd a gluaistear Caoilte chugam le cogas,  
gur bhearr sé go sástaí mo cheann,  
le deimheas agus le scian bhearrthaí,  
ó bharr mo mhullach go trácht bhonn.'
- 65 'Folaíodh me le bratachaí sróllaí,  
agus iomadaí ceoil den mheidhir bhinn  
dealramh breá aoibhinn uaithe  
dhá bhreacadh le suairceas ag tigh Finn.'
- 66 'Agus, a Phádraig, a bhíos ag moladh Dé,  
sin é mo scéal agat go sámh,  
mo thuras go Crimlinn na nGraobh.'

[G 10]

Cur síos ar Sheilg Mhóir Mhuilinn Uí Lochlainn, nó Seanchus Oisín mhic Fínn.

(Ó bhéalaithris Eóin Uí Neachtain, Áird Mhóir, Cárna, Conamara, 20/8/35)

- [1] A Pháraic, adeir sé, ná bíoch ort goic nó gráin,  
A chiniúint a bhí in mo chionn  
Dimi linn gur b'é mo leas  
tráth shuíos Fíonn i mbun a shlóite.
- [2] 'gCeann Bóirne bó theas  
Seadh fhuagraíonnns sé ar ghaisgiv  
Aigneach uaibhreach na gcláifí cruach  
Agus na glínn bras.
- [3] Gan a dhul níos neasa gon chroc  
Go nachtuíoch seanach sealg  
Go cínte tógtar dúinn gáir shealg  
Go fiadh dár a bhforaois.
- [4] Go ndeacha nocaiois ins na gleánnta  
Go dtáinic eilit óg go rúla láthair Fhínn  
Ní fhaca sé aghaidh do b'áille ná í  
Sgéal sgannallach lé n-ínnsin.
- [5] Go ndearna Fíonn í n-ionad mrá  
Níor léag sé urre gorú ghroid  
O lámh laoch nó fhiacal con  
Gur imi sí ó thún go tún.
- [6] Go ndeacha sí go Crímla na gCruú  
Trúm -sgiath dhi mar sin go dtáinic a h-ionú 7 a h-âv  
gur rugú mise i n-ionad laoch  
Measg na gcruú agus na gcránn.
- [7] Gan fiú duílí go mo chóiriú  
Measg na bhfiach mór agus na bhfearg  
Gur thánru craiceann mo chos  
measg na ndos agus na ndealg.

- [8] Ar nús gach laogh dhár úl a lucht  
 Go ru mé i n-aois mo sheacht mblian  
 Seal dom-sa mar sin gan rath gan riadaire  
 Gan smacht go ru mé an seacht fó thrí.
- [9] Go dtáinic buabhall bó mín  
 Agus i baint abhall  
 Siolla reatha dhá dtug sí uaha  
 Agus í a' breathú go fúirseach fón mboth.
- [10] Go bhfaca eilit chuisleam chrua  
 Ar mo ghruaí agus mé mo ru'  
 Go ndeacha sí abhaile gur aithris sí g'Fhíonn  
 Thrí shiollán cainte go bhfaca sí araic mrá ruaifill.
- [11] Nó gruagach ruafar állta  
 Sin a chuir Fíonna a mhéar fó n-a dhéad  
 Agus fuair as an ourdóg fios  
 D'aithris sé go fuirmiúil gon Fhiann n'eilit fhia ndeárna  
 fios.
- [12] Gach cua go ru ar a bhFéinne  
 Dhár sheas céim i n-aimsir colga  
 Bhi sí go h-aicis ar a h-ingne  
 Is ba bheag a saothruí a chuir in seilg.
- [13] Sin fhuagraíos Fíonn  
 Gan a dhul níos neasa gon chnoc  
 Go nachtuíoch seanach sealg  
 Cuiread caogad gon doire laoch láidir.
- [14] Agus a guil áilleacht ar iallaiv  
 Mac lua luafar na lanntaiv  
 na dteanta agus a n-iall laighneach, niall mhuíneach gá  
 gcoívdeacht  
 Agus a ngadhair sgaoilte fó chnocaiv.
- [15] Séide buineán an chlánn Rónáin lé Caoilte  
 Mag Ufr Dhuir Dheyn thuas i n-árd a' chnuic  
 Feithe carraigreachaí agus beánnta  
 Marú coin, mádaráí állta agus bruic.
- [16] Leiceat Diarmuid fón gcoill (gyll)  
 Mac a' Ghoill (Ghyill) leis agus Ceól bhínn  
 Iomada coin ar gluaiseacht  
 Agus a ngadhair sgaoilte go Cheól bhínn.

- [17] Cuireat Goireall agus Goull  
Té gur math na Geyll iad le ceip chatha  
Go bun shlú leathan luachra  
Is gur boga fuara fínn leathan.
- [18] Té gur fágú mise gan máthair  
Ar thócht un láithreach go na coin  
Dhá bu ciallmhar bu fá fiche í  
Agus fá dhuith í lé mo ghoin.
- [19] Go coileán óg bínn barúil Bras  
Chuireach ar sheasgach mo lorg  
Bhí sí go h-aiciseach ar a h-ingne  
Ba beag a' saothruí a chuir in seilg.
- [20] Ceánn go chonfairt na Féinne  
Cú gléigeal bhí ag Feillipe  
Níor bh'fheárr léi fiadh ar éill aici  
Ná chúig céad déag léaga fháil go leigean air.
- [21] Cú dounn a bhí ag Goull  
Bheirfeadh a' doun léith go sgríob  
Ar filliúint aríst léi ar a h-ais  
Mharúíoch sí fiadh broc agus míol buí.
- [22] A Chríost! nach bocht a' cás a ru mé ánn  
Nuair a bhí an cú dubh ar mo tháir  
Agus a' cú bán in mo bhréin  
Rug Straca 'gus Sásta ar mo dhruím.
- [23] Rug Fuilteach orm ar a dhubhán  
Agus cú an Ghorráin ar mo ghar  
Go dtáinic bran buafach slán  
-----
- [24] Cú nach dtáinic i n-ám fuagoill  
Cé nár mhiste mise agus na beáirde (b'fheárrde?)  
Cé gur theastui ráithe dhá bhliagain  
-----

23d Tá líne tríd an líne 'Cú nach dtáinic i n-ám fuagoill' ag an mbailitheoir.  
24d Na focail 'gach cú' scriosta ag an mbailitheoir.

- [25] Gach cú dhá ru i ngréim fó chionn  
Chuir iad as a ngréim  
Le lámh buille mhóir dhá laoi  
Sí cú an Ríogh a rinne sin.
- [26] Tháinic Bran chugam le teanga mhín  
Bhuail sí lé luímh mo ghoin  
Ba glan fuilteach é mo dhá thuíú  
Agus b' uasal caoin é greim na con.
- [27] Tháinic Caoilte chugam ar dtús  
Shiúil mé leis go sásta  
Ar bhárr lámha go dtí Fíonn  
Annsin a tháinic an Fhiann go dlúth ina dhiaidh.
- [28] Fhathaigh óig, ersa Fíonn  
(is) fada t-ocht is l(i)om na bosa 7 na h-ingne  
Bheirim barúil go do lámha  
Samhail cnámha Clanna Baoisgne.
- [29] Sin fhéachanns Goll orm  
A' tsúil go gruama thug leis í go fuaí a chinn  
Chuir ar a chúmhair amach  
Fad sleagh chráinne na buinne cruínn.
- [30] Sin labhruíonn Fíonn go goineach aireach  
' Ghoill, ná feictear ort-sa goic nó goirig  
' mhic rí cruach na sgéimh dhearg  
Mar méadú fá sheacht ar t'onóir.
- [31] O tháfach, ó mhuir agus ó thuínn  
Agus smior na gcnámha cró-lúm
- [32] Dar mo bhreithe ráite Goull  
Ar luighead nár mhéid na tíodhlacaí  
Gur mór a céim agus é fháilt ón rí.
- [33] Tháinic Caoilte chugam aríst  
Agus mheá go dlúth mo cheánn  
Le dimheas agus le sgian bheártha  
Ó mhullach go trácht mo bhúnn.
- [34] Gur cruinniú a rú g'fhilithé is lucht amhrán  
Ar dhícheall agus ar mhéad a sainte  
Go mo theagasg agus go mo threórú  
Go dtáinic mé n-eolas mo chainte.

[35] Sgéal beag eile de is dar go leór a chruinni  
Go mbeirenn ar chos deas deire  
Ar laoi na naoi n-eilte (n-eylte)  
Is thaobh na lurgan loime.

# LEAGAN AONAIR

[F]



[F]

Iomarbháidh idir Pádraig (abstal) agus Oisín +

- [1] Oisín      Shealg mhór Mhoire ní Lochluinn  
 Sheanchas Oisín mhic Fhionn  
 daithreósinn duit é a chléirigh  
 da mo toil leat éisteacht liom
- [2] Pádraig    Éistigh misi leatsa anois  
 Oisín ghlic nacharr chan meang  
 ós binn liom cuimhna do sgeal  
 air Rígh na bhfian agus na neach seang
- [3] Oisín      Duin feasta do leabhar bán  
 a chléirigh áith na phsailm grinn  
 go néistigh tu lé sgeul beag sámh  
 os agam ata air fhianaibh Fionn
- [4] Pádraig    Nois ó dhúnas mo leabhar bán  
 athris dhúin páirt dona sgéala  
 air chodromán no ar chodhlan chogaidh  
 da mbiabh ag trom sheacht ccatha na fiana
- [5] Oisín      La dhúine sa lo fein,  
 agus sinn a sealg sa lo ghilghréin[e]  
 ag trom sheacht ccatha na fiana agus Fionn  
 agus sinn ag triall go Moire ni-Lochlinn
- [6]              Gluastir linn as Albhuinn amach  
 air laimh dheas le Shannoin síar  
 rosc le haile na rían  
 mur buil an Tuilleán cáoin le lighann an fhiath
- [7]              Glúastar linn lá arna mhárach  
 go maoin aidhtheachtach na dtorr ann  
 do bhi mar ag imiachd ó rosc go cáon  
 agus sinn ag triall go Moire ni-lochlinn
- [8]              Is an sin do fhuagras Fionn do ghuth árd  
 do ghastraidh aigantach na gceimh calum  
 gan theacht níos neasa na sin don ccnoc  
 go neachdaighaibh siad anachta na Sealg

---

+ Só an tsheilg ar ttús, roimh an iomarbháidh, ba choir an iomarbhaidh bhethi ar ttús

6d grian scriosta ag an scríobhaí roimh fhiath.

- [9] An sin do *chuirios* Gorol agus Goll  
sbo *mhaith* na gill lé ceap *chath*  
go bun-*Shliabh* -leathan-lúachar  
agus go bogach úabhar finloch
- [10] An sin do *chuirios* Mac an Dabhin Daimh uí  
*Dhuinn*  
os a gcionn *ar árd* an *chnuic*  
ag coimhead *caraigeach* agus *beannaibh*  
mar do *mbiobh* coin-alta agus broic
- [11] A *Phádraig* nach truadh mo sgéul,  
misi bpian a bhfad na ndiogh  
*gan rith* gan lú gan leim,  
easbhaidh léin, biadh na óle
- [12] *Cidh gur chaith* mé seal go moirneach fáoi *chion*  
ag trom *sheacht* ccátha na haithrigh  
bliaghan *fhada gan dócmhol* fao *Dhia*  
trá *bhiobh* sin a ndiaigh na bhfhormáoil
- [13] [
- ] Fion an eiffrionn a laim  
agus go mbeadh an go la an bhreith
- [14] Mo *chreach* agus mo *chéad* amhgar  
a *Phadraig* uasal na *phsailim* grinn  
nach dtead teachtare liom uait  
go teinn *ar cuart* mar bhfuil Fionn
- [15] Cia *fhad* uaim é nó cia *tham*  
no a *mbeain* ann do *chaoin* láe  
is go *mbfearr* liom na *Righ* geal na *Rann*  
go mbeain aige hal fao na *sgíath*

#### An Iomarbhaidh

- [16] *Padraig* Eist Oisín is olc do *chaint*,  
nios ós cam an tslighe dhuit é  
feac do *ghluin* agus buail docht  
agus na dion tocht do mhollamh Dé

---

10c speancach scriosta ag anscríobhaí roimh *beannaibh*.

13 San imeall, líne a agus b, agus cuid de c, doléite.

- [17] Oisín    *A chléirigh amhgar na bpeann  
cia nár do mo cheann a bheth líath  
is gur mór an tabhmhar bhriste mo chroídhe  
a bheth síor dháoradh agus ag molladh Dé*
- [18]            *A chleirigh chrosta na sloigh  
na cluisim níos mó do imgherrad Fhinn  
a clerigh is beag báodach an fadh,  
le mbrisinn cnámha co ch[in]*
- [19] Padraig *Eist Oisín goim do mhairg  
tosd dfhearg agus dean síth  
ní raibh me leat acht ag cnaid  
glac mo laimh a mhic an Righ*
- [20]            *Sé día chruthaidh áer agus íasc  
agus gach dual don ngrian as a ttig teas  
gach fuinían gheal ghlan féar  
agus buinne treun ag a bhasann meas*
- [21] Oisín    *Ni lé geallach ni le gréin  
na le cruthadh fear do shiubhal Fionn  
acht a creachta corpadh laoch  
cosmhaint críoch cri adhluinn Coinn*
- [22]            *Da bfaicinnse Fionn agus do Dhia  
air an ccnoc so shiar go moch  
da bfaicfhinse Fionn ar lár  
dearfuinn gur duine laidir do Dhia*
- [23] Padraig *Éist a sheanóir chríon lía  
as dibhin gur thuit do chíal ar fad  
Fionn a chuir a shaol le mblaoith  
a shamhailt le Rígh na gcion*
- [24] Oisín    *Nir shuith cleireach a ccill  
cidh gur binn leatsa chanaid sailm  
dob firinnigh an na an fhian  
na fir nach locadh a ngliath ngarg*

---

24a An nóta seo a leanas ag an scríobhaí: 'see 229 don tseilg'.

Leanann leagan den iomarbhá in 'Seilg Locha Léin' ó rann 24 ar aghaidh (féach An Seabhac 1941, 70, r. 49ff).

## MÓRLEASÁN 2

[E agus B]

Ag seo síos Seanchuis agus oileamhuin Oisinn mhic Fionn

- 1 I seilg uim bhuirainn ui lochlann  
Seanchuis oisín mhic fínn  
do ineosinn dhuit a chleirigh da ma  
ail leat eistacht linn.
- 2 Eistigh mise leat anois  
oisin ghlic nar chan go  
is bine liom cuibhe do sgeul  
a mhic Rí feinne is na neach samh.
- 3 Dunn feasta do leabhair bán  
a chleirigh chaith na sailm grín  
go neiste tu le sgeul beg samh  
ata agam fiannuibh finn.
- 4 Anois ó dhunis mo leabhar bán  
tabhar dhuin pairt dot sgeultea  
ó codramain 7 o cullan oga  
da roibh ag seacht ccatha na feine.
- 5 Lá diobh sin air slo finn  
san ló gal greinne  
ag bun mhoruin ui lochlann  
an gasra budh ghlan treithe.
- 6 Gluastair leo as almhuin amach  
lamhdheas sionain siar  
da ccós 7 ar eachaibh  
agus ba mheanamnach iad án chliar.
- 7 Da ro fa fhilid na riabhach  
mar a bhfuil an taoileann caoin ann  
ag imacht go fras an chliar sin  
mair a luigheamh an fiadh san ngleon.
- 8 Is in sin dfuagair fionn caoin  
air ghasraidh in ghrinn na cceim calma  
gan dol anas buidheas don chnoc  
iona aitriughadh sionach sealge.

- 9 Do *chur* cuirriol 7 Goll  
 ler mion (?) *gha an ghreibh catha*  
 ag bun *shliabh* leathan luathra  
 bog *fhuarach* finn leadhairach.
- 10 Do *chur* caogad leo *ar luth*  
 7 coin allá aca ialluibh  
 Mac luigheach (?) *luthmair* na lán  
 [...] isin *fhian laigheanach*.
- 11 Do *chur* an *fhian muidhneach* go caoin  
 a ngaidhar sgaoilte 7 ...  
 ag seide fionnain le mordhal laige  
 ag clanna Ronnain le Caoilte.
- 12 Do rug Diarmuid fan ccoill  
 bran meaghrach lés 7 sgeoluinn  
 an iomad cón *air ghluasacht*  
 sa ngaidhair cluasach ceolbhinn.
- 13 Do *chur* mac an duir dha mhuidhuibhne  
 is cionn gleanta 7 aird chnoc  
 ag comhed cairguibh 7 baúic  
*mair a mbioch* coin allta 7 bruic.
- 14 Gluaisios fionn le bun *shlógh*  
 a cceinn boirrne bu *theas*  
 an bhudheann aigiontach uaibhreach  
 na ccloidheamhadh cruadh 7 na trénsleigh.
- 15 Is in dfuagair fionn gan inniol freas  
*air mhuintar* mic cubhall na bhfeart glan  
 lucht dánacht is na numh[...]
- 16 A phattric nach truagh mo sgeul  
 is me *fein* beo na ndiagh  
 gan luth gan lattair gan leim  
 ag ceasniugh lean *air* dioth rían.
- 17 Is gur me oisin beg mhac fionn  
 do hoilleamh accruibhlain  
 do beirreadh is ní le luathis  
 ar in eilit *air* leath chluas.

- 18 Do *bhadhmair* na saol fa chion  
seacht ccatha na feine gan *bhaothuim*  
is ní uaim do *theasdaimh* cor  
in tra *bhi* an *fhian* a *bformaol* léo.
- 19 A *phattric* na *geadh* nuad  
a *cleirigh shuarc* na *salm grinn*  
a *ccurfa teachtairacht* liom uait  
*air cuairt* go teach *fhinn*.
- 20 Cá *fhad* uaim na ca ham  
na *mbeim ann* do *shiubhal* láe  
dob fearr liom no *saibhris righ* na *rann*  
go mbein *thall faoinna sgeith*.
- 21 Eist oisin *sgur dot chaint*  
is cam an *tslagh dhuit* é  
*7fác do ghluin buail* do *ucht*  
is na dean fos *ach* ag *molladh* de.
- 22 A *chleirigh adhbhair* na *bpeann*  
is beg is *aoghna* de mo *cheann bheth liath*  
is gur *abe ata briseamh* mo *chrodhe*  
[...] da *ghuidhe* is da *mholladh* dé.
- 23 As é dia *chum aedhair* is *thisg*  
*duil* na greine ó *ttig teas*  
*gach faoleoin fion glas feur*  
is *gach buinntan trean* da *ttigas*.
- 24 Ní le *geallach* na le *grian*  
nó le *cruthughadh feolaoin feur*  
do *chromadh fionn* an tam *ghabadh amach*  
*acht* ag *sleachtadh corpadh leathan laoich*.
- 25 Fionn da *mbeth* is a *bhfacuis iriamh*  
is a *bhfecair achodhche* le do *raé*  
do bui *fhear* a *bheth* le leaga na *suil*  
ag *feicsan gnuis* is *gloire dé*.
- 26 Do *bfeair liomsa fuaim* na *ccoin*  
*7 meidhar* na *ngaedhar* ag *siubhal fan ngleann*  
no *bheth* am *shuidhe air neamh* ag dia  
ag an *spirad náomh* is a *bhfuil ann*.

- 27    *Ata fionn in ifrionn air lamh  
 an geall le riar na laoich fo leath  
 is le meadhair na ccon gach am  
 agus beidh ann go ttigidh in bhreath.*
- 28    *Da mbeidhmus an fhian crunn  
 an almhuinn slim na gcon is na neach  
 da gearramaois cruibh is cinn  
 is do thabhramaois fionn linn amach.*
- 29    *Ni thabhrá sibh fionn amach  
 trom seacht ccatha na feinne  
 damhdheoin gach ulchan achainteadh*
- 30    *Do thabhairmaoisne fionn amach  
 agus ni ghlacamus cead ag Dia  
 ó se fein pronadh ór  
 is nac mbeidh a chorp a bhfad gan bhiadh.*
- 31    *Éist anois a sheannór chrionn  
 is furas aithneamh gur shaoimh do chiall  
 fionn do chaith a shaol a mbród  
 na cur é a ccomortis le dia.*
- 32    *A chleirigh chrosda chánis go  
 na deun annbhíos dom fhearg puim  
 no chleirigh is beg ann fá  
 le[a] mbrisinn cnamh do chinn.*
- 33    *Is furis aithint gur shaobh mo chiall  
 is me ag ... tfiaccladh slán  
 no bhrisfainn ludrache do gheil  
 a bhfuil o do bheul go lácán lann.*
- 34    *[...] do cuimairce a chroidhe gan maírg  
 [treig] tfhearg is déan liom sioth  
 [...] ar ní roibhis (?) acht fanmhad leat  
 is glac mo lamh a mhic an Rí.*
- 35    *Is binne liom na ceolta cruit  
 tú a bheth anois ag tracht air fhionn  
 a chroidh ghradhmhair gan aon locht  
 thost is leag án uair so liom.*



- 36      *Gluastair* leo as almhuin  
 an bhuidhean calma bú tréan buadh  
 ag dusacht grádh gealtracha uas gleanta  
 fa eisgur riadh na ttrian ruadh.
- 37      *Dustair* leo *mair* gach seilg  
 eilit alann sa luib ba neach bhi fionn  
 óg mear meannamach is bú geal a dhreach  
 lan do neart is do ghlan luith.
- 38      *Gabhis* fionn an ilít ina lamh  
 budh breadhgha a ciabh 7 adluigh  
 7 nior leig uirthí gortughadh no goin  
 ó fhiacall cón no ó lamhe laoich.
- 39      *Ar mbreathnughadh* na heilít as a hail[*l*]acht  
 do gabh salguis fir é *nair* gan ghean  
 sgeul sganalach le ninsint  
 go ndearna fionn dhí ionad beann.
- 40      Do sgaoil in ilitt fan tsliabh  
 bú bhreadhgha ciabh is dlaóí  
 do bhi ag imtheacht o thom go tom  
 go ndeachaidh sí go cruiblin na ccraobh.
- 41      *An trath* ceann trom *mair* sin  
 is go ttanic a huinuigh 7 a thám  
 do rug si mise an ionad laoigh  
 a measg na ccraobh is na ccran.
- 42      Do bhidhis féin ansin fa iomad ceanis  
*mair* gach laoigh ag ól a lachta  
 mo luigh an gach sgairt  
 go roibhis in trí fa sheacht.
- 43      Go mo theasdail a bpleasga  
 tri faoidhartuibh 7 tri sgarta  
*gur chrionn* croicinn mo chosa  
 a measg na ndos is na ndealg.
- 44      Gan duil duine a bheth dom choir  
 a measg na bhfiadhach mor is na bhfearuibh  
 fa ealracht triad go slim  
 o mhullach mo chinn go talamh.

- 45     Ag sin brigh mo sgeul  
          gur hoileamh me fein a gcruimhlinn  
          gan beatha duine a dhol am bheul  
          a measg na ttread is na ccairuighachadh.
- 46     Mair sin is ó sin amach  
          gur fhás mo neart is mo bhrigh  
          gan rath gan riaghall gan smacht  
          go roibhis an seacht fa thri.
- 47     Go ttanic boimuín buime fhinn  
          chugan fan ccoill ag buan meas  
          san channmhuint do bhí mo cheann  
          is deimhin dhuit gur abe mo leas.
- 48     Lá dhiobh sin air shluagh fhinn  
          san la geall greine  
          ag seilg ag buin buirain ui loch  
          an ghasra bu ghlan treithe.
- 49     Do chur mac in duir damh  
          mac ui dhuibhne os cion airdchnoc  
          a comhed a cairghuibh 7 a bárc  
          mair a mbioch coinne allta 7 bruic.

F•I•N•I•S

[B]

Aig seo fios seannachuis air geannamhacht 7 air Oilleamhuint Oisinn mic Fhinn Sheilig Mhóir Muirriann Uí Lochlainn seanchuis Oisinn Inosin dhuit a chléirig da ma thoill leat Easteacht liom.

- 1 *Pádraig* Eiste mise leat anois  
Óisinn ghlic nár chan gó  
is binne liom cuibhe do bhéul  
A mhic Rígh Féinne na neach sámh
- 2 *Oisín* Dún feasta do labhair bán  
A Chléirig cháig na psailim grínn  
Go ndeiste tú le sgéal beag sámh  
Atá agam air Fiannuibh Fhínn.
- 3 *Pádraig* Anois do dhúinis mo leabhar bán  
Tabhar dún páirt dod sgéulta  
O chodramáin Collan coda  
Dá raibh aig seacht ccaitha na Féinne
- 4 *Oisín* Lá dóibh sin air shlógh Fhínn  
Ann san lo geal gréinne  
Aig bun dúinn Muirainn Uí Lochlainn  
An ghasradh ba ghlan tréithe
- 5 Glúaistir leó as Almhuínn amach  
lámh dheas don tseannmhuinn síar  
ionná ccuis 7 air eachuimh  
is ba mheanamnach iad árr cclíar
- 6 Os do ro fá shilimh na riabhach  
mar an bhfuil an toileann cáoin ann  
aig imtheacht go freas an clíar sin  
mair an mbíoch an fhiaidh san ngleann
- 7 Is ann sin a dfuaigir Fionn  
air ghasradh an ghrinn gheanamnach  
gan dul andeas ba dheas do Chnoc  
ó nach aitiogheach sionnach seilge
- 8 Do cuireadh Cuiríoll 7 Goll  
léim Ghoill a dreimh catha  
aig bun sláibh leathan luachradh  
bog fúarach fhínn leathrach

- 9 Do cuireadh caogad leo air lúith  
7 coinn ailleadh leo air ialuimh  
mac Luigheadh luathmheas na lann  
ionna ndaontadh air an Fhíann laighneach
- 10 Do chuir an fhiann Mhuímhneach go cáoin  
a ngadhair sgaoilte 7 a nadharca  
aig séide Fionnán le Mórgháil  
7 clanna Rónáinn le Caoille
- 11 Do rug Diarmuid fán coil  
Bran mheidhrach 7 sgéoilinn  
aiomad con air gluaiseacht  
sa ngadhair chluais dhearga ceolbhinne
- 12 Do cuireadh amach an dúirdháimh duaineadh  
na cclíodheamh is na ttreann treach  
os cionn gleannta 7 mór chnuic  
an Mhuídhean aigiontach uaimhreach
- 13 Is ann sin dfoguir Fionn gan mhoíl  
air mhuintir mhic Cúmhaill do bfearra  
lucht dáitheacht is na nímhir ndeas  
buidhean Múirneach na mórchleas
- 14 A Phádraig nach trúadh mo sgéal  
is mé go fann ionna ndiag  
gan lúith gan aistir gan léim  
aig ceasnúid léinn air bhúr roínn
- 15 Is gur mé Oisín deagh mac Fhínn  
do rugadh 7 do hoilleadh a ccruibhlinn  
do bheirinn le mo lúas  
air an eilit air leath chlúas
- 16 Do Bhadhmuirne seal fá chionn  
seacht ccatha na Féinne gan bháoithuím  
is ní uainn do thasdíodheach cóir  
an tan do bhí an Fhíann a bhfoirmaoíl
- 17 A Padruig na ccéad núadh  
a chléirig súairc na psailim ngrinn  
an ccuifádh teachtuire liom  
go reachuin air cúaird go teach Fhinn

- 18 Cá fad úaim nú cá hóm  
no an mbeinn ann do csiuibhal lae  
do bhfearra liom ná saidhbhrios Righ na rann  
go mbeinn thall faoi na sgéith
- 19 Éist Oisín sguir dod chaint  
is díol olc an tslógh duitse  
feac do ghlúinn is búal tocht  
is ná déin fos acht aig moladh Daé
- 20 A cléirig adhbhair na bpeann  
is beag an ionngna mo cheann a bheith líaith  
is gur ab é atá brise mo chroidhe  
a ndearnam do ghuídhe 7 do mholadh air dhía
- 21 Ase día do chum aoidhir is éisg  
is dul na gréinne a ttiog theas  
is gach buinneánn treann dá ttiog ann  
gach faoilín fionnghlais féir
- 22 Ní le gealach ná le grían  
ná le cruthughadh faoilinn féir  
ba gnáith le Fionn acht a bheith dho shíor  
aig sleachta corpaibh laoch
- 23 Fionn dá mhéid 7 an bhfacaois ríamh  
7 an bhfeicir chíodhche re do raé  
dob fheárr a bheith le leaga súl  
aig feuchmhaint gnuise is glóire Daé
- 24 Oisín Dob fhearr líomsa fuadhim na cconn  
7 meidhir na sgol aig dul san ngleann  
ná bheith am shuídhe air neamh aig día  
an spriodnaoímh 7 an bhfuil ann
- 25 Pádraig Atá Fionn an Ifrionn air láimh  
an ngeall ré ríar na laoich fá leith  
7 le meidhir a chonn gach amm  
7 beith ann go ttiog an bhreith
- 26 Oisín Dá mbheith mís an fhíann cruinn  
an Almhuín shlím na ccon is na neach  
do gheárfadh mís cruibh 7 cinn  
7 do thabharfadh máois Fionn amach

- 27 *Pádraig* Ní *thabharfach* sibh *Fionn* amach  
*tromm seacht ccatha na Feinne*  
*damh dheóin gach uilleánn cáinte*  
*dá mbíoch agaibh san ló greinne.*
- 28 *Oisín* Do *thabhairfadh*maois *Fionn* amach  
7 ní *ghlacfadh*mis chead aig *Día*  
ó sé *féin* do *bhrónach* an tór  
7 ná *bíoch* a *chóip* a *bhfad* gan *bíadh*
- 29 *Pádraig* Éist anois a *sheannóir mhóir líath*  
is *fuiris aithne gur chaillis* do *chíall*  
*Fionn* do *chaith* a *shaoghal* a *mbruid*  
ná *cuir* é a *ccomorus* lé *Día*
- 30 *Oisín* A *chléirig crosda* canis gó  
ná *deinanoisa mhó dom fhearg* puínn  
nú a *Phádraig* is beag an fáth  
le *na mbruisfuinn cnámha* do *chínn*
- 31 *Oisín* Is *fuiris aithne gur thaobh mo chíall*  
is me aig *foíghneamh tfiacra slán*  
ná *brisim leadracha do ghéill*  
An *bhfuil* ód *bhéul* go *leacuinn lán*
- 32 *Pádraig* Gabhuim do *comirc a chroidhe gan cheilig*  
*coisg tfearg* is *déin liom síoth*  
*óir ní rabhus acht* aig *conaid leat*  
*glac mo lámh a mhic* an *Rígh*
- 33 *Oisín* Glúaistir leó as *Alamhuínn* amach  
*eilit áluinn 7 alúb na neach do bhí Fionn*  
*ba mhbear meanamnach* is *ba gheal adreach*  
*lán* do *neart* is do *ghlan lúith*
- 34 *Gabhus Fionn* an *eilit ar láimh*  
*ba bhreadhthadh céimh 7 dlúith*  
*níor leig uirthe gortughadh* na *goinn*  
ó *fhíacaill coin* ná ó *láimh láoich*
- 35 *Ar mbreithnughadh* na *heilite ar a háilleacht*  
do *ghaibh salgus* fir mar *ghean*  
*Gíd* gur *sgeal sganalach* le *náiriomh*  
go *ndearna Fionn dí ionnad* bean

- 36 Do sgaoil an eilit faoí an sláibh  
ba bhreadhthadh ceimh 7 dluith  
do bhí si aig imtheacht o thóm go thóm  
go ndeacha si go Cruibhlínn na ccraoibh
- 37 An traith ceantrom ígh mar sin  
go ttáineadh ahuinnuigheadh 7 a hómm  
do rug si mise an ionnad laoí  
ameasg na ccraoibh is na ccran
- 38 Do bhíos féin mar sin fá iomad ceana  
mar gach laoghadh aig ól mo leachta  
am lúigheadh ann gach sgairt  
go rabhus a trí a bhfochair an seacht
- 39 Gan mo thaisdiol a bpléasga  
trí faoidh ar túin 7 trí sgarta  
gur chríonn croicionn mo chos  
ameasg na ndos agus na ndealag
- 40 Gan dul duine ar bith am chóir  
a measg na bhfíodhach is na bhfáis  
fá uirlíocht tréad go slím  
ó mhullach mo chinn go tallamh
- 41 Aig sin é brigh mo sgéil  
gur hoilleadh me a ccruibhlínn  
gan béatha duinne dhul am bhéal  
ameasg na ttréad is na ccurradh
- 42 Mar sin 7 as sin amach  
gur fhás mo neart 7 mo bhrígh  
gan raith gan riadhail gan smacht  
go rabhus a seacht fó thrí
- 43 Go ttáineadh biamhea buíme Fhínn  
chughain fán ccoill aig búaint mheas  
sin chineadhmhuint do bhí am cheann  
is deimhin duit gur ab é mo leas
- 44 Lá dóibh sin ar an slíge sin  
san ló geal aoibhinn greinne  
aig seilig aig bun mhuirrain Uí Lochlann  
do bhí an ghasradh ba ghlan tréithe

Do cuireadh mac an dúir dháimh  
 7 mac ui dhuibhne os cionn ard chnoc  
 aig coiméad carraiguibh 7 bunnc  
 mar a mbíd coinn allta 7 bruic

Crioch le Michéal Bishop ó bhaile an Ghronntaig an fithchidh 6 lá don maof  
 Septem<sup>br</sup> 1821 *Michael Bishop of Grantstown July the 12th 1830 Written by*  
*Michael Bishop the younger*



# ... MÓRLEAŞAN 3

[C agus S]

Selig Bhurin ni Lochlain

- [1]            *fionnsgarubh Osion agus Fhionn*  
                 *darosin duit a Phadraig*  
                 *dha mo toil leat eisdeacht liom*
- [2]            *eistgh mise les sin anish*  
                 *Osian glic nar com mang*  
                 *mur is mian liom ciomh na sgeul*  
                 *d'fhagháil o righ na bfian et na neach seang*
- [3]            *iadh feasda do leabhur baun*  
                 *a cleire aumh na salim grinn*  
                 *go narosa me dhuit sgeul beug saibh*  
                 *ois agam a ta se air fhianta fionn*
- [4]            *nis o Diagh me mo leabhur baun*  
                 *aithris dham páirt go na sgeultimh*  
                 *Air Codroman cacht no air cuilan cogaid*  
                 *dha mbioch aig seacht gcatha na feinne*
- [5]            *gluaistear leofa as alamhuin amach*  
                 *laimh dheas le sanin sior*  
                 *go ros an dara hulla na Righ*  
                 *an tillaun caoin leur liach a fiadh*
- [6]            *la air na mhaireach*  
                 *gluaistear leofa go bighim efeachtach na narm*  
                 *go ndeachidh mur o ros go cun*  
                 *a triall go buirin ni lochlain*

- [7]            *curmurna osgur et goll*  
                  *mur ba mhaith na gill le cip catha*  
                  *go bun sliabh leathan luachra*  
                  *et go buadhcrach fuair fionn a la sin*
- [8]            *Caoga eile laidir*  
                  *èt guinibh aluinn air ialach*  
                  *mac ferghis na luadh lan*  
                  *na danta sin et a nfhian lionach*
- [9]            *An tra eirghis an fhian mhimneach*  
                  *go cuibhneach et a ngiar sgaoilte*  
                  *go afric a seudiomh bunnan*  
                  *et go clann ronaun le Caoilta*
- [10]           *An tra cuireas mac in da fir*  
                  *afil duin as ur gCionn air ard a cruic*  
                  *cimead carigreacha agus boncacha*  
                  *mur bhi cuan alta ann et bruic*
- [11]           *tra thighis Diarmid fo an gCoill*  
                  *mac a ghoill et sgoulinn*  
                  *niomad a cun leofa air gluaiseacht*  
                  *et a ngiar cluasach ceoilbhinn*
- [12]           *tra shuighis fionn le bunn a tslo*  
                  *go Ceann boarna bo hasg*  
                  *gasridh agantidh uaibhreach*  
                  *na gcloidheamh cruch et na gceim dreas*
- [13]           *Insiud fhuagrios Fionn gan mhoill*  
                  *air mhuintir mhire mhic Uil*  
                  *lucht an et agus an inard dreas*  
                  *mhionn bhuirneach na luadh clas*

- [14] *Acht a phattraig nach truagh mo sgeul  
misa bhe na ndhiaidh mur taim  
gan lu gan lathir gan leuim  
air easbaidhe leighion et air dhioth soa*
- [15] *Et gur me oisian mhac fionn  
helliomh a gcrimlin  
bheiriomh ni le luadhas  
acht air a nidh all air leath cluais*
- [16] *bhidheas seal go murnach  
seal faoi cion ag seacht gcatha na feina  
bhlgh fhada agus a goal caoin  
tra bhmusth nfhian a bforamal chairidh*
- [17] *se mo cra et mo cead truaidh  
a phattraig uasal na salim grinn  
nach gcuirtear teachtaire liom uait  
[ ]o go dtian air cuairt mur bfuil fionn*
- [18] *[Ca] fhad uaim e no cia an tom  
no mbiann ann gaoiche lae  
et mbfearr liom na maith Righ na rann  
go mbiann hal faoi na scea*
- [19] *osian is olc do caint  
[ ] os com a tsligh dhuit e  
feac do gluin et buail tucht  
et deun tucht ach a molla De*
- [20] *A Cleirigh adhbhur na beann  
cia naur go mo ceann a bheith liadh  
et gur mor an tadbhur bhristidh mo chroidhe  
bheith sior guidhe et a molla De*

- [21] se Dia cruthaidh eire agus uisge  
et dual na greine dha dtigion teas  
gach fuinin fuinne glos feir  
et gach buinnan trean dha bfasin meas
- [22] ni le grian na le gealach  
na crufu feir a hulidh fionn  
acht a ladairt lanibh air corp laoch  
et a breith cl[ ]
- [23] gha mbiannsi nalabhuin aig fionn  
a cleire shlim na leabhur baun  
ba ghea siud matis et mo shoa  
7 ni hea an gloir a ta air neamh
- [24] ba bhinna liomsa gair sguil[ ]  
na sinim na midil fo an [ ]le[ ]  
na mo thaobh air neamh aig Dia  
ag a Spiorad Naomh et a bhfuil siad aonn
- [25] nior cualas fein air si pattraig  
go ndearna e righ na gcreacht cia go mo mor ainm  
ni hanon siud et Righ na bfiann  
bhiach buan a ngleo airim
- [26] ta fionn a nifrionn air laimh  
ngil le riar na ndan fo leith  
le mire na gcuin gach am  
et d'fhan ann go dtigh an bhreith
- [27] gha me musth a nfhian cruinn  
in alibhuinn shlim na gcuin et na neach  
strocimust croidhibh agus cinn  
no hiuramustna fionn amach

- [28]           ni hiurach sibhsi *fionn* amach  
                   *throm seacht catha* na fe  
                   inoin *gach* cullann canti  
                   *dha mbeach eadraibh* sa lo *ghil* greine
- [29]           [ ]anigthna *fionn* amach  
                   et ni *glacamusth* cead ag do *Dhia*  
                   mur se *féin* sgapach an toar  
                   et nach *mbech* a *coshir* a b*fad* gan *biadh*
- [30]           A *Sheanoir* as *dearg* *thrigh* do *ciall*  
                   *fionn* a *caith* a *shaoghal* le *troid*  
                   go *tuiga samhla* e le *Dia*
- [31]           is *orus* gur *dearg* *thri* mo *ciall*  
                   et *fuilinth* le *tfiacil* sa *bheth slan*  
                   nach *mbrisim* *ludrachi* do *gheil*  
                   et a *bfuil* o *bheul* go *laicin laur*
- [32]           A *cleire crosthidh* *cath* na *sgoar*  
                   na *deun dios* mo *iomdeargamh* air *fhionn*  
                   no a *pattraig* is *beug* a *tadhmur*  
                   le *mbrision cnamhachidh* do *chin*
- [33]           *gabhim* do *cimrigh* a *chroidhe* gan *mhairig*  
                   *cosg tfearg* agus *deun she*  
                   ni *rabhus* nish *leat* ach a *cnaid*  
                   et *gloc* mo *laimh* a *mhic* a *Righ*
- [34]           Aris *dhuinn* *oisian gan* *eirig*  
                   [ ] do *bhi* tu *selig* no *gebhlin*  
                   mur *bheirtha air* a *nelid air* *cluaish*  
                   tra *bi* tu *shuas* a *gcrimlinn*

- [35]            *la dhuin ion Alamhuin air dtus  
cia gur naireach a gni[omh] dhamhsae le cuir a  
geill  
na bioch crinthu ortsa na grain  
faoi misa ginseacht fa mo sgeil*
- [36]            *Gabhur leofa mur gach sealug  
nigh aluin measg na neach  
fionn na laoch laidir og bheanmnach  
et ba geal a dhreach*
- [37]            *tra gabhus fionn an elid air laibh  
ni aca iadh do baile na í  
nior leig gurtu orthi na grain  
o fhiacil cunh na o lamh laoch*
- [38]            *air bhranthu air a haigh air a haurga  
gur ghlac argus fionn  
mur is gnach sgéal sganalach lin inseacht  
go ndearna fionn dith ionad mna*
- [39]            *[...]oliomh an eilid faoi an sliamh  
baulin a ciamh agus a gnee  
ag imtheacht o thum go thum  
go dtanic si go crimlin na gcraomh*
- [40]            *gac ceann trom uaidh sin amach  
go dtanic a hunnu agus a hom  
go mbeirir misi mur gach laoidh  
measg na gCraobh agus na gcrann*
- [41]            *nionnus gach aon fhear dha raibh sa rann  
mur gach laoidh ag ol mo lucht  
no go rabhus a ceann mo sheacht mbliadhan  
uaigh sin a mach gan rath gan righcun gan smacht*

- [42]            *gur caitheas féin mo sheacht fo thri*  
                  *gur grannrigh croicni mo cos*  
                  *o shiul na ndos agus na ndealug*  
                  *gan dual duine go mo coir*  
                  *acht a measg na bfiach mor et na bhearab*
- [43]            *do beariomh me o thracht go bunn*  
                  *o bhullach mo chin go himlin*  
                  *se sin dearfa agus brigh mo sgeil*  
                  *mur helliomh me féin a gCrimlin*
- [44]            *go dtanic bomun bluri fhionn*  
                  *fo in gcoill a buaint mheas*  
                  *an cinuint sin a bhi in mo cionn*  
                  *se is cuibha liom gur ab e mo leas*
- [45]            *silla beug dha dtuc si uaithe*  
                  *breanthu gi fuasgrach faoi in mblagus*  
                  *go bfacaidh a nellid liom air cluais*  
                  *costh loch a lein et me in mo rith*
- [46]            *go dtanic si mur a raibh fionn*  
                  *gur aithris dó go culan cainta*  
                  *go bfadhca si allachtan no fuaidreach*  
                  *mur bhech gruagach amhfuar alta*
- [47]            *insiud cuireas fionn an ordog suas*  
                  *fo na ghead le bfaghach fios*  
                  *gur fhoillsigh se go toilmheasach fiadh*  
                  *nesgri re le na ndearní fish*
- [48]            *insiud cruinnidur a nerth et a niar*  
                  *[...]noal na bfian as gach ait*  
                  *togbhail na sgéal o bheul go beul*  
                  *do chuaidh a gcos aird*



- [49]            *gac gighar binn barramh brash*  
                  *cuireach fo heas gach lurug*  
                  *go curach aciseach iogmhur*  
                  *et iad go faomhrach faoi cullig*
- [50]            *gac cu dha raibh aig a bfian*  
                  *cosgach ceim a nean gníomh*  
                  *is beug saothar le na gcuireach siad sealug*  
                  *et iad go feargach air a ninghnidh*
- [51]            *siomh a b'ainm gon cunth croin*  
                  *bi air eil aig mac Curra bhroin*  
                  *sracu lamh dhearg gan grain*  
                  *et a nanocrach aig fiolan*
- [52]            *an alog a cu dumh*  
                  *ba luaithe ná sruth tille air tradh*  
                  *ba í siud cu fherghis uc fióinn*  
                  *na mbriathra binn et na bfocal faidh*
- [53]            *in cu baun bolc testh*  
                  *air a laimh dheis ag Cunan*  
                  *cuirth cunntinn bainm gon cunh*  
                  *et lidh na lunh air a gha lurigan*
- [54]            *Sgaoiltear bunan fo Coiltaibh*  
                  *et togtar go caintidh an gharr healug*  
                  *gach fiadh dha raibh faoi Mhuirín*  
                  *chuadar gan fhurus a ngleanntaimh*
- [55]            *Air thiacht go na cunrideach ionn laireach*  
                  *facur misi gon maithair*  
                  *dha mur cialmhur ach dob adhbhair*  
                  *an fa fira bh le mo guinh*

- [56] do hig siomh go ruaig  
 et do ruc air gruag mo cinn  
 do hainig sracamh go laidir  
 et ruc go saostaidh air mo dhruim
- [57] in gontach air mo thaomh clidh  
 et a creachtach air mo thaomh deas  
 ruc fuilteach orm air gabhain  
 et cu an bhiorain air mo ghas
- [58] [...]amhog orm air cluais  
 7 nach cruaidh an gaubh iona rabhus féin  
 do chuaidh an cu duf ion mo shail  
 et a cu baun ion mo bhlein
- [59] hanig bran go buacach  
 an cullan uasal nach dtainig an am  
 nior bhiste dhamhsa acht do bearrda  
 cia gur thasti raidhthi dha bheith bliadhain
- [60] gach cu dha raimhe faoi cinh  
 sgaoileach amach fo has a ngrim  
 nach mbeach a casiomh glaum et gloar  
 ni nar comhair a cuir in suim
- [61] do chuadhais féin a niomad mo shaoghail  
 tra sgaoil na cunh a nglos  
 do ghuin m'aighe m'eachta  
 et chuaidh mo creacht bfaomre hash
- [62] do hig bran agam le teanga mhinn  
 et bhuaile air a liomh mo ghuin  
 gur ghlan si fultechi mo gha thaomh  
 nar uasal ciomh e gníomh na Cunh

- [63]            *insiud hagus Caoilte agam air dtus*  
                   *et a nfhian go dlu leis in a dháil*  
                   *bheireas res me go seirbh saustidh*  
                   *air grim laimha mur a raibh fionn*
- [64]            *insiud ratus fionn go dha fhocal*  
                   *as liom do bhosaidh et tingnidh*  
                   *bheirim baramhuil cintidh go do lamaibh*  
                   *gur samhul do cnamhaidh le clanna baoisgne*
- [65]            *dearcus goll orm go gruamaidh*  
                   *et thuc a tsuil o uin a chin*  
                   *& thuc siar í fad sleighe*  
                   *an chatha go bun a cruinn*
- [66]            *insiud tagus Caoilte agum lea chagairth*  
                   *et bhearus go saustidh mo cheann*  
                   *le diomhas agus le scian bhearrthidh*  
                   *o mo mhathis go tracht mo bhunn*
- [67]            *failighthear me le brata sroill*  
                   *gan niomad ceol bhire bfein*  
                   *[...]ébru bhra aiomhim uain*  
                   *do breaciomh le suaircis fhionn*
- [68]            *nuchtur dhuin an ghil ghreina*  
                   *bratach fhionn righ feina*  
                   *sumsamh et ceol le [ ]e mor*  
                   *et le gar bheanmneach*
- [69]            *gach feina aciomh et gach feile*  
                   *reir a ndiathal agus a sainte*  
                   *go mo heagusg et go mo threorthu*  
                   *go dtanic me in eolus mo chainte*

- [70] o *harlaus* nios dul an ogi  
 et ur *nogi* dul an aoish  
 na *bimudne* go *dubhach*  
 et *olamuid* go *sumhach* na *sidh*
- [71] siud an *sgeul* mur *bhi*  
 a *mhic Alpir* na *naomh gan ainbfios*  
 mo *hiachtin* o *crimlin* na *graomh*  
 et *molus* o *naomhacht* go *seanachus*
- [72] *Aris damhsa treas bhacht* *sgeuil*  
*air sheacht gcatha* na *fena*  
*air this* no *air him* na *selig*  
*gha mbioch eadraibh* sa lo *ghil greina*
- [73] *gluaistear* *leofa* an *ghair shalug*  
 o *bharra cairigreach* go h[...]luich  
 as siud siar go *fariga*  
 go dun *tairbheach* na *mor aoibhneas*
- [74] as *umaidh baum* et *brimfheir*  
*bhi* an o *dheas agus* o *dfuaidh*  
*bumaidh* *glaoi* et *glaim do bhi fo an gcoill*  
 et *Conan ard* na *binna clinabhinn*
- [75] as *umidh* sin a *bhi* ann a la sin  
*aitidh ba saimh* le *suil*  
 la *laoidh eillid bhuidhe*  
 et *iarlaoidh* dul ion *siuil*
- [76] *bhi* na *fiolain* et na *feurain*  
 dul *gheagnach* fo *bhara coiltidh*  
 na *dunan* et na *dorachain*  
 dul fo *chnuic* et fo *ghleanntidh*  
 onn *ollidh gheal* dul ion *cuain*  
 lachin a *gragiol air loch* et ar *linn*

- [77] ellid cour faug a sliamh  
a mhic na gciomh cia rachaidh me  
mur deghe me ionsa speir suas  
ni bfuil imeacht agam air luadh is bhran
- [78] Cuirmur muintir fhionn  
gabharc dhuin air lios et air coill  
cia ciafamusth chugain o dhrim go drim  
acht an eillid cour a tiacht oan sliamh
- [79] bo gearr a hunu air bhranthu roampidh  
et í seachint gleanntidh air scata fiagh  
as a heolus ni raibh na cuimhne  
et bran tiacht air sgim na diaidh
- [80] bhi me féin a measg na bfear  
a gabharc go grinn air a nellid luadh  
nior glac si sga riomh aoinneach  
cia go mo fiognach fagnach a fa siuil
- [81] no go danic si mo lathair  
et ba sgiofrach sgafrach bh dha suil  
do leig an ellid í féin ionn m'fhianish  
et do cuir asti tri bhegadh cratidh
- [82] ansin gheith mo chroidhe go haireach cuibhneach  
a mbaramhuil cinntidh go mo í mo mhathair  
ansin a cuireas féin mo shlath et mo sgia  
[n]aidh a nionad iona raibh mo ghaol
- [83] et da fheamhus tapa mo dha laimh  
lut bran go cnamh a nellid mhaol  
insiud a theannus féin mo dha ghluin  
gur sgoal me larteachidh a dha taomh

- [84] o *cluais* go *bunn* *laoidh* na *cun*  
do *shian* *bran siar* a *gcrúadh* *caus*  
et *cuir* *astidh* *tri glam* *nibhe*  
*cuir* a *nfian uile* in *uathbhais*
- [85] *cualidh fionn* et e a *gceann* a *tslo*  
na *tri bheuca mhóra* *rinnidh* in *cu*  
*thainig* se mo *lathir* go *fuilteach* *faomhrach*  
et a *clóidheamh* *liofi* *lesh* ina *dorn air* *lu*
- [86] a *mhic* na *helida* is tu an *truadh*  
*hlad* mo *cu futh air* *laur*  
*fhir* na *heledi* go *fior*  
*tuiga* ur *leig* tu í *naidh* mo *mhathar*
- [87] *nior bheug* *liom d'fháil* go *shaoghal*  
*ach* do *cu ecaul* *fuim air larr*  
no an *ellid cour* a *cuir* as *baoghal*  
*mur* is *dual gaol* *mic* le *mathair*
- [88] *insiud* *lour fionn* go *taish* *ameasg* *cauch*  
is *ionmholta* do *ghniomh*  
o *niu* go *luan* a *lae bhraidh*
- [89] *siud sgéal* *mar a bhi*  
a *chleire* *urr nar* *caus gur* *gcnaud*  
et *nis* o *daithris* *misi deire* mo *sgeil*  
*foscil féin* do *leabhur* *baun*

Foirceann

## Seilig Mor Muiris ni Lochlann

Fionsgaradh oisin et fhinn do daithreosin duit a phadruig / da mo toil leat eisdeic liom. Eisdfaidh mise leis sin anios a / oisin ghlic nar chom meang. mar as mion liom cáoimh na sgeul / d' fhúghail o Righ na bfian et na neach seang. iadh feasda do leabhar bhan / a chleire adh na psailm grínn go naitheosa me duitse sgeul / beag os agam ata se ar fhiantaibh fin; nios o diadh me mo leabhar ban / aitrís dham pairt do na sgeulta. Ar codram an tracht no ar cheill / chogar da mbíodh aig seacht gcatha na feine. gluastar leo as / alamuin amach, laim leis a tsoinín siar go rus an dara halla na / Righ an toilean caoin lear luig an fhiadh . la ar na bhareach / gluaister leo go buighean eifeachtac na nairm go ndeacamar o ros go / con a triall go muirrinín ni lochlainn. do cuiramur ne osgur et goll et ba mhaith / na geill le coire cat go bin sliamh leatan luachra et go buadheach / fuair fion a la sin caogad oile laoir et comh aluinn air ialach Mac / Fergas na luagh lán ion a ndteanta sin et an fian laigneac. an / tra eirgíós an fian mhuimneach go cuimhneach et a ngidair sgaoiltidh go / hafraic a seide budnáin et go clan Róghnain le caoilte an trath / cuireas mac an dafair afill dhuinn ós air gcionn an arda chnoic / a coimead carigita na bancacha mar bhi coin allta ann et bruic. an / (143) tradh shuidheas Diarmuid fo an gcoill Mac a goill et sgeamhlíonn an / iomada con leo air gluaiseacht et a ngidhair cluasach ceolbhéinn / an trath shuigheas Fionn go bonn a tsló go ceann boirne bo heasg / gasraidh aigeanta uaimhreach na gliodhimhinn cruach et na gceim / dreas. insiud fuaigrís fion gan moill ar muintir mhíre mic cumhaill. lucht an euid et an inard dreas maoin muirneach na luadh chleas ach a padruig / nach truadh mo sgeul mise bpein na ndiaid mar taim. gan luth gan / latir gan leum ar easbhídh lein et díthsógh et gur me oisin mac fin / do thoileamh a gcrimlinn colleamh do bheirríon et ní le luadas / Air a laodh ealla air leat clúais do bhíos go muirneach seal faoi cionn / ag na seacht gcataibh a bhi a nEiríon a bfeigh fhada et aig ol fionn / tradh bhímaoisid an fian a bformaoil sé mo cradh et mo cead truadh / a phádraig uasal na psalm grín nach gcuirir teachtaire liom uait go deidhin / ar cuart mar a bfuil fion cia fhaide uaim e no a dtiocfa ann. da / mbeimíoisid an do sholas lae et go mbfearr liom ná maith rig na ran go / mbeidinn bfaill faoi na sgeidh a oisín olc do chadhaint anios os cam / a tfige duit e. feac do glun et buail t'ocht

et na bi torsach a / mola de a cleire adhbhar na mbean, cia nair do mo chean a/ bheith liadh et gur mor an t'adhbhar briste go mo chroidhe a bheith siorghuidhe et / a molladh do Dhia. Se Dia cruithaigh eire et uisge Dual na greine / asa dtigion teas gach fuinm fuinne glas féuireach et gach buineann (144) treun dha bfasionn meas. Ni le gealach na le grian na le / cruthughadh feuir do tholladh fionn ach ar ladart lannaibh ar corpaibh / laoch et aig sior bhreith buadh. dha mbeinse an alumhuin aig fionn / a chleire shlim na leabhar bann ba e siud m'aitios 7 mo shogh et ni hi an / gloir ata ar neamh. Ba binne liomsa gair na sgol no sinim na mhidil faoi / an ngleann na bheith mo shuighe ar neamh aig Dea aig an Spiorad naomh / et aig a bfuilsiad ann, nior cualas féin troid ar oisin aig Righ na gcreacht / cia gur mor ainim ni ionan siud agus Righ na bfian bioc go buan a/ ngleodh airim ta fion an ifrionn ar laimh angil le riar na ndan / fo leith a ngill riar na gcon gach am et dfan an go dtig an / bhreith da mbeimaoisd an fhian cruin an alamhuin shlim na gcaoin et na / neach do stoaicamaoisid croidheibh et corp no thiubramaoid fion amach / throm seacht gcataibh na feine inndeoin gach callan caidhainte. da / mbioch eadraibh san lo ghil greine tiubramaoisidne fion amach et ni / glacamaoisid cead aig do Dia mar as se féin a sgapach an tor et nach / mbeith a choisi a bhfad go laidir[\* air bhi coin allta ann agus / bruic. an tradh shuidheas Diarmuid fo an gcoill Mac a goill / et sgeamhlionn an iomada coin leo air gluaiseacht et a / ngidhair cluasach ceolbheinn. an trath shuidheas fionn go bon / a tslo go ceann boirne bo heasg gasraid aigeanta uaimhreach / na gcliodhimhin cruach et na gceim dreas. insiud fuaigris fion (145) gan moill air mhuintir mire mhic cumhaill. lucht an euid agus an / inard dreas, maoin mhuirneach na luadh chleas ach a padtruig nach truadh / mo sgeul mise bpein na ndiaidh mar taim. gan luth gan latir gan leum air / easbidh lein et air ditsogh agus gur me Oisin mac Finn, do thoileam / a grimlinn colleamh do bheirion et ni le luadhas air a laoidh ealla / ar leath cluais do bhios go muirneach seal faoi cion, aig na seacht / gcathibh a bhi an Éirion a bfleigh fada et aig ol fion. tradh / bhimaoisd an fhian a bFormaoil sé mo cradh et mo cead truadh a Phádraig / uasal na psalm ghrín nach gcuirir teachtaire liom uait go deidhin / ar cuart mar a bfuil Fion, cia fhaide uaim é no a dtiocfa ann / da mbeimaoisd an do sholas lae et go mbfearr liom ná maith righ na ran / go mbeidhin hall faoi na sgeidh. a oisin olc do chadhaint anios

\* Scríobhadh an téacs idir na heallóga faoi dhó trí bhotún sa lámhscríbhinn, agus tá sé scríosta amach ag an scríobhaí.



/ os cam a tslughe duit e. feac do ghlun et buail t'ocht [] bi / torsach a mola  
 Dé a cleire adhbhar na mbean cia nair do mo cheann / a bheith liadh et gur  
 mor an t'adhbhar briste go mo chroidhe a bheith siorghuidhe / et a molladh  
 do Dhia. Se Dia chruithaigh eire et uisge Dual na gréine / asa dtigion teas  
 gach fuinin fuine glas feuirec et gach buineann treun / dha bfasionn meas.  
 Ni le gealach na le grian na le cruthughadh feir do tolladh / fionn ach air  
 ladart lannaibh ar corpaibh laoch et aig sior breith buadh. / da mbeinse an  
 alamhuin aig fion a chleire slim na leabhar ban ba e siud m'aitios 7 mo sog  
 et ni he an gloir ata ar neamh. Ba binne ]] (146) a seanoir is dearg thrigh do  
 chiall fion do chaith a saogal le troid / go tuige samhlaghad e le Dia as ortsa  
 aithne gur dearg thri mo chiall et / folang t'fiacasa do bheith slán nach  
 mbriosim ludscacha do gheill et a bfuil o / do bheul go leacain nó a cleire  
 crosta chath na sgor. na deun nios mo / iomdheargamh ar Fhion no a  
 Phádraig is beag a tadhbhair le go mbrisin / cnamanaidhe do chinn. gabhim  
 do cuimruidhe a chroidhe gan bheirg coisg / tfearg et deun sioth Ni rabhas  
 anios leat ach a cnaid, et glac mo / laimh a mhic a Righ aithris duinn a Oisín  
 gan feirg cia nos a mbeirthead air / an eilitt air chluais an tra bhi tu suas a  
 gcrimlinn. la dhuin an / alabhuin air dtus cia gur naireach a gníomh e  
 dhamhsa le chuir a gceill. No / bioch crionthughadh ortsa na grain faoi mise  
 aig insin fath mo sgeil. / gabhtar leo mar gac dealg an agaidh aluin ameasg  
 na neach fion na / laoch ladir og mor meanmnach et bo geal a dhreach. an  
 trath ghabhas / fion an eilid air laimh ní facaid agaid bud aidle í. Nior leig  
 gortughadh / orti na grain o fiacail chun na o laimh laoch. Ar  
 breathughadh a / breagh air a targe insiud gur glac airgios Fion mar as  
 gnathach / sgeul sganalach linn inseacht go ndearnaidh Fionn di ionad min.  
 / Sgaoilidh an eilitt fo an sliamh do b'adhluin a ciamh et a gnaoi / [] o tom  
 go tom go dtainig si go crimlin na gcrabhe, go / cean tromuaidh sin  
 amach no go dtainig a tunnughadh et a ham gur / rugiomh mise mar gach  
 laoidhe a measg na gcrabh et na grann gan / (147) fhios do aonneach dha  
 raibh sa rann mar gach laod aig ol mo lucht, no / go rabhas a gceann mo  
 hacht mbliaghan uadh sin amach gan rath gan riocan gan sma / gur  
 chaitheas an mo sheacht fo tri no gur crrannaidh criocan mo chos. o siubal  
 na / ndos et. na ndleag mor gan dual duine go mo coir a measg na /  
 bfiodach mor agus na bfearbh ba garbh dam o tracht go slim o mullach /  
 mo cinn go himlinn se sin dearbhtha & brigh mo sgeil mar hoileadh me féin a  
 / gcrimlinn No go dtainig bom n buime Finn fo an gcoill aig buaint / meas  
 an chinnuint sin do bhi in mo chionn. Sé as cuimhe liom gurabe mo / leas  
 siolladh beag dha dtug si breatnughadh go fuasgreach faoi an / mbleit go

bfaca si an eilitt liom *ar* cluais cois loch a leidhin & me an / mo rith no go  
 dtainig si *mar* a araimh Fion & gur haithris dó gach collan cadhainte / go  
 bfaca si allachtach no fuaidreach *mair* bheith gruagach adhfuaithmar allta /  
 insiud a cuiris Fionn an mheur sios fo na dheud le na bfaghach fios / gur  
 fhoillsidh se go toilmhaiseach shiad aneiscegpe pe le na ndearnaidh / feis  
 Cruiniodar a nsoir & a nsior tsionol na bfian as gach ait a / togbhail na  
 sgeul ó bheul go beul Do cuaidh anios gormh is ard gach gidhar / binn  
 barabhuil bros do cuireach fo teas gac lorg go cumharach aiciseach iogmhar  
 / agus iad go faobrach faoi choilig gach cu dha raimh ar a bfeinn /  
 coisceach ceim an aon ghriomh is beag saothar le na gcuirfeach siad seilg /  
 [\* & iad go faobrach faoi choilig gach cu dha raibh ar a bfeinn coisgeach  
 ceim / an aon gníomh is geah saothar le na gcuirfeach siad sealg] & iad go  
 / (148) feargach *ar* an ingnidh Sidiomh a bainim do coin chroim do bhi *ar* /  
 eil aig mac a chora bhroin sraca laimh dhearg gan ghraim & an / aniocrach  
 aig Faodlan an aidhleog an cu dubh ba luaidhte í na / sruth tuile *ar* tradh,  
 ba i sin Cu feargeais mhic Finn na mbriatra / binn & na bfocal tlaith an cu  
 dub an b'olc a teisd *air* a laimh / deis aig cunan Cuirt Eatsuim do b'ainm  
 donn choin & luighe na lonh / *ar* a da lopoga sgaoiltear bunan faoi  
 choilltidh & toigfear go / cinn tudh *ar* gar sealg gach fiaidh dha raimh faoi  
 Mhuirinn. do cuadar gan forrus a ngleantaidh iar thiacht na gcoinrithid tun  
 laifidh & do / fagtar mise gan matar dha mar chiallmhar dhamsa acht do  
 b'adhbhar / an fathfire do bhi le mo ghoin insiud do thig sidhiomh do ruaig  
 / & do rug *ar* ghruaig mo chinn do thainig sracadh go laidir & rug go /  
 gasta *ar* mo druim rug an gontach *ar* mo thaobh deas [ ] orm / *ar*  
 dhubhanaidhe & cu an biorran *ar* mo ghas. do rug aboig orm *ar* / chluais  
 nach cruaidh an gabhadh iona a raibhas féin. Do cuadh an cu / dubh ion  
 mo shail & an cu ban ion m bhlein. do tháinig bran go / buadhicac an  
 coilean uasal nach dtainig an am. nior misde dhamsa / & do b'fearr de  
 gidh go tasdaigh raidhthe da bliaghain. ni raibh aon cu / *ar* a bfein nach  
 sgaoileach si fo theas a ngrím nach mbioch a casad / glaini & glor Ni nar  
 coir a cuir thun suim. do chuadhas féin an / iomad mo shaoghal traith  
 sgaoil na coin an glas. do ghoin meagna / (149) meuchta & do chuaidh mo  
 creachta a bfaobhra hais. do thig bran agam le / teanga mhin & do bhuaile *ar*  
 a bheith liom mo ghom gur glann si fultraca mo da / thaobh, & nar buasal  
 caomh e gníomh na gcon. Insiud do thigh Caoilte / agam *ar* dtus & an fhian

\* Scríobhadh an téacs idir na heallóga faoi dhó trí bhotún sa lámhscríbhinn, ach níl sé  
 scríosta amach ag an scríobhaí.

go dluth iona dhail; do bheirios leis me go / soirbh sasta ar grim laibe mar a raibh Fion. insiud do labris Fion go / dhá fhocal is liom do bhasiomh & t'ingnaidh beirim baramhuil chintidh go do / lamhaibh gur samhail do do cnamhaibh le clann [] Dearcas goll orm go / gruamaigh & tug an tsuil ó unn a cinn & do thug siar arisd í fad / sleigh an catha go bun a chrainn. iniud do tagas Caoilte agam / le cagart & do bearras go sastadh mo cheann le dhimhis & le sgian bhearrthaidh uadh mo bhaithis go tracht mo dha bonn. faillidh ther me 'le' / brata sroill do iomad ceoil midh ar bfeinn do oibriughad bhreagh / aoibhinn uadin do breacad le suairceas finn ocht duine an ghille ghreinne / bratach Finn Righ na Feine aig sumh saimh & ceol le midhair / mhor & le gair mheanmna gac feine aca & gac feile do reir a / ndithchioll et a saidhinte do mo teagasg & do mo treorughadh / go dtainig me an eolus mo chaidhinte do harla air naois a dol / thun oige & air noige thun aois nios na biomuid go / debhach & olamuid go subhach na suidhe Siod sgeula cugadsa / mair bhi air mic Calphurn na Naomh gan aimris nbf mo tiacht uaidh / Crimlinn na ggraomh & mo tholas o naomhthacht go Seancan aithris / (150) dreas beacht sgeil dhuinn air seacht gcathaibh na Feine air fhios no / air shuim na seilge bhioch eadraibh sa lo gil greine. togtar / leofa an ghair sealg o bharra caraigreach go hiosioll as siud siar go / fairge & go dun carbeach na mor aoibhneas, is iomda buam & brimfeur / do bi ann o deas & o dtuadh is iomda glaoidh con & glaim gidar do bi / fo an gcoill & Conán ard na beine buadhbhinn. is iomdha nidhe bhi ann an la / sin aite budh saimh le siul le laoidhe eilitt maoil & iarluidhe a dol / tun siubhal do bhi n faoilan & na furán dol a gheugnach fo bharraibh / coillti bhi na Dunan & na Doracain dol fo cnoic & fo gleanntaibh eillidh / coir fag a sliabh amach (?) na gciar ciaracha me mur dthid me sa / speir suas no sa bfairge sias nil imiocht agan air luas bran. isiud do / cuiramarne muintir Finn aig amarc dhuin air lios & air coill cia chifamoisd / cugann o dhruim go druim acht an eillit corr a tiacht on sliab bo gearr a tunagh / air bhreanthu ruimpi & í seacaint gleanta air sgata fiadh as a heolus ni raibh / mo cuimhne & bran a tiacht ar sgimh na diadh. Do bhi me féin a measg na / bhfear & me aig adharc go grin air an eillitt luath. nior glac si sgath / roimh aon neach cia go mo faoignach fagnach a rath siubhal do leig an eillitt / í féin am fiadnais & cuir aistigh trí mheigilach cruadh cradhti. do gheit / mo chraoidh & go haireach cuimneas a mbaramhuil cinntidh go mo dhí mo Mhathair. / insiud do chuireas féin mo shleagh & mo sgiaidh an aghaidh an ionad an a raimh mo / gaona (?) & dha feabas tapa mo dhá laimh do loit bran go cnaibh an / (151) eillitt maol. do theanas féin mo dha glun gur sgoll

me leathraca a dá / taobh o cluais go bun laoid na con. do shin bran & bo cruadh an cas / & do cuir aistidh tri glaim nime do cuir na fian uile an uathbhais. Do / chualadh Fion & é a gceana tslo na tri bheice mar do rinidh an cu. / do tainig se cugam go fuilteach faobrach & a chloidheamh liomhta leis na dorn air luth. / a mic na teillitte is tu an truadh Slad mo cu feimat ar lar. A fir / na heillitte go fíor tuige air leig tu í an aghaidh mo Mhathar? nior / bheag liomsa fhagail go shaoghal ac do cu feicaul fúm air air no an / eillitt chorr do cuir as baoghal mar as dual iaodal mic le mat / insiud do labris fion go tan ameasg chach is iomool tar do / gníomh o nis go luan a lae bhraigh. siud sgeul agadsa mar do / bhi a cleire ur nair casgair gnaud & anois a daithris mise deiri mo / sgeil fosgail féin do leabhar bann. Crioich.

1840. An cheud lá de chromdubh. 1st December 1840.

## Seilg Mhór Bhoirinn Uí Lochlainn

- 1 [Oisín] 'Seilg mhór Bhoirinn Uí Lochlainn,  
fianscáradh Oisín agus Fhinn,  
d'aithreosainn duit, a Phádraig  
dá mba toil leat éisteacht liom.'
- 2 [Pádraig] 'Éistfidh mise leis sin anois,  
a Oisín ghlic nár chum meang,  
mar is mian liom coimhghne scéal  
d'fháil ó rí na bhFiann agus na n-each seang.'
- 3 [Oisín] 'Taigh feasta do leabhar bán,  
a chléirigh sháimh na salm ghrinn,  
go n-aithreosaidh mé dhuit scéal beag sáimh  
ós agam atá sé ar Fhiantaibh Fhinn.'
- 4 [Pádraig] 'Anois ó d'iaigh mé mo leabhar bán,  
aithris dhom páirt de na scéaltaibh.  
ar chodromán cacht nó ar choileáin chogaidh  
dá mbíodh ag seacht gcatha na Féinne.'
- 5 [Oisín] 'Gluaistear leofa as Almhain amach,  
láimh dheas le Sionainn siar,  
go Ros an Dara Shoiligh na Rí,  
an t-oileán caoin ler luíodh an fia.'
- 6 'Lá arna mhárach  
gluaistear leofa go buíon éifeachtach na n-arm,  
go ndeachamar ó Ros go Cun,  
ag triall go Boirinn Uí Lochlainn.'

- 7 'Chuireamarna Oscar agus Goll,  
mar ba mhaith na Gaeil le cip catha,  
go bun Sliabh leathan Luachra  
agus go buadhcrach fuar fionn an lá sin.'
- 8 'Caoga eile láidir  
agus a gconaibh álainn ar iallach,  
Mac Fearghais na luathlann,  
ina dteannta sin agus an Fhiann Laighneach.'
- 9 'An tráth éirgheas an Fhiann Mhuimhneach  
go cuimhneach agus a ngadhair scaoilte,  
go hafraisc ag séideadh bonnán,  
agus go Clann Rónáin le Caoilte.'
- 10 'An tráth cuireas Mac in Da Fir Afil Dhoinn  
os ár gcionn ar ard an chnoic,  
ag coimeád carraigreacha agus bancacha,  
mar bhí coin allta ann agus broic.'
- 11 'Tráth shuidheas Diarmaid fón gcoill,  
Mac an Ghoill agus Sceolaing,  
an iomada con leofa ar gluaiseacht  
agus a ngadhair cluasach ceolbhinn.'
- 12 'Tráth shuidheas Fionn le bun an tslóigh  
go Ceann Boirne, ba theasc,  
gasraidh aigeanta uaibhreach  
na glaíomh cruach agus na gcéim dreas.'
- 13 'Ansiúd fhuagras Fionn gan mhoill,  
ar mhuintir mhire mhic Cumhaill,  
lucht an éid agus an iomaird dreas,  
buíon mhuirneach na lúthchleas.'

- 14 'Ach, a Phádraig, nach trua mo scéal,  
mise bheith ina ndiaidh mar táim,  
gan lúth gan láthair gan léim,  
air easbaidh léinn agus ar dhíth só.'
- 15 'Agus gur mé Oisín mhac Finn  
do hoileadh i gCruimlinn,  
do bheirinn, agus ní le luas,  
ar an fhia allaidh ar leathchluais.'
- 16 'Do bhíos seal go muirneach,  
seal faoi chion ag seacht gcatha na Féinne,  
i bhfleá fhada agus ag ól fíon,  
tráth bhíomaist an Fhiann i bhFormaoil.'
- 17 'Is é mo chrá agus mo chéad trua,  
a Phádraig uasail na salm grinn,  
nach gcuirtear teachtaire liom uait  
go dian ar cuairt mar bhfuil Fionn.'
- 18 'Cá fhad uaim é nó cén t-am,  
nó an mbeinn ann d'uidhe lae?;  
agus go mb'fhearr liom ná maith Rí na rann  
go mbeinn thall faoina scéith.'
- 19 [Pádraig] 'A Oisín, is olc do chaint  
anois is cam an tslí dhuit é,  
feac do ghlúin agus buail t'ucht  
agus ná bí tuirseach ag moladh Dé.'
- 20 [Oisín] 'A chléirigh ádhmhair na bpeann,  
cé náir do mo cheann a bheith liath,  
agus gur mór an t-ábhar briste do mo chroí  
bheith ag síorghuidhe agus ag moladh Dé.'

- 21 [Pádraig] 'Is é Dia chruthaigh aer agus uisce,  
 agus dúil na gréine dá dtigeann teas,  
 gach foithnín fuinnimh glas féir  
 agus gach buinneán tréan dá bhfásann meas.'
- 22 [Oisín] 'Ní le grian ná le gealach,  
 ná le cruthú féir a hoileadh Fionn,  
 ach ar leadairt lannaibh ar corpaibh laoch  
 agus ag síorbhreith bua.'
- 23 'Dá mbeinnse in Almhain ag Fionn,  
 a chléirigh shlim na leabhar bán,  
 budh é siúd m'aiteas agus mo shó,  
 agus ní hí an ghlóir atá ar neamh.'
- 24 'Ba bhinne liomsa gáir na scol,  
 nó seinm na bhfideal faoin ngleann,  
 ná bheith i mo shuí ar neamh ag Dia  
 ag an Spiorad Naomh agus ag a bhfuil siad ann.'
- 25 'Níor chualas féin troid', ar Oisín,  
 'ag Rí na gCréacht, cé gur mór a ainm,  
 ní hionann siúd agus Rí na bhFiann  
 bhíodh go buair a ngleo airm.'
- 26 [Pádraig] 'Tá Fionn in ifreann ar láimh  
 i ngioll le riar na ndán fó leith,  
 le meidhir na gcon gach am,  
 agus d'fhan ann go dtí an bhreith.'
- 27 [Oisín] 'Dá mbeamuist an Fhian cruinn  
 in Almhain shlim na gcon agus na n-each  
 stróicfeamuist croíbh agus cinn,  
 nó thiobhramaoistne Fionn amach.'



- 28 'Ní thiobhradh sibhsi Fionn amach,  
trom seacht catha na Féinne,  
ainneoin gach callán cainte  
dá mbeadh eadraibh sa ló ghil ghréine.'
- 29 [Oisín] 'Thiobhramaoistne Fionn amach  
agus ní ghlacfamaoist cead ag do Dhia'  
mar is é féin scaipeadh an t-ór,  
agus nach mbeadh a chóisir i bhfad gan bia.'
- 30 [Pádraig] 'A sheanóir,  
is dearbh gur thraoith do chiall,  
Fionn a chaith a shaol le troid  
go tuige samhlú é le Dia?'
- 31 [Oisín] 'Is furasta a aithne gur dheargthraoith mo chiall  
agus fulaingt le t'fhiacasa a bheith slán,  
nach mbrisim lúdracha do ghéill,  
agus a bhfuil ó do bhéal go leacain láir.'
- 32 'A chléirigh chrosta a chaith na scóir,  
ná déan níos mó imdheargadh ar Fhionn,  
nó, a Phádraig, is beag an t-ábhar  
le go mbrisfinn cnámhacha do chinn.'
- 33 [Pádraig] 'Gabhaim do choimrí a chroí gan mhairg,  
cosc t'fhearg agus déan síoth,  
ní rabhas anois leat ach ag cnáid,  
agus glac mo lámh, a mhic an Rí.'
- 34 'Aithris dhúinn, a Oisín gan fheirg,  
an tráth do bhí tú ag seilg nó i gcoimhlint,  
mar a bheirtheá ar an eilít ar chluais,  
an tráth bhí tú thuas i gCruimlinn.'

- 35 [Oisín] 'Lá dhúinn in Almhain ar dtús,  
cé gur náireach an gníomh dhamhsa le cur a gcéill,  
ná bíodh creathnú ortsa ná gráin  
faoi mise ag inseacht fáth mo scéil.'
- 36 'Gabhtar leofa mar gach sealg,  
an aghaidh álainn i measg na n-each;  
Fionn' na laoch láidir óg mhór mheanmnach,  
agus ba geal a dhreach.'
- 37 'An tráth gabhas Fionn an eilit ar láimh,  
ní fhaca aghaidh dob áille ná í,  
níor lig gortú uirthi ná gráin,  
ó fhiacail con ná ó láimh laoich.'
- 38 'Ar bhreathnú ar a haghaidh ar a háille,  
gur ghlac áilghios Fionn, mar is gnách,  
scéal scannalach le n-inseacht,  
go ndearna Fionn di ionad mná.'
- 39 'Scaoileadh an eilit faoin sliabh,  
b'álainn a ciabh agus a gnaoi,  
ag imeacht ó thom go thom,  
go dtáinig sí go Cruimlinn na gCraobh.'
- 40 'Go ceanntrom uaidh sin amach  
go dtáinig a hionú agus a ham,  
gur rugadh mise mar gach lao  
i measg na gcraobh agus na gcrann.'
- 41 'I ngan fhios do aoinneach dá raibh sa rann,  
mar gach lao ag ól mo lucht,  
nó go rabhas i gceann mo sheacht mblian,  
uaidh sin amach gan rath gan ríochan gan smacht.'

- 42 'Gur chaitheas féin mo sheacht fó thrí,  
gur chranraigh croiceann mo chos,  
ó shiúl na ndos agus na ndealg,  
gan dual duine do mo chóir,  
ach i measg na bfiach mór agus na bhfearb.'
- 43 'Ba gharbh damh ó thrácht go bun,  
ó mhullach mo chinn go himlinn,  
is é sin dearbhadh agus brí mo scéil  
gur hoileadh mé féin i gCruimlinn.'
- 44 'Go dtáinig Bodhmann, buime Fhinn,  
fón gcoill ag buaint mheas,  
an chinniúint sin a bhí in mo chionn  
is é is cuibhe liom gurb é mo leas.'
- 45 'Siolla beag dá dtug sí uaithe  
breathnú go fuaiscreach faoin mbith,  
go bhfacaidh an eilit liom ar cluais  
cois Locha Léin agus mé in mo rith.'
- 46 'Go dtáinig sí mar a raibh Fionn  
gur aithris dó de challán cainte,  
go bhfaca sí allachtán nó fuaidreach  
mur bheadh gruagach adhfhuafar allta.'
- 47 'Ansiúd cuireas Fionn an ordóg suas  
fóna dhéad le bhfaigheadh fios,  
gur fhoilsigh sé go toilmheasach,  
fia in Eisce Réidh lena ndearnaidh feis.'
- 48 'Ansiúd chruinnódar anoir agus aniar  
tionól na bhFiann as gach áit,  
ag tógbháil na scéal ó bhéal go béal,  
do chuaigh aníos gairm os ard.'

- 49 'Gach gadhar binn barrúil bras  
chuireadh fó theas gach lorg,  
go cúrach aiciseach íogmhar  
agus iad go faobhrach faoi choilg.'
- 50 'Gach cú dá raibh ag an bhFiann  
choisceadh céim in aon ghníomh,  
is beag saothar lena gcuirfeadh siad sealg  
agus iad go feargach ar a n-ingní.'
- 51 'Sitheamh ab ainm don choin chróin  
bhí ar éill ag Mac Curra Bhróin,  
Sracadh ag Láimh Dhearg gan ghráin,  
agus an Anacrach ag Faolán.'
- 52 'An Áilleog, an cú dubh,  
ba luaithe na sruth tuile ar trá,  
ba í siúd cú Fhearghais mhic Fhinn  
na mbriathra binn agus na bhfocal tláith.'
- 53 'An cú bán b'olc teist,  
ar a láimh dheis ag Conán,  
Cúirt Chointinn dob ainm don choin,  
agus lí na lon ar a dhá lorgain.'
- 54 'Scaoiltear bonnán fó choilltibh,  
agus tógtar go cinnte an gháir shealg,  
gach fia dá raibh faoi Bhoirinn  
chuadar gan fhoras i ngleanntaibh.'
- 55 'Ar thíocht do na conairteacha chun láithreach,  
fágtar mise gan mháthair,  
dá mar chiallmhar ach dob ádhmhar,  
an fáth fíre do bhí le mo ghoin.'

- 56 'Do tháinig Sitheamh de ruaig  
agus do rug ar ghruaig mo chinn,  
do tháinig Sracadh go láidir  
agus rug go sásta ar mo dhroim.'
- 57 'Rug an Gontach ar mo thaobh clí,  
agus an Créachtach ar mo thaobh deas,  
rug Fúilteach orm ar dhuán,  
agus Cú an Bhioráin ar mo ghas.'
- 58 'Rug Abhóg orm ar chluais,  
agus nach cruaidh an gábh ina rabhas féin?  
Do chuaidh an cú dubh in mo sháil  
agus an cú bán in mo bhléin.'
- 59 'Do tháinig Bran go buacach  
an coileán uasal nach dtáinig in am,  
níor mhiste dhamhsa ach dob fhearrde  
cé gur theastaigh ráithe dá bliain.'
- 60 'Gach cú dá raibhe faoi chion  
scaoileadh amach fó theas a ngreim,  
nach mbeadh ag casadh glam agus glór,  
ní nár chóir a chur chun suim.'
- 61 'Do chuas féin in iomad mo shaoil,  
tráth scaoil na coin a nglas,  
do ghoin m'aighe m'éachta  
agus chuaigh mo créacht i bhfaobhra thais.'
- 62 'Do thig Bran chugam le teanga mhín  
agus do bhuail ar a bheith ag líomh mo ghoin,  
gur ghlan sí fuilteacha mo dhá thaobh  
nárbh uasal caomh é gníomh na con?'

- 63 'Ansiúd thagas Caoilte chugam ar dtús  
agus an Fhiann go dlúth leis ina dháil,  
bheireas leis mé go soirbh sásta  
ar greim láimhe mar a raibh Fionn.'
- 64 'Ansiúd ráiteas Fionn de dhá fhocal  
"Is liom do bhósa agus t'ingne,  
bhéirim barúil chinnte de do lámhaibh  
gur samhail do chnámha le Clanna Baoiscne."'
- 65 'Dearcas Goll orm go gruama,  
agus thug an tsúil ó uain a chinn,  
agus thug siar arís í fad sleighe  
an chatha go bun a crainn.'
- 66 'Ansiúd tagas Caoilte chugam le cagart,  
agus bhearras go sásta mo cheann,  
le deimheas agus le scian bhearrtha  
ó mo bhathais go trácht mo bhonn.'
- 67 'Failighthear mé le brata sróill,  
go n-iomad ceol meidhre binn,  
do oibriú bhreá aoibhinn uain,  
do breacadh le suairceas Fhinn.'
- 68 'Nochtar dúinn an Ghile Ghréine,  
bratach Fhinn, Rí na Féinne,  
sú sámh agus ceol le meidhir mhór,  
agus le gáir mheanmnach.'
- 69 'Gach féinní acu agus gach file,  
de réir a ndícheall agus a sainte,  
de mo theagasc agus de mo threorú  
go dtáinig mé in eolas mo chainte.'

- 70 'Do tharla ár n-aois ag dul chun óige  
agus ár n-óige ag dul chun aoise,  
anois ná bíomuidne go dubhach,  
agus ólfamuid go subhach inár suí.'
- 71 'Siúd an scéal mar bhí,  
a Mhic Calpairn na naomh gan ainbhíos,  
mo thíachtain ó Chruimlinn na gCraobh  
agus m'eolas ó naofacht go seanchas.'
- 72 [Pádraig] 'Aithris damhsa dreas beacht sgéil,  
ar sheacht gcatha na Féinne,  
ar fhios nó ar shuim nia seilge  
dá mbíodh eadraibh sa ló ghil gréine.'
- 73 [Oisín] 'Tógtar leofa an gháir shealg  
ó bharra carraigreach go híseal,  
as siúd siar go farraige  
go Dún Cairbeach na móraoibhneas.'
- 74 'Is iomaí buam agus broimfhéar  
bhí ann ó dheas agus ó thuaidh,  
is iomaí glao con agus glam gadhair do bhí fón gcoill,  
agus Conán ard na Binne Buadhbhinn.'
- 75 'Is iomaí ní a bhí ann an lá sin,  
áite ba sáimh le siúl,  
le lao eilit mhaoil  
agus iarlaí dul chun siúil.'
- 76 'Bhí na faoileáin agus na féaráin  
ag dul ag éagnach fó bharra coillte,  
na donáin agus na dorcáin  
ag dul fó chnoic agus fó ghleannta,  
an eala gheal ag dul chun cuain  
lachain ag grágaíl ar loch agus ar linn.'

- 77 "A eilit chorr fág an sliabh."  
"A Mhic na gCiabh cia rachaidh mé?  
Mur dté mé ins an spéir suas nó sa bhfarraige síos,  
níl imeacht agam ar luas Bhrain." '
- 78 'Chuireamarna muintir Fhinn  
ag amharc dhúinn ar lios agus ar coill,  
cia chífimís chugainn ó dhroim go droim  
ach an eilit chorr ag tiacht ón sliabh.'
- 79 'Ba gearr a hionú ar bhreathnú roimpi,  
agus í ag seachaint gleannta ar scata fia,  
is a heolas ní raibh in mo chuimhne,  
agus Bran ag tiacht ar scim ina diaidh.'
- 80 'Do bhí mé féin i measg na bhfear  
ag amharc go grinn ar an eilit luath,  
níor ghlac sí scáth roimh aoinneach  
cia go mba faonach fánach a rith siúil.'
- 81 'Nó go dtáinig sí i mo láthair  
agus ba scíofarach scáfarach a bhí a dhá súil,  
do lig an eilit í fein i m'fhianais,  
agus do chuir aisti trí mhéileach chrua chráite.'
- 82 'Ansin gheit mo chroí go haireach cuimhneach,  
i mbarúil chinnte go mba í mo mháthair,  
ansin a chuireas féin mo shleá agus mo sciath  
in agaidh an ionaid ina raibh mo ghaol.'
- 83 'Agus dá fheabhas tapa mo dhá láimh  
loit Bran go cnámh an eilit mhaol,  
ansiúd a theannas féin mo dhá ghlúin  
gur scól mé leathracha a dhá taobh.'



- 84 'Ó chluais go bun lúidín na con,  
do shín Bran siar i gcruachás,  
agus do chuir aisti trí ghلام nimhe,  
do chuir an Fhiann uile in uafás.'
- 85 'Do chuala Fionn agus é i gceann an tslóigh  
na trí bhéic mór a rinne an cú,  
do tháinig sé i mo láthair go fuilteach faobhrach  
agus a chlaíomh líofa leis ina dhorn ar lúth.'
- 86 ' "A mhic na heilite, is tú an trua  
a shlad mo chú fút ar lár!"  
" A fhir na heilite go fíor,  
tuige ar lig tú í in aghaidh mo mháthar?" '
- 87 ' "Níor bheag liom d'fháil de shaol  
ach do chú a fheiceáil fúm ar lár,  
nó an eilit chorr a chur as baol,  
mar is dual gaol mic le máthair." '
- 88 'Ansiúd do labhrais Fionn go tais,  
i measc cách,  
"Is ionmholta do ghníomh,  
ó inniu go Luan an lae bhrátha." '
- 89 'Siúd scéal mar a bhí,  
a chléirigh úir nár choscair cnáid,  
agus anois ó d'aithris mise deireadh mo scéil,  
foscail féin do leabhar bán.'

# ΝΟΤΑΪ ΑΡ ΝΑ ΗΕΑΥΡΑΪΝ

[H; D/M; C/S]

## NÓTAÍ AR H

1a **Bhoirinn Uí Lochlainn** mherrein nee Loughlinn H] Ghlac an scríobhaí leis mar ainm mná, Muirinn Ní Lochlainn.

1c **chléirigh** chleir H] Féach 3b a *chleirié*. Féach freisin *A chleraugh* 22a.

1d **liom** Cé gur 'lum' atá in H, d'fheilfeadh 'linn' (: Fhinn) an mheadaracht.

2b **beang** bang H] Glacaim leis gur foirm chanúna den ainmfhocal 'meang' (bréag) atá anseo.

3b **na sailm ghrinn** Féach 19b agus an nóta le 3b san an eagrán tacair.

6d **luíonn** Is féidir téacs na lámscríbhinne a léamh mar **lieun**, nó b'fhéidir **lieú** (= 'luíodh'). Tá an éagsúlacht seo le sonrú ar na foinsí eile. Tá an aimsir ghnáthchaite in E (*luigheamh*), C (*liach*) agus an aimsir ghnáthláithreach in F (*lighann*), D (*lein*), agus M (*leen*).

7b **go mbuín** go meen H] Tá athchóiriú na líne seo éiginnte. B'fhéidir gurb é tuiseal tabharthach an ainmfhocail 'buíon' (< 'buidhean') faoi réir ag an réamhfhocal 'go' (*with*) atá i gceist. Féach freisin rann 35b sa leagan seo.

7c **roscaí** Ní léir dom céard atá i ceist.

8a **iarrais** S-chaite, 3ú pearsa uatha, neamhspleách. B'fhéidir go bhfreagraíonn *ieris* na lámscríbhinne don fhoirm iarchlasaiceach 'iarras'.

8c **chnoc** chruchc H] Léiríonn litriú an scríobhaí an t-athrú fuaimne /cn/ > /cr/. Maidir le dáileadh an athruithe seo i gCúige Chonnacht féach Ó hUiginn 1994, §2.48.

8d **go machtaidíst** go *machtée diest* H] Más botún é 'm' an scríobhaí in áit n' i dtús an leagain seo, is féidir an téacs a léamh mar: 'go n-achtaidíst eanach sealg'. Tacaíonn F agus G 10 leis an léamh seo: *go neachdaighaibh siad anachta na Sealg* F, 8d; *Go nachtuíoch seanach sealg* G 10 3b. D'fhéadfadh

sé gurb é an briathar *achtaíonn* < *achtaigid* 'seolann, tiomáineann' atá i gceist sa chás seo. Ní luaitear an chiall seo le *achtaigh* in *FGB*, ach féach *DIL* s.v. 1 *achta(ig)id*: *late formation from pret. stem (acht-) of aigid. drives.*

Os a choinne sin, tacaíonn leaganacha D agus M le H: *madghteed shead* D] *madghteed shead* M]. B'fhéidir gur foirm dhéanach den bhriathar *machtaid* atá sa téacs. Sainnítear é mar seo a leanas in *DIL* s.v. *machtaid*:

a loan-word, from Lat. *mactare*? not found in Glosses; all exx. below are in pass. voice. *Slaughters.*

Is féidir adhmaid a bhaint as an dá bhriathar seo i gcomhthéacs seilge.

8d **eanach sealg** annaugh shallug H] Pléitear an téarma seo i gCaibidil 9.

10a **caogad** Féach 'caoga no caogad', *DIL* s.v. *coíca*.

10c **Mac Luighdheach Machc Lioch** H]

11b **scaoilte** scealthie H] Tá an guta deiridh fada anseo, mar is iondúil in áiteanna i gCúige Chonnacht, féach Ó hUiginn 1994, §2.17

11c **fonnán** Freagraíonn 'fonnán' do *funnan* H ó thaobh na fuaimne de, ach níl a leithéid d'fhocal in *DIL* ná in *FGB*. Tá ciall le 'ag séideadh bonnán' C (*bunnan*), S (*budnán*). Tá 'buineán' in G 10, 15a. Is ionann 'bonnán' agus 'bunneán'. Is féidir a áitiú gur athraigh 'ag séideadh bhonnán' go 'ag séideadh fonnán', is é sin gur athraigh /bh/ go /f/. Féach nóta ar 54a thíos, áit a dtagraítear do 'fonnán' = 'bonnán' in D, M. Níl mórán céille le 'ag séideadh fionnán' E, B, arae ciallaíonn 'fionnán' 'féar garbh sléibhe'. Maidir le 'bh' ag malartú le 'f' féach 'srubh' 52b, áit arb é 'sruf' an forás ar 'sruth' in áiteanna íochtar Chonnacht.

12c **coimeád** comad H] Féach *k'im'e:d* 'coiméad' Lavin 1957, 316-7 §2. **speancrachaí** Féach *DIL* s.v. *spingc*, *FGB* s.v. *speanc*.

13a **Theif** Maidir leis an athrú /-dh/ > /f/ i nGaeilge Cho. Mhaigh Eo féach *na: b'i:f* 'ná bíodh', Lavin 1958, 111, §7 agus Ó hUiginn 1994, §2.34.

Féach freisin *do bhiaf* 'do bhíodh', *á heaf* 'a théadh' *na bief* 'ná bíodh' 17c, 15a, 34c faoi seach thíos.

13d **chluasacha** cluosagh á H]

14b ó **dheas** bó hash H]

15c Tá an líne seo doiléir i leaganacha eile freisin.

15d mion mhuirneach H] Léigh 'buíon mhuirneach'. Cé gur *mionn bhuirneach* agus *maoin muirneach* atá in C agus S faoi seach is léir ó *buidhean Múirneach* B 13d gur truailliú ar 'buidhean mhuirneach' atá in H, C, S.

16d **díth sóigh** dio soigh H] Féach *DIL* s.v. sód.

18a **Oisín** Tá *Ishiesn* na lámhscríbhinne athraithe anseo, agus in 73a, ag an scríobhaí go *Oshien*. Is malairt é 'Eisín' (*Ishien*) ar 'Oisín' agus cloistear an dá fhoirm seo sna ceantair chéanna i gCúige Chonnacht.

18d **ar an fhiadh allaidh** er á nuighea ghallibh H] Tugann litriú an bhailitheora léargas suimiúil fhuaimniú na bhfocal seo; /-dh/ > /-gh/; /dh/' > /-bh/'. Tá séimhiú ar an ainmfhocal baininsneach sa tuiseal tabharthach uatha i ndiaidh an rémhfhocail agus an ailt. Féach 33d freisin.

19b **na sailm ghrinn** sallim grinn H] Féach 3b.

19d **a bhfuil Fionn** bhfuil Finn H] Tá 'mar a bhfuil Fionn' i roinnt leaganacha (F, C, M, S) agus 'go teach Fhinn' atá in B, E. Tá *meen fen* 'a mbíonn Fionn' in D. D'fhéadfaí téacs H a thuiscint mar 'buil Finn'. Maidir le 'buil', féach *FGB*, s.v. bail 2.

22a **A chléireach** A chleraugh H] Neamhinfhilleadh an ainmfhocailan sa tuiseal gairmeach uatha. **chráifir** crafir F-I] Truailliú, b'fhéidir ar 'adhbhar' faoi anáil ó 'chráibhthigh', féach *adhbhair* B E.

23d **le bhfásann measaibh** le mhasinn massibh H] Féach *le na vasun mass* M; *ag a bhfasann meas* F; *dha bfasin meas* C.

24a **grian** grean H] Nó b'fhéidir 'le gréin'.

24c **créachtú** criueghnú H]

24d **calmchaoin** caúlm chuin H] Tugann *casant cree alune Chuin* D, M agus *cosmhaint crioch cri adhluin coinn* F le tuiscint go mb'fhéidir gur 'ag cosaint Chríoch álainn Choinn' a bhí sa laoi i dtús.

25c **cad do** go do H] **rinne** rinnie H] [RiN'i:].

26d **gcliathar** gler H] 'th' [h], idirghuthach cailte.

27a **dá mbeith** da meigh H] Glacaim leis go bhfreagraíonn foirm na lámshscríbhíne don modh foshuiteach caite, tríú pearsa uatha, i gcanúint an fháisnéiseora. Maidir leis an bhfoirm seo i nGaeilge oirthear Mhaigh Eo, féach Lavin 1958, 15.

28a **dá mbeith muistne** ga meibh muistnee H] Is cosúil go bhfuil 'muistne' is úsáid anseo mar fhorainm pearsanta, arae is foirm scartha den bhriathar atá roimhe, féach Ó hUiginn 1994, § 6.1. Glacaim leis gur réalú é 'meibh' na lámshscríbhíne ar an modh foshuiteach caite, tríú pearsa uatha, i gcanúint an fháisnéiseora.

28b **na gcoin** na gcuin H] Foirm an ainmnigh iolra in ionad an ghinidigh iolra.

28d **bhéarfaidh muist** bheir á muisth H] D'fhéadfadh sé go bhfuil 'muist' is úsáid anseo mar fhorainm pearsanta agus foirm scartha den bhriathar 'beirim' roimhe.

29a **gur shaobh** gur hoo H] Léiríonn litriú an scríobhaí gur dóigh gur fhuaimnigh an faisnéiseoir an défhoghar 'ao' sa bhriathar seo mar /u:/ neamhchruinn. Luaitear an forás stairiúil seo le ceantair i gCúige Uladh, féach O'Rahilly 1932, 2 agus Hughes 1994, §4.4.

29c **mbrisim** mrisim H] B'fhéidir gur cheart 'mbrisfinn' a léamh anseo agus glacadh leis gur sciarradh pinn de chuid an scríobhaí faoi ndear an -m in áit -nn.

30c **na mbos** na moss H] Is dóigh gur scríobh an scríobhaí *moss* trí bhotún in ionad *noss* agus gur cheart 'fuaim na n-os' a léamh.

32c **conáid** cunnad H] conaid B] fanmhad E] cnaid C, S] canade D] conade M] Féach *FGB* s.v. cnáid.

34b **le cur** le *chuir* H] Léitear 'le[na] chu(i)r'?

35b Tá athchóiriú na líne seo éiginnte. Maidir le 'go mbuín' féach an nóta ar 7b thuas. D'fhreagródh *chaffaraugh* na lámhscríbhinne d'fhoirm mar 'chafarrach' (cafarr + ach), ach níl a leithéid luaite in *DIL* ná in *FGB*. Tá an líne 'failte chofurach charanagh, choir-cheart cheen' i ndán a luaitear le Micheál Mac Suibhne. Chuir an Máilleach an gnáthlitríú seo a leanas ar an líne sin: 'fáilte chathmharach, charthannach, chóir-cheart chaoin.' Is é an míniú seo a leanas atá ar an bhfocal aige: 'cathbharach, caithmheach, diomallach' (Ó Máille 1934, 10 agus 140 faoi seach).

35c Is ionann 'groigh allta' agus 'fianna'.

36b **gabhtar** goffur H] Maidir leis an bhforás, féach 'gabhta gofi:', de Búrca 1970, §454.

37b **cé bhfaighí** ce mheehee H] Saorbhriathar, modh coinníollach, 'faighim'. Maidir le [wi:hi:], féach Ó hUiginn, 1994, § 516.

37c Maidir le 'gron', féach *FGB*, s.v. cron.

38b **ba gnách**. Níl tús an fhocail 'gnách' séimhithe i ndiaidh na copaire san aimsir chaite.

40c **in ionad** minnúd H] Glacaim leis gur scríobh an scríobhaí m- trí bhotún in ionad n-; féach nóta ar 30c thuas.

41c **dhaonna** ghiénee H] Is cosúla foirm na lámhscríbhinne le 'dhaoine' ná le 'dhaonna'.

41d **bhfearb** mharrag H] Glacaim leis, agus tionchar *nthallug* [dealg] ag ceann líne b atá ag déanamh comhardaidh leis san áireamh, gur truailliú ar an bhfocal liteartha 'fearb' ('fia' nó 'eilit') é *mharrag* [bhfearg] na lámhscríbhinne.

42b **cé budh í an mhian** cee baddeen veen H] Tá athchóiriú na líne seo éiginnte. Cés moite, de *tee go modey in ceel* ('cé go mbudh í an chiall)' D, *go modeey in ceel* M, ní dada ag freagairt don líne seo sna leaganacha eile. Nó léitear 'cé b'fhada í an mhian'?

42c **lacht** laught H] Tá neamhinfhilleadh an ainmfhocail seo sa ghinideach uatha cinntithe ag an aicill le 'seacht' i líne d.

43c **riagail** rieguill H] Maidir le díshéimhiú 'gh'/'dh' leathan láir féach, O'Rahilly 1932, 53, nóta 1; de Búrca 1958, §461; Hughes 1994, §3.6.

45b **fón mbeatha** fó en meah H] Tá athchóiriú na bhfocal seo éiginnte. Maidir leis na deacrachtaí a bhaineas leo, féach an nóta ar eagrán C/S, líne 45c. B'fhéidir gurb é an focal 'beatha', a raibh an 'th' [h] idirghuthach cailte ann, a chuala bailitheoir H. Maidir le 'th' [h] idirghuthach báite féach nótaí ar 26d, 46a. De bhrí go raibh Bodhmann ag baint meas (44b), d'fhéadfadh sé gur thuig an faisnéiseoir go raibh sí ag cuartú beatha (bia) sa choill.

46a **shitheamh** hiebh H] Maidir le 'sitheamh' féach *FGB*, s.v. *sitheadh*. Tá 'th' [h] idirghuthach báite san fhocal seo freisin.

47d Maidir leis an doiléireacht a bhaineas leis an líne seo, féach an nóta ar eagrán C/S, líne 47d.

49d **ghréach** ghreechh H] Maidir le 'gréach', féach *FGB*, s.v. *scréach*.

51 Pléitear na hainmneacha seo i gCaibidil 10; féach freisin na nótaí le heagrán C/S, 51.

52c **mhac Finn** mhach Finn H] Níl 'mac' infhillte sa ghinideach uatha agus tá túschonsan 'Finn' lom, féach freisin 3d, 18a, 73a. Léirítear séimhiú ar an ainm i 1b, 70d (*Inn* = 'Fhinn'). Féach freisin 44a *bominn* 'buime Fhinn', ar cosúil ón litriú nár léir a chiall don scríobhaí.



53c **Cuairt Chointinne** cuorth chuntim H] B'fhéidir gurb é 'nn' ba cheart a bheith anseo in *chuntim* in áit 'm', más ea, d'fhéadfaí glacadh leis gurb é ginideach uatha an fhocail *cointinn* atá in ainm an chú seo – ainm feiliúnach go maith do chú Chonáin.

53d **líomh** sheebh. H] /líomh/, foirm chanúna de 'lí'/'líth', faoi analach leithéidí 'dlíomh' < 'dligheadh', fhoirm chanúna ag 'dlí', féach O'Rahilly 1932, 66; de Búrca, §255.

54a **fonnán** Maidir leis an an tseachfhoirm seo de 'bonnán' féach nóta 11c thuas agus an chuid sin de M a fhreagraíos don líne seo: *En shude shenture funane celtuy* ('Ansiúd a sheinntar fonnán Chaoilte').

55a **gcoinibh** guinnibh H] Tabharthach iolra 'cú' in úsáid mar ghinideach iolra.

60c **lí liesh** H] Sílim gurb é tionchar na an copaille ag ceann na chéad líne eile faoi deara don 'sh' in *liesh*. *Le lámh buille mhóir dhá laoi* atá in G 10, 25c.

61b **ghron ghrun** H] Féach *FGB*, s.v. *gron*.

61c **is ghlan** slaun H] Féach *gur ghlan si fultechi mo gha thaomh C*.

63c **domhain** donn H] D'fhéadfaí *donn* a léamh anseo in ionad *domhain*, arae baintear úsáid as mar fhocal treise, féach *FGB donn* <sup>3</sup> 4. **díochmhar** *diocbhur* H] B'fhéidir gur truailliú ar an aidiacht *fióchmhar* atá sa leagan seo, é faoi anáil ag túschonsan an focail roimhe.

63d **mo bhallsa** mo mallsea H] Glacaim leis go bhfuil an séimhiú in easnamh an an litir m sa lámhscríbhinn.

64a **Fathaigh** Faigh H] Tuiseal gairmeach uatha, gan an mhír ghairmeach agus gan séimhiú ar túschonsan an ainmfhocail. Réitíonn G10 le H i gcoinne C/S anseo. **th'ucht** haught H] Foirm shéimhithe den aidiacht shealbhadh, 2ú pearsa uatha atá i dtús an fhocail seo; féach *hunnore* 'th'onóir' i rann 67b.

64b **is lom** is lum H] Tá imeartas focal anseo idir 'is liom' agus 'is lom'.

65a **gruama** grúma H] Léiríonn litriú na lámhscríbhinne an t-athrú /uá/ > /ú/ le taobh srónaigh, féach de Búrca 1958, §421; Ó hUiginn 1994, 547, §2.4.

66a **Goll** Neamhinfhilleadh an ainmfhocail dhúlis sa tuiseal gairmeach uatha. **ná haithnithíor** na hannaheer H] Saorbhriathar, modh ordaitheach, briathar 'aithin', nó b'fhéidir foirm éigin de 'adhain'. Maidir leis an bhfoirceann, féach O'Rahilly 1932, 221-2.

66c **ndearg** narrag H] Urú stairiúil ar an aidiacht aitreabúideach agus í ag cáiliú ainmfhocail sa tuiseal ginideach iolra.

67c **ó fháithibh** o aubh H] Níl san athchóiriú ach buille faoi thuairim ag glacadh leis go bhféadfadh /th/ idirghuthach báite a bheith san fhocal. **ó thoinn** o hinn H] Níl san athchóiriú ach buille faoi thuairim. B'fhiú 'ó Fhionn' agus 'ó shin' a chur san áireamh freisin.

71a **dhíofa** ghiésea H] Is léir gur sciarradh pinn é seo agus gur cóir f a bheith in ionad s le **ghiéfea** 'dhíofa' a léamh. Tá an chuma chéanna beagnach ar an dá litir seo i bpeannaireacht an scríobhaí seo.

71b **de fáth a ndícheall** go fah nihall H] Léiríonn *go fah* 'de fáth' claonadh atá sa teanga gan f atá ina thúschonsan a shéimhiú.

72d **ó eanach go seanchas** o an neagh go shanchus H] Tá an líne seo doiléir. B'fhéidir gurb é an leagan 'eanach [sealg]' atá i gceist anseo, féach 8d. Os a choinne sin, is éard atá i leaganacha eile: *O neaveght go shaghanush* (ó naofacht go seachanas [seanchas]) M; *o naomhacht go seanachus* C; *o naomhthacht go Seancan* S.

73d **a Tháilginn** Alaginn H] Is cuid suntais an guta cúnata a leirítear san fhocal seo.

## NÓTAÍ AR D/M

1c **d'aithrisfinn** darasin D] Maidir le daroasóian M] 'd'aithreosainn', féach, nóta ar C/S 1c.

6c **yas** M] 'ar lámh dheas' M.

2b **cruth cruve** D]

4a **leagas leagus** D] deyeus M] Is sine 'd'iadhais' M ná leagas D sa chás seo. D'fhéadfadh sé gur míleamh *Leig* (3a D, M) ar fhoirm ar nós *leigh* 'iaigh' atá in C, S agus H.

5a **dhá raibh Fion agus** yofen D, M] Téacs éiginnte, ag glacadh leis go mb'fhéidir gur fágadh focal mar *ro* ar lár agus gur *yo ro fen* 7 a bhí san eiseamláir.

7b **go mí muirní na buiríní** gue mee morny na buireyney D] go mee marey na buireney M] Is doiligh meabhair a bhaint as an téacs.

10b **té tea** D] tee M] Foirm chanúna ar 'cé'.

11 Leagan eile de rann 9.

13d **machtaíodh siad** madghteed shead D] madghteed shead M] Féach nóta ar H, 8d.

15c **naraíol** nareel D, M] Is doiligh meabhair a bhaint as an téacs.

16d **mar a bhfuil Fionn** meen D] mur Buil fin M] Is léir ó léamh M go bhfuil focal ar lár in D.

17b **de oíche lae** go Eehaw lea D] go Eeehey lea M] Féach nóta ar C/S 18b.

20c Focail ar iarraidh sa líne in D agus M.

21 Tagairt do Fhionn in Ifreann ar lár?

24c **lom lum** M *ar iarraidh in D]*

24d *Ar iarraidh in D]*

25a **le gealaigh** glorey D] le Galey M]

29d **bord bork** D, M]

30c **le Rí na Gine** lea naw Gimree D] le ree na Gine M]

34a **binne** Bin D] Biney M]

35 d **ar cluais** er Clush Claush D] er cloush M]

35 **an fhia** nie D] M] an fhia, baininscneach?

38a **gabhas** Gowy[us] D] Gowyeyse M] Iarsma den s-chaite, tríú pearsa uatha, b'fhéidir.

39b **argas** argus D] M] Féach nóta ar C/S 38b.

41a **Ba ceann cimsí** Bue can Kimsey D] Bu can Kimsey M] Is doiligh meabhair a bhaint as an téacs. Truailliú ar 'tréimhse'?

43a **dom uaidh sin** dom voy shin M] *ar iarraidh* in D]

44c **dúil dhaonna** dull A yeeney D] dull yeney M]

46a **buime Fhinn** Bunee D] Bumuy En M]

49b **chagail** cagal D cogul M] Foirm chanúna, 'changail'/'chogain'.

51a **béim** Bea D, M] Níl an rann seo ach in D, M. Tá cuid den fhoclaíocht sách sean ann (féach 'croidh allta' thíos), agus b'fhéidir gurb é an léamh 'béim' (buille) a bhí san aircitip ónar síolraigh D, M.

51c **croidh allta** Crealtuy D] Crealtuy M] Glacaim leis gur fianna atá i gceist le 'croidh allta'. Ginideach uatha 'crodh' (beithígh) atá in 'croidh'.

54d **tuile** in teley D]

55a **fonnán faoi choillte** funane fa coletuy D] funane celtuy M] 'Fonnán Chaoilte' atá ag M.

55b **gaure haluve** D, M] ?'gáir thalaimh', truailliú, b'fhéidir ar an leagan 'gáir sheilge'.

55c **fia** fee M] *ar iarraidh* in D]

59b Cuid den líne ar iarraidh in D agus M.

63a Athchóiriú na líne éiginnte.

64c **scian bhearrthaí** skean D] skeen varey M]

## NÓTAÍ AR C AGUS S

1a **Seilig mhór Bhoirinn Uí Lochlainn** Selig Bhurin ní Lochlain C] Seilig Mor Muiris ní Lochlann S] Scríobhadh an chéad líne seo i litreacha móra in C/S agus í scartha ón gcuid eile den téacs mar go bhfeidhmíonn sí mar theideal iontu. Cuireadh an logainm atá i gceist sa líne seo as a riocht i roinnt foinsí eile freisin agus rinneadh ainm mná de: *Mherrein nee Loughlinn*, *mhorre nee loughlin* H 1a agus 7d faoi seach *Mhoire ní Lochluinn* F, *Vuirey nee Loughlin* D; *Vuirey nee Loughnen* M. Tá trácht ar an logainm atá i gceist anseo i gCaibidil 8.

1c **d'aithreosainn** darosin C] daithreosin S] Maidir leis an bhfoirm seo, féach McManus 1994, §7.10 (e). Féach, freisin, 'go n-aithreosaidh mé' in r. 3c.

2c **coimhghne scéal** ciomh na sgeul C] caoimh na sgeul S] Is féidir téacs C/S a normalú mar 'caomh na scéal' ach ní furasta meabhair a bhaint as a leithéid. Is cosúil ó fhianaise roinnt de na leaganacha eile gur focal a raibh an consan **c** ina thús agus an guta í ina lár a bhí sa chéad fhocal acu i dtús báire: *cuibhe do sgeul* E; *cuimhna do sgeal* F; agus fiú léiríonn *bree the sceil* ['brí do scéil'] H cáilíocht an guta. Leanann foirmeacha den fhocal 'scéal' an chéad fhocal sna foinsí seo ach amháin in *cuibhe do bhéul* B. D'fhéadfadh sé gurb é an focal 'coimhghne' < SG 'coimcne' a bhí sa laoi i dtús báire agus é á cháiliú ag ginideach iolra an fhocail 'scéal'. Tá an téarma teicniúil 'coimcne' pléite go mion ag Proinsias Mac Cana (1980, 123-7) agus is éard a deir sé faoi:

... it seems probable that initially it had general reference to learned knowledge of the past, as narrated by those persons whose proper function it was to preserve it intact by the power of memory, and that only secondarily was it applied to the particular types of professional composition which reflected such knowledge. (125)

Maidir leis an litriú 'coimhghne' féach *DIL* s.v. coimcne agus Mac Cana 1980, 113, fn 122.

3b na **salm ghrinn** na salim grinn C] na psaim grinn S] Tá an t-ainmneach iolra in ionad an ghinidigh iolra in C/S ; agus in H freisin.

4c **chodromán cacht** Codroman cacht C] codram an tracht H] Tá roinnt doiléire sa líne seo sna foinsí eile freisin: *o codromain 7 o cullan oga* E; *O chodramáin Collan coda* B; *air chodromán no ar chodhlan chogaidh* F; *ar chodroman no er chullan coggie* H; *er Cudramane na er cullane cogey* D; *er Cudramane na er cule[] coguy* M. Maidir leis an bhfocal 'codromán', féach FGB s.v. cadramán.

5c **Ros an Dara Shoiligh na Rí** Ros an dara hulla na Righ C] rus an dara halla na Righ S] Truailliú ar an ainm Ros Dá Ró-shoileach, ainm a thugtar ar Luimneach in *Tóraigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* (féach Ní Shéaghdha 1967, 147).

6b go bighim efeachtach na narm C] o go buighean eifeachtac na nairm S] Is doiligh abhras a bhaint as na léamha seo.

6c Cun C] Con S] Ní léir dom cén logainm atá i gceist.

7b na gill C] na geill S] ?na Gaeil. **cip catha** cip catha C] coire cat S] Feileann 'cip catha' agus 'cuire catha' araon don chomhthéacs. Maidir le 'cip catha', féach 'do brosdáigh a chip catha' in 'Laoi an Deirg', DF LXIII r. 51c agus an ghluais in Murphy 1953, 238 s.v. cip. Maidir leis an téarma ársa Fiannaíochta 'cuire', féach McCone 1990, 214.

7d go buadhcrach fuar fionn an lá sin C] go buadheach / fuair fion a la sin S] Tá an líne seo doiléir i leaganacha eile freisin: *go boggaugh fúor finnn lahan* H; *go bogach úabhar finloch* O; *bogugh oure Ea in Laghein* D; *bog fhuarach finn leadhairach* E; *bog fúarach fhínn leathrach* B. ?'Go Bogach fuar fionn an lá sin' nó 'agus go buacach a fuair Fionn an lá sin'.

8a B'fhéarr 'Caoga eile [laoch] láidir'; féach H 10a.

8b Níl an aidiacht 'álainn' infhillte san uimhir iolra i gceachtar den dá lámhscríbhinn.

8c **Mac Fearghais** mac ferghas S] **na luathlann** na luadh lan C] na luagh lán H] 'Mac Lughach ... na lann' atá i leaganacha eile.

9a **éirgheas** éirghis C] eirgios S] S-chaite, 3ú pearsa uatha, an bhriathair 'éirghim' > 'éirim'.

9c **go hafraisc** go afric C] go 'hafraic H] Níl aon chinnteacht ag baint leis an leasú seo. B'fhéidir 'go síolraíonn foirmeacha na lámhscríbhinní ó 'afraic < 'amharc'.

10a **mac in da fir afill duin** C] mac an dafair afill dhuinn ós S] Truailliú ar an ainm [Diorraing] Mac an Daghair Dhámhaigh Dhoinn, ainm a chuaigh in ainseal ar scríobhaithe eile SOO. Tá foirmeacha éagsúla an ainm seo pléite i gCaibidil 9.

10c **coin** cuan C]

11d Níl na haidiachtaí 'cluasach ceolbhinn' infhillte san ainmneach iolra san líne seo. Níl na consain tosaigh iontu séimhithe ach an oiread.

12a **an tslóigh** a tslo C] a tsló S]

13c **iomaird** lucht an et agus an inard dreas C] lucht an euid et an inard dreas S] Tá an líne seo doiléir i leaganacha eile freisin.

13d **mion** C] maoin S] Truailliú, b'fhéidir, ar 'buíon'.

14b **misa bhe** C] mise bpein S] Má ghactar le léamh S is féidir an téacs a léamh mar: 'mise i bpéin ina ndiaidh mar táim.'

14c **láthair** lathir C] latir H] Cé gurb é 'láthar' atá in FGB, luaitear 'láthair' mar sheachfhoirm in DIL s.v. láthar.

15c **do bheirinn** bheiriomh C] 'a bheireadh'.

15d **Air a laodh ealla** S] Má ghactar le léamh S is féidir an téacs a léamh mar: 'ar an lao allaidh ar leathchluais' ach freagraíonn 'air a nidh all' in C

do *er á nuighe*a ghallibh *er lah chluosh* ('ar an fhiadh allaidh ar leathchluais') in H; *eilit* atá in E, B.

16c bhlg<sup>h</sup> fhada agus a goal caoin C] a bfleigh fada et aig ol fion S. Níl 'fion' infhillte sa ghinideach uatha.

18b **d'uidhe lae** nō mbiann ann gaoiche lae C] da mbeimaoisd an do sholas lae S] Freagraíonn léamh C do *noa mine an go Eeehaw lea* ('nó an mbeinn ann d'oíche lae') in D. Glacaim leis gur truailliú 'gaoiche / go Eeehaw' ar an ainmfhocal **uidhe** 'turas' atá faoi réir ag an réamhfhocal 'de'.

19d et deun tucht ach a molla De C]

21c gach fuinin fuinne glos feir C] gach fuinin fuine glas feuirec e S] B'fhéidir gurb é 'fuinnimh', ginideach uatha 'fuinneamh', atá in 'fuinne'.

22b **le ar iarraidh** in C]

24c mo thaobh C] mo shuighe S] Freagraíonn téacs C do 'mo shuíomh', foirm eile atá ag ainm briathartha 'suí'.

25a nior cualas fein air si pattraig C]

25b go ndearna e righ na gcreacht cia go mo mor ainm C]

26c mire na gcuin C] riar na gcon S]

27c **croíbh croidhibh** agus cinn C] croidheibh et corp S] Tabharthach iolra an ainmfhocail 'croí' agus feidhmiú mar chuspóireach iolra atá in C, S. Féach 8b, 22c, áit a bhfuil an tábharthach iolra in úsáid thar ceann tuiseal eile. B'fhéidir, áfach, gurb é an focal **crobh** 'lámh' a bhí sa rann i dtús.

30a Tá an líne seo lochtach.

30b **is dearbh gur throith** as dearg thrigh C] is dearg thrigh S] Tá téacs na lámhscríbhinní leasaithe agam. Siolraíonn an 'dearg' seo ó 'dearbh'.

30d **samhlú** samhla C] samhlaghad H]



31c ludrachi C] ludscacha S] 'r' léite mar 'sc' ag scríobhaí S.

32a a **chaith** na scóir cath na sgoar C] chath na sgor H]

32d cnamhachidh C] cnamanaidhe S]

34a ... do bhi tu selig no gebhlin C] *Ar iarraidh in S]* Féach, *thra b<sub>h</sub>eeá á shellig nó a ngeib<sub>h</sub>lin H;* agus *A Shelleg na Kivlent D.*

36c **mhór** mor S] *ar iarraidh in C]* Féach *na leegh leenvur ogue van Anim nogh vore D.*

37b **aghaidh** iadh C] agaid S]

38a **ar a háille** air a haurga C] air a tairge S] Is cosúil gur leagan truailithe den ainmfhocal teibí 'áille' atá in C, S. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar ag an bhfocal 'argus' / 'airgios' sa chéad líne eile air.

38b **áilghios** argus C] airgios S] Sampla den athrú fuaime /l/ go /r/ atá i bhfoirmeacha na lámhscríbhinne.

40c go mbeirir C]

41a **nionnus** C] gach aon fhear C]

41b mo lucht C, S] Níl an t-ainmfhocal 'lucht' infhillte sa ghinideach in C/S; *gaol mo laught* atá in H 42c freisin. Infilltear an focal 'lucht' in E 42b; *leachta* atá in B 38b.

41c **i gceann mo sheacht mblian** mbliadhan C] mbliaghan S]. Ginideach iolra an ainmfhocail 'bliain' < 'bliadhain' atá anseo faoi réir ag an ainmfhocal roimhe. Os a choinne sin, tá 'bliana' in D *neese mue hacht mleany* ('in aois mo sheachta mblianaí') agus in M *neese mu hacht mlyne* faoi réir ag an mbunuimhir roimhe.

41d **gan ríochan** gan righcun C] gan riocan S] Ba é an t-ainm briathartha ríochan (*restraint, control* FGB) a bhí in aircitíp C/S in ionad 'riaghail' na bhfoinsí eile.

42d **gan dual duine** Thuigfí ó roinnt de na leaganacha eile – *gun duoll ghiénee* H; *gan duil duine* E; *gan dul duine* B; *gun dull yeney* D; *gun dull yeeney* M – go mb'fhéidir gur 'gan dúil dhaonna do mo chóir' a bhí sa líne seo i dtús báire.

43a **Ba gharbh damh** do bearíomh me C] ba garbh dam S] **go bun** go slim S]

44a **Bodhmann** bomun C] bom n S] Is cosúil go raibh eiseamláir S doiléir, arae tá bearna idir m agus n san ainm seo.

45c **bhfogas** mblogus C] mbleit S] Is doiligh adhmaid a bhaint as na foirmeacha seo: *mbl7* atá in C, agus bhí a leithéid is cosúil in eiseamláir S, arae scaoil scríobhaí na lámhscríbhíne sin an nod mar 'mbleit'. Má ghlactar leis gurb í an fhuaim /ogus/ a atá i gceist le '7' agus má léitear 'l' in C in áit 'f', is féidir 'faoin bhfogas' a léamh. Is ionann sin agus *fo in vagush* D. Is é an chiall a bheadh leis an leagan seo go bhfaca Bodhmann iad i bhfoisceacht di, nó in aice léi.

45d **cois Locha Léin** Níl hionann C/S agus na foinsí eile. Tá tagairt déanta don logainm seo i gCaibidil 9.

47d **nesgri re le na ndearní fish** C] shiad aneigpe pe le na ndearnaidh feis S] Mar atá ráite i gCaibidil 9, b'fhéidir go bhfuil tagairt don Eiscir Riada sa líne seo atá ar cheann de na línte is doiléire sna téacsanna de SOO a bhfuil fáil orthu.

48d **aníos gairm os ard** a gcos aird C] aníos gormh is ard S]

49 **curach** C] cumharach S]

51b **Mac Curra Bhróin** mac Curra bhroin C] ig mac a chora bhroin S] Pléitear an t-ainm seo i gCaibidil 10.

51c **ag Láimh Dhearg** lamh dhearg C] laimh dheargH] 'ag' ar ar iarraidh in C/S.

52d **na bhfocal tláith** na bfocal faidh C]

53d **Cúirt Chointinn** cuirth cunntinn C] Cuirte Eatsuim S]

53d **lorgain** lopoga S]

54a **choilltibh** Coiltaibh C]choilltidh S]

54b **cinnte** caintidh C] cinn tudh S]

54c **Bhoirinn** Mhuirran C] Mhuirinn S]

55a **conairteacha** na cunrideach C] na gcoinrithid S] Glacaim leis gur foirmeacha meititéise an ainmfhocail 'conairt' > 'conrait' atá in C/S.

55b **fágtar** facur C]

55c **dá mar chiallmhar** dha mur cialmhur C] dha mar chiallmhar S] Freagraíonn 'dá mar' do 'dá mba'.

56a **do tháinig** do thig C]

56c **sásta** gasta S]

59d **dá bliain** dha bheith bliain C]

60a **raibhe** raimhe C] ni raibh aon cu ar a bfein S]

60ab ni raibh aon cu / ar a bfein nach sgaoileadh si fo theas a ngrím S] 'Ní raibh aon chú ar an bhFéin /nach scaoileadh sí [=Bran] fó theas a ngreim.' Réitíonn téacs C le héirim H, D, M.

60d **chun suim** in suim C] hun suim S]

61d i bhfaobhra thais bfaomre hash C] a bfaobhra hais S] Is doiligh abhras a bhaint as.

62b ar a bheith ag líomh bhuaile air a liomh C] Is ionann 'líomh' agus 'lí', ainm briathartha an bhriathair 'ligh'.

63a thagas do thigh S] chugam agam C, S]

63c leis res C]

64a ráiteas ratus C] do labris S] de go C S]

64b bhosa agus t'ingne bhosaidh et tingnidh C] bhasiomh & t'ingnaidh S]

64c lámhaibh lamaidh C]

64d chnámha cnamhaidh C] cnamhaibh S]

65b ó uain a chinn o uin a chin C] ó unḡ a cinn S] Is ionann 'uain an chinn' agus 'cúl an chinn', féach Ó Máille 1936, 102 agus FGB s.v. uaithne 2.2. Maidir leis an bhforás /ua/ > /u:/i nGaeilge Chonnacht féach Ó hUiginn 1994, 547, §2.4.

65c siar arís í siar í C] siar arisd í S] sleighe sleigh S] Ginideach uatha an aninmfhocail 'sleagh' (> 'sleá').

66a le cagart lea chagairth C] le cagart S] Is doiligh meabhair shásúil a bhaint as an líne seo agus tá éagsúlacht mhór sna foinsí eile a bhfuil leagan den rann seo iontu: *Hanichc Deeremuid huggum mo bhráhir* ('Tháinig Diarmaid chugam, mo bhráhair') [H 69]; [*I]n shude A glousture ceeltaugh ugum le cogus* ('Ansiúd a ghluaistear Caoilte chugam le \*cogas') D; *En shude glousture ceeltagh ugumm le cogus* [M]; *Tháinic Caoilte chugam aríst* G10 33a.

Is fianaise í an éagsúlacht seo go raibh deacracht tuisceana ag seachadóirí na laoi leis an bhfriotal bunaidh agus gur athraíodh é i mbealaí éagsúla, á chur as a riocht. Ní léir dom céard atá i gceist le *cogus* D/M. Seachnaítear an doiléire in H agus G10. B'fhéidir go síolraíonn *cagart S/ chagairth C* ón ainmfhocal SG 'coicert'/'cocart' (> NG '\*coigear't' nó '\*cogart'). Sainmhínítear 'coicert'/'cocart' mar seo a leanas in DIL s.v.

coicert: '(b) *judgment, decision; correction, emendation*'. Bhí an focal fós bisiúil sa 17ú haois. D'fhéadfadh sé gur chiallaigh an líne seo: Tháinig Caoilte chugam le cinneadh/ lena cinnneadh. Is é an cinneadh a d'fhéadfadh a bheith i gceist gur mealladh Goll le glacadh le hOisín (féach H 68).

66d **bhonn** dha bonn S]

67b gan niomad ceol bhire bfein C] do iomad ceoil midh ar bfeinn S]

67c **uain** uadin S] Níl friotal na líne seo soiléir sna foinsí eile ach an oiread.' Réitíonn úon' H le 'uain' C. D'fhreagródh 'awney' D agus 'owney' do 'uaithne'.

67d **suairceas Fhinn** suaircis fhionn C] suairceas finn S] Freagraíonn suairceas S/suaircis C do 'sourkish' D agus M, ach 'suonthis' (suaitheantas) atá in H. Más féidir dul i muinín H is é éirim an rainn gur foláíodh Oisín [nocht] le brata uaithne sróill a bhí breactha le suaitheantas Fhinn.

68a **an Ghile Ghréine** an ghil ghreina C] an ghille ghreinne / S]

68c **sú sámh** sumsamh C] aig sumh saimh S] Níl in 'sú sámh' ach buille faoi thuairim.

70a o harlaus nios dul an ogi C] 'Ó tharlas anois dul chun óige' atá ag C.

70c na bimudne C] na biomuid S]

70d olamuid C, S] **inár suí** na sidh C] na suidhe S]

71a Siod sgeula cugadsa mair bhi S]

71b **a Mhic Calpairn** a mhic Alpir C] air mic Calphurn S] **gan ainbhfios gan aimris** nbf H]

71c **go seanchas** go seanachus C] go Seancan S]

73a **tógtar** gluaistear C]

73d dun tairbheach C]

74a **buam** baum C] Níl éir dom céard tá i gcesit leis an bhfocal seo munar truailliú ar an bhfocal 'bán' (talamh) é.

74d na binna clóghbhinn C]

75a as umidh si C]

75b **áite** aitidh C] aite S]

75c **mhaoil** bhuidhe C] maoil S] Níl an t-ainmfhocal 'eilit' infhillte anseo sa thuiséal ginideach uatha.

76a **féaráin** furán S]

76b **ag dul ag éagnach** dul gheagnach C] dol a gheugnach S]

76c **donáin** dunan C] Dunan S] **dorcáin** dorachain C] Doracain S] '*Sturdy young animal*' a thugtar mar cheann de na sainmhínte ar an bhfocal **dorcán** in FGB.

76ef *ar iarraidh in S]*

77a **chorr** cour C] coir S]. Mhair leaganacha de fhriotal an rainn seo sa traidisiún béil [ME 7; 18; RC 5; Sl 1]. Freagraíonn an aidiacht 'baoth' in RC5 – leagan a bhailigh Dubhghlas de hÍde roimh dheireadh an 19ú haois – don aidiacht 'corr' anseo: *Eilit bhaoth fág air sliabh* [Hyde 1910, 16]. Is cosúil gur botún atá in 'coir' S, arae tá 'corr' aige in 78d.

77b **A Mhic na gCiabh** a mhic gciomh C] amach (?) na gciar S – *Tá líne faoin bhfocal 'amach' agus comhartha ceiste ina dhiaidh ag an scríobhaí*] Níl ciall na líne seo soiléir in C ná in S. Tugann fianaise roinnt de na leaganacha béil [ME 18; RC 5; Sl 1] le tuiscint gurb é an focal 'ciabh' (*hair; tress* FGB) atá i gceist in C. B'fhéidir gurb í an tuiscint seo is bun le Sl: 'Cidh go raibh seisean bearrtha nuair chonnaic a mháthair é d'aithin sí é amearg na bhFéin (*sic*)' Mhínigh faisnéiseoir ME 18 'a Mhic na gciabh' mar seo a

leanas: 'Sé sin, a mhic a bhrollaigh.' 'A mhic an ngiabh' atá in ME 7 agus chítear dom nach miste na focail seo a athscríobh mar 'a mhic an fhiabh'. Tugann an t-athscríobh seo leide faoi bhunleagan a d'fhéadfadh a bheith folaithe ag 'ciabh'. Más féidir glacadh leis gur sampla den fhorás /-dh/ > /-bh/ (O'Rahilly 1932, 66-7) atá in 'fiadh' > 'fiabh' is féidir an téacs a leasú mar seo: 'A Mhic an Fhia'. Bheadh a leithéid sin de chur síos ar Oisín thar a bheith cuí.

78c **chífimís** cíafamusth C] chifamoisd S] Léigh ?chíofamaois.

78d **chorr** cour C] corr S]

79c **mo chuimhne** na cuimhne C] mo cuimhne H]

79d **scim** sgim C] sgimh S]. Níl mórán céille le **scim** sa téacs. B'fhéidir gur **scinneadh** a bhí sa líne seo i dtús [i.-nn- > -m] agus más ea gur féidir an téacs a leasú go: 'agus Bran ag tiacht ar scinneadh ina diaidh.'

80d **faonach fánach** fiognach fagnach C] faoignach fagnach S] **rith siúil** fa siuil C] rath siubhal S]

81ab *in easnamh in* S] **scíofarach scáfarach** sgifrach sgafrach C]

81d **trí mhéileach chrua chráite** tri bhegdh- cratidh C] trí mheigilach cruadh cradhthi S]

82a **cuimhneach** cuimneas S]

83d **scól** sgoal C] sgoll S] **leathracha** larteachidh C] leathraca S]

84a **go bun lúidín na** go bunn laoidh na C] go bun laoid na S] Nílím cinnte faoin leasú atá déanta agam. Feileann an focal 'lúidín' don chomhthéacs, arae fáisceadh Bran as a craiceann – óna cluais go dtí lúidín a cos. Tá cosúlacht ag litriú na lámhscríbhinní leis an bhfoirm 'luighdín' a luaitear in *An Béal Beo*: 'Annsin, tá méaracha na coise ó ordóig go luighdín.' (Ó Máille 1936, 99)

84b **do shín** do shian C] i **gcruachás** & bo cruadh an cas S]

84d **in uafás** in uathbhais C] an uathbhais S]

85b **trí bhéic** tri bheuca C] tri bheice S]

85c **i mo láthair** mo lathir C] cugam S]

86b **a shlad** hlad C] Slad S] **fút** feimat S]

87b **fheiceáil** ecaul C] feicaul S]

88a **do labhrais** lour C] do labris S] **tais** tan S]

88d **inniu** nis S]

89b **nár choscair cnáid** nar caus gur gnaud C] nair casgair gnaud S]  
B'fhéidir gur fearr an abairtín seo a athchóiriú mar 'nár chás bhur gcnáid.'



# leathanacha béil

[SL 1; ME 3; 7; 18; G 12; 22]

## Sgéalta ar Oisín

Fuaidh<sup>1</sup> Fionn amach lá, é fhéin agus an bhFéin (*sic*) ag seilg. Fuaidh siad 'un an tsléibhe agus casadh orra an eilid agus leig siad na coin 'n-a diaidh. Rug na coin ar an eilid, agus chuir Fionn na coin uaithi. Bhuail sé léithi agus chaith sé an oidhche, é fhéin agus an eilid, insan aon áit amháin. Bean faoi draoidheacht a bhí insan eilid.

**Annsin seacht fo thrí 'n-a dhiaidh sin** fuaidh Diarmuid 'un a' tsléibhe ag **baint meas**, agus tháinig sé abhaile agus d'innis sé don bhFéin gur chonnaic sé (*sic*) radharc iniumh nár chonnaic fear ar bith ariamh roimhe, gur chonnaic **arrachtach nó gruagach alltach, agus a mháthair ar ghreim cluaise leis.**

Leig siad **gáir sheilg'** an lá ar na mhárach agus fuaidh siad 'un an tsléibhe, agus, arsa Oisín — nuair a bhí sé dhá innsint — **"A' leigean na gcon a ndiaidh an eilid (*sic*) d'fhág siad mise gan mháthair."** Ansin rug na coin ar Oisín, acht nuair tháinig Bran — ba shin í **cú an rí** — i láthair, d'aithin sí fuil an rí [ann], leig sí glaodh aisti agus **leig gach cú a greim amach.** Thug siad abhaile ansin é, agus **threóruigh siad é** agus bhain siad an fionna de. Annsin chuaidh siad 'un seilg arís agus leig siad na coin ar an eilid. Cidh go raibh seisean bearrtha nuair chonnaic a mháthair é d'aithin sí é ameasg na bhFéin (*sic*). Leig[eadh] Bran 'n-a diaidh agus thug sise iarraidh ar a mac. D'osgail Oisín a ghlúna, chuaidh an eilid amach tríotha. Lean Bran í. D'fháisg sé (*i.e.* Oisín) na glúna agus chuir sé Bran amach as a craiceann, le fásghadh. **"A mhic na Haigh Hó," arsa Fionn, an rí, "is tú an truagh!" "Ar na Haigh Hó," arsa Oisín, "cia b'fhearr liom-sa thusa bheith gan cú, mar tá gaol mic le máthair."**

D'imthigh an eilid ansin agus bhí sí 'g iarraidh Oisín do thabhairt léi i gcomhnuidhe. D'imthigh an draoidheacht dhí an nóimid ar maruigheadh Bran, agus d'iompuigh sí amach in a sgéimh áluinn ar ais arís. Thug sí fáinne do Oisín agus dubhairt sí leis am ar bith a mbeadh sé i ngéibheann agus ocras air dearcadh tríd an bhfáinne agus go mbeadh sé chómh líonta agus dá mbeadh a bhéile ithte aige. Chuaidh sí féin ar ais go Tír na hÓige, mar is ó Thír na hÓige tháinig sí — ó Thír na hÓige chuir a

---

<sup>1</sup> Chuaidh.

hathair go dtí an Fhian faoi dhraoidheacht í. Dubhairt sí le hOisín aire thabhairt do'n bhfáinne.

Bhí poll ionnruid<sup>2</sup> ag na Fiantaibh agus chuaidh Oisín ann. Leagadh sé an fáinne os cionn a chuid éadaigh nuair théidheadh sé amach ann. Chuir sise éan as Tír na hÓige. Bhuail sé gob ar an bhfáinne Agus rug leis é.

"Leig an fáinne as dò ghob nó brisfidh me 'chuile chnámh in do chorp!" Nuair chuir sé a chuid éadaigh air lean sé an t-éan.

"Nuair bhéarfas mise ort maróchaidh mé thú, muna bhfágaidh tú an fáinne do dhiaidh!"

D'imthigh an t-éan uaidh ag rith agus stopadh sí ó am go ham. Shaoil sé go mbéarfadh sé air, acht ní rug. Níor stop sé agus níor mhórchómhnuigh sé go dtug sé Oisín go Tír na hÓige.

Bhí sé annsin i dTír na hÓige agus ba mhór an fháilte do bhí roimhe ag a mháthair.

Chuaidh sé amach, lá, agus tháinig sé isteach i gceann a mháthar agus dubhairt sé léi gur mhothuigh<sup>3</sup> sé gáir seilge i nÉirinn.

"Bí do thost, a mhic, níl dadaidh in Éirinn acht dream beag daoine, agus an fear bheadh ar an gcnoc úd thall, mharóchadh sé thú le breim teinteáin" — sin é an gunna.

"Cá fhada anso thú?" ar sí le hOisín.

"B'éidir go bhfuil mé ann le trí ráithe," arsa Oisín.

"Tá tú i nGleann na hÓige le trí céad bliadhan."

"A mháthair, caithfidh mé dul go hÉire!"

"Seo srian duit agus gabh amach ar an tulaigh bháin, agus beithidheach ar bith thiucfas agus chuirfeas a cheann san srian tabhair é sin leat!"

Chuaidh sí amach ar an tulach agus an srian in a lámh. Tháinig pleibistín beag agus chuir sí a cloigeann insan tsrian.

"Trádadh (?) ort," arsa Oisín, "is iomdha beithidheach breágh ar an tulaigh bhfarras (bhfarradh?) thusa!" Thug sí ar ais é.

"Nois, " arsan mháthair leis, "nuair rachas tusa ar ais go hÉirinn, nuair leagfas tú bonnaí do chois ar an talamh tuitfidh tú do shean-

---

<sup>2</sup> "Céard é sin?" arsa mise. "A bathing place," ar seisean.

<sup>3</sup> mothaigh *i.e.* airigh, cluin.

sgramaire liath. Seo cuilt nó brat duit, agus caith an brat ar an talamh faoi do chosaibh, má thagann tú anuas de'n chapall.!"

Tháinig se go hÉire ar tráigh Eochaille<sup>4</sup> an taobh so de Shligeach. Casadh Pádraig leis agus gearrán bán agus sac salainn. Thuit siad i seanchas le chéile. Bhuail sé (i.e. Pádraig) an gearrán bán. Luigh an gearrán bán síos.

"Cá bhfios, a dhuine 'uasail, nach gcuirtheá lámh insan sac liom?" Chaith sé (i.e. Oisín ) an brat ar an talamh agus chuir sé suas an sac. Ní dheacaidh siad i bhfad gur ghlaoidh Pádraig arís gur luigh an gearrán air an dara uair. Thuirling Oisín agus sgar sé an brat, agus chuir sé an sac suas. An tríomhadh uair luigh an gearrán bán. Níor chuimhnigh sé an uair seo ar an mbrat do chaitheamh ar an talamh. Thuit sé 'n-a shean-sgramaire liath agus d'imthigh an bromachán abhaile go Tír na hÓige.

\* \* \* \*

D'imthigh sé le Pádraig annsin, agus thosaigh siad ag déanamh mainistreacha. Tháinig bliadhain dhaor orra, agus, ar seisean le Pádraig: "Dá ngeobtha 'uig Crom Dubh' — feilméar láidir do bhí i n-aice leo — " agus obair buailteóra fháil dó" [ go rachadh sé ann]. Rinne sé sin agus fuair sé [obair].

Fuaidh sé 'un na coille ag baint ádhbhair súiste. Bhain sé crann le h-aghaidh colapáin agus gearr-chrann le h-aghaidh buailteáin, agus crann eile le haghaidh an iall do'n tsúiste.

Tháinig sé abhaile le n-a shúiste agus dubhairt sé le Pádraig a chur in a shuidhe go moch, go rachadh sé ag bualadh. Dubhairt sé leis an ngasúr cruach fháil faoi réir dhó, agus an ceann a bhaint de. Sheas sé amach ó'n gcruaich agus chuir sé an cochan taobh agus an coirce taobh eile.

"Fóill! fóill!" arsa buachaill Chrom Dubh, ag rith isteach 'uig a mháistir, "mura mbeidh tú amuigh i n-am beidh an méid cruach atá san ngárrdha buailte ag an aon bhuailteóir amháin!"

Tháinig Crom Dubh amach. "Fóill! a Phádraig, shíl mise gur ceann go (de) do chuid buailteóirí féin do bheadh agad."

"Godé tá sé ráidht?" arsa Oisín le Pádraig. "Leig mise [chuige]! Is amhlaidh bhí sé in mo reacht-sa fear ar bith d'innseochadh bréag a chur de'n tsaoghal i gcuideachta."

---

<sup>4</sup> Labhair sé an t-ainm seo mar "O Helly" ar aon fhuaim le O'Kelly.

"Crapait sinn linn,"<sup>5</sup> arsa Pádraig, "agus beidh adhbhair bleithigh<sup>6</sup> againn!"

B'olc le Crom Dubh sin. Thug sé cuireadh go (do) Phádraig tigheacht i gcoinne tairbh a bhí aige, le haghaidh annlainn do'n arán. Bhí an tarbh chomh fiadháin sin gur shíl sé go maróchadh sé Pádraig.

D'imthigh Oisín agus Pádraig i gcoinne an tairbh. Nuair tháinig siad chun an gheata tharraing an tarbh orra. "Leig mise isteach!" arsa Oisín le Pádraig.

"Ó, geobhaidh mise isteach, a Oisín," arsa Pádraig. Thug sé amach a leabhar agus thosaigh sé a' léightheóracht, agus d'fhosgail sé an geata. Sheas an tarbh suas go rug Oisín ar greim adharc air. Chas sé a cheann agus bhris sé a mhúineál.

Thug siad abhaile an tarbh agus d'fheann siad é. Dubhairt Pádraig le Amhlainn<sup>7</sup> — ba í sin bean an tighe — gan cúilin nó cnáimhín do leigean amú, nó b'éidir go gcuirfeadh Crom Dubh stramp<sup>8</sup> orra, ar luach an tairbh.

Nuair shíl Crom Dubh an tarbh bheith ithe, chuir sé condas ar Phádraig i gcoinne an tairbh nó a luach; agus dubhairt Pádraig le Oisín na cnámha do chruinniú suas agus do chuir i mála. Fuaidh sé go Crom Dubh. Thug sé amach a leabhar. Thosaigh sé ag léightheóracht. D'éirigh an tarbh 'n-a shuidhe agus bhí sé seacht n-uaire níos crosta ná an chéad lá.

"Diabhal mo chroidhe, a Phádraig," ar Oisín, "gur maith í an leabhrín féin!"

Ní raibh Amhlainn ag tabhairt a sháith bidh d'Oisín. "Amhlainn," ar seisean, "gheobhainn-se ceathramha londuibh chomh mór le do cheathramha mairt, gheobhainn duilleóg eidhin<sup>9</sup> chomh mor le do shrofán<sup>10</sup> aráin, agus gheobhainn sruth (?) caoran chomh mór le do mhioscán ime!"

---

<sup>5</sup> i.e. "imthighimís as so" acht níl mé cinnte nach "crapuidh sin linn" i.e. cruinnigh agus beir an méid sin linn, do scríobh mé.

<sup>6</sup> "sin 'min'" adubhairt an sgéaluidhe.

<sup>7</sup> Labhair sé mar "Avlinn" é.

<sup>8</sup> trioblóid.

<sup>9</sup> Labhair sé mar "aighin" "eye-in" é.

<sup>10</sup> sin cáca.

"Sin rud nach féidir fháil!" ar sí.

Thug sé an gasún leis chun na coille, agus d'fhiafruigh sé de: "An bhfeiceann tú rud ar bith uait?"

"Feicim droichead, agus d'fheicfeá an domhan mór faoi, agus ní fheicfeá dadaí as (os) do chionn!"

"Tabhair mise ansin!" arsa Oisín.

Fuair sé fideóg ag bun an droichid, 'n áit ar fhág sé trí céad bliadhan ó shoin í. Shéid sé an fhideóg, agus dubhairt sé leis an ngasún: "An bhfeiceann tú dadaí a' teacht?"

"Feicim éanacha an domhain mhóir ag teacht."

Shéid sé an fhideóg arís. "An bhfeiceann tú aon rud eile a' teacht?"

"Feicim éan is mó 'ná iad uilig," arsan gasún.

"Tabhair leigean do'n gcú uirri!" arsa Oisín.

Thug sé. Rith an cú trithi. "Cabhl (cá bhfuil) an cú?" arsa Oisín. "Tá sí [a'] tigheacht ar ais arís."

"Seo ubhall, agus mur gcuireann tú isteach ar a béal é, maróchaidh sí le chéile sinn. Níl leath a sáith seilge aici fós."

"Ó, tá mo lámh ar crith," arsan garúr.

"Tabhair domh-sa an t-ubhall," arsa Oisín, "coinnigh mo lámh os coinne a béil, agus fuagair dhom nuair bhéidh i bhfoisgeacht an oiread so slata dhínn!"

Rinne sé sin. Chaith Oisín an t-ubhall léi agus mharbh sé an cú.

D'fheann siad an londubh agus thug siad ceathramha de'n londubh abhaile leo, agus duilleóg eidhin agus sruth caorthain do fuair siad ins an gcoill.

Nuair tháinig siad abhaile annsin 'uig Amhlainn: "Nach sin caora chomh mór le do mhioscán ime, agus duilleóg eidhin chomh mór le do srofán aráin, agus nach sin ceathramha londuibh chomh mór le do cheathramha mairt?"

"Seadh! go cinnte" arsa Amhlainn.

Tharaing Oisín an ceathramha londuibh, bhuail sé ar a ceann í, agus mharaigh sé í.

"Ó! Oisín, tuige (cad chuige) mharbh tú Amhlainn?" arsa Pádraig.

"Ó! a Phádraig, ba é an reacht le mo linn-se duine ar bith d'innseóchadh bréag a gcur de'n tsaoghal i gcuideachta."

Sin seanchus Oisín agus Pádraig.

\* \* \* \*

Fuaidh Pádraig agus Oisín in (chun) an tsléibhe, agus bhí Pádraig i gcómhnuidhe ag treorú Oisín agus ag caint leis faoi'n bhFian agus ag innseacht dó go raibh Fiana Éireann i n-Ifreann. Déaradh seisean i gcomhnuidhe le Pádraig:

Dá bhfeicinn-se do Dhia agus Goll

Ar an tulaigh údaigh thall

Déarfainn gur fear láidir Dia

"Dá bhfeicinn i n-íochtar Goll."<sup>11</sup>

"Deiligh<sup>12</sup> do chaint, a sheanóir shuairc

Goll 's a bhFéin (sic) tá i n-Ifreann na bpian

Agus Dia 'tá ag caitheamh na glóire."

"B'fhoras d'aithne gur sriannuigh<sup>13</sup> mo chiall nuair nach mbrisfinn ladracha<sup>14</sup> do ghéill."

Bhí faitheas ar Phádraig agus dubhairt: "Ó Oisín, ní raibh mé leat ach ag cráimh."<sup>15</sup>

Bhain Pádraig an radharc dé annsin!

Fuaidh siad 'un a' tsléibhe, lá, agus sháith Pádraig an tsleagh i gcois Oisín agus tháinig go leór de'n fhuil. Nuair chonnaic Pádraig an fhuil: "Oisín," ar seisean, "tuige nár fhreagair tú dham?"

"Ó, a Phádraig," ar seisean, "shaoil mé gur b'é an baisteadh bhí ann!"

"Oisín, tá tú baiste ó lá iniú go dtí lá an bhrátha! Sin é baisteadh fola, baisteadh uisge, baisteadh an tsagairt agus baisteadh spioradálta."<sup>16</sup>

---

<sup>11</sup> "Goll i n-íochtar" adubhairt sé. D'athruigh mise é chun rann do dhéanamh de.

<sup>12</sup> Labhair sé mar "Delly" é, agus saoilim go raibh an "d" leathan. Dubhairt sé gurab ionann é agus "hold your talk."

<sup>13</sup> Dubhairt sé arís gurab é "sriallaigh mé" an ceart, acht b'éidir gur ab é "saobhuigh" an focal.

<sup>14</sup> "sin cnámha," adubhairt sé.

<sup>15</sup> sin "ag magadh" adubhairt sé.

<sup>16</sup> sin "lay baptism," ar seisean.

## OISIN BORN OF A DOE IN CREMLIN\*

One fine sunny day the seven heavy battalions of Fionn encamped at the foot of Murrn, in the land of lakes: the son of Devvra sat on the top of a hill, looking over rocks and cliffs where there were only wild wolves and badgers: near him was Gaul son of Morni. Fifty strong men had charge of the hounds in leash: the hounds running at liberty were put under care of the hunters of Leinster and of Munster.

A hawk was making melodious sounds for the children of Ruanan who were led by Caoilte: the baying of the hounds in the woods drove the deer and wild beasts into the darkest shades and caves of the glens.

A young doe rose up in the chase: Fionn, the active white-handed hero, saw her beauty; he gave vehement chase and took her to be his wife.\* This lovely doe he shielded from the attack of hounds: he let her escape: his eye followed her as she bounded from bush to bush, till she reached Cremlin of the woody thickets.

There the doe remained till I was born amidst the branches, instead of a kid: by her side I ran like a kid, sucking my mother's milk, till I was seven years old: wild in the woods I ran till I was three times seven years old.

Boomin, the tuneful mother of Fionn, came into the woods to pluck berries: she ran to Fionn, and told him that in the thickets she had seen an animal like a red, wild man. All the Fenii gathered together, to find out the truth of the story which ran from man to man.

---

\* The scene lies in the west of Mayo: the places where the hounds were stationed, to prevent the escape of Oisín, are about the wildest and most beautiful in the whole kingdom: in Ogoul and Achil the views of the Atlantic, with its isles and storm-clad cliffs, are magnificent; whilst from the ridge of Lenane the rugged mountains, and deep, dark, lakes of Connemara are seen to great advantage.

\* *Took her to be his wife.* The doe is some fair lady bound by enchantment, but able, for a short time only, to appear to her lover in her natural figure. The enchanter in this instance permits her offspring to assume the human form: Bran was the daughter of Fionn by a lady who came to him as an enchanted hound, but the enchanter threw his spells over her as well as over her mother. Oisín was half brother to Bran, who, instinctively, found out the relationship when the hounds seized Oisín.



To prevent my escape they placed two hounds in Aughavilla, two in Aughavalla, two in Aughaghower,\* two in Ogoul near the sea, two on the ridge of Linane, two on the dizzy heights of Achil, two swift hounds on the hill of Tarramud, and at the foot of Binna they placed the son of Boovil, with his two swift dogs straining the leash. The melodious voices of the hounds roused the stately stags of Barraglanna, does, badgers, and boars of the glens stole away. At evening's hour they raised the spear to stop the chase: they rested their hunting spears on their shoulders: they slept in Thauver of much people.

At sunrise next day Fionn, in his hunting dress, followed his melodious hounds through the woody glens: they started me and the doe my mother: all day they chased us: when the sun went down I was tired: the hound Sheeve came up and caught me by the hair of my head: the doe left me, alone. Then came Shrocco in strong running, and took a sufficient hold of my back: Guntaugh seized me by the left side, and Creautaugh by the right: Fuiltaugh held me by the loin, and the hound Verran by the leg. Bran came running up, she was only nine months old and not yet strong in the chase: when she came up she began to lick my wounds, she was kind and gentle, she treated me well.

Caoilte was the first hunter who came to me; after him all the Fenii; they led me by the hand to Fionn. When the son of Cumhal felt the strength of the bones of my arms he said, "These arms and hands are like those of the children of Baoisgne."

Then the Fenii came round in friendship: they brought shears: they sheared me from head to foot: they washed me, and put clothing upon me in place of the coarse hair which covered me before. Fionn and all the Fenii taught me to speak. Thus was I born in Cremlin of the shady thickets.

---

\* *Aughaghower*. In this place, three miles from Westport, there is a fine round tower, covered to the top with ivy of the most luxuriant growth: near to the tower is a *holy-well*. Directly at the base are the ruins of an abbey, very old.

## OISÍN

Lá dá raibh mná Fianta Éireann amuigh ag siúl chonaic siad fear fiáin sa gcoill. Nuair a tháinig siad abhaile dúirt siad go raibh airgtheach sa gcoill nó madra allta agus ná gabhfadh siad amach ní ba mhó go ndíbreodh siad as an gcoill é. Ansin chuaigh Fionn is Fianta Éireann amach is a gcuid con leofa ag seilg. Tháinig siad ar an bhfear fiáin sa gcoill. Leig siad a gcoin ina dhiaidh. Nuair a tháinig na coin suas leis rug siad ar greim fionnaidh. 'Go dtáinig liom cú Finn, Bran' ar seisean. 'Ansin gur bhuail sí le trombhuille mhór dá slis gur sháigh sí mé anonn ar greim láimhe Finn. Go dtug siad isteach mé gur chuir siad scian bhearrtháí orm ó mhullach mo chinn go dtí mo dhá bhonn (ó mo thrácht go dtí mo bhonn, *aliter*); go dtug siad mé in oideas is i gcaint (nó i dteagasc is i léann).'

Bhíodh máthair Oisín leathbhliain ina fia agus leathbhliain ina bean. Bhí sí ag teacht chuig Oisín san oíche i ngan fhios do Fianta Éireann. Fuair siad amach go raibh sí ag teacht agus dúirt siad go ndíbreodh as an gcoill í. Chuaigh Oisín chuici ansin agus dúirt léi mar seo:

'A eilid [...],' ar seisean, 'fág an sliabh!'

'A mhic an fhia<sup>1</sup> go té ngabhfadh mé as? Muna dtéim sa spéir thuas nó sa dtalamh thíos níl dul agam ó luas Bran.'

Ansin an lá a chuaigh amach ina dhiaidh lig siad na coin ina diaidh agus nuair a bhí na coin ag tíoct suas léi ní fhaca sí bealach ar bith le n-imeacht ach amach idir dhá chois Oisín, a mac. Bhí Bran ag tíoct suas léi agus ag dul amach idir dhá chois Oisín agus ag dul amach dhí d'fháisc sé a ghlúin uirthi agus níor fhág sé greim chraicinn ó dhá chluais go dtí a ruball.

'A mhic na heilide,' arsa Fionn, 'tuige ar mharaigh tú an cú?'

'A fhear na heilide,' ar seisean, 'go deas a ligfinn mo mháthair a mharú!'

Má bhí Oisín ina mhac ag an eilid, bhí Fionn ina fear aici.

<sup>1</sup> 'A mhic an ngiabh (?)' atá ag an mbailitheoir. Glacaim leis go bhfreagraíonn sé sin do 'a mhic an fhiadh' agus gur fhuaimnigh an scéaláí *-dh* stairiúil mar *-bh*; féach nótaí le rann 77b, eagrán tacair C/S.

## SCÉALTA BEAGA FIANNAÍOCHTA\*

Oisín agus an Eilid

Bhí Fionn mhac Cumhail agus na Fiannabh lá ag seilg, agus bhí Oisín, ón Eilid a tháinig sé<sup>1</sup>, agus b'e Fionn mac Cúmhail ... a trú é.<sup>2</sup> Ba é a athair é, agus scaoil sé an cú, Bran. Bhí an cú ba luaiche sa domhan aige, Bran, agus scaoil sé in éis an eilid í.

Rith an eilid, agus chuaigh sí ar chúl Oisín. Dúirt Oisín léithi:

'A Eilid choslom,<sup>3</sup> fág an sliabh'  
 'A Mhic na gciabh<sup>4</sup> cé rachad as?  
 Mur dté mé sa spéar suas ná sa talamh síos,<sup>5</sup>  
 Ní imeod lé luas [ar] Bhran.'

Tháinig Bran ina déidh, agus chóigh an eilid ar chúl a mic. Scar sé a dhá chois, agus thug an cú iarraidh amach eadair a dhá chois. D'fháisc sé a ghlúine lena chéile, agus chuir sé de léim amach as a craiceann í.

Lig sí trí screada báis,  
 A chuirfeadh an saol uiliug go léir in uafás.

Nuair a tháinig Fionn suas go dtí [iad] choinic sé a chú marbh,

'A Mhic na hEilide, tuige ar mharaigh tú mo chú?'  
 'A Fhear na hEilide, is tú a trú.'

\* Chuir Pádraig Ó Moghráin, an té a bhailigh an leagan seo, na nótaí seo a leanas leis. Is ionann AÓ L aige agus Antaine Ó Loingseacháin — an scéalaí a d'inis an scéal.

<sup>1</sup> .i. ba eilid a mháthair. cf *Fianaigeacht* l. xxvi.  
 'co ndernad Oissíne de ri Blái nDeirgg i rricht eilte.'

<sup>2</sup> = 'a thnúth é', is dóigh, sé sin, b'é a athair é.

<sup>3</sup> 'chos-luath' (?)

<sup>4</sup> 'Sé sin, a mhic a bhrollaigh.' (AÓL)?

<sup>5</sup> B'fhéarr 'sa talamh síos ná sa spéar thuas.'

Tuige ar lig tú í [ar] mo mháthair?  
Is fearr liom ná fios mo shaoil,  
Do chú fheiceáil sínte siar gan láthair  
Agus an eilid choslom a bheith as baol,  
Mur is ionann gaol mac le máthair.'

*Well* bhí rí anseo in Éirinn agus bhí iníon aige. *Well*, thagadh fear ar cuairt chuig an iníon. Ní raibh a fhios ag an rí go raibh an fear seo ag tíocht ann chor ar bith, agus is éard a bhí ann fear de na Fiantaí. *Well*, ins an deireadh chualaidh an rí go raibh a léithide ag tíocht ann. *Well*, chuir sé faire air agus má chuir féin<sup>1</sup> — bhí na saighdiúirí ag fairiú air — d'airigh siad ag imeacht é, ach ní raibh aon fháil acu air. Ní raibh siad in ann choinneál suas leis. *Well*, uair dá dtáinig sé, d'fhair siad é, agus má d'fhair féin d'imigh sé i ngan fhios daofa. *Well*, leanadar é scathamh fada agus bhí sneachta ar an talamh. *Well*, d'imigh sé uathu agus nuair a cheap sé nach nach raibh aon fháil acu air agus go raibh sé fada go leor uathu sheas sé suas le crann ins an gcoill ag ligean a scíth. Thit sé ina chodladh agus é leagtha in aghaidh an chrainn. *Well*, lean na saighdiúirí a lorg sa sneachta agus bhí sé ina mhaidin nuair a tháinig siad chomh fada leis agus é ina chodladh ina lúf in aghaidh an chrainn. *Well*, bhain siad an ceann dó i ngan fhios dó — níor airigh sé ag tíocht iad. Ar aon nós, d'fhágadar ansin é agus é marbh. *Well*, faoi cheann scathaimh bhí iníon an rí ag iompar ó dhuine de na Fiantaí. Ach nuair a rugadh an chlann, bhí seanbhean ag obair ins an teach, thug siad an páiste don tseanbhean agus airgead lena thógáil. *Well*, d'imigh an tseanbhean scathamh ón áit. Ní raibh a fhios ag an rí — bhí tuairim aige dhó — ach ní raibh a fhios aige chuile shórt faoi. *Well*, an fhad agus a mhair an t-airgead thóg an tseanbhean an páiste agus nuair a bhí an t-airgead caite fuaidh<sup>1</sup> sí ag cruinniú fataí dhó fud na tíre. *Well*, d'fhan sé ansin, é féin agus an tseanbhean, go raibh sé ocht déag nó naoi déag de bhliantaí. *Well*, bhí an tseanbhean tuirseach ag cruinniú dhó agus í ag éirí sean.

'*Well* anois,' a deir sí, 'tá mé go do thóigeál leis an fhad seo agus ní a fhios agam fós cén t-ainm atá ort. Caithfidh tú dhul anois chomh fada leis an rí agus ní bhaistfíor<sup>2</sup> thú gan an rí ag tabhairt ainm ort. Agus b'fhearr dúinn imeacht anois amáireach agus rachaidh mé in éineacht leat.'

D'imigh sé féin agus an tseanbhean ar maidin go dtáinig siad chomh fada leis an rí. Bhí lá breá gréine ann agus bhí na saighdiúirí amuigh ar aghaidh an doras mór ag an rí ag bualadh báire dhaofa féin agus an rí ina shuí ar na staighrí ag breathnú orthu. Nuair a chonaic an

<sup>1</sup> fuaidh = chuaigh

<sup>2</sup> ní bhaistfíor = ní bhaistfear

féar óg na fir ag dul thrína chéile, d'éirigh a intinn féin agus isteach leis thrí na fir. Bhí sé ag leagan na saighdiúirí agus dá gcaitheamh faoi agus thairis léir mar bhí sé ag tíocht suas leofa. Bhí an rí ag féachaint air.

'Níl a fhios agam,' a deir an rí, 'cé hé an t-ógánach fionn atá ag cúl mo chuid fear dá leagan.'

'Siúil leat go beo!' a deir an tseanbhean. 'Fionn mac Cumhaill atá ort,' a deir sí. 'Siúil leat go beo!' a deir sí.

D'iompaigh sé amach ó na fir agus d'imigh leis féin agus leis an tseanbhean. Chuir an rí na saighdiúirí ina dhiaidh. Nuair a chonaic sé na saighdiúirí ag tíocht suas leis an tseanbhean — ní raibh sí in ann rithe — rug sé ar ghreim dhá chois uirthi agus chaith sé siar ar a dhroim í agus d'imigh leis thrí sceachaí, droighneogaí, creigreachaí — an t-arm ina dhiaidh, gur imigh sé uathu. Nuair a fuair sé é féin imithe, sheas sé go leagfadh sé anuas an tseanbhean. Ní raibh aon ghreim den tseanbhean aige ach an dá lorga a raibh greim aige orthu. Bhí an chuid eile dhi scuabthaí, stialltaí, stróicthí ag driseachaí agus droighneogaí agus creigreachaí léir mar a bhí sé ag imeacht. *Well*, chaith sé an dá lorga ansin. *Well*, ní raibh a fhios aige ansin céard a dhéanfadh sé. Ní raibh aon áit le dhul aige. *Well*, d'imigh sé leis ag siúlóid dó féin le taobh na farraige agus i gcionn scathaimh den oíche bhí sé ag dul thar bothán beag. D'fhéach sé isteach ann. Ní raibh duine ná deoraí ansin ach tine dheas thíos agus an teach gan aon duine ann. Dhá iascaire a bhí amuigh leis an rí, ag iarraidh a bheith ag gabháil iasc — aon iasc amháin — agus dá bhféadfadh siad é sin a fháil, té d'íosfadh é sin bheadh fios aige. Isteach leis agus bhí coirnéal eicint ins an mbothán nach raibh aon solas ann le feiceál agus luigh sé síos ann go gcuirfeadh sé an oíche thairis. I gcionn scathaimh den oíche tháinig an dá iascaire isteach, an t-iasc acu gafaí. Bhíodar ina dhiaidh le chúig bliana roimhe sin. Leagadar suas an t-iasc ar phláta go cúramach agus fuaidh siad a chodladh. Nuair a fuair Fionn ina chodladh iad, d'éirigh sé agus tharraing sé amach an tine dhó féin. Bhí ocras air agus leag sé an t-iascín trasna ar na splancrachaí. *Well*, nuair a cheap sé amach go raibh an taobh in aice leis an tine róstaí chuir sé a lámh dhá iompó. Agus bhí puchóid mhór ar taobh an iascín, fuaidh a ordóg isteach ann agus dhóigh sé é. Agus nuair a d'airigh sé an mhéar dhá dó sháigh sé suas ina bhéal í. *Well*, d'fhan sé go raibh róstaí ar an taobh eile agus amach leis — thug sé leis an t-iasc agus d'ith sé é. *Well*, bhí fios aige; chuile uair a chuireadh sé a ordóg ina bhéal bhaineadh sé fios aisti. Agus níor stop sé go dtáinig sé go Cruimlinn na Séad, go dtáinig sé isteach chuig na Fiantaibh. *Well*, bhí sé

ina fhear bhreá óg. Chuireadar culaith bhreá éadaigh air agus ghléasadar suas é agus dúirt siad nach raibh fear ar bith is fearr a bheadh in ann a bheith ina cheann orthu ná Fionn, dá dtagadh sé ann. Agus dúirt Fionn go dtiocfadh. *Well*, ní dhéanfadh siad aon cheo gan comhairle Fionn agus mhéadaigh sé suas; rinne sé fear breá — chomh mór le ceathrar de na Fiantaí.

*Well*, bhí go maith. Bhí cailín ansin i gCruimlinn na Séad agus rinne Fionn suas léi agus bhí sí i dtrioblóid uaidh. *Well*, nuair a chonaic Fionn go raibh, chuir sé a ordóg ina bhéal agus changail sé í go smior agus bhain sé fios as an ordóg. Níor mhaith le Fionn go mbeadh sé le rá leis, mar mac suirí a bhí ann féin, go mbeadh mac suirí ag aon bhean uaidh. Fuair sé slat draíochta agus bhuail sé buille ar an gcailín agus is éard a rinne sé dhi isteach fud na coille fia gheal. *Well*, d'fhan sí istigh ins an gcoill ina fia gur rugadh Oisín. *Well*, thóg sí Oisín ina pháiste — é ag rithe in éineacht léi — go raibh sé ina fhear, agus ar ball go raibh sé chomh mór le ceathrar de na Fiantaibh. *Well*, bhí an fia i gcónaí in éineacht leis. Ní raibh aon snáithe éadaigh air. Níor cuireadh air ariamh.

*Well*, bhíodar ag fiach ansin lá — na Fiantaí — fud na coille agus na cúití acu agus nuair a tháinig siad ins an áit a raibh Oisín agus an fia — bhí an fia ag éirí sean, ní raibh sí in ann rithe go maith. Bhí na cúití ag teacht suas leis an bhfia. *Well*, bhí sí tuirseach agus b'éigean di seasamh agus sheas Oisín idir an fia agus na cúití agus cú ar bith a thiocfadh suas le breith ar an fia scaoileadh Oisín an cú amach idir a dhá lorga — agus bhí dhá lorga air chomh crua le dhá phíosa iarainn — ní fhágfadh sé rúinne fionnach orthu agus é ina sheasamh eatarthu go dtáinig na Fiantaí agus Fionn suas leofa.

'*Well*, is mór an fhearg a chuirfeadh sé orm,' a deir Fionn, 'an íde atá ar na coileáin.'

'*Á Well*, cogair,' a deir Oisín, 'cér fhág tú grá mac le máthair?' Sin é an chéad fhocal a chuala siad — aon duine — Oisín ag labhairt ariamh.

*Well*, thug siad abhaile Oisín agus bhuail Fionn buille den tslat ar an fia agus rinne sé bean ar ais di. Tuagadh abhaile Oisín. Níodh agus glanadh é agus bearradh é agus chuir siad culaith éadaigh air mar a bhí ar cheachtar acu féin agus ní raibh aon fhear i gCruimlinn na Séad ba bhreátha ná Oisín. *Well*, bhíodh sé amuigh ag spóirt agus ag fiach in éineacht leofa. Agus bhí an fia ina seanbhean i gCruimlinn na Séad mar a bhí sí an chéad lá ariamh.

*Well*, chualaidh iníon Rí Thír na hÓige go raibh a leithide de dh'fhear i gCruimlinn na Séad agus bhí póna bán aici agus fuaidh sí ar marcaíocht ar an bpóna bán agus níor stop sí agus níor mhórchónaigh sí go dtáinig sí go hÉire, go Cruimlinn na Séad. Bhíodar amuigh sa bpáirc ag spóirt dhaofa féin nuair a thuirling sí, nó nuair a tháinig sí chomh fada leofa. Agus tháinig sí suas díreach ins an áit a raibh Oisín agus d'iarr sí ar Oisín an bpósfadh sé í: dhá bpósfadh go dtiúrfadh sí léi é go Tír na hÓige. *Well*, nuair a fuair sé an tairiscint bhí an oiread de lúcháir air gur phléasc sé chuile shnáithe éadaigh dá raibh air leis an lúcháire a tháinig air. Fuaidh sé ar marcaíocht ar an bpóna bán, taobh thiar di, agus níor stop sí agus níor mhórchónaigh sí go dtug sí Oisín léi go Tír na hÓige. *Well*, pósadh Oisín agus iníon Rí Thír na hÓige le chéile agus d'fhan sé ansin. Bhí beirt mhac ann — iad suas ina bhfir — agus tháinig sé de bhrionglóid chuige san áit san oíche agus é ina chodladh, go mb'ait leis a dhul go hÉire arís. Bhí sé ag inseacht an scéal ar maidin dhaofa agus iad ag an mbricfeasta.

'*Well*, má théann tú go hÉire,' a deir an bhean, 'ní thiocfaidh tú ar ais go brách. Níl aon duine de na Fiantaí in Éirinn anois. Níl aon duine acu ina gcónaí i gCruimlinn na Séad. Níl aon cheo in Éirinn romhat anois ach luaíocht agus paidreachaí.' Bhí Naomh Páraic in Éirinn an t-am sin 'An bhfuil a fhios agat anois,' a deir sí, 'cáid anseo thú?'

'Níl a fhios,' a deir Oisín.

'*Well*, tá tú anseo anois,' a deir sí, 'le dhá chéad bliain. Ach más breá leat a dhul ar ais ar cuairt,' a deir sí, 'féadfaidh tú an póna bán a thabhairt leat agus tiúrfaidh mise brat dhuit le cuir faoi do chosaí má thuirlingíonn tú ar an talamh. Nó má sheasann tú ar thalamh na hÉireann gan an brat faoi do chosaí ní thiocfaidh tú ar ais go brách.'

D'imigh leis agus thug sé leis an brat agus an póna bán.

'Agus mur dtaga tú ar ais cuir an tsrian suas ar mhuneál an phóna bán agus tiocfaidh sí féin abhaile.'

D'imigh leis agus tháinig sé go Cruimlinn na Séad. Agus nuair a tháinig ní raibh teach ná cleath roimhe ansin, ná Fiantaí — rud ar bith ag fás ann ach neantóg. Bhí sé dhá thriugh dhéag ar airde. Agus bhí sé ag siúl leis agus cé casfaí leis ach Naomh Páraic agus dhá aspal déag in éineacht leis agus iad i reilig agus iad ag athrú cloch le cuir os cionn duine a bhí curthaí ann. Nuair a chonaic siad an fear mór ag tíocht, ag marcaíocht ar an bpóna bán, sheasadar ag féachaint air. Nuair a tháinig sé chomh fada leofa d'iarr siad air an dtiúrfadh sé lámh dhaofa leis an leac a athrú. Dúirt



sé leofa go dtiúrfadh. Dheasaigh sé an póna bán ina aice leis agus rug sé ar choirnéal den chloch agus thug leis í gur leag sé í ins an áit a raibh sí le dhul. Agus leis an spreacadh a bhí ann agus an meáchan a bhí sa gcloch bhris an giorta a bhí ar an diallaid agus tháinig Oisín anuas ar an talamh agus ní raibh aon bhrat faoina chosaí. Bhí sé ina sheanfhear críon liath, gan siúl, gan aistear, gan pioc. Chuir sé an tsrian suas ar chloigeann an phóna bán agus fuaidh an póna bán ar ais.

Bhí sé féin agus Naomh Páraic ag caint. D'fhiafraigh Naomh Páraic dhó cé a bhí ann. D'inis sé dhó, go raibh sé i dTír na hÓige le dhá chéad bliain, go dtáinig sé ar cuairt go Cruimlinn na Séad.

'Níl aon duine ann,' a deir sé, 'ach neantógaí. Cé ndeachaigh siad?' a deir sé le Naomh Páraic.

'Well, ', cailleadh iad,' a deir Naomh Páraic.

'Well, cé ndeachaigh Goll?' a deir sé

'Well, cailleadh Goll,' a deir sé

'Agus cé ndeachaigh sé?'

'Well, tá Goll in Ifreann,' a deir Naomh Páraic.

'Well, chreidfinn anois thú,' a deir sé, 'ar úirt tú liom, meireach sin. Dhá mbeadh Goll in Ifreann,' a deir sé, ' bhéarfadh sé an diabhal agus Ifreann leis ar a dhroim shul ná d'fhanfadh sé ann.'

'Well, tá sé ann,' a deir Naomh Páraic. 'Well, a deir Naomh Páraic, 'an mb'ait leat thú a bhaisteadh?'

Well, ní raibh sé ag tabhairt aon aird air. Thit sé ina chodladh — chuir Naomh Páraic codladh air — agus thit sé ina chodladh. Agus nuair a bhí sé ina chodladh fuair sé amharc ar na Flathais. Well, nuair a dhúisigh sé suas:

'Well, anois, ' a deir sé le Naomh Páraic. 'baist mé.'

Well, bhí sleá ag Naomh Páraic ina láimh agus chuir sé an tsleá ina sheasamh sa talamh agus tharraing sé amach leabhar go mbaistfeadh sé Oisín. Agus cé gcuirfeadh sé an tsleá ach síos thrí through coise Oisín agus nuair a d'fhéach sé thart bhí an talamh dearg le fuil.

'Cá bhfuil an fhuil ag tfocht as?' a deir Naomh Páraic.

'Tá an fhuil ag tfocht as mo chos,' a deir Oisín.

'Well, tuige?' a deir sé.

'Chuir tú an tsleá thrí through mo choise,' a deir Oisín.

'Well, tuige nár fhuasaigh tú é?' a deir Naomh Páraic.

'Well, bhí leisce orm labhairt,' a deir Oisín, ' shíl mé gur cuide den baisteadh é.'

Bhaist Naomh Páraic Oisín agus thug sé leis é ins an teampall — teach pobail — ba goire dhó. Agus cailleadh Oisín. Chuaigh sé ina cholm gheal go dtí na Flathais agus d'fhág Naomh Páraic ansin i dteach an phobail gur cuireadh cónra ar Oisín agus gur cuireadh é. Agus sin é ariamh ar baisteadh — aon fhear amháin a dtugaidís Oisín air i ndiaidh na Féinne.

Mac eilide a bhí in Oisín. Cuireadh bean faoi dhraíocht agus rinneadh eilid di. Bhíodh sí ina heilid ar feadh seacht mbliana agus ansin bhíodh sí ina bean, agus ina heilid arís go ceann seacht mbliana. Tháinig Fionn mhac Cumhaill salach uirthi nuair a bhí sí ina bean. Rug sí mac óg agus d'fhága sí an mac sa mbeálach a dtug Fionn abhaile é. Thóig Fionn mhac Cumhaill é nó go raibh sé ina fhear óg. Nuair a d'éirigh sé suas ina fhear óg ansin bhíodh sé ag imeacht ag fiach leis an gcuid eile de na Fiannaí. Bhí faitíos ar Fhionn mhac Cumhaill ansin go mbeidís dhá chasadh leis go ndearna sé a sheal féin den bhean agus ba mhaith leis an eilid a mharú. Agus thug sé na Fiannaí uilig amach leis go maraíodh siad í. Rinne sé sconsa ansin de na Fiannaí i riocht agus nach bhféadfadh an eilid imeacht uathab. Agus thugadar na confairt amach lób. Nuair a bhí na confairt ina diaidh ansin rinne sí ar a mac, rinne sí ar Oisín. D'oscail Oisín a dhá chois agus lig sé amach idir a dhá chois í.

'A mhic na heilide,' a dúirt Fionn, 'cén chiall duit,' a dúirt sé, 'an eilid a ligean amach?'

'Is mó an t-iontas,' a dúirt Oisín, 'thusa a bheith i t'fhear aici ná mise a bheith i mo mhac aici.'

Bhuail an t-athair leidhce air agus beag nár bhain sé an ceann de. Chóigh Oisín chomh fada leis an seanfhear glic ansin agus d'inis sé don seanfhear glic go raibh sé féin agus a athair ag titim amach le chéile agus nach ngabhfaidh sé leis an athair níos mó.

'Téirigh chuig a leithide seo de loch,' a dúirt an seanfhear glic, 'agus beidh trí eala ann as Tír na hÓige,' a dúirt sé, 'amuigh ag snámh ar an loch. Faigh greim ar a gcuid éadaigh,' a dúirt sé, 'agus nuair a thioctas siad isteach as an loch, tabhair a gcuid éadaigh don bheirt eile,' a dúirt sé, 'agus abair leis an gceann is óige nach dtiúrfaidh tú an t-éadach di go dtuga sí go Tír na hÓige thú.'

*Well*, d'imíodar uilig ach an ceann is óige. Bhain sé gealladh di nach dtiúrfadh sé an t-éadach di go dtugadh sí go Tír na hÓige é. Agus thug sí léi é. *Well*, nuair a bhí sé trí chéad bliain i dTír na hÓige dúirt sé go dtiocfadh sé ar ais go hÉirinn.

'Cáil tú ag dul?' a dúirt an bhean, a dúirt sí. 'Níl teach ná áras ansin romhat,' a dúirt sí, 'anois, ach trom agus neantóg.'

Ach ní chreidfeadh sé í, ní thiúrfadh sé isteach go raibh sé amlaidh. Thug sí capall dó ansin agus dúirt sí leis dá leagfadh sé a chos ar an talamh, nó dá dtagadh sé anuas de dhroim an chapail, go dtitfeadh sé críon liath ar an talamh; ach gan scaradh leis an gcapall agus go dtiúrfadh an capall ar ais aríst é.

Bhí Oisín ag tíocht ar an mbealach agus casadh fear dó le mala mine ar dhroim asail. Agus sciorr an mála mine de dhroim an asail agus d'iarr sé ar Oisín, dá mbadh é a thoil é, lámh a chur sa mála agus é a chur suas arís dó. Buachaill Naoimh Pháraic a bhí sa bhfear seo. Rug Oisín ar an mála agus chaith sé chomh tréan é agus gur chaith sé an taobh eile den asal é — isteach sa trinse. Ní raibh sé de rath ar an bhfear an mála a thóigeáil as an trinse arís agus thosaigh sé ag caoineachán. Chaith Oisín agus d'ísligh sé den chapall go dtóigeadh sé an mála as an trinse. Agus nuair a d'ísligh sé tháinig an aois in aon mheall amháin gur dearnadh dall de. Chóigh an buachaill chomh fada le Naomh Páraic agus d'inis sé dó faoin bhfear a bhí ar an mbóthar. Thug an buachaill abhaile é chuig Páraic agus chóigh Páraic dhá bhaisteadh le faitíos go gcaillfí é. Chóigh an cailín ag coinneáil an tsolais dóibh nuair a bhí sé dhá bhaisteadh agus sháigh sí an coinnleoir i dtroigh choise Oisín. Agus, nuair a bhreathnaigh Páraic, chonaic sé an t-urlár faoi fhuil uilig go léireacht. D'fhiafraigh sé de Oisín cén fáth nár labhair sé nuair a bhí a chuid fola ag tíocht.

'Ó, a Pháraic,' a dúirt sé. 'nach cuide den bhaisteadh é?'

'Ó!' a dúirt Páraic, 'beidh tusa slánaithe cébra rud a dhéanfas an chuid eile de na Fiannaí,' a dúirt sé.

Bhí an dearg-ghráin ag an gcailín ar Oisín agus creidim go raibh sí ag iarraidh é a chur den tsaol.

FOINŚÍ

FOINŚÍ BÉIL

LEABHAIR AGUS AILT

## FOINSÍ BÉIL

Seo a leanas tagairtí do na foinsí béil uilig a cheadaíos ar thóir eolais dom faoi Oisín agus faoi Bhran. Tagraítear, go hiondúil, do na foinsí foilsithe i dtús báire, agus do na cinn neamhfoilsithe i gCartlann Bhéaloideas Éireann, Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollcoile, Baile Átha Cliath, ina ndiaidh. Is ionann CBÉ agus lámhscríbhinní i bpríomhbhailiúchán Chartlann Bhéaloideas Éireann, agus is ionann CBÉS agus lámhscríbhinní i mBailiúchán na Scoileanna (1937/8) sa chartlann sin. Luaitear na faisnéiseoirí i gcló trom. Teidil idir uaschamóga mar atá sna foinsí.

### CO. BHAILE ÁTHA CLIATH [BÁC]

- 1 CBÉS 783: 63-5 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**'From local people':**  
John Casey, Scoil Ring, Baile an Ridire, 1938.

### CO. CHILL MANTÁIN [CM]

- 1 CBÉS 917: 401-2 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Statia Fortune** (46), Áth na mBó.  
Máire Fairsing, Scoil Ghleann Dá Loch, 1938.

### CO. CHILL CHAINNIGH [CC]

- 1 Banim 1821, v-vi; 1869, 78 *A tradition ... which I recollect to have heard in early childhood* [Baisteadh Oisín]:  
Luaite ag John Banim sna nótaí a chuir sé le *The Celts Paradise in Four Duans*.
- 2 Dunne 1850, 350 *Iverk version of this tradition* [Seilg Dheireanach Oisín]:  
Mr Fogarty a sholáthair d'eagarthóir *Transactions of the Kilkenny Archaeological Society*.
- 3 CBÉS 855: 7-8 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Mrs Muldowney** (38), Grovine.  
Scoil Naomh Fiachra, Paróiste Naomh Pádraig, Shillelogher, 1938.

- 4 CBÉS 860: 183 'Conán Maol':  
Mrs Walsh, Rathcash, Clifden.  
Ena Walsh, Scoil Gowran, 1938.
- 5 CBÉS 860: 184-5 Gan teideal, i mBéarla [= 'Melusine']:  
Mrs Rudkins (82), Gowran.  
Hannah Denieffe, Scoil Gowran, 1938.
- 6 CBÉS 860: 184-5 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
Mrs Harding, Gowran.  
Brigid Jordan, Woodquarter, Gowran.

CO. NA HIARMHÍ [IM]

- 1 CBÉS 742: 338-9 Gan teideal, achoimre ar LO agus seanchas breise  
faoi Oisín agus Aill na Míre in Uisneach, i mBéarla:  
Tom Glennon (39), Croughal.  
Christy Scally, Scoil Loughanvally, 1938.

CO. NA MÍ [M]

- 1 CBÉS 691: 199 Achoimre ar Kennedy 1866 faoi Bhran, i mBéarla:  
Patrick Boyle, Kilmessan.  
Noel O'Brien, Scoil Kilmessan, 1938

CO. PHORT LAIRGE [PL]

- 1 Ó Milléadha 1936, 'Oisín':  
241 Tomás Ó Foghludha (62), An Cnoc Maol, Béal na  
Molt.  
Pádraig Ó Milléadha, 1934-1936
- 2 CBÉ 87: 132-7 'Scéal Naomh Pádraig':  
= Mac Neill 1962, Gearóid Tóibín (60), Cill an Fhuarthain.  
537-8, 544-5. Tomás Ó Faoláin, 1934.
- 3 CBÉ 152: 21-7 'Oisín agus Naomh Pádraig':  
Bean Uí Mhuirithe (88), Helbhic.  
Nioclás Breathnach, 1935.
- 4 CBÉ 152: 369-77 'Tír na nÓg':  
Micil Paor (60), Cnocán Rua, Déise.  
Nioclás Breathnach, 1936.

- 5 CBÉ 184: 9-16 'Oisín':  
**Tomás Treo** (71), Baile Uí Bhrása, Na Déise.  
 Nioclás Breathnach, 1936.
- 6 CBÉ 184: 213-5 'Oisín':  
**Muiris Cúnún** (65), Baile na Móna, Déise.  
 Nioclás Breathnach, 1936.
- 7 CBÉ 225:90-2 'Tuirling d'Oisín ó Thír na nÓg':  
**Muiris Ó Floinn** [gan sonraí].  
 Seoirse de Búrca, 1935.
- 8 CBÉ 259: 218-26 'Oisín':  
**Seán a Gearailt** (60), Mogheite, Déise.  
 Nioclás Breathnach, 1936.
- 9 CBÉS 648: 146-7 Achoimre ar LO, i mBéarla.  
**Josephine Dunphy**, Grawn, Kilmacthomas.  
 Scoláire as Clochar na Trócaire, Cill Mhic Thomáis a  
 scríobh, 1938.

#### **Bran**

- 10 CBÉ 184: 'An Chú Dhubh':  
**Micil Paor** (64), Curra Chinn, Déise.  
 Nioclás Breathnach, 1936.

#### **CO. CHORCAÍ [CO]**

- 1 Walsh 1836 'Legend of Ossheen the son of Fionn':  
 E. W. (=Edward Walsh) a sholáthair.
- 2 O'Daly 1859, 292-3 'Legend of the Grey sheep's Cave at Coolagarronroe,  
 near Kilbenny':  
**William Williams** a sholáthair i litir do Sheán Ó  
 Dálaigh, 1858.
- 3 Ó Lubhaing 1935, 'Ruchar Daill fé Aill':  
 292-3 **Pádraig Ó Ceocháin** (60), Fearann Fada, Cum  
 = Sheola. Beantraí.  
 CBÉ 44: 149-50 Micheál Ó Lubhaing, 1933.



- 4 Ó Cróinín 1985,  
a) 383;  
b) 384;  
c) 384-6;  
d) 390
- a) 'Oisín i dTír na nÓg';  
b) 'Oisín agus Naomh Pádraig';  
c) 'Oisín agus an Cailín Aimsireach';  
d) 'Oscar in Ifreann'.  
**Sean Ó hAo, Cairbre.**  
Seán Ó Cróinín, 1933-40.
- 5 CBÉ 46: 253-60
- 'Oisín i dTír na nÓg':  
**Domhnall Ó Laoghaire (72), Ceann Coille, Drom Dá Liag.**  
Seán Ó Briain, 1934.
- 6 CBÉ 88: 197
- 'Oisín agus Naomh Pádraig':  
**Peig Ní Shíothcháin (70), Oileán Cléire.**  
1930.  
Máire Ní Chéileachair, 1933.
- 7 CBÉ 88: 242-4
- 'Sgéal Fiannaidheachta':  
**Micheál Ua Fuaráin (86), Doire na Sagart, Baile Mhúirne.**  
Máire Ní Chéileachair, 1933.
- 8 CBÉ 93: 300
- Athinsint ar LO, agus Baisteadh Oisín:  
**Bean Uí Liatháin**  
Máire Ní Dhabhoireann, 1933.
- 9 CBÉ 513: 331-3
- 'Gleann Oisín':  
**Gearóid de Róiste (30), Baile an Locha, Baile an Daingin.**  
Liam S. Ó hIcidhe, 1938.
- 10 CBÉ 514: 129-31
- 'Oisín i dTír na nÓg':  
**Seán Ó Mathghamhna (18), Túirín Dubh, Baile Deasmhumhan, Dúiche Ealla.**  
Diarmaid Ó Mathghamhna, 1938.
- 11 CBÉ 516: 174-5
- 'Naomh Pádraig':  
Ní luaitear ainm an scéalaí.  
Gasúr scoile, Scoil Bhaile Mhúirne, a bhailigh, 1938.
- 12 CBÉ 736: 409-11
- 'Oisín'; 'Naomh Pádraig'; 'Oscar':  
**Donnchadh Ó Donnabháin (85), Baile Uí Áile, An Sciobairín.**  
Seán Ó Cróinín, 1940.

- 13 CBÉ 739: 341-5 'Oisín and Saint Patrick':  
**Séamas Mac Coitir** (81), Cúisín, Scoil Mhuire.  
Seán Ó Cróinín, 1940.
- 14 CBÉ 789: 'Oisín agus Pádraig':  
**Pádraig Ó Ceocháin** (72), Fearann Fada, Beantraí.  
Seosamh Ó Dálaigh, 1941.
- 15 CBÉ 913: 279 'Oisín agus Naomh Pádraig':  
**Donnchadh Ó Donnabháin** (74), Gleann an  
Mhaghraín, Na hArda, Clanna Chaoilte.  
Seán Ó Cróinín, 1943.
- 16 CBÉ 1315: 431-3 'Lon dubh Doire n Chairn':  
**Pádraig Ó Ceocháin** (84), Fearann Fada, Cúm  
Sheola, Beantraí.  
Tadh Ó Murchadha, 1953.
- 17 CBÉS 274: 443-4 Gan teideal, i mBéarla, rann i nGaeilge ann (Oscar v.  
Dia):  
**Seán Ó Murchadha** (85), Bearnas na hAillighthe,  
Béara.  
Máire Ní Mhurchadha, Scoil an Chluain, Cill na  
Manach, Béara, 1938.
- 18 CBÉS 275: 402-6 Athinsint ar LO, i mBéarla:  
**Michael Harrington** (56), Kilmacowen, Béara.  
Margaret Harrington, Scoil Chill Mhic Eoghain,  
Béara.
- 19 CBÉS 282: 371-3 Gan teideal:  
**Pádraig Ó Mathghamhna** (74), Drom Clumhach  
Thiar, Beantraí.
- 20 CBÉS 356: 77 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Mary Connell** (55), Kiskeam.  
Francis Keefe, Scoil na Coiscéime, Dúiche Ealla.
- 21 CBÉS 356: 78 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Mrs M. Casey** (60), Kiskeam.  
Patrick T. Casey, Scoil na Coiscéime, Dúiche Ealla.
- 22 CBÉS 367: 226 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
James Hogan (43), Sallypark, Liscarroll.  
Eileen Hogan, Scoil Lios Uí Chearbhaill.

- 23 CBÉS 378: 278-81 Scéal fada faoi Oisín, gan teideal, i mBéarla:  
**John Nevin**, Gerah, Mainistir Fhearmaí.  
Tadhg Ó hAilgeanáin, Scoil Chluain Dúláin,  
Mainistir Fhearmaí, 1937/1938.

### **Bran**

- 4 Ó Cróinín 1985, e] 'Mar a fuaradar Bran sa Charraig':  
388-9 **Sean Ó hAo**, Cairbre.  
Seán Ó Cróinín, 1933-40.

### **CO. CHIARRAÍ [CI]**

- 1 An Seabhac 1930 'Oisín agus Bean tige Phádraig':  
**Pádraig Ó Gribhthín** (68), Baile na Buaile, An  
Daingean.  
An Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha), 1927
- 2 Breatnach 1991, 'Tar éis na bhFiann':  
73-9 **Muiris Ó Catháin** (90), An tOileán Tiar agus Baile  
na Rátha, Dún Chaoin.  
Ristead Breatnach, thart ar 1960.
- 3 CBÉ 27:114-22 'Tír na nÓg':  
Tadhg Ó Murchadha, An Coirreán, a scríobh i 1938.  
Chuala an t-ábhar ag a athair féin 23 bliana roimhe  
sin.
- 4 CBÉ 217:243-4 'An slighe go bhfuair Oisín an ainm':  
**Mícheál Ó Modhráin** (60), Caol an Phréacháin, An  
Coireán.  
Domhnall Ó Súilleabháin, 1936.
- 5 CBÉ 247: 219-24 'Tháinig Niamh Cinn Óir go hÉirinn':  
**Tomás Ó Cinnéide** (71), Baile an Bhódhléirig, An  
Daingean.  
Peadar Ó Niallagáin, 1936.
- 6 CBÉ 254: 311-4 'Oisín dTír na nÓg':  
**Máire Bean Uí Shúilleabháin** (80), Gort na dTulach,  
Neidín.  
Breandán Ó Séaghdha, 1936.

- 7 CBÉ 269: 660-8 'Eachtraidhthe i dtaobh Oisín':  
**Mícheál Ó Cathbhuadhaig** (87), Cum an Bhóthair,  
Poráiste na Dromadh, Uíbh Ráthach.  
Tadhg Ó Murchadha, 1936.
- 8 CBÉ 319: 183-5 'Oisín agus Naomh Pádraig':  
**Conchubhar Ó Séaghdha** (50), Tuaithe Ó Siosda,  
Glenn an Ruachta.  
Eoghan Ó Súilleabháin, 1937.
- 9 CBÉ 402: 340-54 'Oisín agus Pádraig' (i mBéarla):  
**Diarmaid Ó Foghludha** (69), Eisg Dhoimhin,  
Teampall Nua, Dún Ciaráin.  
Tadhg Ó Murchadha, 1936.
- 10 CBÉ 483: 326-7 Gan teideal:  
**Séamas Ó Muircheartaigh** (83), Baile na Leacan,  
Clochán, Caisleán Griaire.  
Seán Óg Ó Dubhda, 1938.
- 11 CBÉ 575: 101-20 'A story of Fionn Mac Umhaill and his men':  
**Jack Keane** (60), Tarmons, Tairbeart.  
Liam Shine, 1938.
- 12 CBÉ 692: 21-4 'Naomh Pádraig agus Oisín':  
**Pádraig Ó Conchubhair** (45-50), An Craoibhínn,  
Glenn Cárthaigh, Uíbh Ráthach.  
Tadhg Ó Murchadha, 1939.
- 13 CBÉS 432: 358 Gan teideal, i mBéarla.  
**Jeremiah Foley** (81), Caisleán na Mainge.  
Patrick Foley, Scoil Chaisleán na Mainge, Triúcha an  
Aime, idir 1934-1938.
- 14 CBÉS 433: 123-8 'Naomh Pádraig agus Oisín':  
**Séamas Ó Máille**, Caladh na Feirsde, Baile an  
Mhuilinn, Triúcha an Aicme.  
Séanmas Ó Luain O.S., Scoil Chaladh na Feirsde, idir  
1936-1939.
- 15 CBÉS 479: 239 'Bágh Oisín':  
**Domhnall Ó Cinnéide**, Cill Imligh, Uíbh Ráthach  
Domhnall Ó Cinnéide, Scoil an Chalaidh, Uíbh  
Ráthach, 1938.

## Bran

- 16 Wagner, Mac Congáil 1991, 205-26 'Fionn Mac Cumhaill':  
**Peig Sayers**, Dún Chaoin.  
H. Wagner, 1946.
- 17 CBÉ 25: 187-9 'Sgéal':  
Seán Ó Dálaigh, Ceann Ard a scríobh.
- 18 CBÉ 308: 121 'Carraig na bhFiann':  
**Tadhg Ó Conchubhair** (84), Oileán Dairbhre, Uibh Ráthach.  
Tadhg Ó Murchadha, 1936.

## CO. LUIMNIGH [LU]

- 1 Joyce 1907, 464 'Land of Living, Land of Life':  
Nóta mínithe ag **P. W. Joyce** ar Thír na nÓg.
- 2a CBÉ 296: 412-7 Gan teideal, i mBéarla:  
Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora.  
Finghin Ó Súilleabháin, O.S. i Co Luimnigh a bhailigh, 1937.
- 2b CBÉS 510: 126 Gan teideal, i mBéarla; is ionann é agus Lu 2:  
**Séarlas de hÍde** (70), Cill Fhionáin.  
Finghin Ó Súilleabháin, O.S., Scoil Chnoc Luinge, Cois Sléibhe, 1937-1938.
- 3 CBÉS 520: 397-8 Achoimre ar thús LO, i mBéarla:  
**Bean Uí Riain**.  
Máire Ní Mhadáin, Scoil na Ceapaí Móire, Uaithne Bheag, 1938.
- 4 CBÉS 520: 399 Achoimre ar thuras Oisín ar ais go hÉirinn, bunaithe ar LO, i mBéarla:  
**Bean Uí Choigligh**.  
Cáit Ní Riain, Scoil na Ceapaí Móire, Uaithne Bheag, 1938.

## Bran

- 5 CBÉS 510: 275 'Fionn and his dog':  
**Philomena Ryan**, Upper Sunville, Ardpatrick.  
Agnes Ryan a bhailigh óna deirfiúr, Clochar San Pól, Cill Fhionáin, Cois Sléibhe, 1937-1938.

CO. THIOBRAID ÁRANN [TÁ]

- 1 Dunne 1850 John Dunne a sholáthair, bunaithe ar thraidisiún béil a linne.
- 2 CBÉ 328: 131-2, 135-9 'Oisín agus Naomh Pádraig': **Pádraig Paor**, Coill na Carraige, An Caisleán Nua. Tadhg Ó Murchadha, 1928.
- 3 CBÉS 532: 259 Achoimre ar LO, i mBéarla: **Mary Gibbons**, Tower Hill, Buiríos Uí Chéin. **Mary Fox**, An Clochar, Buiríos Uí Chéin, 1937-1938.
- 4 CBÉS 571: 189 Achoimre ar LO, i mBéarla: Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora. **Scoláire éigin** as Scoil Ard Fhionáin a bhailigh.

CO. AN CHLÁIR [CL]

- 1a Davies 1853, 360-1 = 1859, 94-7 'How Ussheen (Ossian) visited the Land of 'Tiernah Ogieh' (the Country of perpetual Youth)': **Francis Robert Davies** a sholáthair; loc agus foinse luaite in Davies 1854, 390. Roimh 1853.
- 1b Davies 1854, 505-6 = 1859, 104-6 'Ossian and St. Patrick': **Francis Robert Davies** a sholáthair, loc agus foinse luaite in Davies 1854, 390. Roimh 1853.
- 2 Holmer 1965, 124-5 Gan teideal [Ná séasúir]: **Frank Keane**, Cross, Kilballyowen, Deisceart an Chláir. N. Holmer, 1946.
- 3 Holmer 1965, 124-7 'Oisín. Bannríghan na hÓige': **Michael Walsh** ('Walsh Óg'), Clochán, Deisceart an Chláir. N. Holmer, 1946.
- 4 Holmer 1965, 126-7 Gan teideal [Ná séasúir]: **Tom Burns**, Killard, Deisceart an Chláir. N. Holmer, 1946.

- 5 CBÉ 349: 111-27 'Seanchas ar Oisín agus Naomh Páraic':  
Páraic Ó Lionnáin (52), Murbhúch, Baile Mhucháin,  
An Bhoirinn.  
Liam Mac Coisdeala, 1937.
- 6 CBÉS 597: 166-8 Athinsint ar Mhacghníomhartha Fhinn agus LO, gan  
teideal, i mBéarla:  
Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora.  
Anna Lee, Scoil Cratloe Cross, Bun Raite, 1937-1939.
- 7 CBÉS 603: 574 Achoimre i mBéarla ar LO:  
Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora.  
Teresa O'Connell, Scoil Chilll Chiaráin, Leaba Síoda,  
1937-1939.
- 8 CBÉS 614: 147 Achoimre i mBéarla ar LO:  
**Jim Hegarty**, Newtown.  
Peg Considine, Scoil Chora Finne, 1937-1938.

#### **Bran**

- 9 Davies 1854, 159-6  
=  
1859, 103-4 'Legend of Fuenvicouil at Ziermacbran':  
**Francis Robert Davies** a sholáthair; loc agus foinse  
luaite in Davies 1854, 390. Teideal ceartaithe go  
'Legend of Fuenvicouil at Tiermacbran' in Davies  
1859, 103; féach freisin Davies 1854, 390.  
Roimh 1853.
- 10 Macnamara 1902,  
206 Luaite ag an údar in alt leis dar teideal 'Inchiquin,  
County Clare'.  
Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora, ach tá sé bunaithe,  
is cosúil, ar CI 9.
- 11 CBÉS 614: 177 'Loch Bran', i mBéarla:  
**Michael O'Reilly**, Kilvoydane.  
Scoláire as Scoil Chora Finne a bhailigh, 1938.
- 12 CBÉS 620: 372 Gan teideal, i nGaeilge:  
**Bean Uí Chonole**, Cathair Seircín.  
Máire Ní Ógáin, Scoil Chathair Seircín, Corcamrua,  
1937-1938.

CO. NA GAILLIMHE [G]

- 1 An Craoibhín 1927-1929 'Sgéal ar Oisín agus na Fiannaibh':  
**Séamas Mahitiú [Ó Eidhin]**, Gort Inse Guaire.  
Dubhghlas de hÍde, 1898.
- 2 Mac Parthaláin 1920 'Oisín i ndiaidh na Féinne':  
**Máirtín Bhachan**, An Fál, An Clochán.  
Seán Mac Parthaláin, c. 1920.
- 3 Ó Clúmhair 1933-1934 'An uair a fuaidh Oisín go Tír na hÓige':  
**Mícheál Ó Neachtain**, Ceathrú an tSeanlios, Tuaim.  
An Bráthair Ó Clúmhair, c.1933.
- 4 Díolúin 1953-1955 'Eachtra Chonáin i dTír Uí Lochlainn':  
**Éamonn Ó Briain**, Inis Meáin.  
Maolmhuire Díolúin, c. 1925.
- 5 Ó Ceannabháin 1983, 62-6 'Urchar an Daill faoi Abhall''  
**Éamonn a Búrc**, Aill na BRón, Cill Chiaráin.  
Liam Mac Coisdeala, 1933.
- 6 Ó Fínneadha 1993 'Baisteadh Oisín'  
**Learaí Ó Fínneadha**, Bearna a d'fhoghlaim Ó  
**Mhícheál Ó hÉidhin**, An Carn Mór.
- 7 Wagner, McGonagle 1995, 94-6; 133-4; 168 'Urchar an Daill faoi Abhall':  
**Pádhraic Mac an Iomaire**, Coillín, Carna.  
H. Wagner.
- 8 Wagner, McGonagle 1995, 127-32; 162-7; 175 'Argóinteacht Oisín agus Pádraig':  
**Pádhraic Mac an Iomaire**, Coillín, Carna.  
Heinrich Wagner.
- 9 CBÉ 154: 157-69 'Oisín agus Naoimh Páraic':  
**Patsy Welsh (60)**, Lios an Bhealaigh, Tuaim.  
Séamus Ó Duilearga, 1930.
- 10 CBÉ 155: 7-14 'Seilg Mhóir Mhuilinn Uí Lochlainn, nó Seanchus Oisín mhic Fínn':  
**Eoghan Ó Neachtain**, Aird Mhór, Carna.  
Liam Mac Coisdealbha, 1935.



- 11 CBÉ 181: 17-45 'Sgéal ar Fhionn mac Cúil, ar Oisín agus ar Naomh Páraic':  
**Seán Ó Cuinneagáin** (65), Bun na dTobar, Cor an Dola,  
Liam Mac Coisdealbha, 1936.
- 12 CBÉ 182: 502-14 'Fionn mac Cúil agus Oisín':  
**Seán a Búrc** (80), Áth Chloigín, Tuaim.  
Liam Mac Coisdealbha, 1936.
- 13 CBÉ 237: 368-75 'Oisín':  
**Seán Ó Madaoin** (80), Inis Toirc.  
Brian Mac Lochlainn, 1936.
- 14 CBÉ 349: 453-9 'Oisín i ndiaidh na Féinne':  
**Proinsias Ó Caomhacáin** (80), Cnocán na mBrobh,  
Eanach Dhúin.  
Liam Mac Coisdealbha.
- 15 CBÉ 349: 460-6 'Seanchas faoi Oisín agus Páraic ag Teampall Dhúna Pádhraic':  
**Mícheál Ó Coincheanainn** (51), Rinn na hAirne,  
Eanach Dhúin.  
Liam Mac Coisdealbha, 1937.
- 16 CBÉ 355: 166-72 'Oisín ag dul go Tír na nÓg':  
**Máirtín Ó Flathartaigh** (60), Doire Locháin, An Spidéal.  
Éamonn Ó Conghaile, 1937.
- 17 CBÉ 369: 395-7 'Seanchas':  
**Pádhraic Ó hÍogó** (88), Cluain Chaolbhuí, Cill Chonla, An Dún Mór.  
Tomás de Paor, 1943.
- 18 CBÉ 375: 338-42 'Baisteadh Oisín':  
**Máirtín Mac Conmara** (65), Glasoileán, Baile na hInse.  
Brian Mac Lochlainn, 1937.
- 19 CBÉ 451: 190-2;  
471: 1-7 'Oisín i dTír na hÓige':  
**Marcas 'ac Fhualáin** (72), Baile Chonaola agus Cloch na Rón, Baile na hInse.  
Brian Mac Lochlainn, 1938.

- 20 CBÉ 455: 342-50 'Oisín i dTír na hÓige':  
**Séamas Ó Riagáin** (84), Tóin Raithní, Paróiste na Beithí, Cill Tártain.  
 Seán Ó Flannagáin, 1937.
- 21 CBÉ 569: 227-43 'Argóinteacht Oisín agus Pádhraic':  
**Mícheál Mac Giollarnáth** (85), Cloch Stuaicín, An Ráithín.  
 Seán Ó Flannagáin, 1938.
- 22 CBÉ 585: 517-22 Gan teideal:  
**Máirtín Mac Conaola** (90), An Mhannainn, Baile Chonaola, Baile na hInse.  
 Brian Mac Lochlainn, 1938.
- 23 CBÉ 589: 293-4 'Máthair Oisín ina heilit':  
**Val Ó Donnachú** (36),  
 Banthrach Ard, Cill Chiaráin, Baile na hInse.  
 Liam Mac Coisdealbha, 1939.
- 24 CBÉ 605: 217-21 'Oisín':  
**Pádhraic Ó hIoláin** (80),  
 Gort Riabhach, Cill Chuimín, Maigh Cuilinn.  
 Proinsias de Búrca, 1939.
- 25 CBÉ 624: 227-31 'Na Fianna':  
**Colm Ó Súilleabháin** (65), Currach Dubh, Cill Chuimín, Maigh Cuilinn.  
 Proinsias de Búrca, 1939.
- 26 CBÉ 687: 367-70 'An chaoi a bhfuair Oisín bean':  
**Máirtín Seoighe** (62), Gabhlán na Lao, Ros.  
 Proinsias de Búrca, 1939.
- 27 CBÉ 712: 464-78 'Oisín i ndiaidh na Féinne':  
**Beartla Ó Conaire** (60), Ros Cíde, Ros Muc.  
 Proinsias de Búrca, 1940.
- 28 CBÉ 869: 363-4 'Oisín agus Pádhraic':  
**Pádhraic Ó Cuilleáin** (88), Poll Dorcha, Tuaim.  
 Tomás de Paor, 1943.
- 29 CBÉ 1009: 242-64 'Urchar an Daill faoi Abhall':  
**Mícheál Ó Coileáin** (70), An Carn Mór, Baile Chláir na Gaillimhe.  
 Liam Mac Coisdealbha, 1946.

- 30 CBÉ 1205: 3-4 Gan teideal:  
**Seán Ó Loirgneáin** (64), An Pháirc Gharbh, An Carn Mór, Baile Chláir na Gaillimhe.  
Ciarán Bairéad, 1951.
- 31 CBÉ 1205: 294-8 'Achadh na nIubhar':  
**Mícheál Ó Síoda** (68), An Pháirc Gharbh, An Carn Mór, Baile Chláir na Gaillimhe.  
Ciarán Bairéad, 1951.
- 32 CBÉ 1205: 299-302 'Oisín agus Naomh Pádhraic':  
**Mícheál Ó Síoda** (68), An Pháirc Gharbh, An Carn Mór, Baile Chláir na Gaillimhe.  
Ciarán Bairéad, 1951.
- 33 CBÉ 1227: 216-8 'An bhean gan chloigeann a tháinig chuig na Fianntaí':  
**Tomás Ó Dubhgáin** (74), Móinteach.  
Ciarán Bairéad, 1952.
- 34 CBÉS 5: 143 'A story':  
**Thomas Madden** (50), Béal Átha na Bá, An Clochán.  
Mary Madden, Scoil Naomh Seosamh, Béal Átha na Bá, An Clochán, 1938.
- 35 CBÉS 5: 144-5 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**John Conneely** (80), Deirgimleach, An Clochán.  
Annie Mulkerrins, Scoil Naomh Seosamh, Béal Átha na Bá, An Clochán, 1938.
- 36 CBÉS 21: 7 Achoimre ar LO, i nGaeilge:  
**Proinsias Ó Cearbhaill**, Béal Átha Ghlúinín.  
Seán de Búrca, Scoil Currach, An Cumar, 1934-1938.
- 37 CBÉS 32: 123-4 Achoimre ar LO, i nGaeilge:  
**Seán Ó Nuadháin**, Turlach Bréige.  
Scoil Bhaile Chláir na Gaillimhe, 1938.
- 38 CBÉS 47: 373-4 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Martin Fogarty** (71), An Scairbh, An Tobar.  
Florence Walsh, Scoil na Lurgan, Cill Tartain, 1938.
- 39 CBÉS 66: 387-9 'Seanscéal':  
**Brid Nic Fhlanncha**, Uachtar Ard.  
Cristina Nic Fhlanncha, Scoil an Fhleanna, Uachtar Ard, 1938

- 40 **Bailiúchán Sheáin Mhic Ghiollarnáth, Áras Uí Chadhain, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.** 'Seanchas ar Loch Coirib': **Seán Mac Confhaola**, Deirgimleach. Seán Mac Giollarnáth, 1932. [Insint eile uaidh, CBÉ 451: 1ff; bailithe ag Brian Mac Lochlainn.]

### **Bran**

- 41 **CBÉS 30: 379-80** 'Bás Bhraín', Gan teideal: **Máirtín Ó Conghaile** (58), Cloch Scoilte, Bearna. Scoil Bhearna, 1938
- 42 **CBÉS 65: 77** Gan teideal: **Brid Ní Chéide**, Cluain Mhór, Ros Cathail. Scoil Ros Cathail, 1938.

### **CO. MHAIGH EO [ME]**

- 1 **Simpson 1857, 189-4** 'Oisín returns from the Youthful City'. Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora.
- 2 **Simpson 1857, 195-8** 'Conversion of Oisín'. Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora.
- 3 **Simpson 1857, 221-4** 'Oisín born of a doe in Cremlin'. Ní luaitear ainm an fhaisnéiseora.
- 4 **Hillas 1911-12, 184-5** 'The conversion of Ossian'. **James Browne**, Rosmoney. Hillas, c. 1911.
- 5 **Hyde 1936, 210-2** 'An Dearg Mór': **Tomás Ó Cathasaigh**, Coillte Mách, agus Co. Shligigh. D. de hÍde, c. 1935
- 6 **Mac Coisdealbha 1943, 229-33 = CBÉ 572: 190-7** 'Oisín i n-éis na Féinne': **Sean Mac Meanman** (74), Tamhnach, Beannchar Iorrais. Liam Mac Coisdealbha, 1938
- 7 **CBÉ 83: 21-3** 'Oisín': **Pádhraic Mac Siúrtáin** (62), Baile Chruib, Baile an Chaisil. Tomás Ó Longáin, 1934.

- 8 CBÉ 191: 207-12 'Oisín i dTír na hÓige':  
**Liam Ó Raghallaigh** (45), Dubhloch.  
Eoghan Ó Súilleabháin, O. S., 1936.
- 9 CBÉ 194: 26-36 'Naomh Pádraig agus Oisín', i mBéarla:  
**Seán Ó Roilleáin**, Baile an Chonna, Beál Átha na Muice.  
Brighid Ní Chollaráin, 1936.
- 10 CBÉ 210: 234-6 'Oisín i dTír na hÓige':  
**Seán de Búrca**, Baile Treasna, Baile an Róba.  
Bríd Ní Chollaráin, 1936.
- 11 CBÉ 381: 442-6 'Fianna Éireann':  
**Peadar Ó Siordáin** (80), Garlach, Clár Chlainne Mhuiris.
- 12 CBÉ 528: 356-61 'Oisín':  
**Pat Corduff** (50), Ros Dumhach, Iorras.  
Liam Mac Coisdealbha, 1938.
- 13 CBÉ 711: 226-39 'Oisín':  
**Seán Ó Maolruaidh** (47), Leitirín, Baile Eibhe, Cearra.  
Proinsias de Búrca, 1940.
- 14 CBÉ 914: 462-4 'Naomh Pádraic agus an tarbh':  
**Séamas Ó Gréil** (25), Bun an Choire, Acaill.  
T. de Búrca, 1943.
- 15 CBÉ 914: 538-40 'Scéal Oisín':  
**Seán Ó Gréil**, Bun an Choire, Acaill.  
T. de Búrca, 1943.
- 16 CBÉ 1206: 100-1 Gan teideal:  
**Tomás Mac Aodhain** (1853-1935), An Pháirc Úr, Buiréis Umhail.  
Pádraig Ó Moghráin, 1921.
- 17 CBÉ 1395: 376-82 'Ossian in "Tír na Oige":  
**Michael Corduff**, Rossport, a sholáthair, 1955.
- 18 CBÉ 1401: 245-6;  
288 'Oisín agus an eilid':  
**Antoine Ó Luingseacháin** (80), Bun an Chorraigh.  
Pádraig Ó Moghráin, 1954.

- 19 CBÉ 1401: 247-54 'Oisín agus an Óige; Oisín ina sheanfhear; Oisín agus na daoine beaga; Oisín agus an cailín; Baisteadh Oisín'.  
**Antoine Ó Luingseacháin** (80), Bun an Chorraigh. Pádraig Ó Moghráin, 1954.
- 20 Ó Catháin agus Ní Sheighin 1996, 62; 161 'Oisín i dTír na hÓige':  
**Seán Ó Roithleáin** (72), Iorras.  
Máire Ní Ghionnáin, Scoil Ros Dumhach, 1938.
- 21 CBÉS 91 Gan teideal, tús an scéil bunaithe ar LO, i nGaeilge:  
Bríd Bn Uí Sheoighe (85), Mám Treasna.  
Bríd Sheoighe, Scoil Dhoire, Tuar Mic Éadaigh.
- 22 CBÉS 116: 131 'Story of the Fianna':  
**Ned McCormick**, Cully.  
Teresa Hopkins, Scoil Corrdúin, Cill Bheitheach, 1937-1938.
- 23 CBÉS 126: 82-3 'Old Irish Tales':  
**Seán Mac Domhnaill**, Coill Ó Neachtain, Béal Easa.  
Scoil Caladh, Gaileang, 1937-1938.
- 24 CBÉS 137: 7-8 Gan teideal, achoimre ar LO, i nGaeilge:  
**Seán Mac an Bhreitheamhan** (78), Gleann Calraighe.  
Máire Ní Éigeartaigh, Scoil Ghleann Calraighe, 1938.
- Bran**
- 25 CBÉ 805: 482-3 'Deireadh chú Fhinn':  
**Domhnall Mac Giontaigh** (89), Baile Chruaiche, Iorras.  
Proinsias de Búrca, 1942.
- 26 CBÉS 138: 490 Gan teideal, i mBéarla:  
**J. Kearns** (65), Bracklonn, Cathair na Mart.  
P. Morley, Scoil Bracklloon.
- 27 CBÉS 141: 23-4 'Scéal', i mBéarla:  
**Mártan Ó hÉilghe** (41), Ceathrú Mhór, Baile an Chaisil.  
Mary Healy, 1938

CO. ROS COMÁIN [RC]

- 1 Hyde 1892, 420-5 'Oscar na Súiste':  
= **Seán Ó Cuinneagáin**, Baile an Phoill.  
Hyde 1903, 208-13 An Craibhín, roimh 1892,
- 2 CBÉS 238: 70 Gan teideal, i mBéarla:  
**Patrick Sharkey** (88), Brackloon, Mantua.  
Scoil Mantua, An Caisleán Riabhach, Liam McGann,  
1938.
- 3 CBÉS 238: 107-8 Gan teideal, i mBéarla:  
**Patrick Mulvihill** (86), Mantua, An Caisleán  
Riabhach.  
Scoil Mantua, 1938.
- 4 CBÉS 238: 202 Gan teideal, i mBéarla:  
**Thomas Dockery**, Kilnamanagh, Fenchpark.  
Scoil Cloonmagannane, Kilnamanagh, Lizzie Dowd.

**Bran**

- 5 Hyde 1910, 14-8; 'Bran':  
177-9 **Seán Ó Cuinneagáin**, Baile an Phoill.  
An Craibhín.

CO. SHLIGIGH [SL]

- 1 An Craibhín 'Sgéalta ar Oisín':  
1929-1930 **Seán Ó Díomusa**, Coillín, Coill Ghlas.  
An Craibhín, 1901.  
Tá bunscríbhinn an Chraibhín i dtaisce anois i  
mBailiúchán de hÍde in CBÉ; cóipleabhar VIII 2. Tá  
pictiúr a tharraing Miss Ethel Chance, den  
bhailitheoir ag éisteacht leis an scéalaí sular bhreac  
sé an scéal síos uaidh i gcló idir leathanaigh 252 agus  
253 imleabhar céanna de *Béaloides* ar foilsíodh Sl 1  
ann.
- 2 432: 372-6 'Oisín agus Naomh Páraic':  
**Tomás Ó Cearbhaill** (80), Leitir Brón, Cill Mhic  
Thaidhg, Laighnigh.  
Liam Mac Coisdealbha, 1937.

- 3 CBÉS 174: 275-6 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Tom Johnson**, Killoran, Laighnigh.  
Scoil Rockfield, 1938.
- 4 CBÉS 184: 405-6 Achoimre ar LO, i mBéarla.  
**Kathleen Scanlon**, Cluid, Baile an Mhóta.  
Scoil Imleach Neachtain, Imleach Fada, Corrán,  
1938.
- 5 CBÉS 187: 201-3 'Achoimre ar LO, agus 'The Rock of Doon':  
**Patrick Cawley** (54), Carn, Gurteen.  
Scoil an Chairn, Jennie Cawley, 1938.

### **Bran**

- 6 CBÉS 187: 190-2 Gan teideal, i mBéarla:  
**John Mulligan**, Cuilmore, Gurteen.  
Scoil an Chairn, John Mulligan, Cill Fraoigh, 1938.
- 7 CBÉS 187: 193-4 'An old story':  
**Mrs McNulty** (73), Gurteen.  
Scoil an Chairn, Gerard Kilcoyne, 1938.

### **CO. DHÚN NA NGALL [DG]**

- 1 Ó Searcaigh 1925, 'Oisín':  
160-3 **Máire Ní Dhomhnaill**, An Chruit, Ceann Caslach,  
Na Rosa.  
**Séamus Ó Searcaigh**.
- 2 Ó Muigheasa 'Ocras Oisín':  
1932, 54-6; 62-3 **Leagan cumaisc: leagan ó chailín as Béal an Átha**  
**Móir, Gleann Finne agus leagan ó Dhubhaltach Ó**  
**Gallchobhair, O.S., Gaoth Dobhair, 1924.**
- 3 Sommerfelt 1965, 'Oisín aig Pádraic':  
378-85 **John Mac Duggan agus Pádraig Mac Gee**, Torr.  
Sommerfelt, 1915-195.
- 4 CBÉ 55: 29-39 'Sgéal Fiannuigheachta':  
**Seán Ó Gallchobhair** (c. 70), Loch an Iúir.  
**Pádraig Ó Gallchobhair, Doire Fada, c. 1934.**



- 5 CBÉ 141: 118-153 'Oisín i ndiaidh na Féinne':  
**Seán Mac mBriartaigh** (70), Iomaire Mhurnáin,  
Teileann.  
Seán Ó hEochaidh, 1935.
- 6 CBÉ 180: 313-23 Gan teideal:  
**Pádraic Mac Guibhir**, Cill Bheag, Cill Cartha.  
Seán Ó hEochaidh, 1936.
- 7 CBÉ 319: 205-10 'Scéal Oisín':  
**Seán Ó Domhnaill** (74), Rann na Feiriste.  
Aodh Ó Domhnaill, 1937.
- 8 CBÉ 335: 144-50 'Oisín agus Pádraig':  
**Mairéad Ní Dhomhnaill** (66), Corr na gCoileán, An  
Tarmann.  
Liam Mac Meanman, 1937.
- 9 CBÉ 335: 171-6 'Oisín agus Pádraig':  
**Tadhg Ua Colla** (86), Mín an Dubháin, An  
Tearmann.  
Liam Mac Meanman, 1937.
- 10 CBÉ 342: 140-6 'Scéal':  
**Pádraig Mac Giolla Cearra**.  
Máire Ní Ghiolla Cearra c. 1936.
- 11 CBÉ 438: 117-38 = 'Mar chuaidh Oisín go Tír na hÓige':  
Mac Gill-Fhinnein **Anna Nic Grianna** (45), Rann na Feirste.  
1997, 87-105 Aodh Ó Duibheannaigh, 1937
- 12 CBÉ 464: 261-72 'Oisín i dTír na nÓg':  
**Maighréad Ní Chnámhsí** (70), Mín Doire na  
Sluagh. Pádraig Ó Rabhartaigh, 1935.
- 13 CBÉ 539: 102-10 Gan teideal:  
**Séamas Ó Colla** (65), An Toinneach, Gaoth Dobhair.  
Seán Ó hEochaidh, 1938.
- 14 CBÉ 539: 376-8 Gan teideal:  
**Seán Ó Dubhagáin** (75), Mín an Chladaigh, Gaoth  
Dobhair.  
Seán Ó hEochaidh, 1938.
- 15 CBÉ 611: 500-22 Gan teideal:  
**Tomás Ó Colla** (82), Doire Beag, gaoth Dobhair.  
Seán Ó hEochaidh, 1939.

- 16 CBÉ 640: 264-9 Gan teideal:  
**Conchubhar Mac Pháidín** (c. 60), Ceathrú na Madadh, An Craoslach.  
Seán Ó hEochaidh, 1939.
- 17 CBÉ 1033: 75-90 'Oisín i ndiaidh na Féinne':  
= **Micheál Mac an Luain** (60), Dubh Chró, Na Cruacha.  
Ní Dhíoraí 1985, Seán Ó hEochaidh, 1947.  
23-9
- 18 CBÉ 1270: 295-317 'Oisín i ndiaidh na bhFiann':  
**Seán Mac mBriartaigh** (52), Iomaire Mhurnáin, Teileann.  
Pádraig Ó Beirn, 1949.
- 19 CBÉS 1068: 245-9 'Oisín i dTír na nÓg':  
= Ó Baoill 1995, Méabha Ní Bhriain, Scoil Mhín an Chladaigh, 1938.  
61-2
- 20 CBÉS 1066: 332-5 'Oisín i dTír na nÓg':  
= Ó Baoill 1995, Bríd Ní Dhomhnaill, Scoil na gCailín, Doirí Beaga,  
253-4 1938.
- 21 CBÉS 1067: 42-5 = 'Oisín':  
Ó Baoill 1995, 319- Séamas Ó Baoill (74), An tSeascann Bheag.  
20 Ester Ní Fhearraigh, Scoil na gCailíní, Doirí Beaga,  
1938
- 22 CBÉS 1064: 334-41 Gan teideal:  
**Micheál Ó Dubhthaigh** (82), Rann na Feirste.  
Róise Ní Ghallchobhair, Scoil Rann na Feirste, 1938.

### **Bran**

- 23 CBÉS 1054: 294 Gan teideal:  
**Máire Ní Ghallchobhair** (72), Dumhaigh, Leitir Mhic an Bhaire.  
Brighid Ní Ghallchobhair, Scoil Leitir Mhic an Bhaire, 1938.

### **Co. THÍR EOGHAIN [TE]**

- 1 Ó Tuathail 1933, 'Naomh Pádraic agus an fathach':  
110-1; 153-4 An tAth. Conn Mhac an Ghirr [Short] a bhailigh i bParóiste an Tearmainn, 1904-1918.

CO. DHOIRE [DO]

- 1 Mason 1814, 327 Gan teideal ['Baisteadh Oisín']:  
An tOir. Alexander Ross a sholáthair.

CO. AONTROMA [AO]

- 1 Mac Gréagóir 1910, 55-8 =  
Mac Giolla Domhnaigh agus  
Stockman 1991,  
24-9 'An Sealg':  
**Domhnall Mac Mhuircheartaigh**, Ceann Ramhar,  
Reachlainn.  
Aoidhmín Mac Gréagóir, roimh 1910.
- 2 Wagner agus Ó Baoill 1969, 284 Gan teideal:  
**Brian Mac Amhlaoibh**, Gleann Airbh.  
Wilhelm Dögen, 1931.
- 3 Watson 1984, 89 Gan teideal:  
**Brian Mac Amhlaoibh**, Gleann Airbh.  
Séamus Ó Duilearga, 1925
- 4 CBÉ 94: 150-1 Oisín [LO agus Uaigh Oisín, i mBéarla]:  
As Glens of Antrim Folklore Competition, gan ainm  
agus gan dáta, ach roimh ?1932.

CO. ARD MHACHA [AM]

- 1 Paterson 1939, 83 'Ushen and St Patrick':  
T. G. D. Paterson a bhailigh, Foircheall, 1927-1930.
- 2 Paterson 1939, 26-8 'The death of Ushen':  
T. G. D. Paterson a bhailigh, Foircheall, 1927-1930.
- 3 CBÉ 1126: 390-5 Gan teideal:  
**Mary Harvey** (88)  
[= Máire Ní Arbhasaigh (1856-1947), Cluain na Liog,  
Crois Mhig Lionnáin, (féach Ó Duibhín 1992, 11)  
An Br. de Nógla, 1944.

CO. MHUINEACHÁIN [MU]

- 1 Laoide 1896, 184 [Na séasúir le linn na Féinne], i nGaeilge:  
Seosamh Laoide, 1896 nó roimhe.

- 2 CBÉS 944: 190 Achoimre ar LO, i mBéarla:  
**Felix MacDonnell** (60), Corliss, Crois Mhig  
 Linnáin.  
 Masie MacDonnell, Scoil Chaisleán Mathúna,  
 Mucnó.
- 3 CBÉS 946: 453 Gan teideal, i mBéarla:  
 Scoil Chlochar Lughaidh, Cluain Eois.

CO. AN CHÁBHÁIN [CA]

- 1 Ó Tuathail 1934, 'Naomh Pádraig, Oisín agus Cormac mhac Airt':  
 13-4 **Seán Mhag Uidhir**, Gleann Ghaibhleann.  
 Éamonn Ó Tuathail.

FOINSÍ EILE

JEREMIAH CURTIN [JC]

- 1 Curtin 1975, 230- 'Oisín in Tír na n-Og':  
 41 Ní luaitear aon fhoínse, ach b'fhéidir gur leagan  
 cumaisc é, bunaithe ar scéalta a bailíodh i gCo. na  
 Gaillimhe agus i gCo. Chiarraí.

PATRICK KENNEDY [PK]

- 1 Kennedy 1866, 25- 'The youth of Oisín':  
 9 = Ní luaitear aon fhaisnéiseoir, munarb é **Jimmy**  
 1891, 207-11 **Reddy** a luaitear mar fhoínse in Kennedy 1891, 179.
- 2 Kennedy 1866, 'The old age of Oisín':  
 240-3 =  
 1891, 212-4
- 3 Kennedy 1870, 'The Rock of Cashel'  
 153-4
- 4 Kennedy 1871, 'Oisín in Tír na n-Oge'  
 143-50

## LEABHAIR AGUS AILT A CEADAÍOCH

AHLQVIST, A., ET AL. 1996. *Celtica Helsingiensia: Proceedings from a Symposium on Celtic Studies*. Commentationes Humanarum Litterarum 107. Helsinki.

ALBANICUS. 1784. 'From *The Caledonian Mercury*. Edinburgh, May 8, 1784. *The Gentleman's Magazine and Historical Chronicle* 54, 404-5.

ALMQVIST, B., Ó CATHÁIN, S., Ó HÉALAÍ, P. (EAG). 1987. *The Heroic Process: Form, Function and Fantasy in Folk Epic*. Dublin.

ALMQVIST, B. 1999. 'The Mélusine Legend in Irish Folk Tradition', *Béaloideas* 67, 13-69.

ALPHABETICAL INDEX 1861. *Census Of Ireland: General Alphabetical Index to the Townlands and Towns, Parishes and Baronies of Ireland*. Dublin.

ALSPACH, R. K. 1946. 'The Use by Yeats and Other Irish Writers of the Folklore of Partick Kennedy', *Journal of American Folklore* 59, 404-12.

ANDERSON, A. O. AGUS ANDERSON, MARJORIE O., (EAG). 1961. *Adamnan's Life of Columba*. London.

APOSTOLOS-CAPPADONA, DIANE (EAG). 1990. *Symbolism, the Sacred, & the Arts*. New York.

BABBIT, F. C. (AIST). 1936. *Plutarch's Moralia*, IV. Loeb Classical Library. London.

BACHELLERY, E. AGUS LAMBERT, P.-Y. 1981. *Lexique Étymologique de L'Irlandais Ancien de J. Vendryes*, B. Dublin.

BAIRÉAD, C. 1964. 'Scéalta agus Seanchas ón Achréidh', *Béaloideas* 32, 99-147.

BANIM, J. 1821. *The Celts Paradise in Four Duans*. London. [Dara heagrán, New York, 1869.]

BASCOM, W. R. 1965. 'Folklore and Antropology', in *Dundes* 1965, 25-33.

BAUCHHENS-THÜRIEDL, CHRISTA. 1971. *Der Mythos von Telephos in der antiken Bildkunst*. Würzburg.

BAUMGARTEN, R. 1987. 'Placenames, Etymology, and the Structure of *Fianaigecht*', in *Almqvist et al.* 1987, 1-24.

- BECATTI, G. 1968. *The Art of Ancient Greece and Rome*. London.
- BELLAMY, D. 1986. *The Wild Boglands: Bellamy's Ireland*. Dublin.
- BERGQUIST, A. AGUS TAYLOR, T. 1987, 'The Origin of the Gundestrup Cauldron', *Antiquity* 61, 10-24.
- BEST, R.I. AGUS O'BRIEN, M.A., (EAG). 1957, *The Book of Leinster* formerly *Leabar na Núachongbála*. Iml. 3. Dublin.
- BIELER, L. (EAG). 1963. *The Irish Penitential*. *Scriptores Latini Hiberniae* 5. Dublin.
- — 1979. *The Patrician Texts in the Book of Armagh*. *Scriptores Latini Hiberniae* 1. Dublin.
- BILLINGTON S. AGUS GREEN, MIRANDA (EAG). 1996. *The Concept of the Goddess*. London.
- BINCHY, D. A., (EAG). 1978. *Corpus Iuris Hibernici ad fidem codicum manuscriptorum recognovit*. Tomus Sextus. Dublin
- BINDER, G. 1964. *Die Aussetzung des Königskindes Kyros und Romulus*. Meisenheim am Glan.
- BIRKHAN, H. 1970. *Germanen und Kelten bis zum Ausgang der Römerzeit*. Wien.
- — 1997. *Kelten: Versuch einer Gesamtdarstellung ihrer Kultur*. Wien.
- BLACK, R., GILLIES, W., Ó MAOLALAIGH, R., (EAG). 1999. *Celtic Connections. Proceedings of the 10th International Congress of Celtic Studies. Volume One, Language, Literature, History, Culture*. East Lothian.
- BOURKE, C. (EAG). 1997. *Studies in the Cult of Saint Columba*. Dublin.
- BRANDSTON, BRIAN. 1970. *Gods of the North*. London. [An chéad eagrán: 1955]
- BREATHNACH, D. AGUS NÍ MHURCHÚ, MÁIRE. 1986. *1882-1982 Beathaisnéis A hAon*. Baile Átha Cliath.
- — 1992. *1882-1982 Beathaisnéis A Trí*. Baile Átha Cliath.
- — 1997. *1882-1982 Beathaisnéis A Cúig*. Baile Átha Cliath.
- BREATNACH, C. 1996. *Patronage, Politics, and Prose*. Maynooth.

- Brewer, J. S. agus Bullen, W. 1871. *Calender of the Carew Manuscripts Preserved in the Archiepiscopal Library at Lambeth*, Vol 5. London.
- BRIGGS, KATHERINE M. 1978. *The Vanishing People: A Study of Traditional Fairy Beliefs*. London.
- BROADWOOD, LUCY E. (EAG). 1911. *Collection of 103 Songs of Occupation from the Western Isles of Scotland*. *Saineagrán den Journal of the Folk-Song Society* 16.
- BRODERICK, G. 1990. 'Fin as Oshin', *Celtica* 21, 51-60.
- BROMWICH, RACHEL. 1978. *Trioedd Ynys Prydein: The Welsh Triads*. Cardiff. [Dara heagrán].
- BRUFORD, A. 1967. 'Scottish Gaelic Witch Stories, a Provisional List', *Scottish Studies* 11, 13-48.
- — 1969. *Gaelic Folk-Tales and Mediaeval Romances*. Dublin. [= *Béaloideas* 34 (1966)].
- — 1987. 'Oral and Literary Fenian Tales', in Almqvist *et al.* 1987, 25-56.
- BYOCK, J. L. 1990. *The Saga of the Volsungs: The Norse Epic of Sigurd the Dragon Slayer*. Berkeley.
- BYRNE, F. J. 1973. *Irish Kings and High-Kings*. London.
- CALDER, G. 1910. *Folk Tales and Fairy Lore in Gaelic and English. Collected from oral tradition by Rev. James MacDougall*. Edinburgh.
- CAMERON, A. 1892. *Reliquiae Celticae*, 1. Inverness.
- CAMPBELL, J. 1968. *The Hero with a Thousand Faces*. Princeton.
- CAMPBELL, J. F. 1872. *Leabhar na Feinne: Heroic Gaelic Ballads Collected in Scotland Chiefly from 1512 to 1871*. London. [Athchló: Irish University Press, Shannon 1972.]
- — 1890. *Popular Tales of the West Highlands*, Vol 2, new edition. Paisley; London.
- — 1892. *Popular Tales of the West Highlands*, Vol 3, new edition. Paisley; London.
- — 1893. *Popular Tales of the West Highlands*, Vol 4, new edition. Paisley; London.

— — 1893. *Popular Tales of the West Highlands*, Vol 4, new edition. Paisley; London.

CAMPBELL, J. G. 1891. *The Fians; or Stories, Poems, & Traditions of Fionn and his Warrior Band*. Waifs and Strays of Celtic Tradition, 4. London.

CARMICHAEL, A., (EAG). 1900. *Carmina Gadelica* 1. Edinburgh & London.

— — 1928. *Carmina Gadelica* 2. Edinburgh & London.

CARNEY, J., (EAG). 1945, *Poems on the Butlers*. Dublin.

CARNEY, J. 1952. 'Carn Fraoich Soitheach na Saorchlann', *Celtica* 2, 154-94.

— — 1955. *Studies in Irish Literature and History*. Dublin.

— — 1973, *The Problem of St. Patrick*. Dublin.

CARSE, J.P. 1987. 'Shape Shifting', in Eliade 1987, 225-9.

CAWTE, E. C. 1978. *Ritual Animal Disguise: A Historical and Geographical Study of Animal Disguise in the British Isles*. Folklore Society. Mistletoe Series. Cambridge.

CHAUDRI, ANNA. 1996. 'The Caucasian Hunting-divinity, Male and Female: Traces of the Hunting-goddess in Ossetic folklore', in Billington agus Green 1996, 166-75.

CHILDE, F. J. 1882. *The English and Scottish Popular Ballads*, 1.

CHRISTIANSEN, R. TH. 1931. *The Vikings and the Viking Wars in Irish and Gaelic Tradition*. Oslo

— — 1959. *Studies in Irish and Scandinavian Folktales*. Copenhagen.

COMYN, D., (EAG). 1901. *Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D. D. The History of Ireland by Geoffrey Keating, D.D.*, 1. CSG 4. London.

CONNELLAN, T. 1829. *An Duanaire: Fiannaigheacht, Duanta agus Rannta le'r tteanga mhín bhinn mhílis a léigheadh. A Selection of Irish Poems and Moral Epigrams*. Dublin.

CONNELLAN, [O.]. 1860. *Imtheacht na Tromdhaimhe*. Transactions of the Ossianic Society for the Year 1857. Vol 5. Dublin.

CORTHALS, J. 1990. 'Some Observations on the Versification of the Rhymeless "Leinster Poems"', *Celtica* 21, 113-125.



CRAOIBHÍN, AN [DE HÍDE, D.]. 1925. 'An Agallamh Bheag'. *Lia Fáil* 1, 79-107.

— — 1927-28. 'Sgéal ar Oisín agus na Fiantaibh'. *Béaloideas* 1, 219-22.

— — 1929-30. 'Sgéalta ar Oisín', *Béaloideas*, 2, 253-60.

CROKER, T. C. 1825. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*. London.

— — 1828. *Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland*. Part III. London.

CRONIN, ANNE. 1945. 'The Sources Keating's "Forus Feasa ar Éirinn": 1. The printed sources', *Éigse* 4, 235-79

CROSS, T. P. 1918-19. 'The Gaelic "Ballad of the Mantel"', *Modern Philology* 16, 649-558.

CURRY, E. 1855. *Cath Muighe Léana or The Battle of Magh Leana*. Celtic Society. Dublin.

CURTIN, J. 1890. *Myths and Folklore of Ireland*. Boston.

— — 1975. *Myths and Folk Tales of Ireland*. Dublin. Athcló ar Curtin 1890.

DAVIDSON, HILDA ELLIS (EAG) AGUS FISHER, P., (AIST). 1996. *Saxo Grammaticus. The History of the Danes I, II*. Cambridge. [An chéad eagrán in dhá imleabhar, 1979 agus 1980 faoi seach.]

DAVIDSON, HILDA ELLIS AGUS CHAUDHRI, ANNA. 1993. 'The Hair and the Dog'. *Folklore* 104, 151-63.

DAVIDSON, H. R. ELLIS 1964. *Gods and Myths of Northern Europe*. Penguin.

— — 1978. 'Shape-changing in the Old Norse Sagas', in Porter agus Russel 1978, 127-42.

— — 1988. *Myths and Symbols in Pagan Europe*. Manchester.

DAVIES, F. R. 1853. 'Legends of the County Clare', *Notes and Queries* 8, 360-1

— — 1854. 'Legends of the County Clare', *Notes and Queries* 10, 159-60; 390; 505-6.

— — 1859. 'Legends of the County Clare', *Choice Notes from 'Notes and Queries' Folk Lore.*, 92-109. London. [Athcló ar Davies 1853/1854]

- DE BHALRAITHE, T. 1970. *Cín Lae Amhlaoibh*. Baile Átha Cliath.
- DE BRÚN, P. AGUS HERBERT, MAIRE. 1986. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Cambridge Libraries*. Cambridge.
- DE BÚRCA, S. 1958. *The Irish of Tourmakeady*, Co. Mayo. Dublin.
- DE TILTÍÚN, I. AGUS LAOIDE, S., (EAG). 1912. *Eachtra Mhacaoimh an Iolair*. Baile Átha Cliath.
- DE VAL, S. S. 1992. 'Oidhreacht Ghaelach Loch Garman', *Irisleabhar Mhá Nuad* 1992, 102.
- DE VRIES, J. 1961. *Heldenlied und Heldensage*. Bern agus München. [Aistrithe ag an údar ón mbunleagan Ollainnise (Utrecht 1959).]
- — 1963. *Heroic Song and Heroic Legend*. [Aist. ag B. J. Timmer.] London.
- — 1975. *La Religion des Celtes*. Paris.
- DEISS, J. J. 1966. *Herculaneum : A City Returns to the Sun*. London.
- — 1995. *The Town of Hercules. A buried treasure trove*. Malibu.
- DILLMANN, F. -X., [EAG AGUS AISTR]. 1991. *L'Edda: Récits de mythologie nordique par Snorri Sturluson*. Paris.
- DILLON, M. 1932. 'Stories From the Law-tracts', *Ériu* 11, 42-65.
- — 1970. *Stories from the Acallam*. Medieval and Modern Irish Series 23. Dublin.
- DINNEEN, P. S. 1908. *Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Chéitinn*, D.D. *The History of Ireland by Geoffrey Keating*. Iml. 2. CSG 8. London.
- DÍOLÚIN, M. 1953-55. 'Eachtra Chonáin i dTír Uí Lochlainn', *Éigse* 7, 254-7.
- DOBBS, MARGARET E. 1931. 'The Ban-Shenchus', *Revue Celtique* 48, 214.
- — 1953, 'Notes on the Lists of Historic Tales', *The Journal of Celtic Studies* 2, 45-51.
- DONIGER O'FLAHERTY, WENDY. 1980. *Women, Androgynes, and other Mythical Beasts*. Chicago.
- DOTTIN, G. 1907. 'Une redaction modern du Teanga Bithnua', *Revue Celtique* 28, 277-307.

- DRUMMOND, W. H. 1852. *Ancient Irish Minstrelsy*. Dublin.
- DUNCAN, LILIAN. 1932. 'Altrom Tige Da Medar', *Ériu* 11, 184-225.
- DUNDES, A. 1965. *The Study of Folklore*. New Jersey.
- DUNNE, J. 1850. 'The Fenian Traditions of Sliabh-na-m-Ban', *Transactions of the Kilkenny Archaeological Society* 1, 333-62.
- DWELLY, E. 1973. *The Illustrated Gaelic-English Dictionary*. Glasgow. Ochtú heagrán. [An chéad eagrán 1901-1911]
- ELIADE, M., (EAG). 1987. *The Encyclopedia of Religion*. Macmillan, New York & London.
- ELIADE, M. 1990. 'Mask: Mythical and Ritual Origins' in *Apostolos-Cappadona* 1990, 64-71.
- ELLIS, HILDA R. 1942. 'Sigurd in the Art of the Viking Age', *Antiquity* 16, 216-36.
- EMINENT IRISH SCHOLAR. 1825. *Reliques of Irish Poetry consisting of Heroic Poems, Songs, Elegies, & of the most approved ancient and modern Irish Bards*. Dublin.
- FAIRLEY, J. 1984. *An Irish Beast Book*. Belfast.
- FLOWER, R. 1926. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* 2. London (athcló mar *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library* 2. Dublin 1992)
- — 1947. *The Irish Tradition*. Oxford.
- FLOWER, R. AGUS DILLON, M. 1953. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* 3. London.
- FORBES, A. R. 1905. *Gaelic Names of Beasts (Mammalia), Birds, Fishes, Insects, Reptiles, Etc.* Edinburgh.
- GANZ, T. 1993. *Early Greek Myth: A Guide to Literary and Artistic Sources*. Baltimore agus London.
- GASKILL, H., (EAG). 1991, *Ossian Revisited*. Edinburgh.
- GELLING, P. AGUS DAVIDSON, HILDA ELLIS. 1969. *The Chariot of the Sun and other Rites and Symbols of the Northern Bronze Age*. London.

- GIMBUTAS, MARIJA. 1982. *The Goddesses and Gods of Old Europe*. London.
- GOSLING, P. 1991. 'The Burren in medieval times', in O'Connell & Korff 1991, 119-33.
- GOWANS, LINDA. 1992a. *Am Bròn Binn An Arthurian Ballad in Scottish Gaelic*. Eastbourne.
- — 1992b. 'Arthurian survivals in Scottish Gaelic', *The Arthurian Yearbook* 2. New York, 27-76.
- GRANT, M. 1971. *Cities of Vesuvius: Pompeii and Herculaneum*. London.
- GRANT, M. & HAZEL, J. 1973. *Who's Who in Classical Mythology*. London.
- GRAVES, R. 1960a. *The Greek Myths: 1*. Penguin.
- — 1960b. *The Greek Myths: 2*. Penguin.
- — 1961. *The White Goddess* Faber.
- GREEN, MIRANDA. 1989. *Symbol and Image in Celtic Religious Art*. London and New York.
- — 1995. *Celtic Goddesses. Warriors, Virgins and Mothers*. British Museum, London.
- GREEN, MIRANDA J. 1992. *Dictionary of Celtic Myth and Legend*. London.
- GREGORY, AUGUSTA. 1904. *Gods and Fighting Men*. London.
- GWYNN, E. 1913. *The Metrical Dindshenchas, Part 3*. Todd Lecture Series 10. Royal Irish Academy. [Athchló, Dublin 1991.]
- — 1924. *The Metrical Dindshenchas, Part 4*. Todd Lecture Series 11. Royal Irish Academy. [Athchló, Dublin 1991.]
- HAMP, E. P. 1992. 'Goídil, Féni, Gwynedd', *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 12, 43-50.
- — 1996. 'Fian', *Studia Celtica Japonica* 8, 87-95.
- HANMER, M. 1809. *The Chronicle of Ireland in Ancient Irish Histories, The Works of Spencer, Campion, Hanmer, and Marleburrough*. Vol. 2, 1-410. Dublin.
- HARDIMAN, J., (EAG). 1831. *Irish Minstrelsy, or Bardic Remains of Ireland*, 2. London.

- HATTO, A. T. 1969. *The Nibelungenlied*. Penguin Books. Harmondsworth.
- HELGASON, J., (EAG). 1962. *Eddadigte III. Heltedigte 1*. København.
- HENDERSON, G. 1911. *Survivals in Belief among the Celts*. Glasgow.
- HENRY, P. L. 1978. *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath.
- HERBERT, MAIRE. 1996. *Iona, Kells, and Derry*. Dublin. [An chéad chló Oxford, 1988.]
- HICKS, CAROLA. 1993. *Animals in Early Medieval Art*. Edinburgh.
- HILL, T. F. 1782. 'New and Interesting Light Thrown on the Ossian Controversy', *The Gentleman's Magazine and Historical Chronicle* 52, 570-1.
- — 1783. 'Authentic Detail of Particulars Concerning Ossian and His Poems', *The Gentleman's Magazine and Historical Chronicle* 53, 33-6, 140-4, 398-400, 489-94, 590-2, 662-5.
- HILLAS, A. B. E. 1911-1912. 'Some Tales of St. Patrick when he Lived at Aghagower', *Galway Archaeological and Historical Society* 7, 183-6.
- HILLIERS, B. 1991. 'The Man Who Never Slept (MLSIT 4082). A survey of the redactions and their relation to the *Lai de Tydorel*', *Béaloideas* 59, 91-105.
- HÖFFLER, O., 1961. *Siegfried, Arminius und die Symbolik*. Heidelberg.
- — 1978. *Siegfried, Arminius und der Nibelungenhort*. Wien.
- HOGAN, E. 1910. *Onomasticon Goedelicum*. Dublin.
- HOLMER, N. M. 1965. *The Dialects of Clare*, 2. Dublin.
- HUDSON, W. M. 1950. 'Ossian in English before MacPherson: *Hanmer's Chronicle of Ireland, 1633*', *University of Texas Studies in English*, Vol 29, 118-28.
- HUGHES, A. 1994. 'Gaeilge Uladh' in McCone *et al* 1994, 611-60.
- HULL, V. 1941. 'Two Tales about Find', *Speculum* 16, 322-33.
- — 1942. 'The Quarrel between Finn and Oisín', *Modern Language Notes*, June. 434-6.
- HYDE, D. 1892. 'Oscar au fléau: légende ossianique', *Revue Celtique* 13, 417-425.

HYDE, D., (EAG). 1899. *Giolla an Fhiugha or, the Lad of the Ferule. Eachtra Cloinne Rígh na h-Ioruaidhe, or Adventures of the Children of the King of Norway*. CSG 1. London.

— — 1903. *Abhráin atá leagtha ar an Reachtúire or Songs ascribed to Raftery*. Dublin. [Athchló: Shannon 1973.]

— — 1906. *Abhráin Diadha Chúige Connacht or The Religious Songs of Connacht*, 1. Dublin, London. [Athchló: Irish University Press, Shannon, 1972.]

— — 1910. *Beside the Fire*. London. [Athchló: Academic University Press, Shannon, 1972.]

— — 1939. *Hull Memorial Volume. Sgéalta Thomáis Uí Chathasaigh: Mayo Stories told by Thomas Casey*. CSG 36. Dublin.

JACKSON, K. H. 1961. *The International Popular Tale and Early Welsh Tradition*. Cardiff.

JOYNT, MAUD (EAG). 1936. *Feis Tighe Chonáin, Medieval and Modern Irish Series*. Dublin.

KELLY, F. 1988. *A Guide to Early Irish Law*. Dublin.

— — 1997. *Early Irish Farming*. Dublin.

KENNEDY, P. 1859. 'The Fictions of our Forefathers', *The Irish Quarterly Review* 35 [October] 649-728.

— — 1866. *Legendary Fictions of the Irish Celts*. London. [Dara heagrán, London, 1891.]

— — 1870. *The Fireside Stories of Ireland*. Dublin.

— — 1871. *The Bardic Stories of Ireland*. Dublin. London.

KNOTT, ELEANOR AGUS MURPHY, G. 1966. *Early Irish Literature*. Introduction by James Carney. London.

KNOTT, ELEANOR (EAG). 1936. *Togail Bruidne Da Derga. Medieval and Modern Irish Series VIII*. Dublin.

KOCH, J. T. 1990. 'Brân, Brennos: An Instance of Early Gallo-Britannic History and Mythology', *Cambridge Medieval Celtic Studies* 20, 1-20.

KOHL, J. G. 1844. *Travels in Ireland*. London.

- KYRÉNYI, C. 1959. *The Heroes of the Greeks*. Thames and Hudson.
- LAOIDE, S. 1896. 'Irish in County Monaghan', *Irisleabhar na Gaedhilge* 12, Iml. 6, 184-8.
- — 1917. *Fian-Laoithe*. Baile Átha Cliath.
- LAVIN, T. J. 1957. 'Notes on the Irish of East Mayo: 1', *Éigse* 8, 309-21.
- — 1958. 'Notes on the Irish of East Mayo: 2', *Éigse* 9, 10-7.
- LE ROUX, FRANÇOISE. 1963. 'Recherches sur les éléments rituels de l'élection royale irlandaise et celtique', *Ogam* 15, 123-37; 245-55.
- — 1967. 'L'asvamedha hindou et la correspondance celtique', *Ogam* 19, 509-10.
- LLOYD, J. H. 1916. 'Formaoil na bhFiann: A Country of the Clann Morna', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society* 9, 111-5.
- LYSAGHT, PATRICIA, Ó CATHÁIN, S., Ó HÓGÁIN, D., (EAG). 1999. *Islanders and Water-Dwellers*. Dublin.
- MAC CANA, P. 1962. 'The Influence of the Vikings on Celtic Literature' in Ó Cuív (eag) 1962, 78-118.
- — 1972. 'Mongán mac Fiachna and Immram Brain', *Ériu* 23, 102-42.
- — 1973. 'The Topos of the Single Sandal', *Celtica* 10, 160-6.
- — 1980. *The Learned Tales of Medieval Ireland*. Dublin.
- — 1987. 'Fianaigeacht in the Pre-Norman Period', in Almqvist et al. 1987, 75-99.
- — 1999. 'The Irish Analogues of Mélusine', in Lysaght et al. 1999, 149-64.
- MAC COISDEALBHA, L. 1943. 'Seanchas ó Iorrus', *Béaloideas* 13, 173-237.
- — 1946. 'Im' Bhailitheoir Béaloideas', *Béaloideas* 16, 141-71.
- MAC ERLEAN, REV. J. C., (EAG). 1910, *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair* 1. CSG 11. London.
- MAC GILL-FHINNEIN, G. 1997, *Seanchas Annie Bhán: The Lore of Annie Bhán*. In eagar agus aistriú ag Harrison, A. agus Cook, Máiri Elena. Dublin.

MAC GIOLLA DOMHNAIGH, G. AGUS STOCKMAN, G. 1991. *Athchló Uladh. Muineachán.*

MAC GIOLLARNÁTH, S. 1934. *Peadar Chois Fhairrge*. B. Á. C.

MAC GRÉAGÓIR, A. 1910. *Sgéaltan X Reachreann*. Baile Átha Cliath.

MAC LOCHLAINN, A. 1958. 'Irish Manuscripts at Liverpool', *Celtica* 4, 217-38.

MAC MATHÚNA S. AGUS Ó CORRÁIN, A., (EAG). 1997. *Miscellanea Celtica in Memoriam Heinrich Wagner*. Uppsala.

EOIN MAC NEILL (EAG). 1908. *Duanaire Finn. The Book of the Lays of Fionn*, 1. CSG 7. London.

MAC PARTHALÁIN, S. 1920. *An Stoc*, 2. Uimh. 9, 6-7; Uimh. 11, 5-5.

'MAC TÍRE'. 1898. 'Laoidh Laighne Mhóir', *Irisleabhar na Gaedhilge* 8, 163-66.

MACALISTER, R. A. S. 1950. *The Book of Mac Carthaigh Riabhach otherwise the Book of Lismore*, Facsimiles in Collotype of Irish Manuscripts 5. Dublin.

MACALISTER, R. A. S., (EAG). 1908. *Two Irish Arthurian Romances*. ITS 10. London.

MACBAIN, A. AGUS KENNEDY, J., (EAG). 1892. *Reliquiae Celticae*, 1. Inverness.

MACDONALD, D. 1910. 'Bas Bhraín agus Dhiarmaid', *The Celtic Review* 6, 130-5.

MACDONALD, K. N. 1895. *The Gesto Collection of Highland Music*. Leipzig. [Athchló: Lannerc'h 1997.]

MACDOUGALL, REV. J. 1910. *Folk Tales and Fairy Lore in Gaelic and English*. Edinburgh. [In eagar ag Calder, Rev. G.]

MACINNES, D. 1890. *Folk and Hero Tales. Waifs and Strays of Celtic Tradition*. Argyllshire Series. No. 2.

MACINNES, J. 1987. 'Twentieth-century Recordings of Scottish Gaelic Heroic Ballads', in Almqvist *et al.* 1987, 101-30.

MACNAMARA, G. 1902. 'Inchiquin, County Clare', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 31, 205-27.



- MACNEILL, MAIRE. 1982. *The Festival of Lughnasa*. Dublin. [An chéad eagrán, 1962.]
- MAHON, W. 1996. 'Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i nGaillimh 1700-1900', in Moran agus Gillespie 1996, 623-50.
- MALLORY, J. P. AGUS ADAMS, D. Q. 1997. *Encyclopedia of Indo-European Culture*. London agus Chicago.
- MARKALE, J. 1973. *La femme celte: mythe et sociologie*. Paris.
- MARSTRANDER, C. 1910. 'Hibernica', *Zeitschrift für celtische Philologie* 7, 387-8.
- MASON, W. S. 1814. *A Statistical Account or Parochial Survey of Ireland, drawn up from the communications of the Clergy*. Vol. 1. Dublin.
- MCCONE, K. 1985. 'OIr. Olc, Luch, and IE \*wlkwos, \*lúkwos 'wolf'', *Ériu* 36, 171-6.
- — 1990. *Pagan Past and Christian Present in Early Irish Literature*. Maynooth.
- — 1995. 'Cúlra Ind-eorpach na Féinne', *Léachtaí Cholm Cille* 25, 7-29
- — 1996. 'The Cyclops in Celtic, Germanic and Indo-European myth', *Studia Celtica* 30, 89-111
- MCCONE, K. AGUS Ó FIANNACHTA, P. 1992. *Scéalaíocht ár Sinsear*. Maigh Nuad.
- MCCONE, K., MCMANUS, D., Ó HAINLE, C., WILLIAMS, N., BREATNACH, L., (EAG). 1994. *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad.
- MCCORMICK, F. 1997. 'Iona: The Archaeology of the Early Monastery', in Bourke 1997, 24-68.
- MCGRATH, C. 1943. 'Materials for a History of Clann Bhruaideadha', *Éigse* 4, 48-66.
- MCKAY, J. G. 1932. 'The Deer-cult and the Deer-goddess Cult of the Ancient Caledonians', *Folk-Lore* 43, 144-74.
- MCMANUS, D. 1994. 'An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach', *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* in McCone et al. 1994, 335-446.
- MEEK, D. 1987. 'Gaelic Ballad Texts', in Almqvist et al. 1987, 131-60

— — 1991. 'The Gaelic Ballads of Scotland: Creativity and Adaptation', in Gaskill 1991, 19-48.

MEYER, K. 1882. 'Macgnimmartha Find', *Revue Celtique* 5, 195-204.

— — 1885. *Cath Finntrága*. Anecdota Oxoniensia. Texts, Documents, and Extracts chiefly from Manuscripts in the Bodleian and other Oxford Libraries. Medieval and Modern series. Vol.1, part 4. Oxford.

— — 1893. 'Two Tales about Finn', *Revue Celtique* 14, 241-9.

— — 1895. *The Voyage of Bran Son of Febal to the Land of the Living*. London.

— — 1903. 'Aus dem Stowe MS. D. 4.2.', *Zeitschrift für celtische Philologie* 4, 238-40

— — 1904a. 'Caílte Cecinit', *Ériu* 1, 72-3.

— — 1904b. 'Finn and the Man in the Tree', *Revue Celtique* 25, 343-9

— — 1906. *The Triads of Ireland*. Royal Irish Academy. Todd Lecture Series 13. Dublin.

— — 1910. *Fianaigecht*, Royal Irish Academy Todd Lecture Series Vol. 16. Dublin.

— — 1912. 'Mitteilungen aus irischen Handschriften (Fortsetzung)'. *Zeitschrift für celtische Philologie*, 8. 102-20; 559-

— — 1913. *Sanas Cormaic: An Old-Irish Glossary*. Anecdota from Irish Manuscripts, 5. Halle. [Athchló: Llanerch 1994]

MILLER, A. W. K. 1879-80. 'O'Clery's Irish Glossary', *Revue Celtique* 4, 349-428.

MORAN, G., AGUS GILLESPIE, R., (EAG). 1996. *Galway: History & Society*. Dublin.

MULCHRONE, KATHLEEN (EAG). 1939. *Bethu Phátraic: The Tripartite Life of Patrick*. Dublin.

MURPHY, G. (EAG). 1933. *Duanaire Finn. The Book of the Lays of Fionn*, 2. CSG 28. London.

— — 1956. *Early Irish Lyrics*. Oxford.

MURPHY, G. 1937. Léirmheas ar Ioannes Zwicker, eag., *Fontes Historica Religionis Celticae*, I, Berlin 1934; II-III, Bonn 1935-1936. *Éigse* 7, 143-4.

— — 1938. 'Folklore as a Help to the Understanding of the Irish Fionn Cycle'. *Folk-Liv* 54, 211-6.

— — 1953. *Duanaire Finn. The Book of the Lays of Fionn*, 3. CSG 43. Dublin.

— — 1961. *Early Irish Metrics*. Dublin.

— — 1966. *The Ossianic Lore and Romantic Tales of Medieval Ireland.*, Athchló in Carney 1966, 143-93.

NAGY, J. F. 1980. 'Intervention and Disruption in the Myths of Finn and Sigurd', *Ériu* 31, 123-31.

— — 1985. *The Wisdom of the Outlaw*. Berkeley and Los Angeles.

NÍ BHROLCHÁIN, MUIREANN. 1982. 'An Banseanchas', *Léachtaí Cholm Cille* 12, 5-29.

NÍ CHUALÁIN, AINGEAL AGUS DENVIR, G., (EAG). 1984. *Macalla 1984*. Gaillimh.

NÍ DHÍORAÍ, ÁINE. 1985. *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas*. Baile Átha Cliath.

NÍ FHLATHARTAIGH, RÍONACH. 1976. Clár Amhrán Bhaile na hInse. Baile Átha Cliath.

NÍ MHUIRGHEASA, MÁIRE AGUS Ó CEITHEARNAIGH S. 1952. *Sgéalta Rómánsuíochta*. Leabhair ó láimhsgríbhñibh, 16. Baile Átha Cliath.

NÍ MHUIRGHEASA, MÁIRE (EAG). 1941. *Bruidhean Eochaidh Bhig Dheirg* in Ní Shéaghdha agus Ní Mhuirgheasa 1941, 40-109.

— — 1954. *Tóraigheacht Taise Taoibhghile* Leabhair ó láimhsgríbhñibh, 16. Baile Átha Cliath.

NÍ MHUIRÍOSA, MÁIRÍN. 1969. 'An tOllamh Brian Ó Luanaigh MRJA FRHS (1828-1901)', *Feasta Márta*, 13-7; *Aibreán*, 14-8.

NÍ SHÉAGHDHA, NESSA (EAG). 1941. *Bruighion Chéisi Coruin[n]* in Ní Shéaghdha agus Ní Mhuirgheasa 1941, 3-15.

— — 1942a. *Agallamh na Seanórach*, 1. Leabhair ó Láimhsgríbhñibh, 7. Baile Átha Cliath.

— — 1942b. *Agallamh na Seanórach*, 2. Leabhair ó Láimhsgríbhíbh, 10. Baile Átha Cliath.

— — 1945. *Agallamh na Seanórach*, 3. Leabhair ó Láimhsgríbhíbh, 15. Baile Átha Cliath.

— — 1967. *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*. CSG 48. Dublin.

— — 1987. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*. Fasciculus X. Dublin.

NÍ SHÉAGHDHA, NÉSSA AGUS NÍ MHUIRGHEASA, MÁIRE (EAG). 1941. *Trí Bruidhne*. Leabhair ó lámhscríbhíbh 2. Baile Átha Cliath.

NÍ SHÚILLEABHÁIN, M., (EAG). 1985. *Amhráin Thomáis Rua Uí Shúilleabháin*. Maigh Nuad.

NIC DHONNCHADHA, LIL (EAG). 1964, *Aided Muirchertaig meic Erca*. Mediaeval and Modern Irish Series, 19. Dublin.

NIC PHILBÍN, MAIRGHRÉAD (EAG). 1938. *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta*. Baile Átha Cliath.

NUTT, A. 1881. 'The Aryan Expulsion-and-return-formula in the Folk and Hero Tales of the Celts', *The Folk-Lore Society*, 8, 1-42.

Ó BAOILL, D. 1995. *Amach as Ucht na Sliabh*, 1. Gaoth Dobhair.

Ó BRIAIN, M. 1977. *Filíocht Chinaeda Uí Artacáin*. Mórthráchtas M. Phil. (neamhfhoilsithe). An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

— — 1984. 'Mícheál Coimín agus Oisín i dTír na nÓg', in Ní Chualáin agus Denvir 1984, 158-75.

— — 1989. 'Some Material on Oisín in the Land of Youth' in Sages, in Ó Corráin *et al.* 181-99

— — 1994. 'Oisín's Biography: Conception and Birth' in Tristram 1994, 454-86.

— — 1995. 'Suirghe Fhinn', *Léachtaí Cholm Cille* 25, 69-95.

— — 1996. 'The Conception and Death of Fionn Mac Cumhaill's Canine Cousin', in Ahlqvist *et al.*, 179-202.

— — 1999a. 'Créacht do Dháil Me im Ártach Galair agus Baisteadh Oisín', *Éigse* 31, 60-72.

— — 1999b. ' "Laoi Cholainn gan Cheann" : Oisín's Headless Bride in Gaelic Tradition', in Black *et al*, 1999, 233-50.

Ó CADHAIN, M. 1973. *As an nGéibheann: Litreacha chuig Tomás Bairéad*. Baile Átha Cliath.

Ó CADHLAIGH, C. 1947. *An Fhiannuidheacht*. Baile Átha Cliath.

Ó CATHÁIN, S. AGUS NÍ SHEIGHIN, CAITLÍN (EAG). 1996. *Le Gradam is le Spraoi*. Indreabhán.

Ó CATHÁIN, M. 1991. *Ar Muir is ar Tír: Caibidlí do Bheatha Mhuiris Uí Chatháin ón Oileán Tiar d'eachtraigh sé do Riseard Breathnach*. Baile Átha Cliath.

Ó CATHASAIGH, T. 1977. *The Heroic Biography of Cormac mac Airt*. Dublin.

— — 1996. 'Gat and Díberg in Togail Bruidne Da Derga', in Ahlqvist *et al.*, 1996, 203-213.

Ó CEALLAIGH, S. 1986. 'Derrybrien', in Shiel 1986, 128-30.

Ó CEANNABHÁIN, P. (EAG). 1983. *Éamon a Búrc: Scéalta*. Baile Átha Cliath.

Ó CLÚMHÁIN, AN BRÁTHAIR. 1933-34. 'An uair a fuaidh Oisín go Tír na hÓige', *Béaloideas* 4, 191-5.

Ó COIGLIGH, C. 1987. *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta*. Baile Átha Cliath.

Ó CONAIRE, P. 1982. *Na Laoithe Fiannaíochta sa Bhéaloideas*. Tráchtas M.A. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ó CONCHEANAINN, T. 1970. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*. Fasciculus 28. Dublin

— — 1987. 'Scríobhaithe Leacáin Mhic Fhir Bhisigh', *Celtica* 19, 141-75.

Ó CONCHÚIR, B. 1982. *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850*. Baile Átha Cliath.

Ó CORRÁIN, D. 1971. 'Mag Femen, Femen, and some early Annals', *Ériu* 22, 96-9.

Ó CORRÁIN, D. AGUS MAGUIRE, FIDELMA. 1981. *Gaelic Personal Names*. Dublin.

Ó CORRÁIN, D., BREATNACH, L., MCCONE, K. (EAG). 1989. *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James Carney*. Maynooth.

- Ó CRÓINÍN, D. (EAG). 1985. *Seanachas Ó Chairbre*. BÁC.
- Ó CUÍV, B. 1960. 'A Seventeenth-century Legal Document', *Celtica* 5, 177-85.
- Ó CUÍV, B. (EAG). 1962. *Proceedings of the International Congress of Celtic Studies held in Dublin, 6-10 July, 1959*. Dublin. [I gcló arís mar, *The Impact of the Scandinavian Invasions on the Celtic-speaking Peoples c. 800-1100 A.D.* Dublin. 1975.]
- Ó DOCHARTAIGH, C AGUS Ó BAOILL, C. (EAG). 1996. *Trí Rainn agus Amhráin*. Béal Feirste.
- Ó DOIBHLIN, D. 1997. 'A Word-List from Omeath, Co. Louth', in *Mac Mathúna agus Ó Corráin 1997*, 281-96.
- Ó DÓNAILL, N. (EAG). 1977. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath.
- Ó DONNCHADHA, T. (EAG). 1931. *Leabhar Choinne Aodha Buidhe*.
- Ó DONNCHADHA, T. 1925. *Prosóid Gaedhilge*. Corcaigh.
- — [1933]. *Filidheacht Fiannaigheachta*. Baile Átha Cliath,
- Ó DUBLAOICH, S. 1663. *Suim Bhunúsach an Teagasc Chríostaí*. Lobbáin.
- Ó DUFAIGH, S., AGUS Ó DOIBHLIN, D. 1989. *Nioclás Ó Cearnaigh: Beatha agus Saothar*. Éigse Oiriaila. Baile Átha Cliath.
- Ó DUIBHÍN, C. 1992. 'Cainnteoirí Dúchais Oirghialla', *Cuisle na nGael* 8, 8-16.
- Ó FIANNACHTA, P. 1968. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*. Clár. Fascúl V. Má Nuad.
- — 1987a. 'Agallamh Oisín agus Phádraig', *Irisleabhar Mhá Nuad*. 127-40
- — 1987b. 'The Debate between Pádraig and Oisín', in *Almqvist et al.*, 1987, 183-205.
- Ó FÍNNEADHA, L. 1993. *Ó Bhaile go Baile*. Curtha in eagar ag M. F. Ó Conchúir. Baile Átha Cliath.
- Ó FLANGHAILE, T. 1896. *Laoi Óisín ar Thír na nÓg*. Baile Átha Cliath.
- Ó FOGHLUDHA, R., (EAG). 1937. *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin 1748--1784*. Baile Átha Cliath.

- Ó HANLUAIN, E. 1977. 'Micheál Coimín: Sracfhéachaint ar Ghnéithe dá Shaol', *Comhar*, Meán Fómhar, 11-3.
- Ó HÓGÁIN, D. 1987. 'Magic Attributes of the Hero in Fenian Lore', in Almqvist *et al.*, 1987, 207-42.
- — 1988. *Fionn mac Cumhaill: Images of the Gaelic Hero*. Gill and Macmillan. Dublin.
- Ó HUIGINN, R. 1994. 'Gaeilge Chonnacht' in McCone *et al.* 1994, 539-609.
- Ó LOCHLAINN, C. 1939. *Tobar Fíorghlan Gaedhilge*. Baile Átha Cliath.
- Ó LUBHAING, M. 1935. 'Rocáin agus Sgéalta', *Béaloideas* 5, 273-308.
- Ó MACHÁIN, P. AGUS NÍ SHEAGHDHA, NESSA. 1996. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*. Fasciculus XIII. Dublin.
- Ó MAILLE, T. 1934. *Micheál Mhac Suibhne agus Filidh an tSléibhe*. Baile Átha Cliath.
- — 1936. *An Béal Beo*. Baile Átha Cliath.
- Ó MAILLE, T. S. 1948. *Sean-fhocla Chonnacht*, 1. Baile Átha Cliath.
- — 1952. *Sean-fhocla Chonnacht*, 2. Baile Átha Cliath.
- Ó MILLÉADHA, P. 1936. 'Seanchas Sliabh gCua', *Bealoideas* 6, 171-256.
- Ó MUIRGHEASA, É. 1932. 'Sgéalta ó Thír Chonaill', *Béaloideas* 3, 53-63.
- Ó MUIRGHEASA, É., (EAG). 1933. *Amhráin na Midhe*, I. Baile Átha Cliath.
- Ó RAITHBHEARTAIGH, T., (EAG). 1932, *Genealogical Tracts*, 1. Dublin.
- Ó RIAIN, P. 1972. 'A Study of the Irish Legend of the Wild Man', *Éigse* 14, 179-206.
- Ó RIAIN, P. (EAG). 1985. *Corpus Genealogiarum Sanctorum Hiberniae*. Dublin.
- Ó SEARCAIGH, S. 1925. *Foghraidheacht Ghaedhilge an Tuaiscirt*. Baile Átha Cliath.
- Ó SÚILLEABHÁIN, S. 1942. *A Handbook of Irish Folklore*. Dublin.
- Ó SÚILLEABHÁIN, S., (EAG). 1937. *Diarmuid na Bolgaishe agus a Chómhursain*. Baile Átha Cliath.

- Ó TUATHAIL, É. 1933. *Sgéalta Mhuintir Luinigh: Munterloney Folk-Tales*. Dublin.
- — 1934. 'Seanchas Ghleann Ghaibhle', *forlíonadh le Béaloideas* 4, 1-64.
- O'BRIEN, M. A. 1923. 'Hibernica. 6. On the Names of Ireland', *Zeitschrift für celtische Philologie* 14, 326-34.
- — 1973. 'Old Irish Personal Names', *Celtica* 10, 211-36.
- — 1976. *Corpus Genealogiarum Hiberniae*. Dublin. [An chéad chló, 1962]
- O'CONNELL, J. W. AGUS KORFF, A., (EAG). 1991. *The Book of the Burren. Kinvara*.
- O'DALY, J., (EAG). 1859. *Laoithe Fiannuigheachta; or, Fenian Poems*. Transactions of the Ossianic Society 4. Dublin.
- O'DONNELL, T. J., (EAG). 1960. *Selections from the Zoilomastix of Philip O'Sullivan Beare*. Dublin.
- O'FLANAGAN, REV. M. 1928. *Letters Containing Information Relative to the Antiquities of the County of Clare. Collected during the progress of the Ordnance Survey in 1839*, 1. Bray.
- O'GRADY, S. H., (EAG). 1857. *Toruigheacht Dhiarmada agus Ghrainne; or The Pursuit after Diarmuid O'Duibhne and Grainne*. Transaction of the Ossianic Society 3. Dublin.
- — 1892. *Silva Gadelica: A collection of Tales in Irish*, 2. London.
- O'GRADY, S. H. 1926. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library* 1. London.
- O'KEARNEY, N., (EAG). 1853. *The Battle of Gabhra: Garristown in the County of Dublin*. Transactions of the Ossianic Society 1. Dublin.
- — 1855. *Feis Tighe Chonain Chinn-Shleibhe or the Festivities at the House of Conan of Ceann-Sleibhe in the County of Clare*. Transactions of the Ossianic Society 2.
- O'KELLEHER, A. AGUS SCHOEPPERLE, G., (EAG). 1918, *Betha Colaim Chille: Life of Columcille*. Urbana. [Athchló: Dublin 1994.]
- O'LOONEY, B., (EAG.). 1859. 'Laoidh Oisín ar Thír na n-Óg', in O'Daly 1859, 227-79.



- O'MEARA, J. J., (EAG). 1949. 'Giraldus Cambrensis in Topographia Hibernie: Text of the First Recension. *Proceedings of the Royal Irish Academy* 52 C4, 113-78. Dublin.
- — 1951. *The Topography of Ireland by Giraldus Cambrensis*. Dundalk.
- — 1982. *Giraldus Cambrensis: The History & Topography of Ireland*. Dolmen Press, Portlaoise.
- O'RAHILLY, CECILE. 1970. 'Words Descriptive of Hair in Irish', *Éigse* 13, 177-80.
- O'RAHILLY, T. F. 1932. *Irish Dialects Past and Present*. Dublin.
- — 1946. *Early Irish History and Mythology*. Dublin.
- — 1950. 'A Line in Aogán O Rathile', *Celtica* 1, 328-30.
- O'RAHILLY, T. F., (EAG). 1922. *A Miscellany of Irish Proverbs*. Dublin.
- — 1927. *Measgra Dánta: Miscellaneous Irish Poems*. Dublin & Cork.
- O'REILLY, E. 1820. *A Chronological Account of nearly Four Hundred Irish Writers*. Transactions of the Ibereno-Celtic Society, I. Dublin.
- O'ROURKE, F. J. 1970. *The Fauna of Ireland: An Introduction to the Land Vertebres*. Cork.
- O'SULLIVAN, D. 1942. 'Thaddeus Connellan and his Books of Irish Poetry', *Éigse* 3, 278-304.
- — 1944. 'Thaddeus Connellan and his Books of Irish Poetry', *Éigse* 4, 152.
- O'SULLIVAN, D. J., (EAG.). 1939. 'The Bunting Collection of Irish Folk Music and Song.' Part VI. *Journal of the Irish Folk Song Society*, 28-9.
- OLMSTED, G. S. 1994. *The Gods of the Celts and the Indo-Europeans*. Budapest.
- ORCHARD, A. 1998. *Dictionary of Norse Myth and Legend*. London.
- PATERSON, T. G. F. 1939 *Country Cracks: Old Tales of the County Armagh*. Dundalk.
- PERNET, H. 1987. 'Masks: Theoretical Perspectives', in *Eliade* 1987 259-63.
- PERRIN, B., (AIST). 1919. *Plutarch's Lives*, VIII. London.

- PICARD, J. M. 1985. 'Structural Patterns in Early Hiberno-Latin Hagiography', *Peritia* 4, 67-82.
- PLUMMER, C., (EAG). 1910. *Vitae Sanctorum Hiberniae*. Iml. 1. Oxford.
- — 1922. *Bethada Náem nÉrenn. Lives of Irish Saints*. Iml. 1. Oxford.
- POKORNY, J., 1927. 'Das nicht-indogermanische Substrat im Irischen', *Zeitschrift für celtische Philologie* 16, 95-144.
- — 1959. *Indogermanisches etymologisches Wörterbuch*. Bern.
- PORTER, J. R. AGUS RUSSELL, W. M. S. 1978. *Animals in Folklore*. Mistletoe Books, 8. Ipswich.
- PRAGER, R. L. 1937. *The Way that I Went*. Dublin.
- PUHVEL, J. 1970b. 'Aspects of Equine Functionality', in Puhvel 1970a, 159-72.
- PUHVEL, J., (EAG). 1970a. *Myth and Law among the Indo-Europeans*. Berkeley.
- QUIGGIN, E. C. 1906. *A Dialect of Donegal*. Cambridge.
- REES A. AGUS REES, B. 1961. *Celtic Heritage: Ancient Tradition on Ireland and Wales*. London.
- REINHARD, J. R. AGUS HULL, V. E. 1936, 'Bran and Sceolang', *Speculum* 11, 42-8.
- ROLLESTON, T. W. 1910. *The High Deed of Finn and Other Bardic Romances of Ancient Ireland*. London.
- ROSS, ANNE. 1974. *Pagan Celtic Britain*. London. [An chéad eagrán, Routledge & Kegan Paul, 1967]
- ROSS, N. 1939. *Heroic Poetry from the Book of the Dean of Lismore*. Scottish Gaelic Texts Society 3. Edinburgh.
- SALISBURY, JOYCE E. 1994. *The Beast Within: Animals in the Middle Ages*. New York.
- SCHRÖDER, F. R. 1927. 'Ein altirischer Krönungsritus und das indogermanische Rossopfer' *Zeitschrift für celtische Philologie* 16, 310-2.
- SCOTT, R. D. 1930. *The Thumb of Knowledge in Legends of Finn, Sigurd, and Taliesin*. New York.

- SEABHAC, AN. 1930, 'Oisín agus Bean Tighe Phádraig', *Béaloides* 2, 65-8.
- SEABHAC, AN (P. Ó SIOCHFHRADHA) (EAG). 1941. *Laoithe na Féinne*. Baile Átha Cliath.
- SEATHACH, I. [SHAW, J.]. 1987. *Sgeul gu Latha: Tales until Dawn*. Edinburgh.
- SHAW, F., (EAG). 1934. *The Dream of Óengus: Aislinge Oenguso*. Dublin. [Athchló: Clódóirí Lurgan 1977.]
- SHAW, J. 1999. 'The Loathy Lady among the Féin and her North Atlantic Travels', in Lysaght *et al.* 1999, 299-316.
- SHIEL, M. J., (EAG), 1986. *A Forgotten Campaign. Aspects of the heritage of South-East Galway*. Woodford.
- SIMPSON, J. H. 1857. *Poems of Oisín: Bard of Erin*. London.
- SIMS-WILLIAMS, P. 1996. Léirmheas ar McCone 1990, in *Éigse* 29, 179-96.
- SJOESTEDT, MARIE-LOUISE. 1931. Léirmheas ar Christiansen 1931. *Revue Celtique* 48, 369-6.
- — 1994. *Gods and Heroes of the Celts*. [Aistrithe ag Myles Dillon.] Dublin. [An chéad eagrán, London 1949.]
- SMITH, KATHRYN, C. 1978. 'The Role of Animals in Witchcraft and Popular Magic', in Porter agus Russell 1978, 96-111.
- SOMMERFELT, A. 1965. 'Phonetic Texts from the Dialect of Torr, Co. Donegal', *Lochlainn* 3, 375-402.
- STEPHENS, J. 1920. *Irish Fairy Tales*. New York.
- STERN, L. C. 1892. 'Le manuscrit irlandais de Leide', *Revue Celtique* 13, 1-31.
- — 1895. 'Notice d'un Manuscrit irlandais de la Bibliothèque universitaire de Giessen', *Revue Celtique* 16, 8-30.
- — 1896a. 'Die gaelische Ballade vom Mantel in MacGregors Liederbuche', *Zeitschrift für celtische Philologie* 1, 294-326.
- — 1896b. 'Fiannsruth', *Zeitschrift für celtische Philologie* 1, 471-3.
- — 1904, 'Fled Bricrenn nach dem Codex Vossianus', *Zeitschrift für celtische Philologie* 4, 143-77.

- STEWART, A. ('BRIAN'). 1978. 'Stoiridh Oisein', *Tochar* 29, 292-301.
- STOKES, W. AGUS STRACHAN, J., (EAG). 1903, *Thesaurus Palaeohibernicus*, 2. Cambridge. [Athchló: Dublin 1976.]
- STOKES, W., (EAG). 1897. *Cóir Anmann: The Fitness of Names. Irische Texte* 3, 285-444. Leipzig.
- — 1900. *Acallamh na Senórach. Irische Texte* 4. Leipzig.
- — 1905. *Féilire Óengusso Céili Dé: The Martyrology of Oengus the Culdee*. London.
- THIÉBAUX, M. 1967. 'The Medieval Chase', *Speculum* 43, 260-74.
- THURNEISEN, RUDOLF. 1921. *Die irische Helden- und Königsage*. Halle.
- — 1946. *A Grammar of Old Irish*. Dublin.
- TOLMIE, FRANCES. 1895. *Aguisín le MacDonald* 1895.
- TOYNBEE, J. C. M. 1973. *Animals in Roman Life and Art*. Thames and Hudson.
- TRIÚR CÓMHDHALTA DO CHUALLACHT CHUILM CILLE (EAG). 1915. *Gadaidhe Géar na Geamh-oidhche*. Baile Átha Cliath.
- TRISTRAM, HILDEGARD L.C., (EAG). 1994. *Texte und Zeittiefe. ScriptOralia* 58. Tübingen.
- TÚINLÉIGH, C. 1956. 'Séamas Ó hArgadáin (1782-1855)', *Galvia* 3, 47-62.
- TURVILLE-PETRE, E. O. G. 1964. *Myth and Religion of the North*. London.
- UACADHLA, C. (EAG). 1931. 'Geinealaighe Fearmanach', *Analecta Hibernica* 3, 62-150.
- UACEALLAIGH, S., (EAG). 1927. 'Oidhe Chlainne Lir' in *Trí Truagha na Scéalúigheachta*. Baile Átha Cliath, 42-64.
- UACUAIN, P., (EAG). 1915. *Tóruigheacht Shaidhbhe, Inghine Eóghain Óig*, in *Triúr Cómhdhalta do Chuallacht Chuilm Cille* 1915, 15-46.
- UADUINNÍN, P., (EAG). 1907. *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*. Baile Átha Cliath.
- UASÉAGHDHA, P. 1899. 'Bean an Leasa', in *Irisleabhar na Gaedhilge* 9, 349-59.

UHLICH J. 1993. *Die Morphologie der komponierten Personennamen des Altirischen*. Bonn.

'UNDÓIR'. 1915. 'Sean-amhrán Nua', *An Claidheamh Solais*, Márta 20, 1.

VAN HAMEL, A. G., (EAG). 1933, *Aided Con Culainn in Compert Con Culainn and Other Stories*. Medieval and Modern Irish Series 3. Dublin, 69-133.

VENDRYES, J. 1960. *Lexique Étymologique de l'Irlandais Ancien. Lettres M N O P*. Dublin.

WAGNER, H. AGUS MCGONAGLE, N. 1991. 'Phonetische Texte aus Dunquin, County Kerry', *Zeitschrift für celtische Philologie* 44, 210-35.

— — 1995. 'Téacsanna as Carna: Gaelic Texts with Phonetic Transcription, English Summaries and Folkloristic Notes', *Zeitschrift für celtische Philologie* 47, 93-175.

WAGNER, H. AGUS Ó BAOILL, C. 1969. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*, 4. Dublin.

WAGNER, H. 1955. 'Eine irische-altnordische *hieros gamos* - Episode', *Beitrage zur Geschichte der deutschen Sprache und Literatur* 17, 348-57.

— — 1970. 'Studies in the Origins of Early Celtic Civilisation'. *Zeitschrift für celtische Philologie* 31, 1-58.

WAIT, G. A. 1986. *Ritual and Religion in Iron Age Britain*. Oxford.

W[ALSH], E., 1839, 'Legend of Ossheen the Son of Fionn', *The Dublin Penny Journal* 4, January 9, 1836, 218-9.

WATSON, S. 1984. 'Séamus Ó Duilearga's Antrim Notebooks'. *Zeitschrift für celtische Philologie* 40. 74-117.

WATSON, W. J. 1914. 'Aoibhinn an obair an t-sealg', *The Celtic Review* 9, 156-68.

WATSON, W. J., (EAG). 1915. *Rosg Gaidhlig*. Glasgow.

— — 1932. *Bardachd Ghaidhlig: Specimens of Gaelic Poetry 1550-1900*. Stirling.

WESTROPP, T. J. 1913. 'Collectanea. 3. Finn Cycle', *Folk-Lore* 24, 100-6.

— — 1917. 'A Study in the Legends of the Connacht Coast, Ireland', *Folk-Lore* 27, 180-207.

WILLIAMS, J. E. C. 1972. *Y Storiwr Gwyddeleg a'i Chwedlau*. Caerdydd.

WILLIAMS, N. 1978. 'Amhrán faoi Theach Striapachais', *Éigse* 17, 359-60.

